**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0343/2023**

6.11.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)
(COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD))

An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir: Christian Ehler

Rapóirtéirí do na tuairimí ó choistí comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Luděk Niedermayer, an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta
Marie-Pierre Vedrenne, an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
Tiemo Wölken, an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia
Tom Vandenkendelaere, an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra
Niklas Nienass, an Coiste um Fhorbairt Réigiúnach

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................6

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................130

TUAIRIM ÓN gCÓISTE UM GHNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAÍOCHTA..............................................................................................133

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA ....169

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN GCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA..........................................................................................222

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA..................................................................................................268

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT RÉIGIÚNACH..............................................291

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA..........................................338

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT .......................380

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH .................................................................436

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a néartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) (COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0161),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0062/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Iúil 2023[1],– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 5 Iúil 2023[2],– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0343/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C 349, 29.9.2023, lch. 179.
[2] IO C, C/2023/254, 26.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/254/oj

**Leasú 1**

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA*

ar an togra ón gCoimisiún

---------------------------------------------------------

2023/0081 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a néartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[4],

ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

de bharr an mhéid seo a leanas:

---

* Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌.

[3] ***IO C 349, 29.9.2023, lch. 179.***

[4] ***IO C, C/2023/254, 26.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/254/oj***

*(-1)* ***Is é príomhchuspóir meántéarmach bheartas tionsclaíoch na hEorpa cur ar chumas thionscal an Aontais na haistrithe fuinnimh, aeráide, comhshaoil agus digiteacha a chur chun feidhme, agus ag an am céanna a iomaíochas ar an margadh domhanda a chaomhnú, poist ardcháilíochta a chothabháil san Eoraip agus a cumas nuálaíochta agus táirgthe san Eoraip a neartú, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí glana.***

(1) Tá an tAontas tiomanta do dhícharbónú luathaithe a gheilleagair agus d'úsáid uaillmhianach foinsí fuinnimh in-athnuaite chun an aeráidneodracht nó astaíochtaí glan-nialasachta (astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) a bhaint amach faoi 2050. Tá an cuspóir sin i gcroílár an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, an Straitéis Eorpach nuashonraithe maidir le Tionsclaíocht, agus i gcomhréir le tiomantas an Aontais do ghníomhú domhanda ar son na haeráide faoi Chomhaontú Pháras. Chun sprioc na haeráidneodrachta a bhaint amach, le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] leagtar síos sprioc cheangailteach de chuid an Aontais maidir leis an aeráid chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990. Is é is aidhm don phacáiste 'Oiriúnach do 55' atá beartaithe sprioc aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus déanann sé athbhreithniú agus nuashonrú ar reachtaíocht an Aontais ina leith sin.

*(1a)* ***Mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, ní mór don Aontas bearta a dhéanamh chun a áirithiú gur féidir leis dlús a chur leis an gclaochlú tionsclaíoch glan-nialasachta sa bhaile. Is cuid de na bearta sin é an Rialachán sin agus tá sé mar aidhm leis feabhas a chur ar an gcás gnó le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch san Aontas.***

*(1b)* ***Ar mhaithe le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais, tá sé ríthábhachtach díriú níos mó ar chiorclaíocht agus ar shaolré fada teicneolaíochtaí chun athléimneacht thionscal monaraíochta an Aontais a neartú, agus a thionchair chomhshaoil a laghdú chun rannchuidiú lena iomaíochas inbhuanaithe.***

(2) Leis an Margadh Aonair, soláthraítear an timpeallacht iomchuí chun rochtain ar na teicneolaíochtaí is gá a chumasú ar an scála agus ar an luas atá ag teastáil chun

[5] ***Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') ( IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).***

uaillmhian aeráide an Aontais a bhaint amach ***chomh maith le gealltanas an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip chun iomaíochas inbhuanaithe a dhéanamh den dícharbónú***. I bhfianaise chastacht agus chineál trasnáisiúnta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta, le bearta náisiúnta neamh-chomhordaithe chun rochtain ar na teicneolaíochtaí sin a áirithiú, d'fhéadfaí an iomaíocht a shaobhadh agus an Margadh Aonair a ilroinnt. Dá bhrí sin, chun feidhmiú an Mhargaidh Aonair a chosaint, ní mór creat dlíthiúil comhchoiteann de chuid an Aontais a chruthú chun aghaidh a thabhairt le chéile ar an dúshlán lárnach sin trí athléimneacht agus slándáil soláthair an Aontais a mhéadú i réimse na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta.

***(2a)*** ***Ba cheart aon shlógadh státchabhrach a bheith spriocdhírithe agus sealadach, agus ba cheart di a bheith comhsheasmhach le cuspóirí beartais an Aontais amhail an Comhaontú Glas agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Níor cheart éagothromaíochtaí breise idir na Ballstáit a bheith mar thoradh ar mhaoiniú den sórt sin i gcomhréir le beartais iomaíochta agus chomhtháthaithe an Aontais.***

***(2b)*** ***Measann an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh go mbeidh luach thart ar USD 650 billiún in aghaidh na bliana ar an margadh domhanda le haghaidh príomhtheicneolaíochtaí fuinnimh ghlain ollmhonaraithe faoi 2030, rud atá níos mó ná trí oiread an leibhéil reatha. Tá an tionscal glan-nialasachta ar fud an domhain ag fás ag ráta atá ag méadú, go feadh méid an éilimh a sháraíonn an soláthar uaireanta. Tá tionscal an Aontais ina chuid de gheilleagar sóisialta margaidh atá oscailte, dírithe ar onnmhairiú, dian ar chaipiteal agus nach féidir rathúnas a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais leis ach amháin má tá sé iomaíoch ar an margadh domhanda agus oscailte dó. Ba cheart uaillmhian an Aontais maidir leis an tionscal glan-nialasachta a ailíniú leis sin agus ba cheart é a bheith mar aidhm leis sciar suntasach den mhargadh domhanda a ghabháil.***

(3) Maidir le gnéithe seachtracha, ***cuirfidh an tAontas dlús lena iarrachtaí dul i gcomhar le comhpháirtithe oscailte daonlathacha atá tiomanta do Chomhaontú Pháras.*** Maidir le margaí atá ag teacht chun cinn agus geilleagair atá i mbéal forbartha, féachfaidh an ***tAontas*** le comhpháirtíochtaí ***a rachaidh chun tairbhe do chách*** a bhaint amach faoi chuimsiú Straitéis Global Gateway an Aontais, lena gcuirtear le héagsúlú a shlabhra soláthair amhábhar, ***spriocanna domhanda aeráide a bhaint***

***amach*** chomh maith le hiarrachtaí na dtíortha comhpháirtíochta an t-aistriú dúbailte a shaothrú agus breisiú luacha áitiúil a fhorbairt.

(4) Chun na gealltanais sin a chomhlíonadh, ní mór don Aontas dlús a chur lena luas aistrithe chuig ***geilleagar glan-nialasachta, lena n-áirítear trí sciar an*** fhuinnimh ghlain ***ina mheascán fuinnimh a mhéadú, agus*** trí éifeachtúlacht fuinnimh agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Cuideoidh sé sin le spriocanna ***an Aontais*** i bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta do 2030 a bhaint amach, is é sin ráta fostaíochta 78 % ar a laghad agus rannpháirtíocht 60 % ar a laghad de dhaoine fásta in gcúrsaí oiliúna. Cuideoidh sé freisin chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú glas cóir agus cothrom.

(5) Leis na praghsanna fuinnimh níos airde mar gheall ar an bhfogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, tugadh spreagadh láidir chun dlús a chur le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus athléimneacht an Aontais Fuinnimh a threisiú trí dhlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glas agus trí dheireadh a chur le haon spleáchas ar bhreoslaí iontaise a onnmhairítear ó Chónaidhm na Rúise. Tá ról lárnach ag plean REPowerEU[6] maidir le freagairt a thabhairt ar an gcruatan agus ar an gcur isteach ar an margadh fuinnimh domhanda a tharla mar gheall ar an ionradh a rinne Cónaidhm na Rúise ar an Úcráin. Is é is aidhm don phlean sin dlús a chur leis an aistriú fuinnimh san Aontas Eorpach, chun ídiú gáis agus leictreachais an Aontais a laghdú agus borradh a chur faoi infheistíochtaí maidir le himscaradh réiteach ísealcharbóin fuinneamhéifeachtúil. Leagtar amach sa phlean sin *inter alia* na spriocanna chun acmhainneacht fhótavoltach gréine a dhúbailt faoi 2025 agus 600 GW d'acmhainneacht fhótavoltach gréine a shuiteáil faoi 2030; an ráta úsáide teaschaidéal a mhéadú faoi dhó; 10 milliún tona de hidrigin in-athnuaite intíre a thairgeadh faoi 2030; agus táirgeadh bithmheatáin a mhéadú go mór ***suas le 35 bhilliún méadar ciúbach faoi 2030***. Leagtar amach sa phlean freisin, chun spriocanna REPowerEU a bhaint amach, go mbeidh gá le soláthar an trealaimh fuinnimh ísealcharbóin agus na n-amhábhar criticiúil a éagsúlú, leis na spleáchais earnála a laghdú, le bacainní sa slabhra soláthair a shárú agus le hacmhainneacht mhonaraíochta

[6] ***Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig An Chomhairle Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean REPowerEU, COM/2022/230 final, 18.5.2022.***

teicneolaíochta fuinnimh ghlain an Aontais a leathnú. Mar chuid d'iarrachtaí an Choimisiúin sciar an fhuinnimh in-athnuaite i nginiúint cumhachta, i dtionscail, i bhfoirgnimh agus in iompar a mhéadú, molann sé an sprioc sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite a mhéadú go 45 % faoi 2030 agus an sprioc sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a mhéadú go 13 %. Leis sin, bheadh na hacmhainneachtaí iomlána giniúna fuinnimh in-athnuaite 1 236 GW faoi 2030, i gcomparáid le 1 067 GW faoi 2030 atá beartaithe faoi thogra 2021, agus tiocfaidh méadú ar na riachtanais stórála le ceallraí chun déileáil leis an eadrannacht san eangach leictreachais. Ar an gcuma chéanna, beartais a bhaineann le dícharbónú na hearnála bóithre, amhail Rialachán (AE) 2019/631[7] agus Rialachán (AE) 2019/1242[8] ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***, beidh siad ina spreagadh láidir chun earnáil an iompair de bhóthar a leictriú a thuilleadh agus, ar an gcaoi sin, an t-éileamh ar cheallraí a mhéadú.

(6) Tá athruithe tionsclaíocha, eacnamaíocha agus geopholaitiúla ollmhóra ann cheana féin ar fud an domhain mar gheall ar an gclaochlú i dtreo na glan-nialasachta, rud a bheith níos suntasaí ná riamh de réir mar a théann an domhan chun cinn sna hiarrachtaí dícharbónaithe atá á ndéanamh aige. Leis an gconair ***i dtreo geilleagar aeráidneodrach, tíosach ar acmhainní agus glan-nialasach***, tugtar deiseanna láidre chun tionscal glan-nialasachta an Aontais a leathnú, agus úsáid á baint as neart an Mhargaidh Aonair, trí infheistíocht a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí ***glan-nialasachta*** ▌ agus sna slabhraí soláthair atá acu. Is iad sin na teicneolaíochtaí***is gá chun cuspóirí na bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a bhaint amach, rud a rannchuidíonn le hathléimneacht agus iomaíochas thionscal an Aontais***, rud a fhágann gur féidir ár n-earnálacha

eacnamaíocha a dhícharbónú, ón soláthar fuinnimh go dtí an earnáil iompair,

---

[7] ***Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011 (athmhúnlú) (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13).***

[8] ***Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202).***

foirgnimh agus tionscal. Is féidir le tionscal glan-nialasachta láidir laistigh den Aontas ▌ cuidiú go mór le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach go héifeachtach, chomh maith le tacú le cuspóirí eile an Chomhaontaithe Ghlais, ***amhail*** poist ***ardcháilíochta*** agus fás ***inbhuanaithe*** a chruthú***, trí bhonn tionsclaíoch a chruthú a bheidh dírithe ar onnmhairiú agus ar sholáthar intíre.***

(7) Chun spriocanna aeráide agus fuinnimh ***an Aontais*** a bhaint amach, ní mór tosaíocht a thabhairt d'éifeachtúlacht fuinnimh. Is é coigilt fuinnimh an bealach is saoire, is sábháilte agus is glaine chun na spriocanna sin a bhaint amach. Is prionsabal foriomlán de chuid bheartas fuinnimh ***an Aontais*** 'bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh' agus tá sé tábhachtach i dtaca le cur i bhfeidhm praiticiúil an bheartais agus na hinfheistíochta araon. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a leathnú le haghaidh teicneolaíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh, amhail teaschaidéil agus teicneolaíochtaí eangaí cliste, rudaí a chuidíonn leis an Aontas a ídiú fuinnimh a laghdú agus a rialú.

(8) Maidir le cuspóirí dícharbónaithe an Aontais, slándáil an tsoláthair fuinnimh, digitiú an chórais fuinnimh agus éileamh a leictriú, mar shampla i dtaca le soghluaisteacht agus an gá atá le pointí mearluchtaithe, tá gá le leathnú ollmhór ar eangacha leictreachais san Aontas ▌ ina leith, ar leibhéal an tarchurtha agus ar an leibhéal dáileacháin araon. Ar leibhéal an tarchurtha, tá gá le córais srutha dhírigh ardvoltais chun fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a nascadh; ar an leibhéal dáileacháin, trí sholáthraithe leictreachais a nascadh agus solúbthacht ar thaobh an éilimh a bhainistiú, tógtar ar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí eangaí nuálacha, amhail luchtú cliste feithiclí leictreacha, éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus uathoibriú tionscail agus rialuithe cliste, ard-infreastruchtúr méadraithe agus córais bainistíochta fuinnimh sa bhaile. Tá gá ag an eangach leictreachais a bheith ag idirghníomhú le go leor gníomhaithe nó gairis bunaithe ar leibhéal mionsonraithe inbhraiteachta, agus, dá bhrí sin, ar infhaighteacht sonraí, chun solúbthacht, luchtú cliste agus foirgnimh chliste a chumasú le heangacha cliste fuinnimh ***agus seirbhísí solúbhthachta ar mhionscála*** lena gcumasófar freagairt ***don éileamh*** ó thomhaltóirí agus glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh. Chun na teicneolaíochtaí glan-nialasachta a nascadh le líonra an Aontais▌, is gá leathnú mór a dhéanamh ar na hacmhainneachtaí monaraíochta le haghaidh eangacha leictreachais i réimsí amhail cáblaí, fostáisiúin agus claochladáin amach ón

gcósta agus ar tír.

*(8a)* ***Trí ghníomhaíocht thionsclaíoch a bhraisliú atá dírithe ar siombóis thionsclaíoch, is féidir tionchar na ngníomhaíochtaí ar an gcomhshaol a íoslaghdú chomh maith le gnóthachain éifeachtúlachta a chur ar fáil don tionscal. Dá réir sin, is féidir le braisliú rannchuidiú go mór le cuspóirí an Rialacháin sin a bhaint amach. I ndáil leis an méid sin ; cuirtear chun cinn leis an Rialachán sin forbairt Ghleannta um an Tionscal Glan-nialasachta (Gleannta). Ba cheart go mbeadh na Gleannta sin teoranta ó thaobh raon feidhme geografach agus teicneolaíochta de chun siombóis thionsclaíoch a chur chun cinn. Ba cheart do na Ballstáit na gleannta a ainmniú agus ba cheart Plean ina mbeadh bearta nithiúla náisiúnta a bheith ag gabháil le gach ainmniú chun cur le tarraingteacht an Ghleanna mar shuíomh le haghaidh gníomhaíochtaí monaraíochta. Ba cheart gleannta a úsáid go háirithe mar uirlis chun réigiúin a ath-thionsclú, go háirithe i gcás réigiúin ghuail atá i mbun aistrithe.***

*(8b)* ***Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann Gleannta a ainmniú agus tacú leo. Agus Gleann á ainmniú aige, ba cheart don Bhallstát plean a tharraingt suas don Ghleann ina sonrófar cé acu gníomhaíocht monaraíochta ghlan-nialasachta atá le cumhdach sa Ghleann (Plean). Ba cheart don Bhallstát measúnuithe tionchair ar an gcomhshaol a dhéanamh freisin de réir mar is gá le haghaidh na ngníomhaíochtaí monaraíochta glan-nialasachta atá le tarlú sa Ghleann. Leis an measúnú tionchair sin, cuirtear teorainn suntasach leis an ngá atá ann do ghnóthais na measúnuithe sin a dhéanamh le haghaidh ceadanna do na gníomhaíochtaí monaraíochta glan-nialasachta i raon feidhme an Ghleanna. Ba cheart go n-áireofaí sa Phlean torthaí na measúnuithe tionchair ar an gcomhshaol chomh maith leis na bearta náisiúnta atá le déanamh chun an tionchar diúltach ar an gcomhshaol a íoslaghdú nó a mhaolú. Ba cheart bearta nithiúla náisiúnta a áireamh sa Phlean freisin chun tacú le gníomhaíocht thionsclaíoch faoi raon feidhme an Ghleanna. Ba cheart a áireamh ar na bearta sin bearta chun infheistíocht phríobháideach a dhéanamh i mbonneagar fuinnimh, digiteach agus iompair nó chun infheistíocht phríobháideach sa bhonneagar sin a spreagadh, chomh maith le bearta chun an caiteachas oibríochtúil ar an tionscal sa Ghleann a laghdú, amhail conarthaí difríochta le haghaidh praghsanna fuinnimh. Bearta eile atá le breithniú is ea bearta chun cosaint maoine intleachtúla a neartú, mol nuálaíochta a bhunú i***

***nGleann chomh maith le gnólachtaí nuathionscanta a mhealladh chuig an nGleann. Chun slándáil infheistíochta a sholáthar don tionscal, ba cheart fad na mbeart tacaíochta a shonrú sa Phlean freisin.***

(9) Tá gá le hiarracht bhreise beartais chun tacú leis na teicneolaíochtaí sin atá ar fáil ar bhonn tráchtála agus a bhfuil acmhainneacht mhaith acu méadú go tapa chun tacú le spriocanna aeráide an Aontais, slándáil an tsoláthair fuinnimh le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus a slabhraí soláthair a fheabhsú, agus chun athléimneacht agus iomaíochas foriomlán chóras fuinnimh an Aontais a chosaint nó a neartú. Áirítear leis rochtain ar fhoinse breoslaí shábháilte agus inbhuanaithe den aicme is fearr, mar a thuairiscítear in aithris 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 ón gCoimisiún.

(10) Chun cuspóirí 2030 a bhaint amach, tá gá le fócas ar leith ar ***tionscadail straitéiseacha*** ghlan-nialasachta, freisin i bhfianaise ***a*** rannchuidiú mór i dtreo na conaire i dtreo na glan-nialasachta a bhaint amach faoi 2050. Tá ról lárnach ag na ***tionscadail*** sin in uathriail straitéiseach oscailte an Aontais, rud a áirithíonn go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar fhuinneamh glan, inacmhainne, slán. I bhfianaise an róil atá acu, ba cheart go mbainfeadh na ***tionscadail*** sin tairbhe as nósanna imeachta ceadaithe níos tapúla, ba cheart an stádas náisiúnta is airde is féidir a fháil a chur ar fáil dóibh faoin dlí náisiúnta agus tairbhe a bhaint as tacaíocht bhreise chun infheistíochtaí a phlódú isteach. ***Chun go n-aithneofar é mar thionscadal straitéiseach, ba cheart don tionscnóir tionscadail na hoibleagáidí is infheidhme a chomhlíonadh i réimsí an dlí shóisialta agus saothair arna mbunú le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta.***

***(10a) Ba cheart tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a chur chun feidhme go hinbhuanaithe trí bheith ag brath ar úsáid cleachtas lena mbaineann freagracht shóisialta lena n-áirítear cearta an duine agus cearta saothair a urramú, rannpháirtíocht fhiúntach a dhéanamh le pobail áitiúla, agus trí bheith ag brath ar chleachtais gnó trédhearcach lena ngabhann beartais leordhóthanacha um chomhlíonadh chun an riosca go n-imreofar drochthionchair ar fheidhmiú cuí an riaracháin phoiblí a chosc agus a íoslaghdú, lena n-áirítear éilliú agus breabaireacht.***

(11) Chun a áirithiú go mbeidh an córas fuinnimh a bheidh ag an Aontas amach anseo

athléimneach, ba cheart an t-uas-scálú sin a dhéanamh feadh shlabhra soláthair iomlán na dteicneolaíochtaí atá i gceist, i gcomhlántacht iomlán leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla.

*(11a)* ***Ó 2007 i leith, tá nuálaíocht an Aontais i dteicneolaíochtaí fuinnimh á spreagadh ag an bPlean Straitéiseach um Theicneolaíocht Fuinnimh (Plean SET)[9]. Dá bhrí sin, chuir Plean SET go mór le bonn eolais láidir ar theicneolaíochtaí fuinnimh agus bhí sé ríthábhachtach chun tosaíochtaí straitéiseacha maidir le taighde, nuálaíocht agus cur in úsáid teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain a ailíniú. Chun a áirithiú gur féidir leis an Aontas a chuspóirí iomlána neodrachta carbóin a bhaint amach faoi 2050, ní mór an bonn eolais sin a ghiaráil agus a fheabhsú tuilleadh. Dá bhrí sin, is ionstraim dho-athsholáthair é Plean SET chun cuspóirí an Rialacháin sin a bhaint amach agus is cnámh droma é do chlár oibre nuálaíochta an Rialacháin sin.***

(12) In 2020, ghlac an Coimisiún ▌ Straitéis an Aontais Eorpaigh um Comhtháthú Córas Fuinnimh. Leagadh amach sa straitéis fís maidir leis an gcaoi dlús a chur leis an aistriú chuig córas fuinnimh níos comhtháite, córas a thacaíonn le geilleagar aeráidneodrach ar an gcostas is ísle ó earnáil go chéile. Cuimsítear leis trí choincheap chomhlántacha a threisíonn a chéile: ar an gcéad dul síos, córas fuinnimh níos ciorclaí, agus an éifeachtúlacht fuinnimh ina chroílár; ar an dara dul síos, leictriú díreach níos mó in earnálacha na n-úsáideoirí deiridh; ar an tríú dul síos, breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin, lena n-áirítear hidrigin▌.Tagraíonn breithnithe a bhaineann le comhtháthú an chórais fuinnimh do réitigh chun an leictreachas ar fad arna ghiniúint ag suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú go hiomlán sa chóras fuinnimh níos leithne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, réitigh theicniúla a ghlacadh lenar féidir farasbarr leictreachais arna ghiniúint ag suiteálacha leictreachais in-athnuaite a chomhtháthú, lena n-áirítear trína stóráil ***agus trí fhoinsí cumhachta inphleanáilte saor ó iontaisí a leathnú san eangach,*** sna foirmeacha éagsúla agus trí bhainistiú ar an éileamh.

*(12a)* ***Is teicneolaíocht é gabháil agus stóráil dé-ocsaíde carbóin (CCS) a chuirfidh leis an***

[9] Tagairt do Theachtaireachtaí 2007 agus 2015 ón gCoimisiún maidir le Plean SET le cur leis

***athrú aeráide a mhaolú. Is éard atá i gceist leis dé-ocsaíd charbóin (CO2) a ghabháil ó shuiteálacha tionsclaíocha, í a iompar go láithreán stórála agus í a instealladh i bhfoirmíocht oiriúnach gheolaíoch faoi thalamh chun críocha buanstórála.***

(13) Tá teipthe ar chomhordú a dhéanamh ar réitigh gabhála agus stórála carbóin a fhorbairt don tionscal. ***Ar an gcéad dul síos***, d'ainneoin na dreasachta praghais CO2 atá ag fás, arna soláthar ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais chun go ndéanfaidh tionscal infheistíochtaí in astaíochtaí CO2 a ghabháil, rud lena ndéanfar na hinfheistíochtaí sin marthanach ó thaobh na heacnamaíochta de, tá riosca mór rompu nach mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar láithreán stórála geolaíoch ceadaithe. ***Ar an dara dul síos***, bíonn costais tosaigh roimh infheisteoirí sna chéad láithreáin stórála CO2 chun iad a aithint, a fhorbairt agus a mheas fiú sular féidir leo iarratas a dhéanamh ar chead stórála rialála. Trédhearcacht maidir le hacmhainneacht stórála CO2 fhéideartha i dtéarmaí oiriúnacht gheolaíoch na limistéar ábhartha agus na sonraí geolaíocha atá ann cheana, go háirithe de thoradh thaiscéaladh láithreán táirgthe hidreacarbóin, is féidir leis an trédhearcacht sin tacú le hoibreoirí margaidh a n-infheistíochtaí a phleanáil. Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí agus tuairisciú a dhéanamh go tráthrialta le peirspictíocht fhadtéarmach maidir leis an dul chun cinn láithreáin stórála CO2 agus na riachtanais chomhfhreagracha maidir le hacmhainneachtaí insteallta agus stórála thuas a fhorbairt, chun an sprioc ar fud an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta CO2 a bhaint amach i gcomhpháirt. ***Ar an tríú dul síos, níl tionscadail stórála CO2 inmharthana go heacnamaíoch ach amháin nuair is ann do chás gnó feadh an tslabhra luacha iomláin, lena n-áirítear iompar. Dá bhrí sin, ba cheart beartais agus bearta éifeachtacha Aontais agus náisiúnta a bheith ag gabháil le haon oibleagáidí stórála dlíthiúla chun comhordú agus infheistíocht ar fud an tslabhra luacha a áirithiú.***

(14) Is scrogall ríthábhachtach d'infheistíochtaí gabhála carbóin atá ag éirí níos inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de í infhaighteacht láithreán stórála CO2 san ***Aontas***, rud atá mar bhonn agus mar thaca leis na dreasachtaí ó Threoir 2003/87/CE ***ó***

***Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[10]. Chun an teicneolaíocht a uas-scálú agus chun cur leis na príomhacmhainneachtaí atá aige, ní mór don ***Aontas*** soláthar réamhbhreathnaitheach de láithreáin stórála CO2 gheolaíocha bhuana a fhorbairt, ar láithreáin iad a cheadaítear i gcomhréir le Treoir 2009/31/AE ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[11]. Trí sprioc de chuid an Aontais, mar atá 50 milliún tona d'acmhainneacht insteallta CO2 bhliantúil oibríochtúil a shainiú faoi 2030, i gcomhréir leis na hacmhainneachtaí a bhfuil coinne leo in 2030, is féidir leis na hearnálacha ábhartha a n-infheistíochtaí a chomhordú i dtreo shlabhra luacha ***Aontais*** um iompar agus stóráil glan-nialasachta CO2, slabhra ar féidir le hearnálacha a úsáid chun a n-oibríochtaí a dhícharbónú. Leis an gcur in úsáid tosaigh sin, tacófar le stóráil CO2 bhreise i dtéarmaí 2050 freisin. Dé réir mheastacháin an Choimisiúin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an Aontas suas le 550 milliún tona CO2 a ghabháil in aghaidh na bliana faoi 2050 chun an cuspóir glan-nialasachta a bhaint amach, lena n-áirítear an cuspóir le haghaidh aistrithe carbóin. Leis an gcéad acmhainneacht stórála ar an scála tionsclaíoch sin, bainfear an riosca d'infheistíochtaí chun astaíochtaí $CO_2$ a ghabháil mar uirlis thábhachtach chun aeráidneodracht a bhaint amach. ***I bhfianaise na gceanglas stórála a bhfuiltear ag súil leo in 2050, ní mór margadh stórála CO2 an Aontais a chomhlánú le margadh a chumhdaíonn tríú tíortha san Eoraip a bhfuil acmhainneacht mhór stórála acu.*** Nuair a dhéanfar an rialachán seo a ionchorprú i gComhaontú LEE, déanfar sprioc an Aontais ▌acmhainneacht insteallta CO2 bhliantúil oibríochtúil ▌ a choigeartú dá réir sin. ***Chun a áirithiú go mbainfear amach sprioc an Aontais, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun úsáid tionscadal gabhála agus stórála carbóin a éascú agus a dhreasú. Ba cheart go bhféadfaí a áireamh i mbearta den sórt sin bearta chun astaírí a dhreasú chun astaíochtaí a ghabháil, tacaíocht maoinithe d'infheisteoirí don bhonneagar is gá chun CO2 a iompar chuig an láithreán stórála agus chun tionscadail stórála CO2 a chistiú go díreach.***

---

[10] ***Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).***

[11] ***Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).***

(15) Tríd na láithreáin stórála CO2 a chuireann le sprioc 2030 an Aontais mar ***thionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, nó thionscadail*** straitéiseacha ***ghlan-nialasachta*** a shainiú, is féidir dlús a chur le forbairt láithreán stórála CO2 agus é sin a éascú, agus is féidir an t-éileamh tionsclaíoch méadaithe maidir le láithreáin stórála a threorú i dtreo na láithreán stórála is costéifeachtaí. Tá méadú ag teacht ar líon na ngort gáis agus ola atá ag deireadh a saolré táirgthe úsáideach a d'fhéadfaí a thiontú ina láithreáin stórála CO2. Anuas air sin, dhearbhaigh an tionscal ola agus gáis a dhiongbháilte atá sé tabhairt faoi aistriú fuinnimh agus tá na sócmhainní, na scileanna agus an t-eolas is gá aige chun láithreáin stórála bhreise a iniúchadh agus a fhorbairt. Chun sprioc an Aontais 50 milliún tona d'acmhainneacht insteallta CO2 bhliantúil oibríochtúil a bhaint amach faoi 2030, ní mór don earnáil a rannchuidiú a chomhthiomsú chun a áirithiú go mbeidh gabháil agus stóráil carbóin mar réiteach aeráide ar fáil sula dtiocfaidh an t-éileamh. Chun a áirithiú go ndéanfar láithreáin stórála CO2 a fhorbairt ar bhealach tráthúil costéifeachtach ar fud an Aontais i gcomhréir le cuspóir an ***Aontais*** maidir le hacmhainneacht insteallta, ba cheart do cheadúnaithe táirgthe ola agus gáis san ***Aontas*** rannchuidiú leis an sprioc sin ar bhonn pro rata dá n-acmhainneacht mhonaraíochta ola agus gáis, agus solúbthacht á soláthar an tráth céanna chun comhoibriú agus chun rannchuidiú eile ó thríú páirtithe a chur san áireamh. ***Ba cheart do cheadúnaithe táirgthe ola agus gáis laistigh den Aontas gach iarracht a dhéanamh laistigh dá n-údarás na hinfheistíochtaí is gá a dhéanamh d'fhonn a rannchuidiú faoi seach a chomhlíonadh chun acmhainneacht bhliantúil oibríochtúil insteallta CO2 a bhaint amach. Mar sin féin, ba cheart na hiarrachtaí sin a bheith faoi réir teorainneacha oibiachtúla tráchtála, airgeadais, teicniúla, dlíthiúla agus comhshaoil nach bhfuil neart ag na cuideachtaí sin orthu, a bhféadfadh tionscadail stórála aonair a bheith mar thoradh orthu, d'ainneoin iarrachtaí réasúnta agus stuama ó thaobh na tráchtála de, toisc nach féidir iad a chur i gcrích go hoibiachtúil in am chun na hoibleagáidí a leagtar amach faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.***

***(15a) Tá gá le hiarrachtaí beartais breise chun tacú le hiompar trasteorann CO2 toisc go dtoirmeasctar ar dtús le Prótacal Londan onnmhairiú CO2 le haghaidh stóráil bhuan gheolaíoch faoi bhun ghrinneall na farraige. Rinne páirtithe conarthacha Prótacal Londan a leasú in 2009 chun iompar trasteorann CO2 a cheadú le***

***haghaidh stóráil fho-ghrinneall na farraige, ach ní mór do dhá thrian de na páirtithe conarthacha an leasú a dhaingniú le teacht i bhfeidhm. Ní dócha go dtarlóidh sé sin go luath. Tá gá le hiarrachtaí beartais breise chun aghaidh a thabhairt ar an mbacainn ar imscaradh agus ar mhargadh inmheánach a chruthú d'iompar trasteorann CO2.***

***(15b) Tá iarracht bhreise beartais ríthábhachtach chun cur in úsáid na pleanála bonneagair trasteorann a chinntiú. Tá ról ríthábhachtach ag inrochtaineacht agus nascacht raon iomlán na socruithe iompair CO2 maidir le tionscadail CCS agus tionscadail Gabhála agus Stórála Carbóin (CCU) a imscaradh. Cumhdaítear le socruithe den sórt sin long, báirse, traein agus trucail chomh maith le saoráidí seasta chun nascadh agus duga a dhéanamh, le haghaidh leachtú, stóráil maolánach agus tiontairí CO2 i bhfianaise a n-iompair tuilleadh trí phíblínte agus i modhanna tiomnaithe iompair.***

***(15c) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú agus síneadh leanúnach ar an sprioc maidir le hacmhainneacht insteallta CO2 agus stóráil don tréimhse tar éis 2030 chun riachtanais an Aontais a léiriú chun a sprioc aeráide do 2040 agus neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 i sineirge le dlí gaolmhar an Aontais.***

***(15d) Trí CO2 gafa a úsáid i bpróisis táirgthe áirithe, is féidir CO2 a stóráil go buan agus/nó rannchuidiú le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart na heintitis uile a bhfuil baint acu le slabhra luacha na ngníomhaíochtaí insteallta CO2 a leagtar amach sa Rialachán seo a spreagadh chun a mheas an bhféadfaí an CO2 atá le stóráil a stóráil go buan i dtáirgí nua nó an bhféadfadh sé tacú le cuspóirí an Aontais a spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.***

(16) Chuidigh an tAontas le córas eacnamaíoch domhanda a chruthú atá bunaithe ar thrádáil oscailte***, thrédhearcach agus*** riailbhunaithe, d'éiligh sé caighdeáin maidir le hinbhuanaitheacht shóisialta agus chomhshaoil ***agus maidir leis an aistriú aeráide*** a urramú agus a chur chun cinn, agus tá sé tiomanta go hiomlán do na luachanna sin. ***Tá sé d'aidhm ag an Aontas cothrom iomaíochta a bhaint amach, go háirithe trí chleachtais éagóracha trádála agus ró-acmhainneacht táirgeachta a chomhrac***

***chun timpeallacht iomaíoch chothrom a áirithiú do thionscal an Aontais, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí tionsclaíocha glan-nialasachta (Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan-Nialasachta), lena gcuirfear poist ardcháilíochta ar fáil d'oibrithe.***

(17) Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair fuinnimh agus chun rannchuidiú le tacú le hathléimneacht chóras fuinnimh an Aontais agus le hiarrachtaí dícharbónaithe agus nuachóirithe, ní mór an acmhainneacht monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta san Aontas a leathnú. Ní mór do mhonaróirí teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine an Aontais a mbuntáiste iomaíoch a mhéadú agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú, trí dhíriú ar 30 gigeavata ar a laghad d'acmhainneacht mhonaraíochta fótavoltaí gréine oibríochtúla a bhaint amach faoi 2030, ar fud an tslabhra luacha iomláin fhótavoltaigh gréine, i gcomhréir leis na spriocanna a leagtar amach i gComhghuaillíocht na hEorpa um an Tionscal Fótavoltach Gréine, a fhaigheann tacaíocht faoi Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh. Ní mór do mhonaróirí teicneolaíochtaí gaoithe agus teaschaidéal an Aontais a mbuntáiste iomaíoch a chomhdhlúthú agus a sciar reatha den mhargadh a choinneáil ar bun nó a leathnú le linn na deacáide seo, i gcomhréir le réamh-mheastacháin imlonnaithe teicneolaíochta an Aontais lena gcomhlíontar spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais. Ciallaíonn sé sin acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais 36 GW ar a laghad maidir le gaoth agus, 31 GW ar a laghad maidir le teaschaidéil, in 2030. Ní mór do mhonaróirí ceallraí agus leictrealóirí an Aontais a gceannaireacht teicneolaíochta a chomhdhlúthú agus rannchuidiú go gníomhach leis na margaí sin a mhúnlú. I gcás teicneolaíochtaí ceallraí, chiallódh sé sin go rannchuideofaí le cuspóirí Chomhghuaillíocht na hEorpa um Cheallraí agus go mbeadh sé d'aidhm aige go bhfreastalódh monaróirí ceallraí an Aontais ar bheagnach 90 % d'éileamh ceallraí an Aontais, rud a d'fhágfadh go mbeadh acmhainneacht mhonaraíochta 550 GWh ar a laghad ag an Aontas in 2030. I gcás monaróirí leictrealóirí ***an Aontais***, tá 10 milliún tona de tháirgeadh hidrigine in-athnuaite intíre agus suas le 10 milliún tona breise d'allmhairí hidrigine in-athnuaite faoi 2030 á dtuar ag REPowerEU. Chun a áirithiú go dtiocfaidh ceannaireacht tráchtála as ceannaireacht theicneolaíoch an ***Aontais***, arna tacú faoin Dearbhú Comhpháirteach ón gCoimisiún agus ón gComhghuaillíocht Eorpach don Hidrigin Ghlan, ba cheart do mhonaróirí

leictrealóirí an ***Aontais*** borradh breise a chur faoina n-acmhainneacht, ionas go sroichfeadh an acmhainneacht fhoriomlán suiteáilte leictrealóirí atá á húsáid 100 GW de hidrigin faoi 2030. ***Thairis sin, leagtar amach cuspóir sa phlean RePowerEU chun táirgeadh inbhuanaithe bithmheatáin a mhéadú go 35 bhilliún méadar ciúbach faoi 2030. Ós rud é go bhfuil a shlabhra soláthair bunaithe den chuid is mó san Eoraip sa lá atá inniu ann, rannchuidíonn bithmheatán le hathléimneacht an Aontais cheana féin, rud ba cheart a chur chun cinn tuilleadh.***

(18) Agus na cuspóirí sin á gcur san áireamh le chéile, agus é á chur san áireamh an tráth

céanna go bhfuil acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais íseal i gcás gnéithe áirithe den slabhra soláthair (amhail inbhéartóirí, chomh maith le grianchealla, sliseoga, agus uingí le haghaidh fuinneamh fótavoltach gréine nó catóidí agus anóidí le haghaidh ceallraí), ba cheart d'acmhainneacht bhliantúil ***mhonaraíochta an Aontais*** díriú ar 40 % ar a laghad de na riachtanais maidir le himscaradh bliantúil a bhaint amach faoi 2030 maidir leis na teicneolaíochtaí ***glan-nialasachta a shainmhínítear sa Rialachán seo.Ina theannta sin, ba cheart go gcumhdódh acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil teicneolaíochtaí glan-nialasachta an Aontais ar a laghad 25 % den éileamh domhanda ar na teicneolaíochtaí comhfhreagracha.***

(19) Trí acmhainneacht mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas ▌ a mhéadú, ***méadófar*** chomh maith soláthar domhanda teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus an t-aistriú chuig ***forbairt eacnamaíoch*** ghlan ar fud an domhain freisin. ***In éineacht le bearta eile chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú, ba cheart go n-áiritheofaí freisin le bearta chun an acmhainneacht mhonaraíochta san Aontas a mhéadú gur cheart don Aontas ról ceannasach a imirt i gcodanna straitéiseacha den slabhra luacha, lena n-áirítear táirgí deiridh, chun an leibhéal cinnteachta soláthair a theastaíonn ón Aontas chun a chuspóirí aeráide a bhaint amach a áirithiú.***

(20) An tráth céanna, cuirfidh táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta le hathléimneacht an Aontais agus le cinnteacht slándáil an tsoláthair fuinnimh de chuid an Aontais maidir le fuinneamh glan. Tá soláthar slán fuinnimh ghlain ina réamhriachtanas don fhorbairt eacnamaíoch, agus don ord poiblí agus don tslándáil freisin. Beidh tairbhe ag baint le táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta freisin d'earnálacha eacnamaíocha eile a bhfuil

tábhacht straitéiseach ag baint leo, amhail earnáil na feirmeoireachta agus táirgeadh bia trí rochtain ar fhuinneamh glan agus ar innealra ar phraghsanna iomaíocha a áirithiú, rud a chuirfidh ar bhealach inbhuanaithe le slándáil bia an Aontais agus a chuirfidh roghanna malartacha bithbhunaithe ar fáil tríd an ngeilleagar ciorclach. Ar an gcaoi chéanna, beidh fás eacnamaíoch agus folláine shóisialta mar thoradh ar chomhlíonadh uaillmhianta aeráide an Aontais.

(21) ***Braitheann monaraíocht teicneolaíochtaí glan-nialasachta ar shlabhraí luacha atá casta agus idirnasctha ar fud an domhain.*** Chun an t-iomaíochas a choinneáil ar bun agus chun na spleáchais straitéiseacha ar allmhairí atá ann faoi láthair maidir le táirgí teicneolaíochta glan-nialasacha agus maidir lena slabhraí soláthair a laghdú, agus cruthú táirgí nua atá ag brath ar allmhairí á seachaint an tráth céanna, ní mór don Aontas leanúint dá bhonn tionsclaíoch ▌ a neartú agus a bheith níos iomaíche agus níos fabhraí don nuálaíocht. Ní mór don Aontas forbairt na hacmhainneachta mhonaraíochta a chumasú ar bhealach níos tapúla, níos simplí agus níos intuartha ***tríd an ualach rialála agus riaracháin ar ghníomhaíochtaí tionsclaíocha laistigh dá chríoch a laghdú agus cothrom iomaíochta a bhaint amach le hiomaitheoirí idirnáisiúnta. Go háirithe, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas, faoi 2030, laghdú 20 % a bhaint amach ar an ualach rialála ginearálta ar an tionscal, laghdú 40 % ar an ualach rialála atá ar tháirge nua a chur ar an margadh inmheánach, agus laghdú 40 % ar an ualach riaracháin do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta. Ba cheart na hiarrachtaí sin a dhéanamh, go háirithe, laistigh den chreat um Rialáil Níos Fearr agus gan dochar do chaighdeáin chomhshaoil agus saothair an Aontais. Ba cheart don Choimisiún tuairisciú ar an dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí sin ina Shuirbhé Bliantúil Ualaigh.***

***(21a) Chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag an Aontas ar sholáthar slán agus inbhuanaithe teicneolaíochtaí glan-nialasachta is gá chun athléimneacht an Aontais a choimirciú agus chun a spriocanna aeráidneodrachta a bhaint amach, ní mór don mhargadh inmheánach a bheith ina thimpeallacht thacúil don nuálaíocht i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta. Beidh an nuálaíocht ina gné ríthábhachtach chun iomaíochas an Aontais a áirithiú agus chun cuspóirí glan-nialasachta a bhaint amach a luaithe is féidir. I bhfianaise na bhforbairtí tapa ar theicneolaíochtaí glan-nialasachta chomh maith leis an treoraíocht rialála shuntasach a sholáthraítear don***

***aistriú glas, tá sé ríthábhachtach chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go ndéanfar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag reachtaíocht agus tionscnaimh bheartais an Aontais ar nuálaíocht a mheas go críochnúil agus iad á n-ullmhú, á n-athscrúdú agus á n-athbhreithniú trí phrionsabal na nuálaíochta a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach in Uirlis um Rialáil Níos Fearr #22 chomh maith leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2018 dar teideal A renewed European Agenda for Research and Innovation — Europe's chance to shape its future [Clár Oibre Eorpach athnuaite don Taighde agus don Nuálaíocht — Deis na hEorpa a todhchaí a mhúnlú].***

***(21b) Tá tábhacht ar leith ag baint le laghdú na n-ualaí rialála agus riaracháin chomh maith le creat rialála oiriúnach a bheith acu do FBManna. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún Toscaire FBManna a cheapadh mar chomhairleoir dá Uachtarán. Ba cheart go mbeadh sainordú ag Toscaire na FBManna chun a áirithiú go léireofar go leordhóthanach leasanna FBManna i mbeartais agus i ngníomhartha dlí an Aontais. Ba cheart go mbeadh gach Coimisiún nua in ann Toscaire FBManna a cheapadh laistigh de shé mhí tar éis a cheapacháin féin.***

***(21c) Ba cheart na Conairí Aistrithe atá á bhforbairt i ndiaidh Straitéis Tionsclaíochta Nuashonraithe 2021 an Aontais a thabhairt cothrom le dáta chun cuspóirí an Rialacháin sin a léiriú agus ba cheart cumasóirí chomh maith le bacainní ar aistriú agus ar iomaíochas domhanda thionscal an Aontais a shainaithint.***

(22) ***De bhun Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12]*** ba cheart do na Ballstáit dréachtaí nuashonraithe dá gcuid Pleananna Náisiúnta

Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030 (PNFAnna) a chur isteach i mí an Mheithimh

2023. Mar a cuireadh i bhfios go láidir sa Treoraíocht ón gCoimisiún do na Ballstáit

[12] **Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (*IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).***

maidir le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide 2021-2030 a nuashonrú[13], ba cheart tuairisc a thabhairt sna pleananna nuashonraithe ar chuspóirí agus ar bheartais na mBallstát chun éascú a dhéanamh ar uas-scálú na dtionscadal monaraíochta maidir le teicneolaíochtaí, trealamh agus príomh-chomhpháirteanna ísealcharbóin atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus atá ar fáil ar bhonn tráchtála laistigh dá gcríoch. Ba cheart cur síos a dhéanamh sna pleananna sin freisin ar chuspóirí agus ar bheartais na mBallstát chun uas-scálú a bhaint amach trí iarrachtaí éagsúlaithe i dtríú tíortha, agus chun a chur ar a gcumas do thionscail na mBallstát astaíochtaí $CO_2$ a ghabháil agus a stóráil go buan i láithreáin stórála gheolaíocha. ***Ba cheart na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide sin a bheith mar bhonn ar a gcinnfear an gá atá le teicneolaíochtaí glan-nialasachta.***

(23) Anuas air sin, leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach cur chuige cuimsitheach chun tacú le huas-scálú teicneolaíochta fuinnimh ghlain bunaithe ar cheithre cholún. Is é is aidhm don chéad cholún timpeallacht rialála a chruthú lena simplítear agus lena gcuirtear dlús le ceadú láithreáin nua monaraíochta agus cóimeála teicneolaíochta glan-nialasachta agus lena n-éascaítear uas-scálú thionscal glan-nialasachta an Aontais. Is é an dara colún den phlean borradh a chur faoin infheistíocht i dtáirgeadh teicneolaíochta glan-nialasachta agus borradh a chur faoin maoiniú ina leith, tríd an gCreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe athbhreithnithe a glacadh i mí an Mhárta 2023 agus trí Chiste Eorpach Ceannasachta a chruthú chun buntáiste ***an Aontais*** maidir le teicneolaíochtaí criticiúla agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach a chaomhnú. Baineann an tríú colún le forbairt na scileanna is gá chun an t-aistriú a chur i gcrích agus chun líon na n-oibrithe oilte in earnáil na teicneolaíochta fuinnimh ghlain a mhéadú. Dírítear sa cheathrú colún ar thrádáil agus ar éagsúlú shlabhra soláthair na n-amhábhar criticiúil. Áirítear leis sin club amhábhar criticiúil a chruthú, lena n-oibrítear le comhpháirtithe atá ar aon intinn chun na slabhraí soláthair a neartú i dteannta a chéile agus chun éagsúlú a dhéanamh ar shiúl ó sholáthraithe aonair le haghaidh ionchur criticiúil.

(24) Faoin gcéad cholún, ba cheart don Aontas bonn tionsclaíoch a fhorbairt agus a

[13] ***Fógra ón gCoimisiún maidir le Treoraíocht do na Ballstáit i ndáil le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide 2021-2030 a nuashonrú 2022/C 495/02, (IO C 495, 29.12.2022, lch. 24).***

choinneáil ar bun chun réitigh teicneolaíochta ghlan-nialasachta a sholáthar chun a sholáthar fuinnimh a dhaingniú, agus a uaillmhianta maidir le haeráidneodracht á gcomhlíonadh an tráth céanna. Chun tacú leis an sprioc sin agus chun spleáchais a sheachaint maidir le soláthar teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chuirfeadh moill ar iarrachtaí an Aontais maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa nó a chuirfeadh slándáil an tsoláthair fuinnimh i mbaol, leagfar amach sa Rialachán seo forálacha chun éileamh ar theicneolaíochtaí glan-nialasachta inbhuanaithe athléimneacha a spreagadh.

(25) Le Treoracha 2014/23/AE[14], 2014/24/AE[15] agus 2014/25/AE[16] ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***, ceadaítear cheana féin d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis a dhámhann conarthaí trí nósanna imeachta soláthair phoiblí, anuas ar chúrsaí praghsála nó costais, chun brath ar chritéir bhreise chun an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a shainaithint. Baineann na critéir sin, mar shampla, le cáilíocht na tairisceana lena n-áirítear saintréithe sóisialta, ***rialachais,*** comhshaoil agus nuálacha. Agus conarthaí le haghaidh teicneolaíocht ghlan-nialasachta á ndámhachtain trí sholáthar poiblí, ba cheart d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha measúnú cuí a dhéanamh ar rannchuidiú na dtairiscintí le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht ***chomhshaoil agus shóisialta*** i ndáil le sraith critéar a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil, nuálaíocht, comhtháthú córais agus athléimneacht na tairisceana. ***Ní foláir d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha a áirithiú go gcaitear go cothrom le soláthraithe náisiúnta leis na nósanna imeachta a bhunaítear i mBallstáit eile agus chun neamh-idirdhealú a áirithiú agus critéir á mbunú acu.***

(26) Is féidir critéir inbhuanaitheachta shóisialta a chur i bhfeidhm cheana féin faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair agus is féidir dálaí oibre agus cómhargáil a áireamh iontu i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, i gcomhréir le ***hAirteagal*** 30(3) de Treoir 2014/23/AE, le ***hAirteagal*** 18(2) de Threoir 2014/24/AE

---

***[14] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).***
***[15] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).***
***[16] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243)***

agus le ***hAirteagal*** 36(2) de Threoir 2014/25/AE. Ba cheart do na húdaráis chonarthacha ***a mheas go rannchuidíonn na tairiscintí*** leis an inbhuanaitheacht shóisialta trí na bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha, i bhfeidhmiú conarthaí poiblí dóibh, na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí dhlí saothair agus sóisialta ***an Aontais agus náisiúnta*** ▌ ***agus i*** gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sna forálacha idirnáisiúnta maidir leis an dlí comhshaoil, sóisialta agus saothair a liostaítear in Iarscríbhinn X ***de*** Threoir 2014/23/AE, Iarscríbhinn X ***de*** Threoir 2014/24/AE agus Iarscríbhinn XIV ***de*** Threoir 2014/25/AE, ***agus fostaíocht tharraingteach a thairiscint.***

(27) Gan dochar do reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le teicneolaíocht shonrach, lena n-áirítear faoin Togra maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos44 agus faoin Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola45, agus mura léirítear a mhalairt go sonrach iontu, le linn d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht comhshaoil réiteach glan-nialasachta arna soláthar ar bhonn an Rialacháin seo, ***spreagtar iad*** gnéithe éagsúla a bhfuil tionchar acu ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a chur san áireamh. Féadfar a áireamh orthu sin, mar shampla, marthanacht agus iontaofacht an réitigh; an éascaíocht maidir le deisiúchán agus cothabháil; an éascaíocht maidir le nuashonrú agus athriochtú; an éascaíocht maidir le cáilíocht agus athchúrsáil; substaintí ***áirithe*** a úsáid; ídiú fuinnimh, uisce agus acmhainní eile ag céim amháin nó níos mó de shaolré an táirge; meáchan agus toirt an táirge agus an pacáistiú atá aige; ionchorprú ***ábhar in-athnuaite nó*** comhpháirteanna úsáidte; cainníocht, saintréithe agus infhaighteacht na dtomhaltán is gá le haghaidh úsáid agus cothabháil chuí; lorg comhshaoil an táirge agus a thionchair ar an gcomhshaol ar feadh a shaolré; lorg carbóin an táirge; an scaoileadh micreaphlaisteach; astaíochtaí san aer, san uisce agus san ithir a scaoiltear in aon chéim saolré amháin nó níos mó den táirge; méideanna na dramhaíola a ghintear; na coinníollacha maidir le húsáid. ***I gcomhréir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais, ba cheart d'údaráis chonarthacha le haghaidh tairiscintí faoin Rialachán seo diúltú do thairiscintí nár deimhníodh faoin scéim ábhartha um dheimhniú cibearshlándála.***

(28) Chun críocha ***soláthar níos sláine a áirithiú trína*** chur san áireamh, laistigh de nós imeachta soláthair phoiblí, an gá le foinsí soláthair teicneolaíochtaí glan-nialasachta a éagsúlú ó fhoinsí aonair soláthair de réir bhrí Airteagal 19(2), agus gan dochar do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais, ba cheart a mheas nach bhfuil an soláthar éagsúlaithe go leordhóthanach ar a laghad i gcás ina ndéanfaidh foinse amháin níos mó ná 65 % den éileamh ar theicneolaíocht glan-nialasachta shonrach laistigh den Aontas a sholáthar.

(29) Chun críocha scéimeanna a bhunú a théann chun tairbhe do theaghlaigh, ***gnólachtaí,*** nó do thomhaltóirí, lena ndéantar ceannach táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a dhreasú, agus gan dochar do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais, ba cheart a mheas nach bhfuil an soláthar éagsúlaithe go leordhóthanach i gcás ina ndéanfaidh foinse aonair níos mó ná ***50%*** den éileamh iomlán ***laistigh den Aontas*** ar theicneolaíocht glan-nialasachta shonrach a sholáthar[redacted]. Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach a áirithiú, ba cheart don Choimisiún liosta bliantúil a fhoilsiú dar tús dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, maidir le dáileadh thionscnamh na dtáirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a thagann faoin gcatagóir seo, arna mhiondealú de réir an sciar de sholáthar an Aontais de thionscnamh foinsí éagsúla le bliain anuas a bhfuil sonraí ar fáil ina leith.

(30) Le Cinneadh 2014/115/AE[17] ón gComhairle, formheasadh go háirithe an leasú ar Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Soláthar Rialtais (‘an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais’)46. Is é is aidhm don Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais creat iltaobhach de chearta agus d’oibleagáidí cothromaithe a bhunú a bhaineann le conarthaí poiblí d’fhonn léirscaoileadh agus leathnú na trádála domhanda a bhaint amach. I gcás conarthaí a chumhdaítear le Foscríbhinn I an Aontais a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais, chomh maith le comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha a bhfuil an tAontas faoi cheangal orthu, lena n-áirítear comhaontuithe saorthrádála agus Airteagal III:8(a) den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil maidir le gníomhaireachtaí rialtais do sholáthar táirgí a cheannaítear d’fhonn iad a athdhíol ó thaobh na tráchtála de nó d’fhonn iad a úsáid i dtáirgeadh earraí le haghaidh díolacháin tráchtála, níor cheart

[17] ***Cinneadh 2014/115/AE ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 maidir leis an bPrótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais a thabhairt i gcrích (IO L 68, 7.3.2014, lch. 1).***

d'údaráis chonarthacha ná d'eintitis chonarthacha ceanglais Airteagal 19***(2a) agus Airteagal 19(4a), pointe (a)*** a chur i bhfeidhm maidir le hoibreoirí eacnamaíocha foinsí soláthair ar sínitheoirí leis na comhaontuithe iad.

(31) Maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le hathléimneacht i nósanna imeachta soláthair phoiblí a leagtar amach in Airteagal ***19 den Rialachán sin***, ba cheart é a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm ***Rialachán 2022/1031/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[18]***,*** Airteagal 25 de Threoir 2014/24/AE▌, agus Airteagail 43 agus 85 de Threoir 2014/25/AE▌, de réir threoraíocht 2019 ón gCoimisiún. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go leanfadh forálacha soláthair phoiblí d'fheidhm a bheith acu maidir le hoibreacha, soláthairtí agus seirbhísí faoi réir Airteagal 19, lena n-áirítear Airteagal 67(4) de Threoir 2014/24/AE agus aon bheart cur chun feidhme a eascraíonn as an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos ***agus Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún***[19]***.***

(32) ***Is íostairseach é*** ualú na gcritéar maidir le rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana i ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí. ***Laistigh den íostairseach sin, féadfaidh na*** húdaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ***idirdhealú a dhéanamh idir ualú na gcritéar aonair, gan neamhaird iomlán a dhéanamh ar cheann amháin acu. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha*** tairseach níos airde a leagan síos ***i gcónaí*** le haghaidh critéir ***ábhartha amháin nó roinnt critéar ábhartha maidir le rannchuidiú inbhuanaitheachta*** agus ***athléimneachta. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a mhéadú, ba cheart do na húdaráis chonarthacha agus na heintitis chonarthacha aird shuntasach a thabhairt ar an rannchuidiú athléimneachta.***

(33) Chun teorainn a chur leis an ualach riaracháin a eascraíonn as an ngá atá ann critéir a chur san áireamh a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus rannchuidiú athléimneachta

---

***[18] Rialachán (AE) 2022/1031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meitheamh 2022 maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltais an Aontais agus maidir le nósanna imeachta a thacaíonn leis an gcaibidlíocht maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltais tríú tíortha (Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta — IPI) (IO L 173, 30.6.2022, lch. 1).***

***[19] Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1).***

tairisceana, go háirithe do cheannaitheoirí beaga poiblí agus do chonarthaí ar luach níos ísle ná sin nach bhfuil tionchar tábhachtach acu ar an margadh, ba cheart cur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo a chur siar go ceann 2 bhliain i gcás ceannaitheoirí poiblí nach comhlachtaí lárnacha ceannaigh iad agus i gcás conarthaí ar lú a luach ná EUR 25 milliún.

(34) Chun críocha chur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le soláthar poiblí de réir Airteagal 19 ***den Rialachán sin***, i gcás ina gcumhdaítear táirge le gníomh tarmligthe arna ghlacadh faoi Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle51, níor cheart d'údaráis chonarthacha nó d'eintitis chonarthacha ach na táirgí a cheannach a chomhlíonann an oibleagáid a leagtar síos in Airteagal 7(2) den Rialachán sin.

(35) Tá teaghlaigh***, gnólachtaí*** agus tomhaltóirí deiridh ina gcodanna ríthábhachtacha d'éileamh an Aontais ar tháirgí deiridh teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus is uirlisí tábhachtacha iad scéimeanna tacaíochta poiblí chun spreagadh a thabhairt do theaghlaigh táirgí den sórt sin a cheannach, go háirithe do theaghlaigh agus do thomhaltóirí leochaileacha ar ioncam íseal agus ar ioncam meánaicmeach íseal, chun dlús a chur leis an aistriú glas. Faoin tionscnamh um dhíonta gréine a fógraíodh i straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh52, ba cheart do na Ballstáit, mar shampla, cláir náisiúnta a bhunú chun tacú le himscaradh ollmhór grianfhuinnimh dín. I bplean REPowerEU, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as bearta tacaíochta a spreagann an t-athrú chuig teaschaidéil. Ba cheart do scéimeanna tacaíochta den sórt sin a bhunaíonn na Ballstáit go náisiúnta nó a bhunaíonn údaráis áitiúla nó réigiúnacha go háitiúil rannchuidiú le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus athléimneacht theicneolaíochtaí glan-nialasachta ***an Aontais***. Ba cheart d'údaráis phoiblí, mar shampla, cúiteamh airgeadais níos airde a sholáthar do thairbhithe as ceannach táirgí deiridh glan-nialasachta lena ndéanfar rannchuidiú níos airde le hathléimneacht san Aontas. Ba cheart d'údaráis phoiblí a áirithiú go mbeadh a scéimeanna oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, ionas go gcuirfidh siad leis an éileamh ar tháirgí teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas. Ba cheart d'údaráis phoiblí freisin teorainn a chur leis an gcúiteamh airgeadais breise do tháirgí den sórt sin ionas nach gcuirfear moill ar imscaradh na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas. Chun éifeachtúlacht scéimeanna den sórt sin a mhéadú, ba

cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeadh rochtain éasca ar fhaisnéis ar shuíomh gréasáin saor in aisce ag do tomhaltóirí agus monaróirí teicneolaíochta glan-nialasachta araon. Úsáid an rannchuidithe inbhuanaitheachta agus athléimneachta ag údaráis phoiblí i scéimeanna dírithe ar thomhaltóirí nó ar theaghlaigh, ba cheart í a bheith gan dochar do rialacha maidir leis an státchabhair nó do rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais.

(36) Agus scéimeanna á gceapadh a théann chun tairbhe teaghlaigh***, gnólachtaí*** nó tomhaltóirí lena ndreasaítear ceannach táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a liostaítear ***in Airteagal 3 den Rialachán sin***, ba cheart do na Ballstáit, d'údaráis réigiúnacha nó áitiúla, do chomhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó do chomhlachais ina bhfuil údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí, ba cheart dóibh a áirithiú go n-urramófar gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear trína áirithiú ***go bhfuil scéimeanna comhoiriúnach le forálacha EDT agus*** nach sroichfidh scéimeanna méid a bheadh ina gcúis le dochar tromchúiseach do leas chomhaltaí EDT.

(37)▌ ***Ba cheart d'Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa (Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa)*** ról tábhachtach a bheith aige freisin maidir le dlús a chur le cur chun feidhme rannchuidiú na mBallstát agus na n-údarás poiblí maidir le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht ina gcleachtais soláthair phoiblí agus cheantála ***agus ba cheart don Choimisiún cúnamh a thabhairt freisin do na Ballstáit scéimeanna a cheapadh atá dírithe ar theaghlaigh, gnólachtaí agus tomhaltóirí chun sineirgí a fhorbairt agus dea-chleachtais a mhalartú. Tá sé tábhachtach tuiscint shoiléir a bheith ag na húdaráis chonarthacha nó ag na heintitis chonarthacha araon agus ag na cuideachtaí táirgeachta ar gach ceann de na critéir inbhuanaitheachta agus athléimneachta. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún, i ndlúthchomhar le hArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ina sonraítear na critéir chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú na hathléimneachta agus na hinbhuanaitheachta, agus aird ar leith á tabhairt ar FBManna, ar cheart deis chothrom a bheith acu a bheith rannpháirteach sa mhargadh substaintiúil don soláthar poiblí. Beidh comhleanúnachas leis an reachtaíocht atá ann cheana ríthábhachtach. Ina theannta sin, ba cheart go***

***soiléireofaí leis an ngníomh cur chun feidhme sin na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 19(4). Thairis sin, ba cheart don Choimisiún, i ndlúthchomhar le hArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa,*** treoraíocht a eisiúint ***maidir le conas na critéir inbhuanaitheachta agus athléimneachta a nascadh le reachtaíocht sa todhchaí. Is féidir leis an treoraíocht seo*** samplaí nithiúla agus sonracha ***agus dea-chleachtais a chur ar fáil tuilleadh. Chun bheith comhleanúnach leis an reachtaíocht uile a bheidh ann sa todhchaí, ba cheart don Choimisiún a threoraíocht a thabhairt cothrom le dáta gach 6 mhí ar a laghad.***

(38) ***D'fhonn a áirithiú go rannchuideoidh soláthar poiblí agus ceantanna chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid go fírinneach le hathléimneacht an Aontais, ní mór na gníomhaíochtaí sin a bheith intuartha don earnáil tionsclaíochta.*** Chun a chur ar a chumas don tionscal a tháirgeacht a choigeartú in am trátha, ba cheart d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha an margadh a chur ar an eolas roimh ré maidir lena riachtanais soláthair réamh-mheasta le haghaidh táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta. ***Ba cheart a léiriú i gceantanna freisin go gcruthaíonn boilsciú, mar aon leis an aga tionscanta fada a ghabhann le tionscadail imscartha fuinnimh in-athnuaite, riosca suntasach do ghnólachtaí agus go bhféadfadh sé sin gnólachtaí a dhíspreagadh ó thairiscint a dhéanamh. Chun cinnteacht a sholáthar maidir le cás gnó tairisceana ceant, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sásra innéacsaithe boilscithe san áireamh i ngach ceant. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, tairiscintí diúltacha a eisiamh ó cheantanna toisc go bhféadfadh praghsanna fuinnimh arda gan choinne a bheith mar thoradh ar na tairiscintí sin do chustaiméirí an táirgthe fuinnimh in-athnuaite imscartha.***

(39) Mar a léirítear sa Teachtaireacht maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach, a foilsíodh an 1 Feabhra 2023, tá sciartha margaidh thionscal an Aontais faoi bhrú láidir, mar gheall ar fhóirdheontais i dtríú tíortha lena mbaintear an bonn ó chothrom iomaíochta. ***Tá roinnt tríú tíortha ag cur scéimeanna tacaíochta i bhfeidhm a bhfuil sé d'aidhm acu tionscal na teicneolaíochta glaine a dhaingniú agus a mhealladh. Leis an staid sin, cuirtear dúshlán iomaíoch ar fáil don Aontas a thionscal féin a chothabháil agus a fhorbairt.*** Fágann sé sin go bhfuil gá le freagairt thapa agus uaillmhianach ón Aontas maidir lena chreat dlíthiúil a

nuachóiriú ***chun dul san iomaíocht ar fud an domhain chun trádáil oscailte chóir a chosaint trí leas iomlán agus éifeachtúil a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil, lena n-áirítear ionstraimí cosanta trádála, agus trí chaighdeáin an Aontais maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun cinn.***

***(39a) I bhfianaise sprioc an Aontais spleáchais straitéiseacha ar thríú tíortha le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a laghdú, tá sé ríthábhachtach nach gcuirfidh sásraí tacaíochta poiblí, amhail soláthar agus ceantanna, leis na spleáchais sin. Dá bhrí sin, ba cheart teorainneacha a shocrú maidir le cion na dtáirgí i gconarthaí soláthair a fhaightear ó thríú tíortha, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] agus Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21]. Thairis sin, ba cheart Rialachán (AE) 2022/1031 agus Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] a úsáid a mhéid is féidir chun a áirithiú nach mbeidh iomaíocht éagórach roimh chuideachtaí an Aontais le haghaidh conarthaí poiblí.***

***(39b) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, tá gá le foinse thiomnaithe maoinithe phoiblí chun tacú leis na tionscadail a dhéantar dá bhun. Leis an gcistiú sin, ba cheart a áirithiú go mbeidh rochtain ag cuideachtaí ar fud an Aontais ar an gcistiú is gá, gan beann ar acmhainneachtaí fioscacha na mBallstát ina bhfuil an tionscadal le forbairt. Ní dhéantar foráil maidir leis sin i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 mar a comhaontaíodh in 2020. Tugann an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip 'STEP' aghaidh i bpáirt ar an tacaíocht is gá do thionscadail faoin Rialachán seo. Cé go mbraitheann STEP ar ath-chlársceidealú agus atreisiú na gclár atá ann cheana chun tacú le hinfheistíochtaí straitéiseacha, is gné thábhachtach é freisin chun indéantacht agus ullmhú idirghabhálacha nua a thástáil mar chéim i dtreo Ciste Eorpach Ceannasachta. Sa mheastóireacht ar STEP in 2025, déanfar measúnú ar ábharthacht na ngníomhaíochtaí a rinneadh agus beidh sí mar bhonn chun***

---

***[20] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).***

[21] ***Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).***

***[22] Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha a shaobhann an margadh inmheánach (IO L 330, 23.12.2022, lch. 1).***

***measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an tacaíocht d'earnálacha straitéiseacha a mhéadú.***

(40) Tá rochtain ar mhaoiniú ***poiblí agus príobháideach*** ríthábhachtach chun uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a áirithiú agus chun bonn monaraíochta daingean ***agus iomaíoch*** a bhunú le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus a slabhraí soláthair ar fud an Aontais. Tiocfaidh formhór na n-infheistíochtaí is gá chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach ó chaipiteal príobháideach, caipiteal a mhealltar le hacmhainneacht fáis an éiceachórais glan-nialasachta. Beidh margaí caipitil atá ag feidhmiú go maith, domhain agus comhtháthaithe ríthábhachtach, dá bhrí sin, chun na cistí is gá a thiomsú agus a threorú i dtreo an aistrithe ghlais agus na dtionscadal monaraíochta ***teicneolaíochta*** glan-nialasachta. Tá gá le dul chun cinn gasta i dtreo Aontas na Margaí Caipitil, dá bhrí sin, chun go bhféadfaidh an ***tAontas*** a chuspóirí glan-nialasachta a bhaint amach. Tá ról ríthábhachtach ag an gclár oibre airgeadais inbhuanaithe (agus ag an maoiniú cumaiscthe) freisin maidir le huas-scálú infheistíochtaí sna teicneolaíochtaí glan-nialasachta, agus iomaíochas na hearnála á ráthú an tráth céanna. ***Mar a léirítear sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Rialachán seo, is ionann na riachtanais infheistíochta agus thart ar EUR 92 bhilliún thar an tréimhse 2023-2030, le raon idir thart ar EUR 52 bhilliún agus thart ar EUR 119 mbilliún ag brath ar chásanna éagsúla, rud a d'fhágfadh go mbeadh riachtanais maoinithe phoiblí de EUR 16 go 18 mbilliún ann. Ós rud é nach gcuirtear san áireamh sa mheasúnú sin ach cúig theicneolaíocht shonracha, is dócha go mbeidh an gá le fíor-infheistíocht i bhfad níos airde.***

(41) I gcás nach bhfuil infheistíocht phríobháideach leordhóthanach ann féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht phoiblí i bhfoirm Státchabhrach ag teastáil chun tionscadail mhonaraíochta ghlan-nialasachta a rolladh amach go héifeachtach. Ní mór éifeacht dreasachta a bheith ag an gcabhair sin, ní mór gá a bheith leis an gcabhair agus ní mór di a bheith iomchuí agus comhréireach. Leis na treoirlínte maidir le Státchabhair atá ann cheana a ndearnadh athbhreithniú domhain orthu le déanaí i gcomhréir leis na cuspóirí dé-aistrithe, soláthraítear féidearthachtaí iomadúla chun tacú le hinfheistíochtaí le haghaidh tionscadail faoi raon feidhme an Rialacháin seo faoi réir coinníollacha áirithe. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag na Ballstáit maidir le rochtain ar mhaoiniú a éascú do thionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta

trí aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh trí thacaíocht spriocdhírithe Státchabhrach. Is é is aidhm don Chreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe, a glacadh an 9 Márta 2023, cothrom iomaíochta a áirithiú laistigh den mhargadh inmheánach, agus é dírithe ar na hearnálacha sin inar sainaithníodh riosca um dhí-comhchruinnithe tríú tír, agus atá comhréireach ó thaobh méideanna cabhrach de. Chuirfeadh sé ar a gcumas do na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le hinfheistíochtaí nua i saoráidí táirgthe in earnálacha straitéiseacha glan-nialasachta sainithe, lena n-áirítear trí shochair chánach. Féadfar méid na cabhrach atá ceadaithe a mhodhnú le déine cabhrach níos airde agus le huasteorainneacha níos airde ar mhéid na cabhrach má tá an infheistíocht lonnaithe i limistéir fóirithinte, chun rannchuidiú le sprioc an chóineasaithe idir na Ballstáit agus na réigiúin. Tá gá le coinníollacha iomchuí chun na rioscaí nithiúla a bhaineann le hatreorú na hinfheistíochta lasmuigh de Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a fhíorú mar aon le haon bhaol ann go n-athlonnófaí í laistigh de LEE ***agus chun ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint.*** Chun acmhainní náisiúnta a shlógadh chun na críche sin, féadfaidh na Ballstáit sciar d'ioncam ***Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE)*** a úsáid, ar sciar é nach mór do na Ballstáit a leithdháileadh chun críocha a bhaineann leis an aeráid.

***(41a)*** ***Ba cheart foinsí iomadúla maoiniúcháin a chur ar fáil go hiomlán amhail méideanna nár úsáideadh ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tacaíocht thiomnaithe ó Chiste AE don Nuálaíocht, scéimeanna maoinithe tiomnaithe ón mBanc Eorpach Infheistíochta, agus úsáid a bhaint, a mhéid is féidir, as cistí uile CAI nár úsáideadh fós. Ba cheart tuilleadh infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach a spreagadh trí ráthaíochtaí tiomnaithe Stáit, go háirithe a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí tionsclaíocha i dtionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta.***

(42) Tá roinnt clár cistiúcháin de chuid an Aontais ar fáil freisin, amhail an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, InvestEU, cláir bheartais chomhtháthaithe nó an Ciste don Nuálaíocht chun infheistíochtaí a chistiú i dtionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta.***Ní leor buiséad reatha an Aontais chun tacú le cuspóirí an Rialacháin sin nó chun cothrom iomaíochta a áirithiú idir na Ballstáit.***

***Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh san athbhreithniú ar CAI 2021-2027 do bhuiséad Eorpach atá oiriúnach dá fheidhm. I ndáil leis an méid sin, ba cheart do STEP acmhainní airgeadais breise a sholáthar atá tiomnaithe i bpáirt do thionscadail monaraíochta glan-nialasachta a rannchuidíonn le spleáchais straitéiseacha an Aontais a laghdú agus le hiomaíochas a thionscail.***

(43) Leis an Rialachán leasaithe maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta54, cuireadh EUR 20 billiún breise de thacaíocht neamh-inaisíoctha ar fáil do na Ballstáit chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus chun breoslaí iontaise a ionadú, trí thionscadail tionsclaíochta glan-nialasachta an Aontais, i measc nithe eile. Mar a luadh sa Treoraíocht ón gCoimisiún maidir le caibidlí REPowerEU, moltar do na Ballstáit bearta a chur san áireamh i gcaibidil REPowerEU dá bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, bearta lena dtacaítear le hinfheistíochtaí i monaraíocht teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus i nuálaíocht thionsclaíoch, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(43a) Leis an méadú ar phraghsanna CTA AE, tá méadú suntasach tagtha ar ioncaim ó CTA AE do na Ballstáit. Chun dícharbónú thionscal an Aontais a chur chun cinn, ba cheart do na Ballstáit méadú suntasach a dhéanamh ar a leithdháileadh ioncaim náisiúnta a eascraíonn as CTA AE chun tacú le dícharbónú an tionscail agus, dá bhrí sin, ba cheart dóibh 25 % ar a laghad dá n-ioncam náisiúnta a eascraíonn ***as CTA AE a leithdháileadh chun tacú le cuspóirí an Rialacháin seo***.

(44) Is é clár InvestEU clár suaitheanta ***an Aontais*** chun borradh a chur faoin infheistíocht, go háirithe maidir leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, trí mhaoiniú agus cúnamh teicniúil a chur ar fáil, mar shampla trí shásraí measctha. Rannchuidíonn cur chuige den sórt sin chun caipiteal poiblí agus príobháideach breise a phlódú isteach. Thairis sin, moltar do na Ballstáit rannchuidiú le hurrann Bhallstáit InvestEU chun tacú le táirgí airgeadais atá ar fáil do mhonaraíocht teicneolaíochta glan-nialasachta, gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair.

(45) Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a sholáthar ó chláir an bheartais chomhtháthaithe i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoi Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun glacadh tionscadal straitéiseach glan-nialasachta a spreagadh ***chomh maith le tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-***

***nialasachta sna réigiúin ar fad, go háirithe*** i réigiúin bheagfhorbartha**,** i réigiúin trasdula agus ***i gcríocha an Chiste um Aistriú Cóir***, trí phacáistí infheistíochta bonneagair, infheistíocht tháirgiúil sa nuálaíocht, acmhainneacht mhonaraíochta FBManna, seirbhísí, beart oiliúna agus uas-scilithe, lena n-áirítear tacaíocht maidir le tógáil acmhainneachta na n-údarás poiblí agus na dtionscnóirí. D'fhéadfadh sé go mbeadh na rátaí cómhaoinithe is infheidhme arna socrú i gcláir suas le 85 % maidir le réigiúin bheagfhorbartha agus suas le 60 % nó 70 % maidir le réigiúin trasdula ag brath ar an gciste lena mbaineann agus stádas an réigiúin ach féadfaidh na Ballstáit na huasteorainneacha sin a shárú ar leibhéal an tionscadail lena mbaineann, i gcás inarb indéanta faoi na rialacha maidir le Státchabhair. Leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, is féidir cabhrú leis na Ballstáit agus le réigiúin straitéisí fáis glan-nialasachta a ullmhú, timpeallacht an ghnó a fheabhsú, rómhaorlathas a laghdú agus dlús a chur le ceadú. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun inbhuanaitheacht tionscadal▌ glan-nialasachta a chur chun cinn trí na hinfheistíochtaí sin a leabú i slabhraí luacha Eorpacha, go sonrach trína bheith ag tógáil ar líonraí comhair idir-réigiúnacha agus trasteorann. ***Ba cheart glacadh beart den sórt sin a mheas go háirithe maidir le Gleannta.***

(46) Leis an gCiste don Nuálaíocht, freisin, soláthraítear bealach a bhfuil gealladh faoi agus atá éifeachtúil ó thaobh costais de chun tacú le huas-scálú monaraíochta agus le himscaradh hidrigine ***glaine*** in-athnuaite agus teicneolaíochtaí glan-nialasachta eile san Eoraip, rud a threisíonn ceannasacht na hEorpa i bpríomhtheicneolaíochtaí don ghníomhú ar son na haeráide agus don tslándáil fuinnimh.

(47) Le Ciste Eorpach Ceannasachta, bheadh freagra struchtúrach ar fáil ar na riachtanais infheistíochta. Chabhródh sé chun buntáiste Eorpach a chaomhnú maidir le teicneolaíochtaí criticiúla agus le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasachta. Cuirfidh an ionstraim struchtúrach sin leis an taithí a fuarthas ar thionscadail iltíre chomhordaithe faoi IPCEInna agus féachfaidh sí le rochtain na mBallstát uile ar thionscadail den sórt sin a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin déanfar comhtháthú agus an Margadh Aonair a chosaint ar rioscaí a eascraíonn as infhaighteacht éagothrom Státchabhrach. ***Is féidir [Rialachán STEP] a mheas mar chéim i dtreo Ciste Eorpach Ceannasachta a bhunú a d'fhéadfadh rannchuidiú le***

***beartas tionsclaíoch Eorpach a mhúnlú agus a neartú trí mhaoiniú méadaithe a chur ar fáil do thionscal na hEorpa sa CAI tar éis 2027.***

(48) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit, chun na srianta a bhaineann leis na hiarrachtaí ilroinnte atá ann faoi láthair maidir le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a shárú, agus chun comhtháthú agus toradh ar infheistíocht a éascú, ba cheart dóibh sineirgí a chruthú idir na cláir chistiúcháin atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chomh maith le comhordú agus comhoibriú níos fearr a áirithiú le lucht tionscail agus le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach. Tá ról lárnach ag an Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa chun léargas cuimsitheach a fhorbairt ar na deiseanna cistiúcháin ábhartha atá ar fáil agus chun plé a dhéanamh***agus tacaíocht a chomhordú*** ar riachtanais maoinithe aonair na dtionscadal straitéiseach glan-nialasachta. ***Ba cheart gurb iad na tionscadail a bheidh le plé na cinn a chuirfidh Ballstát nó an Coimisiún ar aghaidh.***

(49) D'fhonn tionscadail

monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta agus/nó tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a imscaradh nó a leathnú a luaithe is féidir ***chun rannchuidiú le*** cinnteacht sholáthar an Aontais le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta, tá sé tábhachtach cinnteacht pleanála agus infheistíochta a chruthú tríd an ualach riaracháin ar thionscnóirí tionscadail a choinneáil chomh híseal agus is féidir, ***gan dochar d'ardchaighdeáin chomhshaoil agus shóisialta an Aontais***. Chuige sin, ba cheart próisis deonaithe ceadanna na mBallstát le haghaidh tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta ***agus tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta*** a chuíchóiriú, agus a áirithiú an tráth céanna go mbeidh na tionscadail sin sábháilte, slán, feidhmiúil ó thaobh an chomhshaoil de, agus go gcomhlíonfaidh siad ceanglais chomhshaoil, shóisialta agus sábháilteachta. Leagtar síos i reachtaíocht chomhshaoil an Aontais coinníollacha comhchoiteanna le haghaidh próiseáil agus ábhar na bpróiseas deonaithe ceadanna náisiúnta, agus áirithítear ar an gcaoi sin ardleibhéal cosanta don chomhshaol. ▌.

(50) An tráth céanna, de dheasca dhothuarthacht, chastacht agus, anois agus arís, fhad iomarcach na bpróiseas deonaithe ceadanna náisiúnta, déantar dochar don tslándáil infheistíochta is gá chun tionscadail monaraíochta ***teicneolaíochta*** glan-nialasachta a

fhorbairt go héifeachtach. Dá bhrí sin, chun a gcur chun feidhme éifeachtach a áirithiú agus dlús a chur leis, ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta ceadúcháin a chur i bhfeidhm atá cuíchóirithe agus intuartha. Ina theannta sin, ba cheart stádas tosaíochta ar an leibhéal náisiúnta a thabhairt do thionscadail ***straitéiseacha*** teicneolaíochta glan-nialasachta chun cóireáil mhear riaracháin agus cóireáil phráinneach a áirithiú i ngach nós imeachta breithiúnach nó réitithe díospóide a bhaineann leo ▌***.Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit nuálaíocht beartais sa réimse seo a mheas. Chun a áirithiú gur féidir tús áite a thabhairt do thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh trealamh agus foireann leordhóthanach ag na húdaráis inniúla.***

(51) I bhfianaise an róil atá acu slándáil soláthair an Aontais maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta a áirithiú, agus i bhfianaise a mhéid a rannchuidíonn siad le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais agus leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, ba cheart do na húdaráis cheadúnúcháin fhreagracha a mheas go bhfuil tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta chun leas an phobail. Bunaithe ar mheasúnú de réir an cháis, féadfaidh údarás ceadúcháin atá freagrach a chinneadh go sáraíonn an leas poiblí ar a bhfuil an tionscadal ag freastal na leasa poiblí a bhaineann leis an dúlra agus le cosaint an chomhshaoil agus, dá réir sin, go bhféadfar an tionscadal a cheadú, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha ábhartha uile a leagtar amach i dTreoir 2000/60/CE ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[23], Treoir 92/43/CEE ***ón gComhairle***[24] agus Treoir 2009/147/CE ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[25].

(52) Chun castacht a laghdú agus éifeachtúlacht agus trédhearcacht a mhéadú, ba cheart do thionscnóirí tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta, lena n-áirítear ***tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta*** a bheith in ann idirghníomhú le húdarás náisiúnta aonair atá freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna ina iomláine a chomhordú agus as cinneadh cuimsitheach a eisiúint laistigh den teorainn ama is infheidhme. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta aonair a

---

[23] ***Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).***
[24] ***Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).***
[25] ***Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).***

ainmniú ***(údarás ainmnithe) nó a bhunú***. Ag brath ar eagrúchán inmheánach Ballstáit, ba cheart a bheith in ann cúraimí na n-údarás inniúil ▌ a tharmligean chuig údarás eile, faoi réir na gcoinníollacha céanna. ***Chun an t-ardleibhéal grinnscrúdaithe feadh an phróisis cheadaithe a ráthú, agus*** chun cur chun feidhme éifeachtach freagrachtaí na mBallstát a áirithiú, ba cheart dóibh pearsanra agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar dá n-údarás ▌ inniúil, nó d'aon údarás atá ag gníomhú thar a gceann.

***(52a)*** ***Ba cheart do na Ballstáit a bheith freagrach as Tionscadail Straitéiseacha Ghlan-Nialasachta a roghnú chun breithnithe straitéiseacha a cheadú, go háirithe a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na PNFAnna. Mar sin féin, chun a áirithiú go bhfónann na tionscadail do leas coiteann an Aontais freisin, lena n-áirítear leasanna buiséadacha an Aontais, ba cheart an t-údarás a bheith ag an gCoimisiún agóid a dhéanamh i gcoinne cinneadh ó Bhallstát tionscadal a ainmniú mar Thionscadal Straitéiseach. I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún agóid i gcoinne ainmniúcháin, ba cheart an tionscadal a thabhairt chuig an Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa. Ba cheart don Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa an cinneadh deiridh a dhéanamh maidir le stádas an tionscadail.***

(53) Chun soiléireacht a áirithiú maidir le stádas ceadaithe tionscadal ***monaraíochta teicneolaíochta*** glan-nialasachta agus tionscadal straitéiseach ghlan-nialasachta agus chun teorainn a chur le héifeachtacht dlíthíochta mí-úsáidí a d'fhéadfadh a bheith ann, agus gan an bonn a bhaint d'athbhreithniú breithiúnach éifeachtach an tráth céanna, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go réiteofar aon díospóid a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna ar bhealach tráthúil. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla náisiúnta a áirithiú go mbeidh rochtain ag iarratasóirí agus ag tionscnóirí tionscadail ar nós imeachta simplí um réiteach díospóidí agus go dtabharfar cóir phráinneach do na tionscadail ***sin*** i ngach nós imeachta breithiúnach agus réitigh díospóide a bhaineann leo agus urraim do chearta na cosanta á háirithiú an tráth céanna.

(54) Chun go mbeidh gnólachtaí agus tionscnóirí tionscadail, lena n-áirítear le haghaidh tionscadail trasteorann, in ann tairbhe dhíreach a bhaint as tairbhí an mhargaidh inmheánaigh gan ualach riaracháin breise nach bhfuil gá leis a thabhú, déantar foráil i Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] maidir le

[26] **Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí**

rialacha ginearálta chun nósanna imeachta atá ábhartha d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a sholáthar ar líne. An fhaisnéis is gá a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil náisiúnta mar chuid de na próisis deonaithe ceadanna a chumhdaítear leis an Rialachán seo, déanfar í a chumhdach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724 tar éis a leasaithe leis an Rialachán seo, agus tá na nósanna imeachta gaolmhara san áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann leis chun a áirithiú gur féidir le tionscnóirí tionscadail tairbhe a bhaint as nósanna imeachta atá ar líne ina n-iomláine agus as an gCóras Teicniúil Aonuaire. Tá údaráis ainmnithe ▌ atá ag gníomhú mar ionad ilfhreastail de bhun an Rialacháin seo san áireamh i liosta na seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna in Iarscríbhinn III de Rialachán (AE) 2018/1724.

(55) Bíonn nósanna imeachta ceadúcháin fada casta, idir 2-7 mbliana, ag tionscadail monaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta, ag brath ar an mBallstát, ar an teicneolaíocht agus ar an deighleog sa slabhra luacha. I bhfianaise mhéid na n-infheistíochtaí is gá – go háirithe i gcás tionscadail de mhéid gigighmhonarchan atá ag teastáil chun na barainneachtaí scála a bhfuil coinne leo a bhaint amach – le ceadú easnamhach cruthaítear bacainn bhreise, bacainn lena ndéantar dochar de ghnáth, chun acmhainneacht monaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta a mhéadú san Aontas. Chun an tslándáil agus an tsoiléireacht is gá a sholáthar do thionscnóirí tionscadail agus d'infheisteoirí eile chun forbairt tionscadal monaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach dtéann an próiseas deonaithe ceadanna a bhaineann le tionscadail den sórt sin thar theorainneacha ama réamhshocraithe. I gcás ***Tionscadal Straitéiseach Glan-nialasachta***, níor cheart fad an phróisis deonaithe ceadanna a bheith níos faide ná 9 mí i gcás saoráidí a bhfuil aschur táirgeachta bliantúil níos mó ná 1 GW acu agus 6 mí i gcás saoráidí a bhfuil aschur táirgeachta bliantúil níos lú ná 1 GW acu. I gcás ▌ tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta eile, níor cheart fad an phróisis deonaithe ceadanna a bheith níos faide ná ***12*** mhí i gcás saoráidí a bhfuil aschur táirgeachta bliantúil níos mó ná 1 GW acu agus ***9*** mí i gcás saoráidí a bhfuil aschur táirgeachta bliantúil níos lú ná 1 GW acu. I gcás teicneolaíochtaí glan-nialasachta nach bhfuil méadracht GW ábhartha ina leith, amhail eangacha leictreachais agus teicneolaíochtaí ▌CCS ▌ nó

---

**cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (*IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).***

▌CCU▌, ba cheart feidhm a bheith ag uasteorainneacha na sprioc-amanna thuasluaite. Chun na línte táirgeachta atá ann cheana a mhéadú, ba cheart gach ceann de na teorainneacha ama thuasluaite a laghdú faoina leath.

(56) Thairis sin, i bhfianaise na tábhachta a bhaineann le ***tionscadail monaraíochta teicneolaíochta*** agus ***tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta*** maidir le soláthar fuinnimh an Aontais, ba cheart deireadh a chur go páirteach le sraith srianta riaracháin nó iad a shimpliú chun dlús a chur lena gcur chun feidhme.

(57) Na measúnuithe agus na húdaruithe comhshaoil a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear i ndáil le huisce, aer, éiceachórais, gnáthóga, bithéagsúlacht agus éin, is cuid lárnach iad den nós imeachta deonaithe ceadanna maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus is coimirce riachtanach iad chun a áirithiú go ndéanfar tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a chosc nó a íoslaghdú. Mar sin féin, chun a áirithiú go mbeidh na nósanna imeachta deonaithe ceadanna maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta intuartha agus tráthúil, ba cheart aon acmhainneacht chun na measúnuithe agus na húdaruithe is gá a chuíchóiriú, agus sin gan leibhéal na cosanta comhshaoil a ísliú an tráth céanna, a bhaint amach. I ndáil leis sin, ba cheart a áirithiú go mbeidh na measúnuithe is gá cuachta chun forluí neamhriachtanach a chosc agus ba cheart a áirithiú go dtiocfaidh tionscnóirí tionscadail agus údaráis fhreagracha ar chomhaontú go sainráite maidir le raon feidhme an mheasúnaithe chuachta sula ndéanfar an measúnú ionas nach ndéanfar beart leantach nach bhfuil gá leis.

(58) Is féidir le coinbhleachtaí úsáide talún bacainní a chruthú maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur in úsáid. Pleananna atá deartha go maith, lena n-áirítear pleananna spásúla agus criosaithe, lena gcuirtear san áireamh an acmhainneacht chun tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun feidhme agus a ndéantar measúnú ar a dtionchar ar an gcomhshaol, tá an acmhainneacht ag na pleananna sin cabhrú le hearraí agus leasanna poiblí a chothromú, an poitéinseal coinbhleachta a laghdú agus dlús a chur le cur in úsáid inbhuanaithe tionscadal monaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart d’údaráis fhreagracha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla breithniú a dhéanamh

ar fhorálacha maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur san áireamh agus pleananna ábhartha á bhforbairt acu.

(59) Déanfar sonraí agus seirbhísí spáis arna ndíorthú ó Chlár Spáis an Aontais, agus go háirithe Copernicus, a úsáid a mhéid is féidir chun faisnéis a sholáthar maidir le geolaíocht, bitheolaíocht, éiceolaíocht, forbairt shocheacnamaíoch, agus infhaighteacht acmhainní le haghaidh na measúnuithe agus na húdaruithe comhshaoil; sonraí agus seirbhísí den sórt agus, go háirithe, acmhainneacht faireacháin agus fíorúcháin astaíochtaí $CO_2$ antrapaigineacha Copernicus, is iad sin na sonraí agus na seirbhísí is ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na dtionscadal tionsclaíoch agus ar thionchar na linnte $CO_2$ antrapaigineacha ar thiúchain agus ar fhloscanna gáis ceaptha teasa domhanda.

(60) Ba cheart don Choimisiún, mar a fhoráiltear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[27], a iarraidh ar eagraíocht Eorpach um chaighdeánú amháin nó níos mó caighdeáin Eorpacha a dhréachtú chun tacú le cuspóirí an Rialacháin seo.

(61) Tá ról tábhachtacha ag Gleannta Hidrigine a bhfuil feidhmeanna úsáide deiridh tionsclaíocha acu maidir leis na tionscal dianfhuinnimh a dhícharbónú. Leag REPowerEU síos an cuspóir líon na nGleannta Hidrigine san Aontais a dhúbailt. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit dlús a chur le deiseanna trialacha rialála agus iad a mheas agus tosaíocht a thabhairt do rochtain ar chistiú. Chun athléimneacht an tionscail ghlan-nialasachta a neartú, ba cheart do na Ballstáit idirnascadh na nGleannta Hidrigine a áirithiú thar theorainneacha an Aontais. Ba cheart suiteálacha tionsclaíocha a tháirgeann a gcuid fuinnimh féin, agus a rannchuidíonn go dearfach le táirgeadh leictreachais, ba cheart iad a spreagadh chun rannchuidiú leis an eangach chliste fuinnimh mar tháirgeoirí fuinnimh trí cheanglais rialála a shimpliú.

(62) Is féidir le deiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta a bheith ina n-

---

[27] ***Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).***

uirlis thábhachtach chun nuálaíocht a chur chun cinn i réimse na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta agus na foghlama rialála. Ní mór an nuálaíocht a chumasú trí spásanna turgnamhaíochta ós rud é gur gá torthaí eolaíocha a thástáil i bhfíorthimpeallacht rialaithe. Ba cheart deiseanna trialacha rialála a thabhairt isteach chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha ***agus teicneolaíochtaí nuálacha eile*** a thástáil i dtimpeallacht rialaithe ar feadh tréimhse teoranta ama. Is iomchuí cothromaíocht a bhaint amach idir an gcinnteacht dhlíthiúil do rannpháirtithe sna deiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta agus baint amach chuspóirí dhlí an Aontais. Ós rud é nach mór do dheiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta na ceanglais riachtanacha maidir le teicneolaíocht ghlan-nialasachta a leagtar amach i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta a chomhlíonadh, is iomchuí foráil a dhéanamh nach mbeidh rannpháirtithe faoi réir aon fhíneáil riaracháin nó pionós riaracháin, ar rannpháirtithe iad a chomhlíonfaidh na ceanglais incháilithe do dheiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta agus a leanfaidh, de mheon macánta, an treoraíocht arna tabhairt ag na húdaráis inniúla agus na téarmaí agus na coinníollacha de chuid an phlean a comhaontaíodh leis na húdaráis sin. Tá údar leis sin ós rud é go n-áiritheofar leis na coimircí atá i bhfeidhm, i bprionsabal, go gcomhlíonfar go héifeachtach dlí an Aontais nó dlí na mBallstát maidir leis an teicneolaíocht ghlan-nialasachta a ndéantar maoirseacht uirthi sna deiseanna trialacha rialála. Foilseoidh an Coimisiún doiciméad um Threoraíocht maidir le Deiseanna Trialacha in 2023 mar a fógraíodh sa Chlár Oibre Eorpach um Nuálaíocht nua chun tacú leis na Ballstáit na deiseanna trialacha teicneolaíochta glan-nialasachta. D’fhéadfadh sé go mbeadh na teicneolaíochtaí nuálacha sin bunriachtanach faoi dheireadh chun cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach, chun slándáil an tsoláthair fuinnimh agus athléimneacht córas fuinnimh an Aontais a áirithiú, agus, dá réir sin, chun dul faoi réir raon feidhme na dteicneolaíochtaí ▌ glan-nialasachta.

(63) Déantar tagarmharc foriomlán agus cuspóirí táscacha a chur chun cinn maidir le monaraíocht táirgí teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas ***chun iomaíochas tionsclaíoch domhanda an Aontais a fheabhsú agus***chun cabhrú le dul i ngleic le spleáchas ar allmhairí agus ábhair imní leochaileachta agus chun a áirithiú go mbainfear amach spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais.

(64) ***Ceann de phríomhchuspóirí bheartas tionsclaíoch an Aontais is ea an t-aistriú glas***

***agus an t-aistriú digiteach a chumasú agus, ag an am céanna, fás inbhuanaithe agus iomaíochas an Aontais a chaomhnú, poist ardcháilíochta a chothabháil agus a chumas nuálaíochta agus táirgthe a neartú, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí glana.*** Tá gá mór le hoibrithe oilte breise chun tionscail teicneolaíochtaí glan-nialasachta na hEorpa a uas-scálú ***mar aon le huathriail straitéiseach oscailte na hEorpa a áirithiú***, rud a thugann le tuiscint riachtanais infheistíochta maidir le hathsciliú agus uas-sciliú, lena n-áirítear i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna. ***Go sonrach***, éileoidh an t-aistriú fuinnimh méadú suntasach ar líon na n-oibrithe oilte i raon earnálacha, lena n-áirítear fuinneamh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, ***teicneolaíochtaí eangaí, táirgeadh ceallraí chomh maith le réitigh TF nó chliste le haghaidh barrfheabhsú agus bainistiú córas fuinnimh, agus teicneolaíochtaí eile dícharbónaithe tionsclaíocha***. ***De réir staidéar, d'fhéadfadh an geilleagar ciorclach rannchuidiú le thart ar 700 000 post a chruthú san Aontas Eorpach amháin faoi 2030[28]. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, poist i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a dhéanamh tarraingteach agus inrochtana, go háirithe gairmeacha teicniúla lena n-áirítear trí fheachtais faisnéise de chuid an Aontais chun an t-oideachas teicniúil agus an gairmoideachas a chur chun cinn, chomh maith le poist a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach, bainistiú acmhainní agus claochlú tionsclaíoch agus dícharbónú i gcoitinne. Ina theannta sin, is gá dul i ngleic leis an neamhréir atá ann faoi láthair idir scileanna oibrithe an Aontais agus riachtanais na gcuideachtaí.*** Meastar go mbeidh gá le 180 000 oibrí, teicneoir agus innealtóir oilte san fho-earnáil hidrigine breosla-chille sa mhonaraíocht, agus san fho-earnáil sin amháin, faoi 2030, de réir Phlean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh de chuid an Choimisiúin[29]. In earnáil an ghrianfhuinnimh fhótavoltaigh, bheadh gá le suas le 66 000 post sa mhonaraíocht agus sin sa mhonaraíocht amháin. ***Ina theannta sin, in éagmais cláir oideachais lena gcuirtear chun cinn na scileanna is gá le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta, rud a***

[28] ***Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2021 maidir le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach (2020/2077(INI)) (IO C 465, 17.11.2021, lch. 11)***

[29] ***An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Plean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh, Oifig na bhFoilseachán, 2019, https://data.europa.eu/doi/10.2777/04888.***

***chruthaíonn ganntanas fostaithe oilte agus easpa tuisceana laistigh den riarachán áitiúil i réigiúin áirithe den Aontas, d'fhéadfaí bac suntasach a chur ar fhorbairt thionsclaíoch inbhuanaithe.***

(65) Ós rud é nach mbeidh sé indéanta cumas monaraíochta príomhtheicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas a neartú gan lucht saothair oilte mór, is gá bearta a thabhairt isteach chun dlús a chur le ***comhtháthú*** níos mó daoine i margadh an tsaothair, ***agus chun na tionscail agus na gairmeacha teicniúla lena mbaineann an Rialachán seo a dhéanamh níos tarraingtí, go háirithe*** do mhná ***ós rud é go bhfuil an chothromaíocht inscne i bhfad ó bheith bainte amach i ngairmeacha atá dírithe ar an teicneolaíocht, agus do dhaoine óga*** lena n-áirítear trí chineálacha cur chuige scileanna mar chomhlánú ar earcaíocht ar bhonn cáilíochtaí. ***Ina theannta sin, ba cheart díriú ar oibrithe ó thríú tíortha freisin toisc nach meallann an tAontas ach sciar beag d'imircigh cháilithe.*** Sa bhreis air sin, i gcomhréir le cuspóirí an Mholta ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, tá tábhacht le tacaíocht shonrach d'aistriú ó phost go post ***agus d'fhonn tús áite a thabhairt don fhoghlaim agus oiliúint ar feadh an tsaoil*** d'oibrithe in earnálacha iomarcacha agus in earnálacha atá ag meath. Is éard atá i gceist leis sin infheistíocht a dhéanamh i scileanna ***do chách, agus cur chuige spriocdhírithe a bheith ann, ag an am céanna, i leith grúpaí leochaileacha. Áirítear leis sin grúpaí de dhaoine nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna), oibrithe imirceacha atá ina gcónaí go dleathach chomh maith le daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair, a bhfuil rochtain theoranta acu ar dheiseanna oiliúna nó a bhfuil poist acu, ar poist iad atá i mbaol dul ar iarraidh nó a bhfuil a n-ábhar agus a gcúraimí á gclaochlú go mór ag teicneolaíochtaí nua, go háirithe i réigiúin a ndéanann tionchar an aistrithe i dtreo spriocanna 2030 an Aontais de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[30] ***agus Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 difear dóibh. Ba cheart gurb é an cuspóir deiridh*** poist ardcháilíochta ***a chruthú a*** theastaíonn le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas ***i gcomhréir leis na spriocanna maidir le fostaíocht agus oiliúint Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear pá***

[30] ***Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. ).***

***cothrom agus leormhaith, feabhas a chur ar dhálaí maireachtála agus oibre de bhun Threoir (AE)2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], rochtain ar chosaint shóisialta, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, dálaí maithe oibre in ionaid oibre atá sábháilte agus sláintiúil, chomh maith le cearta cómhargála. Go deimhin, is uirlisí tábhachtacha iad uas-sciliú agus athsciliú ach ní ráthaíonn siad poist ardcháilíochta. D'fhéadfadh ganntanas lucht saothair a bheith mar thoradh ar phá íseal, poist neamhtharraingteacha, drochdhálaí oibre, agus easpa infheistíochta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint. Is gnéithe tábhachtacha iad freisin aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus feabhas a chur ar cháilíocht na bpost in earnálacha agus i gcuideachtaí a bhfuil drochdhálaí oibre acu chun oibrithe a mhealladh agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist imirce daoine oilte, rud a fhágann go dtagann méadú ar neamhionannais idir réigiúin, go bhfuil forbairt éagothrom ann agus go bhfuil cumas éagothrom ann an nuálaíocht a spreagadh agus poist ardcháilíochta a chruthú.*** Ag cur leis na tionscnaimh atá ann cheana, amhail an Comhshocrú AE do Scileanna, gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais maidir le faisnéis agus réamhaisnéis scileanna, amhail an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna, ***Eurofound*** agus an tÚdarás Eorpach Saothair, agus na Treoirphleananna um chomhar earnála maidir le scileanna, is é an cuspóir atá ann na gníomhaithe uile a shlógadh: udaráis na mBallstát, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, soláthraithe oideachais agus oiliúna ***lena n-áirítear ollscoileanna, ollscoileanna taighde, ollscoileanna um eolaíocht fheidhmeach agus comhghuaillíochtaí ollscoile, mar aon le*** comhpháirtithe sóisialta agus lucht tionscail, FBManna, ***gnólachtaí nuathionscanta, agus fiontair shóisialta*** chun riachtanais scileanna a shainaithint, cláir oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus iad a chur in úsáid ar mórscála ar bhealach tapa agus oibríochtúil. Tá ról lárnach ag tionscadail straitéiseacha ***ghlan-nialasachta*** i ndáil leis sin. ***Ba cheart*** do na Ballstáit agus don Choimisiún tacaíocht airgeadais a áirithiú ***chun a dtionchar agus a bhfor-rochtain a chur in úsáid*** trí leas a bhaint as féidearthachtaí bhuiséad an Aontais trí ionstraimí amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, ***InvestEU***, an Ciste um Aistriú Cóir, Cistí Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an

---

[31] ***Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach ((IO L 275, 25.10.2022, lch. 33).***

Ciste don Nuachóiriú, REPowerEU agus Clár an Mhargaidh Aonair.

(66) Ag tógáil ***ar thionscnaimh áitiúla agus réigiúnacha agus*** ar thaithí roimhe seo, amhail ***moil le haghaidh forbairt scileanna***, Comhshocrú AE do Scileanna agus Comhghuaillíocht Ceallraí an Aontais, nó an ***Chomhghuaillíocht Fuinnimh In-athnuaite Eischósta, na*** hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta, ***ar líonra saineolaithe ábhartha iad (na hAcadaimh),*** ba cheart dóibh ábhar oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus a chur in úsáid chun oibrithe a theastaíonn le haghaidh príomhshlabhraí luacha teicneolaíochta glan-nialasachta a uas-sciliú agus a athsciliú, amhail teicneolaíochtaí fótavoltacha agus teirmeacha gréine, ***fuinneamh in-athnuaite muirí,*** teicneolaíochtaí hidrigine in-athnuaite agus amhábhair, ***agus CCU***. ***Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit raon feidhme agus líon*** na nAcadamh ***a chinneadh faoi chuimsiú an Ardáin um Ghlan-nialasachta ar bhonn na staidéar atá ann cheana agus staidéir oibiachtúla i gcomhréir le prionsabal na neodrachta teicneolaíche agus bunaithe ar chleachtadh mapála ar riachtanais reatha agus riachtanais réamh-mheasta i dtionscail ghlan-nialasachta, lena n-áirítear i réigiúin atá i mbun aistriú. Ba cheart don chleachtadh mapála sin faisnéis a sholáthar faoi ghanntanais scileanna atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn i bpríomhthionscail ghlan-nialasachta ar fud an Aontais agus faoin gcaoi a gcuirtear deiseanna oiliúna ar fáil i dtionscail den sórt sin. Leis an gcleachtadh mapála, ba cheart anailís a dhéanamh freisin ar bhunchúis scileanna agus ar ghanntanais lucht saothair, go háirithe i ndáil le cáilíocht na tairisceana poist i dtionscail ghlan-nialasachta, amhail trí mheasúnú a dhéanamh ar dhálaí oibre agus ar chumhdach na cómhargála. Ina theannta sin, bunaithe ar thorthaí an chleachtaidh mhapála agus na staidéar atá ann cheana agus i gcomhairle leis an Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa, ba cheart don Choimisiún glao ar thograí a eisiúint chun acadamh a sheoladh i dteicneolaíocht ar leith nuair a shainaithnítear go bhfuil ganntanas criticiúil scileanna ann i ndáil le teicneolaíocht ghlan-nialasachta (Acadamh). Ba cheart síolchistiú an Aontais a chur ar fáil chun na hAcadaimh a chur ar bun agus chun gur féidir leo feidhmiú d'fhonn iad a bheith inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de*** 3 bliana ***tar éis*** a mbunaithe ***trí ranníocaíochtaí airgeadais a fháil ón earnáil phríobháideach. Tá gá le rialachas láidir chun go mbeidh na hAcadaimh ag feidhmiú chomh tapa agus is féidir chun cláir oiliúna a fhorbairt i***

***dteicneolaíochtaí glan-nialasachta.*** Ba cheart ***go ndéanfaí é sin gan dochar don ról cinntitheach is féidir a bheith ag*** comhpháirtithe sóisialta ***agus ag ollscoileanna maidir le*** hAcadaimh ***den sórt sin a chruthú, amhail i gcás na Comhghuaillíochta Ceallraí.*** Ba cheart ***an ról atá ag comhghuaillíochtaí idirnáisiúnta agus idirdhisciplíneacha ollscoile, amhail Transform4Europe, a mheas go háirithe chun caighdeáin níos aontaithe agus níos comhchoitinne a bhaint amach i ngníomhaíochtaí*** oiliúna ***agus athscilithe nó uas-scilithe. Go ginearálta,*** ba cheart ***tosaíocht a thabhairt freisin d'úsáid bonneagar taighde agus teagaisc atá ann cheana.***

***(66a)*** ***Ba cheart go mbeadh sé ar cheann d'aidhmeanna na nAcadamh rannchuidiú le hationsclú agus dícharbónú an Aontais agus lena uathriail straitéiseach oscailte. Ba cheart do na hAcadaimh aghaidh a thabhairt freisin ar an ngá atá le teicneolaíochtaí glan-nialasachta ag a bhfuil ardchaighdeáin shóisialta agus aeráide a tháirgtear san Aontas. Ba cheart na hAcadaimh a bhunú faoin 31 Nollaig 2024 agus ba cheart dóibh ábhar foghlama a sholáthar san oiread teangacha de chuid institiúidí an Aontais agus is féidir, agus é mar aidhm cothromaíocht gheografach a bhaint amach ar fud na mBallstát. Faoin 31 Nollaig 2025, ba cheart dóibh tosú ar ábhar foghlama tosaigh a scaipeadh ar sholáthraithe ábhartha oideachais agus oiliúna sna Ballstáit, amhail ollscoileanna, ollscoileanna taighde, ollscoileanna um eolaíochtaí feidhmeacha agus comhghuaillíochtaí ollscoile, gnóthais a chuireann oideachas agus oiliúint den sórt sin ar fáil, lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus fiontair shóisialta, comhpháirtithe sóisialta agus oiliúnóirí oiliúna. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na hAcadaimh oiliúint agus oideachas 100 000 foghlaimeoir a chumasú in aghaidh an acadaimh, laistigh de 3 bliana ó bhunaítear iad, agus méid na nganntanas scileanna sainaitheanta á chur san áireamh, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le héagsúlacht i líon na bhfoghlaimeoirí in aghaidh an Acadaimh. Ba cheart do na hAcadaimh rannchuidiú le hinfhaighteacht na scileanna is gá do na teicneolaíochtaí glan-nialasachta, lena n-áirítear FBManna. Ba cheart cláir foghlama atá ann cheana agus a forbraíodh faoi chuimsiú an Chomhshocraithe áitiúil do Scileanna agus na n-ionad barr feabhais gairmiúil a chur san áireamh san ábhar foghlama agus ba cheart go ndíreofaí leis ar gach leibhéal oideachais***

*agus cáilíochta agus ar gach oibrí, lena n-áirítear printísigh, feadh an tslabhra luacha sna hearnálacha lena mbaineann ina gcuirtear gach céim thionsclaíoch i ndiaidh a chéile san áireamh, ó dhearadh an táirge (nó na seirbhíse), go dtí céim na monaraíochta, lena n-áirítear athchúrsáil agus athúsáid ábhar, trína ndéantar na gairmeacha éagsúla uile ar fud an tslabhra luacha a mheas. Ba cheart modúil foghlama ina bhfuil faisnéis ábhartha faoi shláinte agus sábháilteacht ag an obair do gach teicneolaíocht shonrach a áireamh san ábhar sin chomh maith le faisnéis ábhartha ghinearálta maidir le cearta oibrithe agus dálaí oibre, lena n-áirítear maidir le ham oibre agus cearta oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin. D'fhéadfadh soláthraithe oideachais agus oiliúna an t-ábhar sin a choigeartú tuilleadh, i gcás inarb ábhartha, don dlí náisiúnta, do chomhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme agus do shainiúlachtaí críochacha agus earnála. Ba cheart an t-ábhar foghlama a dhíriú freisin ar fhostaithe i riaracháin náisiúnta agus áitiúla (go háirithe atá freagrach as ceadú, measúnú tionchair agus rialacháin teicneolaíochtaí nua), rud a chuirfeadh le fothú acmhainneachta i measc riaracháin náisiúnta agus le laghdú ar éagothromaíochtaí i measc na mBallstát.*

*(66b) Ba cheart do na Ballstáit an t-ábhar foghlama arna fhorbairt ag na hAcadaimh a úsáid agus a chur in úsáid in ionstraimí atá ann cheana amhail an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg a bhfuil sé mar cheann dá chuspóirí oideachas agus oiliúint a chur ar fáil do NEETanna, agus i gcláir mheantóireachta atá ann cheana. Chun trédhearcacht agus iniomparthacht scileanna agus soghluaisteacht oibrithe a áirithiú, agus chun tacú leis na Ballstáit sna hiarrachtaí sin, déanfaidh na hAcadaimh dintiúir a fhorbairt agus a imscaradh, lena n-áirítear micridhintiúir, lena gcumhdófar gnóthachtálacha foghlama. Ba cheart iad a eisiúint i bhformáid na ndintiúr Eorpach don fhoghlaim agus d'fhéadfaí iad a chomhtháthú isteach in EUROPASS agus, i gcás inarb ábhartha, iad a áireamh sna Creataí Náisiúnta um Cháilíochtaí. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun an t-ábhar arna fhorbairt ag na hAcadaimh a úsáid chun tacú le hathsciliú agus uas-sciliú leanúnach agus leis na soláthraithe ábhartha oideachais agus oiliúna ar a gcríocha trí chláir náisiúnta agus cistiú ón Aontas, lena n-áirítear ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, ón Ráthaíocht threisithe don Aos Óg, ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ó InvestEU, ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ón Sásra um Aistriú Cóir,*

***ón gCiste don Nuachóiriú agus ón Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, agus chun tacú le comhtháthú na mban i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach maidir le Comhionannas Inscne chun aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí inscne oideachais agus ceirde. Is féidir ról suntasach a bheith ag líonra Eorpach na seirbhísí fostaíochta maidir le húsáid a bhaint as ábhar foghlama na gclár oiliúna arna soláthar ag Acadaimh scileanna chun próifílí gairme Eorpacha a chruthú agus a chur in úsáid agus trí fhaisnéis a sholáthar do sheirbhísí fostaíochta náisiúnta ina dtaobh.***

***(66c)*** ***Ba cheart don Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa cuidiú le treoir a thabhairt d'obair na nAcadamh lena áirithiú go dtabharfar aghaidh ina n-inneachar ar na ganntanais scileanna arna sainaithint sa chleachtadh mapála agus formhaoirseacht a sholáthar. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir leis an ionadaí náisiúnta arna cheapadh gníomhú mar nasc idir na haireachtaí náisiúnta ábhartha agus údaráis inniúla na mBallstát chomh maith leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus ionadaithe tionscail. Ba cheart don Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa faisnéis a bhailiú maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag na hAcadaimh éagsúla agus tuarascáil forléargais a chur ar fáil faoi dheireadh 2026 maidir le cur in úsáid na gclár foghlama, lena n-áirítear líon na bhfoghlaimeoirí a bhaineann tairbhe as cláir na nAcadamh atá imdhealaithe de réir earnálacha tionsclaíocha, inscne, aoise, agus leibhéil oideachais agus cáilíochta.***

(67) In éagmais forálacha sonracha lena dtugtar isteach íoscheanglais oiliúna maidir le rochtain ar ghairm rialáilte nó le saothrú na gairme sin a leagtar amach i ndlí an Aontais, is inniúlacht de chuid an Bhallstáit cinneadh a dhéanamh an ndéanfar gairm a rialáil agus conas a dhéanfar sin, níor cheart rialacha náisiúnta lena n-eagraítear rochtain ar ghairmeacha rialáilte a bheith ina gconstaic gan údar nó díréireach ar fheidhmiú na gceart bunúsach sin. Ba cheart an inniúlacht chun rochtain ar ghairm a rialáil a fheidhmiú laistigh de theorainneacha phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus an comhréireachta, i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ▌. Sa mheasúnú a dhéanfaidh siad, ba cheart do na Ballstáit aon éifeacht díobhálach a d'fhéadfadh a bheith ag rialáil nó ag gairmeacha ar infhaighteacht scileanna sa Tionscal Glan-nialasachta a chur san áireamh agus féachaint leis an rialachán sna réimsí sin a theorannú a mhéid is féidir.

(68) I gcás ina n-eascróidh dintiúir as na cláir foghlama a d’fhorbair na hAcadaimh ▌, ar dintiúir iad a bheadh ina gcabhair ***lena n-áirítear*** do dhaoine atá ag lorg rochtain ar ghairm atá rialáilte, ba cheart do na Ballstáit ***agus d’fhostóirí***, chun soghluaisteacht sna gairmeacha tionscail glan-nialasachta a éascú, glacadh leis na dintiúir sin mar chruthúnas leordhóthanach ar an eolas, ar na scileanna agus ar na hinniúlachtaí a fhianaíonn siad.

***(68a) Ní féidir rannchuidiú na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta le cuspóirí dícharbónaithe an Aontais a bhaint amach ach amháin nuair a chuirtear na teicneolaíochtaí sin in úsáid. Is dócha go dtarlóidh imscaradh den sórt sin, a bheag nó a mhór, i dteaghlaigh phríobháideacha, ach is dócha go dtiocfaidh an chuid is mó den dícharbónú as próisis thionsclaíocha a dhícharbónú. Chun a áirithiú go ndéanfar infheistíochtaí le haghaidh an dícharbónaithe sin san Aontas, rud atá riachtanach chun poist mhaithe agus rathúnas a áirithiú san Aontas agus chun cuspóirí dícharbónaithe an Aontais a chomhlíonadh, tá sé ríthábhachtach go rannchuideoidh sé le feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta don tionscal san Aontas.***

(69) Ar leibhéal an Aontais, ba cheart an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa a bhunú, ardán a bheadh comhdhéanta de na Ballstáit ***agus de Pharlaimint na hEorpa***, agus a mbeadh an Coimisiún ina chathaoirleach air. Féadfaidh an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le ceisteanna sonracha agus comhlacht tagartha a sholáthar, ina ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit a ngníomhaíocht a chomhordú agus malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo a éascú. Ba cheart don Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa na cúraimí a leagtar amach in Airteagail éagsúla an Rialacháin seo a dhéanamh tuilleadh, go háirithe i ndáil le cead a thabhairt, lena n-áirítear ionaid ilfhreastail, Tionscadail Straitéiseacha Ghlan-nialasachta, maoiniú a chomhordú ***agus rochtain a fháil air***, rochtain ar mhargaí agus ar scileanna chomh maith le ***deiseanna trialacha rialála le haghaidh*** teicneolaíochtaí nuálacha glan-nialasachta ***agus teicneolaíochtaí nuálacha eile***. I gcás inar gá, ***ba cheart go mbeadh*** an tArdán ***um Ghlan-nialasacht na hEorpa in ann*** foghrúpaí buana nó sealadacha a bhunú agus cuireadh a thabhairt do thríú páirtithe, amhail saineolaithe nó ionadaithe ó thionscail glan-nialasachta.

(70) Mar chuid de Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, d'fhógair an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan-Nialasachta a thabhairt i gcrích lena gcumhdaítear teicneolaíochtaí glan-nialasachta. ***Is dócha go ndéanfaidh comhar trí na Comhpháirtíochtaí sin glacadh*** teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun cinn ar fud an domhain, chun tacú le ***comhpháirtíochtaí lena dtreisítear an dá thaobh idir an tAontas agus tríú tíortha, lena n-áirítear infheistíochtaí inbhuanaithe agus cúnamh teicniúil***. ***Is féidir le Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan-Nialasachta rannchuidiú freisin le héagsúlú agus athléimneacht sholáthar an Aontais maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus a gcomhpháirteanna, feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise idir an tAontas agus a chomhpháirtithe maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt agus tacú le tionscail ghlan-nialasachta an Aontais i dtaobh rochtain a fháil ar an margadh*** domhanda fuinnimh ghlain ***agus, ag an am céanna, tacú le tionscail nuaghinte i réimse na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain i dtríú tíortha ag a bhfuil buntáistí soiléire comparáideacha***. ***Ba cheart*** don Choimisiún agus do na Ballstáit comhordú a dhéanamh laistigh den Ardán ***um Ghlan-nialasacht na hEorpa*** ar na Comhpháirtíochtaí, agus plé á dhéanamh acu ar chomhpháirtíochtaí agus ar phróisis ábhartha atá ann cheana, amhail comhpháirtíochtaí glasa, idirphlé faoi fhuinneamh agus cineálacha eile socruithe conarthacha déthaobhacha atá ann cheana, chomh maith le sineirgí féideartha le comhaontuithe déthaobhacha ábhartha de chuid na mBallstát le tríú tíortha. Ba cheart go léireodh comhaontuithe le tríú tíortha, lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan‑Nialasachta, príomhluachanna agus cuspóirí ***an Aontais***, go háirithe maidir le caighdeáin saothair agus ***caighdeáin*** idirnáisiúnta ***chomhshaoil*** a chur chun cinn ***sna*** tíortha ***sin***. Thairis sin, ***ba cheart é a bheith d'aidhm ag Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha*** Glan‑Nialasachta ***rannchuidiú*** leis an gclaochlú tionsclaíoch ar fud shlabhra luacha iomlán ghnóthais ***an Aontais*** agus tríú tíortha agus margaí oscailte agus trádáil chóir á n-áirithiú.

(71) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas éagsúlú a dhéanamh ar an trádáil idirnáisiúnta agus ar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta ***lena gcruthaítear*** comhpháirtíochtaí treisiúcháin ***frithpháirteacha***, ag tógáil ar phleananna forbartha inbhuanaithe na gcomhpháirtithe féin, ar chaighdeáin ábhartha chomhshaoil agus chearta an duine agus ardchaighdeáin shóisialta, ***saothair*** agus chomhshaoil á

gcur chun cinn ar fud an domhain. Ba cheart ***an méid sin*** a dhéanamh i ndlúthchomhar agus i gcomhpháirtíocht le tíortha atá ar aon intinn leis trí chomhaontuithe atá ann cheana nó margaí straitéiseacha nua. ***Ar an gcuma chéanna,*** ba cheart ***comhar idirnáisiúnta níos láidre*** ar iarrachtaí taighde agus nuálaíochta a shaothrú chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt agus a chur in úsáid i ndlúthchomhar le tíortha comhpháirtíochta ar bhealach oscailte ***agus cothromaithe, agus aird chuí á tabhairt ar leasanna agus riachtanais straitéiseacha an Aontais***.

***(71a)*** ***Ina haitheasc ar Staid an Aontais in 2023, d'fhógair Uachtarán an Choimisiúin gur bord neamhspleách a dhéanfaidh an tSeiceáil Iomaíochais. Ba cheart do chomhlacht leanúnach oibre an obair sin a chur in iúl maidir leis an ualach rialála a chruthaítear le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus maidir lena tionchar ar iomaíochas thionscal an Aontais, lena n-áirítear tionscail ghlan-nialasachta. Chun an obair sin a éascú, bunaítear leis an Rialachán seo Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach um Athbhreithniú agus um Ualach Rialála. Ba cheart don Bhord Comhairleach comhairle eolaíochtbhunaithe a fhorbairt maidir le tionchar an ualaigh rialála san Aontas, ar bhonn cásanna aonair.***

(72) I gcás ina ndéanfar an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ***ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)*** a tharmligean don Choimisiún faoin Rialachán seo, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin ar leibhéal saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[32]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[32] **Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (*IO L 123, 12.5.2016, lch. 1*).**

(73) Sa mhéid gur státchabhair atá in aon cheann de na bearta atá beartaithe leis an Rialachán seo, tá na forálacha a bhaineann leis na bearta sin gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 ***CFAE***.

(74) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I

# Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

*Airteagal 1*

***Ábhar***

1. Bunaítear leis an Rialachán seo creat na mbeart ***chun cur chuige comhordaithe a áirithiú, ar fud an Aontais, maidir le nuálaíocht*** agus uas-scálú acmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta ***, chomh maith le hacmhainneacht mhonaraíochta na gcomhpháirteanna, na n-ábhar agus an innealra feadh shlabhraí soláthair na dteicneolaíochtaí sin atá fíor-riachtanach dá dtáirgeadh agus dá bhfeidhmiú*** san Aontas chun an méid seo a leanas a dhéanamh***:***

*(a)* tacú le spriocanna ***comhshaoil*** agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais**,** mar a shainítear i Rialachán (AU) 2021/1119**;**

**(*b)* *iomaíochas tionsclaíoch idirnáisiúnta an Aontais a chothú chun rannchuidiú le poist ardcháilíochta a chruthú;***

*(c)* ***feabhas a chur ar*** rochtain an Aontais ar sholáthar slán agus inbhuanaithe teicneolaíochtaí glan-nialasachta***;***

***(d) uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a neartú;***

***(e) athléimneacht shlabhraí soláthair comhfhreagracha an Aontais a choimirciú; and***

***(f) dícharbónú gheilleagar agus shochaí an Aontais a bhaint amach.***

2. Chun an cuspóir ginearálta dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, tá bearta sa Rialachán seo d'fhonn an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) ***laghdú ar spleáchais straitéiseacha*** san Aontas ar na teicneolaíochtaí straitéiseacha glan-nialasachta***, agus ar na comhpháirteanna, ábhair agus innealra feadh shlabhraí soláthair na dteicneolaíochtaí sin atá fíor-riachtanach dá dtáirgeadh agus dá bhfeidhmiú agus go mbainfear amach acmhainneacht mhonaraíochta faoi 2030 a chomhfhreagraíonn don mhéid seo a leanas:***

***(i) 40 % ar a laghad de riachtanais imscartha bhliantúla an Aontais le haghaidh na dteicneolaíochtaí comhfhreagracha atá riachtanach chun spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach, bunaithe ar an imscaradh teicneolaíoch atá beartaithe ar fud an Aontais de réir na bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna n-ullmhú agus arna dtíolacadh ag na Ballstáit de bhun Rialachán (AE) 2018/1999; agus***

*(ii)* ***25 % ar a laghad den éileamh domhanda ar na teicneolaíochtaí comhfhreagracha;*** (b) saorghluaiseacht ***ráthaithe*** teicneolaíochtaí glan-nialasachta ***agus seirbhísí gaolmhara*** a chuirtear ar an margadh ***inmheánach***.

3. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear in Airteagal 35, nach dócha go mbainfidh an tAontas na cuspóirí a leagtar amach i ***míreanna*** 1 ***agus 2*** amach, déanfaidh sé measúnú ar indéantacht agus comhréireacht beart a mholadh nó a chumhachtaí a fheidhmiú ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbainfear na cuspóirí sin amach. ***Go háirithe, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhféidearthacht spriocanna níos gráinní le haghaidh príomhtheicneolaíochtaí agus comhpháirteanna a bhunú, lena n-áirítear trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 33, lena bhforlíontar an Rialachán seo, chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí sin. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa chun a chinneadh cé na bearta nó na cumhachtaí ba cheart a chur i bhfeidhm.***

*Airteagal 2*

***Raon feidhme***

***Cé is moite d'Airteagail 26 agus 27 den Rialachán seo, a bhfuil feidhm acu maidir le teicneolaíochtaí nuálacha glan-nialasachta,*** tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta, ***mar a liostaítear in Airteagal 3a(1), agus maidir leis na comhpháirteanna, na hábhair agus leis an innealra feadh shlabhraí soláthair na dteicneolaíochtaí sin atá fíor-riachtanach dá dtáirgeadh agus dá bhfeidhmiú.*** Déanfar amhábhair, ábhair phróiseáilte agus comhpháirteanna a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE).../... [cuir isteach fonóta ina bhfuil tagairtí foilseacháin an Rialacháin um Amhábhair Chriticiúla] agus faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/1781 a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.

*Airteagal 3*

***Sainmhínithe***

1. Chun críoch an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

   (a) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí glan-nialasachta' na teicneolaíochtaí a liostaítear in Airteagal 3a(1);

(b) ciallaíonn 'comhpháirt' ***eilimint*** mhonaraithe ***de tháirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta***;

***(ba) ciallaíonn 'ábhair' aon amhábhair nó aon ábhair phróiseáilte is gá chun comhpháirt de theicneolaíocht glan-nialasachta nó táirge deiridh a tháirgeadh;***

(c) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha' teicneolaíochtaí ***a chuimsíonn fíornuálaíocht, nach bhfuil ar fáil ar an margadh inmheánach faoi láthair agus a chuireann feabhas ar an teicneolaíocht inchomparáide cheannasach ghlan-nialasachta ar bhealach amháin ar a laghad, chomh maith le haon teicneolaíocht a áirítear sa Phlean Straitéiseach um Theicneolaíocht Fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 26d;***

***(ca) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí nuálacha eile' teicneolaíochtaí a d'fhéadfadh an t-aistriú chuig geilleagar atá aeráidneodrach agus glan a chumasú agus spleáchais straitéiseacha a laghdú, a chuimsíonn fíornuálaíocht nach bhfuil ar fáil ar an margadh inmheánach faoi láthair agus atá forbartha go leor le tástáil a dhéanamh orthu i dtimpeallacht rialaithe;***

***(cb) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha réamhthráchtála' teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha nach bhfuil ar fáil ar bhonn tráchtála ach atá forbartha go leor chun tástáil a dhéanamh orthu i dtimpeallacht rialaithe;***

***(cc) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí glan-nialasachta tráchtála nua' teicneolaíochtaí glan-nialasachta nach bhfuil ar fáil go fóill ar bhonn tráchtála ar mórscála, a bhfuil sciar íseal den mhargadh acu, a chuireann feabhas ar na teicneolaíochtaí inchomparáide ceannasacha ar bhealach amháin ar a laghad, agus a bhfuil leibhéal soiléir riosca ag baint leo nuair a áirítear iad i soláthar;***

***(cd) ciallaíonn 'soláthar réamhthráchtála' soláthar teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha réamhthráchtála a bhaineann roinnt riosca-sochair faoi dhálaí margaidh leis, agus forbairt iomaíoch i gcéimeanna, ina bhfuil scaradh soiléir idir gníomhaíochtaí forbartha na dtáirgí a sholáthraítear agus imscaradh mhéideanna tráchtála na dtáirgí deiridh;***

***(ce)*** ***ciallaíonn 'soláthar poiblí réiteach nuálach' soláthar dá bhfeidhmíonn údaráis chonarthacha mar chustaiméir céadtrialach le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha tráchtála, a bhféadfaí tástáil chomhréireachta a áireamh ann;***

(d) ciallaíonn 'tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta' saoráid thionsclaíoch bheartaithe nó leathnú nó athrú cuspóra saoráide atá ann cheana chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta, ***táirgí deiridh nó comhpháirteanna, ábhair nó innealra a mhonarú feadh shlabhraí soláthair na dteicneolaíochtaí sin atá fíor-riachtanach dá dtáirgeadh agus dá bhfheidhmiú***;

(e) ciallaíonn 'tionscadal straitéiseach glan-nialasachta' tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta ***a roghnaítear i gcomhréir*** leis na critéir ***a leagtar síos*** in Airteagal 10;

***(ea)*** ***ciallaíonn 'gleann um an tionscal glan-nialasachta' nó 'Gleann' limistéar talún sonrach atá ainmnithe ag Ballstát chun tógáil nó leathnú saoráidí monaraíochta a chur chun cinn i slabhra soláthair an tionscail glan-nialasachta;***

(f) ciallaíonn 'próiseas deonaithe ceadanna' próiseas lena gcumhdaítear na ceadanna riaracháin ábhartha uile chun tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a phleanáil, a thógáil, a mhéadú agus a oibriú, ***amhail tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta***, lena n-áirítear ceadanna, measúnuithe comhshaoil agus údaruithe maidir le tógáil, ceimiceáin agus nascacht eangaí, i gcás inar gá leo sin, agus lena gcuimsítear na hiarratais agus nósanna imeachta riaracháin uile ón iarratas ▌ ***a fháil*** ag ***an údarás ainmnithe*** go dtí go dtabharfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta atá freagrach ***nó, i gcás inarb ábhartha, an t-oibreoir eangaí atá freagrach*** fógra faoin gcinneadh cuimsitheach maidir le toradh an nós imeachta;

(g) ciallaíonn 'cinneadh cuimsitheach' an cinneadh nó an tsraith cinntí a dhéanann údaráis de chuid na mBallstát, gan cúirteanna ná binsí a áireamh, lena gcinntear cé acu atá nó nach bhfuil tionscnóir tionscadail údaraithe chun tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a chur chun feidhme, gan dochar d'aon chinneadh a dhéanfar i gcomhthéacs nós imeachta achomhairc riaracháin;

(h) ciallaíonn 'tionscnóir tionscadail' aon ghnóthas nó aon chuibhreannas gnóthas a bhfuil tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta nó tionscadal straitéiseach glan-nialasachta á fhorbairt aige;

▌

***(ia) ciallaíonn 'deis thrialach rialála teicneolaíochta glan-nialasachta' scéim lena gcuirtear ar a gcumas do ghnóthas teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha agus teicneolaíochtaí nuálacha eile a thástáil i bhfíorthimpeallacht rialaithe, faoi phlean sonrach, a dhéanann údarás inniúil í a fhorbairt agus faireachán uirthi.***

▌(k) ciallaíonn 'údarás lena mbaineann' údarás atá inniúil, faoin dlí náisiúnta, ceadanna agus údaruithe a eisiúint a bhaineann le pleanáil, dearadh agus tógáil sócmhainní dochorraithe, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh;

(l) ciallaíonn 'nós imeachta soláthair phoiblí' aon cheann díobh seo a leanas:

(i) aon chineál nós imeachta dámhachtana a chumhdaítear le Treoir 2014/24/AE maidir le conradh poiblí a thabhairt i gcrích nó le Treoir 2014/25/AE maidir le conradh soláthair, oibreacha agus seirbhíse a thabhairt i gcrích;

(ii) nós imeachta maidir le hoibreacha nó lamháltas seirbhíse a dhámhachtain a chumhdaítear le Treoir 2014/23/AE;

(m) ciallaíonn 'údarás conarthach', i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí, údarás conarthach mar a shainmhínítear in Airteagal 6 de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 2(1), pointe (1) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 3 de Threoir 2014/25/AE;

(n) ciallaíonn 'eintiteas conarthach', i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí, eintiteas conarthach mar a shainmhínítear in Airteagal 7 de Threoir 2014/23/AE agus Airteagal 4 de Threoir 2014/25/AE;

(o) ciallaíonn 'conradh', i gcomhthéacs nósanna imeachta soláthair phoiblí, conradh poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (5) de Threoir 2014/24/AE, 'conarthaí' mar a shainmhínítear sa téarma 'conarthaí soláthair, oibreacha agus

seirbhíse' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir 2014/25/AE, agus 'lamháltais' mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (1), de Threoir 2014/23/AE;

(p) ciallaíonn 'ceant' sásra le haghaidh nósanna imeachta iomaíocha tairisceana nach dtagann faoin sainmhíniú ar 'lamháltais' de réir Airteagal 5, pointe (1), de Threoir 2014/23/AE;

(q) ciallaíonn 'acmhainneacht insteallta CO2' an méid bliantúil CO2 is féidir a instealladh i láithreán stórála geolaíoch oibríochtúil, a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE, ***lena n-áirítear uiscígh shailíne, a chuirtear ar fáil leis an modh chun $CO^2$ a ghabháil agus a iompar chuig an láithreán, agus*** chun astaíochtaí a laghdú nó chun aistrithe dé-ocsaíde carbóin a mhéadú, go háirithe ó shuiteálacha tionsclaíocha mórscála agus a thomhaistear i dtonaí in aghaidh na bliana;

***(qa) ciallaíonn 'gréasáin iompair CO2' bonneagar iompair ilmhódach CO2, lena n-áirítear gréasán píblínte, lena n-áirítear stáisiúin chomhbhrúiteora ghaolmhara, chun CO2 a iompar chuig an láithreán stórála;***

(r) ciallaíonn 'comhtháthú córas fuinnimh' réitigh chun an córas fuinnimh ina iomláine a phleanáil agus a oibriú, ar fud iompróirí fuinnimh, bonneagair agus earnálacha tomhaltais éagsúla, trí naisc níos láidre a chruthú eatarthu chun seirbhísí fuinnimh atá saor ó iontaise, iontaofa agus tíosach ar acmhainní a sholáthar, ar an gcostas is lú is féidir don tsochaí.

(s) ciallaíonn 'acmhainneacht mhonaraíochta' méid iomlán acmhainneachta táirgeachta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a tháirgtear i dtionscadal monaraíochta. Mura dtáirgeann an tionscadal monaraíochta táirgí deiridh ach comhpháirteanna sonracha nó innealra sonrach a úsáidtear go príomha chun táirgí den sórt sin a tháirgeadh, tagraíonn an acmhainneacht monaraíochta d'acmhainneacht táirgeachta an táirge deiridh a ndéanfaí as comhpháirteanna nó innealra sonrach den sórt sin.

### *Airteagal 3a*

***Teicneolaíochtaí glan-nialasachta***

***1. Is iad seo a leanas na teicneolaíochtaí glan-nialasachta a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo:***

***(a) teicneolaíochtaí a úsáidtear chun fuinneamh a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite mar a shainítear i dTreoir (AE) 2018/2001;***

***(b) teicneolaíochtaí fuinnimh eamhnaithe agus comhleá núicléach, lena n-áirítear teicneolaíochtaí thimthriall an bhreosla núicléach;***

***(c) teicneolaíochtaí stórála fuinnimh;***

***(d) teicneolaíochtaí um baint, ghabháil, iompar, instealladh, stóráil agus úsáid dé-ocsaíde carbóin (CO2), meatáin (CH4) agus ocsaíde nítriúla (N2O);***

***(e) teicneolaíochtaí bonneagair iompair hidrigine (H2);***

***(f) teicneolaíochtaí leictrealóirí agus breosla-chille;***

***(g) teicneolaíochtaí leictreacha, hidrigine (H2), breoslaí malartacha inbhuanaithe mar a shainítear i Rialachán (AE).../... (IO chun tagairt do Rialachán 2021/0210(COD) maidir le breoslaí muirí inbhuanaithe a chur isteach), agus tiomána gaoithe le haghaidh iompair;***

***(h) teicneolaíochtaí luchtaithe leictrigh le haghaidh iompair;***

***(i) teicneolaíochtaí maidir le bonneagar táirgthe agus athbhreoslaithe hidrigine (H2), breoslaí malartacha inbhuanaithe mar a shainítear i Rialachán (AE).../... (IO chun tagairt do ...[Eitlíocht ReFuel 2021/0205(COD)] agus bithmheatáin (CH4);***

***(j) teicneolaíochtaí teaschaidéal;***

***(k) teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh;***

***(l) teicneolaíochtaí dáilte fuinnimh theirmigh agus eangaí leictrí;***

***(m) teicneolaíochtaí bainistithe fuinnimh;***

***(n) teicneolaíochtaí próiseas tionsclaíoch agus leictriúcháin ardéifeachtúlachta do thionscail atá dian ar fhuinneamh agus ar charbón;***

***(o) teicneolaíochtaí táirgthe bithábhar, lena n-áirítear teicneolaíochtaí táirgthe ceimiceán bithbhunaithe;***

***(p) teicneolaíochtaí athchúrsála.***

*2.* ***Laistigh de 6 mhí ón spriocdháta chun fógra a thabhairt faoi gach plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide de bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1999 agus laistigh de 6 mhí ón spriocdháta chun gach nuashonrú ar na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe a chur isteach de bhun Airteagal 14(2) den Rialachán sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar liosta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo agus féadfaidh sé gníomhartha tarmligthe a mholadh, i gcomhréir le hAirteagal 33 den Rialachán seo, lena leasófar an liosta sin chun a áirithiú go léireofar ann na riachtanais teicneolaíochta a eascraíonn as pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide na mBallstát.***

## Caibidil II.
## Coinníollacha cumasúcháin le haghaidh monaraíocht teicneolaíochta glan-nialasachta

### ROINN I.
### PRÓISIS RIARACHÁIN AGUS DEONAITHE CEADANNA A CHUÍCHÓIRIÚ

*Airteagal 4*

***Ionad ilfhreastail***

1. Faoin ...[3 mhí ***ó*** dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ainmneoidh ***nó bunóidh*** na Ballstáit údarás inniúil ***amháin (údarás ainmnithe)***. Beidh ***an t-údarás ainmnithe*** freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna a éascú agus a chomhordú le haghaidh tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta ▌agus chun comhairle a sholáthar maidir leis an ualach riaracháin a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 5.

2. Is é an t-údarás ***ainmnithe*** ▌an t-aon phointe teagmhála a bheidh ag an tionscnóir tionscadail sa phróiseas deonaithe ceadanna as a dtiocfaidh cinneadh cuimsitheach maidir le tionscadal áirithe, agus déanfaidh an t-údarás ***ainmnithe*** sin cur isteach na ndoiciméad agus na faisnéise ábhartha ar fad a chomhordú.

3. Féadfar freagrachtaí an údaráis ***ainmnithe*** dá dtagraítear i mír 1 nó na cúraimí a bhaineann leis a tharmligean chuig údarás eile nó féadfaidh an t-údarás eile sin iad a chur i gcrích, i gcás aon tionscadal áirithe, ar choinníoll:

(a) go dtabharfaidh an t-údarás ***ainmnithe*** fógra don tionscnóir tionscadail faoin tarmligean sin;

(b) go mbeidh údarás amháin freagrach as gach ceann de na tionscadail faoi seach;

(c) go ndéanfaidh údarás amháin cur isteach na ndoiciméad agus na faisnéise ábhartha ar fad a chomhordú.

4. Ceadófar do thionscnóirí tionscadail aon doiciméad atá ábhartha maidir leis an bpróiseas deonaithe ceadanna a chur isteach i bhfoirm leictreonach.

5. Cuirfidh an t-údarás ***ainmnithe*** aon staidéar bailí a rinneadh agus aon chead nó údarú a eisíodh le haghaidh tionscadal áirithe sular tháinig an tionscadal isteach sa phróiseas deonaithe ceadanna san áireamh i gcomhréir leis an Airteagal seo agus ní éileoidh sé staidéir dhúbailte, ceadanna dúbailte ná údaruithe dúbailte, mura gceanglaítear a mhalairt faoi dhlí an Aontais.

6. Áiritheoidh an t-údarás ***ainmnithe*** go mbeidh rochtain éasca ag iarrthóirí ar nósanna imeachta simplí agus faisnéis faoi na nósanna imeachta sin chun díospóidí a réiteach a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna agus le ceadanna a eisiúint chun tionscadail a thógáil nó a mhéadú, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, sásraí réitigh díospóide malartacha.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh líon leordhóthanach ball foirne cáilithe agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha is gá, lena n-áirítear le haghaidh an uas-scilithe agus an athscilithe, ag ***na húdaráis náisiúnta lena mbaineann agus ag údaráis*** inniúla ***eile*** atá freagrach as ***aon chéim feadh na*** bpróiseas deonaithe ceadanna, lena n-áirítear gach céim ghnásúil, chun a gcuid cúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh go héifeachtach.

8. Déanfaidh an tArdán dá dtagraítear in Airteagail 28 agus 29 plé tréimhsiúil ar chur chun feidhme na Roinne seo agus Airteagail 12 agus 13 agus comhroinnfidh sé dea-chleachtais maidir le húdaráis inniúla náisiúnta a eagrú agus dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe.

***8a. Breithneoidh na Ballstáit ar thacaíocht dhíreach a mhéadú don údarás ainmnithe faoi Phleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta. Cuirfidh an Coimisiún tacaíocht theicniúil ar fáil don údarás ainmnithe agus do na Ballstáit chun an próiseas deonaithe ceadanna a chur i gcrích.***

***8b. Déanfaidh an t-údarás ainmnithe na ceanglais mhionsonraithe agus an méid faisnéise a iarrfar ar thionscnóir tionscadail a shonrú agus a chur ar fáil sula gcuirfear tús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna.***

*Airteagal 5*

***Inrochtaineacht faisnéise ar líne***

Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas faoi phróisis riaracháin atá ábhartha maidir le tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, ar líne agus ar bhealach láraithe inrochtana:

(a) an próiseas deonaithe ceadanna;

(a) seirbhísí maoiniúcháin agus infheistíochta;

(a) deiseanna cistiúcháin ar leibhéal an Aontais ***agus*** ar leibhéal na mBallstát;

seirbhísí tacaíochta gnó, lena n-áirítear dearbhú cánach corparáide, dlíthe cánach áitiúla, dlí an tsaothair, ach gan bheith teoranta dóibh sin.

**Airteagal 5 a**

**Dlús a chur leis an gcur chun feidhme**

***1. Tabharfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, faoi ghníomhaíochtaí chun dlús a chur le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha i dtionscadail monaraíochta glan-nialasachta agus chun na hinfheistíochtaí a phlódú isteach. Féadfar a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin, gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, tacaíocht a sholáthar do thionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a bhfuil deacrachtaí acu maoiniú a fháil, agus an tacaíocht sin a chomhordú. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go gcuirfear an tacaíocht ar fáil don tionscnóir tionscadail laistigh de 6 mhí ón iarraidh ar an tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a chur isteach.***

***2. Cuirfidh na Ballstáit tacaíocht riaracháin agus oibríochtúil ar fáil do thionscadail***

***monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta atá lonnaithe ar a gcríoch, chun a gcur chun feidhme tapa agus éifeachtach a éascú, agus aird ar leith á tabhairt ar FBManna atá rannpháirteach sna tionscadail, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a sholáthar:***

***(a)*** ***cúnamh chun comhlíonadh na n-oibleagáidí riaracháin agus tuairiscithe is infheidhme a áirithiú;***

***(b)*** ***cúnamh do thionscnóirí tionscadail chun glacadh an phobail leis an tionscadal a mhéadú tuilleadh.***

***(c)*** ***cúnamh do thionscnóirí tionscadail le linn an phróisis deonaithe ceadanna, go háirithe do FBManna.***

***Sa bhreis ar an tacaíocht a chuirfidh na Ballstáit ar fáil, soláthróidh an Coimisiún an tacaíocht dá dtagraítear faoi phointí (a), (b) agus (c) do na tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta.***

***Chun é sin a dhéanamh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní leormhaithe ag na comhlachtaí riaracháin ábhartha agus go mbeidh foireann leormhaith acu chun freagra a thabhairt laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme ar iarrataí a dhéanfar amach anseo.***

***3.*** ***Faoin 31 Nollaig 2024, molfaidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle modh chun comhordú a dhéanamh ar na foinsí éagsúla cistiúcháin phoiblí le haghaidh tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta ón Aontas agus ó na Ballstáit d'fhonn dlús a chur lena n-imscaradh.***

*Airteagal 6*

***Fad an phróisis deonaithe ceadanna***

1. Ní bheidh an próiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta níos faide ná aon cheann de na teorainneacha ama seo a leanas:

(a) ***9*** mí i gcás tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a thógáil ar lú a n-acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil ná 1 GW;

(b) ***12*** mhí i gcás tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a thógáil ar mó a n-acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil ná 1 GW.

2. I gcás tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta nach ndéantar a n-acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil a thomhas in GW, ní bheidh an próiseas deonaithe ceadanna níos faide ná teorainn ama ***12*** mhí.

3. I gcás acmhainneacht mhonaraíochta a mhéadú i saoráidí monaraíochta atá ann cheana, déanfar na teorainneacha ama dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a laghdú faoina leath.

4. I gcásanna eisceachtúla, nuair is gá sin de bharr chineál, chastacht, shuíomh nó mhéid an tionscadail atá beartaithe, féadfaidh na húdaráis inniúla síneadh 1 mhí ar a mhéad a chur leis na teorainneacha ama dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 sula rachaidh siad in éag agus ar bhonn cás ar chás.

I gcás ina measfaidh na húdaráis inniúla go bhfuil rioscaí eisceachtúla ag baint leis an tionscadal atá beartaithe do shláinte agus sábháilteacht oibrithe nó an phobail i gcoitinne, agus i gcás ina mbeidh gá le ham breise chun a shuí go bhfuil coimircí leormhaithe curtha i bhfeidhm, féadfaidh siad síneadh 6 mhí eile a chur leis na teorainneacha ama sin, sula rachaidh siad in éag agus ar bhonn cás ar chás.

5. I gceachtar cás, cuirfidh an t-údarás ***ainmnithe*** an tionscnóir tionscadail ar an eolas faoi na cúiseanna leis an síneadh agus faoin dáta a bhfuil coinne leis an gcinneadh cuimsitheach i scríbhinn.

6. Tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis do na húdaráis inniúla an t-iarratas ar dheonú ceada a fháil, déanfaidh siad an t-iarratas a bhailíochtú nó, murar sheol an tionscnóir tionscadail an fhaisnéis uile is gá chun iarratas a phróiseáil, iarrfaidh siad ar an tionscnóir tionscadail iarratas iomlán a chur isteach laistigh de 14 lá tar éis na hiarrata sin. Is é an dáta a admhóidh an t-údarás ***ainmnithe*** náisiúnta ▌ ***go bhfuair sé*** an t-iarratas ***den chéad uair*** tús an phróisis deonaithe ceadanna.

7. Tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis an dáta a ghlacfar le bailíocht an iarratais, déanfaidh an t-údarás ***ainmnithe***, i ndlúthchomhar leis an tionscnóir tionscadail agus le húdaráis eile lena mbaineann, sceideal mionsonraithe a tharraingt suas le haghaidh an phróisis deonaithe ceadanna. Foilseoidh an t-údarás ***ainmnithe*** ▌ an sceideal ar shuíomh gréasáin saor-rochtana.

8. Ní dochar na teorainneacha ama a leagtar síos san Airteagal seo d'oibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais agus as an dlí idirnáisiúnta, agus ní dochar iad do nósanna imeachta achomhairc riaracháin ná leigheasanna breithiúnacha os comhair cúirte nó binse.

9. Na teorainneacha ama a leagtar síos san Airteagal seo d'aon cheann de na nósanna imeachta deonaithe ceadanna, ní dochar iad d'aon teorainn ama níos giorra arna leagan síos ag na Ballstáit.

***9a. Áiritheoidh an t-údarás ainmnithe go measfar na céimeanna idirmheánacha sonracha a bheith formheasta mar thoradh ar an easpa freagartha ó na comhlachtaí riaracháin ábhartha laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme dá dtagraítear san Airteagal sin, ach amháin i gcás nach ann do phrionsabal an fhormheasa intuigthe riaracháin sa chóras dlí náisiúnta. Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le cinntí críochnaitheacha i dtaca le toradh an phróisis. Nuair a ghlacfar cinneadh críochnaitheach maidir le toradh an phróisis ar bhonn formheas intuigthe, cuirfear fógra sainráite chuig an tionscnóir tionscadail laistigh de sheachtain tar éis theacht i bhfeidhm an fhormheasa intuigthe. Cuirfear gach cinneadh, lena n-áirítear fógra maidir le formheas intuigthe, ar fáil go poiblí.***

***9b. I gcomhréir leis an Rialachán seo, glacfaidh an Coimisiún treoirlínte chun tacar íosta ceanglas um dheonú ceadanna a bhunú nach mór do na Ballstáit a chomhlíonadh maidir le tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, go háirithe chun an obair ullmhúcháin a shimpliú do thionscnóirí a chuireann tionscadail mhonaraíochta isteach, agus ag an am céanna treoir na n-iarrataí ó riaracháin a éascú.***

*Airteagal 7*

***Measúnuithe agus údaruithe comhshaoil***

1. I gcás nach mór measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 5 go 9 de Threoir 2011/92/AE, iarrfaidh an tionscnóir tionscadail lena mbaineann tuairim ar an údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 4 ar raon feidhme agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise atá le háireamh sa tuarascáil maidir leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Airteagal 5(1) den Treoir sin.

Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta go n-eiseofar an tuairim dá dtagraítear sa chéad fhomhír a luaithe is féidir agus laistigh de thréimhse ama nach faide ná ***20*** lá ***gan eisceacht*** ón dáta a chuir an tionscnóir tionscadail a iarraidh isteach, ***ar choinníoll go n-áireofar san iarraidh sin an doiciméadacht uile is gá***. ***Cuirfidh na húdaráis inniúla liosta den doiciméadacht is gá ar fáil don tionscnóir tionscadail ag tús a n-iarrtha, beidh sé mar aidhm acu an próiseas a chuíchóiriú agus treoir a thabhairt don tionscnóir tionscadail tríd an bpróiseas.***

2. I gcás ina n-eascraíonn an oibleagáid measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí ar an gcomhshaol go comhuaineach as Treoir 2011/92/AE, Treoir 92/43/CEE, Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2000/60/CE, Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33], Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34], Treoir 2010/75/AE nó Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35], déanfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta foráil maidir le nósanna imeachta comhordaithe nó comhpháirteacha lena gcomhlíonfar ceanglais na reachtaíochta sin de chuid an Aontais.

Faoin nós imeachta comhordaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, comhordóidh an t-údarás inniúil náisiúnta na measúnuithe aonair éagsúla ar thionchar comhshaoil tionscadail ar leith a cheanglaítear le reachtaíocht infheidhme an Aontais.

Faoin nós imeachta comhpháirteach dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta foráil maidir le measúnú aonair ar thionchar comhshaoil tionscadail ar leith a cheanglaítear le reachtaíocht infheidhme an Aontais.

***Ní dhéanfaidh cur i bhfeidhm an nós imeachta chomhpháirtigh nó an nós imeachta comhordaithe difear d'inneachar an mheasúnaithe tionchair ar an gcomhshaol.***

3. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta go n-eiseoidh na húdaráis lena mbaineann conclúid réasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (g)(iv) de

[33] Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30).
[34] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).
[35] Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí lena bhfuil baint ag substaintí contúirteacha, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 96/82/CE ón gComhairle (IO L 197, 24.7.2012, lch. 1).

Threoir 2011/92/AE maidir leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol laistigh de ***80 lá*** tar éis dóibh an fhaisnéis uile is gá a bailíodh de bhun Airteagail 5, 6 agus 7 den Treoir sin a fháil, ***a cáilíocht a fhíorú***, agus na comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 den Treoir sin a thabhairt i gcrích.

***3a I gcásanna eisceachtúla, i gcás ina n-éilítear amhlaidh mar gheall ar chineál, castacht, suíomh nó méid an tionscadail atá beartaithe, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a fhadú go ceann 30 lá ar a mhéad, sula rachaidh siad in éag nó ar bhonn cás ar chás. Sa chás sin, cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) an tionscnóir tionscadail ar an eolas i scríbhinn faoi na cúiseanna lenar tugadh údarú leis an bhfadú agus faoin dáta a bhfuiltear ag dréim leis an gconclúid réasúnaithe.***

4. Ní bheidh na tréimhsí chun dul i gcomhairle leis an bpobal lena mbaineann maidir leis an tuarascáil chomhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Threoir 2011/92/AE níos faide ná 80 lá ***ná níos giorra ná 40 lá***. I gcásanna a thagann faoi Airteagal 6(4), an dara fomhír, féadfar síneadh 90 lá ***ar a mhéad*** a chur leis an tréimhse sin ***ar bhonn cás ar chás***. ***Sa chás sin, cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta an tionscnóir tionscadail ar an eolas faoi na cúiseanna lena dtugtar údar leis an síneadh. Cuirfear tús leis an gcomhairliúchán poiblí a luaithe a mheasfaidh an t-údarás inniúil riaracháin an comhad a chuir an tionscnóir tionscadail isteach a bheith iomlán agus déanfar é i gcomhthráth leis an measúnú ar an iarraidh ar thionscadal ag an údarás inniúil náisiúnta, agus na ceanglais maidir le dul i gcomhairle leis an bpobal lena mbaineann a leagtar amach i dTreoir 2011/92/AE á gcomhlíonadh agus torthaí an chomhairliúcháin phoiblí á gcur ar fáil don údarás inniúil.***

***4a. I gcás ina ndéanfadh tionscadal difear do limistéar ainmnithe Natura 2000, beidh an measúnú comhshaoil faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i dTreoir 92/43/CEE.***

***4b Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a n-údaráis inniúla náisiúnta agus údaráis eile de bhun Airteagal 6(1) de Threoir 2011/92/AE feistithe go leormhaith chun a gcuid oibleagáidí faoin Airteagal seo a chomhlíonadh.***

*Airteagal 8*

***Pleanáil***

1. Agus pleananna á n-ullmhú, lena n-áirítear criosú, pleananna spásúlachta agus pleananna úsáide talún, áireoidh údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sna pleananna sin, i gcás inarb iomchuí, forálacha maidir le forbairt tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, ***chomh maith leis an mbonneagar is gá agus na gleannta um an tionscal glan-nialasachta***. Tabharfar tús áite do dhromchlaí saorga agus tógtha, láithreáin thionsclaíocha, láithreáin athfhorbraíochta, agus, i gcás inarb iomchuí, láithreáin úrnua nach bhfuil inúsáidte le haghaidh na talmhaíochta agus na foraoiseachta. Chun forbairt tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a éascú, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na sonraí ábhartha uile maidir le pleanáil spásúlachta ar fáil ar líne i gcomhréir le hAirteagal 5.

2. I gcás ina n-áireofar i bpleananna forálacha maidir le forbairt tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, ***agus a mbonneagar a éilítear***, atá faoi réir measúnaithe de bhun Threoir 2001/42/CE agus de bhun Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE, déanfar na measúnuithe sin a chomhcheangal. I gcás inarb ábhartha, tabharfar aghaidh sa mheasúnú comhcheangailte sin freisin ar an tionchar ar dhobharlaigh a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh agus fíorófar ***an bhféadfadh na tionscadail shonracha faoin*** bplean cosc a chur ar dhobharlach stádas maith nó poitéinseal maith a bhaint amach nó a bheith ina chúis le meathlú stádais nó poitéinsil dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2000/60/CE nó an bhféadfadh an plean bac a chur ar dhobharlach stádas maith nó poitéinseal maith a bhaint amach. I gcás ina gceanglaítear ar na Ballstáit ábhartha measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngníomhaíochtaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo ar an muirthimpeallacht, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí ar muir agus ar tír, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2014/89/AE, cumhdófar na tionchair sin leis an measúnú comhcheangailte freisin. ***Má chomhcheanglaítear measúnuithe de bhun na míre seo, ní dhéanfaidh sé sin difear dá n-inneachar ná dá gcáilíocht. Déanfar measúnuithe comhcheangailte ar bhealach nach mbeidh fadú ar na teorainneacha ama a leagtar amach sa Rialachán seo mar thoradh air.***

Airteagal 9

*Infheidhmeacht Choinbhinsiúin UNECE*

1. Tá na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar do na hoibleagáidí faoi ▌Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, a síníodh in Aarhus an 25 Meitheamh 1998, agus faoi Choinbhinsiún UNECE maidir le measúnacht tionchair timpeallachta i gcomhthéacs trasteorann, a síníodh in Espoo an 25 Feabhra 1991.

2. Déanfar na cinntí uile a ghlacfar de bhun na Roinne seo agus Airteagail 12, 13, ***14 agus 21*** a chur ar fáil go poiblí ***ar bhealach sothuigthe agus beidh na cinntí uile maidir le tionscadal ar leith ar fáil ó fhoinse aonair***.

## ROINN II

## TIONSCADAIL STRAITÉISEACHA GHLAN-NIALASACHTA

*Airteagal 10*

***Critéir roghnúcháin***

1. Maidir le tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta lena gcuirtear san áireamh spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais agus atá lonnaithe san Aontas a rannchuidíonn le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán seo agus a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas, déanfaidh na Ballstáit iad a aithint mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta:

   (a) rannchuidíonn an tionscadal ▌le hathléimneacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch an Aontais tríd ▌an méid seo a leanas a dhéanamh***:***

      ***(i) cur le hacmhainneacht mhonaraíochta san Aontas le haghaidh teicneolaíocht ghlan-nialasachta nó le haghaidh comhpháirteanna sonracha agus innealra sonrach a úsáidtear go príomha chun na teicneolaíochtaí sin a tháirgeadh, dá bhfuil an tAontas ag brath níos mó ná 50 % ar allmhairí a thagann ó thríú tír amháin; nó***

      ***(ii) cur le hacmhainneacht mhonaraíochta nó an acmhainneacht mhonaraíochta atá ann cheana san Aontas a nuashonrú le haghaidh teicneolaíocht ghlan-nialasachta nó le haghaidh comhpháirteanna sonracha agus innealra sonrach a úsáidtear go príomha chun na***

***teicneolaíochtaí sin a tháirgeadh, a n-onnmhairíonn an tAontas níos mó ná 25 % dá aschur táirgeachta;***

(b) ***rannchuidíonn*** an tionscadal ▌ le hiomaíochas ***san Aontas agus ar na margaí domhanda agus le cruthú post ardcháilíochta trí nuálaíocht a chur ar fáil maidir le próiseas monaraíochta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta, nó próiseas monaraíochta na gcomhpháirteanna nó n-ábhar feadh shlabhra soláthair na dteicneolaíochtaí sin nach bhfuil ann go substaintiúil go fóill nó nach bhfuil gealltanas tugtha go fóill go dtógfar iad laistigh den Aontas nó trí tháirgeadh na teicneolaíochta glan-nialasachta is fearr atá ar fáil a áirithiú, lena n-áirítear na comhpháirteanna nó na hábhair is fearr atá ar fáil ina slabhra soláthair, chomh maith leis an méid seo a leanas:***

(i) ***rannchuidiú le hiomaíochas FBManna;***

(ii) bearta ***a chur*** i bhfeidhm chun lucht saothair is gá le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a mhealladh, ***a choinneáil***, a uas-sciliú nó a athsciliú, lena n-áirítear trí phrintíseachtaí, cúrsaí oiliúna, oideachas acadúil leanúnach nó iarchéime i ndlúthchomhar le ***húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus*** le comhpháirtithe sóisialta ***lena n-áirítear ceardchumainn; nó***

***(c) rannchuidíonn an tionscadal le cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach tríd an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chomhlíonadh agus tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:***

***(i) teicneolaíocht ghlan-nialasachta a mhonarú nó comhpháirteanna sonracha agus innealra sonrach a úsáidtear go príomha chun na teicneolaíochtaí sin a tháirgeadh ag a bhfuil gnéithe feabhsaithe inbhuanaitheachta agus feidhmíochta comhshaoil nó ciorclaíochta, lena n-áirítear éifeachtúlacht chuimsitheach ísealcharbóin, fuinnimh, uisce agus ábhair, a mhonarú;***

***(ii) cleachtais mhonaraíochta a ghlacadh a bhaineann le teicneolaíocht ghlan-nialasachta nó comhpháirteanna sonracha agus innealra sonrach a úsáidtear go príomha chun na teicneolaíochtaí sin a tháirgeadh ag a bhfuil***

***gnéithe feabhsaithe inbhuanaitheachta comhshaoil agus feidhmíochta nó ciorclaíochta, lena n-áirítear éifeachtúlacht chuimsitheach ísealcharbóin, fuinnimh, uisce agus ábhair agus cleachtais chiorclacha, chomh maith le haisghabháil fuíollteasa; nó***

***(iii) cur le hacmhainneacht shuntasach mhonaraíochta, rud a chuirfidh go mór le cuspóirí aeráide 2030 an Aontais.***

***1a. Faoin ... [3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(3) ina leagfar amach treoirlínte lena n-áiritheofar coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme na gcritéar a liostaítear san Airteagal seo. Ba cheart a áireamh sna treoirlínte sin, ar a laghad, treoraíocht shonrach maidir leis na critéir a bheidh le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:***

***(a) cibé an úsáidtear comhpháirt nó innealra go príomha chun teicneolaíocht ghlan-nialasachta a tháirgeadh;***

***(b) cibé an mbaineann acmhainneacht mhonaraíochta bhreise le hacmhainneacht monaraíochta teicneolaíochta chéaduaire nó le hacmhainneacht monaraíochta teicneolaíochta is fearr atá ar fáil;***

***(c) cibé an féidir a mheas gur acmhainneacht shuntasach í an acmhainneacht mhonaraíochta bhreise.***

2. Aithneoidh na Ballstáit mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta na tionscadail ***straitéiseacha*** CO2 ***seo a leanas***:

***(a) na tionscadail gabhála $CO_2$ agus na tionscadail bonneagair $CO_2$ atá riachtanach chun $CO_2$ gafa a iompar chuig láithreáin stórála $CO_2$:***

***(i) a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 18(6), pointe (a). agus***

***(ii) a bhfuil sé mar aidhm leo $CO_2$ a ghabháil chun é stóráil i láithreán stórála $CO_2$ dá dtagraítear in Airteagal 16(1);***

***(b) na tionscadail stórála $CO_2$:***

***(i) a bhaineann le láithreáin stórála $CO_2$ atá lonnaithe i gcríoch an***

***Aontais, ina limistéir eacnamaíocha eisiacha nó ar a scairbh ilchríochach de réir bhrí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige;***

***(ii) a rannchuidíonn leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 18 a bhaint amach; agus***

***(iii) a bhfuil iarratas déanta acu ar chead le haghaidh stóráil gheolaíoch shábháilte agus bhuan $CO_2$ i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE.***

3. Maidir le tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a chomhfhreagraíonn do theicneolaíocht a liostaítear ***in Airteagal 3a(1) den Rialachán seo*** atá lonnaithe i 'réigiúin bheagfhorbartha agus trasdula' agus i gCríocha an Chiste um Aistriú Cóir agus atá incháilithe do chistiú faoi rialacha an bheartais chomhtháthaithe, aithneoidh na Ballstáit iad mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta faoi Airteagal 11(3) arna iarraidh sin don tionscnóir tionscadail gan é a bheith ar an tionscnóir tionscadail iarratas foirmiúil a chur isteach faoi Airteagal 11(2).

4. Maidir le tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta atá lonnaithe san Aontas agus a rannchuidíonn le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1(1) agus a thairbhíonn den Chiste don Nuálaíocht, nó atá ina chuid de Thionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne, den Chomhpháirtíocht Eorpach um Ghleannta Hidrigine, nó den Bhanc Hidrigine, i gcás ina dtacaíonn na cistí le hinfheistíocht in acmhainneachtaí monaraíochta a chomhfhreagraíonn do theicneolaíocht a liostaítear ***in Airteagal 3a(1) den Rialachán seo***, aithneoidh na Ballstáit iad mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta faoi Airteagal 11(3) arna iarraidh sin don tionscnóir tionscadail gan é a bheith ar an tionscnóir tionscadail iarratas foirmiúil a chur isteach faoi Airteagal 11(2).

*Airteagal 11*

***Iarratas agus aitheantas***

1. Maidir le hiarratais ar thionscadail ***monaraíochta*** teicneolaíochta glan-nialasachta a aithint mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, cuirfidh an tionscnóir tionscadail faoi bhráid an Bhallstáit ábhartha iad.

2. Beidh na nithe seo a leanas go léir san iarratas dá dtagraítear i mír 1:

(a) fianaise ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 10(1) nó (2);

(b) plean gnó ina ndéantar measúnú ar inmharthanacht airgeadais an tionscadail i gcomhréir leis an gcuspóir poist ardcháilíochta a chruthú.

3. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar an iarratas dá dtagraítear i mír 1 laistigh de mhí amháin le próiseas cothrom trédhearcach. ***Beidh an cinneadh a thiocfaidh as an bpróiseas sin réasúnaithe agus cuirfear in iúl é don tionscnóir tionscadail, don Ardán agus do Pharlaimint na hEorpa.*** Mura ndéanfaidh na Ballstáit cinneadh laistigh den tréimhse sin, is formheas ar an tionscadal a bheidh ann.

***3a. Faoin ... [6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], foilseoidh gach Ballstát liosta lena suífear na teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 3a(1) ar féidir leo tairbhe a bhaint as na forálacha a bhaineann le tionscadail straitéiseacha a aithnítear faoin Airteagal seo sa Bhallstát ábhartha.***

4. Féadfaidh an Coimisiún a thuairim a sholáthar ar na tionscadail arna bhformheas. I gcás ina ndiúltóidh Ballstát don iarratas, beidh sé de cheart ag an iarratasóir an t-iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an iarratas laistigh de 20 lá oibre.

5. I gcás ina ndeimhneoidh an Coimisiún diúltú an Bhallstáit don iarratas tar éis dó measúnú a dhéanamh i gcomhréir le mír 4, tabharfaidh sé fógra faoina chonclúid don iarratasóir i bhfoirm litreach. I gcás nach mbeidh an Coimisiún ag teacht leis an mBallstát ar a mheasúnú, pléifidh an tArdán ▌ an tionscadal atá i gceist ***agus déanfaidh sé cinneadh maidir lena stádas***.

6. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nó Ballstát go ndearnadh athruithe substaintiúla ar thionscadal straitéiseach glan-nialasachta nó nach gcomhlíonann sé a thuilleadh na critéir a leagtar amach in Airteagal 10 ▌, nó i gcás ina raibh a aitheantas bunaithe ar iarratas ina raibh faisnéis mhícheart, cuirfidh sé an tionscnóir tionscadail lena mbaineann ar an eolas faoin méid sin. Tar éis éisteacht leis an tionscnóir tionscadail, féadfaidh an Ballstát an cinneadh lena ndeonaítear stádas tionscadail straitéisigh glan-nialasachta do thionscadal a aisghairm.

7. Tionscadail nach n-aithnítear a thuilleadh mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, caillfidh siad na cearta uile a bhaineann leis an stádas sin faoin Rialachán sin.

8. Déanfaidh an Coimisiún clárlann tionscadal straitéiseach glan-nialasachta a bheidh ar fáil go hoscailte a bhunú agus a choinneáil ar bun.

*Airteagal 12*

**Stádas tosaíochta tionscadal straitéiseach glan-nialasachta**

1. Áiritheoidh tionscnóirí tionscadail agus na húdaráis uile atá inniúil, faoin dlí náisiúnta, ceadanna agus údaruithe éagsúla a eisiúint a bhaineann le pleanáil, dearadh agus tógáil sócmhainní dochorraithe, lena n-áirítear bonneagar fuinnimh, gur i gcás tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta go gcaithfear leis na próisis sin ar an mbealach is gasta is féidir i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.

2. Gan dochar d'oibleagáidí dá bhforáiltear i ndlí an Aontais, deonóidh na Ballstáit an stádas lena mbaineann an tábhacht náisiúnta is airde is féidir do thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, i gcás inarb ann do stádas den sórt sin sa dlí náisiúnta, agus caithfear leo dá réir sin sna próisis deonaithe ceadanna, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le measúnuithe comhshaoil agus má fhoráiltear amhlaidh sa dlí náisiúnta, leis an bpleanáil spásúlachta.

3. Measfar go rannchuidíonn tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta le slándáil an tsoláthair teicneolaíochtaí straitéiseacha glan-nialasachta san Aontas agus, dá bhrí sin, gur chun leasa an phobail iad. Maidir leis na tionchair ar an gcomhshaol a dtugtar aghaidh orthu in Airteagal 6(4) agus Airteagal 16(1)I de Threoir 92/43/CEE, Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE agus Airteagal 9(1)(a) de Threoir 2009/147/CE, measfar gur chun leasa an phobail iad tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta san Aontas agus féadfar a mheas go bhfuil leas sáraitheach poiblí ag baint leo ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leagtar amach sna Treoracha sin.

4. Maidir le gach nós imeachta um réiteach díospóidí, dlíthíocht, achomharc agus leigheas breithiúnach a bhaineann le tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta os comhair aon chúirte, binse, painéal náisiúnta, lena n-áirítear idirghabháil nó eadráin, i gcás inarb ann dóibh sa dlí náisiúnta, caithfear leo mar ábhair phráinneacha, más rud

é agus a mhéid a dhéantar foráil sa dlí náisiúnta maidir leis na nósanna imeachta práinne sin agus ar choinníoll go n-urramófaí na cearta is infheidhme de ghnáth maidir le daoine aonair nó pobail áitiúla a chosaint. Glacfaidh tionscnóirí tionscadail de thionscadal straitéiseach glan-nialasachta páirt sa nós imeachta práinne sin, i gcás inarb infheidhme.

*Airteagal 13*

***Fad an phróisis deonaithe ceadanna i gcás tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta***

1. Ní bheidh an próiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta níos faide ná aon cheann de na teorainneacha ama seo a leanas:

(a) ***6*** mhí i gcás tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a thógáil ar lú a n-acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil ná 1 GW;

(b) 9 mí i gcás tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a thógáil ar mó a n-acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil ná 1 GW;

(c) 18 mí le haghaidh na gceadanna uile is gá chun láithreán stórála a oibriú i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE.

2. I gcás tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta nach ndéantar a n-acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil a thomhas in GW, ní bheidh an próiseas deonaithe ceadanna níos faide ná teorainn ama 9 mí.

3. I gcás acmhainneacht mhonaraíochta a mhéadú i saoráidí monaraíochta atá ann cheana, déanfar na teorainneacha ama dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a laghdú faoina leath.

4. Áiritheoidh na húdaráis inniúla náisiúnta gurb é an toradh a bheidh ar an easpa freagartha ó na comhlachtaí riaracháin ábhartha laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme dá dtagraítear san Airteagal sin go measfar go bhfuil na céimeanna idirmheánacha sonracha formheasta, ach amháin i gcás ina bhfuil an tionscadal sonrach faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Threoir 92/43/CEE ón gComhairle nó Threoir 2000/60/CE, Threoir 2008/98/CE, Threoir 2009/147/CE, Threoir 2010/75/AE, 2011/92/AE nó Threoir 2012/18/AE nó cinneadh i dtaobh an bhfuil gá leis an measúnú sin ar an tionchar ar an gcomhshaol agus nach ndearnadh na measúnuithe ábhartha lena mbaineann go fóill, nó i gcás nach ann do phrionsabal an fhormheasa intuigthe riaracháin sa chóras dlí náisiúnta. Ní bheidh feidhm ag an

bhforáil sin maidir le cinntí críochnaitheacha i dtaca le toradh an phróisis, ar cinntí iad atá le bheith sainráite. Cuirfear na cinntí uile ar fáil go poiblí.

***4a. I gcás nach ann do phrionsabal an fhormheasa intuigthe riaracháin sa dlíchóras náisiúnta agus, i gcás measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Threoir 92/43/CEE, 2000/60/CE, 2008/98/CE, 2009/147/CE, 2010/75/AE, 2011/92/AE nó 2012/18/AE, nó cinneadh i dtaobh an bhfuil gá leis an measúnú sin ar an tionchar ar an gcomhshaol, beidh pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha ann mar thoradh ar easpa freagartha ó na comhlachtaí riaracháin ábhartha laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme dá dtagraítear san Airteagal seo. Leithdháilfear an t-ioncam ón bpionós ar an tionscadal a ndearna an mhoill difear dó agus comhfhreagróidh sé don luach eacnamaíoch a cailleadh mar thoradh ar an moill.***

## *Airteagal 13a*
## *Gleannta um an Tionscal Glan-nialasachta*

***1. Chun cuspóirí an Rialacháin sin a chomhlíonadh, ainmneoidh gach Ballstát limistéir gheografacha mar Ghleannta um an Tionscal Glan-Nialasachta (Gleannta).***

***2. Is iad seo a leanas cuspóirí na nGleannta:***

***(a) braislí de ghníomhaíocht thionsclaíoch ghlan-nialasachta a chruthú as a dtiocfaidh gnóthachain éifeachtúlachta do na gníomhaithe tionsclaíocha uile lena mbaineann;***

***(b) tarraingteacht an Aontais a mhéadú mar shuíomh do ghníomhaíochtaí monaraíochta;***

***(c) na nósanna imeachta riaracháin le haghaidh bunú acmhainneachtaí monaraíochta glan-nialasachta a chuíchóiriú tuilleadh, thar an gcuíchóiriú a leagtar amach i gCaibidlí eile den Rialachán seo;***

***3. Agus limistéir le haghaidh bunú na nGleannta á sainaithint acu, cuirfidh na Ballstáit an méid seo a leanas san áireamh:***

***(a) an gá atá ann tús áite a thabhairt d'úsáidí iomadúla na limistéar arna sainaithint chun leathnú, ationsclú nó cruthú braislí tionsclaíocha Eorpacha***

*a áirithiú;*

*(b) infhaighteacht bonneagair ábhartha iompair agus gréasáin, infhaighteacht stórais agus uirlisí solúbthachta eile nó an cumas bonneagar nó stóras den sórt sin a chruthú.*

*(c) an t-aistriú cóir agus a chuspóirí, go háirithe maidir le réigiúin ghuail atá i mbun aistrithe;*

*(d) aon phíblíne agus plean tionscadail atá beartaithe nó atá ann cheana;*

*(e) an acmhainneacht forálacha oideachais agus oiliúna a eagrú maidir le hinfhaighteacht scileanna i dtáirgí teicneolaíochta glan-nialasachta;*

*(f) an acmhainneacht maidir le poist ardcháilíochta a chruthú agus fostaithe áitiúla a fhostú ag láithreáin táirgthe fhéideartha;*

*(g) an gá atá le limistéar a roghnú nach mbeidh tionchair shuntasacha ar an gcomhshaol mar thoradh ar thógáil nó leathnú cineáil shonraigh nó cineálacha sonracha de thionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta.*

*4. Chun an tionchar comhshaoil a bhaineann le tógáil nó leathnú cineáil shonraigh nó cineálacha sonracha de thionscadal straitéiseach monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta i nGleanna a laghdú a mhéid is féidir, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:*

*(a) tabharfaidh siad tús áite do dhromchlaí saorga agus tógtha, láithreáin thionsclaíocha, láithreáin athfhorbraíochta, agus, i gcás inarb iomchuí, láithreáin úrnua nach bhfuil inúsáidte le haghaidh na talmhaíochta;*

*(b) in imthosca eisceachtúla, Gleannta a bhunú i limistéir atá faoi réir bearta athchóirithe de réir na bPleananna Athchóirithe Náisiúnta arna n-ullmhú faoin Rialachán maidir le hAthchóiriú Dúlra nó limistéir ainmnithe Natura 2000.*

*Airteagal 13b*

## ***Ainmniú na nGleannta***

***1. Beidh plean (Plean) ag gabháil le cinneadh ó Bhallstát Gleann a ainmniú ina leagfar amach an méid seo a leanas:***

***(a) na gníomhaíochtaí monaraíochta glan-nialasachta sonracha a chumhdaítear leis an nGleann;***

***(b) bearta nithiúla náisiúnta chun tarraingteacht an Ghleanna a mhéadú mar shuíomh do ghníomhaíochtaí monaraíochta;***

***(c) torthaí an mheasúnaithe comhshaoil chomh maith leis na bearta a dhéanfaidh an Ballstát chun tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a mhaolú, dá dtagraítear i mír 2.***

***2. Mar chuid den phróiseas cinnteoireachta chun Gleann a ainmniú agus sula nglacfaidh siad plean nó pleananna lena n-ainmnítear Gleann, déanfaidh na Ballstáit measúnú comhshaoil i gcomhréir le Treoir 2001/42/CE agus, i gcás inarb infheidhme, déanfaidh siad na measúnuithe dá dtagraítear in Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE maidir leis na gníomhaíochtaí sonracha monaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta a bhfuil Gleann um an Tionscal Glan-Nialasachta tiomnaithe ina leith. Ba cheart go gcumhdófaí leis na measúnuithe sin na teicneolaíochtaí uile agus na gníomhaíochtaí monaraíochta gaolmhara a bheidh an Gleann tiomnaithe ina leith.***

***Bunaithe ar thoradh na measúnuithe, déanfaidh na Ballstáit foráil, le haghaidh gach cineál tionscadail, do pharaiméadair shoiléire maidir le cur chun feidhme tionscadal, in éineacht le rialacha agus bearta comhréireacha chun aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair ar an gcomhshaol.***

***Aon cheanglais maidir le measúnú comhshaoil agus aon bhearta maolaitheacha maidir le cead le haghaidh acmhainneacht mhonaraíochta nua nó leathnaithe atá i gcomhréir le ceanglais an Phlean agus leis an dlí is infheidhme, measfar iad a bheith comhlíonta trí mheasúnú comhshaoil arna dhéanamh de bhun na míre seo agus tairbhe a bhaint as nós imeachta mear agus bailíochtú mear.***

***2a. Tabharfaidh na Ballstáit tuairim, mar a leagtar amach in Airteagal 7(1) den Rialachán seo chomh maith le sceideal mionsonraithe maidir leis an nós imeachta ceadaithe mar a leagtar amach in Airteagal 6(7), le haghaidh na ngníomhaíochtaí***

*uile dá bhforáiltear sa Ghleann. Áireofar sa tuairim freisin tuairisc mhionsonraithe ar aon sonraí, aon fhaisnéis nó aon anailís a bhailigh an Ballstát agus an measúnú dá dtagraítear i mír 2 á dhéanamh aige agus a bhféadfaidh an t-iarratasóir brath uirthi agus sonrófar inti, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis bhreise, na sonraí breise nó an anailís bhreise is gá don iarratasóir a sholáthar fós. I gcomhréir le hAirteagal 5, cuirfear na sonraí, an fhaisnéis agus an anailís go léir arna mbailiú ag an mBallstát ar fáil ar líne d'iarratasóirí.*

*3. Áireofar i gcinneadh lena n-ainmnítear Gleann de bhun Airteagal 13a(1) agus i gcomhréir leis an Airteagal seo dáta cur i bhfeidhm agus dáta éaga. Féadfaidh Ballstát cinneadh den sórt sin a athnuachan. Cuirfidh na Ballstáit na cinntí sin ar fáil don phobal.*

*4. Measfar go rannchuidíonn tionscadail monaraíochta glan-nialasachta i nGleannta le slándáil an tsoláthair teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas agus, dá bhrí sin, gur chun leasa an phobail iad. Maidir leis na tionchair ar an gcomhshaol a dtugtar aghaidh orthu in Airteagal 6(4) agus Airteagal 16(1)I de Threoir 92/43/CEE, Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE agus Airteagal 9(1)(a) de Threoir 2009/147/CE, measfar gur chun leasa an phobail iad tionscadail monaraíochta glan-nialasachta i nGleannta agus féadfar a mheas go bhfuil leas sáraitheach poiblí ag baint leo ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leagtar amach sna Treoracha sin.*

*5. Áireofar ar na bearta náisiúnta dá dtagraítear i mír 1b den Airteagal seo na scéimeanna tacaíochta eacnamaíche agus riaracháin seo a leanas ar a laghad:*

*(a) bunú tapa riaracháin Gleanna a áirithiú;*

*(b) an bonneagar is gá a fhorbairt sa Ghleann;*

*(c) tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí príobháideacha sa Ghleann;*

*(d) athsciliú agus uas-sciliú leormhaith an lucht saothair áitiúil a áirithiú.*

*6. Maidir le hinfheistíochtaí poiblí atá dírithe ar Ghleannta a bhunú, ar Ghleannta a fheistiú le bonneagar iomchuí, ar láithreáin athfhorbraíochta a thiontú agus ar leordhóthanacht an díorma scileanna áitiúla a fhorbairt, féadfaidh siad tairbhe a bhaint as rátaí cómhaoinithe méadaithe suas le 10 % faoin gCiste Eorpach um Fhorbairt Réigiúnach, faoin gCiste um Aistriú Cóir agus faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, má tá an Gleann lonnaithe i réigiúin bheagfhorbartha agus trasdula nó san Aistriú Cóir.*

*Airteagal 15*

***Comhordú an mhaoinithe***

1. ***Déanfaidh*** an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa a bhunaítear in Airteagal 28 ***measúnú ar*** riachtanais airgeadais agus scrogaill i dtionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, na cleachtais is fearr a d'fhéadfadh a bheith ann ***a bhailiú***, go háirithe chun slabhraí soláthair trasteorann an Aontais a fhorbairt, go háirithe ar bhonn malartuithe rialta ***agus moltaí ón Sainghrúpa um an Tionscal Glan-Nialasachta agus*** le comhghuaillíochtaí tionsclaíocha ábhartha.

2. Arna iarraidh sin do thionscnóir an tionscadail straitéisigh glan-nialasachta, déanfaidh an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa plé agus comhairle a thabhairt maidir leis an gcaoi ar féidir maoiniú a thionscadail a thabhairt i gcrích, ***tacaíocht a sholáthar agus a chomhordú dá thionscadal atá le cur i gcrích, go háirithe chun na critéir a shainítear in Airteagal 19(2) a chomhlíonadh*** agus an cistiú a fuarthas cheana á chur san áireamh agus na heilimintí seo a leanas ar a laghad á meas:

   (a) foinsí maoiniúcháin príobháideacha breise;

   (b) tacaíocht trí acmhainní ó Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta nó ó institiúidí idirnáisiúnta airgeadais eile lena n-áirítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha;

   (c) ionstraimí agus cláir de chuid na mBallstát atá ann cheana, lena n-áirítear ó bhainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh;

   (d) cláir chistiúcháin agus mhaoiniúcháin ábhartha de chuid an Aontais ***lena n-áirítear trí STEP***.

***2a. Faoin... [3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, eiseoidh an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa moltaí don Choimisiún chun maoiniú leordhóthanach a ráthú, lena n-áirítear trí bhuiséad an Aontais, chun cuspóirí an Rialacháin seo a shaothrú.***

*Airteagal 15 a*

***Teicneolaíochtaí glan-nialasachta a mhaoiniú***

***1. Gan dochar do Threoir 2003/87/CE, tuairisceoidh na Ballstáit go bliantúil maidir le***

***céatadán na n-ioncam náisiúnta a ghintear ó cheantáil na lamháltas, i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí a cheadaítear faoi Airteagal 10(3) den Treoir sin, a úsáidtear chun tacú le cuspóirí an Rialacháin seo d'fhonn 25 % ar a laghad a bhaint amach.***

***2. I gcomhréir le hAirteagal 2 de [Rialachán STEP], Tionscadail Straitéiseacha Ghlan-Nialasachta a roghnaítear de bhun Airteagal 10(1), pointí (a) nó (b), den Rialachán seo, aithnítear go gcomhlíonann siad cuspóirí STEP agus, dá bhrí sin, beidh siad incháilithe chun an Séala Ceannasach a fháil faoi Airteagal 4 den Rialachán sin chomh maith le cistí a fháil i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán sin.***

# Caibidil III

# Acmhainneacht insteallta $CO_2$

*Airteagal 16*

***Cuspóir ar leibhéal an Aontais: acmhainneacht insteallta $CO_2$***

Bainfear acmhainneacht insteallta bhliantúil 50 milliún tona $CO_2$ ar a laghad amach faoi 2030, i láithreáin stórála, ***a chiallaíonn láithreáin stórála gheolaíocha a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE, lena n-áirítear olacheantair agus gáscheantair ídithe agus uiscígh shailíne,*** atá lonnaithe i gcríoch an Aontais, ina limistéir eacnamaíocha eisiacha nó ar a scairbh ilchríochach de réir bhrí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige ▌ agus nach ndéanfar a chomhcheangal le Gnóthú Hidreacarbón Faoi Spreagadh (EHR).

***2. Dearfar na láithreáin stórála dá dtagraítear i mír 1 sa chaoi go n-oibreoidh siad ar feadh cúig bliana ar a laghad.***

***3. Faoin 31 Nollaig 2026, molfaidh an Coimisiún, más iomchuí, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ceanglais maidir leis an acmhainneacht bhliantúil insteallta CO2 a bheidh le soláthar faoi 2035, 2040 agus 2050, agus aird á tabhairt ar riachtanais na mBallstát ar fud an Aontais.***

***4. Faoin ... [dhá bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtreo sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta, lena n-áirítear staid an***

*mhargaidh a bhaineann leis an acmhainneacht insteallta. Áireofar sa tuairisc forléargas ar raon geografach na láithreán stórála ar fud an Aontais.*

*5. Áireofar sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 4 measúnú leordhóthanachta stórála agus acmhainneachta insteallta CO2, agus úsáid á baint, go háirithe, as an bhfaisnéis arna bailiú de bhun Airteagal 17(2) agus Airteagal 18(6), lena ndéanfar an méid seo a leanas:*

*(a) anailís mhionsonraithe a sholáthar ar na leordhóthanachtaí geografacha agus ama idir na láithreáin stórála CO2 atá ann cheana agus atá beartaithe agus na tionscadail gabhála CO2 le haghaidh astaíochtaí CO2 ó shuiteálacha tionsclaíocha laistigh den Aontas;*

*(b) an príomhbhonneagar is gá le haghaidh iompar agus stóráil astaíochtaí CO2 ó shuiteálacha tionsclaíocha ar fud an Aontais a shainaithint;*

*(c) acmhainneacht shonrach a shainaithint maidir le húsáid CO2 chun rannchuidiú le stóráil bhuan CO2, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le riachtanais laghdaithe maidir le stóráil CO2, nó le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú.*

*6. I gcás ina léirítear sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 4 go bhfuil an t-éileamh ar acmhainneacht insteallta CO2 i bhfad níos airde nó níos ísle ná mar a léirítear sna spriocanna acmhainneachta a leagtar amach faoi mhíreanna 1 agus 3, glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe chun na spriocanna acmhainneachta a ailíniú leis an éileamh.*

*7. I gcás ina léirítear sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo nach bhfuil an margadh forbartha go leordhóthanach chun acmhainneacht insteallta leormhaith a sholáthar, féadfaidh an Coimisiún na rannchuidithe faoi Airteagal 18 a choigeartú agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh a ndóthain ama ag na heintitis dá ndéantar difear chun a bpleananna gnó a choigeartú de réir na n-oibleagáidí nua-shainithe.*

*8. Féadfaidh an tAontas a thíortha comharsanachta a lánpháirtiú ina iarrachtaí faoin gCaibidil seo trí fhorálacha na Caibidle seo a chomhtháthú i gcomhaontuithe leis na tíortha sin nó trí chomhaontuithe nua a bhunú a chumhdaíonn forálacha na Caibidle seo. Agus na forálacha sin á gcomhtháthú i gcomhaontuithe atá ann cheana nó nuair a bheidh comhaontuithe nua á mbunú, áiritheofar leis an*

***gcomhaontú go n-urramófar caighdeáin agus ceanglais chomhshaoil, sábháilteachta agus sláindála uile an Aontais is infheidhme maidir le tionscadail faoin gCaibidil seo sa tríú tír. Leagfar amach sa chomhaontú freisin sprioc insteallta chomhréireach bhreise don tríú tír agus, i gcomhréir le hAirteagal 18, rannchuidiú pro rata le haghaidh na n-eintiteas ábhartha sa tríú tír.***

*Airteagal 17*

***Trédhearcacht sonraí maidir le hacmhainneacht stórála $CO_2$***

1. Faoi 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) sonraí a chur ar fáil go poiblí maidir le limistéir inar féidir láithreáin stórála CO2 a cheadú ar a gcríoch.

(b) oibleagáid a chur ar eintitis a bhfuil údarú acu mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 3, de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36] ar a gcríoch na hamhshonraí geolaíocha go léir a bhaineann le láithreáin táirgthe a díchoimisiúnaíodh nó ar tugadh fógra faoina dhíchoimisiúnú don údarás inniúil a chur ar fáil go poiblí ***ar bhonn neamh-tuilleamaí, agus réamh-mheasúnuithe eacnamaíocha ar na costais faoi seach maidir le hinstealladh CO2 a chumasú ar gach láithreán, lena n-áirítear sonraí i dtaobh:(i) an bhfuil an láithreán oiriúnach chun CO2 a instealladh agus a stóráil ar bhealach inbhuanaithe, sábháilte agus buan;***

***(ii) an bhfuil fáil ar bhonneagar iompair agus modhanna iompair atá oiriúnach chun CO2 a iompar go sábháilte chun an láithreáin a bhaint amach nó ar féidir iad a thógáil.***

(c) Chun críocha phointe (a), áireofar sna sonraí an fhaisnéis a iarrtar san Fhógra ón gCoimisiún maidir le Treoir do na Ballstáit i ndáil le pleananna náisiúnta

[36]Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón (IO L 164, 30.6.1994, lch. 3).

fuinnimh agus aeráide 2021-2030 a nuashonrú, ar a laghad ***agus a nuashonruithe ina dhiaidh sin*.**

2. Faoin ***... [***6 mhí ó ***dháta*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***]*** agus gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh gach Ballstát tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, ***a chuirfear ar fáil don phobal,*** ina dtabharfar tuairisc ar an méid seo a leanas:

(a) ***mapáil ar*** thionscadail gabhála CO2 atá idir lámha ***ar a chríoch nó i gcomhar le Ballstáit eile*** agus meastachán ar na riachtanais chomhfhreagracha maidir le hacmhainneachtaí insteallta agus stórála, ***agus iompar CO2***;

(b) ***mapáil ar*** thionscadail stóráil $CO_2$ ***agus iompar CO2*** atá ar siúl ar a chríoch, lena n-áirítear stádas an cheadaithe faoi Threoir 2009/31/CE, dátaí a bhfuil coinne le Cinneadh Críochnaitheach Infheistíochta agus le teacht i ngníomh;

(c) na ***bearta tacaíochta náisiúnta a glacadh agus*** bearta a d’fhéadfaí a ghlacadh chun tionscadail dá dtagraítear i bpointe (a) agus (b) a spreagadh.

***(ca) an straitéis agus na spriocanna náisiúnta arna leagadh síos chun CO2 a ghabháil faoi 2030, agus nuair is infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 16(3) le haghaidh 2035, 2040 agus 2050.***

***(cb) na socruithe, lena n-áirítear comhaontuithe déthaobhacha arna ndéanamh chun iompar trasteorann CO2 a éascú, a rinneadh chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag eintitis a ghabhann CO2 ar mhodh sábháilte agus neamh-idirdhealaitheach chun CO2 a iompar;***

***(cc) Tionscadail iompair CO2 atá ar siúl agus meastachán ar acmhainneacht riachtanach na dtionscadal iompair CO2 a bheidh ann amach anseo chun an acmhainneacht ghabhála agus stórála chomhfhreagrach a mheaitseáil.***

***2a. Má léirítear sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 2 nach bhfuil aon tionscadal stórála CO2 ar siúl ar a gcríoch, tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar phleananna chun dícharbónú na n-earnálacha tionsclaíocha a bhfuil astaíochtaí dosheachanta CO2 ag bagairt orthu a éascú. Ba cheart go n-áireofaí leis sin iompar trasteorann CO2 chuig láithreáin stórála atá lonnaithe i mBallstáit eile, chomh maith le tionscadail úsáide CO2.***

*Airteagal 17a*

***Bonneagar iompair CO2***

***1.*** ***Chun gnóthú an chuspóra a leagtar amach in Airteagal 16 a éascú, déanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit, i gcomhpháirtíocht leis na cuideachtaí a thairbhíonn ón mbonneagar sin a áirithiú go ndéanfar an t-infheistiú is gá sa bhonneagar iompair CO2, lena n-áirítear bonneagar trasteorann.***

***2.*** ***Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh úsáideoirí ionchasacha láithreán stórála in ann rochtain a fháil ar ghréasáin iompair CO2 agus ar láithreáin stórála chun críocha stóráil gheolaíoch an CO2 arna tháirgeadh agus arna ghabháil.***

***3.*** ***Chun tionchar an iompair CO2 ar an gcomhshaol a íoslaghdú, beidh sé d'aidhm ag an Aontas, ag a Bhallstáit agus ag gach gníomhaí eile lena mbaineann an gá le hiompar CO2 a íoslaghdú.***

***4.*** ***Féadfaidh na Ballstáit eintitis a bhunú, nó féadfaidh siad tacaíocht a chur ar fáil lena mbunú, ar eintitis iad a bhfuil mar chuspóir acu gréasáin iompair CO2 a chruthú, lena n-áirítear bonneagair a tógáil nó soithí a sholáthar nó modhanna iompair eile. Déanfar bunú na n-eintiteas den sórt sin a athbhreithniú gach dhá bhliain ar a laghad.***

***5.*** ***Faoin ... [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin], déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit comhstraitéis a tharraingt suas chun an bonneagar dá dtagraítear i mír 1 a mhaoiniú.***

*Airteagal 18*

***Rannchuidiú táirgeoirí údaraithe ola agus gáis***

1. Beidh gach eintiteas ***a dhíolann amhola, táirgí peitriliam, nó gás nádúrtha san Aontas*** faoi réir rannchuidiú aonair ***agus éigeantach*** leis an sprioc uile-Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta $CO_2$ atá ar fáil a leagtar amach in Airteagal 16. Déanfar na rannchuidithe sin a ríomh ar bhonn *pro rata* ar bhonn sciar gach eintiteas ***d'amhola, táirgí peitriliam agus gás nádúrtha a dhíoltar san*** Aontas▌ ón 1 Eanáir 2020 go dtí

an 31 Nollaig 2023 agus is éard a bheidh iontu acmhainneacht insteallta $CO_2$ i láithreán stórála a cheadaítear i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus atá ar fáil don mhargadh faoi 2030.

***1a. Beidh eintitis dá dtagraítear i mír 1 in ann a rannchuidiú aonair leis an sprioc uile-Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta CO2 atá ar fáil a chomhlíonadh trí acmhainneacht insteallta a chur ar fáil i stórais atá lonnaithe i dtíortha dá dtagraítear in Airteagal 16(8).***

***1b. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun astaírí a éascú agus a dhreasú chun astaíochtaí a ghabháil, chun infheisteoirí a dhreasú chun an bonneagar is gá a mhaoiniú chun CO2 a iompar chuig an láithreán stórála, agus i gcás inar gá, chun tionscadail stórála CO2 a chistiú go díreach.***

***1c. I gcás ina ndéantar CO2 a ghabháil agus a iompar i mBallstát amháin agus ina n-iompraítear agus ina stóráiltear é i mBallstáit eile, déanfaidh na Ballstáit na bearta a luaitear i mír 1b a chomhordú. Déanfaidh an Coimisiún comhordú den sórt sin a áirithiú agus a éascú trí Ghrúpálacha Réigiúnacha CCS a bhunú.***

2. Laistigh de 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh na Ballstáit na heintitis dá dtagraítear i mír 1 agus a dtoirteanna i ***ndíol*** amhola agus gáis nádúrtha ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023 a shainaithint agus a thuairisciú don ▌ Choimisiún.

3. Tar éis don Choimisiún na tuarascálacha arna gcur isteach de bhun Airteagal 17(2) a fháil agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, sonróidh sé an sciar den rannchuidiú le cuspóir an Aontais mar atá an acmhainneacht insteallta CO2 faoi 2030 ó eintitis dá dtagraítear i mír 1.

4. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin, cuirfidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 plean faoi bhráid an Choimisiúin ina sonrófar an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu a rannchuidiú le cuspóir an Aontais mar atá an acmhainneacht insteallta CO2 a bhaint amach faoi 2030. Sna pleananna sin:

   (a) deimhneofar rannchuidiú an eintitis, a shloinnfear i dtéarmaí spriocthoirt na hacmhainneachta nua stórála agus insteallta $CO_2$ a choimisiúnófar faoi 2030;

(b) sonrófar na modhanna agus na garspriocanna chun an spriocthoirt a bhaint amach.

5. Chun a spriocthoirteanna acmhainneachta insteallta atá ar fáil a bhaint amach, féadfaidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) tionscadail stórála CO2, nó iad a fhorbairt ina n-aonar nó i gcomhar le chéile ***nó infheistíocht a dhéanamh iontu***;

(b) comhaontuithe a dhéanamh le heintitis eile dá dtagraítear i mír 1, ***agus ar an gcaoi sin an aidhm fhoriomlán maidir le hacmhainneacht stórála réigiúnach a mhéadú san Aontas á meas;***

(c) comhaontuithe a dhéanamh le forbróirí tionscadal stórála, ***gabhála agus iompair*** tríú páirtí nó le hinfheisteoirí chun a rannchuidiú a chomhlíonadh.

6. ***Faoin ... [2*** bhliain ***tar éis*** theacht i bhfeidhm an Rialacháin***]*** agus gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 tuarascáil faoi bhráid ***údarás inniúil na mBallstát agus an*** Choimisiúin ina sonrófar an dul chun cinn atá déanta acu maidir lena rannchuidiú a chomhlíonadh. ***I gcomhréir le Treoir 2009/31/CE, áireofar sa tuarascáil sin mionsonraí maidir leis na hacmhainneachtaí stórála a coimisiúnaíodh le déanaí, méid a úsáide, agus forléargas ar indéantacht eacnamaíoch na n-acmhainneachtaí insteallta atá beartaithe agus na moltaí do na Ballstáit maidir le tomhas breise atá ag teastáil chun na spriocanna insteallta CO2 a bhaint amach***. Déanfaidh an Coimisiún na tuarascálacha sin a fhoilsiú go poiblí.

***6a. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh cheanglais na Caibidle sin ag na heintitis dá dtagraítear i mír 1. Sa mheasúnú sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh forbairt na módúlachtaí iompair CO2 a ghabhann leis na láithreacha insteallta chomh maith le forbairt gníomhaíochtaí gabhála CO2 chun an t-éileamh ar instealladh CO2 a sholáthar. Má tá gníomhaíochtaí bonneagair ná gníomhaíochtaí gabhála, a bhfuil gá leo chun go mbeidh tionscadal insteallta sonrach oibríochtúil, in easnamh in eintiteas sonrach nach gcomhlíonann a oibleagáidí leis an Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún an oibleagáid insteallta atá ar eintiteas sonrach a laghdú le haghaidh bliain shonrach. Aisghabhfar aon laghdú laistigh de 5 bliana tar éis an laghdaithe a bheith déanta.***

7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh maidir leis an méid seo a leanas:

(a) Na módúlachtaí ar dá réir a chuirtear comhaontuithe idir eintitis dá dtagraítear i mír 1 agus infheistíochtaí in acmhainneacht stórála atá ag tríú páirtithe san áireamh chun a rannchuidiú aonair faoi mhír 5, pointí b agus c, a bhaint amach.

(b) Ábhar na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 6***;***

***(ba) Smachtbhannaí agus pionóis athchomhairleacha agus chomhréireacha a fhéadfar a chur i bhfeidhm ar na heintitis dá dtagraítear i mír 1 nach gcomhlíonann ceanglais an Rialacháin sin.***

***7b. Chun rannchuidiú le cuspóir acmhainneachta insteallta CO2 an Aontais, tá na heintitis dá dtagraítear i mír 1 i dteideal an acmhainneacht insteallta CO2 a chomhfhreagraíonn do na scaireanna tionscadail atá faoi úinéireacht scairshealbhóra eile atá rannpháirteach i dtionscadal stórála a chur san áireamh, i gcás nach dtagann an scairshealbhóir sin faoi raon feidhme mhír 1.***

*Airteagal 18 a*

## *Creat rialála don mhargadh le haghaidh CO2 gafa*

***1. Faoin ... [6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin], foilseoidh an Coimisiún treoirlínte ina léireofar na huasleibhéil iomchuí íonachta $CO_2$ agus na riandúile laistigh den sreabhadh a bhfuil le sonrú ag eintiteas atá ag iarraidh tionscadal stórála $CO_2$ a dheimhniú mar rannchuidiú le cuspóir acmhainneachta insteallta an Aontais.***

***2. Faoin ... [2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú i gcomhréir le mír 2 agus, más iomchuí, chun togra reachtach a thíolacadh lena mbunaítear creat rialála le haghaidh margadh uile-Aontais um ghabháil, úsáid, stóráil agus iompar $CO_2$ chun na rialacha a leagtar amach i dTreoir 2009/31/CE a chomhlánú, lena leagtar síos rialacha maidir leis an méid seo a leanas:***

***(a) rochtain agus sábháilteacht líonra stórála agus iompair $CO_2$ ar bhealach oscailte, cothrom agus neamh-idirdhealaitheach;***

***(b) rochtain chun críocha úsáide agus stórála $CO_2$ ar bhealach oscailte, cothrom agus neamh-idirdhealaitheach;***

***(c) feidhmiú agus idirnasc líonra iompair $CO_2$ mar aon le bonneagar eile san Aontas;***

***(d) dreasachtaí eacnamaíocha, sásraí cistiúcháin agus cúnaimh airgeadais;***

***(e) caighdeáin sonraíochta maidir le stóráil agus iompar $CO_2$;***

***(f) caighdeáin chomhshaoil;***

***(g) ráthaíochtaí le haghaidh tionscnamh $CO_2$;***

***(h) sásraí forfheidhmithe.***

***2a. Sula nglacfaidh sé aon togra reachtach dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na nithe seo a leanas:***

***(a) le feidhmiú an mhargaidh $CO_2$, áirithítear rochtain leordhóthanach ar acmhainneacht insteallta maidir le hastaíochtaí CO2 dosheachanta;***

***(b) leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 18(1), cuirtear forbairt an mhargaidh stórála $CO_2$ san Aontas chun cinn go héifeachtach.***

***I gcás ina léirítear sa mheasúnú de bhun na míre seo nach bhfuil an margadh ag forbairt i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin seo, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh rialacha a chur san áireamh chun rochtain tosaíochta a chur ar fáil le haghaidh astaíochtaí ar acmhainneacht insteallta, arb astaíochtaí iad nárbh fhéidir a sheachaint agus chun an Rialachán seo a leasú chun na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 18(1) a athrú.***

***Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh rochtain leordhóthanach ar acmhainneacht insteallta CO2 ag gach earnáil a bhfuil astaíochtaí próisis thionsclaíocha dhosheachanta acu. I gcás ina léiríonn a chuid measúnuithe nach bhfuil an margadh ag forbairt i gcomhréir leis an gcuspóir sin, forbróidh an Coimisiún rialacha chun rochtain tosaíochta a thabhairt d'astaíochtaí próisis thionsclaíocha dhosheachanta ar acmhainn insteallta CO2.***

***Chun an measúnú de bhun na míre seo a éascú, déanfaidh an Coimisiún liosta earnálacha a fhorbairt ina bhfuil astaíochtaí próisis thionsclaíocha dhosheachanta ó shuiteálacha tionsclaíocha ar mhórscála nach bhfuil aon roghanna díreacha laghdaithe astaíochtaí ar fáil ina leith tar éis na teicnící is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm, bunaithe ar***

***mhodheolaíocht shoiléir lena n-áirítear fianaise eolaíoch, staid reatha úrscothach na dteicneolaíochtaí ábhartha, indéantacht eacnamaíoch, chomh maith le bearta iomchuí maidir le hastaíochtaí a laghdú ó thaobh an éilimh de.***

## Caibidil IV.
## Rochtain ar mhargaí

*Airteagal 19*

***Rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta i nósanna imeachta soláthair phoiblí***

1. ***Gan dochar do Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Soláthar Rialtais (GPA) agus do chomhaontuithe idirnáisiúnta eile lena bhfuil an tAontas faoi cheangal chomh maith leis an reachtaíocht earnála is infheidhme, go háirithe Rialacháin (AE) 2022/1031 agus (AE) 2022/2560***, bunóidh údaráis chonarthacha ***agus*** eintitis chonarthacha dámhachtain conarthaí le haghaidh teicneolaíocht ghlan-nialasachta a liostaítear in ***Airteagal 3 den Rialachán seo a cheannach agus a úsáid***, ***agus, go háirithe trí sholáthar poiblí réiteach nuálach agus soláthar poiblí réamhthráchtála, teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha nó teicneolaíochtaí nuálacha eile,*** i nós imeachta soláthair phoiblí maidir leis an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, lena n-áireofar an cóimheas idir praghas agus cáilíocht is fearr, lena gcuimseofar ar a laghad rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta ***comhshaoil agus sóisialta*** na tairisceana, i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE, nó 2014/25/AE▌. ***Áiritheoidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha go bhfuil an próiseas soláthair oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach, lena lamhálfar d'iomaíocht chóir a bheith ann idir na soláthraithe incháilithe uile.***

   ***I gcás nach bhfuil teicneolaíocht ghlan-nialasachta atá mar ábhar an chonartha ach nach bhfuil inti ach cuid de agus go bhfuil luach measta na coda ábhartha den chonradh os cionn na dtairseach a leagtar amach i dTreoir 2014/23/AE, Treoir 2014/24/AE nó Treoir 2014/25/AE, déanfaidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha ceann de na nithe seo a leanas:***

***(a)*** ***an chuid a bhaineann le teicneolaíocht ghlan-nialasachta a dheighilt ina luchtóga nó ina luchtóga tiomnaithe;***

***(b)*** ***conradh nó conarthaí ar leithligh a ullmhú don chuid a bhaineann le teicneolaíocht ghlan-nialasachta; nó***

***(c)*** ***oibleagáid a fhorchur ar an bpríomhchonraitheoir fochonraitheoireacht iomaíoch a dhéanamh maidir le soláthar na dtáirgí teicneolaíochta glan-nialasachta faoi seach lena gcuirtear Treoir 2014/23/AE, 2014/24/AE nó 2014/25/AE i bhfeidhm, de réir mar is iomchuí, agus an tAirteagal seo.***

2. Beidh ranncuidiú inbhuanaitheachta ▌ agus athléimneachta ***comhshaoil agus sóisialta*** na tairisceana bunaithe ar na critéir charnacha seo a leanas a bheidh oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach:

(a) inbhuanaitheacht comhshaoil a théann thar na híoscheanglais sa reachtaíocht is infheidhme;

(b) i gcás inar gá réiteach nuálach a fhorbairt, tionchar agus cáilíocht an phlean cur chun feidhme, lena n-áirítear bearta bainistithe riosca;

(c) i gcás inarb infheidhme, rannchuidiú na tairisceana le comhtháthú earnáil fuinnimh;

(d) rannchuidiú na tairisceana le ***pá cuibhiúil agus le dálaí oibre cuibhiúla, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, printíseachtaí a thairiscint chomh maith le cuspóirí dea-shainithe ó thaobh scileanna, athsciliú agus uas-sciliú de, chun tarraingteacht na fostaíochta in earnálacha tionsclaíocha glan-nialasachta a mhéadú.***

***2a.*** ***Bunófar rannchuidiú athléimneachta na tairisceana ar na critéir charnacha seo a leanas a bheidh oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach:***

***(a)*** ***i gcás inarb infheidhme, rannchuidiú na tairisceana le slándáil fuinnimh an Aontais;***

***(b)*** ***rannchuidiú na tairisceana le hathléimneacht an Aontais, agus slándáil na soláthairtí á cur san áireamh trí chion na dtáirgí de thionscnamh foinse aonair soláthair a mheas, arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Measfar nach mbeidh an soláthar daingnithe go***

***leordhóthanach i gcás ina bhfuil níos mó ná 50 % den éileamh iomlán laistigh den Aontas ar theicneolaíocht ghlan-nialasachta shonrach nó comhpháirteanna a úsáideadh go príomha maidir le táirgeadh na dteicneolaíochtaí sin atá soláthraithe ag foinse aonair, le linn na bliana deiridh a bhfuil na sonraí le fáil ina leith;***

***(c) i gcás inarb infheidhme, rannchuidiú leis an nuálaíocht trí réitigh atá go hiomlán nua a chur ar fáil nó trí réitigh inchomparáide úrscothacha a fheabhsú.***

3. Tabharfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ***ualú 30 % ar a laghad*** ar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta de na critéir dhámhachtana don chuid de thairiscint ***a bhaineann le teicneolaíocht ghlan-nialasachta, agus an rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta araon á gcur san áireamh ar bhealach cothrom***.

***Maidir le cur chun feidhme na gcritéar dá dtagraítear i mír 2a den Airteagal seo, tagraíonn na húdaráis chonarthacha nó na heintitis chonarthacha do na sonraí is déanaí atá sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 22(2) den Rialachán seo, agus cinnfear tionscnamh an tsoláthair i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.***

4. ***De mhaolú ar mhír 3 den Airteagal seo,*** ní bheidh sé d'oibleagáid ar an údarás conarthach ná ar an eintiteas conarthach na breithnithe a bhaineann le rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur i bhfeidhm i gcás ina gcuirfeadh a gcur i bhfeidhm oibleagáid ***shoiléir*** ar an údarás nó ar an eintiteas sin trealamh a fháil a mbeadh costais dhíréireacha ag baint leis▌. ***Ní ríomhfar*** difríochtaí costais ***ach amháin do chostas an trealaimh, seachas seirbhísí gaolmhara, agus féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a thoimhdiú go bhfuil siad díréireach i gcás ina bhfuil siad*** os cionn ***30*** %, ***i gcomparáid le tairiscint gan rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta***. Beidh an fhoráil seo gan dochar don fhéidearthacht tairiscintí thar a bheith íseal a eisiamh faoi Airteagal 69 de Threoir 2014/24/AE agus faoi Airteagal 84 de Threoir 2014/25/AE, ▌gan dochar do chritéir eile maidir le dámhachtain conarthaí ***agus le heisiamh*** de réir reachtaíocht an Aontais, ***agus gan dochar do shaincheart na n-údarás conarthach sonraíochtaí teicniúla a cheapadh i gcomhréir le hAirteagal 42 de Threoir***

*2014/24/AE chun a áirithiú nach mbeidh soláthar trealaimh neamh-chomhoiriúnach ar a mbíonn costais i mhíréasúnta ró-ard de dhíth chun comhoiriúnacht an trealaimh atá ann cheana a áirithiú mar thoradh ar chur i bhfeidhm mhír 3*.

***Féadfaidh an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa moltaí a eisiúint do na húdaráis chonarthacha agus do na heintitis chonarthacha san Aontas maidir le tairseacha iomchuí níos airde chun costais dhíréireacha a shainmhíniú i bhfianaise imthosca an mhargaidh le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta sonracha. Féadfaidh na Ballstáit a mbuiséid fhoriomlána arna leithdháileadh ar nósanna imeachta soláthair phoiblí a choigeartú chomh maith leis na huasleibhéil tairisceana lena mbaineann chun freastal ar chur chun feidhme na gcritéar neamhphraghais.***

***4a. Cuirfidh na húdaráis chonarthacha na coinníollacha réamhcháiliúcháin seo a leanas i bhfeidhm le haghaidh nósanna imeachta soláthair faoin Airteagal seo:***

***(a) ní bheidh níos mó ná 50 % den chuid na tairisceana a bhaineann le teicneolaíocht ghlan-nialasachta, arna thomhas de réir luach airgeadais an trealaimh arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, de thionscnamh tríú tíortha nach sínitheoirí le Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais (GPA) iad;***

***(b) gach trealamh a sholáthraítear faoin gcuid na tairisceana a bhaineann le teicneolaíocht ghlan-nialasachta, déanfar é a dheimhniú i dtéarmaí cibearshlándála a mhéid is gurb ann do chreat deimhniúcháin cibearshlándála de chuid an Aontais nó náisiúnta le haghaidh an trealaimh;***

***(c) oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn cuid na tairisceana a bhaineann le teicneolaíocht ghlan-nialasachta, ní bheidh siad faoi réir beart IPI mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2022/1031, go háirithe Airteagail 6 agus 8 de.***

***i gcás nach mbeidh aon tairiscint oiriúnach mar thoradh ar chur i bhfeidhm na gcoinníollacha réamhcháiliúcháin sin i nós imeachta soláthair, féadfaidh an t-údarás conarthach an nós imeachta a atosú gan coinníollacha réamhcháiliúcháin phointe (a) agus phointe (c) den mhír seo a chur i bhfeidhm.***

***4 b.*** ***Ní dhéanfaidh an Ballstát idirdhealú in aghaidh an tsoláthraí ná ní chaithfear go difriúil le soláthraí ná le táirgí glan-nialasachta ó Bhallstát eile, bunaithe ar chritéir inbhuanaitheachta agus athléimneachta.***

*Airteagal 20*

***Ceantanna chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a úsáid***

1. Gan dochar d’Airteagal 4 de Threoir (AE) 2018/2001 ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[37], agus Airteagal 107 agus Airteagal 108 ***CFAE, ná*** do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas, déanfaidh na Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí, measúnú ar an rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2) ***agus 2(a)*** den Rialachán seo agus na critéir á ndearadh a úsáidfear chun tairiscintí a rangú faoi chuimsiú ceantanna, arb é is aidhm dóibh tacú le táirgeadh nó tomhaltas fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2018/2001. ***Ní chuirfidh sé sin bac ar na heintitis sin critéir eile neamhphraghais a úsáid.***

2. Tabharfar ualú idir ***35*** % agus ***50*** % de na critéir dhámhachtana don rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta, ***rannchuidiú athbhuanaitheachta agus athléimneachta araon á gcur san áireamh ar bhealach cothrom***, gan dochar ***don*** fhéidearthacht ualú níos airde a thabhairt do na critéir in Airteagal 19(2), pointí (a) agus (b), i gcás inarb infheidhme faoi reachtaíocht an Aontais, ná d’aon teorainn le critéir neamhphraghais a shocraítear faoi rialacha maidir leis an státchabhair. ***Agus na critéir nithiúla neamhphraghais á roghnú, á gceapadh agus á gcur chun feidhme mar chuid den rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta, déanfaidh saintréithe teicneolaíocht-sonracha a chur san áireamh agus aghaidh a thabhairt go héifeachtach orthu.***

***[37] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).***

3. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit, údaráis réigiúnacha ná áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí ná comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin ná comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí na breithnithe a bhaineann le rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur i bhfeidhm i gcás ina gcuirfeadh a gcur i bhfeidhm oibleagáid ar na heintitis sin trealamh a fháil lena mbaineann costais dhíréireacha ▌.,. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a thoimhdiú go bhfuil difríochtaí costais os cionn 10 % díréireach ***i gcás ina mbeadh costais na tacaíochta a thairgeann an earnáil phoiblí don tionscadal níos mó ná 15 % níos airde, i gcomparáid le nós imeachta gan na rannchuidithe inbhuanaitheachta agus athléimneachta***. ***Beidh an mhír seo gan dochar do shaincheart na n-údarás conarthach sonraíochtaí teicniúla a fhoirmliú i gcomhréir le hAirteagal 42 de Threoir 2014/24 chun a áirithiú nach mbeidh soláthar trealaimh neamh-chomhoiriúnach ar a mbíonn costais mhíréasúnta ró-ard de dhíth chun comhoiriúnacht leis an trealamh atá ann cheana a áirithiú mar thoradh ar chur i bhfeidhm na míre seo.***

***Féadfaidh na Ballstáit a mbuiséid fhoriomlána arna leithdháileadh ar cheantanna fuinnimh in-athnuaite a choigeartú chomh maith leis na huasleibhéil tairisceana lena mbaineann chun freastal ar chur chun feidhme na gcritéar neamhphraghais.***

***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásra innéacsaithe boilscithe san áireamh i ngach ceant. Deanfar tairiscintí diúltacha, i gcás inarb iomchuí, a eisiamh ó cheantanna.***

***3a. Cuirfidh na húdaráis na coinníollacha réamhcháiliúcháin seo a leanas i bhfeidhm le haghaidh ceantanna faoin Airteagal seo:***

***(a) ní bheidh níos mó ná 50 % den chuid na tairisceana a bhaineann le teicneolaíocht ghlan-nialasachta, arna thomhas de réir luach airgeadais an trealaimh arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, de thionscnamh tríú tíortha nach sínitheoirí le Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais (GPA) iad;***

*(b)* *gach trealamh a sholáthraítear faoin gcuid na tairisceana a bhaineann le teicneolaíocht ghlan-nialasachta, déanfar é a dheimhniú i dtéarmaí cibearshlándála a mhéid is gurb ann do chreat deimhniúcháin cibearshlándála de chuid na hEorpa nó náisiúnta le haghaidh an trealaimh;*

*(c)* *oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn cuid na tairisceana a bhaineann le teicneolaíocht ghlan-nialasachta, ní bheidh siad faoi réir beart IPI mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2022/1031, go háirithe Airteagail 6 agus 8 de.*

*i gcás nach mbeidh aon tairiscint oiriúnach mar thoradh ar chur i bhfeidhm na gcoinníollacha réamhcháiliúcháin sin i gceant, féadfaidh an t-údarás conarthach an ceant a atosú gan coinníollacha réamhcháiliúcháin phointe (a) agus phointe (c) a chur i bhfeidhm.*

Airteagal 20a

*1.* *Faoin ...[sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún treoir shoiléir a sholáthar maidir le cur chun feidhme nithiúil Airteagal 19 i gcomhar le hAirteagal 20, tríd na nithe seo a leanas a chur ar fáil:*

*(a)* *catalóg de chritéir nithiúla agus de chritéir neamhphraghais a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann go sonrach le teicneolaíocht le haghaidh ceantanna fuinnimh in-athnuaite, ina ndéanfar idirdhealú idir critéir neamhphraghais atá oiriúnach do phróisis tairisceana iomaíocha agus critéir neamhphraghais atá oiriúnach mar cheanglais réamhcháiliúcháin i gceantanna fuinnimh in-athnuaite;*

*(b)* *modheolaíocht maidir le conas measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta comhshaoil agus sóisialta na tairisceana dá dtagraítear in Airteagal 19(2), pointí (a) agus (d);*

*(c)* *modheolaíocht maidir le conas measúnú a dhéanamh ar na difríochtaí costais dá dtagraítear in Airteagal 20(3).*

*2.* *Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar rannchuidiú chritéir neamhphraghais an Rialacháin seo arb é is aidhm dóibh dreasacht a chur ar fáil don nuálaíocht is gá*

***chun spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 agus 2050 an Aontais a bhaint amach agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis dháta an teacht i bhfeidhm. Más gá, déanfaidh an Coimisiún rannchuidiú na gcritéar neamhphraghais a mhodhnú chun monaraíocht san Aontas a chothú, chun ardchaighdeáin chomhshaoil agus inbhuanaitheachta a áirithiú, chun slabhraí luacha a fhorbairt san Aontas agus chun iomaíochas ghnólachtaí an Aontais a mhéadú ar an leibhéal domhanda.***

*Airteagal 20b*

***Soláthar réamhthráchtála agus soláthar poiblí réiteach tráchtála nuálach***

***1.*** ***Féachfaidh na Ballstáit le soláthar réamhthráchtála a úsáid le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha réamhthráchtála agus soláthar poiblí teicneolaíochtaí glan-nialasachta tráchtála nuálacha faoi chuimsiú chur chun feidhme a bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide. Féadfar cistiú ar leibhéal an Aontais a chur le soláthar réamhthráchtála agus soláthar poiblí faoi chuimsiú Chláir an Aontais atá ann cheana le haghaidh soláthar réamhthráchtála comhpháirteach nó soláthar poiblí ar fud na mBallstát.***

***2.*** ***Déanfaidh PNFAnna, uasdátaithe ar PNFA agus tuarascálacha ar dhul chun cinn PNFA maidir le huainiú PCPanna agus PSPanna agus a gcuspóirí a mhionsonrú. Ullmhóidh an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa moltaí maidir le dearadh an tsoláthair réamhthráchtála nó an tsoláthair phoiblí.***

*Airteagal 21*

***Cineálacha eile idirghabhála poiblí***

1. Gan dochar d’Airteagail 107 agus 108 ***CFAE*** ná d’Airteagal 4 de Threoir ***(AE)*** 2018/2001[38] agus i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh scéimeanna a bhunú a rachaidh chun tairbhe do theaghlaigh, ***do ghnólacht*** nó do thomhaltóirí a dhreasaíonn ceannach na dtáirgí

[38] Treoir 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn

deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a liostaítear in ***Airteagal 3a(1) den Rialachán seo***, déanfaidh na Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí iad a dhearadh ar bhealach a chuirfidh chun cinn go gceannóidh tairbhithe táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta lena mbaineann rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2), trí chúiteamh airgeadais comhréireach breise a sholáthar.

2. De bharr chur i bhfeidhm na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 19(2), ***pointí*** (b), (c) agus (d) ***agus in Airteagal 19(2a)***, ní bheidh an cúiteamh airgeadais breise arna dheonú ag na húdaráis i gcomhréir le mír 1 níos mó ná 5 % de chostas an táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta ar an tomhaltóir, ***seachas na scéimeanna lena ndíreofar ar shaoránaigh atá ag maireachtáil i mbochtaineacht fuinnimh arb é 15% an teorainn ina leith***.

3. Agus scéim a thagann faoi mhír 1 á dearadh agus á cur chun feidhme ag an údarás, úsáidfidh sé próiseas oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú athléimneachta agus inbhuanaitheachta na dtáirgí atá ar fáil ar an margadh. Beifear i dteideal iarratas a dhéanamh i leith aon táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta dul isteach sa scéim tráth ar bith. Sonróidh an t-údarás pasmharc ar dá réir a bheidh táirgí incháilithe don chúiteamh airgeadais breise faoin scéim tacaíochta.

4. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis uile a bhaineann le scéimeanna de bhun Airteagal 21(1) i gcás gach táirge ábhartha teicneolaíochta glan-nialasachta a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin aonair saor in aisce.

*Airteagal 22*

***Tionscnaimh maidir le rochtain ar mhargaí a chomhordú***

1. ***Faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***, glacfaidh an Coimisiún ***gníomh cur chun feidhme i gcomhréir le nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 34(3) ina sonrófar*** na critéir chun measúnú a dhéanamh ar athléimneacht agus rannchuidiú inbhuanaitheachta na dtáirgí atá ar fáil a chumhdaítear leis na foirmeacha idirghabhála poiblí a chumhdaítear faoi ***A***irteagail 19, 20 agus 21, ***i***

***gcomhréir le forálacha comhchosúla i ngníomhartha dlí atá ann cheana, agus lena mbunaítear na critéir le haghaidh an mhaolaithe dá bhforáiltear in Airteagal 19(4). Cuirfidh an Coimisiún comhthéacs sonrach FBManna san áireamh.***

***1a.*** ***I gcás ina mbeidh coimhlint idir na critéir dhámhachtana agus na critéir inbhuanaitheachta éagsúla a leagtar síos faoi ghníomhartha dlí eile an Aontais, cuirfidh an Coimisiún treoraíocht ar fáil maidir leis an gcaoi a bhfuil na forálacha sin ann i gcomhthráth. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar a threoraíocht agus, i gcás inar gá, tabharfaidh sé cothrom le dáta í gach sé mhí.***

2. Déanfaidh an Coimisiún liosta de ***gach*** táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a liostaítear in ***Airteagal 3*** a chur ar fáil agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, arna mhiondealú de réir an sciar de sholáthar an Aontais de thionscnamh tríú tíortha éagsúla le linn na bliana deireanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith. ***Rachaidh an Coimisiún agus an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa i gcomhairle le comhlachais geallsealbhóirí tionsclaíocha agus le gníomhaithe tionsclaíocha chun na críche sin.***

3. Pléifidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa bearta a rinne na Ballstáit chun Airteagail 19 agus 21 a chur chun feidhme agus malartóidh sé dea-chleachtais, *inter alia*, maidir le húsáid phraiticiúil na gcritéar lena sainítear an rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta sa soláthar poiblí, nó scéimeanna a dhreasaíonn ceannach táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta.

## Caibidil V.

## Feabhas a chur ar scileanna chun poist ardcháilíochta a chruthú

*Airteagal 23*

***Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta***

1. ***Bunaithe ar chleachtadh mapála agus dá dtagraítear in Airteagal 23a,*** tacóidh an Coimisiún, lena n-áirítear trí shíolmhaoiniú a sholáthar, le hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta a bhunú ***mar líonra saineolaithe ar theicneolaíochtaí glan-nialasachta***, arb é is aidhm dóibh:

(a) cláir foghlama a fhorbairt, ábhar agus ábhair foghlama agus oiliúna a fhorbairt le haghaidh oiliúna agus oideachais maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt, a tháirgeadh, a shuiteáil, a choimisiúnú, a oibriú, a chothabháil agus a athchúrsáil ***agus*** maidir le hamhábhair ***atá sainaitheanta tríd an gcleachtadh mapála,*** chomh maith le tacú le hacmhainneachtaí na n-údarás poiblí atá inniúil chun ceadanna agus údaruithe dá dtagraítear i gCaibidil II a eisiúint agus leis na húdaráis chonarthacha dá dtagraítear i gCaibidil IV den Rialachán seo;

***(aa) a áirithiú go n-éascaíonn na cláir foghlama a fhorbraítear sealbhú agus neartú inniúlachtaí idirdhisciplíneacha, sa bhreis ar scileanna a bhaineann go sonrach le teicneolaíocht ar leith nó le hearnáil ar leith, chun oiriúnú ó thionscal amháin go tionscal eile a éascú, rud a chuirfidh ar chumas foghlaimeoirí a bheith soghluaiste agus inoiriúnaithe don staid atá ag síorathrú i margadh an tsaothair agus níos faide i gcéin;***

***(ab) a áirithiú go mbeidh sna cláir foghlama faisnéis agus oiliúint atá ábhartha agus cothrom le dáta maidir le saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta chomh maith le faisnéis ábhartha maidir le cearta oibrithe agus dálaí oibre;***

***(ac) díriú ar oiliúint agus oideachas 100 000 foghlaimeoir in aghaidh an Acadaimh a chumasú, laistigh de thrí bliana tar éis a mbunaithe, trí fhoghlaim ghairmiúil ar feadh an tsaoil agus uas-sciliú nó athsciliú a spreagadh, lena n-áirítear trí phrintíseachtaí, trí chláir mheantóireachta chomh maith le cláir oiliúna ghearrtréimhseacha agus fhadtréimhseacha;***

(b) úsáid na gclár foghlama, an ábhair agus na n-ábhar ag soláthraithe oideachais agus oiliúna sna Ballstáit a chumasú agus a chur chun cinn, ***amhail ollscoileanna, ollscoileanna taighde, ollscoileanna sna heolaíochtaí feidhmeacha agus comhghuaillíochtaí ollscoile, gnóthais a sholáthraíonn oideachas agus oiliúint den sórt sin, lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus fiontair shóisialta, comhpháirtithe sóisialta, agus oiliúnóirí oiliúna;***

***(ba) sásraí a fhorbairt chun cáilíocht na hoiliúna a chuireann soláthraithe oideachais agus oiliúna ar fáil sna Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, i***

***dtíortha atá comhlachaithe le cláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais, amhail Fís Eorpach agus an Eoraip Dhigiteach, a áirithiú, bunaithe ar chláir foghlama, ábhar agus ábhair na nAcadamh Eorpach um an Tionscal Glan-nialasachta;***

***(bb) rannchuidiú leis an gcuspóir fadtéarmach an tAontas a thionsclú agus a dhícharbónú ag an am céanna agus rannchuidiú lena neamhspleáchas straitéiseach oscailte agus aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le teicneolaíochtaí glan-nialasachta de dhéantús an Aontais agus le hoibrithe oilte;***

(c) dintiúir a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear micridhintiúir, chun ***aithint*** na scileanna a gheofar a éascú, ***chun*** inaistritheacht idir poist agus ***tionscail*** agus soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair ***a éascú***, agus chun meaitseáil le poist ***ardcháilíochta*** ábhartha a chur chun cinn trí uirlisí amhail an Líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta (EURES) agus EURAXESS.

2. Déanfaidh Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta steiréitíopaí inscne a chomhrac agus ***déanfaidh siad rochtain chomhionann ar inneachar foghlama a chur chun cinn do chách, agus aird*** ar leith a thabhairt ar an ngá le níos mó ban agus daoine óga, ***go háirithe iad siúd*** nach bhfuil i mbun oideachas, fostaíochta ná oiliúna ***(NEETanna), daoine scothaosta, oibrithe i ngairmeacha atá i mbaol dul ar iarraidh nó a bhfuil a n-inneachar agus a gcúraimí á gclaochlú go mór ag teicneolaíochtaí nua agus ag daoine atá ag obair i réigiúin atá i mbun aistriú*** a ghníomhachtú. ***Déanfaidh Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta éagsúlacht agus cuimsitheacht daoine faoi mhíchumas, imircigh agus daoine atá i staideanna leochaileacha a chur chun cinn.*** .

**Article 23a**

**Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta a bhunú agus a rialú**

***Le cleachtadh mapála, sainaithneofar ganntanais saothair agus scileanna i bpríomhearnálacha tionsclaíocha agus i dtionscail ghlan-nialasachta bunaithe ar riachtanais an chlaochlaithe thionsclaíoch agus an dícharbónaithe agus déanfar measúnú ar an rochtain ar dheiseanna oiliúna a bhaineann leis na teicneolaíochtaí sin ar an leibhéal***

***náisiúnta.***

***Déanfar anailís sa chleachtadh mapála ar bhunchúiseanna na nganntanas sin, go háirithe iad siúd a bhaineann le cáilíocht na tairisceana poist, agus ar an gcaoi sin measúnófar an bhfuil gá le bearta breise chun níos mó oibrithe de gach leibhéal cáilíochta a mhealladh i dtionscail áirithe.***

***Más rud é, ar bhonn an chleachtaidh léarscáilithe, go sainaithnítear leibhéal criticiúil de ghanntanais scileanna i dteicneolaíocht straitéiseach ghlan-nialasachta, eiseoidh an Coimisiún glao ar thograí chun Acadaimh um an Tionscal Glan-nialasachta a bhunú.***

***Is éard a bheidh i gcomhaltaí na nAcadamh Eorpach um an Tionscal Glan-nialasachta roinnt gníomhaithe, amhail tionscail ina bhfuil úsáid na dteicneolaíochtaí glan-nialasacha ríthábhachtach ina slabhraí luacha, ina soláthraithe oideachais agus oiliúna, ina gcomhpháirtithe sóisialta agus ina ngnóthais lena n-áirítear FBManna. Beidh sé d'aidhm ag comhdhéanamh na ballraíochta, i gcás inar féidir, cothromaíocht gheografach a bhaint amach ar fud na mBallstát, agus á áirithiú go mbeidh an t-inneachar foghlama a d'fhorbair na hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta ar fáil i dteangacha éagsúla ionas go mbeidh rochtain ag an líon is mó foghlaimeoirí ar na cláir foghlama, go háirithe i measc na ngrúpaí is leochailí.***

***Cuirfear imchlúdach airgeadais dar luach EUR 102 000 000 ar a laghad i bpraghsanna reatha ar fáil do bhunú agus d'fheidhmiú na nAcadamh Eorpach um an Tionscal Glan-nialasachta idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Nollaig 2027. Bainfidh na Ballstáit úsáid as cistí ábhartha an Aontais, go háirithe CSE+, chun ábhar foghlama na nAcadamh a imscaradh go héifeachtach, agus cuirfidh siad faisnéis ar fáil don Choimisiún faoin méid cistí den Aontas a leithdháileadh chun an cuspóir sin a bhaint amach.***

***Trí bliana tar éis a mbunaithe, beidh na hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de trí ranníocaíochtaí airgeadais a fháil ón earnáil phríobháideach.***

***Déanfaidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa arna bhunú de bhun Airteagal 28(1) faireachán ar obair na nAcadamh Eorpach um an Tionsacal Glan-nialasachta agus eiseoidh sé tuarascáil faoin 31 Nollaig 2026 maidir le cur in úsáid a gclár foghlama.***

***Gan mhoill tar éis don Choimisiún teacht i bhfeidhm, seolfaidh an Coimisiún an próiseas mapála agus eiseoidh sé an chéad ghlao ar thograí chun Acadaimh Eorpacha um an***

***Tionscal Glan-nialasachta a bhunú, a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as an obair atá ar bun cheana agus as tionscadail na ngníomhaithe ábhartha agus na mBallstát.***

***Faoin [31 Nollaig 2024], bunófar Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta.***

***Faoin [31 Nollaig 2025], tosóidh na hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta ag soláthar agus ag scaipeadh inneachar foghlama tosaigh. Le céim imlonnaithe an inneachair foghlama, tabharfar aird ar leith ar réigiúin atá i mbun claochlú tionsclaíoch, ina bhfuil ganntanas scileanna criticiúla nó ar na réigiúin sin ina bhfuil ráta ard dífhostaíochta, go háirithe dífhostaíocht i measc na hóige.***

*Airteagal 24*

***Gairmeacha rialaithe i dTionscail Ghlan-nialasachta agus aitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí gairmiúla***

1. Faoin 31 Nollaig 2024 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, sainaithneoidh na Ballstáit an bhfuil na cláir foghlama a d'fhorbair na hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta coibhéiseach leis na cáilíochtaí sonracha a theastaíonn ón mBallstát óstach chun rochtain a fháil ar coibhéiseach leis na cáilíochtaí sonracha a theastaíonn ón mBallstát óstach chun rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí rialáilte laistigh de raon feidhme gairme agus spéis ar leith ag an tionscal glan-nialasachta ***chun ationsclú agus dícharbónú a dhéanamh ag an am céanna d'fhonn na cáilíochtaí arna n-iarraidh a ailíniú, lena gcumhdaítear cáilíochtaí teicniúla agus acadúla araon***. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear torthaí na measúnuithe ar fáil go poiblí agus go mbeidh rochtain éasca orthu ar líne. ***I gcás ina meastar nach bhfuil na cláir foghlama coibhéiseach leis na cáilíochtaí a theastaíonn ón mBallstát óstach chun rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí rialáilte, míneoidh an Ballstát sin na difríochtaí don Choimisiún agus sonróidh sé conas coibhéis a bhaint amach.***

2. Má chinneann Ballstát go bhfuil coibhéis ann, mar a thuairiscítear sa chéad mhír den Airteagal seo, áiritheoidh sé, ***i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, go n-aithneofar*** dintiúir arna n-eisiúint ag soláthraithe oideachais agus oiliúna ar bhonn na gclár foghlama a d'fhorbair na hacadaimh, faoi Theideal III

Caibidil I de Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39], aon uair a iarrann sealbhóir dintiúr den sórt sin rochtain ar ghairm rialáilte de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) de Threoir 2005/36/CE, agus a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis don tionscal glan-nialasach, trí ghlacadh leis an dintiúr mar fhianaise leordhóthanach ar cháilíochtaí foirmiúla.

3. I gcás ina rialaítear rochtain ar ghairm lena mbaineann tábhacht ar leith le haghaidh an tionscadail glan-nialasachta de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) de Threoir 2005/36/CE, oibreoidh na Ballstáit chun tacar coiteann eolais, scileanna agus inniúlachtaí íosta a fhorbairt a theastaíonn chun an ghairm shonrach sin a shaothrú chun creat comhchoiteann oiliúna dá dtagraítear in Airteagal 49a(1) de Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhunú chun aitheantas uathoibríoch cáilíochtaí a chumasú. Féadfaidh an tArdán um an Tionscal Glan-nialasachta moltaí dá dtagraítear in Airteagal 49a(3) de Threoir 2005/36/CE a chur isteach freisin.

*Airteagal 25*

**An tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa agus scileanna**

Tacóidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa dá dtagraítear in Airteaga 28 le hinfhaighteacht agus úsáid scileanna i dteicneolaíochtaí glan-nialasacha, agus in údaráis inniúla agus údaráis chonarthacha dá dtagraítear i gCaibidil II agus i gCaibidil IV, trí na cúraimí seo a leanas, ***agus na struchtúir atá ann cheana a bheith á dtógáil laistigh de chóras náisiúnta oideachais agus gairmoiliúna***:

(1) cúnamh a thabhairt don Choimisiún chun measúnú, faireachán leanúnach agus réamhaisnéis a dhéanamh ar éileamh agus soláthar lucht saothair ag a bhfuil na tacair scileanna a theastaíonn i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta agus ar infhaighteacht agus glacadh deiseanna oideachais agus oiliúna comhfhreagracha, agus eolas á dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta de réir mar is iomchuí;

(2) faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíoch na nAcadamh Eorpach um an Tionscal Glan-nialasachta agus, ***bunaithe ar na sonraí arna soláthar ag na Ballstáit agus ag na***

[39] Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

***húdaráis náisiúnta de bhun Airteagal 31(2), faisnéis a bhailiú faoin líon daoine a bhain tairbhe as na*** cláir foghlama arna bhforbairt ag na hAcadaimh ***agus a sholáthraíonn sonraí imdhealaithe de réir earnálacha tionsclaíocha, inscne, aoise, agus leibhéil oideachais agus cháilíochta***, sineirgí a chothú le tionscnaimh agus tionscadail scileanna eile náisiúnta agus de chuid an Aontais, agus formhaoirseacht a sholáthar ***chun lucht saothair éagsúil a mhealladh, lena n-áirítear trí fheachtais chumarsáide spriocdhírithe;***

(3) cúnamh a thabhairt geallsealbhóirí a shlógadh, lena n-áirítear lucht tionscail, ***gnóthais, lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus fiontair shóisialta***, comhpháirtithe sóisialta agus soláthraithe oideachais agus oiliúna, ***amhail ollscoileanna, ollscoileanna taighde, ollscoileanna sna heolaíochtaí feidhmeacha agus comhghuaillíochtaí ollscoile***, do chur i bhfeidhm ***na gclár*** foghlama arna bhforbairt ag na hAcadaimh Eorpach um an Tionscal Glan-nialasachta;

(4) cuidiú le glacadh agus aitheantas dhintiúir foghlama Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta sna Ballstáit chun aitheantas scileanna agus meaitseáil scileanna agus post a chur chun cinn, *inter alia* trí bhailíocht agus glacadh na ndintiúr ar fud mhargadh saothair ***an Aontais Eorpaigh*** agus ***trí bhéim a leagan ar chláir oiliúna fhadtéarmacha agus ar phrintíseachtaí íoctha***;

***(4a) faireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú ghlacadh agus aithint dintiúr foghlama agus rannchuidiú le réitigh a sholáthar i gcás ina mbraitear saincheisteanna neamhaitheantais;***

(5) forbairt próifílí gairmeacha Eorpacha a éascú arb éard a bheidh iontu tacar coiteann eolais, scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh na bpríomhghairmeacha sna teicneolaíochtaí glan-nialasachta, agus leas á bhaint, *inter alia*, as na cláir foghlama arna bhforbairt ag na hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta, agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid a bhaint as an téarmaíocht a sholáthraítear san Aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO) chun trédhearcacht agus soghluaisteacht idir poist agus thar theorainneacha an mhargaidh inmheánaigh a éascú;

(6) ***ionchais ghairme agus*** dálaí oibre ***ardcháilíochta*** a chur chun cinn, ***lena n-áirítear pá cothrom agus leormhaith*** i bpoist i dtionscail atá neodrach ó thaobh na

teicneolaíochta de ***chomh maith le tarraingteacht an oideachais theicniúil***, ***lánpháirtiú na hóige, na mban, na seanóirí agus daoine ó chúlra faoi mhíbhuntáiste do*** thionscail teicneolaíochtaí glan-nialasacha i margadh an tsaothair, agus oibrithe oilte ó thríú tíortha a mhealladh ***trí ionstraimí amhail an Cárta Gorm Eorpach*** agus, ar an gcaoi sin, lucht saothair níos éagsúla a bhaint amach;

***(6a)*** ***soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais a spreagadh agus tacú léi agus poist fholmha a fhoilsiú trí bhíthin líonra EURES;***

(7) comhordú níos dlúithe agus malartú dea-chleachtas ***agus fios gnó*** a éascú idir na Ballstáit ***agus laistigh den earnáil phríobháideach*** chun feabhas a chur ar infhaighteacht scileanna sna glanteicneolaíochtaí nialais, lena n-áirítear trí rannchuidiú le beartais an Aontais agus na mBallstát chun daoine tréitheacha nua a mhealladh ó thríú tíortha ***agus ó gach leibhéal oideachais***.

# Caibidil VI.

# Nuálaíocht

*Airteagal 26*

***Deiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta***

***-1. Faoin ... [3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ainmneoidh nó bunóidh na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta aonair a bheidh freagrach as na deiseanna trialacha rialála glan-nialasachta. Is é an t-údarás sin amháin a bheidh mar an t-aon phointe teagmhála d'aon ghrúpáil eagraíochtaí atá toilteanach a iarraidh go mbunófaí deis thrialach rialála glan-nialasachta de bhun an Airteagail seo.***

1. Féadfaidh na Ballstáit ***agus i gcás inarb iomchuí in éineacht leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus le Ballstáit eile***, ar a dtionscnamh féin, deiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta a bhunú, lena bhféadfar teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha ***agus teicneolaíochtaí nuálacha eile*** a fhorbairt, a thástáil agus a bhailíochtú, i bhfíorthimpeallacht rialaithe ar feadh tréimhse teoranta sula gcuirfear ar an margadh nó i mbun seirbhíse iad, rud a chuirfidh feabhas ar an bhfoghlaim rialála agus ar an uas-scálú a d'fhéadfaí a dhéanamh agus ar an úsáid níos leithne a d'fhéadfaí a bhaint astu. Bunóidh na Ballstáit deiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-

nialasachta ***i ndlúthchomhar le hinstitiúidí tionscail agus taighde, agus i gcás inarb ábhartha, le comhpháirtithe sóisialta agus sochaí sibhialta***, i gcomhréir le mír 1 arna iarraidh sin d'aon chuideachta atá ag forbairt teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha ***agus teicneolaíochtaí nuálacha eile***, a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin dá dtagraítear i mír 4(a) agus ar roghnaigh na húdaráis inniúla é de réir an nós imeachta roghnúcháin dá dtagraítear i mír 4(b).

2. Déanfar na módúlachtaí agus na coinníollacha maidir le bunú agus oibriú na ndeiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta faoin Rialachán seo a ghlacadh trí ghníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal ***34(3)***. Leis na módúlachtaí agus na coinníollacha, tacófar a mhéid is féidir le solúbthacht d'údaráis inniúla náisiúnta a ndeiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta a bhunú agus a oibriú, nuálaíocht agus foghlaim rialála a chothú agus cuirfear san áireamh go háirithe imthosca agus cumais speisialta FBManna rannpháirteacha ***agus*** gnólachtaí nuathionscanta. Áireofar sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa mhír ***sin*** príomhphrionsabail choiteanna maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

(a) incháilitheacht do rannpháirtíocht sna deiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta agus roghnú lena haghaidh;

(b) nós imeachta maidir leis na deiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta a chur i bhfeidhm, a bheith rannpháirteach iontu, faireachán a dhéanamh orthu, imeacht astu agus iad a fhoirceannadh, lena n-áirítear an plean maidir le deiseanna trialacha agus an tuarascáil imeachta;

(c) na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme maidir leis na rannpháirtithe.

3. Ní dhéanfaidh rannpháirtíocht sna deiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta difear do chumhachtaí maoirseachta agus ceartaitheacha na n-údarás a dhéanann maoirseacht ar an deis thrialach ***rialála***. Déanfar na ***teicneolaíochtaí*** glan-nialasachta nuálacha ***agus*** teicneolaíochtaí ***nuálacha eile*** a thástáil, a fhorbairt agus a bhailíochtú faoi mhaoirseacht dhíreach agus faoi threoraíocht na n-údarás inniúil. Feidhmeoidh na húdaráis inniúla a gcumhachtaí maoirseachta ar bhealach solúbtha laistigh de theorainneacha na reachtaíochta ábhartha, agus déanfaidh siad na cleachtais rialála atá ann cheana á oiriúnú agus a gcumhachtaí lánroghnacha a úsáid agus

forálacha dlíthiúla á gcur chun feidhme agus á bhforfheidhmiú acu maidir le tionscadal deise trialaí rialála teicneolaíochta glan-nialasachta, d'fhonn bacainní a bhaint, an t-ualach rialála a mhaolú, éiginnteacht rialála a laghdú, agus tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta.

4. I gcás inarb ábhartha chun cuspóir an Airteagail seo a bhaint amach, breithneoidh na húdaráis inniúla ar mhaoluithe nó díolúintí a dheonú a mhéid a cheadaítear faoi dhlí ábhartha an Aontais nó faoin dlí ábhartha náisiúnta. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go n-áiritheofar leis an bplean maidir le deiseanna trialacha rialála go n-urramófar príomhchuspóirí agus ceanglais fhíor-riachtanacha reachtaíocht ***an Aontais*** agus na reachtaíochta náisiúnta. Áiritheoidh údaráis inniúla go ndéanfar aon riosca mór don tsláinte, don tsábháilteacht nó don chomhshaol a shainaithneofar le linn forbairt agus tástáil teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha ***agus teicneolaíochtaí nuálacha eile*** a chur in iúl go poiblí agus go gcuirfear an próiseas forbartha agus tástála ar fionraí láithreach dá dheasca go dtí go ndéanfar an riosca sin a mhaolú. I gcás ina measfaidh údaráis inniúla go bhfuil rioscaí eisceachtúla ag baint leis an tionscadal atá beartaithe do shláinte agus sábháilteacht oibrithe, an phobail i gcoitinne, nó an chomhshaoil, go háirithe toisc go mbaineann sé le tástáil, forbairt nó bailíochtú lena mbaineann substaintí fíorthocsaineacha, ní fhormheasfaidh siad an plean maidir leis an deis thrialach ***rialála*** go dtí go mbeidh siad sásta go bhfuil coimircí leordhóthanacha curtha i bhfeidhm atá i gcomhréir leis an riosca eisceachtúil a sainaithníodh.

5. Ar choinníoll go n-urramóidh na rannpháirtithe an plean maidir le deis thrialach agus na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht iontu arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Airteagal seo agus dá dtagraítear i mír 2 agus go leanfaidh siad, de mheon macánta, an treoraíocht a thabharfaidh na húdaráis, ní fhorchuirfidh na húdaráis aon fhíneáil riaracháin ná pionós eile mar gheall ar shárú ar reachtaíocht infheidhme an Aontais nó na mBallstát a bhaineann leis an teicneolaíocht ghlan-nialasachta a ndéanfar maoirseacht uirthi sa deis thrialach rialála.

6. Beidh rannpháirtithe sa deis thrialach rialála teicneolaíochta glan-nialasachta faoi dhliteanas i gcónaí faoi reachtaíocht dliteanais is infheidhme de chuid an Aontais agus na mBallstát le haghaidh aon dochair a dhéanfar do thríú páirtithe de thoradh na tástála a dhéanfar sa deis thrialach.

7. Féadfar síneadh a chur le fad na deise trialaí rialála teicneolaíochta glan-nialasachta tríd an nós imeachta céanna, le comhaontú an údaráis inniúil náisiúnta.

8. Déanfar na deiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta a dhearadh agus a chur chun feidhme ar bhealach, i gcás inarb ábhartha, a éascóidh comhar trasteorann idir na húdaráis inniúla náisiúnta. Na Ballstáit a bhfuil deiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta bunaithe acu, déanfaidh siad a ngníomhaíochtaí a chomhordú agus comhoibreoidh siad faoi chuimsiú an Ardáin um ghlan-nialasacht na hEorpa leis na cuspóirí mar atá faisnéis ábhartha a chomhroinnt. Tuairisceoidh siad go bliantúil don Choimisiún maidir le torthaí chur chun feidhme na ndeiseanna trialacha rialála, lena n-áirítear dea-chleachtais, ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí maidir lena mbunú agus, i gcás inarb ábhartha, maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais laistigh den deis thrialach rialála ar bhealach atá oiriúnaithe chun críocha na deise trialaí.

***Airteagal 26a***

***Nuálaíocht ar mhaithe le hiomaíochas agus dícharbónú***

***Beidh sé d'aidhm leis na bearta sa Roinn sin dlús a chur leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí fuinnimh laistigh den Aontas, chun dlús a chur le húsáid na dteicneolaíochtaí sin chun iarrachtaí dícharbónaithe an Aontais a chothú agus chun iomaíochas domhanda thionscal glan-nialasachta an Aontais a mhéadú d'fhonn uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a áirithiú trí onnmhairiú na dteicneolaíochtaí sin a mhéadú.***

***Airteagal 26b***

***Prionsabal na Nuálaíochta***

***Gan dochar dá inniúlachtaí faoi na Conarthaí, agus i gcomhréir lena Threoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr an 3 Samhain.2021, cuirfidh an Coimisiún prionsabal na nuálaíochta i bhfeidhm, mar a thuairiscítear san Uirlis um Rialáil Níos Fearr #22 agus sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2018 dar teideal 'Clár Oibre Eorpach athnuaite don Taighde agus don Nuálaíocht — Deis na hEorpa a todhchaí a mhúnlú', agus gníomhartha dlí nua de chuid an Aontais á n-ullmhú agus le linn athbhreithniú agus athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha dlí de chuid an Aontais atá ann cheana, d'fhonn a áirithiú go gcothaíonn***

***creat rialála an mhargaidh inmheánaigh an nuálaíocht agus go dtacóidh sé léi.***

*Airteagal 26c*

***Bord Plean SET***

***1.*** ***Chun an Plean SET dá dtagraítear in Airteagal 26d a bhunú agus a chur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún Bord Plean SET. Beidh Bord Plean SET freagrach as an treoir straitéiseach agus as cinntí ginearálta, lena n-áirítear an cinneadh maidir leis na teicneolaíochtaí atá le cur san áireamh, maidir leis an bPlean SET agus a chur chun feidhme.***

***2.*** ***Is iad na Ballstáit agus an Coimisiún a bheidh ar Bord Plean SET. Ionadaí ón gCoimisiún a bheidh ina chathaoirleach air. Áireofar ann rannpháirtíocht struchtúrach agus bhuan na ngníomhaithe tionscail agus taighde.***

***3.*** ***Ceapfaidh gach Ballstát ionadaí ardleibhéil chuig Bord Plean SET. I gcás inarb ábhartha a mhéid a bhaineann leis an bhfeidhm agus an saineolas, féadfaidh Ballstát níos mó ná ionadaí amháin a bheith aige i ndáil le cúraimí éagsúla a bhaineann le hobair Bord Plean SET. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta de Bhord Plean SET.***

***4.*** ***Ar thogra ón gCoimisiún, glacfaidh Bord Plean SET a rialacha nós imeachta trí thromlach simplí dá chomhaltaí.***

***5.*** ***Tiocfaidh Bord Plean SET le chéile go tráthrialta chun a áirithiú go ndéanfar a chuid cúraimí go héifeachtach, cúraimí a shonraítear sa Rialachán sin. I gcás inar gá, tiocfaidh Bord Plean SET le chéile ar iarraidh réasúnaithe ón gCoimisiún nó ó thromlach simplí dá chomhaltaí.***

***6.*** ***Tabharfaidh an Coimisiún cúnamh do Bhord Plean SET trí bhíthin rúnaíocht feidhmiúcháin a sholáthraíonn tacaíocht theicniúil agus lóistíochta.***

***7.*** ***Féadfaidh Bord Plean SET foghrúpaí buana nó sealadacha a bhunú chun díriú ar cheisteanna agus cúraimí sonracha.***

***8.*** ***Iarrfaidh Bord Plean SET ar ionadaithe Pharlaimint na hEorpa freastal ar a chruinnithe mar bhreathnóirí, lena n‑áirítear na buan‑fhoghrúpaí nó na foghrúpaí sealadacha dá dtagraítear i mír 7.***

***9.*** ***I gcás inarb iomchuí, féadfaidh Bord Plean SET nó an Coimisiún cuireadh a***

***thabhairt do shaineolaithe agus do thríú páirtithe eile chuig cruinnithe Bord Plean SET agus na bhfoghrúpaí nó chun aighneachtaí i scríbhinn a sholáthar.***

***10. Glacfaidh Bord Plean SET na bearta is gá chun a áirithiú go ndéantar faisnéis rúnda agus faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de a láimhseáil agus a phróiseáil go sábháilte.***

***11. Déanfaidh Bord Plean SET a dhícheall teacht ar chomhthuairim.***

## *Airteagal 26d-*
## *Plean Straitéiseach um Theicneolaíocht Fuinnimh*

***1. Faoin ... [3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], bunóidh Bord Plean SET dá dtagraítear in Airteagal 26c Plean Straitéiseach um Theicneolaíocht Fuinnimh (Plean SET). Is é an cuspóir a bheidh ag an bPlean SET fócas agus comhordú idir scéimeanna agus foinsí cistiúcháin éagsúla a áirithiú, ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal fonáisiúnta agus chun tacú le forbairt teicneolaíochtaí fuinnimh atá neodrach ó thaobh na haeráide de chomh maith le hailíniú straitéiseach a áirithiú maidir le tosaíochtaí le haghaidh taighde, nuálaíochta agus cur chun feidhme teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain.***

***2. Sainaithneofar i bPlean SET na teicneolaíochtaí fuinnimh a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Aontas, agus a rannchuidiú le cuspóirí aeráidneodrachta an Aontais á chur san áireamh chomh maith le hiomaíochas tionsclaíoch an Aontais, agus a dteastaíonn gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta uathu chun an aibíocht is gá le haghaidh cur in úsáid ar scála iomlán a bhaint amach.***

***3. Beidh Bord Plean SET dá dtagraítear in Airteagal 26c freagrach as Plean SET a chur chun feidhme. Chun críocha chur chun feidhme an Phlean SET sin, glacfaidh an Coimisiún an liosta teicneolaíochtaí a shainaithnítear sa Phlean SET trí bhíthin gníomh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(3).***

***4. Faoi údarás Bhord Phlean SET agus le rannpháirtíocht dhomhain na n-earnálacha ábhartha, lena n-áirítear an earnáil taighde, forbrófar cláir oibre taighde agus nuálaíochta le haghaidh gach ceann de na teicneolaíochtaí fuinnimh a shainaithnítear i bPlean SET. Beidh na cláir oibre sin mar bhonn don chomhordú***

***idir an tAontas agus na Ballstáit maidir le cistiú le haghaidh na ngníomhaíochtaí a shainaithnítear sa chlár oibre agus maidir leis na bonneagair teicneolaíochta is gá le haghaidh na dteicneolaíochtaí sin. Déanfaidh Bord Phlean SET na cláir oibre sin a fhormhuiniú.***

***5. Déanfaidh an Coimisiún tuairisciú go bliantúil don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa maidir le dul chun cinn an Phlean SET. Déanfar athbhreithniú ar Phlean SET agus, más gá, athbhreithneofar é laistigh de 18 mí tar éis gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa.***

*Airteagal 27*

***Bearta le haghaidh FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta***

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta seo a leanas:

(a) rochtain tosaíochta a sholáthar do ***FBManna*** ar na deiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta nuálacha sa mhéid go gcomhlíonann siad na coinníollacha incháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 26;

(b) gníomhaíochtaí múscailte feasachta a eagrú maidir le rannpháirtíocht ***FBManna*** sna deiseanna trialacha rialála;

(c) i gcás inarb iomchuí, bealach tiomnaithe a bhunú chun cumarsáid a dhéanamh le ***FBManna*** chun treoraíocht a sholáthar agus chun freagra a thabhairt ar cheisteanna faoi chur chun feidhme Airteagal 26.

2. Cuirfidh na Ballstáit leasanna sonracha agus riachtanais shonracha ***FBManna*** san áireamh, agus soláthróidh siad tacaíocht riaracháin leordhóthanach chun páirt a ghlacadh sna deiseanna trialacha rialála. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 107 agus Airteagal 108 ***CFAE***, ba cheart do na Ballstáit ***FBManna*** a chur ar an eolas faoin tacaíocht airgeadais atá ar fáil dá ngníomhaíochtaí sna deiseanna trialacha rialála.

***2a. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le gnólachtaí nuathionscanta.***

# Caibidil VII.

# Rialachas

*Airteagal 28*

***Bunú agus cúraimí an Ardáin um Ghlan-nialasacht na hEorpa***

1. Bunaítear leis seo an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa ('an tArdán').

2. Déanfaidh an tArdán na cúraimí a leagtar amach sa Rialachán seo.

3. Féadfaidh an tArdán comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit i ndáil lena ngníomhaíochtaí chun na cuspóirí ***a leagtar amach*** sa Rialachán seo a bhaint amach, agus pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide na mBallstát arna gcur isteach faoi Rialachán (AE) 2018/1999[40] á gcur san áireamh.

4. ***Déanfaidh*** an Coimisiún agus na Ballstáit comhordú a dhéanamh laistigh den Ardán ▌ le tríú tíortha ábhartha chun cuidiú le glacadh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun cinn ar fud an domhain, ***chun comhoibriú a dhéanamh i bhforbairt na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha*** agus chun tacú le ról chumais thionsclaíocha an Aontais chun an bealach a réiteach le haghaidh an aistrithe dhomhanda chuig fuinneamh glan, i gcomhréir le cuspóirí foriomlána an Rialacháin seo a eascraíonn as Airteagal 1 den Rialachán seo. ***Déanfaidh*** an tArdán an méid seo a leanas:

   (a) ***plé a dhéanamh leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit agus, i gcás inar gá, a mholadh don Choimisiún agus do na Ballstáit, bealaí*** chun comhar, ***fios gnó agus comhroinnt teicneolaíochta*** feadh an tslabhra luacha glan-nialasachta idir an tAontas agus tríú tíortha a fheabhsú ***agus a chur chun cinn***;

   ***(aa) plé a dhéanamh leis an gCoimisiún agus, i gcás inar gá, bealaí a mholadh don Choimisiún chun a áirithiú go ndéanfar an rialachán seo a chur in iúl agus a***

---

[40] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

***ailíniú le tionscnaimh eile de chuid an Aontais nó le scéimeanna sealadacha a thagann faoi Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais;***

***(ab) faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn slabhraí luacha le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta, athruithe teicneolaíocha agus tionsclaíocha a rianú, agus slabhraí luacha straitéiseacha a bheidh ag teacht chun cinn amach anseo a shainaithint;***

***(ac) faireachán a dhéanamh ar fhógra tráthúil maidir le Státchabhair ó na Ballstáit agus ar a húdarú ón gCoimisiún;***

***(ad) faireachán a dhéanamh ar iarrataí ar rochtain ar dheontais trí chistí agus cláir de chuid an Aontais chun críocha a bhaineann leis an Rialachán seo agus, i gcás inar gá, moltaí a eisiúint chun dlús a chur leis an nós imeachta agus é a chomhordú agus a éascú;***

***(ae) measúnú a dhéanamh ar riachtanais infheistíochta agus chistiúcháin, treoraíocht a chur ar fáil i ndáil le forbairt scileanna, agus dea-chleachtais a phlé maidir le cur chun feidhme Roinn I de Chaibidil II chomh maith le hAirteagal 12 agus Airteagal 13 agus dlús a chur leis na spriocdhátaí ceadaithe;***

(b) ***plé a dhéanamh leis an gCoimisiún agus, i gcás inar gá, a mholadh don Choimisiún,*** conas aghaidh a thabhairt ar bhacainní neamhtharaifí trádála, amhail trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do mheasúnú comhréireachta nó trí ghealltanais a dhéanamh chun srianta ar onnmhairiú a sheachaint;

(c) ***a mholadh don Choimisiún*** cé na tríú tíortha ar cheart tús áite a thabhairt dóibh chun comhpháirtíochtaí tionsclaíocha glan-nialasachta a thabhairt i gcrích, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(i) an rannchuidiú a d’fhéadfadh a bheith ann le slándáil an tsoláthair, agus a n-acmhainneacht mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta á cur san áireamh;

(ii) an bhfuil comhaontuithe comhair ann cheana idir tríú tír agus an tAontas***;***

***(iia) Acmhainní insteallta agus stórála $CO_2$ laistigh dá gcríocha;***

***(ca) meastóireacht a dhéanamh ar uirlisí cosanta trádála chun dul i ngleic le haon***

***bhearta ó thriú tíortha a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a chur i mbaol.***

5. Tacóidh na Ballstáit leis an gCoimisiún agus na bearta comhair a leagtar amach sa chomhpháirtíocht thionsclaíoch ghlan-nialasachta á chur chun feidhme. Beidh sé de chuspóir ag comhpháirtíochtaí tionsclaíocha glan-nialasachta trádáil i measc rannpháirtithe a éascú, lena n-áirítear trí thús áite a thabhairt d'infheistíochtaí riachtanacha laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha, athléimneacht agus inbhuanaitheacht na slabhraí luacha tacaíochta a fheabhsú, agus cothrom iomaíochta a ráthú.

***5a. Déanfaidh an tArdán, ar bhonn rialta agus uair amháin sa bhliain ar a laghad, measúnú ar iomaíochas domhanda na dtionscal Eorpach laistigh de raon feidhme an Rialacháin sin agus molfaidh sé gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar an iomaíochas sin.***

***5b. Faoin ... [3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach trí mhí ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme Seiceála Iomaíoch ar iomaíochas a sholáthar don Ardán chomh maith leis an nGrúpa Comhairleach um an Tionscal Glan-nialasachta agus do Bhord Comhairleach Eolaíoch Eorpach um Athbhreithniú agus um Ualach Rialála. Leagfar amach sa tuarascáil na tograí reachtacha a rinneadh sna trí mhí a chumhdaítear leis an tuarascáil, an chaoi ar cuireadh an tSeiceáil Iomaíochais i bhfeidhm agus na tograí sin á n-ullmhú, agus cad iad na hathruithe a rinneadh ar na tograí chun a áirithiú nach ndéanfaidís dochar gan ghá d'iomaíochas an Aontais. Pléifidh an tArdán cur chun feidhme na Seiceála Iomaíochais dhá uair sa bhliain ar a laghad, ar bhonn ionchur ó Ghrúpa Comhairleach um an Tionscal Glan-nialasachta.***

***5c. Comhordóidh an tArdán go rialta leis an bhFóram Ardleibhéil maidir le Caighdeánú chun plé a dhéanamh ar úsáid an chaighdeánaithe chun tacú le forbairt na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta san Eoraip.***

*Airteagal 29*

***Struchtúr agus feidhmiú an Ardáin um Ghlan-nialasacht na hEorpa***

1. Beidh an tArdán comhdhéanta de na Ballstáit, den Choimisiún ***agus de Pharlaimint na hEorpa***. Ionadaí ón gCoimisiún a bheidh ina chathaoirleach air.

2. Déanfaidh gach Ballstát ***agus Parlaimint na hEorpa*** ionadaí a cheapadh chuig an mBord. I gcás inarb ábhartha a mhéid a bhaineann leis an bhfeidhm agus an saineolas, féadfaidh Ballstát ***agus Parlaimint na hEorpa*** níos mó ná ionadaí amháin a bheith aige i ndáil le cúraimí éagsúla a bhaineann le hobair an Ardáin. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Ardán.

3. Ar thogra ón gCoimisiún, glacfaidh an tArdán a rialacha nós imeachta trí thromlach simplí dá chomhaltaí.

4. Tiocfaidh an tArdán le chéile go tráthrialta chun a áirithiú go ndéanfar a chuid cúraimí go héifeachtach, cúraimí a shonraítear sa Rialachán seo. I gcás inar gá, tiocfaidh an tArdán le chéile ar iarraidh réasúnaithe ón gCoimisiún nó ó thromlach simplí dá chomhaltaí.

5. Tabharfaidh an Coimisiún cúnamh don Ardán trí bhíthin rúnaíocht feidhmiúcháin a sholáthraíonn tacaíocht theicniúil agus lóistíochta.

6. Féadfaidh an tArdán foghrúpaí buana nó sealadacha a bhunú chun díriú ar cheisteanna agus cúraimí sonracha.

***Bunóidh an tArdán na buan*‑*fhoghrúpaí seo a leanas ar a laghad:***

***(a) foghrúpa chun riachtanais airgeadais agus scrogaill i dtionscadail straitéiseacha glan-nialasachta, na dea-chleachtais a d'fhéadfadh a bheith ann a phlé, go háirithe chun slabhraí soláthair trasteorann an Aontais a fhorbairt, agus chun maoiniú le haghaidh tionscadail straitéiseacha glan-nialasachta a chomhordú;***

***(b) foghrúpa chun cur chun feidhme na bhforálacha de bhun Airteagal 6, Airteagal 7 agus Airteagal 8 a phlé;***

***(c) foghrúpa chun na Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan-nialasachta dá dtagraítear in Airteagal 28 a phlé agus a chomhordú, lena n-áiritheofar comhar le fóraim ábhartha chomhordúcháin eile;***

(d) ***foghrúpa chun cur chun feidhme iomchuí na nAcadamh um an Tionscal Glan-nialasachta a áirithiú de bhun Chaibidil V;***

(e) ***foghrúpa atá tiomnaithe do dheiseanna trialacha rialála teicneolaíochta glan-nialasachta dá dtagraítear in Airteagal 26, chun an leas is mó is féidir a bhaint as éifeachtaí iarmharta ar fud an Aontais trí chomhar trasteorann a éascú agus tríd an riosca go ndéanfar saobhadh ar an margadh agus ar an iomaíocht a theorannú.***

***6a. Tiocfaidh an tArdán le chéile ar a laghad uair sa bhliain le Bord Plean SET dá dtagraítear in Airteagal 26c chun ailíniú straitéiseach chur chun feidhme an Rialacháin seo le Plean SET a phlé.***

***7a. Bunóidh an tArdán Grúpa Comhairleach um an Tionscal Glan-nialasachta. Beidh an Grúpa Comhairleach um an Tionscal Glan-nialasachta comhdhéanta d'ionadaithe ó earnálacha tionsclaíocha laistigh de raon feidhme an Rialacháin sin. Tiocfaidh aon trian ar a laghad de chomhaltaí an Ghrúpa Chomhairligh ó FBManna nó déanfaidh siad ionadaíocht thar ceann FBManna. Déanfaidh an Grúpa Comhairleach um an Tionscal Glan-Nialasachta, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin don Ardán, moltaí a chur ar fáil don Ardán. Éascóidh an Grúpa Comhairleach um an Tionscal Glan-nialasachta idirghníomhaíocht idir an tArdán agus comhlachtaí comhairleacha nó comhairleacha arna mbunú faoi chuimsiú bheartas tionsclaíoch an Aontais.***

8. I gcás inarb iomchuí, ***déanfaidh*** an tArdán cuireadh a thabhairt do shaineolaithe ***a dhéanann ionadaíocht do thionscal, don tsochaí shibhialta, don lucht acadúil, do cheardchumainn*** agus do thríú páirtithe eile chuig cruinnithe an Ardáin agus na bhfoghrúpaí nó chun aighneachtaí i scríbhinn a sholáthar.

9. Déanfaidh an tArdán na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar faisnéis rúnda agus faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a láimhseáil agus a phróiseáil go sábháilte.

10. Déanfaidh an tArdán a dhícheall teacht ar chomhthoil.

11. Déanfaidh an tArdán comhordú agus comhoibriú le comhghuaillíochtaí tionsclaíocha atá ann cheana ***agus iarrfaidh sé orthu freastal ar a chruinnithe, lena n-áirítear na***

***foghrúpaí buana nó sealadacha dá dtagraítear i mír 6 den Airteagal seo, chun tuairisc a thabhairt ar stádas na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 1 agus chun moltaí a dhéanamh maidir leis na spriocanna sin*.

## *Airteagal 29a*

## ***Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach um Athbhreithniú agus um Ualach Rialála***

***1. Bunaítear leis seo Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach um Athbhreithniú agus um Ualach Rialála (an 'Bord Comhairleach Eolaíoch').***

***2. Beidh an Bord Comhairleach Eolaíoch comhdhéanta de 15 shaineolaí eolaíocha shinsearacha a chumhdóidh raon leathan disciplíní ábhartha. Comhlíonfaidh comhaltaí an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch na critéir a leagtar síos i mír 4.***

***3. Ní bheidh náisiúntacht an Bhallstáit chéanna ag níos mó ná beirt chomhalta den Bhord Comhairleach Eolaíoch. Ní bheidh neamhspleáchas chomhaltaí an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch inchurtha in amhras.***

***4. Ainmneofar comhaltaí an Bhoird Chomhairligh ar feadh téarma ceithre bliana, a bheidh ina tréimhse in-athnuaite uair amháin, tar éis nós imeachta roghnúcháin a bheidh oscailte, cothrom agus trédhearcach. Bunófar roghnú na gcomhaltaí ar na critéir seo a leanas:***

***(a) barr feabhais eolaíoch;***

***(b) taithí ar mheasúnuithe eolaíocha a dhéanamh agus comhairle eolaíoch a sholáthar sna réimsí saineolais;***

***(c) saineolas i réimse an riaracháin phoiblí nó i réimsí eile atá ábhartha do chúraimí an Ardáin;***

***(d) taithí ghairmiúil i dtimpeallacht idirdhisciplíneach i gcomhthéacs idirnáisiúnta.***

***5. Déanfar comhaltaí an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch a cheapadh i gcáil phearsanta agus nochtfaidh siad a dtuairimí go hiomlán neamhspleách ar na Ballstáit agus ar institiúidí an Aontais. Toghfaidh an Bord Comhairleach Eolaíoch cathaoirleach as measc a chomhaltaí ar feadh tréimhse 4 bliana agus glacfaidh sé a rialacha nós imeachta.***

6. ***Tacóidh an Bord Comhairleach Eolaíoch le hobair an Choimisiúin, Pharlaimint na hEorpa agus na mBallstát agus é ag gníomhú go neamhspleách agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige trí thuarascálacha comhairleacha a chur ar fáil maidir leis na nithe seo a leanas:***

   ***(a) tionchar agus ualach rialála dhlí an Aontais atá ann cheana;***

   ***(b) tionchar agus ualach rialála na ngníomhartha tarmligthe agus na ngníomhartha cur chun feidhme atá ann cheana; agus***

   ***(c) dlí na mBallstát atá ann cheana lena dtrasuitear Treoracha an Aontais.***

7. ***Bunóidh an Bord Comhairleach Eolaíoch a chlár oibre bliantúil go neamhspleách, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Cuirfidh cathaoirleach an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch an Coimisiún, Parlaimint na hEorpa agus na Ballstáit ar an eolas faoi ábhar agus faoi chur chun feidhme a chláir oibre bhliantúil. Féadfaidh an Bord Comhairleach Eolaíoch, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, do Choimisinéir aonair nó do Bhallstáit aonair, nó ar bhonn iarraidh réasúnaithe ó gheallsealbhóir, comhairle a thabhairt maidir le tionchar agus ualach rialála dhréachtdlí an Aontais nó sa phróiseas cinnteoireachta.***

8. ***Déanfar na tuarascálacha comhairleacha dá dtagraítear i mír 5 a chomhroinnt le Parlaimint na hEorpa, leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit agus cuirfear ar fáil go poiblí iad.***

9. ***Is é an Coimisiún a chuirfidh rúnaíocht ar fáil don Bhord Comhairleach Eolaíoch.***

*Airteagal 30*

***Caidreamh le Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide***

Cuirfidh na Ballstáit ***mionsonraí na mbeart ar fáil ar a bhfuil i gceist acu chun cur chun feidhme chuspóir an*** Rialacháin seo ***a thabhairt isteach ina*** bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus na nuashonruithe orthu, pleananna agus nuashonruithe arna gcur isteach de bhun Airteagail 3, 9 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ngné den Aontas Fuinnimh mar atá 'taighde, nuálaíocht agus iomaíochas', agus ina dtuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin. ***Go háirithe, sainaithneoidh na Ballstáit bearta chun taighde, forbairt agus***

***nuálaíocht a chur chun cinn chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.***

# Caibidil VIII.

# Faireachán

*Airteagal 31*

***Faireachán***

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar an méid seo a leanas:

(a) Dul chun cinn an Aontais maidir le cuspóirí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1, agus tionchar gaolmhar an Rialacháin seo;

(b) an dul chun cinn maidir le cuspóir ar leibhéal an Aontais mar atá acmhainneacht insteallta $CO_2$ dá dtagraítear in Airteagal 16***;***

***(ba) leordhóthanacht chumas riaracháin na mBallstát chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.***

2. Déanfaidh na Ballstáit agus na húdaráis náisiúnta a ainmneoidh siad chun na críche sin sonraí agus fianaise eile is gá de bhun mhír 1, pointí (a) agus (b) a bhailiú agus a sholáthar. Déanfaidh siad sonraí maidir leis na nithe seo a leanas a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún gach bliain go háirithe:

(a) forbairtí teicneolaíochta glan-nialasachta agus treochtaí margaidh, lena n-áirítear meánchostais infheistíochta monaraíochta agus meánchostais táirgthe, agus praghsanna margaidh ar na teicneolaíochtaí glan-nialasachta faoi seach; (b) acmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochta glan-nialasachta agus gníomhaíochtaí gaolmhara, lena n-áirítear sonraí maidir le fostaíocht agus scileanna agus dul chun cinn maidir le baint amach spriocanna 2030 dá dtagraítear in aithris 13;

(c) luach agus méid na n-allmhairí teicneolaíochtaí glan-nialasachta isteach san Aontas agus na n-onnmhairí teicneolaíochtaí glan-nialasachta lasmuigh den Aontas;

***(ca) líon FBManna atá mar chuid de thionscadail monaraíochta na dteicneolaíochta glan-nialasachta;***

(d) meánfhad na nósanna imeachta ceadaithe faoin Rialachán seo;

(e) cineálacha agus líon na gceadanna a deonaíodh ar an leibhéal náisiúnta le linn na 12 mhí roimhe;

(f) líon na bpróiseas deonaithe ceadanna a tugadh i gcrích, a stopadh nó a cuireadh ar ceal le linn na 12 mhí roimhe agus na cineálacha bacainní a tháinig chun cinn i gcás stoptha nó cealaithe;

(g) líon na ndeiseanna trialacha a bunaíodh le linn na 12 mhí roimhe;

(h) an méid $CO_2$ a stóráiltear faoi thalamh go buan i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE.

3. Áireofar sna sonraí an fhaisnéis a iarrtar san Fhógra ón gCoimisiún maidir le Treoraíocht do na Ballstáit i ndáil le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide 2021-2030 a nuashonrú, ar a laghad.

4. Seolfaidh gach Ballstát an chéad tuarascáil chuig an gCoimisiún ag deireadh mhí na Bealtaine den bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Seolfar na tuarascálacha ina dhiaidh sin faoi dheireadh mhí na Bealtaine gach bliain.

5. Tarchuirfidh na Ballstáit freisin na sonraí arna mbailiú de bhun mhír 2 den Airteagal seo chuig oifigí náisiúnta staidrimh agus chuig Eurostat chun staitisticí a thiomsú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41]. Ainmneoidh na Ballstáit an t-údarás náisiúnta a bheidh freagrach as na sonraí a tharchur chuig na hoifigí náisiúnta staidrimh agus chuig Eurostat.

6. Ar bhonn na dtuarascálacha a chuirfear isteach de bhun mhír 2 den Airteagal seo, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar dhul chun cinn an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (a) ***den Airteagal seo*** agus foilseoidh sé moltaí gaolmhara ar bhonn bliantúil mar chuid de na Tuarascálacha Bliantúla maidir le hIomaíochas na dTeicneolaíochtaí Fuinnimh Ghlain, de bhun Airteagal 35(2), pointe (m), de Rialachán (AE) 2018/1999.

7. Ar bhonn na ndréachtiarratas ar chead arna gcur isteach de bhun Airteagal 10 de

[41] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

Threoir 2009/31/CE agus ar bhonn na dtuarascálacha arna gcur isteach de bhun Airteagal 17(2), Airteagal 18(4) agus Airteagal 18(6) den Rialachán seo, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn maidir le baint amach na sprice uile-Aontais i dtaca le hacmhainneacht insteallta CO2 dá dtagraítear i mír 1 pointe (b) den Airteagal seo agus tuairisceoidh sé go bliantúil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. ***Chuige sin, cruthóidh an Coimisiún bunachar sonraí a bheidh ar fáil go poiblí de na sonraí uile atá ar fáil a bhaineann le stóráil $CO_2$ san Aontas chun rannchuidiú le láithreáin stórála $CO_2$ a mhapáil agus chun faireachán a dhéanamh ar bhaint amach na sprice foriomláine a leagtar amach in Airteagal 16.***

***7a. Ar bhonn na dtuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 16(2) agus in Airteagal 18(4) agus arna dtíolacadh ag na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 18(1) faoin 31 Eanáir 2025, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le héifeachtacht an Rialacháin seo a mheasúnú agus a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus beidh athbhreithniú ag gabháil léi má mheastar gur gá sin.***

## Caibidil IX.
## Forálacha críochnaitheacha

▌*Airteagal 33*

***An tarmligean a fheidhmiú***

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar na cumhachtaí chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in ***Airteagal 1(3), Airteagal 3(2) agus Airteagal 18(7)*** a ghlacadh don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón [dáta theacht i bhfeidhm]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear ***in Airteagal 1(3), in Airteagal 3(2) agus in Airteagal 18(7)*** a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagal 1(3), Airteagal 3(2) agus Airteagal 18(7)*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 34*

***Nós imeachta coiste***

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 4 de.

*Airteagal 35*

***Meastóireacht***

1. Faoin ... [3 bliana ***tar éis*** dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus tíolacfaidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

2. Déanfar measúnú sa mheastóireacht ar ar baineadh cuspóirí an Rialacháin seo a bhunaítear in Airteagal 1 amach agus ar a thionchar ar úsáideoirí gnó, go háirithe FBManna, agus úsáideoirí deiridh, agus ar chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

3. Cuirfear toradh an phróisis faireacháin a leagtar amach in Airteagal 31 san áireamh sa mheastóireacht.

4. Soláthróidh údaráis inniúla na mBallstát don Choimisiún aon fhaisnéis ábhartha atá acu agus a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón gCoimisiún chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a tharraingt suas.

*Airteagal 36*

***Faisnéis rúnda a láimhseáil***

1. Ní úsáidfear faisnéis a fhaightear le linn chur chun feidhme an Rialacháin seo ach amháin chun críocha an Rialacháin seo agus déanfar í a chosaint le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go gcosnófar rúin trádála agus ghnó agus faisnéis íogair, rúnda agus rúnaicmithe eile a gheofar agus a ghinfear agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, lena n-áirítear moltaí agus bearta atá le déanamh, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta faoi seach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún nach ndéanfar an fhaisnéis rúnaicmithe a sholáthrófar nó a mhalartófar faoin Rialachán seo a íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón tionscnóir.

4. Mar sin féin, má mheasann Ballstát go bhféadfadh cur i láthair na faisnéise comhiomlánaithe i gcomhthéacs Airteagal 18 dochar a dhéanamh dá leas slándála náisiúnta, féadfaidh sé agóid a dhéanamh in aghaidh chur i láthair an Choimisiúin trí fhógra cuí-réasúnaithe.

5. Áiritheoidh an Coimisiún agus na húdaráis náisiúnta, a n-oifigigh, a bhfostaithe agus daoine eile atá ag obair faoi mhaoirseacht na n-údarás sin rúndacht na faisnéise a gheobhaidh siad agus a gcúraimí agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu. Tá feidhm ag an oibleagáid sin freisin maidir le hionadaithe uile na mBallstát, breathnadóirí, saineolaithe agus rannpháirtithe eile a fhreastalaíonn ar chruinnithe an Ardáin de bhun Airteagal 29.

Airteagal 37

**Leasú ar Rialachán (AE) 2018/1724**

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, sa chéad cholún, cuirtear ró nua leis 'R. Tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta'.

(2) in Iarscríbhinn I, sa dara colún, sa ró 'R. Tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta', cuirtear na pointí seo a leanas leis:

'1. faisnéis faoin bpróiseas deonaithe ceadanna'

'2. seirbhísí maoiniúcháin agus infheistíochta'

'3. deiseanna cistiúcháin ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal na mBallstát'

'4. seirbhísí tacaíochta gnó, lena n-áirítear dearbhú cánach corparáide, dlíthe cánach áitiúla, dlí an tsaothair, ach gan bheith teoranta dóibh sin'.

(3) in Iarscríbhinn II, sa chéad cholún, cuirtear ró nua leis 'Tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta'.

(4) in Iarscríbhinn II, sa dara colún, sa ró 'Tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta', cuirtear na pointí seo a leanas leis:

'Nósanna imeachta le haghaidh na gceadanna riaracháin ábhartha uile chun tionscadail monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a phleanáil, a thógáil, a mhéadú agus a oibriú, lena n-áirítear ceadanna, measúnuithe comhshaoil agus

údaruithe maidir le tógáil, ceimiceáin agus nascacht eangaí, i gcás inar gá leo sin, agus lena gcuimsítear na hiarratais agus nósanna imeachta riaracháin uile’.

(5) in Iarscríbhinn II, sa tríú colún, sa ró ‘Tionscadail mhonaraíochta ghlan-nialasachta’, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘Gach aschur a bhaineann leis na nósanna imeachta atá sa raon idir admháil bhailíocht an iarratais agus an tráth a thugann an t-údarás inniúil náisiúnta atá freagrach fógra faoin gcinneadh cuimsitheach maidir le toradh an nós imeachta’.

(6) In Iarscríbhinn III, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(8) Údaráis inniúla náisiúnta atá ag gníomhú mar ionad ilfhreastail de bhun Airteagal 4 den Rialachán [maidir leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta].’

*Airteagal 38*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ... [an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*].

Beidh feidhm aige ón [dáta teacht i bhfeidhm]. Go dtí an [2 bhliain tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], ní bheidh feidhm ag Airteagal 19(2), pointí (a), (b) ná (c) ach amháin maidir le conarthaí arna dtabhairt i gcrích ag comhlachtaí lárnacha ceannaigh mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (16), de Threoir 2014/24/AE agus in Airteagal 2(1), pointe (12), de Threoir 2014/25/AE agus maidir le conarthaí dar luach EUR 25 mhilliún nó níos mó.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán* | *An tUachtarán*

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá tábhacht nach beag ag baint leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta laistigh de chomhthéacs níos leithne lena gcuimsítear an géarghá atá le cás láidir gnó a bhunú le haghaidh dícharbónú tionsclaíoch san Eoraip, ag ailíniú le spriocanna uileghabhálacha an Chomhaontaithe Ghlais. Thairis sin, tá dúshlán práinneach roimh earnáil tionsclaíochta na hEorpa ó thaobh iomaíochas a choinneáil ar scála domhanda. Cé go raibh sé d'aidhm leis an togra tosaigh ón gCoimisiún maidir leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin, níor baineadh amach torthaí cuimsitheacha. I ndáil leis sin, is ionann an dréacht-tuarascáil sin agus feabhas suntasach trí fheabhsuithe tábhachtacha a thabhairt isteach.

Is fiú béim a leagan ar dhá phríomhfheabhas: sainmhíniú cuíchóirithe ar theicneolaíochtaí glan-nialasachta agus an raon feidhme leathnaithe lena gcuimsítear slabhra soláthair iomlán na dteicneolaíochtaí sin. Moltar sa dréacht-tuarascáil tagairt a dhéanamh don Tacsanomaíocht chun an sainmhíniú a chuíchóiriú, agus ar an gcaoi sin cruthú liosta breise a sheachaint agus comhleanúnachas beartais a áirithiú ar fud an Aontais.

Tá an tríú feabhsú ríthábhachtach sa dréacht-tuarascáil le hairteagail a áireamh sa chaibidil maidir le nuálaíocht, atá deartha go straitéiseach chun iomaíochas foriomlán thionscal na hEorpa a fheabhsú. Dá bhrí sin, athainmníodh an chaibidil mar “Nuálaíocht agus Iomaíochas” agus tá sí roinnte ina dhá chuid: an chéad chuid ina ndírítear ar an nuálaíocht (Airteagail -26 go 26) agus an dara cuid a bhaineann leis an iomaíochas (Airteagail 26a go 27).

Tá sé ríthábhachtach do rathúnas leanúnach na hEorpa trí acmhainneacht onnmhairiúcháin cuspóir uileghabhálach an Ghnímh a aistriú ó thagarmharc atá bunaithe ar riachtanais imlonnaithe intíre amháin go tagarmharc a leagann béim ar sciar den mhargadh domhanda.

Tagann Gabháil agus Stóráil Carbóin (CCS) chun cinn mar shaincheist lárnach laistigh den Acht sin. Agus béim láidir á cur ar infhaighteacht na hacmhainne stórála a áirithiú, tá sé ríthábhachtach margadh feidhmiúil a bhunú a chuimseoidh an slabhra luacha ar fad, lena n-

áirítear gabháil, iompar, stóráil agus úsáid.  I bhfianaise an mhéid sin, moltar sa dréacht-tuarascáil leasuithe chun feidhmiúlacht an tslabhra luacha sin a éascú.

Ina theannta sin, tugtar isteach leis an dréacht-tuarascáil coincheap na nGleannta um an Tionscal Glan-Nialasachta, arb é is aidhm dó siombóis thionsclaíoch a chothú agus na Ballstáit a spreagadh chun infheistíochtaí spriocdhírithe a dhéanamh i réimsí sonracha ar fud na hEorpa.

Dúshlán suntasach nach féidir neamhaird a dhéanamh de is ea an easpa tacaíochta cistiúcháin don togra tosaigh ón gCoimisiún. Chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní sin, moltar sa dréacht-tuarascáil go leithdháilfeadh na Ballstáit 25 % dá n-ioncam náisiúnta ón gCóras Trádála Astaíochtaí (ETS) le haghaidh caiteachas atá dírithe ar na cuspóirí a leagtar amach sa Ghníomh sin a bhaint amach. Trí shruth airgeadais tiomnaithe a chinntiú, is féidir leis an nGníomh an móiminteam is gá a fháil chun é a chur chun feidhme go rathúil.

Mar fhocal scoir, is céim shuntasach chun tosaigh í an dréacht-tuarascáil chun an Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta a scagadh. Trí shainmhínithe réasúnaithe, raon feidhme leathnaithe, forálacha maidir le nuálaíocht agus iomaíochas, an sciar den mhargadh domhanda a shaothrú, cur chuige feidhmiúil i leith CCS, coincheap na nGleannta um an Tionscal Glan-nialasachta, agus sásraí cistiúcháin tiomnaithe, is féidir leis an nGníomh dlús níos éifeachtaí a chur le hiarrachtaí dícharbónaithe thionsclaíoch na hEorpa agus iomaíochas marthanach á áirithiú ag an am céanna.

9.10.2023

## TUAIRIM ÓN gCÓISTE UM GHNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHTA AGUS AIRGEADAÍOCHTA

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta fuinnimh na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)
(COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Luděk Niedermayer

Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## LEASÚ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 a) Tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí meántéarmacha bheartas tionsclaíoch na hEorpa cur ar chumas thionscal na hEorpa na haistrithe fuinnimh, aeráide, comhshaoil agus digiteacha a chur chun feidhme, agus a*** |

| | |
|---|---|
| | ***iomaíochas ar an margadh domhanda á chaomhnú, poist á gcothabháil san Eoraip agus a cumas nuálaíochta agus táirgthe san Eoraip á neartú, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí glana;*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1 b) Is cuspóir de leas straitéiseach na hEorpa é an t-aistriú aeráide agus fuinnimh. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas smaoineamh agus gníomhú go straitéiseach chun go mbeidh rath ar an aistriú aeráide agus fuinnimh do na daoine, don tionscal agus don aeráid. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh comhleanúnachas agus comhsheasmhacht leordhóthanach ann idir tograí reachtacha Eorpacha agus creataí dlíthiúla éagsúla. Tá dúshláin shuntasacha roimh na Ballstáit go léir chun an t-aistriú fuinnimh, dícharbónú na tionsclaíochta, tithíocht leordhóthanach inacmhainne, forbairt eacnamaíoch, bithéagsúlacht agus oiriúnú don athrú aeráide a thabhairt chun réitigh. Is minic a bhíonn spriocanna agus tosaíochtaí ag gabháil leis na cúraimí sin go léir. Dá bhrí sin, tá cur chuige atá dírithe ar réimse, ina bhfuil solúbthacht leordhóthanach chun roghanna a dhéanamh maidir le tosaíochtaí sonracha i réimsí ar leith agus chun déileáil le cásanna éagsúla náisiúnta, ríthábhachtach agus níos éifeachtaí ar an iomlán.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Leis an Margadh Aonair, soláthraítear an timpeallacht iomchuí chun rochtain ar na teicneolaíochtaí is gá a chumasú ar an scála agus ar an luas atá ag teastáil chun uaillmhian aeráide an Aontais a bhaint amach. I bhfianaise chastacht agus chineál trasnáisiúnta na dteicneolaíochtaí ***glan-nialasachta***, le ***bearta*** náisiúnta neamh-chomhordaithe chun ***rochtain ar na*** teicneolaíochtaí sin a ***áirithiú***, d'***fhéadfaí*** an iomaíocht a shaobhadh agus an Margadh Aonair a ilroinnt. Dá bhrí sin, chun feidhmiú an Mhargaidh Aonair a ***chosaint, ní mór creat dlíthiúil comhchoiteann de chuid an*** Aontais a chruthú chun aghaidh a thabhairt ***le chéile*** ar an dúshlán ***lárnach sin trí athléimneacht agus slándáil soláthair an Aontais a mhéadú i réimse na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta***. | (2) Leis an Margadh Aonair, soláthraítear an timpeallacht iomchuí chun rochtain ar na teicneolaíochtaí is gá a chumasú ar an scála agus ar an luas atá ag teastáil chun uaillmhian aeráide an Aontais a bhaint amach. ***Chun uaillmhianta an Aontais a bhaint amach, tá gá le ról gníomhach ag an Stát maidir le réamhchoinníollacha a chruthú agus an beartas tionsclaíoch is oiriúnaí a chur chun cinn.*** I bhfianaise chastacht agus chineál trasnáisiúnta na dteicneolaíochtaí ***glan-nialasacha agus na ndifríochtaí sa spás fioscach ar fud na mBallstát***, le ***cuir chuige*** náisiúnta neamh-chomhordaithe ***ar bhearta*** chun ***infheistíochtaí sna*** teicneolaíochtaí sin a ***chur chun cinn***, d'***fhéadfadh riosca ard a bheith ann*** an iomaíocht a shaobhadh agus an margadh Aonair a ilroinnt. Dá bhrí sin, chun feidhmiú an mhargaidh aonair a ***choimirciú, is gá comhchreat*** Aontais a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán ***sin***. ***Níor cheart go mbeadh ilroinnt sa mhargadh inmheánach mar thoradh ar an gcreat sin, mar shampla, i gcásanna nach mbeadh ach roinnt Ballstát in ann an spás sin a úsáid mar gheall ar shrianta fioscacha i mBallstáit eile mar thoradh ar mhaolú an bheartais státchabhrach.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2 a) Níor cheart gurb iad na cistí poiblí an t-aon bhealach amháin chun infheistíochtaí a chur chun cinn. Ba cheart go n-úsáidfí bealaí éagsúla chun infheistíochtaí príobháideacha a shlógadh agus a chur chun cinn chun uaillmhianta*** |

***aeráide an Aontais a bhaint amach. Cé gur féidir gá a bheith le fóirdheontais nó modhanna comhchosúla tacaíochta stáit a úsáid chun na hinfheistíochtaí riachtanacha a spreagadh, i ndeireadh na dála, dá mbeadh neamhspleáchas ar mhaoiniú poiblí nó spleáchas níos ísle ar thacaíocht den sórt sin ann, bheadh iomaíochas níos fearr ag an ngnóthas lena mbaineann mar aon leis an tionscal glan-nialasach dá réir sin.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2 b) Ba cheart úsáid níos forleithne a as státchabhair a bheith spriocdhírithe agus sealadach, agus ba cheart di a bheith comhsheasmhach le cuspóirí beartais an Aontais amhail an Comhaontú Glas agus Colún na gCeart Sóisialta. Ba cheart tionscadail ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a ailíniú freisin le cuspóirí beartais foriomlána an Aontais, agus ba cheart fíor-bhreisluach Eorpach a bheith acu, rud a chiallaíonn gur cheart go mbeadh tionchar dearfach acu ar níos mó ná Ballstát amháin.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2 c) Is iad an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla agus an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasach an chéad cholún de Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais agus tá siad*** |

***idirnasctha chun tacú leis an aistriú tapa chuig neodracht aeráide.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2 d) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasacha trasteorann agus Tionscadail Straitéiseacha Ghlan-nialasach a spreagadh. Trí chóineasú agus comhar a chothú ar fud an Aontais, éascófar na cuspóirí glan-nialasacha a bhaint amach ar bhealach níos costéifeachtúla, trí bharainneachtaí scála a chur chun cinn agus ilroinnt a sheachaint*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Chun na gealltanais sin a chomhlíonadh, ní mór don Aontas dlús a chur le luas an aistrithe chuig fuinneamh glan, go háirithe trí éifeachtúlacht fuinnimh agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Cuideoidh sé sin le spriocanna an Aontais i bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta do 2030 a bhaint amach, is é sin ráta fostaíochta 78 % ar a laghad agus rannpháirtíocht 60 % ar a laghad de dhaoine fásta in gcúrsaí oiliúna. Cuideoidh sé freisin chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú glas cóir agus cothrom[34]. | (4) Chun na gealltanais sin a chomhlíonadh, ní mór don Aontas dlús a chur le luas an aistrithe chuig fuinneamh glan, go háirithe trí éifeachtúlacht fuinnimh agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú ***agus prionsabal neodracht na teicneolaíochta á urramú***. Cuideoidh sé sin le spriocanna an Aontais i bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta do 2030 a bhaint amach, is é sin ráta fostaíochta 78 % ar a laghad agus rannpháirtíocht 60 % ar a laghad de dhaoine fásta in gcúrsaí oiliúna. Cuideoidh sé freisin chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú glas cóir agus cothrom[34]. |

[34] Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, a glacadh an 16 Meitheamh 2022 mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'.

[34] Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, a glacadh an 16 Meitheamh 2022 mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'.

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(21 a) Ba cheart don Aontas an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go n-athlonnódh gnólachtaí a chur i gcuntas. Le rialáil aeráide, ba cheart dálaí soiléire infheistíochta a chur ar fáil chun go mbeidh rath ar an nuálaíocht.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE, ceadaítear cheana féin d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis a dhámhann conarthaí trí nósanna imeachta soláthair phoiblí, anuas ar chúrsaí praghsála nó costais, chun brath ar chritéir bhreise chun an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a shainaithint. Baineann critéir den sórt sin, mar shampla, le cáilíocht na tairisceana lena n-áirítear saintréithe sóisialta, comhshaoil agus nuálacha. Agus conarthaí le haghaidh teicneolaíocht ***ghlan-nialasachta*** á ndámhachtain trí sholáthar poiblí, ba cheart d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha measúnú cuí a dhéanamh ar rannchuidiú na dtairiscintí le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht i ndáil le sraith critéar a bhaineann le | (25) Le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE, ceadaítear cheana féin d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis a dhámhann conarthaí trí nósanna imeachta soláthair phoiblí, anuas ar chúrsaí praghsála nó costais, chun brath ar chritéir bhreise chun an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a shainaithint. Baineann critéir ***tháscacha*** den sórt sin, mar shampla, le cáilíocht na tairisceana lena n-áirítear saintréithe sóisialta, comhshaoil agus nuálacha. Agus conarthaí le haghaidh teicneolaíocht ***ghlan-nialasach*** á ndámhachtain trí sholáthar poiblí, ba cheart d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha measúnú cuí a dhéanamh ar rannchuidiú na dtairiscintí le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht i ndáil le sraith critéar a bhaineann le |

hinbhuanaitheacht ***chomhshaoil***, nuálaíocht, comhtháthú córais agus athléimneacht na tairisceana.

hinbhuanaitheacht ***comhshaoil***, nuálaíocht, comhtháthú córais agus athléimneacht na tairisceana.

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le hathléimneacht i nósanna imeachta soláthair phoiblí a leagtar amach in Airteagal 19, ba cheart é a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 25 de ***Threoir 2014/24/AE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47], agus Airteagail 43 agus 85 de ***Threoir 2014/25/AE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48], de réir ***threoir 2019*** ón gCoimisiún[49]. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go leanfadh forálacha soláthair phoiblí d'fheidhm a bheith acu maidir le hoibreacha, soláthairtí agus seirbhísí faoi réir Airteagal 19, lena n-áirítear Airteagal 67(4) de Threoir 2014/24/AE agus aon bheart cur chun feidhme a eascraíonn as an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos. | (31) ***Maidir le*** cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le hathléimneacht i nósanna imeachta soláthair phoiblí a leagtar amach in Airteagal 19, ba cheart é a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm ***Rialachán 2022/1031/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,*** Airteagal 25 de ***Threoir 2014/24/AE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47], agus Airteagail 43 agus 85 de ***Threoir 2014/25/AE*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48], de réir ***threoir 2019*** ón gCoimisiún[49]. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go leanfadh forálacha soláthair phoiblí d'fheidhm a bheith acu maidir le hoibreacha, soláthairtí agus seirbhísí faoi réir Airteagal 19, lena n-áirítear Airteagal 67(4) de Threoir 2014/24/AE agus aon bheart cur chun feidhme a eascraíonn as an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos. |
| [47] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65). | [47] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65). |
| [48] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir | [48] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir |

| | |
|---|---|
| 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243). | 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243). |
| [49] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Treoir maidir le rannpháirtíocht tairgeoirí agus earraí tríú tír i margadh soláthair an Aontais, an Bhruiséil, 24.7.2019, C(2019) 5494 final. | [49] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Treoir maidir le rannpháirtíocht tairgeoirí agus earraí tríú tír i margadh soláthair an Aontais, an Bhruiséil, 24.7.2019, C(2019) 5494 final. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34 a) á chur in iúl gur geal léi moladh an 14 Iúil 2020 ón gCoimisiún gan tacaíocht airgeadais a dheonú do chuideachtaí a bhfuil naisc acu le tearmainn chánach agus chun cáiníocóirí macánta a chosaint ag an am céanna; Thairis sin, ba cheart cuideachtaí a dhéanann seachaint cánach agus tearmainn chánach tríú tír á n-úsáid acu a eisiamh ó nósanna imeachta soláthair phoiblí agus ba cheart cosc a chur orthu státchabhair a fháil, ós rud é go bhfuil na cuideachtaí sin in iomaíocht faoi dhálaí éagóracha.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34 b) Cé gur féidir le státchabhair tacaíocht thapa spriocdhírithe a chur ar fáil, d'fhéadfadh an úsáid fhorleathan a bhaintear as státchabhair dul i gcoinne éifeachtúlacht an Mhargaidh Aonair, agus i gcásanna áirithe rás domhanda fóirdheontais a spreagadh. Ba cheart ceachtanna a fhoghlaim ó ghéarchéim COVID-19 agus ó ghéarchéimeanna fuinnimh chun a áirithiú go mbeidh*** |

***bearta níos éifeachtaí agus níos spriocdhírithe ag teastáil don Aontas i rás domhanda chun infheistíochtaí nua, glana tionscail a mhealladh agus chun freagairt do na bearta a rinneadh sna Stáit Aontaithe, go háirithe an Gníomh um Laghdú Boilscithe.***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34 c) Agus comparáid á déanamh idir na beartais arna nglacadh ag gníomhaithe eile, tá rialacha, spriocanna agus rialacháin níos trédhearcaí agus níos intuartha ag an Aontas, lena gcuirtear timpeallacht mhaith ar fáil do chinntí infheistíochta na ngnólachtaí a bhfuil gá leo chun spriocanna dícharbónaithe a bhaint amach, ní thugtar dóthain airde ar an gcás gnó (údar le hinfheistíocht atá beartaithe bunaithe ar an mbreithniú ar an tairbhe eacnamaíoch a bhfuiltear ag súil léi). Cé go bhfuil sé d'aidhm ag an Rialachán atá beartaithe infheistíochtaí a chur chun cinn trí cheadú a shimpliú agus tríd an bhféidearthacht go mbeadh státchabhair níos fairsinge ann, d'fhéadfadh sé sin a bheith neamhleor i gcás nach mbeadh dóthain éilimh ann nó nach dtacaíonn an cás gnó le cinntí infheistíochta. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le staid nach mbainfí amach spriocanna na haeráidneodrachta trí rochtain ar theicneolaíochtaí glan-nialasacha. Is féidir faireachán buan a dhéanamh ar an gcás gnó le haghaidh infheistíochtaí bunriachtanacha san Aontas Eorpach mar cheann de na príomhtháscairí, i dtaobh an leor beartas an Aontais chun an leibhéal inmhianaithe gníomhaíochta eacnamaíche nó infheistíochtaí*** |

***eacnamaíocha a spreagadh.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34 d) Faoi láthair, úsáidtear buiséad an Aontais sa réimse seo chun beartais nó infheistíochtaí aonair a mhaoiniú i ngach Ballstát, seachas le haghaidh na mbeartas uile-Aontais amhail tacaíocht do tháirgeadh nó d'éileamh táirgí áirithe ar fud an Aontais, rud a d'fhéadfadh a bheith níos éifeachtúla toisc gur leag sé síos an riail do mhargadh iomlán an Aontais D'fhéadfadh éifeachtúlacht beart níos ísle agus róspleáchas ar bheartais stáit aonair nó maolú ar rialacha maidir le státchabhair a bheith mar thoradh air sin, rud a d'fhéadfadh, i gcásanna áirithe, an bonn a bhaint ón Margadh Aonair.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34 e) Ós rud é go dtagann cánachas faoi inniúlacht na mBallstát go príomha, is deacair teacht ar bhristeacha cánach nó creidmheasanna cánach atá coibhéiseach le creidmheasanna an Aontais Eorpaigh. Mar sin féin, ba cheart ról comhordaithe a bheith ag an gCoimisiún Eorpach trína áirithiú go gcuirtear sosanna cánach agus creidmheasanna náisiúnta le haghaidh infheistíochtaí chun feidhme ar an mbealach céanna, rud a chabhródh le tionscal na hEorpa agus a mbeadh cothrom iomaíochta mar thoradh air.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Tá teaghlaigh agus tomhaltóirí deiridh ina gcodanna ríthábhachtacha d'éileamh an Aontais ar tháirgí deiridh teicneolaíochtaí ***glan-nialasachta*** agus is uirlisí tábhachtacha iad scéimeanna tacaíochta poiblí chun spreagadh a thabhairt do theaghlaigh táirgí den sórt sin a cheannach, go háirithe do theaghlaigh agus do thomhaltóirí leochaileacha ar ioncam íseal agus ar ioncam meánaicmeach íseal, chun dlús a chur leis an aistriú glas. Faoin tionscnamh um dhíonta gréine a fógraíodh i straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh[52], ba cheart do na Ballstáit, mar shampla, cláir náisiúnta a bhunú chun tacú le himscaradh ollmhór grianfhuinnimh dín. I bplean REPowerEU, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as bearta tacaíochta a spreagann an t-athrú chuig teaschaidéil. Ba cheart do scéimeanna tacaíochta den sórt sin a bhunaíonn na Ballstáit go náisiúnta nó a bhunaíonn údaráis áitiúla nó réigiúnacha go háitiúil rannchuidiú le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus athléimneacht theicneolaíochtaí ***glan-nialasachta*** an Aontais. Ba cheart d'údaráis phoiblí, mar shampla, cúiteamh airgeadais níos airde a sholáthar do thairbhithe as ceannach táirgí deiridh glan-nialasachta lena ndéanfar rannchuidiú níos airde le hathléimneacht san Aontas. Ba cheart d'údaráis phoiblí a áirithiú go mbeadh a scéimeanna oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, ionas go gcuirfidh siad leis an éileamh ar tháirgí teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas. Ba cheart d'údaráis phoiblí freisin teorainn a chur leis an gcúiteamh airgeadais breise do tháirgí den sórt sin ionas nach gcuirfear moill ar imscaradh na dteicneolaíochtaí | (35) Tá teaghlaigh agus tomhaltóirí deiridh ina gcodanna ríthábhachtacha d'éileamh an Aontais ar tháirgí deiridh teicneolaíochtaí ***glan-nialasacha*** agus is uirlisí tábhachtacha iad scéimeanna tacaíochta poiblí chun spreagadh a thabhairt do theaghlaigh táirgí den sórt sin a cheannach, go háirithe do theaghlaigh agus do thomhaltóirí leochaileacha ar ioncam íseal agus ar ioncam meánaicmeach íseal, chun dlús a chur leis an aistriú glas. Faoin tionscnamh um dhíonta gréine a fógraíodh i straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh[52], ba cheart do na Ballstáit, mar shampla, cláir náisiúnta a bhunú chun tacú le himscaradh ollmhór grianfhuinnimh dín. I bplean REPowerEU, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as bearta tacaíochta a spreagann an t-athrú chuig teaschaidéil. Ba cheart do scéimeanna tacaíochta den sórt sin a bhunaíonn na Ballstáit go náisiúnta nó a bhunaíonn údaráis áitiúla nó réigiúnacha go háitiúil rannchuidiú le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus athléimneacht theicneolaíochtaí ***glan-nialasacha*** an Aontais. Ba cheart d'údaráis phoiblí, mar shampla, cúiteamh airgeadais níos airde a sholáthar do thairbhithe as ceannach táirgí deiridh glan-nialasachta lena ndéanfar rannchuidiú níos airde le hathléimneacht san Aontas. Ba cheart ***uirlisí airgeadais amhail fóirdheontais le haghaidh maoiniú fadtéarmach, ionstraimí teorannaithe riosca creidmheasa, agus ionstraimí comhchosúla eile a áireamh san úsáid a bhaintear as fóirdheontais nó as bearta coibhéiseacha. Ba cheart*** d'údaráis phoiblí a áirithiú go mbeadh a scéimeanna oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, ionas go |

| | |
|---|---|
| ***glan-nialasachta*** san Aontas. Chun éifeachtúlacht scéimeanna den sórt sin a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeadh rochtain éasca ar fhaisnéis ar shuíomh gréasáin saor in aisce ag do tomhaltóirí agus monaróirí teicneolaíochta ***glan-nialasachta*** araon. Úsáid na ranníocaíochta inbhuanaitheachta agus athléimneachta ag údaráis phoiblí i scéimeanna dírithe ar thomhaltóirí nó ar theaghlaigh, ba cheart í a bheith gan dochar do rialacha maidir leis an státchabhair nó do rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais. | gcuirfidh siad leis an éileamh ar tháirgí teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas. Ba cheart d'údaráis phoiblí freisin teorainn a chur leis an gcúiteamh airgeadais breise do tháirgí den sórt sin ionas nach gcuirfear moill ar imscaradh na dteicneolaíochtaí ***glan-nialasacha*** san Aontas. Chun éifeachtúlacht scéimeanna den sórt sin a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeadh rochtain éasca ar fhaisnéis ar shuíomh gréasáin saor in aisce ag do tomhaltóirí agus monaróirí teicneolaíochta ***glan-nialasacha*** araon. Úsáid na ranníocaíochta inbhuanaitheachta agus athléimneachta ag údaráis phoiblí i scéimeanna dírithe ar thomhaltóirí nó ar theaghlaigh, ba cheart í a bheith gan dochar do rialacha maidir leis an státchabhair nó do rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais. |
| [52] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, COM(2022) 221 final, 18.5.2022. | [52] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, COM(2022) 221 final, 18.5.2022. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(38 a) Ba cheart d'údaráis phoiblí dea-shampla a thabhairt maidir le húsáid foinsí teicneolaíochta glan-nialasacha agus éifeachtúlacht fuinnimh.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Mar a léirítear sa Teachtaireacht maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach, a foilsíodh an ***1 Feabhra 2023***, tá sciartha margaidh thionscal an Aontais faoi bhrú láidir, mar gheall ar fhóirdheontais i dtríú tíortha ***lena mbaintear*** an bonn ***ó chothrom*** iomaíochta. Fágann sé sin go bhfuil gá le freagairt thapa agus uaillmhianach ón Aontas maidir lena chreat dlíthiúil a nuachóiriú. | (39) Mar a léirítear sa Teachtaireacht maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach, a foilsíodh an ***1 Feabhra 2023***, tá sciartha margaidh thionscal an Aontais faoi bhrú láidir, mar gheall ar fhóirdheontais i dtríú tíortha ***a chuireann scéimeanna tacaíochta i bhfeidhm a dhíríonn ar thionscal na teicneolaíochta glaine a dhaingniú agus a mhealladh.***<br><br>***Le cur chuige den sórt sin, baintear*** an bonn ***ón gcothrom*** iomaíochta ***agus cuirtear dúshlán iomaíoch ar fáil do AE a thionscal féin a chothabháil agus a fhorbairt***. Fágann sé sin go bhfuil gá le freagairt thapa agus uaillmhianach ón Aontas maidir lena chreat dlíthiúil a nuachóiriú. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Tá rochtain ar mhaoiniú ríthábhachtach chun uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a áirithiú agus chun bonn ***láidir*** monaraíochta a bhunú le haghaidh teicneolaíochtaí ***glan-nialasachta*** agus a slabhraí soláthair ar fud an Aontais. Tiocfaidh formhór na n-infheistíochtaí is gá chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach ó chaipiteal príobháideach[53], caipiteal a mhealltar le hacmhainneacht fáis an éiceachórais ***glan-nialasachta***. Beidh margaí caipitil atá ag feidhmiú go maith, domhain agus comhtháthaithe ríthábhachtach, dá bhrí sin, chun na cistí is gá a thiomsú agus a threorú i dtreo an aistrithe ghlais agus na dtionscadal monaraíochta ***glan-nialasachta***. Tá gá le dul chun cinn gasta i | (40) Tá rochtain ar mhaoiniú ***poiblí agus príobháideach leordhóthanach*** ríthábhachtach chun uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a áirithiú agus chun bonn monaraíochta ***daingean iomaíoch*** a bhunú le haghaidh teicneolaíochtaí ***glan-nialasacha*** agus a slabhraí soláthair ar fud an Aontais. Tiocfaidh formhór na n-infheistíochtaí is gá chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach ó chaipiteal príobháideach[53], caipiteal a mhealltar le hacmhainneacht fáis an éiceachórais ***ghlan-nialasaigh***. Beidh margaí caipitil atá ag feidhmiú go maith, domhain agus comhtháthaithe ríthábhachtach, dá bhrí sin, chun na cistí is gá a thiomsú agus a threorú i dtreo an aistrithe ghlais agus na dtionscadal |

| | |
|---|---|
| dtreo Aontas na Margaí Caipitil, dá bhrí sin, chun go bhféadfaidh an tAontas a chuspóirí glan-nialasachta a bhaint amach. Tá ról ríthábhachtach ag an gclár oibre airgeadais inbhuanaithe (agus ag an maoiniú cumaiscthe) freisin maidir le huas-scálú infheistíochtaí sna teicneolaíochtaí ***glan-nialasachta***, agus iomaíochas na hearnála á ráthú an ***tráth céanna***. | monaraíochta ***glan-nialasach***. Tá gá le dul chun cinn gasta i dtreo Aontas na Margaí Caipitil, dá bhrí sin, chun go bhféadfaidh an tAontas a chuspóirí glan-nialasachta a bhaint amach. Tá ról ríthábhachtach ag an gclár oibre airgeadais inbhuanaithe (agus ag an maoiniú cumaiscthe) freisin maidir le huas-scálú infheistíochtaí sna teicneolaíochtaí ***glan-nialasacha***, ***trí fhaisnéis níos comhchuibhithe a thabhairt d'infheisteoirí*** agus ***d'institiúidí infheistiúcháin faoi na rialacha ábhartha maidir le nochtadh agus*** iomaíochas na hearnála á ráthú***. Le rochtain ghasta ar mhaoiniú leordhóthanach príobháideach agus poiblí, is féidir maolú a dhéanamh ar na rioscaí bunúsacha a bhaineann leis*** an ***nuálaíocht, leis an taighde agus leis an bhforbairt a bhfuil gá leo chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach***. ***Níor cheart maoiniú poiblí a bheith i bhfoirm deontas agus fóirdheontas amháin ach ba cheart go leanfadh sé de bheith éagsúlaithe agus ba cheart creidmheasanna cánach agus ionstraimí airgeadais a áireamh ann.*** |
| __________________ | __________________ |
| 53 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Identifying Europe's recovery needs [Riachtanais téarnaimh na hEorpa a shainaithint] a Ghabhann leis an doiciméad 'Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Europe's moment: Repair and Prepare for the Next Generation [Uain na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú don Chéad Ghlúin eile], SWD(2020) 98 final, Identifying Europe's recovery needs [Riachtanais téarnaimh na hEorpa a shainaithint], 27.5.2020. | 53 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Identifying Europe's recovery needs [Riachtanais téarnaimh na hEorpa a shainaithint] a Ghabhann leis an doiciméad 'Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Europe's moment: Repair and Prepare for the Next Generation [Uain na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú don Chéad Ghlúin eile], SWD(2020) 98 final, Identifying Europe's recovery needs [Riachtanais téarnaimh na hEorpa a shainaithint], 27.5.2020. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(40 a) Tiocfaidh formhór na n-infheistíochtaí is gá chun na cuspóirí seo a bhaint amach ó chaipiteal príobháideach, caipiteal a mhealltar le hacmhainneacht fáis an éiceachórais ghlan-nialasaigh. Mar a léirítear sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Rialachán seo, is ionann na riachtanais infheistíochta agus thart ar EUR 92 bhilliún thar an tréimhse 2023-2030, le raon idir thart ar EUR 52 bhilliún agus thart ar EUR 119 mbilliún ag brath ar chásanna éagsúla, rud a d'fhágfadh go mbeadh riachtanais maoinithe phoiblí de EUR 16-18 mbilliún ann. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2024, modhanna féideartha a mholadh don Chomhairle agus don Pharlaimint chun comhordú a dhéanamh ar na foinsí éagsúla cistiúcháin phoiblí le haghaidh tionscadail ghlan-nialasacha ón Aontas agus ó na Ballstáit d'fhonn dlús a chur lena n-imscaradh.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) I gcás nach bhfuil infheistíocht phríobháideach leordhóthanach ann féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht phoiblí i bhfoirm Státchabhrach ag teastáil chun tionscadail mhonaraíochta ***ghlan-nialasachta*** a rolladh amach go héifeachtach. Ní mór éifeacht dreasachta a bheith ag an gcabhair sin***, ní mór gá a bheith leis an gcabhair*** agus ní mór ***di*** a bheith iomchuí agus comhréireach. Leis na treoirlínte maidir le Státchabhair atá ann | (41) I gcás nach bhfuil infheistíocht phríobháideach leordhóthanach ann féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht phoiblí i bhfoirm Státchabhrach ag teastáil chun tionscadail mhonaraíochta ***ghlan-nialasacha*** a rolladh amach go héifeachtach. Ní mór éifeacht dreasachta a bheith ag an gcabhair sin agus ní mór ***í*** a bheith ***riachtanach,*** iomchuí agus comhréireach ***agus ní mór na prionsabail ghinearálta a leagtar amach i rialacha*** |

| | |
|---|---|
| cheana a ndearnadh athbhreithniú domhain orthu le déanaí i gcomhréir leis na cuspóirí dé-aistrithe, soláthraítear féidearthachtaí iomadúla chun tacú le hinfheistíochtaí le haghaidh tionscadail faoi raon feidhme an Rialacháin seo faoi réir coinníollacha áirithe. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag na Ballstáit maidir le rochtain ar mhaoiniú a éascú do thionscadail mhonaraíochta theicneolaíochtaí ***glan-nialasachta*** trí aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh trí thacaíocht spriocdhírithe Státchabhrach. ***Is é is aidhm don Chreat*** Sealadach Géarchéime agus Aistrithe, a glacadh an 9 Márta 2023, cothrom iomaíochta ***a áirithiú*** laistigh den mhargadh inmheánach, agus é dírithe ar na hearnálacha sin inar sainaithníodh riosca um dhí-comhchruinnithe tríú tír, agus atá comhréireach ó thaobh méideanna cabhrach de. ***Chuirfeadh sé ar a gcumas do na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le hinfheistíochtaí nua i saoráidí táirgthe in earnálacha straitéiseacha glan-nialasachta sainithe, lena n-áirítear trí shochair chánach. Féadfar méid na cabhrach atá ceadaithe a mhodhnú le déine cabhrach níos airde agus le huasteorainneacha níos airde ar mhéid na cabhrach má tá an infheistíocht lonnaithe i limistéir fóirithinte, chun rannchuidiú le sprioc an chóineasaithe idir na Ballstáit agus na réigiúin. Tá gá le coinníollacha iomchuí chun na rioscaí nithiúla a bhaineann le hatreorú na hinfheistíochta lasmuigh de Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a fhiorú mar aon le haon bhaol ann go n-athlonnófaí í laistigh de LEE. Chun acmhainní náisiúnta a shlógadh chun na críche sin, féadfaidh na Ballstáit sciar d'ioncam CTA a úsáid, ar sciar é nach mór do na Ballstáit a leithdháileadh chun críocha a bhaineann leis an aeráid.*** | ***iomaíochta an Aontais a chur i gcuntas i gcónaí, fiú i gcás ina bhfuil maolú sealadach ar na rialacha maidir le státchabhair, toisc go bhféadfadh sé tionchar tromchúiseach a bheith aici ar an gcothrom iomaíochta***. ***Ní mór do mhaoluithe creata státchabhrach atá teoranta ó thaobh ama de, fiú amháin, prionsabail uile na spriocanna maidir le rialáil státchabhrach a léiriú. Ba cheart gurb é príomhchuspóir na tacaíochta poiblí sin borradh a chur faoin infheistíocht phríobháideach agus í a ghiaráil agus gan í a ionadú, go háirithe i bhfianaise chineál sealadach na cabhrach. Thairis sin, ba cheart go bhfónfadh slógadh airgid phoiblí do leasanna an phobail i gcomhréir le cuspóirí beartais foriomlána an Aontais.*** Leis na treoirlínte maidir le Státchabhair atá ann cheana a ndearnadh athbhreithniú domhain orthu le déanaí i gcomhréir leis na cuspóirí dé-aistrithe, soláthraítear féidearthachtaí iomadúla chun tacú le hinfheistíochtaí le haghaidh tionscadail faoi raon feidhme an Rialacháin seo faoi réir coinníollacha áirithe. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag na Ballstáit maidir le rochtain ar mhaoiniú a éascú do thionscadail mhonaraíochta theicneolaíochtaí ***glan-nialasacha*** trí aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh trí thacaíocht spriocdhírithe Státchabhrach***, ar choinníoll go seachnófar ilroinnt an Mhargaidh Inmheánaigh***. ***Níor cheart leis an gCreat*** Sealadach Géarchéime agus Aistrithe, a glacadh an 9 Márta 2023, ***go gcuirfí i mbaol an*** cothrom iomaíochta laistigh den mhargadh inmheánach, agus é dírithe ar na hearnálacha sin inar sainaithníodh riosca um dhí-comhchruinnithe tríú tír, agus atá comhréireach ó thaobh méideanna cabhrach de. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41 a) Agus é mar aidhm acu infheistíocht san earnáil phríobháideach a spreagadh chun an glan-aistriú nialasach a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit beartais éifeachtúla chánach a shainaithint agus an creat cánach a athchóiriú ar deireadh, ionas go rannchuideodh sé le spriocanna aeráide an Aontais. Dá bhrí sin, is gá do na Ballstáit tús a chur an athuair leis an gcaibidlíocht maidir le tograí ón gCoimisiún an 14 Iúil 2021 lena n-athbhreithnítear an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh tar éis measúnú tionchair foriomlán a thíolacadh agus togra an 11 Bealtaine 2022 lena dtugtar aghaidh ar chlaontacht fiachais, ós rud é gur féidir leosan cur leis na hinfheistíochtaí nua is gá. Chuirfeadh sé ar a gcumas do na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le hinfheistíochtaí nua i saoráidí táirgthe in earnálacha straitéiseacha glan-nialasacha sainithe, lena n-áirítear trí shochair chánach. Féadfar méid na cabhrach atá ceadaithe a mhodhnú le déine cabhrach níos airde agus le huasteorainneacha níos airde ar mhéid na cabhrach má tá an infheistíocht lonnaithe i limistéir fóirithinte, chun rannchuidiú le sprioc an chóineasaithe idir na Ballstáit agus na réigiúin. Tá gá le coinníollacha iomchuí chun na rioscaí nithiúla a bhaineann le hatreorú na hinfheistíochta lasmuigh de Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a fhíorú mar aon le haon bhaol ann go n-athlonnófaí í laistigh de LEE. Chun acmhainní náisiúnta a shlógadh chun na críche sin, féadfaidh na Ballstáit sciar d'ioncam CTA a úsáid, ar sciar é nach mór do na Ballstáit a leithdháileadh chun críocha a bhaineann leis an aeráid. Déanann an Coimisiún dlúthfhaireachán agus meastóireacht ar thionchar agus ar*** |

***iarmhairtí an chreata shealadaigh sin, go háirithe maidir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh. Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir uirlisí éagsúla atá ann cheana chun borradh a chur faoi infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glan-nialasacha, ba cheart don Choimisiún Eorpach a áirithiú nach mbeidh teicneolaíochtaí glan-nialasacha straitéiseacha, mar a shainítear in NZIA agus nach gcumhdaítear le TCTF, faoi réir an riosca athshuímh lasmuigh den Aontas.***

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Tá roinnt clár cistiúcháin de chuid an Aontais ar fáil freisin, amhail an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, InvestEU, cláir bheartais chomhtháthaithe nó an Ciste don Nuálaíocht chun infheistíochtaí a chistiú i dtionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta ***glan-nialasachta***. | (42) Tá roinnt clár cistiúcháin de chuid an Aontais ar fáil freisin, amhail an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, InvestEU, cláir bheartais chomhtháthaithe nó an Ciste don Nuálaíocht chun infheistíochtaí a chistiú i dtionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta ***glan-nialasacha***. ***Mar sin féin, ní leor na féidearthachtaí atá ag buiséad reatha an Aontais chun tacú le cuspóirí an Ghnímh um an Tionscal Glan-Nialasach agus chun cothrom iomaíochta a áirithiú idir na Ballstáit. Dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh san athbhreithniú ar chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 maidir le buiséad Eorpach lena bhféadfar breithniú a dhéanamh ar na costais iasachta nach féidir a thuar agus ar dhúshláin nua don Aontas.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(43 a) Leis an méadú ar phraghsanna CTA AE, tá méadú suntasach tagtha ar ioncaim ó CTA AE do na Ballstáit. Chun dícharbónú thionscal an Aontais a chur chun cinn, ba cheart do na Ballstáit méadú suntasach a dhéanamh ar a leithdháileadh ioncaim náisiúnta a eascraíonn as CTA AE chun tacú le dícharbónú an tionscail agus féadfaidh siad úsáid a bhaint as ioncaim náisiúnta a eascraíonn as CTA chun cuspóirí an Rialacháin seo a shaothrú ar choinníoll go n-úsáidtear é le haghaidh na haeráide mar a shainmhínítear in Airteagal 10(3) de Threoir 2003/87.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(45 a) Moltar do na Ballstáit athchóirithe lena gcuirfear leis an bhfás a shaothrú don Ghníomh um an Tionscal Glan Nialasach chun go mbeidh an éifeacht is mó is féidir aige ó thaobh breisluacha agus fás eacnamaíoch de.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit, chun na srianta a bhaineann leis na hiarrachtaí ilroinnte atá ann faoi láthair maidir le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a shárú, agus chun comhtháthú agus toradh ar infheistíocht a | (48) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit, chun na srianta a bhaineann leis na hiarrachtaí ilroinnte atá ann faoi láthair maidir le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a shárú, agus chun comhtháthú agus toradh ar infheistíocht a |

| | |
|---|---|
| éascú, ba cheart dóibh sineirgí a chruthú idir na cláir chistiúcháin atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chomh maith le comhordú agus comhoibriú níos fearr a áirithiú le lucht tionscail agus le ***príomhpháirtithe leasmhara*** san earnáil phríobháideach. Tá ról lárnach ag ***an*** Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa chun léargas cuimsitheach a fhorbairt ar na deiseanna cistiúcháin ábhartha atá ar fáil agus chun plé a dhéanamh ar riachtanais maoinithe aonair na dtionscadal straitéiseach ***glan-nialasachta***. | éascú, ba cheart dóibh sineirgí a chruthú idir na cláir chistiúcháin atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chomh maith le comhordú agus comhoibriú níos fearr a áirithiú le lucht tionscail agus le ***príomhgheallsealbhóirí*** san earnáil phríobháideach. Tá ról lárnach ag Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa chun léargas cuimsitheach a fhorbairt ar na deiseanna cistiúcháin ábhartha atá ar fáil agus chun plé a dhéanamh ar riachtanais maoinithe aonair na dtionscadal straitéiseach ***glan-nialasach***. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (52) Chun castacht a laghdú agus éifeachtúlacht agus trédhearcacht a mhéadú, ba cheart do thionscnóirí ***tionscadail mhonaraíochta*** teicneolaíochtaí ***glan-nialasachta*** a bheith in ann idirghníomhú le húdarás náisiúnta aonair atá freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna ina iomláine a chomhordú agus as cinneadh cuimsitheach a eisiúint laistigh den teorainn ama is infheidhme. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta aonair a ainmniú. Ag brath ar eagrúchán inmheánach Ballstáit, ba cheart a bheith in ann cúraimí na n-údarás inniúil náisiúnta a tharmligean chuig údarás eile, faoi réir na gcoinníollacha céanna. Chun cur chun feidhme éifeachtach ***freagrachtaí*** na mBallstát a áirithiú, ba cheart dóibh pearsanra agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar dá n-údarás náisiúnta inniúil, nó d'aon údarás atá ag gníomhú thar a gceann. | (52) Chun castacht a laghdú agus éifeachtúlacht agus trédhearcacht a mhéadú, ba cheart do thionscnóirí ***tionscadal monaraíochta*** teicneolaíochtaí ***glan-nialasacha*** a bheith in ann idirghníomhú le húdarás ***inniúil*** náisiúnta aonair ***nó údarás inniúil réigiúnach aonair*** atá freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna ina iomláine a chomhordú agus as cinneadh cuimsitheach a eisiúint laistigh den teorainn ama is infheidhme. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta aonair ***nó údarás amháin in aghaidh an réigiúin inniúil*** a ainmniú***, i gcomhréir le struchtúir bhunreachtúla na mBallstát mar a ráthaítear le hAirteagal 4(2) CAE***. Ag brath ar eagrúchán inmheánach Ballstáit, ba cheart a bheith in ann cúraimí na n-údarás inniúil náisiúnta ***nó réigiúnach*** a tharmligean chuig údarás eile, faoi réir na gcoinníollacha céanna. Chun cur chun feidhme éifeachtach ***fhreagrachtaí*** na mBallstát a áirithiú, ba cheart dóibh pearsanra agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar dá n-údarás náisiúnta inniúil, nó |

d'aon údarás atá ag gníomhú thar a gceann.

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (54) Chun go mbeidh gnólachtaí agus tionscnóirí tionscadail, lena n-áirítear le haghaidh tionscadail trasteorann, in ann tairbhe dhíreach a bhaint as tairbhí an mhargaidh inmheánaigh gan ualach riaracháin breise nach bhfuil gá leis a thabhú, déantar foráil i Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[64] maidir le rialacha ginearálta chun nósanna imeachta atá ábhartha d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a sholáthar ar líne. An fhaisnéis is gá a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil náisiúnta mar chuid de na próisis deonaithe ceadanna a chumhdaítear leis an Rialachán seo, déanfar í a chumhdach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724 tar éis a leasaithe leis an Rialachán seo, agus tá na nósanna imeachta gaolmhara san áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann leis chun a áirithiú gur féidir le tionscnóirí tionscadail tairbhe a bhaint as nósanna imeachta atá ar líne ina n-iomláine agus as an gCóras Teicniúil Aonuaire. Tá údaráis inniúla náisiúnta atá ag gníomhú mar ionad ilfhreastail de bhun an Rialacháin seo san áireamh i liosta na seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna in Iarscríbhinn III de Rialachán (AE) 2018/1724. | (54) Chun go mbeidh gnólachtaí agus tionscnóirí tionscadail, lena n-áirítear le haghaidh tionscadail trasteorann, in ann tairbhe dhíreach a bhaint as tairbhí an mhargaidh inmheánaigh gan ualach riaracháin breise nach bhfuil gá leis a thabhú, déantar foráil i Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[64] maidir le rialacha ginearálta chun nósanna imeachta atá ábhartha d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a sholáthar ar líne. An fhaisnéis is gá a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil náisiúnta mar chuid de na próisis deonaithe ceadanna a chumhdaítear leis an Rialachán seo, déanfar í a chumhdach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724 tar éis a leasaithe leis an Rialachán seo, agus tá na nósanna imeachta gaolmhara san áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann leis chun a áirithiú gur féidir le tionscnóirí tionscadail tairbhe a bhaint as nósanna imeachta atá ar líne ina n-iomláine agus as an gCóras Teicniúil Aonuaire. Tá údaráis inniúla náisiúnta ***nó réigiúnacha*** atá ag gníomhú mar ionad ilfhreastail de bhun an Rialacháin seo san áireamh i liosta na seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna in Iarscríbhinn III de Rialachán (AE) 2018/1724. |
| [64] Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh | [64] Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh |

| | |
|---|---|
| fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1). | fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1). |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 63 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(63 a) Roghnaigh an tAontas Eorpach d'aon ghnó creat dlíthiúil intuartha agus cobhsaí ag a bhfuil spriocanna soiléire a chuireann deimhneacht dhlíthiúil agus deiseanna infheistíochta ar fáil. Tá sé tábhachtach feabhas a chur ar an iomaíochas agus bailchríoch a chur ar Aontas na Margaí Caipitil chun fás eacnamaíoch a bhaint amach, rud nach n-éireoidh leis an aistriú glas dá uireasa.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 69 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(69 a) D'fhéadfadh an Coimisiún measúnú a thíolacadh chun Bord Comhairleach Eorpach um Athbhreithniú agus um Ualach Rialála (EABRRB) a chruthú chun comhairle a thabhairt maidir le conas an t-ualach rialála ar ghnólachtaí, ar shaoránaigh agus ar ghairmithe a íoslaghdú.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tabharfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit faoi ghníomhaíochtaí chun dlús a chur le hinfheistíochtaí príobháideacha i dtionscadail straitéiseacha ***ghlan-nialasachta*** agus chun na hinfheistíochtaí a phlódú isteach. Féadfar a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin, gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, tacaíocht a sholáthar do thionscadail straitéiseacha ***ghlan-nialasachta*** a bhfuil deacrachtaí acu maoiniú a fháil, mar aon leis an tacaíocht sin a chomhordú. | 1. Tabharfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit faoi ghníomhaíochtaí chun dlús a chur le hinfheistíochtaí ***poiblí agus*** príobháideacha i dtionscadail straitéiseacha ***ghlan-nialasacha*** agus chun na hinfheistíochtaí a phlódú isteach. Féadfar a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin, gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, tacaíocht a sholáthar do thionscadail straitéiseacha ***ghlan-nialasacha*** a bhfuil deacrachtaí acu maoiniú a fháil, mar aon leis an tacaíocht sin a chomhordú. ***Ba cheart cistiú leordhóthanach a bheith ag na Ballstáit chun na tionscadail ghlan-nialasacha a sholáthar.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Beidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir go hiomlán le cuspóirí an Aontais.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 b. Féadfaidh an tacaíocht a luaitear i mír 1 ráthaíochtaí a chuimsiú chun costais iasachtaíochta a laghdú agus riosca a laghdú ag céim luath d'fhorbairt tionscadal, lena n-áirítear bearta eile atá dírithe ar rioscaí comhaontuithe a laghdú.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh*** na Ballstáit tacaíocht riaracháin ***a sholáthar*** do thionscadail straitéiseacha ***ghlan-nialasachta*** chun cur chun feidhme tapa agus éifeachtach na dtionscadal sin a éascú, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a sholáthar: | 2. ***Soláthróidh an Coimisiún agus*** na Ballstáit tacaíocht riaracháin ***agus oibríochtúil agus*** do thionscadail straitéiseacha ***ghlan-nialasacha*** chun cur chun feidhme tapa agus éifeachtach na dtionscadal sin a éascú, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a sholáthar: |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cúnamh do thionscnóirí tionscadail chun ***glacadh*** an phobail ***leis an tionscadal*** a mhéadú tuilleadh***.*** | (b) cúnamh do thionscnóirí tionscadail chun ***rannpháirtíocht thráthúil*** an phobail ***agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí ábhartha eile*** a mhéadú tuilleadh***;*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) cúnamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha iomaíochta atá ann cheana.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b b) cúnamh chun tacú leis na céimeanna ábhartha uile de phróiseas iarratais chun tacaíocht airgeadais a fháil, bíodh sin ar bhonn náisiúnta nó ó chistí an Aontais;*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe b c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b c) cúnamh do thionscnóirí tionscadail le linn an phróisis deonaithe ceadanna, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide;*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go gcuirfear an tacaíocht sin ar fáil don tionscnóir tionscadail laistigh de shé mhí tar éis an iarraidh ón tionscadal straitéiseach glan-nialasach a thíolacadh.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 b. Leithdháilfidh na Ballstáit acmhainní iomchuí agus ionchorpróidh siad bearta chun cuspóirí an Rialacháin seo a shaothrú, laistigh dá bPleananna*** |

***náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta freisin, go sonrach faoi na caibidlí faoi seach atá acu a bhaineann le REPowerEU.***

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 c. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach, gan dochar don tacaíocht a thugtar do thionscadail a bhaineann le InvestEU, leas a bhaint as Mol Comhairleach InvestEU chun cúnamh teicniúil a chur ar fáil do thionscadail atá neodrach ó thaobh astaíochtaí de chun a n-inmharthanacht a threisiú.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Pléifidh an tArdán ***um ghlan-nialasacht na hEorpa*** a bhunaítear in Airteagal 28 ***riachtanas airgeadais*** agus scrogaill i dtionscadail straitéiseacha ***ghlan-nialasachta***, na cleachtais is fearr a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe chun slabhraí soláthair trasteorann an Aontais a ***fhorbairt***, go háirithe ar ***bhonn malartuithe*** rialta leis na comhghuaillíochtaí tionsclaíocha ábhartha. | 1. Pléifidh an tArdán ***Glan-Nialasach Eorpach mar*** a bhunaítear in Airteagal 28 ***cásanna gnó*** agus ***rochtain ar mhaoiniú agus*** scrogaill i dtionscadail straitéiseacha ***atá neodrach ó thaobh astaíochtaí de agus féadfaidh sé comhairle a thabhairt ina leith***, na cleachtais is fearr a d'fhéadfadh a bheith ann ***a chur in iúl***, go háirithe chun ***forbairt na*** slabhraí soláthair trasteorann ***is gá de chuid*** an Aontais a ***chur chun cinn***, go háirithe ***bunaithe*** ar ***mhalartuithe*** rialta leis na comhghuaillíochtaí tionsclaíocha ábhartha. ***Ullmhóidh an tArdán achoimre ar thorthaí ginearálaithe ar bhonn rialta agus cuirfear ar fáil í chun faisnéis a sholáthar do thionscnóirí a d'fhéadfadh a bheith ann agus don phobal i gcoitinne.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tacaíocht trí acmhainní ó Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta nó ó institiúidí idirnáisiúnta ***airgeadais*** eile lena ***n-áirítear*** an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus ***Forbartha***; | (b) tacaíocht trí ***bhíthin*** acmhainní ó Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta nó ó institiúidí ***poiblíairgeadais*** idirnáisiúnta eile***,*** lena ***n-áirítear*** an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus ***Forbraíochta***; |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Tá na heilimintí thuas le breithniú agus le húsáid ar bhealach a chuireann úsáid infheistíochtaí príobháideacha chun cinn, agus i gcás nach leor na hinfheistíochtaí príobháideacha, lena n-áirithítear cineál iomchuí tacaíochta poiblí, lena n-áirithítear nach mbeidh saobhadh ar an margadh aonair mar thoradh air.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 b. Níor cheart tacaíocht phoiblí a bheith teoranta d'úsáid deontas nó uirlisí coibhéiseacha, ach áireofar léi freisin uirlisí airgeadais amhail fóirdheontais do mhaoiniú fadtéarmach, ionstraimí teorannaithe riosca creidmheasa, agus ionstraimí comhchosúla eile.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 c. Maidir le pointe c) agus d) de mhír 2 thuas, cuirfidh an Coimisiún treoir ar fáil maidir leis an mbealach is fearr agus is éifeachtúla chun go n-úsáidtear na cláir a liostaítear chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaint amach. Sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, baileoidh an Coimisiún sonraí maidir leis na tionscadail a chumhdaítear le raon feidhme an Airteagail seo agus cuirfidh sé treoir ar fáil ina leith.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 15 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 d. Féadfaidh na Ballstáit ioncaim náisiúnta a eascraíonn as liúntais faoin Scéim Trádála Astaíochtaí a leithdháileadh gach bliain chun cuspóirí an Rialacháin seo a shaothrú.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunóidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain na gconarthaí le haghaidh teicneolaíocht ***glan-nialasachta*** a liostaítear san Iarscríbhinn i nós imeachta soláthair phoiblí ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, a n- | 1. Bunóidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain na gconarthaí le haghaidh teicneolaíocht ***glan-nialasacha*** a liostaítear san Iarscríbhinn i nós imeachta soláthair phoiblí ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, a n- |

| | |
|---|---|
| áireofar inti an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr, lena gcuimseofar, ar a laghad, rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE, nó 2014/25/AE agus leis an reachtaíocht earnála is infheidhme, agus le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas. | áireofar inti an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr, lena gcuimseofar, ar a laghad, rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, i gcomhréir le ***Rialachán 2022/1031/AE,*** Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE, nó 2014/25/AE agus leis an reachtaíocht earnála is infheidhme, agus le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tabharfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ualú idir ***15 %*** agus ***30 %*** de na critéir dhámhachtana do rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 41 (3) de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 67(5) de Threoir 2014/24/AE ná Airteagal 82(5) de Threoir 2014/25/AE maidir le hualú níos airde a thabhairt do na critéir dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b). | 3. Tabharfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ualú idir ***20 %*** agus ***45 %*** de na critéir dhámhachtana do rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 41 (3) de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 67(5) de Threoir 2014/24/AE ná Airteagal 82(5) de Threoir 2014/25/AE maidir le hualú níos airde a thabhairt do na critéir dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b). |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an údarás conarthach ná ar an eintiteas conarthach na breithnithe a bhaineann le rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na dteicneolaíochtaí ***glan-nialasachta*** a chur i bhfeidhm i gcás ina gcuirfeadh a gcur i bhfeidhm oibleagáid ar | 4. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an údarás conarthach ná ar an eintiteas conarthach na breithnithe a bhaineann le rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na dteicneolaíochtaí ***glan-nialasacha*** a chur i bhfeidhm i gcás ina gcuirfeadh a gcur i bhfeidhm oibleagáid ar |

| | |
|---|---|
| an údarás nó ar an eintiteas sin trealamh a fháil lena mbaineann costais dhíréireacha, nó ina bhfuil saintréithe teicniúla atá éagsúil leis na saintréithe atá i dtrealamh atá ann cheana, as a n-eascraíonn neamh-chomhoiriúnacht, deacrachtaí teicniúla maidir le hoibriú agus cothabháil. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a thoimhdiú go bhfuil difríochtaí costais os cionn ***10 %*** díréireach. Beidh an fhoráil sin gan dochar don fhéidearthacht tairiscintí thar a bheith íseal a eisiamh faoi Airteagal 69 de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 84 de Threoir 2014/25/AE, agus gan dochar do chritéir dhámhachtana eile i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear gnéithe sóisialta de réir Airteagal 30(3) agus Airteagal 36(1), an dara fleasc de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 18(2) agus Airteagal 67(2) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 36(2) agus Airteagal 82(2) de Threoir 2014/24/AE. | an údarás nó ar an eintiteas sin trealamh a fháil lena mbaineann costais dhíréireacha, nó ina bhfuil saintréithe teicniúla atá éagsúil leis na saintréithe atá i dtrealamh atá ann cheana, as a n-eascraíonn neamh-chomhoiriúnacht, deacrachtaí teicniúla maidir le hoibriú agus cothabháil. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a thoimhdiú go bhfuil difríochtaí costais os cionn ***30 %*** díréireach. Beidh an fhoráil sin gan dochar don fhéidearthacht tairiscintí thar a bheith íseal a eisiamh faoi Airteagal 69 de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 84 de Threoir 2014/25/AE, agus gan dochar do chritéir dhámhachtana eile i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear gnéithe sóisialta de réir Airteagal 30(3) agus Airteagal 36(1), an dara fleasc de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 18(2) agus Airteagal 67(2) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 36(2) agus Airteagal 82(2) de Threoir 2014/24/AE. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfar ualú idir ***15 %*** agus ***30 %*** de na critéir dhámhachtana don rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta, gan dochar don fhéidearthacht ualú níos airde a thabhairt do na critéir in Airteagal 19(2), pointí (a) agus (b), i gcás inarb infheidhme faoi reachtaíocht an Aontais, ná d’aon teorainn le critéir neamhphraghais a shocraítear faoi rialacha maidir leis an státchabhair. | 2. Tabharfar ualú idir ***20 %*** agus ***45 %*** de na critéir dhámhachtana don rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta, gan dochar don fhéidearthacht ualú níos airde a thabhairt do na critéir in Airteagal 19(2), pointí (a) agus (b), i gcás inarb infheidhme faoi reachtaíocht an Aontais, ná d’aon teorainn le critéir neamhphraghais a shocraítear faoi rialacha maidir leis an státchabhair. ***Agus na critéir nithiúla neamhphraghais á roghnú, á gceapadh agus á gcur chun feidhme mar chuid den rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta, ní mór saintréithe teicneolaíocht-sonracha a chur san áireamh agus aghaidh a thabhairt go héifeachtach*** |

| | |
|---|---|
| | ***orthu.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Ní mór critéir neamhairgeadais a úsáid ar bhealach trédhearcach, comhleanúnach agus intuartha.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 b. Nuair atá difríochtaí costais faoi bhun 30 %, féadfaidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach an conradh a dhámhachtain ar an tairiscint a léiríonn an ranníocaíocht inbhuanaitheachta is airde.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ní bheidh sé d’oibleagáid ar na Ballstáit, údaráis réigiúnacha ná áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí ná comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin ná comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí na breithnithe a bhaineann le rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na | 3. Ní bheidh sé d’oibleagáid ar na Ballstáit, údaráis réigiúnacha ná áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí ná comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin ná comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí na breithnithe a bhaineann le rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na |

dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur i bhfeidhm i gcás ina gcuirfeadh a gcur i bhfeidhm oibleagáid ar na heintitis sin trealamh a fháil lena mbaineann costais dhíréireacha, nó ina bhfuil saintréithe teicniúla atá éagsúil leis na saintréithe atá i dtrealamh atá ann cheana, as a n-eascraíonn neamh-chomhoiriúnacht, deacrachtaí teicniúla maidir le hoibriú agus cothabháil. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a thoimhdiú go bhfuil difríochtaí costais os cionn ***10 %*** díréireach.

dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur i bhfeidhm i gcás ina gcuirfeadh a gcur i bhfeidhm oibleagáid ar na heintitis sin trealamh a fháil lena mbaineann costais dhíréireacha, nó ina bhfuil saintréithe teicniúla atá éagsúil leis na saintréithe atá i dtrealamh atá ann cheana, as a n-eascraíonn neamh-chomhoiriúnacht, deacrachtaí teicniúla maidir le hoibriú agus cothabháil. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a thoimhdiú go bhfuil difríochtaí costais os cionn ***30 %*** díréireach.

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***3 a. Tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBallstát, treoir shoiléir a sholáthar maidir le cur chun feidhme nithiúil Airteagal 19 i gcomhar le hAirteagal 20 den Rialachán.***

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ná d'Airteagal 4 de Threoir 2018/2001[73] agus i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh scéimeanna a bhunú a rachaidh chun tairbhe do theaghlaigh nó do thomhaltóirí a dhreasaíonn ceannach na dtáirgí deiridh teicneolaíochta ***glan-nialasachta*** a liostaítear san Iarscríbhinn, déanfaidh na

1. Gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ná d'Airteagal 4 de Threoir 2018/2001[73] agus i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh scéimeanna a bhunú a rachaidh chun tairbhe do theaghlaigh nó do thomhaltóirí a dhreasaíonn ceannach na dtáirgí deiridh teicneolaíochta ***glan-nialasacha*** a liostaítear san Iarscríbhinn, déanfaidh na

| | |
|---|---|
| Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí iad a dhearadh ar bhealach a chuirfidh chun cinn go gceannóidh tairbhithe táirgí deiridh teicneolaíochta ***glan-nialasachta*** lena mbaineann rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2), trí chúiteamh airgeadais comhréireach breise a sholáthar. | Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí iad a dhearadh ar bhealach a chuirfidh chun cinn go gceannóidh tairbhithe táirgí deiridh teicneolaíochta ***glan-nialasacha*** lena mbaineann rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2), trí chúiteamh airgeadais comhréireach breise a sholáthar. ***Beidh an t-iarratas chun tairbhe a bhaint as scéimeanna agus cúiteamh den sórt sin simplí, intuigthe agus ní chuirfidh sé ualach riaracháin díréireach ar na faighteoirí ionchasacha. Ní mór do na Ballstáit critéir neamhairgeadais a úsáid ar bhealach trédhearcach intuartha.*** |
| [73] Treoir 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn | [73] Treoir 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Agus scéim a thagann faoi mhír 1 á dearadh agus á cur chun feidhme ag an údarás, úsáidfidh sé próiseas oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú athléimneachta agus inbhuanaitheachta na dtáirgí atá ar fáil ar an margadh. Beifear i dteideal iarratas a dhéanamh i leith aon táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta dul isteach sa scéim tráth ar bith. Sonróidh an t-údarás pasmharc ar dá réir a bheidh táirgí incháilithe don chúiteamh airgeadais breise faoin scéim | 3. Agus scéim a thagann faoi mhír 1 á dearadh agus á cur chun feidhme ag an údarás, úsáidfidh sé próiseas oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú athléimneachta agus inbhuanaitheachta na dtáirgí atá ar fáil ar an margadh. ***Úsáidfear scéimeanna den sórt sin ar bhealach intuartha, chun timpeallacht chobhsaí a sholáthar do na páirtithe lena mbaineann.*** Beifear i dteideal iarratas a dhéanamh i leith aon táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta dul isteach sa scéim tráth |

tacaíochta.

ar bith. Sonróidh an t-údarás pasmharc ar dá réir a bheidh táirgí incháilithe don chúiteamh airgeadais breise faoin scéim tacaíochta.

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasacha na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasach) |
| **Tagairtí** | COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>8.5.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON<br>8.5.2023 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 15.6.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Luděk Niedermayer<br>20.4.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 20.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 28<br>–: 9<br>0: 17 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Anna-Michelle Asimakopoulou, Gunnar Beck, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Engin Eroglu, Jonás Fernández, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Claude Gruffat, José Gusmão, Michiel Hoogeveen, Stasys Jakeliūnas, France Jamet, Othmar Karas, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtsos, Aurore Lalucq, Philippe Lamberts, Aušra Maldeikienė, Costas Mavrides, Siegfried Mureşan, Caroline Nagtegaal, Denis Nesci, Luděk Niedermayer, Piernicola Pedicini, Lídia Pereira, Eva Maria Poptcheva, Evelyn Regner, Antonio Maria Rinaldi, Alfred Sant, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli, Ernest Urtasun, Inese Vaidere, Johan Van Overtveldt, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni, Roberts Zīle |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Damien Carême, Esther de Lange, Niels Fuglsang, Valérie Hayer, Martin Hlaváček, Andżelika Anna Możdżanowska, René Repasi |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Nicolás González Casares, Christophe Grudler, Roman Haider, Niclas Herbst, Dietmar Köster, Sabine Verheyen |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 28 | + |
|---|---|
| Renew | Engin Eroglu, Christophe Grudler, Valérie Hayer, Georgios Kyrtsos, Caroline Nagtegaal, Eva Maria Poptcheva, Stéphanie Yon-Courtin |
| S&D | João Albuquerque, Jonás Fernández, Niels Fuglsang, Nicolás González Casares, Dietmar Köster, Aurore Lalucq, Costas Mavrides, Evelyn Regner, René Repasi, Alfred Sant, Pedro Silva Pereira, Paul Tang, Irene Tinagli |
| The Left | José Gusmão |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Damien Carême, Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Philippe Lamberts, Piernicola Pedicini, Ernest Urtasun |

| 9 | - |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen, Andżelika Anna Możdżanowska, Denis Nesci, Johan Van Overtveldt, Roberts Zīle |
| ID | Gunnar Beck, Roman Haider, Antonio Maria Rinaldi, Marco Zanni |

| 17 | 0 |
|---|---|
| ID | France Jamet |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Isabel Benjumea Benjumea, Stefan Berger, Frances Fitzgerald, José Manuel García-Margallo y Marfil, Niclas Herbst, Othmar Karas, Esther de Lange, Aušra Maldeikienė, Siegfried Mureşan, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Inese Vaidere, Sabine Verheyen |
| Renew | Martin Hlaváček, Ondřej Kovařík |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

9.10.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta fuinnimh na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)
(COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Marie-Pierre Vedrenne

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## RÉASÚNÚ GEARR

Is cuid riachtanach de dhúcheist an aistrithe ghlais é na scileanna cearta a thabhairt do dhaoine agus an lucht saothair a ullmhú do na teicneolaíochtaí glan-nialasacha. Ní féidir iomaíochas na hEorpa i dtionscail na todhchaí a áirithiú agus ag an am céanna dul i dtreo na haeráidneodrachta ach amháin má dhéanann an tAontas agus a Bhallstáit infheistíocht ollmhór i ndaoine agus sna scileanna cearta. Ábhar a bhaineann le huathriail straitéiseach atá i gceist leis an eolas chun teicneolaíochtaí glan-nialasacha a dhearadh, a tháirgeadh, a shuiteáil, a nuashonrú agus a athchúrsáil agus ó tharla go bhfuil méadú ag teacht ar an iomaíocht ó réigiúin eile ar domhan, is mithid don Aontas gníomhú ina leith sin.

**Uathriail straitéiseach agus Déanta san Eoraip**

Cuireann an ganntanas lucht saothair atá ann faoi láthair i roinnt earnálacha straitéiseacha san Eoraip bac ar a hacmhainneachtaí tionsclaíocha. Is glanallmhaireoir de phríomh-chomhpháirteanna agus príomhtheicneolaíochtaí é an tAontas faoi láthair agus is bagairt do gheilleagar agus rathúnas an Aontais é an spleáchas sin. Cé go bhfuil éileamh mór ó shaoránaigh agus tionscnaimh náisiúnta chun borradh a chur faoi theicneolaíochtaí arna ndéanamh ag an Aontas, níl comhordú iomchuí fós ann idir straitéis tionscail agus beartais a bhaineann le scileanna sna freagraí a tugadh go dtí seo. Ina theannta sin, agus in ainneoin a gcineáil dhomhanda, is féidir breathnú ar na beartais thionsclaíocha a chuirtear chun feidhme ar ilchríocha eile mar bheartais chosantaíocha, rud a threisíonn an gá atá ann do AE gníomhú.

Is geal leis an Rapóirtéir an togra a chuir an Coimisiún ar aghaidh agus a iarracht chun gné na scileanna a chur mar dhlúthchuid den ghníomh um an tionscal glan-nialasach. Tá caibidil uaillmhianach maidir le scileanna ríthábhachtach chun rannchuidiú le huathriail straitéise oscailte an Aontais trína áirithiú go mbeidh an lucht saothair ar aon dul le huaillmhianta an Aontais i dtreo geilleagar aeráidneodrach a bhfuil ardchaighdeáin shóisialta aige a bhaint amach. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, is gá a áirithiú go dtacófar leis an Rialachán nua seo trí chur chuige bunaithe ar fhíricí, trí acmhainní airgeadais leordhóthanacha, trí struchtúr láidir rialachais a mbeidh baint ag na geallsealbhóirí ábhartha leis agus go ndéanfar é a chomhordú go maith le beartais agus ionstraimí ábhartha eile de chuid an Aontais. Is ar an

mbealach sin agus ar an mbealach sin amháin, a bheidh rath ar an infheistíocht i dteicneolaíochtaí glan-nialasacha agus gur féidir iad a chur in úsáid go mór ar fud chríoch an Aontais.

**Ábhar foghlama na nAcadamh a chur in úsáid**

Is freagra tráthúil é, cruthú na nAcadamh Glan-nialasach atá ag tógáil ar shaineolas agus ar eolas na ngníomhaithe Eorpacha is fearr i ngach earnáil, ar an ngá atá le lucht saothair níos oilte. Chun go n-éireoidh leo, is mian leis an Rapóirtéir go mbeadh na hAcadaimh Ghlan-nialasacha bunaithe ar chleachtadh mapála lena ndéantar measúnú ar an nganntanas i dteicneolaíochtaí glan-nialasacha de réir phrionsabal na neodrachta teicneolaíochta agus lena ndéantar anailís ar an easpa deiseanna oiliúna i dteicneolaíochtaí den sórt sin ar fud AE. Ina theannta sin, cumhdóidh na hAcadaimh slabhra luacha na n-earnálacha lena mbaineann agus tacóidh siad le gach oibrí, gan beann ar a n-aois, a n-inscne nó a n-oideachas. Lena ndearadh agus leis an ábhar foghlama a chuirfidh siad ar fáil, éascófar uas-sciliú, athsciliú, oideachas aosach agus oiliúint fhadtéarmach, agus beidh siad leormhaith do phrintíseachtaí. Tá gá freisin le béim ar leith a leagan ar na hAcadaimh Ghlan-nialasacha agus ar na gairmeacha comhfhreagracha a dhéanamh níos tarraingtí do mhná, d’oibrithe óga agus d’oibrithe scothaosta, agus iad a dhéanamh inacmhainne agus inrochtana. Trí tharraingteacht na dtionscal glan-nialasach a neartú agus trí chláir foghlama leormhaithe a chur in úsáid i leith gach oibrí sa lá atá inniu ann, rannchuideofar leis an nganntanais lucht saothair a bheidh ann amach anseo a chomhrac. Ba cheart breathnú ar an tsoghluaisteacht freisin mar rud ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an rialachán seo, agus ba cheart í a spreagadh agus a éascú go háirithe trí aitheantas a thabhairt do dhioplóma, deimhnithe oiliúna agus micridhintiúir.

**Tallann a mhealladh**

Trí dheiseanna soghluaisteachta a chur ar fáil, ní hamháin go gcuideofar le hoibrithe gluaiseacht chuig áit ina bhfuil poist lonnaithe ach fágfaidh sé go mbeidh an tAontas níos tarraingtí do dhaoine tréitheacha lasmuigh agus cuirfidh sé borradh faoi iomaíochas gheilleagar an Aontais. Ní mór don Eoraip a bheith in ann oibrithe oilte atá de dhíth a mhealladh ó thríú tíortha agus oiliúint a chur orthu chun tacú lena tionscail astaíochtaí glan-nialasacha trí scéimeanna tallainne náisiúnta nó Eorpacha. Tá iomaíochas na hEorpa i mbaol: Ní mór don Eoraip a sciar den mhargadh a neartú in earnálacha a bhfuil breisluach an-ard acu, arb earnálacha iad atá faoi cheannas iomaitheoirí ar ilchríocha eile faoi láthair,

**Maoiniú cuí**

Chun teacht leis an uaillmhian sin, ba cheart maoiniú iomchuí a leithdháileadh ar na hAcadaimh Ghlan-nialasacha. Cé gur cheart go bhféachfaidís san fhadtéarma le bheith neamhthuilleamaíoch agus le cistiú príobháideach a fháil, tacóidh AE lena seoladh agus lena gcur chun feidhme, agus áiritheoidh sé a ndlúthchomhordú le hionstraimí cistiúcháin ábhartha AE, amhail CSE +. I bhfianaise na práinne atá ann d’earnáil thionsclaíoch an Aontais, ba cheart d’Acadaimh Ghlan-nialasacha a bheith ar siúl agus ábhar a sholáthar faoi dheireadh 2025.

**Struchtúr rialachais**

Ní mór éagsúlacht agus saibhreas ár n-ilchríche agus ár ngníomhaithe earnála a léiriú sna

hAcadaimh Ghlan-nialasacha. Ba cheart d'ollscoileanna, d'ionaid oiliúna agus d'fhiontair, lena n-áirítear FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, ó Bhallstáit éagsúla go hidéalach agus a bhfuil éagsúlacht teanga ag baint leo teacht le chéile chun oiliúint a chur ar lucht saothair an Aontais ar an mbealach is fearr is féidir, agus deireadh a chur leis an nganntanas lucht saothair oilte atá ann faoi láthair. Déanfar an obair sin go léir a chomhordú le hArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa atá dea-rialaithe lena n-áiritheofar nasc cuí le hiarrachtaí náisiúnta maidir le hinneachar foghlama na nAcadamh a chur in úsáid. Beidh faireachán cuí ina chuid bhunriachtanach den ardán sin freisin, a choinneoidh súil ghéar ar na torthaí a baineadh amach sna Ballstáit agus a thabharfaidh tuairisc orthu, agus ag an am céanna beifear in ann raon feidhme agus ábhar na nAcadamh a nuashonrú.

**Soláthar poiblí**

Trí chritéir shóisialta a thabhairt isteach sa soláthar poiblí, is mian leis an Rapóirtéir poist ardcháilíochta a chur chun cinn a fhéachann le comhionannas agus ceartas sóisialta a bhaint amach sa phróiseas tairisceana. D'fhéadfadh soláthar poiblí a bheith ina uirlis chumhachtach ní hamháin chun rathúnas eacnamaíoch a chur chun cinn ach chun comhleanúnachas le beartais phoiblí an Aontais, amhail beartais chomhshaoil agus shóisialta, a chur chun cinn freisin.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Tá athruithe tionsclaíocha, eacnamaíocha agus geopholaitiúla ollmhóra ann cheana féin ar fud an domhain mar gheall ar an gclaochlú i dtreo na glan-nialasachta, rud a bheith níos suntasaí ná riamh de réir mar a théann an domhan chun cinn sna hiarrachtaí dícharbónaithe atá á ndéanamh aige. Leis an gconair i dtreo na glan-nialasachta, tugtar deiseanna láidre chun tionscal ***glan-nialasachta*** an Aontais a leathnú, agus úsáid á baint as neart an Mhargaidh Aonair, trí infheistíocht a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus | (6) Tá athruithe tionsclaíocha, eacnamaíocha agus geopholaitiúla ollmhóra ann cheana féin ar fud an domhain mar gheall ar an gclaochlú i dtreo na glan-nialasachta, rud a bheith níos suntasaí ná riamh de réir mar a théann an domhan chun cinn sna hiarrachtaí dícharbónaithe atá á ndéanamh aige. Leis an gconair i dtreo na glan-nialasachta, tugtar deiseanna láidre chun tionscal ***glan-nialasach*** an Aontais ***agus na poist ghaolmhara*** a leathnú, agus úsáid á baint as neart an Mhargaidh Aonair, trí infheistíocht a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, |

| | |
|---|---|
| téimh, teaschaidéil, teicneolaíochtaí eangaí, teicneolaíochtaí maidir le breoslaí in-athnuaite de theicneolaíochtaí tionscnaimh neamhbhitheolaíocha, leictrealóirí agus na cealla breosla, comhleá, na himoibreoirí beaga modúlacha agus breoslaí gaolmhara den aicme is fearr, teicneolaíochtaí maidir le gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, agus teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh agus na slabhraí soláthair atá acu, rud a fhágann gur féidir ár n-earnálacha eacnamaíocha a dhícharbónú, ón soláthar fuinnimh go dtí an earnáil iompair, foirgnimh agus tionscal. Is féidir le tionscal ***glan-nialasachta*** láidir laistigh den Aontas Eorpach cuidiú go mór le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach go héifeachtach, chomh maith le tacú le cuspóirí eile an Chomhaontaithe Ghlais, agus poist agus fás ***a spreagadh acu an tráth céanna***. | teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus téimh, teaschaidéil, teicneolaíochtaí eangaí, teicneolaíochtaí maidir le breoslaí in-athnuaite de theicneolaíochtaí tionscnaimh neamhbhitheolaíocha, leictrealóirí agus na cealla breosla, comhleá, na himoibreoirí beaga modúlacha agus breoslaí gaolmhara den aicme is fearr, teicneolaíochtaí maidir le gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, agus teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh agus na slabhraí soláthair atá acu, rud a fhágann gur féidir ár n-earnálacha eacnamaíocha a dhícharbónú, ón soláthar fuinnimh go dtí an earnáil iompair, foirgnimh agus tionscal. Is féidir le tionscal ***glan-nialasach*** láidir laistigh den Aontas Eorpach cuidiú go mór le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach go héifeachtach, chomh maith le tacú le cuspóirí eile an Chomhaontaithe Ghlais, agus poist ***ardcháilíochta*** agus fás ***inbhuanaithe á gcruthú agus dálaí oibre cuibhiúla á n-áirithiú do chách***. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) ***Chuidigh an tAontas le*** córas eacnamaíoch domhanda a ***chruthú*** atá bunaithe ar thrádáil oscailte ***riailbhunaithe, d'éiligh sé*** caighdeáin ***inbhuanaitheachta*** shóisialta agus chomhshaoil ***a urramú*** agus ***a chur*** chun cinn***, agus tá sé tiomanta go hiomlán do na luachanna sin***. | (16) ***Ba cheart don Aontas*** córas eacnamaíoch domhanda a ***chur chun cinn*** atá bunaithe ar thrádáil oscailte ***atá bunaithe ar rialacha lena soláthraítear poist ardcháilíochta, lena n-áirítear pá maireachtála, slándáil fostaíochta agus rochtain ar chosaint shóisialta, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, dálaí maithe oibre in áiteanna oibre sábháilte agus sláintiúla, am oibre réasúnta a bhfuil cothromaíocht mhaith oibre is saoil aige, chomh maith le hionadaíocht na gceardchumann agus cearta margála, agus*** caighdeáin ***maidir le hinbhuanaitheacht*** shóisialta agus chomhshaoil ***á n-urramú*** agus ***á gcur*** chun |

cinn.

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun an t-iomaíochas a choinneáil ar bun agus chun na spleáchais straitéiseacha ar allmhairí atá ann faoi láthair maidir le táirgí teicneolaíochta ***glan-nialasachta*** agus maidir lena slabhraí soláthair a laghdú, agus cruthú táirgí nua atá ag brath ar allmhairí á seachaint an tráth céanna, ní mór don Aontas leanúint dá bhonn tionsclaíoch glan-nialasach a neartú agus a bheith níos iomaíche agus níos fabhraí don nuálaíocht. Ní mór don Aontas forbairt na hacmhainneachta monaraíochta a chumasú ar bhealach níos tapúla, níos simplí agus níos intuartha. | (21) Chun an t-iomaíochas a choinneáil ar bun agus chun na spleáchais straitéiseacha ar allmhairí atá ann faoi láthair maidir le táirgí teicneolaíochta ***glan-nialasacha*** agus maidir lena slabhraí soláthair a laghdú, agus cruthú táirgí nua atá ag brath ar allmhairí á seachaint an tráth céanna, ní mór don Aontas leanúint dá bhonn tionsclaíoch glan-nialasach a neartú agus a bheith níos iomaíche agus níos fabhraí don nuálaíocht. Ní mór don Aontas forbairt na hacmhainneachta monaraíochta a chumasú ar bhealach níos tapúla, níos simplí agus níos intuartha***, gan caighdeáin agus luachanna arda comhshaoil agus sóisialta a chur i mbaol***. ***Ba cheart do bheartais an Aontais comhtháthú réigiúnach agus sóisialta a áirithiú d'fhonn difríochtaí struchtúracha idir réigiúin a shárú chomh maith le héagothromaíochtaí sóisialta, lena n-áirítear neamhionannais idir mná agus fir.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Ba cheart do na Ballstáit dréachtaí nuashonraithe dá gcuid Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030 (PNFAnna) a chur isteach i mí an Mheithimh 2023[40]. Mar a cuireadh i bhfios go láidir sa Treoir ón gCoimisiún do na Ballstáit maidir le pleananna náisiúnta | (22) Ba cheart do na Ballstáit dréachtaí nuashonraithe dá gcuid Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030 (PNFAnna) a chur isteach i mí an Mheithimh 2023[40]. Mar a cuireadh i bhfios go láidir sa Treoir ón gCoimisiún do na Ballstáit maidir le pleananna náisiúnta |

fuinnimh agus aeráide 2021-2030 a nuashonrú[41], ba cheart tuairisc a thabhairt sna pleananna nuashonraithe ar chuspóirí agus ar bheartais na mBallstát chun éascú a dhéanamh ar uas-scálú na dtionscadal monaraíochta maidir le teicneolaíochtaí, trealamh agus príomh-chomhpháirteanna ísealcharbóin atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus atá ar fáil ar bhonn tráchtála laistigh dá gcríoch. Ba cheart cur síos a dhéanamh sna pleananna sin freisin ar chuspóirí agus ar bheartais na mBallstát chun uas-scálú a bhaint amach trí iarrachtaí éagsúlaithe i dtríú tíortha, agus chun a chur ar a gcumas do thionscail na mBallstát astaíochtaí $CO_2$ a ghabháil agus a stóráil go buan i láithreáin stórála gheolaíocha.

[40] Déanfaidh na Ballstáit a bpleananna náisiúnta le haghaidh 2021-2030 a thabhairt cothrom le dáta faoi mhí an Mheithimh 2023 (dréachtphleananna) agus faoi mhí an Mheithimh 2024 (pleananna críochnaitheacha). Féach Airteagal 14 agus ceanglais Chaibidil 2 agus Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2018/1999.

[41] Fógra ón gCoimisiún maidir le Treoir do na Ballstáit i ndáil le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide 2021-2030 a nuashonrú 2022/C 495/02, (IO C 495, 29.12.2022, lch. 24).

fuinnimh agus aeráide 2021-2030 a nuashonrú[41], ba cheart tuairisc a thabhairt sna pleananna nuashonraithe ar chuspóirí agus ar bheartais na mBallstát chun éascú a dhéanamh ar uas-scálú na dtionscadal monaraíochta maidir le teicneolaíochtaí, trealamh agus príomh-chomhpháirteanna ísealcharbóin atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus atá ar fáil ar bhonn tráchtála laistigh dá gcríoch. Ba cheart cur síos a dhéanamh sna pleananna sin freisin ar chuspóirí agus ar bheartais na mBallstát chun uas-scálú a bhaint amach trí iarrachtaí éagsúlaithe i dtríú tíortha, agus chun a chur ar a gcumas do thionscail na mBallstát astaíochtaí $CO_2$ a ghabháil agus a stóráil go buan i láithreáin stórála gheolaíocha. ***Ina bPleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide athbhreithnithe, ba cheart do na Ballstáit na dúshláin shóisialta a bhfuiltear ag súil leo ón aistriú go glan-nialais a shainaithint chomh maith leis na bearta agus na hacmhainní mionsonraithe a bheidh riachtanach chun iad a bhainistiú, atá le tiomsú mar phleananna um aistriú cóir i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta.***

[40] Déanfaidh na Ballstáit a bpleananna náisiúnta le haghaidh 2021-2030 a thabhairt cothrom le dáta faoi mhí an Mheithimh 2023 (dréachtphleananna) agus faoi mhí an Mheithimh 2024 (pleananna críochnaitheacha). Féach Airteagal 14 agus ceanglais Chaibidil 2 agus Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2018/1999.

[41] Fógra ón gCoimisiún maidir le Treoir do na Ballstáit i ndáil le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide 2021-2030 a nuashonrú 2022/C 495/02, (IO C 495, 29.12.2022, lch. 24).

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Anuas air sin, leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach[42] cur chuige cuimsitheach chun tacú le huas-scálú teicneolaíochta fuinnimh ghlain bunaithe ar cheithre cholún. Is é is aidhm don chéad cholún timpeallacht rialála a chruthú lena simplítear agus lena gcuirtear dlús le ceadú láithreáin nua monaraíochta agus cóimeála teicneolaíochta ***glan-nialasachta*** agus lena n-éascaítear uas-scálú thionscal ***glan-nialasachta*** an Aontais. Is é an dara colún den phlean borradh a chur faoin infheistíocht i dtáirgeadh teicneolaíochta glan-nialasacha agus borradh a chur faoin maoiniú ina leith, tríd an gCreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe athbhreithnithe a glacadh i mí an Mhárta 2023 agus trí Chiste Eorpach Ceannasachta a chruthú chun an buntáiste Eorpach maidir le teicneolaíochtaí criticiúla agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach a chaomhnú. Baineann an tríú colún le forbairt na scileanna is gá chun an t-aistriú a chur i gcrích agus chun líon na n-oibrithe oilte in earnáil na teicneolaíochta fuinnimh ghlain a mhéadú. Dírítear sa cheathrú colún ar thrádáil agus ar éagsúlú shlabhra soláthair na n-amhábhar criticiúil. Áirítear leis sin club amhábhar criticiúil a chruthú, lena n-oibrítear le comhpháirtithe atá ar aon intinn chun na slabhraí soláthair a neartú i dteannta a chéile agus chun éagsúlú a dhéanamh ar shiúl ó sholáthraithe aonair le haghaidh ionchur criticiúil. | (23) Anuas air sin, leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach[42] cur chuige cuimsitheach chun tacú le huas-scálú teicneolaíochta fuinnimh ghlain bunaithe ar cheithre cholún. Is é is aidhm don chéad cholún timpeallacht rialála a chruthú lena simplítear agus lena gcuirtear dlús le ceadú láithreáin nua monaraíochta agus cóimeála teicneolaíochta ***glan-nialasacha*** agus lena n-éascaítear uas-scálú thionscal ***glan-nialasach*** an Aontais. Is é an dara colún den phlean borradh a chur faoin infheistíocht i dtáirgeadh teicneolaíochta glan-nialasacha agus borradh a chur faoin maoiniú ina leith, tríd an gCreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe athbhreithnithe a glacadh i mí an Mhárta 2023 agus trí Chiste Eorpach Ceannasachta a chruthú chun an buntáiste Eorpach maidir le teicneolaíochtaí criticiúla agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach a chaomhnú. Baineann an tríú colún le forbairt na scileanna ***agus na bpost ardcháilíochta*** is gá chun an t-aistriú a chur i gcrích agus chun líon na n-oibrithe oilte in earnáil na teicneolaíochta fuinnimh ghlain a mhéadú. Dírítear sa cheathrú colún ar thrádáil agus ar éagsúlú shlabhra soláthair na n-amhábhar criticiúil. Áirítear leis sin club amhábhar criticiúil a chruthú, lena n-oibrítear le comhpháirtithe atá ar aon intinn***, i gcomhréir iomlán le caighdeáin shóisialta agus saothair,*** chun na slabhraí soláthair a neartú i dteannta a chéile agus chun éagsúlú a dhéanamh ar shiúl ó sholáthraithe aonair le haghaidh ionchur criticiúil. |
| [42] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa | [42] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa |

agus chuig Coiste na Réigiún: Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach, COM/2023/62 final, 1.2.2023.

agus chuig Coiste na Réigiún: Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach, COM/2023/62 final, 1.2.2023.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE, ceadaítear cheana féin d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis a dhámhann conarthaí trí nósanna imeachta soláthair phoiblí, anuas ar chúrsaí praghsála nó costais, chun brath ar chritéir bhreise chun an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a shainaithint. Baineann critéir den sórt sin, mar shampla, le cáilíocht na tairisceana lena n-áirítear saintréithe sóisialta, comhshaoil agus nuálacha. Agus conarthaí le haghaidh teicneolaíocht ghlan-nialasachta á ndámhachtain trí sholáthar poiblí, ba cheart d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha measúnú cuí a dhéanamh ar rannchuidiú na dtairiscintí le hinbhuanaitheacht agus ***athléimneacht*** i ndáil le sraith critéar a bhaineann le hinbhuanaitheacht ***chomhshaoil***, nuálaíocht, comhtháthú córais agus athléimneacht na tairisceana. | (25) Le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE, ceadaítear cheana féin d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis a dhámhann conarthaí trí nósanna imeachta soláthair phoiblí, anuas ar chúrsaí praghsála nó costais, chun brath ar chritéir bhreise chun an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch ***agus go sóisialta*** a shainaithint. Baineann critéir den sórt sin, mar shampla, le cáilíocht na tairisceana lena n-áirítear saintréithe sóisialta, comhshaoil agus nuálacha. Agus conarthaí le haghaidh teicneolaíocht ghlan-nialasachta á ndámhachtain trí sholáthar poiblí, ba cheart d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha measúnú cuí a dhéanamh ar rannchuidiú na dtairiscintí le hinbhuanaitheacht ***comhshaoil*** agus ***shóisialta chomh maith le hathléimneacht*** i ndáil le sraith critéar a bhaineann le hinbhuanaitheacht ***comhshaoil agus shóisialta***, nuálaíocht, comhtháthú córais agus athléimneacht na tairisceana. ***Ba cheart rannchuidiú na tairisceana leis an inbhuanaitheacht shóisialta a mheas de réir na gcritéar i dtaobh an dtéann sé thar na ceanglais dhlíthiúla íosta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta i réimse dhlí an tsaothair, na gceart sóisialta agus chearta na n-oibrithe le pá cothrom agus leormhaith, bearta oiliúna, athscilithe agus uas-scilithe, comhionannas inscne agus éagsúlacht ag an obair agus printíseachtaí ar ardcháilíocht agus ar íocaíocht.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Is féidir critéir inbhuanaitheachta shóisialta a chur i bhfeidhm cheana féin faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair agus is féidir dálaí oibre agus cómhargáil a áireamh iontu i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 30(3) de Treoir 2014/23/AE, le hAirteagal 18(2) de Threoir 2014/24/AE agus le hAirteagal 36(2) de Threoir 2014/25/AE. Ba cheart do na húdaráis chonarthacha rannchuidiú leis an ***inbhuaine*** shóisialta trí na bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha, i bhfeidhmiú conarthaí poiblí dóibh, na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí ***shóisialta*** agus ***saothair arna mbunú le dlí an Aontais***, ***leis an dlí náisiúnta,*** le comhaontuithe comhchoiteanna nó leis na forálacha idirnáisiúnta maidir leis an dlí comhshaoil, sóisialta agus saothair a liostaítear in Iarscríbhinn X de Threoir 2014/23/AE, Iarscríbhinn X de Threoir 2014/24/AE agus Iarscríbhinn XIV de Threoir 2014/25/AE. | (26) Is féidir critéir inbhuanaitheachta shóisialta a chur i bhfeidhm cheana féin faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair agus is féidir dálaí oibre agus cómhargáil a áireamh iontu i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 30(3) de Treoir 2014/23/AE, le hAirteagal 18(2) de Threoir 2014/24/AE agus le hAirteagal 36(2) de Threoir 2014/25/AE. Ba cheart do na húdaráis chonarthacha rannchuidiú leis an ***inbhuanaitheacht*** shóisialta trí na bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha, i bhfeidhmiú conarthaí poiblí dóibh, na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí ***dhlí*** an ***Aontais agus an*** dlí ***saothair náisiúnta, na gceart sóisialta*** agus ***chearta na n-oibrithe***, le comhaontuithe comhchoiteanna nó leis na forálacha idirnáisiúnta maidir leis an dlí comhshaoil, sóisialta agus saothair a liostaítear in Iarscríbhinn X de Threoir 2014/23/AE, Iarscríbhinn X de Threoir 2014/24/AE agus Iarscríbhinn XIV de Threoir 2014/25/AE. |
| [43] Fógra ón gCoimisiún Buying Social — a guide to taking account of social considerations in public procurement (2nd edition) [Ag ceannach go Sóisialta - treoir maidir le breithnithe sóisialta a chur san áireamh sa soláthar poiblí], COM (2021) 3573 final. | [43] Fógra ón gCoimisiún Buying Social — a guide to taking account of social considerations in public procurement (2nd edition) [Ag ceannach go Sóisialta - treoir maidir le breithnithe sóisialta a chur san áireamh sa soláthar poiblí], COM (2021) 3573 final. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26 a) Ba cheart do na Ballstáit a gcumhacht cheannaigh a úsáid chun Soláthar Poiblí Inbhuanaithe (SPP), lena n-áirítear comhionannas inscne, a chur chun cinn chun cothromaíocht mhaith a áirithiú idir trí cholún na forbartha inbhuanaithe - an colún eacnamaíoch, an colún sóisialta agus colún an chomhshaoil - agus earraí, seirbhísí nó oibreacha á soláthar acu.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Tá ualú na gcritéar maidir ***le*** rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana i ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí gan dochar don fhéidearthacht atá ag údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha tairseach níos airde a leagan síos le haghaidh na gcritéar a bhaineann le hinbhuanaitheacht ***chomhshaoil*** agus le nuálaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 41(3) agus le hAithris 64 de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[50], Airteagal 67(5) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 82(5) de Threoir 2014/25/AE. | (32) Tá ualú na gcritéar maidir ***leis an*** rannchuidiú inbhuanaitheachta ***comhshaoil*** agus ***sóisialta agus*** athléimneachta na tairisceana i ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí gan dochar don fhéidearthacht atá ag údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha tairseach níos airde a leagan síos le haghaidh na gcritéar a bhaineann le hinbhuanaitheacht ***comhshaoil*** agus ***shóisialta agus*** le nuálaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 41(3) agus le hAithris 64 de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***, Airteagal 67(5) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 82(5) de Threoir 2014/25/AE. |
| [50] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1). | [50] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1). |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Chun teorainn a chur leis an ualach riaracháin a eascraíonn as an ngá atá ann critéir a chur san áireamh a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus ***rannchuidiú*** athléimneachta tairisceana, go háirithe do cheannaitheoirí beaga poiblí agus do chonarthaí ar luach ***níos*** ísle ná sin nach bhfuil tionchar tábhachtach acu ar an margadh, ba cheart cur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo a chur siar go ceann 2 bhliain i gcás ceannaitheoirí poiblí nach comhlachtaí lárnacha ceannaigh iad agus i gcás conarthaí ar lú a luach ná ***EUR 25 milliún***. | (33) Chun teorainn a chur leis an ualach riaracháin a eascraíonn as an ngá atá ann critéir a chur san áireamh a bhaineann le ***rannchuidiú na*** hinbhuanaitheacht ***comhshaoil*** agus ***sóisialta agus*** athléimneachta ***na*** tairisceana, go háirithe do cheannaitheoirí beaga poiblí agus do chonarthaí ar luach ***is*** ísle ná sin nach bhfuil tionchar tábhachtach acu ar an margadh, ba cheart cur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo a chur siar go ceann 2 bhliain i gcás ceannaitheoirí poiblí nach comhlachtaí lárnacha ceannaigh iad agus i gcás conarthaí ar lú a luach ná ***EUR 25 mhilliún***. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Tá teaghlaigh agus tomhaltóirí deiridh ina gcodanna ríthábhachtacha d’éileamh an Aontais ar tháirgí deiridh teicneolaíochtaí ***glan-nialasachta*** agus is uirlisí tábhachtacha iad scéimeanna tacaíochta poiblí chun spreagadh a thabhairt do theaghlaigh táirgí den sórt sin a cheannach, go háirithe do theaghlaigh agus do thomhaltóirí leochaileacha ar ioncam íseal agus ar ioncam meánaicmeach íseal, chun dlús a chur leis an aistriú glas. Faoin tionscnamh um dhíonta gréine a fógraíodh i straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh[52] , ba cheart do na Ballstáit, mar shampla, cláir náisiúnta a bhunú chun tacú le himscaradh ollmhór grianfhuinnimh dín. I bplean REPowerEU, d’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as bearta | (35) Tá teaghlaigh agus tomhaltóirí deiridh ina gcodanna ríthábhachtacha d’éileamh an Aontais ar tháirgí deiridh teicneolaíochtaí ***glan-nialasacha*** agus is uirlisí tábhachtacha iad scéimeanna tacaíochta poiblí chun spreagadh a thabhairt do theaghlaigh táirgí den sórt sin a cheannach, go háirithe do theaghlaigh agus do thomhaltóirí leochaileacha ar ioncam íseal agus ar ioncam meánaicmeach íseal, chun dlús a chur leis an aistriú glas. Faoin tionscnamh um dhíonta gréine a fógraíodh i straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh[52] , ba cheart do na Ballstáit, mar shampla, cláir náisiúnta a bhunú chun tacú le himscaradh ollmhór grianfhuinnimh dín. I bplean REPowerEU, d’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as bearta |

tacaíochta a spreagann an t-athrú chuig teaschaidéil. Ba cheart do scéimeanna tacaíochta den sórt sin ***a bhunaíonn*** na Ballstáit go ***náisiúnta nó a bhunaíonn*** údaráis áitiúla nó réigiúnacha ***go háitiúil*** rannchuidiú le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus athléimneacht theicneolaíochtaí ***glan-nialasachta*** an Aontais. Ba cheart d'údaráis phoiblí, mar shampla, cúiteamh airgeadais níos airde a sholáthar do thairbhithe as ceannach táirgí deiridh ***glan-nialasachta*** lena ndéanfar rannchuidiú níos airde le hathléimneacht san Aontas. Ba cheart d'údaráis phoiblí ***a áirithiú go mbeadh a scéimeanna oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, ionas go gcuirfidh siad leis an éileamh ar tháirgí teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas. Ba cheart d'údaráis phoiblí*** freisin teorainn a chur leis an gcúiteamh airgeadais breise do tháirgí den sórt sin ionas nach gcuirfear moill ar imscaradh na dteicneolaíochtaí ***glan-nialasachta*** san Aontas. Chun éifeachtúlacht scéimeanna den sórt sin a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeadh rochtain éasca ar fhaisnéis ar shuíomh gréasáin saor in aisce ag do tomhaltóirí agus monaróirí teicneolaíochta glan-nialasachta araon. ***Úsáid na ranníocaíochta inbhuanaitheachta*** agus athléimneachta ag ***údaráis*** phoiblí i scéimeanna dírithe ar thomhaltóirí nó ar theaghlaigh, ba cheart ***í*** a bheith gan dochar do rialacha maidir ***leis an*** státchabhair nó do rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais.

tacaíochta a spreagann an t-athrú chuig teaschaidéil. Ba cheart do scéimeanna tacaíochta den sórt sin ***arna mbunú go náisiúnta ag*** na Ballstáit ***nó*** go ***háitiúil ag*** údaráis áitiúla nó réigiúnacha rannchuidiú le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht ***comhshaoil*** agus ***shóisialta agus*** athléimneacht theicneolaíochtaí ***glan-nialasacha*** an Aontais. Ba cheart d'údaráis phoiblí, mar shampla, cúiteamh airgeadais níos airde a sholáthar do thairbhithe as ceannach táirgí deiridh ***glan-nialasacha*** lena ndéanfar rannchuidiú níos airde le hathléimneacht san Aontas. Ba cheart d'údaráis phoiblí freisin teorainn a chur leis an gcúiteamh airgeadais breise do tháirgí den sórt sin ionas nach gcuirfear moill ar imscaradh na dteicneolaíochtaí ***glan-nialasacha*** san Aontas. Chun éifeachtúlacht scéimeanna den sórt sin a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeadh rochtain éasca ar fhaisnéis ar shuíomh gréasáin saor in aisce ag do tomhaltóirí agus monaróirí teicneolaíochta glan-nialasachta araon. ***Rannchuidiú na hinbhuanaitheacht comhshaoil*** agus ***sóisialta agus*** athléimneachta ***a bheith á n-úsáid*** ag ***na húdaráis*** phoiblí ***chomh maith leis an rannchuidiú*** i scéimeanna dírithe ar thomhaltóirí nó ar theaghlaigh, ba cheart ***iad*** a bheith gan dochar do ***na*** rialacha maidir ***le*** Státchabhair nó do rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais.

---

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, COM(2022) 221 final, 18.5.2022.

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, COM(2022) 221 final, 18.5.2022.

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Tá sé tábhachtach cinnteacht pleanála agus infheistíochta a chruthú tríd an ualach riaracháin ar thionscnóirí a choinneáil chomh híseal agus is féidir chun tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a imscaradh nó a leathnú a luaithe is féidir ar mhaithe le cinnteacht sholáthar an Aontais le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a áirithiú. Chuige sin, ba cheart próisis deonaithe ceadanna na mBallstát le haghaidh tionscadail monaraíochta teicneolaíochta ***ghlan-nialasachta*** a chuíchóiriú, agus a áirithiú an tráth céanna go mbeidh na tionscadail sin sábháilte, slán, feidhmiúil ó thaobh an chomhshaoil de, agus go gcomhlíonfaidh siad ceanglais chomhshaoil, shóisialta agus sábháilteachta. Leagtar síos i reachtaíocht chomhshaoil an Aontais coinníollacha comhchoiteanna le haghaidh próiseáil agus ábhar na bpróiseas deonaithe ceadanna náisiúnta, agus áirithítear ar an gcaoi sin ardleibhéal cosanta don chomhshaol. Ba cheart stádas an Tionscadail Straitéisigh Ghlan-nialasachta a bheith gan dochar d’aon choinníoll ceadaithe is infheidhme maidir leis na tionscadail ábhartha, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach i dTreoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58], Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[59], Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60], Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61], agus Treoir (AE) 2010/75 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62]. | (49) Tá sé tábhachtach cinnteacht pleanála agus infheistíochta a chruthú tríd an ualach riaracháin ar thionscnóirí a choinneáil chomh híseal agus is féidir chun tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a imscaradh nó a leathnú a luaithe is féidir ar mhaithe le cinnteacht sholáthar an Aontais le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a áirithiú***, gan dochar d’ardchaighdeáin agus d’ardluachanna comhshaoil agus sóisialta an Aontais***. Chuige sin, ba cheart próisis deonaithe ceadanna na mBallstát le haghaidh tionscadail monaraíochta teicneolaíochta ***ghlan-nialasacha*** a chuíchóiriú, agus a áirithiú an tráth céanna go mbeidh na tionscadail sin sábháilte, slán, feidhmiúil ó thaobh an chomhshaoil de, agus go gcomhlíonfaidh siad ceanglais chomhshaoil, shóisialta agus sábháilteachta. Leagtar síos i reachtaíocht chomhshaoil an Aontais coinníollacha comhchoiteanna le haghaidh próiseáil agus ábhar na bpróiseas deonaithe ceadanna náisiúnta, agus áirithítear ar an gcaoi sin ardleibhéal cosanta don chomhshaol. Ba cheart stádas an Tionscadail Straitéisigh Ghlan-nialasachta a bheith gan dochar d’aon choinníoll ceadaithe is infheidhme maidir leis na tionscadail ábhartha, lena n-áirítear iad siúd a leagtar amach i dTreoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58], Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[59], Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[60], Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[61], agus Treoir (AE) 2010/75 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62]. |

[58] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na

[58] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na

13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

[59] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

[60] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

[61] Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lgh. 56).

[62] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (athmhúnlú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

[59] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

[60] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

[61] Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lgh. 56).

[62] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (athmhúnlú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 64**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (64) Tá gá mór le hoibrithe oilte breise chun tionscail teicneolaíochtaí glan-nialasachta na hEorpa a uas-scálú, rud a thugann le tuiscint riachtanais infheistíochta ***in athsciliú*** agus uas-sciliú, lena n-áirítear i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna. ***Ba cheart don mhéid sin rannchuidiú le cruthú post ardcháilíochta i gcomhréir leis na spriocanna maidir le fostaíocht agus oiliúint Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Leis an aistriú*** fuinnimh***, beidh gá le*** méadú ***mór*** ar líon na n-oibrithe oilte | (64) ***Ceann de phríomhchuspóirí bheartas tionsclaíoch na hEorpa is ea an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chumasú agus, ag an am céanna, fás inbhuanaithe agus iomaíochas an Aontais a chaomhnú, poist ardcháilíochta a chothabháil agus a chumas nuálaíochta agus táirgthe a neartú, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí glana.*** Tá gá mór le hoibrithe oilte breise chun tionscail teicneolaíochtaí glan-nialasachta na hEorpa a uas-scálú ***mar aon le huathriail straitéiseach oscailte na hEorpa a*** |

i raon earnálacha, lena n-áirítear ***sna hearnálacha fuinnimh*** in-athnuaite agus ***stórála*** fuinnimh, agus ***beidh acmhainneacht mhór ann poist ardcháilíochta*** a chruthú. Meastar go mbeidh gá le 180 000 oibrí, teicneoir agus innealtóir oilte san fho-earnáil hidrigine breosla-chille sa mhonaraíocht, agus san fho-earnáil sin amháin, faoi 2030, de réir Phlean Straitéiseach Eorpach an Theicneolaíocht Fuinnimh de chuid an Choimisiúin[65] . In earnáil an ghrianfhuinnimh fhótavoltaigh, bheadh gá le suas le 66 000 post sa mhonaraíocht agus ***sin*** sa mhonaraíocht amháin. ***Cuireann an líonra Eorpach seirbhísí fostaíochta (EURES) faisnéis, comhairle*** agus ***earcaíocht nó socrúchán ar fáil ar mhaithe le hoibrithe agus fostóirí, lena n-áirítear thar theorainneacha an mhargaidh inmheánaigh***.

***áirithiú***, rud a thugann le tuiscint riachtanais infheistíochta ***maidir le hathsciliú*** agus uas-sciliú, lena n-áirítear i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna. ***Go sonrach, éileoidh an t-aistriú*** fuinnimh méadú ***suntasach*** ar líon na n-oibrithe oilte i raon earnálacha, lena n-áirítear ***fuinneamh*** in-athnuaite agus ***stóráil*** fuinnimh, ***teicneolaíochtaí eangaí, táirgeadh ceallraí chomh maith le réitigh TF/Smart le haghaidh bharrfheabhsú*** agus ***bhainistiú córas fuinnimh, agus teicneolaíochtaí eile dícharbónaithe tionsclaíocha. De réir staidéar, d'fhéadfadh an geilleagar ciorclach rannchuidiú le thart ar 700,000 post*** a chruthú ***san Aontas Eorpach amháin faoi 2030[64a]. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, poist i dteicneolaíochtaí Glan-nialasacha a dhéanamh tarraingteach agus inrochtana, go háirithe gairmeacha teicniúla lena n-áirítear trí fheachtais faisnéise AE chun an t-oideachas teicniúil agus an gairmoideachas a chur chun cinn, chomh maith le poist a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach, bainistiú acmhainní agus claochlú tionsclaíoch agus dícharbónú i gcoitinne. Ina theannta sin, is gá dul i ngleic leis an neamhréir atá ann faoi láthair idir scileanna oibrithe na hEorpa agus riachtanais na gcuideachtaí.*** Meastar go mbeidh gá le 180 000 oibrí, teicneoir agus innealtóir oilte san fho-earnáil hidrigine breosla-chille sa mhonaraíocht, agus san fho-earnáil sin amháin, faoi 2030, de réir Phlean Straitéiseach Eorpach an Theicneolaíocht Fuinnimh de chuid an Choimisiúin[65]. In earnáil an ghrianfhuinnimh fhótavoltaigh, bheadh gá le suas le 66 000 post sa mhonaraíocht agus sa mhonaraíocht amháin. ***Ina theannta sin, in éagmais cláir oideachais lena gcuirtear chun cinn na scileanna is gá le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasacha, rud a chruthaíonn ganntanas fostaithe oilte*** agus ***easpa tuisceana laistigh den riarachán áitiúil i réigiúin áirithe den Aontas, is féidir bac suntasach***

***a chur ar fhorbairt thionsclaíoch inbhuanaithe***.

___________________

[64a] ***Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2021 maidir le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach (2020/2077(INI)).***

[65] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Plean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh (SET), Oifig na bhFoilseachán, 2019, https://data.europa.eu/doi/10.2777/04888.

[65] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Plean Straitéiseach Eorpach um Theicneolaíocht Fuinnimh (SET), Oifig na bhFoilseachán, 2019, https://data.europa.eu/doi/10.2777/04888.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 65**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (65) Ós rud é nach ***féidir*** cumas monaraíochta ***teicneolaíochtaí glan-nialasachta ríthábhachtacha*** a neartú ***san Aontas*** gan lucht saothair oilte mór, is ***iomchuí*** bearta a thabhairt isteach chun dlús a chur le ***gníomhachtú*** níos mó daoine ***sa mhargadh saothair***, go háirithe ***mná*** agus ***daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna,*** lena n-áirítear trí ***chur*** chuige ***'***scileanna ***chun tosaigh'*** mar chomhlánú ar earcaíocht ar bhonn cáilíochtaí. ***Anuas*** air sin, i gcomhréir le cuspóirí an ***Moladh*** ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, tá tábhacht le tacaíocht shonrach d'aistriú ó phost go post d'oibrithe in earnálacha iomarcacha agus in earnálacha atá ag meath. ***Ciallaíonn sé*** sin infheistíocht a dhéanamh i scileanna agus i ***gcruthú post*** ardcháilíochta ***atá riachtanach*** le haghaidh teicneolaíochtaí ***glan-nialasachta*** san Aontas. Ag cur leis na tionscnaimh atá ann | (65) Ós rud é nach ***mbeidh sé indéanta*** cumas monaraíochta ***eochairtheicneolaíochtaí glan-nialasacha san Aontas*** a neartú gan lucht saothair oilte mór, is ***gá*** bearta a thabhairt isteach chun dlús a chur le ***comhtháthú*** níos mó daoine ***i margadh an tsaothair***, ***agus chun na tionscail agus na gairmeacha teicniúla lena mbaineann an Rialachán seo a dhéanamh níos tarraingtí,*** go háirithe ***do mhná ós rud é go bhfuil an chothromaíocht inscne i bhfad ó bheith bainte amach i ngairmeacha atá dírithe ar an teicneolaíocht,*** agus ***do dhaoine óga*** lena n-áirítear trí ***chineálacha cur*** chuige scileanna mar chomhlánú ar earcaíocht ar bhonn cáilíochtaí. ***Ina theannta sin, ba cheart díriú ar oibrithe ó thríú tíortha freisin toisc nach meallann an tAontas ach sciar beag d'imircigh cháilithe. Sa bhreis*** air sin, i gcomhréir le cuspóirí an ***Mholta*** ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a |

cheana, amhail an Comhshocrú AE do Scileanna, gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais maidir le faisnéis agus réamhaisnéis scileanna, amhail an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna agus an tÚdarás Eorpach Saothair, agus na Treoirphleananna um chomhar earnála maidir le scileanna, is é an cuspóir atá ann na gníomhaithe uile a shlógadh: Údaráis na mBallstát, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus ***ar an leibhéal*** áitiúil, soláthraithe oideachais agus oiliúna, comhpháirtithe sóisialta agus lucht tionscail, ***go háirithe*** FBManna, chun riachtanais scileanna a shainaithint, cláir oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus iad a chur in úsáid ar ***mhórscála*** ar bhealach tapa agus oibríochtúil. Tá ról lárnach ag tionscadail straitéiseacha teicneolaíochtaí glan-nialasacha i ndáil leis sin. ***Féadfaidh*** na Ballstáit agus ***an Coimisiún*** tacaíocht airgeadais a áirithiú ***lena n-áirítear*** trí leas a bhaint as féidearthachtaí bhuiséad an Aontais trí ionstraimí amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste um Aistriú Cóir, Cistí Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Ciste don Nuachóiriú, REPowerEU agus Clár an Mhargaidh Aonair.

áirithiú, tá tábhacht le tacaíocht shonrach d'aistriú ó phost go post ***agus*** d'***fhonn tús áite a thabhairt don fhoghlaim agus oiliúint ar feadh an tsaoil d'***oibrithe in earnálacha iomarcacha agus in earnálacha atá ag meath. ***Is éard atá i gceist leis*** sin infheistíocht a dhéanamh i scileanna ***do chách,*** agus ***cur chuige spriocdhírithe a bheith ann, ag an am céanna,*** i ***leith grúpaí leochaileacha. Áirítear leis sin na daoine sin nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna), oibrithe imirceacha atá ina gcónaí go dleathach chomh maith le daoine atá eisiata ó mhargadh an tsaothair, nach bhfuil rochtain theoranta acu ar dheiseanna oiliúna nó a bhfuil poist acu, atá i mbaol dul ar iarraidh nó a bhfuil a n-ábhar agus a gcúraimí á gclaochlú go mór ag teicneolaíochtaí nua, go háirithe i réigiúin a ndéanann tionchar an aistrithe i dtreo spriocanna 2030 an Aontais de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1056 agus Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 (réigiúin atá i mbun aistriú) difear dóibh. Ba cheart gurb é an cuspóir deiridh poist*** ardcháilíochta ***a chruthú a theastaíonn*** le haghaidh teicneolaíochtaí ***glan-nialasacha*** san Aontas ***i gcomhréir leis na spriocanna maidir le fostaíocht agus oiliúint Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear pá cothrom agus leormhaith, feabhas a chur ar dhálaí maireachtála agus oibre de bhun Threoir (AE)2022/2041, rochtain ar chosaint shóisialta, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, dálaí maithe oibre in ionaid oibre atá sábháilte agus sláintiúil, chomh maith le cearta cómhargála***. ***Go deimhin, is uirlisí tábhachtacha iad uas-sciliú agus athsciliú ach ní ráthaíonn siad poist ardcháilíochta. D'fhéadfadh ganntanas lucht saothair a bheith mar thoradh ar phá íseal, poist neamhtharraingteacha, drochdhálaí oibre, agus easpa infheistíochta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint (VET). Is gnéithe tábhachtacha iad freisin aghaidh a***

***thabhairt ar na saincheisteanna sin agus feabhas a chur ar cháilíocht na bpost in earnálacha agus i gcuideachtaí a bhfuil drochdhálaí oibre acu chun oibrithe a mhealladh agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist imirce daoine oilte, rud a fhágann go bhfuil méadú*** ag ***teacht ar neamhionannais idir réigiúin, go bhfuil forbairt éagothrom ann agus go bhfuil cumas éagothrom ann an nuálaíocht a spreagadh agus poist ardcháilíochta a chruthú. Ag*** cur leis na tionscnaimh atá ann cheana, amhail an Comhshocrú AE do Scileanna, gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais maidir le faisnéis agus réamhaisnéis scileanna, amhail an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna ***(Cedefop), Eurofound,*** agus an tÚdarás Eorpach Saothair ***(ELA)***, agus na Treoirphleananna um chomhar earnála maidir le scileanna, is é an cuspóir atá ann na gníomhaithe uile a shlógadh: Údaráis na mBallstát, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, soláthraithe oideachais agus oiliúna ***lena n-áirítear ollscoileanna***, ***ollscoileanna taighde, ollscoileanna san eolaíocht fheidhmeach agus comhghuaillíochtaí ollscoile, mar aon le*** comhpháirtithe sóisialta agus lucht tionscail, FBManna, ***gnólachtaí nuathionscanta, agus fiontair shóisialta*** chun riachtanais scileanna a shainaithint, cláir oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus iad a chur in úsáid ar ***mórscála*** ar bhealach tapa agus oibríochtúil. Tá ról lárnach ag tionscadail straitéiseacha teicneolaíochtaí glan-nialasacha i ndáil leis sin. ***Ba cheart do*** na Ballstáit agus ***don Choimisiún*** tacaíocht airgeadais a áirithiú ***chun a dtionchar agus a bhfor-rochtain a chur in úsáid*** trí leas a bhaint as féidearthachtaí bhuiséad an Aontais trí ionstraimí amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, ***InvestEU,*** an Ciste um Aistriú Cóir, Cistí Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Ciste don Nuachóiriú, REPowerEU agus Clár an Mhargaidh Aonair.

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 66**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (66) Ag tógáil ar ***an taithí a fuarthas*** roimhe seo, amhail Comhshocrú AE ***um*** Scileanna agus Comhghuaillíocht Ceallraí an Aontais, ba cheart ***d'Acadaimh um an Tionscal Glan-nialasachta*** ábhar oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus a chur in úsáid chun oibrithe a theastaíonn le haghaidh ***slabhraí*** luacha ***teicneolaíochtaí glan-nialasachta*** a uas-sciliú agus a athsciliú, amhail teicneolaíochtaí ***grianfhuinnimh*** fótavoltacha agus ***teicneolaíochtaí*** teirmeacha gréine, teicneolaíochtaí hidrigine in-athnuaite agus amhábhair. ***Bheadh sé*** d'***aidhm ag na hacadaimh sin oiliúint agus oideachas 100 000 foghlaimeoir a chumasú, laistigh de 3*** bliana tar éis a mbunaithe, ***chun cur le hinfhaighteacht na scileanna is gá do na teicneolaíochtaí glan-nialasachta, lena n-áirítear i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide***. Ba cheart an ***t-ábhar sin a fhorbairt*** agus ***a chur in úsáid le soláthraithe oideachais agus oiliúna sna Ballstáit***, ***le húdaráis ábhartha na mBallstát agus le comhpháirtithe sóisialta. Ba cheart do sholáthraithe oideachais agus oiliúna, do thionscal agus do ghníomhaithe eile a bhfuil baint acu le huas-sciliú sna Ballstáit,*** amhail ***Seirbhísí Fostaíochta Poiblí***, ba cheart ***dóibh an t-ábhar a tháirgeann na hacadaimh a sholáthar. Chun trédhearcacht agus iniomparthacht scileanna agus soghluaisteacht lucht saothair a áirithiú, déanfaidh Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta dintiúir a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear micridhintiúir, lena gcumhdaítear gnóthachtálacha foghlama. Ba cheart iad*** | (66) Ag tógáil ar ***thionscnaimh áitiúla agus réigiúnacha agus ar thaithí*** roimhe seo, amhail ***moil le haghaidh forbairt scileanna,*** Comhshocrú AE ***do*** Scileanna agus Comhghuaillíocht Ceallraí an Aontais, ***nó an Chomhghuaillíocht Fuinnimh Inathnuaite Eischósta, na hAcadaimh Eorpacha don Ghlan-Nialasacht, ar líonra saineolaithe ábhartha iad (dá ngairtear na hAcadaimh anseo feasta),*** ba cheart ***dóibh*** ábhar oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus a chur in úsáid chun oibrithe a theastaíonn le haghaidh ***príomhshlabhraí*** luacha ***teicneolaíochta glan-nialasacha*** a uas-sciliú agus a athsciliú, amhail teicneolaíochtaí fótavoltacha agus teirmeacha gréine, ***fuinneamh in-athnuaite muirí,*** teicneolaíochtaí hidrigine in-athnuaite agus amhábhair***, agus gabháil agus úsáid carbóin (CCU)***. ***Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit raon feidhme agus líon na nAcadamh a chinneadh faoi chuimsiú an Ardáin Ghlain-nialalasaigh ar bhonn na staidéar atá ann cheana agus staidéir oibiachtúla i gcomhréir le prionsabal na neodrachta teicneolaíche agus bunaithe ar chleachtadh mapála ar riachtanais reatha agus riachtanais réamh-mheasta i dtionscail glan-nialasacha, lena n-áirítear i réigiúin atá i mbun aistriú. Ba cheart don chleachtadh mapála sin faisnéis a sholáthar faoi ghanntanais scileanna atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn i bpríomhthionscail neodracha ar fud an Aontais agus faoin gcaoi a gcuirtear deiseanna oiliúna ar fáil i dtionscail den sórt sin. Leis an gcleachtadh mapála, ba cheart anailís a*** |

***a eisiúint i bhformáid na ndintiúr Eorpach don fhoghlaim agus*** d'***fhéadfaí é a chomhtháthú in EUROPASS*** agus***, i gcás inarb ábhartha, é a áireamh sna Creata Náisiúnta um Cháilíochtaí. Moltar do na Ballstáit tacú leis an athsciliú leanúnach agus leis an uas-sciliú leanúnach a thairgtear trí na hacadaimh agus trí na soláthraithe oideachais agus oiliúna ábhartha ar a gcríocha trí chláir náisiúnta agus trí Chistiú ón Aontas, lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Sásra um Aistriú Cóir, an Ciste don Nuachóiriú agus an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil. Ba cheart don Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa cuidiú le hobair na nAcadamh a threorú agus formhaoirseacht a thabhairt.***

***dhéanamh freisin ar bhunchúis scileanna agus ar ghanntanais lucht saothair, go háirithe i ndáil le cáilíocht na tairisceana poist i dtionscail atá neodrach ó thaobh na neodrachta de, amhail trí mheasúnú a dhéanamh ar dhálaí oibre agus ar chumhdach na cómhargála. Ina theannta sin, bunaithe ar thorthaí an chleachtaidh léarscáilithe agus na staidéar atá ann cheana agus i gcomhairle leis an Ardán Glan-Nialasach, ba cheart don Choimisiún glao ar thograí a eisiúint chun Acadamh a sheoladh i dteicneolaíocht ar leith nuair a shainaithnítear go bhfuil ganntanas criticiúil scileanna ann i ndáil le teicneolaíocht ghlan-nialasach. Ba cheart síolchistiú an Aontais a chur ar fáil chun na hAcadaimh a chur ar bun agus chun gur féidir leo feidhmiú*** d'***fhonn iad a bheith inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de trí*** bliana tar éis a mbunaithe ***trí ranníocaíochtaí airgeadais a fháil ón earnáil phríobháideach. Tá gá le rialachas láidir chun go mbeidh na hAcadaimh ag feidhmiú chomh tapa agus is féidir chun cláir oiliúna a fhorbairt i dteicneolaíochtaí Glan-Nialasacha. Ba cheart go ndéanfaí é sin gan dochar don ról cinntitheach a d'fhéadfadh a bheith ag comhpháirtithe sóisialta agus ag ollscoileanna maidir le hAcadaimhden sórt sin a chruthú***, ***mar a tharla sa Chomhghuaillíocht Ceallraí***. Ba cheart an ***ról atá ag comhghuaillíochtaí idirnáisiúnta*** agus ***idirdhisciplíneacha ollscoile***, amhail ***Transform4Europe***, ***a mheas go háirithe chun caighdeáin níos aontaithe agus níos comhchoitinne a bhaint amach i ngníomhaíochtaí oiliúna agus athscilithe. Go ginearálta,*** ba cheart ***tosaíocht a thabhairt freisin*** d'***úsáid bonneagar taighde*** agus ***teagaisc atá ann cheana.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 66 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(66 a) Ar cheann de na haidhmeanna a bheidh ag na hAcadaimh beidh rannchuidiú le haththionsclú agus dícharbónú an Aontais agus lena neamhspleáchas straitéiseach oscailte. Ba cheart aghaidh a thabhairt sna hAcadaimh freisin ar an ngá atá le teicneolaíochtaí glan-nialasacha de dhéantús an Aontais a bhfuil ardchaighdeáin shóisialta agus aeráide acu. Ba cheart na hAcadaimh a bheith bunaithe cheana féin faoin [31 Nollaig 2024] agus ábhar foghlama a chur ar fáil san oiread teangacha oifigiúla agus is féidir de chuid an Aontais, agus é mar aidhm cothromaíocht gheografach a bhaint amach ar fud na mBallstát. [Faoin 31 Nollaig 2025], ba cheart dóibh tosú ag scaipeadh ábhair foghlama tosaigh ar sholáthraithe ábhartha oideachais agus oiliúna sna Ballstáit, amhail ollscoileanna, ollscoileanna taighde, ollscoileanna sna heolaíochtaí feidhmeacha agus comhghuaillíochtaí ollscoile, gnóthais a sholáthraíonn oideachas agus oiliúint den sórt sin, lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus fiontair shóisialta, comhpháirtithe sóisialta agus oiliúnóirí oiliúna. Ba cheart go é a bheith d'aidhm ag na hAcadaimh oiliúint agus oideachas 100.000 foghlaimeoir a chumasú laistigh de thrí bliana ó bunaíodh iad, agus méid na nganntanas scileanna sainaitheanta á chur san áireamh bhféadfadh athrú ar líon na bhfoghlaimeoirí in aghaidh an Acadaimh a bheith mar thoradh air. Ba cheart do na hAcadaimh rannchuidiú le hinfhaighteacht na scileanna is gá do na teicneolaíochtaí glan-nialasacha, lena n-áirítear i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide. Ba cheart cláir foghlama atá ann cheana agus a forbraíodh faoi chuimsiú an Chomhshocraithe áitiúil do Scileanna agus na n-ionad barr feabhais gairmiúil a chur san áireamh san ábhar*** |

| | |
|---|---|
| | ***foghlama agus ba cheart go ndíreofaí leis ar gach leibhéal oideachais agus cáilíochta agus ar gach oibrí, lena n-áirítear printísigh, feadh an tslabhra luacha sna hearnálacha lena mbaineann ina gcuirtear gach céim thionsclaíoch i ndiaidh a chéile san áireamh, ó dhearadh an táirge (nó na seirbhíse), go dtí céim na monaraíochta, lena n-áirítear athchúrsáil agus athúsáid ábhar, trína ndéantar na gairmeacha éagsúla uile ar fud an tslabhra luacha a mheas. Ba cheart modúil foghlama ina bhfuil faisnéis ábhartha faoi shláinte agus sábháilteacht ag an obair do gach teicneolaíocht shonrach a áireamh san ábhar sin chomh maith le faisnéis ábhartha ghinearálta maidir le cearta oibrithe agus dálaí oibre, lena n-áirítear maidir le ham oibre agus cearta oibrithe chun faisnéise agus comhairliúcháin. D'fhéadfadh soláthraithe oideachais agus oiliúna an t-ábhar sin a choigeartú tuilleadh, i gcás inarb ábhartha, don dlí náisiúnta, do chomhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme agus do shainiúlachtaí críochacha agus earnála. Ba cheart an t-ábhar foghlama a dhíriú freisin ar fhostaithe i riaracháin náisiúnta agus áitiúla (go háirithe freagrach as ceadú, measúnú tionchair agus rialacháin teicneolaíochtaí nua), rud a chuirfeadh le fothú acmhainneachta i measc riaracháin náisiúnta agus le laghdú ar éagothromaíochtaí i measc na mBallstát.*** |

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 66 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(66 b) Ba cheart do na Ballstáit an t-ábhar foghlama arna fhorbairt ag na hAcadaimh a úsáid agus a chur in úsáid in ionstraimí atá ann cheana amhail an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg a bhfuil sé mar cheann dá chuspóirí oideachas agus oiliúint a chur ar fáil do NEETanna,*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus i gcláir mheantóireachta atá ann cheana. Chun trédhearcacht agus iniomparthacht scileanna agus soghluaisteacht oibrithe a áirithiú, agus chun tacú leis na Ballstáit sna hiarrachtaí sin, déanfaidh Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-Nialasach dintiúir a fhorbairt agus a imscaradh, lena n-áirítear micridhintiúir, lena gcumhdófar gnóthachtálacha foghlama. Ba cheart iad a eisiúint i bhformáid na ndintiúr Eorpach don fhoghlaim agus d'fhéadfaí é a chomhtháthú in EUROPASS agus, i gcás inarb ábhartha, é a áireamh sna Creata Náisiúnta um Cháilíochtaí. Moltar do na Ballstáit an t-ábhar arna fhorbairt ag na hAcadaimh a úsáid chun tacú le hathsciliú agus uas-sciliú leanúnach agus leis na soláthraithe ábhartha oideachais agus oiliúna ar a gcríocha trí chláir náisiúnta agus cistiú ón Aontas, lena n-áirítear ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, ón Ráthaíocht threisithe don Aos Óg, ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ó InvestEU, ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ón Sásra um Aistriú Cóir, ón gCiste don Nuachóiriú agus ón Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, agus chun tacú le comhtháthú na mban i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach maidir le Comhionannas Inscne chun aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí inscne oideachais agus ceirde. Is féidir ról suntasach a bheith ag líonra Eorpach na seirbhísí fostaíochta (EURES) maidir le húsáid a bhaint as ábhar foghlama na gclár oiliúna arna soláthar ag Acadaimh scileanna chun próifílí gairme Eorpacha a chruthú agus a chur in úsáid agus trí fhaisnéis a sholáthar do sheirbhísí fostaíochta náisiúnta ina dtaobh.*** |

**Leasú 18Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 66 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(66 c) Ba cheart d'Ardán um Ghlan-*** |

***nialasacht na hEorpa cuidiú le treoir a thabhairt d'obair na nAcadamh lena n-áiritheofar go dtabharfar aghaidh ina n-inneachar ar na ganntanais scileanna arna sainaithint ag an gcleachtadh mapála agus ag soláthar formhaoirseachta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir leis an ionadaí náisiúnta arna cheapadh gníomhú mar nasc idir na haireachtaí náisiúnta ábhartha agus údaráis inniúla na mBallstát chomh maith leis na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta agus ionadaithe tionscail. Ba cheart don Ardán faisnéis a bhailiú maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag na hAcadaimh éagsúla agus tuarascáil fhorléargais a chur ar fáil faoi dheireadh 2026 maidir le cur in úsáid na gclár foghlama, lena n-áirítear líon na bhfoghlaimeoirí a bhaineann tairbhe as cláir na nAcadamh atá imdhealaithe de réir earnálacha tionsclaíocha, inscne, aoise, agus leibhéil oideachais agus cáilíochta.***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 68**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (68) I gcás ina n-eascróidh dintiúir as na cláir foghlama a d'fhorbair acadaimh Eorpacha an tionscail ***glan-nialasachta***, ar dintiúir ***ina*** a bheadh ina gcabhair do dhaoine atá ag lorg rochtain ar ghairm atá rialáilte, ba cheart do na Ballstáit, chun soghluaisteacht sna gairmeacha tionscail ***glan-nialasachta*** a éascú, glacadh leis na dintiúir sin mar chruthúnas leordhóthanach ar an eolas, ar na scileanna agus ar na hinniúlachtaí a fhianaíonn siad. | (68) I gcás ina n-eascróidh dintiúir as na cláir foghlama a d'fhorbair acadaimh Eorpacha an tionscail ***ghlan-nialasaigh***, ar dintiúir ***iad*** a bheadh ina gcabhair ***lena n-áirítear*** do dhaoine atá ag lorg rochtain ar ghairm atá rialáilte, ba cheart do na Ballstáit ***agus d'fhostóirí***, chun soghluaisteacht sna gairmeacha tionscail ***glan-nialasacha*** a éascú, glacadh leis na dintiúir sin mar chruthúnas leordhóthanach ar an eolas, ar na scileanna agus ar na hinniúlachtaí a fhianaíonn siad. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 68 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(68a) Is minic a bhíonn rioscaí níos airde maidir le tionóiscí ceirde mar thoradh ar fhochonraitheoireacht. Dá bhrí sin, ba cheart dliteanas comhpháirteach agus leithleach a áirithiú feadh an tslabhra fochonraitheoireachta do gach fochonraitheoir agus conraitheoir; Ní mór do chonraitheoirí agus fochonraitheoirí lán-urraim a thabhairt do chreataí sláinte agus sábháilteachta chomh maith le rialacha agus rialacháin eile.*** |

**Leasú 21Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 69**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (69) Ar leibhéal an Aontais, ba cheart an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa a bhunú, ardán a bheadh comhdhéanta de na Ballstáit agus a mbeadh an Coimisiún ina chathaoirleach air. Féadfaidh an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le ceisteanna sonracha agus comhlacht tagartha a sholáthar, ina ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit a ngníomhaíocht a chomhordú agus malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo a éascú. Ba cheart don Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa na cúraimí a leagtar amach in Airteagail éagsúla an Rialacháin seo a dhéanamh tuilleadh, go háirithe i ndáil le cead a thabhairt, lena n-áirítear ionaid ilfhreastail, Tionscadail Teicneolaíochtaí glan-nialasachta, maoiniú a chomhordú, rochtain ar mhargaí agus ar scileanna chomh maith le deiseanna trialacha rialála teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha. I gcás inar gá, féadfaidh an tArdán foghrúpaí buana nó sealadacha a bhunú | (69) Ar leibhéal an Aontais, ba cheart an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa a bhunú, ardán a bheadh comhdhéanta de na Ballstáit agus a mbeadh an Coimisiún ina chathaoirleach air. ***Ba cheart cuireadh a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Ardáin ar bhonn rialta.*** Féadfaidh an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le ceisteanna sonracha agus comhlacht tagartha a sholáthar, ina ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit a ngníomhaíocht a chomhordú agus malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo a éascú. Ba cheart don Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa na cúraimí a leagtar amach in Airteagail éagsúla an Rialacháin seo a dhéanamh tuilleadh, go háirithe i ndáil le cead a thabhairt, lena n-áirítear ionaid ilfhreastail, Tionscadail Teicneolaíochtaí glan-nialasachta, maoiniú a chomhordú, rochtain ar mhargaí agus ar scileanna chomh maith le deiseanna trialacha rialála |

agus cuireadh a thabhairt do thríú páirtithe, amhail saineolaithe ***nó*** ionadaithe ó thionscail ***glan-nialasachta***.

teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha. I gcás inar gá, féadfaidh an tArdán foghrúpaí buana nó sealadacha a bhunú ***lena n-áirítear foghrúpaí maidir le scileanna*** agus cuireadh a thabhairt do thríú páirtithe, amhail saineolaithe***,*** ionadaithe ó thionscail ***neodracha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta***.

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 70**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (70) Mar chuid de Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, d'fhógair an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Teicneolaíochtaí ***glan-nialasachta*** a thabhairt i gcrích lena gcumhdaítear teicneolaíochtaí glan-nialasachta, chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a ghlacadh ar fud an domhain agus chun tacú le ról chumais thionsclaíocha an Aontais chun an bealach a réiteach don aistriú domhanda chuig fuinneamh glan. ***Féadfaidh an Coimisiún*** agus na Ballstáit comhordú a dhéanamh laistigh den Ardán ar na Comhpháirtíochtaí, agus plé á dhéanamh acu ar chomhpháirtíochtaí agus ar phróisis ábhartha atá ann cheana, amhail comhpháirtíochtaí glasa, idirphlé faoi fhuinneamh agus cineálacha eile socruithe conarthacha déthaobhacha atá ann cheana, chomh maith le sineirgí féideartha le comhaontuithe déthaobhacha ábhartha de chuid na mBallstát le tríú tíortha. | (70) Mar chuid de Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, d'fhógair an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Teicneolaíochtaí ***Glan-nialasacha*** a thabhairt i gcrích lena gcumhdaítear teicneolaíochtaí glan-nialasachta, chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a ghlacadh ar fud an domhain agus chun tacú le ról chumais thionsclaíocha an Aontais chun an bealach a réiteach don aistriú domhanda chuig fuinneamh glan. ***Ba cheart don Choimisiún*** agus ***do*** na Ballstáit comhordú a dhéanamh laistigh den Ardán ar na Comhpháirtíochtaí, agus plé á dhéanamh acu ar chomhpháirtíochtaí agus ar phróisis ábhartha atá ann cheana, amhail comhpháirtíochtaí glasa, idirphlé faoi fhuinneamh agus cineálacha eile socruithe conarthacha déthaobhacha atá ann cheana, chomh maith le sineirgí féideartha le comhaontuithe déthaobhacha ábhartha de chuid na mBallstát le tríú tíortha. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ba) go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu le monarú teicneolaíochtaí straitéiseacha glan-nialasacha poist ardcháilíochta ar fáil.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(sa) Ciallaíonn 'post ardcháilíochta' post lena soláthraítear pá cuibhiúil, lena n-áirithítear slándáil oibre trí chonradh fostaíochta caighdeánach agus rochtain ar chosaint shóisialta, lena dtugtar rochtain ar dheiseanna maithe foghlama ar feadh an tsaoil, lena n-áirithítear dálaí maithe oibre in áiteanna oibre sábháilte agus sláintiúla, lena n-áirítear am oibre réasúnta a bhfuil cothromaíocht mhaith oibre is saoil aige, agus ionadaíocht na gceardchumann agus cearta margála á n-áirithiú.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina measfaidh na húdaráis inniúla go bhfuil rioscaí eisceachtúla ag baint leis an tionscadal atá beartaithe do shláinte agus sábháilteacht oibrithe nó an phobail i gcoitinne, agus i gcás ina mbeidh gá le ham breise chun a shuí go bhfuil coimircí leormhaithe curtha i bhfeidhm, féadfaidh siad síneadh ***6mhí*** eile a chur leis na teorainneacha ama sin, sula rachaidh siad in éag agus ar bhonn cás ar chás. | I gcás ina measfaidh na húdaráis inniúla go bhfuil rioscaí eisceachtúla ag baint leis an tionscadal atá beartaithe do shláinte agus sábháilteacht oibrithe nó an phobail i gcoitinne, agus i gcás ina mbeidh gá le ham breise chun a shuí go bhfuil coimircí leormhaithe curtha i bhfeidhm, féadfaidh siad síneadh ***12 mhí*** eile a chur leis na teorainneacha ama sin, sula rachaidh siad in éag agus ar bhonn cás ar chás. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Agus pleananna á n-ullmhú, lena n-áirítear criosú, pleananna ***spásúlachta*** agus pleananna úsáide talún, ***áireoidh*** údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ***sna pleananna sin***, i ***gcás inarb iomchuí***, forálacha maidir le forbairt tionscadal monaraíochta teicneolaíochta ***glan-nialasachta***, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ***ghlan-nialasachta***. Tabharfar tús áite do dhromchlaí saorga agus tógtha, láithreáin thionsclaíocha, láithreáin athfhorbraíochta, agus, i gcás inarb iomchuí, láithreáin úrnua nach féidir a úsáid le haghaidh na talmhaíochta agus na foraoiseachta. | 1. Agus pleananna á n-ullmhú, lena n-áirítear criosú, pleananna ***spásúla*** agus pleananna úsáide talún, ***déanfaidh*** údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, i ***gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta ar an gcríoch faoi seach***, forálacha maidir le forbairt tionscadal monaraíochta teicneolaíochta ***glan-nialasacha a áireamh sna pleananna sin***, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ***atá neodrach ó thaobh na neodrachta de***. Tabharfar tús áite do dhromchlaí saorga agus tógtha, láithreáin thionsclaíocha, láithreáin athfhorbraíochta, agus, i gcás inarb iomchuí, láithreáin úrnua nach féidir a úsáid le haghaidh na talmhaíochta agus na foraoiseachta. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tá tionchar dearfach ag an tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta ar shlabhra soláthair thionscal glan-nialasachta an Aontais nó ar earnálacha iartheachtacha spáis an Aontais, lasmuigh den tionscnóir tionscadail agus na Ballstáit lena mbaineann, rud a chuireann le hiomaíochas agus cruthú post ardcháilíochta shlabhra soláthair thionscal glan-nialasachta an Aontais, de réir ***trí cinn*** ar a laghad de na critéir seo a leanas: | (b) tá tionchar dearfach ag an tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta ar shlabhra soláthair thionscal glan-nialasachta an Aontais nó ar earnálacha iartheachtacha spáis an Aontais, lasmuigh den tionscnóir tionscadail agus na Ballstáit lena mbaineann, rud a chuireann le hiomaíochas agus cruthú post ardcháilíochta shlabhra soláthair thionscal glan-nialasachta an Aontais, de réir ***dhá cheann*** ar a laghad de na critéir seo a leanas: |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe b – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(iii) cuireann sé bearta i bhfeidhm chun lucht saothair is gá le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a mhealladh, a uas-sciliú nó a athsciliú, lena n-áirítear trí phrintíseachtaí, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcomhréir le Caibidil V, aithneoidh na Ballstáit mar thionscadail straitéiseacha teicneolaíochta glan-nialasacha na tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasacha lena gcuirtear bearta i bhfeidhm chun an lucht saothair a mhealladh, a uas-sciliú nó a athsciliú, agus go háirithe mná, daoine óga chomh maith le hoibrithe atá fostaithe faoi láthair in earnálacha atá ag meath agus i réigiúin atá i mbun aistrithe, trí chláir oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil is gá le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasacha, lena n-áirítear trí bhíthin printíseachtaí, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh glantionscadail straitéiseacha teicneolaíochta dlí saothair an Aontais agus an dlí náisiúnta, cearta sóisialta agus cearta oibrithe, chomh maith le comhaontuithe comhchoiteanna is infheidhme atá le haithint mar thionscadail straitéiseacha atá neodrach ó thaobh glan de.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 19 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta i nósanna imeachta soláthair phoiblí | Rannchuidiú inbhuanaitheachta ***comhshaoil*** agus ***sóisialta agus*** athléimneachta i nósanna imeachta soláthair phoiblí |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunóidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain na gconarthaí le haghaidh teicneolaíocht ***glan-nialasachta*** a liostaítear san Iarscríbhinn i nós imeachta soláthair phoiblí ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, a n-áireofar inti an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr, lena gcuimseofar, ar a laghad, rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, i gcomhréir le ***Treoracha 2014/23/AE***, 2014/24/AE, nó 2014/25/AE agus leis an reachtaíocht earnála is infheidhme, agus le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas. | 1. Bunóidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain na gconarthaí le haghaidh teicneolaíocht ***ghlan-nialasach*** a liostaítear san Iarscríbhinn i nós imeachta soláthair phoiblí ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch ***agus go sóisialta***, a n-áireofar inti an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr, lena gcuimseofar, ar a laghad, ***chomh maith le*** rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, i gcomhréir le ***Treoracha 2014/23/AE***, 2014/24/AE, nó 2014/25/AE agus leis an reachtaíocht earnála is infheidhme, agus le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Bunófar rannchuidiú*** inbhuanaitheachta agus ***athléimneachta*** na tairisceana ar na critéir charnacha seo a leanas a bheidh oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach: | 2. ***Beidh ranncuidiú*** inbhuanaitheachta ***comhshaoil*** agus ***sóisialta*** na tairisceana ***agus na hathléimneachta bunaithe*** ar na critéir charnacha seo a leanas a bheidh oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach: |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) inbhuanaitheacht shóisialta a théann níos faide ná íoscheanglais dhlíthiúla an Aontais agus na ceanglais dhlíthiúla náisiúnta i réimse dhlí an tsaothair, na gceart sóisialta agus cearta oibrithe le pá cothrom agus leormhaith agus cuspóirí dea-shainithe maidir le sciliú, athsciliú agus uas-sciliú, bearta chun comhionannas inscne agus éagsúlacht ag an obair a fheabhsú, agus printíseachtaí ar ardcháilíocht agus ar íocaíocht;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tabharfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ualú idir ***15 %*** agus ***30 %*** de na critéir dhámhachtana do rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, gan dochar ***do chur i bhfeidhm*** Airteagal 41 (3) de | 3. Tabharfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ualú idir ***20*** agus ***45 %*** de na critéir dhámhachtana do rannchuidiú inbhuanaitheachta ***comhshaoil*** agus ***sóisialta agus*** athléimneachta na tairisceana, ***ar ina measc ba cheart leath*** |

Threoir 2014/23/AE, Airteagal 67(5) de Threoir 2014/24/AE ***ná*** Airteagal 82(5) de Threoir 2014/25/AE ***maidir le hualú*** níos airde a thabhairt do na critéir dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b).

***ar a laghad a leithdháileadh ar na critéir shóisialta,*** gan dochar ***don iarratas. d'***Airteagal 41(3) de Threoir 2014/23/AE, ***d'***Airteagal 67(5) de Threoir 2014/24/AE ***nó d'***Airteagal 82(5) de Threoir 2014/25/AE ***chun ualú*** níos airde a thabhairt do na critéir dá dtagraítear i**.** mír 2, pointí (a)***, (aa)*** agus (b).

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gan dochar d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2018/2001 agus d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh, ná do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas, déanfaidh na Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí, measúnú ar an rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2) den Rialachán seo agus na critéir á ndearadh a úsáidfear chun tairiscintí a rangú faoi chuimsiú ceantanna, arb é is aidhm dóibh tacú le táirgeadh nó tomhaltas fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2018/2001. | 1. Gan dochar d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2018/2001 agus d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh, ná do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas, déanfaidh na Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí, measúnú ar an rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta ***comhshaoil agus sóisialta*** dá dtagraítear in Airteagal 19(2) den Rialachán seo agus na critéir á ndearadh a úsáidfear chun tairiscintí a rangú faoi chuimsiú ceantanna, arb é is aidhm dóibh tacú le táirgeadh nó tomhaltas fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2018/2001. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfar ualú idir ***15 %*** agus ***30 %*** de na critéir ***dhámhachtana*** don rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta, gan dochar don fhéidearthacht ualú níos airde a thabhairt do na critéir in Airteagal 19(2), ***pointí*** (a) agus (b), i gcás inarb infheidhme faoi reachtaíocht an Aontais, ***ná d'***aon teorainn le critéir neamhphraghais ***a shocraítear*** faoi rialacha ***maidir leis an státchabhair***. | 2. Tabharfar ualú idir ***20 %*** agus ***45 %*** de na critéir ***dámhachtana*** don rannchuidiú inbhuanaitheachta ***comhshaoil*** agus ***sóisialta chomh agus*** athléimneachta, gan dochar don fhéidearthacht ualú níos airde a thabhairt do na critéir in Airteagal 19(2), ***pointe*** (a)***, (aa)*** agus (b), i gcás inarb infheidhme faoi reachtaíocht an Aontais, ***agus*** aon teorainn le ***haghaidh*** critéir neamhphraghais ***arna leagan síos*** faoi rialacha ***Státchabhrach***. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit, údaráis réigiúnacha ná áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí ná comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin ná comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí na breithnithe a bhaineann le rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur i bhfeidhm i gcás ina gcuirfeadh a gcur i bhfeidhm oibleagáid ar na heintitis sin trealamh a fháil lena mbaineann costais dhíréireacha, nó ina bhfuil saintréithe teicniúla atá éagsúil leis na saintréithe atá i dtrealamh atá ann cheana, as a n-eascraíonn neamh-chomhoiriúnacht, deacrachtaí teicniúla maidir le hoibriú agus cothabháil. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a thoimhdiú go bhfuil difríochtaí costais os cionn ***10 %*** díréireach. | 3. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit, údaráis réigiúnacha ná áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí ná comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin ná comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí na breithnithe a bhaineann le rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur i bhfeidhm i gcás ina gcuirfeadh a gcur i bhfeidhm oibleagáid ar na heintitis sin trealamh a fháil lena mbaineann costais dhíréireacha, nó ina bhfuil saintréithe teicniúla atá éagsúil leis na saintréithe atá i dtrealamh atá ann cheana, as a n-eascraíonn neamh-chomhoiriúnacht, deacrachtaí teicniúla maidir le hoibriú agus cothabháil. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a thoimhdiú go bhfuil difríochtaí costais os cionn ***30 %*** díréireach. ***Níl feidhm ag eisceacht den sórt sin maidir le critéir inbhuanaitheachta sóisialta.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Nuair a bhíonn difríochtaí costais faoi bhun 10 %, déanfaidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach an conradh a dhámhachtain ar an tairiscint a thaispeánann an ranníocaíocht is airde ó thaobh inbhuanaitheachta agus cáilíocht poist.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ná d'Airteagal 4 de Threoir ***2018/2001*** agus i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh scéimeanna a bhunú a rachaidh chun tairbhe do theaghlaigh nó do thomhaltóirí a dhreasaíonn ceannach na dtáirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn, déanfaidh na Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí iad a dhearadh ar bhealach a chuirfidh chun cinn go gceannóidh tairbhithe táirgí deiridh teicneolaíochta ***glan-nialasachta*** lena mbaineann rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2), trí chúiteamh airgeadais comhréireach breise a sholáthar. | 1. Gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ná d'Airteagal 4 de Threoir ***2018/2001***[73] agus i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh scéimeanna a bhunú a rachaidh chun tairbhe do theaghlaigh nó do thomhaltóirí a dhreasaíonn ceannach na dtáirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn, déanfaidh na Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí iad a dhearadh ar bhealach a chuirfidh chun cinn go gceannóidh tairbhithe táirgí deiridh teicneolaíochta ***glan-nialasacha*** lena mbaineann rannchuidiú ard inbhuanaitheachta ***comhshaoil*** agus ***sóisialta chomh agus*** athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2), trí chúiteamh airgeadais comhréireach breise a sholáthar. |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| [73] Treoir 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn | [73] Treoir 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás inarb ábhartha, ***soláthróidh*** an Coimisiún treoir maidir leis na critéir chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú athléimneachta ***agus inbhuanaitheachta*** na dtáirgí atá ar fáil a chumhdaítear leis na foirmeacha idirghabhála poiblí a chumhdaítear faoi Airteagail 19, 20 agus 21. | 1. I gcás inarb ábhartha, ***cuirfidh*** an Coimisiún treoir ***ar fáil*** maidir leis na critéir chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú ***inbhuanaitheachta comhshaoil agus sóisialta agus*** athléimneachta na dtáirgí atá ar fáil a chumhdaítear leis na foirmeacha idirghabhála poiblí a chumhdaítear faoi Airteagail 19, 20 agus 21. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Pléifidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa bearta a rinne na Ballstáit chun Airteagail 19 agus 21 a chur chun feidhme agus malartóidh sé dea-chleachtais, inter alia, maidir le húsáid phraiticiúil na gcritéar lena sainítear an ***ranníocaíocht*** inbhuanaitheachta agus athléimneachta sa soláthar poiblí, nó scéimeanna a dhreasaíonn ceannach táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta. | 3. Pléifidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa bearta a rinne na Ballstáit chun Airteagail 19 agus 21 a chur chun feidhme agus malartóidh sé dea-chleachtais, inter alia, maidir le húsáid phraiticiúil na gcritéar lena sainítear an ***rannchuidiú*** inbhuanaitheachta ***comhshaoil*** agus ***sóisialta agus*** athléimneachta sa soláthar poiblí, nó scéimeanna a dhreasaíonn ceannach táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tacóidh an Coimisiún le hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal ***Glan-nialasachta*** a bhunú, ***lena n-áirítear trí shíolchistiú a sholáthar,*** arb é is aidhm dóibh: | 1. ***Bunaithe ar chleachtadh mapála dá dtagraítear in Airteagal 23a,*** tacóidh an Coimisiún***, lena n-áirítear trí shíolmhaoiniú a sholáthar,*** le hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal ***Glan-Nialasach*** a bhunú ***mar líonra saineolaithe ar theicneolaíochtaí glan-nialasacha***, arb é is aidhm dóibh: |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cláir foghlama a fhorbairt, ábhar agus ábhair foghlama agus oiliúna a fhorbairt le haghaidh oiliúna agus oideachais maidir le teicneolaíochtaí ***glan-nialasachta*** a fhorbairt, a tháirgeadh, a shuiteáil, a choimisiúnú, a oibriú, a chothabháil agus a athchúrsáil, maidir le hamhábhair, chomh maith le tacú le hacmhainneachtaí na n-údarás poiblí atá inniúil chun ceadanna agus údaruithe dá dtagraítear i gCaibidil II a eisiúint agus leis na húdaráis chonarthacha dá dtagraítear i gCaibidil IV den Rialachán seo; | (a) cláir foghlama a fhorbairt, ábhar agus ábhair foghlama agus oiliúna a fhorbairt le haghaidh oiliúna agus oideachais maidir le teicneolaíochtaí ***glan-nialasacha*** a fhorbairt, a tháirgeadh, a shuiteáil, a choimisiúnú, a oibriú, a chothabháil agus a athchúrsáil, ***agus*** maidir le hamhábhair, ***atá sainaitheanta tríd an gcleachtadh mapála,*** chomh maith le tacú le hacmhainneachtaí na n-údarás poiblí atá inniúil chun ceadanna agus údaruithe dá dtagraítear i gCaibidil II a eisiúint agus leis na húdaráis chonarthacha dá dtagraítear i gCaibidil IV den Rialachán seo; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) a áirithiú go n-éascaíonn na cláir foghlama a fhorbraítear sealbhú agus neartú inniúlachtaí idirdhisciplíneacha,*** |

| | |
|---|---|
| | ***sa bhreis ar scileanna a bhaineann go sonrach le teicneolaíocht ar leith nó le hearnáil ar leith, chun oiriúnú ó thionscal amháin go tionscal eile a éascú, rud a chuirfidh ar chumas foghlaimeoirí a bheith soghluaiste agus inoiriúnaithe don staid atá ag síorathrú i margadh an tsaothair agus níos faide i gcéin;*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a b) a áirithiú go mbeidh sna cláir foghlama faisnéis agus oiliúint atá ábhartha agus cothrom le dáta maidir le saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta chomh maith le faisnéis ábhartha maidir le cearta oibrithe agus dálaí oibre;*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a c) díriú ar oiliúint agus oideachas 100.000 foghlaimeoir in aghaidh an Acadaimh a chumasú, laistigh de thrí bliana tar éis a mbunaithe, trí fhoghlaim ghairmiúil ar feadh an tsaoil agus uas-sciliú nó athsciliú a spreagadh, lena n-áirítear trí phrintíseachtaí, trí chláir mheantóireachta chomh maith le cláir oiliúna ghearrtréimhseacha agus fhadtréimhseacha;*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) úsáid na gclár foghlama, an ábhair agus na n-ábhar ag soláthraithe oideachais agus oiliúna sna Ballstáit a chumasú agus a chur chun cinn, ***i measc nithe eile, trí*** oiliúint ***a chur ar*** oiliúnóirí ***agus sásraí a fhorbairt chun cáilíocht na hoiliúna a chuireann soláthraithe oideachais agus*** oiliúna ***ar fáil sna Ballstáit a áirithiú ar bhonn na gclár foghlama, an ábhair agus na n-ábhar thuasluaite***; | (b) úsáid na gclár foghlama, an ábhair agus na n-ábhar ag soláthraithe oideachais agus oiliúna sna Ballstáit a chumasú agus a chur chun cinn, ***amhail ollscoileanna, ollscoileanna taighde, ollscoileanna sna heolaíochtaí feidhmeacha agus comhghuaillíochtaí ollscoile, gnóthais a sholáthraíonn oideachas agus*** oiliúint ***den sórt sin, lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus fiontair shóisialta, comhpháirtithe sóisialta, agus*** oiliúnóirí oiliúna; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 23 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) sásraí a fhorbairt chun cáilíocht na hoiliúna a chuireann soláthraithe oideachais agus oiliúna ar fáil sna Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, i dtíortha atá comhlachaithe le cláir thaighde agus nuálaíochta an Aontais, amhail Fís Eorpach agus an Eoraip Dhigiteach, a áirithiú, bunaithe ar chláir foghlama, ábhar agus ábhair Acadaimh Thionscal na Glan-Nialasachta Eorpaí;*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 23 –mír 1 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b b) rannchuidiú leis an gcuspóir fadtéarmach an tAontas a thionsclú agus a dhícharbónú ag an am céanna agus*** |

***rannchuidiú lena neamhspleáchas straitéiseach oscailte agus aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le teicneolaíochtaí glan-nialasacha de dhéantús an Aontais agus le hoibrithe oilte;***

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dintiúir a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear micridhintiúir, chun ***trédhearcacht*** na scileanna a gheofar a éascú ***agus*** chun inaistritheacht idir poist agus soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair a ***fheabhsú***, agus chun meaitseáil le poist ábhartha a chur chun cinn trí uirlisí amhail an Líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta (EURES) agus EURAXESS. | (c) dintiúir a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear micridhintiúir, chun ***aithint*** na scileanna a gheofar a éascú**,** chun inaistritheacht idir poist agus ***tionscail agus*** soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair a ***éascú***, agus chun meaitseáil le poist ***ardcháilíochta*** ábhartha a chur chun cinn trí uirlisí amhail an Líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta (EURES) agus EURAXESS. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh Acadaimh ***Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta*** steiréitíopaí inscne a chomhrac agus aird ar leith ***a thabhairt ar an ngá atá le níos mó ban agus daoine*** óga nach bhfuil i mbun ***oideachais***, fostaíochta ná oiliúna a ***ghníomhachtú le haghaidh mhargadh an tsaothair***. | 2. Déanfaidh Acadaimh ***Ghlan-nialasacha Tionscail na hEorpa*** steiréitíopaí inscne a chomhrac agus ***déanfaidh siad rochtain chomhionann ar inneachar foghlama a chur chun cinn do chách, agus*** aird ar leith ***á tabhairt ar mhná, ar dhaoine*** óga***, go háirithe iad siúd*** nach bhfuil i mbun ***oideachas***, fostaíochta ná oiliúna ***(NEETanna), daoine scothaosta, oibrithe i ngairmeacha atá i mbaol dul ar iarraidh nó*** a ***bhfuil a n-inneachar agus a gcúraimí á gclaochlú go mór ag teicneolaíochtaí nua agus ag daoine atá ag obair i réigiúin atá i mbun aistriú***. ***Déanfaidh Acadaimh Ghlan-*** |

***Nialasacha Tionscail na hEorpa éagsúlacht agus cuimsitheacht daoine faoi mhíchumas, imircigh agus daoine atá i staideanna leochaileacha a chur chun cinn.***

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Article 23a*** |
| | ***Acadaimh Thionscal Glan-Nialasacha na hEorpa a bhunú agus a rialú*** |
| | ***Le cleachtadh mapála, sainaithneofar ganntanais saothair agus scileanna i bpríomhearnálacha tionsclaíocha agus i nglantionscail ghlan-nialasacha bunaithe ar riachtanais an chlaochlaithe thionsclaíoch agus an dícharbónaithe agus déanfar measúnú ar an rochtain ar dheiseanna oiliúna a bhaineann leis na teicneolaíochtaí sin ar an leibhéal náisiúnta.*** |
| | ***Déanfar anailís sa chleachtadh mapála ar bhunchúiseanna na nganntanas sin, go háirithe iad siúd a bhaineann le cáilíocht na tairisceana poist, agus ar an gcaoi sin measúnófar an bhfuil gá le bearta breise chun níos mó oibrithe de gach leibhéal cáilíochta a mhealladh i dtionscail áirithe.*** |
| | ***Más rud é, ar bhonn an chleachtaidh léarscáilithe, go sainaithnítear leibhéal criticiúil de ghanntanais scileanna i dteicneolaíocht straitéiseach glan-nialasacha, eiseoidh an Coimisiún glao ar thograí chun Acadaimh um an Tionscal Glan-nialasach a bhunú.*** |
| | ***Is éard a bheidh i gcomhaltaí na nAcadamh Glan-nialasach Tionscail roinnt gníomhaithe, amhail tionscail ina bhfuil úsáid na dteicneolaíochtaí glan-nialasacha ríthábhachtach ina slabhraí*** |

***luacha, ina soláthraithe oideachais agus oiliúna, ina gcomhpháirtithe sóisialta agus ina ngnóthais lena n-áirítear FBManna. Beidh sé d'aidhm ag comhdhéanamh na ballraíochta, i gcás inar féidir, cothromaíocht gheografach a bhaint amach ar fud na mBallstát, agus á áirithiú go mbeidh an t-inneachar foghlama a d'fhorbair na hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasach ar fáil i dteangacha éagsúla ionas go mbeidh rochtain ag an líon is mó foghlaimeoirí ar na cláir foghlama, go háirithe i measc na ngrúpaí is leochailí.***

***Cuirfear imchlúdach airgeadais dar luach EUR 102 000 000 ar a laghad i bpraghsanna reatha ar fáil do bhunú agus d'fheidhmiú na nAcadamh Eorpach um an Tionscal Glan-nialasach idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Nollaig 2027. Bainfidh na Ballstáit úsáid as cistí ábhartha an Aontais, go háirithe CSE+, chun ábhar foghlama na nAcadamh a imscaradh go héifeachtach, agus cuirfidh siad faisnéis ar fáil don Choimisiún Eorpach faoin méid cistí den Aontas a leithdháileadh chun an cuspóir sin a bhaint amach.***

***Trí bliana tar éis a mbunaithe, beidh na hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasach inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de trí ranníocaíochtaí airgeadais a fháil ón earnáil phríobháideach.***

***Déanfaidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa arna bhunú de bhun Airteagal 28(1) faireachán ar obair na nAcadamh Eorpach um an Tionsacal Glan-nialasach agus eiseoidh sé tuarascáil faoin 31 Nollaig 2026 maidir le cur in úsáid a gclár foghlama.***

***Gan mhoill tar éis don Choimisiún teacht i bhfeidhm, seolfaidh an Coimisiún an próiseas mapála agus eiseoidh sé an chéad ghlao ar thograí chun Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasach a bhunú, a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint***

| | |
|---|---|
| | ***as an obair atá ar bun cheana agus as tionscadail na ngníomhaithe ábhartha agus na mBallstát.*** |
| | ***Faoin [31 Nollaig 2024], bunófar Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasach.*** <br> ***Faoin [31 Nollaig 2025], tosóidh na hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasach ag soláthar agus ag scaipeadh inneachar foghlama tosaigh. Le céim imlonnaithe an inneachair foghlama, tabharfar aird ar leith ar réigiúin atá i mbun claochlú tionsclaíoch, ina bhfuil ganntanas scileanna criticiúla nó ar na réigiúin sin ina bhfuil ráta ard dífhostaíochta, go háirithe dífhostaíocht i measc na hóige.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin 31 Nollaig 2024 agus gach ***2*** bhliain ina dhiaidh sin, sainaithneoidh na Ballstáit an bhfuil na cláir foghlama a d'fhorbair na hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal ***Glan-nialasachta*** coibhéiseach leis na cáilíochtaí sonracha a theastaíonn ón mBallstát óstach chun rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí ***rialaithe*** laistigh de raon feidhme gairme ***a bhfuil leas*** ar leith ag ***baint leo le haghaidh an tionscadail glan-nialasachta***. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear torthaí na measúnuithe ar fáil go poiblí agus go mbeidh rochtain éasca orthu ar líne. | 1. Faoin 31 Nollaig 2024 agus gach ***dhá*** bhliain ina dhiaidh sin, sainaithneoidh na Ballstáit an bhfuil na cláir foghlama a d'fhorbair na hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal ***Glan-nialasach*** coibhéiseach leis na cáilíochtaí sonracha a theastaíonn ón mBallstát óstach chun rochtain a fháil ar ***coibhéiseach leis na cáilíochtaí sonracha a theastaíonn ón mBallstát óstach chun rochtain a fháil ar*** ghníomhaíochtaí ***rialáilte*** laistigh de raon feidhme gairme ***agus spéis*** ar leith ag ***an tionscal glan-nialasach chun ationsclú agus dícharbónú a dhéanamh ag an am céanna d'fhonn na cáilíochtaí arna n-iarraidh a ailíniú, lena gcumhdaítear cáilíochtaí teicniúla agus acadúla araon***. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear torthaí na measúnuithe ar fáil go poiblí agus go mbeidh rochtain éasca orthu ar líne. ***I gcás*** |

***ina meastar nach bhfuil na cláir foghlama coibhéiseach leis na cáilíochtaí a theastaíonn ón mBallstát óstach chun rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí rialáilte, míneoidh an Ballstát sin na difríochtaí don Choimisiún Eorpach agus sonróidh sé conas coibhéis a bhaint amach.***

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Má ***thagann*** Ballstát ***ar an gconclúid*** go bhfuil coibhéis ann, mar a ***thugtar tuairisc air*** sa chéad mhír den Airteagal seo, ***éascóidh sé aitheantas na ndintiúr*** arna n-eisiúint ag soláthraithe oideachais agus oiliúna ar bhonn na gclár foghlama a d'fhorbair na hacadaimh, faoi Theideal III Caibidil I de Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[74] , aon uair a iarrann sealbhóir ***dintiúir*** den sórt sin rochtain ar ghairm ***rialaithe*** de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) de Threoir 2005/36/CE, agus ***lena mbaineann*** tábhacht ar leith ***le haghaidh an tionscadail glan-nialasachta***, trí ghlacadh leis an dintiúr mar fhianaise leordhóthanach ar cháilíochtaí foirmiúla. | 2. Má ***chinneann*** Ballstát go bhfuil coibhéis ann, mar a ***thuairiscítear*** sa chéad mhír den Airteagal seo, ***áiritheoidh sé, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, go n-aithneofar dintiúir*** arna n-eisiúint ag soláthraithe oideachais agus oiliúna ar bhonn na gclár foghlama a d'fhorbair na hacadaimh, faoi Theideal III Caibidil I de Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[74], aon uair a iarrann sealbhóir ***dintiúr*** den sórt sin rochtain ar ghairm ***rialáilte*** de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) de Threoir 2005/36/CE, agus ***a bhfuil*** tábhacht ar leith ***ag baint leis don tionscal glan-nialasach***, trí ghlacadh leis an dintiúr mar fhianaise leordhóthanach ar cháilíochtaí foirmiúla. |
| [74] Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22). | [74] Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22). |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tacóidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa dá dtagraítear in Airteagal 28 le hinfhaighteacht agus úsáid scileanna i dteicneolaíochtaí ***glan-nialasachta***, agus in údaráis inniúla agus údaráis chonarthacha dá dtagraítear i gCaibidil II agus i gCaibidil IV, trí na cúraimí seo a leanas: | Tacóidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa dá dtagraítear in Airteagal 28 le hinfhaighteacht agus úsáid scileanna i dteicneolaíochtaí ***glan-nialasacha***, agus in údaráis inniúla agus údaráis chonarthacha dá dtagraítear i gCaibidil II agus i gCaibidil IV, trí na cúraimí seo a leanas***, agus na struchtúir atá ann cheana a bheith á dtógáil laistigh de chórais náisiúnta oideachais agus gairmoiliúna***: |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) faireachán a dhéanamh ar ***ghníomhaíocht Acadaimh Eorpacha*** um an Tionscal ***Glan-nialasachta*** agus ***soláthraithe oideachais*** agus ***oiliúna a thairgeann*** na cláir foghlama arna bhforbairt ag na hAcadaimh, sineirgí a chothú le tionscnaimh agus tionscadail scileanna náisiúnta ***eile*** agus ***le tionscnaimh agus tionscadail scileanna eile*** de chuid an Aontais, agus formhaoirseacht a sholáthar; | (2) faireachán a dhéanamh ar ***ghníomhaíoch na nAcadamh Eorpach*** um an Tionscal ***Glan-nialasach*** agus***, bunaithe ar na sonraí arna soláthar ag na Ballstáit*** agus ***ag*** na ***húdaráis náisiúnta de bhun Airteagal 31(2), faisnéis a bhailiú faoin líon daoine a bhain tairbhe as na*** cláir foghlama arna bhforbairt ag na hAcadaimh ***agus a sholáthraíonn sonraí imdhealaithe de réir earnálacha tionsclaíocha***, ***inscne, aoise, agus leibhéil oideachais agus cháilíochta,*** sineirgí a chothú le tionscnaimh agus tionscadail scileanna ***eile*** náisiúnta agus de chuid an Aontais, agus formhaoirseacht a sholáthar ***chun lucht saothair éagsúil a mhealladh, lena n-áirítear trí fheachtais chumarsáide spriocdhírithe***; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ***cuidiú le páirtithe leasmhara*** a shlógadh, lena n-áirítear comhpháirtithe ***tionscail agus*** sóisialta agus soláthraithe oideachais agus oiliúna ***le haghaidh rolladh amach*** na gclár foghlama arna bhforbairt ag ***Acadaimh Eorpacha*** um an Tionscal ***Glan-nialasachta***; | (3) ***cúnamh*** a ***thabhairt geallsealbhóirí a*** shlógadh, lena n-áirítear ***lucht tionscail, gnóthais, lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus fiontair shóisialta,*** comhpháirtithe sóisialta agus soláthraithe oideachais agus oiliúna***, amhail ollscoileanna, ollscoileanna taighde, ollscoileanna sna heolaíochtaí feidhmeacha agus comhghuaillíochtaí ollscoile, do chur i bhfeidhm*** na gclár foghlama arna bhforbairt ag ***na hAcadaimh Eorpach*** um an Tionscal ***Glan-nialasach***; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) cuidiú le glacadh agus aitheantas dhintiúir foghlama Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta sna Ballstáit chun aitheantas scileanna agus meaitseáil scileanna agus post a chur chun cinn, inter alia trí bhailíocht agus glacadh na ndintiúr ***a chur chun cinn*** ar fud mhargadh saothair an Aontais ***Eorpaigh***; | (4) cuidiú le glacadh agus aitheantas dhintiúir foghlama Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta sna Ballstáit chun aitheantas scileanna agus meaitseáil scileanna agus post a chur chun cinn, inter alia trí bhailíocht agus glacadh na ndintiúr ar fud mhargadh saothair an Aontais ***agus trí bhéim a leagan ar chláir oiliúna fhadtéarmacha agus ar phrintíseachtaí íoctha***; |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4 a) faireachán a dhéanamh ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***fhorfheidhmiú ghlacadh agus aithint dintiúr foghlama agus rannchuidiú le réitigh a sholáthar i gcás ina mbraitear saincheisteanna neamhaitheantais;*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) dálaí oibre ***leordhóthanacha i bpoist i dtionscail teicneolaíochtaí glan-nialasachta*** a chur chun cinn, ***gníomhachtú*** na hóige, na mban agus ***seanóirí chuig*** margadh an tsaothair ***le haghaidh tionscail teicneolaíochtaí glan-nialasachta***, agus oibrithe oilte ó thríú tíortha a mhealladh, ***agus*** lucht saothair níos éagsúla a bhaint amach ***ar an mbealach sin***; | (6) ***ionchais ghairme agus*** dálaí oibre ***ardcháilíochta*** a chur chun cinn, ***lena n-áirítear pá cothrom agus leormhaith i bpoist i dtionscail atá neodrach ó thaobh*** na ***teicneolaíochta de chomh maith le tarraingteacht an oideachais theicniúil, lánpháirtiú na*** hóige, na mban***, na seanóirí*** agus ***daoine ó chúlra faoi mhíbhuntáiste do thionscail teicneolaíochtaí glan-nialasacha i*** margadh an tsaothair, agus oibrithe oilte ó thríú tíortha a mhealladh ***trí ionstraimí amhail an Cárta Gorm Eorpach agus***, ***ar an gcaoi sin,*** lucht saothair níos éagsúla a bhaint amach; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6 a) soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais a spreagadh agus tacú léi agus poist fholmha a fhoilsiú trí bhíthin líonra EURES;*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – pointe 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) comhordú níos dlúithe agus malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit ***a éascú*** chun feabhas a chur ar infhaighteacht scileanna sna ***teicneolaíochtaí glan-nialasachta***, lena n-áirítear trí rannchuidiú le beartais an Aontais agus na mBallstát chun daoine tréitheacha nua a mhealladh ó thríú tíortha. | (7) comhordú níos dlúithe agus malartú dea-chleachtas ***agus fios gnó a éascú*** idir na Ballstáit ***agus laistigh den earnáil phríobháideach*** chun feabhas a chur ar infhaighteacht scileanna sna ***glanteicneolaíochtaí nialais***, lena n-áirítear trí rannchuidiú le beartais an Aontais agus na mBallstát chun daoine tréitheacha nua a mhealladh ó thríú tíortha ***agus ó gach leibhéal oideachais***. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 4 – pointe c – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ia) dálaí oibre cuibhiúla agus coinníollachtaí sóisialta.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Tabharfaidh an tArdán cuireadh d'ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa freastal ar a chruinnithe mar bhreathnóirí lena n-áirítear cruinnithe na bhfoghrúpaí buana nó sealadacha dá dtagraítear i ***mír 6***. | 7. Tabharfaidh an tArdán cuireadh ***go rialta*** d'ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa freastal ar a chruinnithe mar bhreathnóirí lena n-áirítear cruinnithe na bhfoghrúpaí buana nó sealadacha dá dtagraítear i ***mír 6, agus tuairisceoidh sé go bliantúil do Pharlaimint na hEorpa***. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tArdán nó an Coimisiún cuireadh a thabhairt do shaineolaithe agus ***do thríú*** páirtithe eile chuig cruinnithe ***an*** Ardáin agus ***na bhfoghrúpaí*** nó chun aighneachtaí i scríbhinn a ***sholáthar***. | 8. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tArdán nó an Coimisiún cuireadh a thabhairt do shaineolaithe***, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta,*** agus ***tríú*** páirtithe eile chuig cruinnithe Ardáin agus ***foghrúpa*** nó chun aighneachtaí i scríbhinn a ***chur ar fáil, agus ionadaíocht chothrom ar na geallsealbhóirí éagsúla á háirithiú***. |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9 a. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Ardán sula n-eiseofar glaonna ar thograí chun na hAcadaimh a bhunú.*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. ***Oibreoidh*** an tArdán ***i gcomhar*** leis na comhghuaillíochtaí ***tionsclaíocha*** atá ann cheana. | 11. ***Déanfaidh*** an tArdán ***comhordú agus comhoibriú*** leis na comhghuaillíochtaí ***tionscail*** atá ann cheana***, chomh maith le comhpháirtithe sóisialta earnálach***. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Caidreamh*** le Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide | ***Comhleanúnachas*** le Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide ***agus le straitéisí náisiúnta scileanna*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh na Ballstáit an Rialachán seo san áireamh agus a bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus na nuashonruithe orthu á n-ullmhú acu, pleananna agus nuashonruithe arna gcur isteach de bhun Airteagail 3, 9 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ngné den Aontas Fuinnimh mar atá ‘taighde, nuálaíocht agus iomaíochas’, agus ina dtuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin. | Cuirfidh na Ballstáit an Rialachán seo san áireamh agus a bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus na nuashonruithe orthu á n-ullmhú acu, pleananna agus nuashonruithe arna gcur isteach de bhun Airteagail 3, 9 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ngné den Aontas Fuinnimh mar atá ‘taighde, nuálaíocht agus iomaíochas’, agus ina dtuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin. ***Cuirfidh na Ballstáit i gcuntas freisin conclúidí an chleachtaidh mapála a dhéanfar de bhun Airteagal 23a, na sonraí arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 31(2), agus na dúshláin shóisialta a bhfuiltear ag súil leo de bharr an aistrithe go teicneolaíochtaí glan-nialasacha i ndréachtú na bpleananna fuinnimh agus aeráide agus i ndearadh a mbeartas scileanna, agus á áirithiú, ar an gcaoi sin, go sroichfidh inneachar na hoiliúna glan-nialasaí iad siúd is mó a bhfuil gá acu leis.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) for-rochtain ábhar foghlama na nAcadamh Eorpach um an Tionscal Glan-nialasach.*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(h a) cláir na nAcadamh Eorpach Glan-nialasach lena n-áirítear líon na bhfoghlaimeoirí a thairbhíonn de na cláir sin atá imdhealaithe de réir earnálacha tionsclaíocha, inscne, aoise, agus leibhéil oideachais agus cáilíochta.*** |

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasach na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasach) |
| **Tagairtí** | COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>8.5.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL<br>8.5.2023 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 15.6.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Marie-Pierre Vedrenne<br>15.5.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 28.6.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 32<br>–: 1<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, David Casa, Ilan De Basso, Margarita de la Pisa Carrión, Klára Dobrev, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Rosa Estaràs Ferragut, Cindy Franssen, Chiara Gemma, Agnes Jongerius, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Sara Matthieu, Kira Marie Peter-Hansen, Dragoş Pîslaru, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Pirkko Ruohonen-Lerner, Mounir Satouri, Monica Semedo, Eugen Tomac, Romana Tomc, Nikolaj Villumsen |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marc Botenga, Gheorghe Falcă, Lina Gálvez Muñoz, Pierre Larrouturou, Evelyn Regner, Antonio Maria Rinaldi, Birgit Sippel, Marie-Pierre Vedrenne |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Annika Bruna, Martin Hojsík |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 32 | + |
|---|---|
| PPE | David Casa, Jarosław Duda, Rosa Estaràs Ferragut, Gheorghe Falcă, Cindy Franssen, Miriam Lexmann, Dennis Radtke, Eugen Tomac, Romana Tomc |
| Renew | Sylvie Brunet, Jordi Cañas, Martin Hojsík, Dragoş Pîslaru, Monica Semedo, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | João Albuquerque, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Ilan De Basso, Klára Dobrev, Estrella Durá Ferrandis, Lina Gálvez Muñoz, Agnes Jongerius, Pierre Larrouturou, Evelyn Regner, Birgit Sippel |
| The Left | Marc Botenga, Nikolaj Villumsen |
| Verts/ALE | Katrin Langensiepen, Sara Matthieu, Kira Marie Peter-Hansen, Mounir Satouri |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Annika Bruna |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ECR | Chiara Gemma, Margarita de la Pisa Carrión, Elżbieta Rafalska, Pirkko Ruohonen-Lerner |
| ID | Antonio Maria Rinaldi |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh:

26.9.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN GCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta fuinnimh na hEorpa a neártú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)
(COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Tiemo Wölken(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Tá athruithe tionsclaíocha, eacnamaíocha agus geopholaitiúla ollmhóra ann cheana féin ar fud an domhain mar gheall ar an gclaochlú i dtreo na glan-nialasachta, rud a bheith níos suntasaí ná riamh de réir mar a théann an domhan chun cinn sna hiarrachtaí dícharbónaithe atá á ndéanamh aige. Leis an gconair i dtreo na glan-nialasachta, tugtar deiseanna láidre chun tionscal glan-nialasachta an Aontais a leathnú, agus úsáid á baint as neart an Mhargaidh Aonair, trí infheistíocht a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus | (6) Tá athruithe tionsclaíocha, eacnamaíocha agus geopholaitiúla ollmhóra ann cheana féin ar fud an domhain mar gheall ar an gclaochlú i dtreo na glan-nialasachta, rud a bheith níos suntasaí ná riamh de réir mar a théann an domhan chun cinn sna hiarrachtaí dícharbónaithe atá á ndéanamh aige. Leis an gconair i dtreo na glan-nialasachta, tugtar deiseanna láidre chun tionscal glan-nialasachta an Aontais a leathnú, agus úsáid á baint as neart an Mhargaidh Aonair, trí infheistíocht a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus |

| | |
|---|---|
| téimh, teaschaidéil, teicneolaíochtaí eangaí, teicneolaíochtaí maidir le breoslaí in-athnuaite de theicneolaíochtaí tionscnaimh neamhbhitheolaíocha, leictrealóirí agus na cealla breosla, ***comhleá, na himoibreoirí beaga modúlacha agus breoslaí gaolmhara den aicme is fearr,*** teicneolaíochtaí maidir le gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, agus teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh agus na slabhraí soláthair atá acu, rud a fhágann gur féidir ár n-earnálacha eacnamaíocha a dhícharbónú, ón soláthar fuinnimh go dtí an earnáil iompair, foirgnimh agus tionscal. Is féidir le tionscal glan-nialasachta láidir laistigh den Aontas Eorpach cuidiú go mór le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach go héifeachtach, chomh maith le tacú le cuspóirí eile an Chomhaontaithe Ghlais, agus poist agus fás a spreagadh acu an tráth céanna. | téimh, teaschaidéil, teicneolaíochtaí eangaí, teicneolaíochtaí maidir le breoslaí in-athnuaite de theicneolaíochtaí tionscnaimh neamhbhitheolaíocha, leictrealóirí agus na cealla breosla, gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, ***fuinneamh glan bunaithe ar theicneolaíochtaí nuálacha uisce lena n-áirítear techneolaíochtaí tonn taoide agus cumhacht osmóise*** agus teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh agus na slabhraí soláthair atá acu, rud a fhágann gur féidir ár n-earnálacha eacnamaíocha a dhícharbónú, ón soláthar fuinnimh go dtí an earnáil iompair, foirgnimh agus tionscal. Is féidir le tionscal glan-nialasachta láidir laistigh den Aontas Eorpach cuidiú go mór le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach go héifeachtach, chomh maith le tacú le cuspóirí eile an Chomhaontaithe Ghlais, agus poist agus fás a spreagadh acu an tráth céanna. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Chun cuspóirí 2030 a bhaint amach, tá gá le fócas ar leith ar roinnt de na teicneolaíochtaí glan-nialasachta, freisin i bhfianaise a rannchuidiú mór i dtreo na conaire i dtreo na glan-nialasachta a bhaint amach faoi 2050. Áirítear ar na teicneolaíochtaí sin teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine agus teicneolaíochtaí teirmeacha gréine, teicneolaíochtaí in-athnuaite ar tír agus amach ón gcósta, teicneolaíochtaí ceallraí/stórála, teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh, leictrealóirí agus breosla-chealla, bithghás/bithmheatán inbhuanaithe, teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin ***agus*** teicneolaíochtaí eangaí. Tá ról lárnach ag na | (10) Chun cuspóirí 2030 a bhaint amach, tá gá le fócas ar leith ar roinnt de na teicneolaíochtaí glan-nialasachta, freisin i bhfianaise a rannchuidiú mór i dtreo na conaire i dtreo na glan-nialasachta a bhaint amach faoi 2050. Áirítear ar na teicneolaíochtaí sin***, inter alia,*** teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine agus teicneolaíochtaí teirmeacha gréine, teicneolaíochtaí in-athnuaite ar tír agus amach ón gcósta, teicneolaíochtaí ceallraí/stórála, teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh, leictrealóirí agus breosla-chealla, bithghás/bithmheatán inbhuanaithe, teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin agus teicneolaíochtaí eangaí agus |

| | |
|---|---|
| teicneolaíochtaí sin in uathriail straitéiseach oscailte an Aontais, rud a áirithíonn go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar fhuinneamh glan, inacmhainne, slán. I bhfianaise an róil atá acu, ba cheart go mbainfeadh na teicneolaíochtaí sin tairbhe as nósanna imeachta ceadaithe níos tapúla, ba cheart an stádas náisiúnta is airde is féidir a fháil a chur ar fáil dóibh faoin dlí náisiúnta agus tairbhe a bhaint as tacaíocht bhreise chun infheistíochtaí a phlódú isteach. | ***fuinneamh glan bunaithe ar theicneolaíochtaí nuálacha uisce lena n-áirítear techneolaíochtaí tonn taoide agus cumhacht osmóise.*** Tá ról lárnach ag na teicneolaíochtaí sin***, lena n-áirítear comhpháirteanna sonracha agus innealra sonrach a úsáidtear go príomha chun iad a tháirgeadh,*** in uathriail straitéiseach oscailte an Aontais, rud a áirithíonn go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar fhuinneamh glan, inacmhainne, slán. I bhfianaise an róil atá acu, ba cheart go mbainfeadh na teicneolaíochtaí sin tairbhe as nósanna imeachta ceadaithe níos tapúla, ba cheart an stádas náisiúnta is airde is féidir a fháil a chur ar fáil dóibh faoin dlí náisiúnta agus tairbhe a bhaint as tacaíocht bhreise chun infheistíochtaí a phlódú isteach. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Tá teipthe ar chomhordú a dhéanamh ar réitigh gabhála agus stórála carbóin a fhorbairt don tionscal. Ar lámh amháin, d'ainneoin na dreasachta praghais $CO_2$ atá ag fás, arna soláthar ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais chun go ndéanfaidh tionscal infheistíochtaí in astaíochtaí $CO_2$ a ghabháil, rud lena ndéanfar na hinfheistíochtaí sin marthanach ó thaobh na heacnamaíochta de, tá riosca mór rompu nach mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar láithreán stórála geolaíoch ceadaithe. Ar an lámh eile, bíonn costais tosaigh roimh infheisteoirí sna chéad láithreáin stórála $CO_2$ chun iad a aithint, a fhorbairt agus a mheas fiú sular féidir leo iarratas a dhéanamh ar chead stórála rialála. Trédhearcacht maidir le hacmhainneacht stórála $CO_2$ fhéideartha i dtéarmaí oiriúnacht gheolaíoch na limistéar | (13) Tá teipthe ar chomhordú a dhéanamh ar réitigh gabhála agus stórála carbóin a fhorbairt don tionscal. Ar lámh amháin, d'ainneoin na dreasachta praghais $CO_2$ atá ag fás, arna soláthar ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais ***(CTA AE)*** chun go ndéanfaidh tionscal infheistíochtaí in astaíochtaí $CO_2$ a ghabháil, rud lena ndéanfar na hinfheistíochtaí sin marthanach ó thaobh na heacnamaíochta de, tá riosca mór rompu nach mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar láithreán stórála geolaíoch ceadaithe. Ar an lámh eile, bíonn costais tosaigh roimh infheisteoirí sna chéad láithreáin stórála $CO_2$ chun iad a aithint, a fhorbairt agus a mheas fiú sular féidir leo iarratas a dhéanamh ar chead stórála rialála. Trédhearcacht maidir le hacmhainneacht stórála $CO_2$ fhéideartha i dtéarmaí oiriúnacht gheolaíoch na limistéar |

| | |
|---|---|
| ábhartha agus na sonraí geolaíocha atá ann cheana, go háirithe de thoradh thaiscéaladh láithreán táirgthe hidreacarbóin, is féidir leis an trédhearcacht sin tacú le hoibreoirí margaidh a n-infheistíochtaí a phleanáil. Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí agus tuairisciú a dhéanamh go tráthrialta le peirspictíocht fhadtéarmach maidir leis an dul chun cinn láithreáin stórála $CO_2$ agus na riachtanais chomhfhreagracha maidir le hacmhainneachtaí insteallta agus stórála thuas a fhorbairt, chun an sprioc ar fud an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta $CO_2$ a bhaint amach i gcomhpháirt. | ábhartha agus na sonraí geolaíocha atá ann cheana, go háirithe de thoradh thaiscéaladh láithreán táirgthe hidreacarbóin, is féidir leis an trédhearcacht sin tacú le hoibreoirí margaidh a n-infheistíochtaí a phleanáil. Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí agus tuairisciú a dhéanamh go tráthrialta le peirspictíocht fhadtéarmach maidir leis an dul chun cinn láithreáin stórála $CO_2$ agus na riachtanais chomhfhreagracha maidir le hacmhainneachtaí insteallta agus stórála thuas a fhorbairt, chun an sprioc ar fud an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta $CO_2$ a bhaint amach i gcomhpháirt. ***Chun a áirithiú go soláthrófar leis an acmhainneacht insteallta na haistrithe*** $CO_2$ ***a bhfuiltear ag súil leo agus chun sócmhainní tréigthe a sheachaint, ní mór slabhraí luacha gabhála agus stórála carbóin (CCS) lena n-áirítear gabháil, iompar agus stóráil a bhunú faoi 2030.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Tá iarracht bhreise beartais ríthábhachtach chun cur in úsáid na pleanála bonneagair trasteorann a chinntiú. Tá ról ríthábhachtach ag inrochtaineacht agus nascacht raon iomlán na módúlachtaí iompair dé-ocsaíde carbóin (***$CO_2$***) maidir le tionscadail CCS agus tionscadail gabhála agus stórála carbóin (CCU) a imscaradh. Cumhdaítear leis na módúlachtaí long, báirse, traein agus trucail chomh maith le saoráidí seasta chun nascadh agus duga a dhéanamh, le haghaidh leachtú, stóráil maolánach agus tiontairí*** $CO_2$ ***i bhfianaise a n-iompair tuilleadh trí phíblínte agus i modhanna tiomnaithe iompair. Chun*** |

| | |
|---|---|
| | ***sprioc 60 milliún tona d'acmhainneacht insteallta bhliantúil oibríochtúil $CO_2$ an Aontais a bhaint amach faoi 2030, ba cheart don Choimisiún plean bonneagair $CO_2$ a fhorbairt ina mbeadh gníomhaíochtaí chun creat rialála agus airgeadais a chruthú chun margadh aontaithe CCS a bhunú san Aontas.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Is scrogall ríthábhachtach d'infheistíochtaí gabhála carbóin atá ag éirí níos inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de í infhaighteacht láithreán stórála $CO_2$ san Eoraip, rud atá mar bhonn agus mar thaca leis na dreasachtaí ó Threoir 2003/87/CE. Chun an teicneolaíocht a uas-scálú agus chun cur leis na príomhacmhainneachtaí atá aige, ní mór don Aontas soláthar réamhbhreathnaitheach de láithreáin stórála $CO_2$ gheolaíocha bhuana a fhorbairt, ar láithreáin iad a cheadaítear i gcomhréir le Treoir 2009/31/AE[36]. Trí sprioc de chuid an Aontais, mar atá ***50*** milliún tona d'acmhainneacht insteallta $CO_2$ bhliantúil oibríochtúil a shainiú faoi 2030, i gcomhréir leis na hacmhainneachtaí a bhfuil coinne leo in 2030, is féidir leis na hearnálacha ábhartha a n-infheistíochtaí a chomhordú i dtreo shlabhra luacha Eorpach um iompar agus stóráil glan-nialasachta $CO_2$, slabhra ar féidir le hearnálacha a úsáid chun a n-oibríochtaí a dhícharbónú. Leis an gcur in úsáid tosaigh sin, tacófar le stóráil $CO_2$ bhreise i dtéarmaí 2050 freisin. Dé réir mheastacháin an Choimisiúin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an Aontas suas le 550 milliún tona $CO_2$ a ghabháil in aghaidh na bliana faoi 2050 chun an cuspóir glan-nialasachta a bhaint amach[37], | (14) Is scrogall ríthábhachtach d'infheistíochtaí gabhála carbóin atá ag éirí níos inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de í infhaighteacht láithreán stórála $CO_2$ san Eoraip, rud atá mar bhonn agus mar thaca leis na dreasachtaí ó Threoir 2003/87/CE. Chun an teicneolaíocht a uas-scálú agus chun cur leis na príomhacmhainneachtaí atá aige, ní mór don Aontas soláthar réamhbhreathnaitheach de láithreáin stórála $CO_2$ gheolaíocha bhuana a fhorbairt, ar láithreáin iad a cheadaítear i gcomhréir le Treoir 2009/31/AE[36]***, lena dtugtar tús áite do stóráil astaíochtaí próisis thionsclaíocha dhosheachanta ó shuiteálacha tionsclaíocha mórscála.*** Trí sprioc ***shealadach*** de chuid an Aontais, mar atá ***60*** milliún tona d'acmhainneacht insteallta $CO_2$ bhliantúil oibríochtúil a shainiú faoi 2030, i gcomhréir leis na hacmhainneachtaí a bhfuil coinne leo in 2030, is féidir leis na hearnálacha ábhartha a n-infheistíochtaí a chomhordú i dtreo shlabhra luacha Eorpach um iompar agus stóráil glan-nialasachta $CO_2$, slabhra ar féidir le hearnálacha a úsáid chun a n-oibríochtaí a dhícharbónú. Leis an gcur in úsáid tosaigh sin, tacófar le stóráil $CO_2$ bhreise i dtéarmaí 2050 freisin***. Chun sprioc an Aontais a choinneáil i*** |

lena n-áirítear an cuspóir le haghaidh aistrithe carbóin. Leis an gcéad acmhainneacht stórála ar scála tionsclaíoch den sórt sin, bainfear an riosca d'infheistíochtaí chun astaíochtaí $CO_2$ a ghabháil mar uirlis thábhachtach chun aeráidneodracht a bhaint amach. Nuair a dhéanfar an rialachán seo a ionchorprú i gComhaontú LEE**,** déanfar sprioc an Aontais***, mar atá 50 milliún tona*** d'acmhainneacht insteallta $CO_2$ ***bhliantúil oibríochtúil faoi 2030*** a choigeartú dá réir sin.

***gcomhréir leis na hacmhainneachtaí stórála agus an t-éileamh atá ar fáil go hiarbhír, ba cheart don Choimisiún an sprioc sin a oiriúnú de bhun measúnú leordhóthanachta agus na sonraí arna mbailiú chun críocha an Rialacháin seo á gcur san áireamh***. Dé réir mheastacháin an Choimisiúin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an Aontas suas le 550 milliún tona $CO_2$ a ghabháil in aghaidh na bliana faoi 2050 chun an cuspóir glan-nialasachta a bhaint amach[37], lena n-áirítear an cuspóir le haghaidh aistrithe carbóin. Leis an gcéad acmhainneacht stórála ar scála tionsclaíoch den sórt sin, bainfear an riosca d'infheistíochtaí chun astaíochtaí $CO_2$ a ghabháil mar uirlis thábhachtach chun aeráidneodracht a bhaint amach. Nuair a dhéanfar an Rialachán seo a ionchorprú i gComhaontú LEE ***nó nuair a dhéanfar comhaontuithe eile idir*** an tAontas ***agus tríú tíortha maidir le stóráil $CO_2$ a dhaingniú, déanfar an measúnú leordhóthanachta agus*** an acmhainneacht insteallta $CO_2$ ***chomhfhreagrach*** a choigeartú dá réir.

---

[36] Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).

[37] Grinnanailís chun tacú leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún (2018/773) A Clean Planet for all. A European long-term strategic vision for a prosperous, modern, competitive and climate neutral economy. [Pláinéad Glan do Chách. Fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach do gheilleagar a bheidh rathúil, nua-

[36] Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).

[37] Grinnanailís chun tacú leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún (2018/773) A Clean Planet for all. A European long-term strategic vision for a prosperous, modern, competitive and climate neutral economy. [Pláinéad Glan do Chách. Fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach do gheilleagar a bheidh rathúil, nua-

aimseartha, iomaíoch agus neodrach ó thaobh na haeráide de].

aimseartha, iomaíoch agus neodrach ó thaobh na haeráide de].

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) Tríd na láithreáin stórála $CO_2$ a chuireann le sprioc 2030 an Aontais mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a shainiú, is féidir dlús a chur le forbairt láithreán stórála $CO_2$ agus é sin a éascú, agus is féidir an t-éileamh tionsclaíoch méadaithe maidir le láithreáin stórála a threorú i dtreo na láithreán stórála is costéifeachtaí. Tá méadú ag teacht ar líon na ngort gáis agus ola atá ag deireadh a saolré táirgthe úsáideach a d'fhéadfaí a thiontú ina láithreáin stórála $CO_2$. Anuas air sin, dhearbhaigh an tionscal ola agus gáis a dhiongbháilte atá sé tabhairt faoi aistriú fuinnimh agus tá na sócmhainní, na scileanna agus an t-eolas is gá aige chun láithreáin stórála bhreise a iniúchadh agus a fhorbairt. Chun sprioc an Aontais ***50*** milliún tona d'acmhainneacht insteallta $CO_2$ bhliantúil oibríochtúil a bhaint amach faoi 2030, ní mór don earnáil a rannchuidiú a chomhthiomsú chun a áirithiú go mbeidh gabháil agus stóráil carbóin mar réiteach aeráide ar fáil sula dtiocfaidh an t-éileamh. Chun a áirithiú go ndéanfar láithreáin stórála $CO_2$ a fhorbairt ar bhealach tráthúil costéifeachtach ar fud an Aontais i gcomhréir le cuspóir an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta, ba cheart ***do cheadúnaithe táirgthe ola agus gáis*** san Aontais rannchuidiú leis an sprioc sin ar bhonn pro rata dá n-***acmhainneacht mhonaraíochta ola agus gáis***, agus solúbthacht á soláthar an tráth céanna chun comhoibriú agus chun rannchuidiú eile ó thríú páirtithe a chur san áireamh.

*Leasú*

(15) Tríd na láithreáin stórála $CO_2$ a chuireann le sprioc 2030 an Aontais mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a shainiú, is féidir dlús a chur le forbairt láithreán stórála $CO_2$ agus é sin a éascú, agus is féidir an t-éileamh tionsclaíoch méadaithe maidir le láithreáin stórála a threorú i dtreo na láithreán stórála is costéifeachtaí. Tá méadú ag teacht ar líon na ngort gáis agus ola atá ag deireadh a saolré táirgthe úsáideach a d'fhéadfaí a thiontú ina láithreáin stórála $CO_2$. Anuas air sin, dhearbhaigh an tionscal ola agus gáis a dhiongbháilte atá sé tabhairt faoi aistriú fuinnimh agus tá na sócmhainní, na scileanna agus an t-eolas is gá aige chun láithreáin stórála bhreise a iniúchadh agus a fhorbairt. Chun sprioc ***shealadach*** an Aontais ***60*** milliún tona d'acmhainneacht insteallta $CO_2$ bhliantúil oibríochtúil a bhaint amach faoi 2030, ní mór don earnáil a rannchuidiú a chomhthiomsú chun a áirithiú go mbeidh gabháil agus stóráil carbóin mar réiteach aeráide ar fáil sula dtiocfaidh an t-éileamh***, agus an measúnú leordhóthanachta a rinneadh á chur san áireamh aige chun marthanacht na hacmhainne stórála agus na sprice sealadaí a mheas***. Chun a áirithiú go ndéanfar láithreáin stórála $CO_2$ a fhorbairt ar bhealach tráthúil costéifeachtach ar fud an Aontais i gcomhréir le cuspóir an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta, ba cheart ***d'oibreoirí eacnamaíocha a dhíolann táirgí peitriliam, gás nádúrtha nó gual*** san Aontas rannchuidiú leis an sprioc sin ar

| | |
|---|---|
| | bhonn pro rata dá ***n-astaíochtaí gás ceaptha teasa***, agus solúbthacht á soláthar an tráth céanna chun comhoibriú agus chun rannchuidiú eile ó thríú páirtithe a chur san áireamh. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Agus na cuspóirí sin á gcur san áireamh le chéile, agus é á chur san áireamh an tráth céanna go bhfuil acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais íseal i gcás gnéithe áirithe den slabhra soláthair (amhail inbhéartóirí, chomh maith le grianchealla, sliseoga, agus uingí le haghaidh fuinneamh fótavoltach gréine nó catóidí agus anóidí le haghaidh ceallraí), ba cheart d’acmhainneacht bhliantúil teicneolaíochtaí glan-nialasachta an Aontais díriú ar dhul i ngleic le cuspóir monaraíochta foriomlán bliantúil 40 % ar a laghad de na riachtanais maidir le himscaradh bliantúil le haghaidh na dteicneolaíochtaí a liostaítear ***san*** Iarscríbhinn faoi 2030 a bhaint amach nó a shárú. | (18) Agus na cuspóirí sin á gcur san áireamh le chéile, agus é á chur san áireamh an tráth céanna go bhfuil acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais íseal i gcás gnéithe áirithe den slabhra soláthair (amhail inbhéartóirí, chomh maith le grianchealla, sliseoga, agus uingí le haghaidh fuinneamh fótavoltach gréine nó catóidí agus anóidí le haghaidh ceallraí), ba cheart d’acmhainneacht bhliantúil teicneolaíochtaí glan-nialasachta an Aontais díriú ar dhul i ngleic le cuspóir monaraíochta foriomlán bliantúil 40 % ar a laghad de na riachtanais maidir le himscaradh bliantúil le haghaidh na dteicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn ***I*** faoi 2030 a bhaint amach nó a shárú. ***Mar sin féin, tá leibhéal suntasach acmhainneachta monaraíochta bainte amach ag roinnt teicneolaíochtaí cheana féin. I gcás na dteicneolaíochtaí sin, ba cheart tagarmharc níos airde a shocrú, i ndáil leis an acmhainneacht atá ann cheana.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***(43a) Leis an méadú ar phraghsanna CTA AE, tá méadú suntasach tagtha ar ioncaim ó CTA AE do na Ballstáit. Chun dícharbónú thionscal an Aontais a chur chun cinn, ba cheart do na Ballstáit méadú suntasach a dhéanamh ar a leithdháileadh ioncaim náisiúnta a eascraíonn as CTA AE chun tacú le dícharbónú an tionscail agus, dá bhrí sin, ba cheart dóibh díriú ar 25 % ar a laghad dá n-ioncam náisiúnta a eascraíonn as CTA AE a leithdháileadh chun tacú le cuspóirí an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leis an Rialachán seo, bunaítear creat beart chun acmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas a nuáil agus a uas-scálú chun tacú le sprioc 2030 an Aontais glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990 agus chun tacú le sprioc 2050 an Aontais maidir le haeráidneodracht, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2021/1119, agus chun rochtain an Aontais a áirithiú ar sholáthar slán inbhuanaithe de theicneolaíochtaí glan-nialasachta atá riachtanach chun athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a chosaint agus chun ***rannchuidiú*** le cruthú post ardcháilíochta. | 1. Leis an Rialachán seo, bunaítear creat beart chun acmhainneacht mhonaraíochta ***na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta atá ar fáil ar bhonn tráchtála agus teicneolaíochtaí nuálaíochta*** glan-nialasachta san Aontas a chomhordú, a nuáil agus a uas-scálú chun tacú le sprioc 2030 an Aontais glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990 agus chun tacú le sprioc 2050 an Aontais maidir le haeráidneodracht, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2021/1119, agus chun rochtain an Aontais a áirithiú ar sholáthar slán inbhuanaithe de theicneolaíochtaí glan-nialasachta***, lena n-áirítear comhpháirteanna agus innealra sonracha,*** atá riachtanach chun athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a chosaint, agus chun ***forbairt, tástáil agus bailíochtú teicneolaíochtaí nuálaíochta glan-nialasachta a chur chun cinn agus, san am céanna, rannchuidiú*** le cruthú post ardcháilíochta. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) maidir le hacmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí straitéiseacha glan-nialasachta san Aontas a liostaítear ***san*** Iarscríbhinn, go mbeidh sí, faoi 2030, ***ag teannadh le*** tagarmharc mar atá 40 % ar a laghad de riachtanais cur chun feidhme bhliantúla an Aontais le haghaidh na dteicneolaíochtaí comhfhreagracha is gá chun spriocanna 2030 aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach, ***nó*** go mbainfidh sí an tagarmharc sin amach; | (a) maidir le hacmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí straitéiseacha glan-nialasachta san Aontas a liostaítear in Iarscríbhinn ***I, lena n-áirítear na príomh-chomhpháirteanna agus innealra a theastaíonn chun iad a mhonarú,*** go mbainfidh sí amach, faoi 2030, tagarmharc mar atá 40 % ar a laghad de riachtanais cur chun feidhme bhliantúla an Aontais le haghaidh na dteicneolaíochtaí comhfhreagracha is gá chun spriocanna 2030 aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach; |
| | ***Faoin ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], tá tagarmharc de 30 % ar a laghad de riachtanais imscartha bhliantúla an Aontais sroichte cheana féin ag acmhainneacht mhonaraíochta teicneolaíochta geo-nialasaí straitéisí san Aontas a liostaítear in Iarscríbhinn I, déanfar an sprioc tagarmhairc don teicneolaíocht straitéiseach glan-nialasach sin a mhéadú 20 pointe céatadáin i ndáil lena feidhmíocht tagarmhairc reatha;*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) an chomhsheasmhacht le spriocanna, cuspóirí agus prionsabail aeráide agus chomhshaoil an Aontais, lena n-áirítear aistriú cóir agus cuimsitheach a bhaint amach;*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear in Airteagal 35, nach dócha go mbainfidh an tAontas na cuspóirí a leagtar amach i ***mír 1*** amach, déanfaidh sé measúnú ar indéantacht agus comhréireacht beart a mholadh nó a chumhachtaí a fheidhmiú ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbainfear na cuspóirí sin amach. | 3. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear in Airteagal 35, nach dócha go mbainfidh an tAontas na cuspóirí a leagtar amach san ***Airteagal seo*** amach, déanfaidh sé measúnú ar indéantacht agus comhréireacht beart a mholadh***, lena n-áirítear trí bhíthin togra reachtach,*** nó a chumhachtaí a fheidhmiú ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbainfear na cuspóirí sin amach. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ciallaíonn "teicneolaíochtaí glan-nialasachta" teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite[66]; teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus téimh; teaschaidéil; teicneolaíochtaí eangaí; teicneolaíochtaí breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch; teicneolaíochtaí maidir le breoslaí malartacha inbhuanaithe[67]; leictrealóirí agus breosla-chealla; ***ardteicneolaíochtaí chun fuinneamh a tháirgeadh ó phróisis núicléacha lena ngabhann íosmhéid dramhaíola ó thimthriall an bhreosla, ó imoibreoirí beaga modúlacha, agus ó bhreoslaí 'barr-rogha na haicme' gaolmhara;*** teicneolaíochtaí gabhála, ***úsáide*** agus stórála carbóin***; agus*** teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a | (a) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí glan-nialasacha' teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, ***eadhon, fuinneamh gaoithe, gréine (grianfhuinneamh teirmeach agus grianfhuinneamh fótavoltach), agus fuinneamh geoiteirmeach;*** teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus téimh; teaschaidéil; teicneolaíochtaí eangaí; ***fuinneamh glan bunaithe ar theicneolaíochtaí nuálacha uisce; bithbhreoslaí forbartha mar a shainmhínítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001;*** teicneolaíochtaí maidir le breoslaí in-athnuaite de thionscnaimh neamh-bhitheolaíoch, ***lena n-áirítear hidrigin lena n-úsáid in earnálacha nach féidir a leictriú go díreach;*** |

| | |
|---|---|
| bhaineann le córais fuinnimh. Tagraíonn siad do na táirgí deiridh, do na comhpháirteanna sonracha agus don innealra sonrach a úsáidtear go príomha chun na táirgí sin a tháirgeadh. Beidh leibhéal 8 na hullmhachta teicneolaí ar a laghad bainte amach acu. | teicneolaíochtaí maidir le breoslaí malartacha inbhuanaithe ***a chiallaíonn táirgeadh leictribhreosla le haghaidh eitlíochta agus loingseoireachta ó amóinia shintéiseach, meatánól sintéiseach, leacht H2 sintéiseach agus ceirisín sintéiseach;*** leictrealóirí agus breosla-chealla; teicneolaíochtaí gabhála, ***iompair*** agus stórála carbóin ***atá sábháilte don chomhshaol, gabháil dhíreach*** $CO_2$ ***ón atmaisféar ar dhóigh atá sábháilte don chomhshaol (DACS) agus CCU le stóráil shábháilte, inbhuanaithe agus bhuan*** $CO_2$***, go háirithe le haghaidh astaíochtaí próisis thionsclaíocha dhosheachanta;*** teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh***; teicneolaíochtaí monaraíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh agus ábhair a fheabhsú i bpróisis thionsclaíocha***. Tagraíonn siad do na táirgí deiridh ***atá ar fáil ar bhonn tráchtála***, do na comhpháirteanna sonracha agus don innealra sonrach a úsáidtear go príomha chun na táirgí sin a tháirgeadh. Beidh leibhéal 8 na hullmhachta teicneolaí ar a laghad bainte amach acu. |
| [66] ciallaíonn 'fuinneamh in-athnuaite' 'fuinneamh inathnuaite' mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn | [66] ciallaíonn 'fuinneamh in-athnuaite' 'fuinneamh inathnuaite' mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn |
| [67] ciallaíonn 'breoslaí malartacha inbhuanaithe' breoslaí a chumhdaítear leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe, COM/2021/561 final agus leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar COM/2021/562 final. | [67] ciallaíonn 'breoslaí malartacha inbhuanaithe' breoslaí a chumhdaítear leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe, COM/2021/561 final agus leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar COM/2021/562 final. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) ciallaíonn 'a úsáidtear go príomha' comhpháirteanna sonracha agus innealra sonrach, lena n-áirítear na comhpháirteanna sonracha agus an t-innealra sonrach a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia, i gcás ina n-úsáidtear íosmhéid 60 faoin gcéad den aschur chun teicneolaíochtaí glan-nialasacha a tháirgeadh; i gcás nach féidir é sin a léiriú, is féidir le húdarás inniúil comhpháirteanna sonracha agus innealra sonrach a cháiliú mar chomhpháirteanna sonracha agus innealra sonrach 'a úsáidtear go príomha' bunaithe ar fhianaise arna soláthar ag an tionscnóir tionscadail, amhail staidéir mhargaidh nó comhaontuithe ceannaigh tar éis formheas a fháil ón gCoimisiún gur féidir a mheas go n-úsáidtear na comhpháirteanna sonracha agus an t-innealra sonrach sin go príomha i gcomhthéacs an Rialacháin seo;*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha' teicneolaíochtaí ***a chomhlíonann an sainmhíniú ar 'theicneolaíochtaí glan-nialasachta', ach*** nach bhfuil ***leibhéal 8*** na hullmhachta ***teicneolaí ar a laghad bainte amach acu***, agus a bhfuil fíor-nuálaíocht ina cuid acu | (c) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí nuálacha glan-nialasachta' teicneolaíochtaí nach bhfuil ullmhacht don ***mhargadh bainte amach acu go fóill***, agus a chuimsíonn fíornuálaíocht ***a chuidíonn le spleáchais straitéiseacha a laghdú agus le cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint*** |

| | |
|---|---|
| ***nach bhfuil ar fáil ar an margadh faoi láthair agus*** atá forbartha a ndóthain chun tástáil a dhéanamh orthu i dtimpeallacht rialaithe. | ***amach trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh, ábhair nó acmhainní, trí chosc ar thruailliú, trí chiorclaíocht nó trí thionchar laghdaithe aeráide, agus atá*** forbartha go leor le tástáil a dhéanamh orthu i dtimpeallacht rialaithe ***gan an comhshaol ná an tsláinte phoiblí a chur i mbaol***. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe q**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (q) ciallaíonn 'acmhainneacht insteallta CO2' an méid bliantúil CO2 is féidir a instealladh i láithreán stórála geolaíoch oibríochtúil, a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE, chun astaíochtaí a laghdú nó chun aistrithe dé-ocsaíde carbóin a mhéadú, go háirithe ó shuiteálacha tionsclaíocha mórscála agus a thomhaistear i dtonaí in aghaidh na bliana; | (q) ciallaíonn 'acmhainneacht insteallta CO2' an méid bliantúil CO2 is féidir a instealladh i láithreán stórála geolaíoch oibríochtúil, ***amhail ola agus gáscheantair ídithe nó uiscígh salandaí***, a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE, chun astaíochtaí a laghdú nó chun aistrithe dé-ocsaíde carbóin a mhéadú, go háirithe ó shuiteálacha tionsclaíocha mórscála agus a thomhaistear i dtonaí in aghaidh na bliana; |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 - mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás nach mór measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh i gcomhréir ***le hAirteagail 5 go 9 de*** Threoir 2011/92/AE, iarrfaidh an tionscnóir tionscadail lena mbaineann tuairim ar an údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 4 ar raon feidhme agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise atá le háireamh sa tuarascáil maidir leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Airteagal 5(1) den Treoir sin. Áiritheoidh | 1. I gcás nach mór measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE, iarrfaidh an tionscnóir tionscadail lena mbaineann tuairim ar an údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 4 ar raon feidhme agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise atá le háireamh sa tuarascáil maidir leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Airteagal 5(1) den Treoir sin. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta go |

| | |
|---|---|
| an t-údarás inniúil náisiúnta go n-eiseofar an tuairim dá dtagraítear sa chéad fhomhír a luaithe is féidir agus laistigh de thréimhse ama nach faide ná ***30*** lá ón dáta a chuir an tionscnóir tionscadail a iarraidh isteach. | n-eiseofar an tuairim dá dtagraítear sa chéad fhomhír a luaithe is féidir agus laistigh de thréimhse ama nach faide ná ***20*** lá ***gan eisceacht*** ón dáta a chuir an tionscnóir tionscadail a iarraidh isteach***, ar choinníoll go n-áireofar san iarraidh sin an doiciméadacht uile is gá***. ***Cuirfidh na húdaráis inniúla liosta den doiciméadacht is gá ar fáil don tionscnóir tionscadail ag tús a n-iarrtha, beidh sé mar aidhm acu an próiseas a shruthlíniú agus treoir a thabhairt don tionscnóir tionscadail tríd an bpróiseas.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní dhéanfaidh cur i bhfeidhm an nós imeachta chomhpháirtigh nó an nós imeachta comhordaithe difear d'inneachar an mheasúnaithe tionchair ar an gcomhshaol.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta go n-eiseoidh na húdaráis lena mbaineann conclúid réasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (g)(iv) de Threoir 2011/92/AE maidir leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol laistigh de ***3 mhí*** tar éis dóibh an fhaisnéis uile ***is gá*** a bailíodh de bhun Airteagail 5, 6 agus 7 den Treoir sin a fháil agus na comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 den Treoir sin a | 3. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta go n-eiseoidh na húdaráis lena mbaineann conclúid réasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (g)(iv) de Threoir 2011/92/AE maidir leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol laistigh de ***80 lá*** tar éis dóibh an fhaisnéis uile a bailíodh de bhun Airteagail 5, 6 agus 7 den Treoir sin a fháil, ***a cáilíocht a fhíorú,*** agus na comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 den |

| | |
|---|---|
| thabhairt i gcrích. | Treoir sin a thabhairt i gcrích. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcásanna eisceachtúla, i gcás ina n-éilítear amhlaidh mar gheall ar chineál, castacht, suíomh nó méid an tionscadail atá beartaithe, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a fhadú go ceann 30 lá ar a mhéad, sula rachaidh siad in éag nó ar bhonn cás ar chás. Sa chás sin, cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) an tionscnóir tionscadail ar an eolas i scríbhinn faoi na cúiseanna lenar tugadh údarú leis an bhfadú agus faoin dáta a bhfuiltear ag dréim leis an gconclúid réasúnaithe.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh na tréimhsí chun dul i gcomhairle leis an bpobal lena mbaineann maidir leis an tuarascáil chomhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Threoir 2011/92/AE níos faide ná ***45*** lá. I gcásanna a thagann faoi Airteagal 6(4), an dara fomhír, ***cuirfear*** síneadh leis an tréimhse sin go dtí 90 lá. | 4. Ní bheidh na tréimhsí chun dul i gcomhairle leis an bpobal lena mbaineann maidir leis an tuarascáil chomhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Threoir 2011/92/AE níos faide ná ***80 lá ná níos giorra ná 40*** lá. I gcásanna a thagann faoi Airteagal 6(4), an dara fomhír, ***féadfar*** síneadh a chur leis an tréimhse sin go dtí 90 lá ***ar a mhéad ar bhonn cás ar chás***. ***Sa chás sin, cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta an tionscnóir tionscadail ar an eolas faoi na cúiseanna lena dtugtar*** |

| | |
|---|---|
| | ***údarú leis an síneadh. Cuirfear tús leis an gcomhairliúchán poiblí a luaithe a mheasfaidh an t-údarás inniúil riaracháin an comhad a chuir an tionscnóir tionscadail isteach a bheith iomlán agus déanfar é i gcomhthráth leis an measúnú ar an iarraidh ar thionscadal ag an údarás inniúil náisiúnta, agus na ceanglais maidir le dul i gcomhairle leis an bpobal lena mbaineann a leagtar amach i dTreoir 2011/92/AE á gcomhlíonadh agus torthaí an chomhairliúcháin phoiblí á gcur ar fáil don údarás inniúil.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. I gcás ina ndéanfadh tionscadal difear do limistéar ainmnithe Natura 2000, beidh an measúnú comhshaoil faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i dTreoir 92/43/CEE.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a n-údaráis inniúla náisiúnta agus údaráis eile de bhun Airteagal 6(1) de Threoir 2011/92/AE feistithe go leormhaith chun a gcuid oibleagáidí faoin Airteagal seo a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina n-áireofar i bpleananna forálacha maidir le forbairt tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, atá faoi réir measúnaithe de bhun Threoir 2001/42/CE agus de bhun Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE, déanfar na measúnuithe sin a chomhcheangal. I gcás inarb ábhartha, tabharfar aghaidh sa mheasúnú comhcheangailte sin freisin ar an tionchar ar dhobharlaigh a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh agus fíorófar an bhféadfadh an plean cosc a chur ar dhobharlach stádas maith nó poitéinseal maith a bhaint amach nó a bheith ina chúis le meathlú stádais nó poitéinsil dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2000/60/CE nó an bhféadfadh an plean bac a chur ar dhobharlach stádas maith nó poitéinseal maith a bhaint amach. I gcás ina gceanglaítear ar na Ballstáit ábhartha measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngníomhaíochtaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo ar an muirthimpeallacht, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí ar muir agus ar tír, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2014/89/AE, cumhdófar na tionchair sin leis an measúnú comhcheangailte freisin. | 2. I gcás ina n-áireofar i bpleananna forálacha maidir le forbairt tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta ***agus a mbonneagar a éilítear***, atá faoi réir measúnaithe de bhun Threoir 2001/42/CE agus de bhun Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE, déanfar na measúnuithe sin a chomhcheangal. I gcás inarb ábhartha, tabharfar aghaidh sa mheasúnú comhcheangailte sin freisin ar an tionchar ar dhobharlaigh a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh agus fíorófar ***an bhféadfadh*** na ***tionscadail shonracha faoin*** bplean cosc a chur ar dhobharlach stádas maith nó poitéinseal maith a bhaint amach nó a bheith ina chúis le meathlú stádais nó poitéinsil dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2000/60/CE nó an bhféadfadh an plean bac a chur ar dhobharlach stádas maith nó poitéinseal maith a bhaint amach. I gcás ina gceanglaítear ar na Ballstáit ábhartha measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngníomhaíochtaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo ar an muirthimpeallacht, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí ar muir agus ar tír, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2014/89/AE, cumhdófar na tionchair sin leis an measúnú comhcheangailte freisin. ***Ní dhéanfaidh an measúnú comhcheangailte difear d'ábhar ná do cháilíocht an mheasúnaithe agus déanfar é ar bhealach nach mbeidh síneadh ar na teorainneacha ama a leagtar amach sa Rialachán seo mar thoradh orthu.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tá na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar do na hoibleagáidí faoi ***Airteagail 6 agus 7 de*** Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, arna shíniú in Aarhus an 25 Meitheamh 1998, agus faoi Choinbhinsiún UNECE maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gComhthéacs Trasteorann, arna shíniú in Espoo an 25 Feabhra 1991. | 1. Tá na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar d’oibleagáidí Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, a síníodh in Aarhus an 25 Meitheamh 1998, agus faoi Choinbhinsiún UNECE maidir le measúnacht tionchair timpeallachta i gcomhthéacs trasteorann, a síníodh in Espoo an 25 Feabhra 1991. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar gach cinneadh a ghlacfar de bhun na Roinne seo agus Airteagail 12 ***agus 13*** a chur ar fáil go poiblí. | 2. Déanfar na cinntí uile a ghlacfar de bhun na Roinne seo agus Airteagail 12***, 13, 14 agus 21*** a chur ar fáil go poiblí ***ar bhealach sothuigthe agus beidh na cinntí uile maidir le tionscadal amháin ar fáil ó fhoinse aonair***. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a chomhfhreagraíonn do theicneolaíocht a liostaítear san Iarscríbhinn agus atá lonnaithe san Aontas a rannchuidíonn le | 1. Maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a chomhfhreagraíonn do theicneolaíocht a liostaítear san Iarscríbhinn agus atá lonnaithe san Aontas a rannchuidíonn le |

| | |
|---|---|
| baint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán seo agus a chomhlíonann ***ceann amháin ar a laghad de*** na critéir seo a leanas, déanfaidh na Ballstáit iad a aithint mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta: | baint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán seo***, lena n-áirítear na spriocanna aeráide mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) 2021/1119,*** agus a chomhlíonann na critéir seo a leanas: |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) monaraíonn sé teicneolaíochtaí lena ngabhann inbhuanaitheacht ***agus feidhmíocht*** fheabhsaithe; | (ii) monaraítear leis teicneolaíochtaí lena mbaineann ***gnéithe*** feabhsaithe inbhuanaitheachta ***comhshaoil nó ciorclaíochta, go háirithe maidir le hathúsáid agus athchúrsáil***; |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe b – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) úsáideann sé cleachtais mhonaraíochta chuimsitheacha ísealcharbóin agus chiorclacha, lena n-áirítear aisghabháil teasa iarmharaigh**.** | (iv) úsáideann sé cleachtais mhonaraíochta chuimsitheacha ísealcharbóin, ***inbhuanaithe, tíosach ar acmhainní*** agus chiorclacha, lena n-áirítear aisghabháil teasa iarmharaigh***, éifeachtúlacht fuinnimh agus ábhair agus ag a bhfuil lorg carbóin níos ísle ná meán an tionscail;*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe b – pointe iv a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***(iva) tá sé ailínithe le hoibleagáidí an tionscnóra faoi Airteagal 15 de Threoir (AE) .../... [2022/0051(COD)].*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) comhlíonann an tionscadal monaraíochta glan-nialasach an prionsabal 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 de bhun na gcritéar scagtha teicniúil a leagtar amach sna Gníomhartha Tarmligthe maidir leis an gComhshaol agus leis an Aeráid le haghaidh na hearnála monaraíochta comhfhreagraí;*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) rannchuidíonn an tionscadal stórála CO2 le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí próisis thionsclaíocha dosheachanta a fhanann tar éis na dteicnící is fearr atá ar fáil agus tar éis gach beart laghdaithe astaíochtaí ó thaobh an éilimh de a bheith curtha i bhfeidhm go follasach;*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – pointe b c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bc) ní stórálann an tionscadal stórála $CO_2$ astaíochtaí arna nginiúint ag oibreoirí eacnamaíocha a dhíolann táirgí peitriliam, gás nádúrtha nó gual san Aontas;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – pointe b d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bd) tá sé d'aidhm ag an tionscadal stórála $CO_2$ astaíochtaí $CO_2$ a stóráil go hinbhuanaithe, go sábháilte agus go buan;*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na húdaráis inniúla náisiúnta gurb é an toradh a bheidh ar an easpa freagartha ó na comhlachtaí riaracháin ábhartha laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme dá dtagraítear san Airteagal seo go measfar go bhfuil na céimeanna idirmheánacha sonracha formheasta, ach amháin i gcás ina bhfuil an tionscadal sonrach faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Threoir 92/43/CEE ón gComhairle nó Threoir 2000/60/CE, Threoir 2008/98/CE, Threoir 2009/147/CE, Threoir 2010/75/AE, 2011/92/AE nó Threoir 2012/18/AE nó cinneadh i dtaobh an bhfuil gá le measúnú den sórt sin ar an tionchar ar an gcomhshaol ***agus*** nach ndearnadh ***na measúnuithe ábhartha lena mbaineann*** | 4. Áiritheoidh na húdaráis inniúla náisiúnta gurb é an toradh a bheidh ar an easpa freagartha ó na comhlachtaí riaracháin ábhartha laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme dá dtagraítear san Airteagal seo go measfar go bhfuil na céimeanna idirmheánacha sonracha formheasta, ach amháin i gcás ina bhfuil an tionscadal sonrach faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Threoir 92/43/CEE ón gComhairle nó Threoir 2000/60/CE, Threoir 2008/98/CE, Threoir 2009/147/CE, Threoir 2010/75/AE, 2011/92/AE nó Threoir 2012/18/AE nó ***nach*** ndearnadh cinneadh go fóill i dtaobh an bhfuil gá le measúnú den sórt sin ar an tionchar ar an gcomhshaol, nó i gcás nach ann do |

| | |
|---|---|
| go fóill, nó i gcás nach ann do phrionsabal an fhormheasa intuigthe riaracháin sa chóras dlí náisiúnta. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil sin maidir le cinntí críochnaitheacha i dtaca le toradh an phróisis, ar cinntí iad atá le bheith sainráite. Cuirfear na cinntí uile ar fáil go poiblí. | phrionsabal an fhormheasa intuigthe riaracháin sa chóras dlí náisiúnta***. I gcás ina dtarlaíonn easpa freagartha ó na comhlachtaí riaracháin ábhartha go minic, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag na comhlachtaí chun freagairt laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme d'iarrataí amach anseo***. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil sin maidir le cinntí críochnaitheacha i dtaca le toradh an phróisis, ar cinntí iad atá le bheith sainráite. Cuirfear na cinntí uile ar fáil go poiblí. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 15a*** |
| | ***Teicneolaíochtaí glan-nialasachta a mhaoiniú*** |
| | ***Gan dochar d'fhorálacha ábhartha Threoir 2003/87/CE, tuairisceoidh na Ballstáit go bliantúil ar chéatadán na n-ioncam náisiúnta a ghintear ó lamháltais a chur ar ceant de bhun Airteagal 10(3) den Treoir sin a úsáidtear chun tacú le cuspóirí an Rialacháin seo maidir leis na teicneolaíochtaí straitéiseacha glan‑nialasacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, d'fhonn 25 % ar a laghad a bhaint amach.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 - mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| Bainfear acmhainneacht insteallta bhliantúil ***50*** milliún tona $CO_2$ ar a laghad amach faoi 2030***,*** i láithreáin stórála atá lonnaithe i gcríoch an Aontais Eorpaigh, ina limistéir eacnamaíocha eisiacha nó ar a scairbh ilchríochach de réir bhrí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus nach ndéanfar a chomhcheangal le gnóthú hidreacarbón faoi spreagadh. | Bainfear acmhainneacht insteallta bhliantúil***, a bhfuil sprioc shealadach 60*** milliún tona $CO_2$ ar a laghad amach***, agus rochtain tosaíochta d'astaíochtaí próisis thionsclaíocha dhosheachanta*** faoi 2030, i láithreáin stórála***, a chiallaíonn láithreáin stórála gheolaíocha a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE, lena n-áirítear ola agus gáscheantair ídithe agus uiscígh salandaí,*** atá lonnaithe i gcríoch an Aontais Eorpaigh, ***LEE, nó*** ina limistéir eacnamaíocha eisiacha nó ar a scairbh ilchríochach de réir bhrí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) agus nach ndéanfar a chomhcheangal le Gnóthú Hidreacarbón Faoi Spreagadh (EHR). ***Beidh an sprioc shealadach faoi réir oiriúnaithe agus beidh sí ceangailteach i gcomhréir le torthaí an mheasúnaithe leordhóthanachta dá bhforáiltear in Airteagal 17(2a) den Rialachán seo;*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil, a mbeidh togra reachtach ag gabháil léi más iomchuí, chun acmhainneacht nua bhliantúil insteallta $CO_2$ a bhunú a bheidh le baint amach idir 2030 agus 2040 faoin... [3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar bhonn na sonraí arna bhfáil faoi Airteagal 17 agus faoi Airteagal 18.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) sonraí a chur ar fáil go poiblí maidir le limistéir inar féidir láithreáin stórála CO2 a cheadú ar a gcríoch. | (a) sonraí a chur ar fáil go poiblí maidir le limistéir inar féidir láithreáin stórála $CO_2$ a cheadú ar a gcríoch ***agus i gcás inar eisíodh ceadanna nó ceadanna taiscéalaíochta***. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) oibleagáid a chur ar eintitis a bhfuil údarú acu mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 3, de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[71] ar a gcríoch na sonraí geolaíocha go léir a bhaineann le láithreáin táirgthe a díchoimisiúnaíodh nó ar tugadh fógra faoina dhíchoimisiúnú don údarás inniúil a chur ar fáil go poiblí. | (b) oibleagáid a chur ar eintitis a bhfuil údarú acu mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 3, de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar a gcríoch na sonraí geolaíocha go léir a bhaineann le láithreáin táirgthe a díchoimisiúnaíodh nó ar tugadh fógra faoina dhíchoimisiúnú don údarás inniúil a chur ar fáil go poiblí***, agus réamh-mheasúnuithe eacnamaíocha ar na costais faoi seach maidir le hinstealladh*** $CO_2$ ***a chumasú ar gach láithreán, lena n-áirítear sonraí maidir le:*** |
| [71] Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón (IO L 164, 30.6.1994, lch. 3). | [71] Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón (IO L 164, 30.6.1994, lch. 3). |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe b – pointe i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***(i) cé acu atá nó nach bhfuil an láithreán oiriúnach chun $CO_2$ a instealladh agus a stóráil ar bhealach inbhuanaithe, sábháilte agus buan;*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe b – pointe ii (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii) cé acu atá nó nach bhfuil bonneagar iompair agus modhanna iompair atá oiriúnach chun $CO_2$ a iompar go sábháilte chun an láithreáin ar fáil nó ar féidir iad a thógáil;*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) Chun críocha phointe (a), áireofar sna sonraí an fhaisnéis a iarrtar san Fhógra ón gCoimisiún maidir le Treoir do na Ballstáit i ndáil le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide 2021-2030 a nuashonrú, ar a laghad. | (c) Chun críocha phointe (a), áireofar sna sonraí an fhaisnéis a iarrtar san Fhógra ón gCoimisiún maidir le Treoir do na Ballstáit i ndáil le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide 2021-2030 a nuashonrú, ar a laghad ***agus a nuashonruithe ina dhiaidh sin*** <br> ***Cuirfear sonraí nuashonraithe ar fáil go poiblí gach 5 bliana ar a laghad.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i | 2. Laistigh de 6 mhí tar éis theacht i |

| | |
|---|---|
| bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh gach Ballstát tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ina dtabharfar tuairisc ar an méid seo a leanas: | bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh gach Ballstát tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ***agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí í*** ina dtabharfar tuairisc ar an méid seo a leanas: |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tionscadail gabhála $CO_2$ atá ar siúl agus meastachán ar na riachtanais chomhfhreagracha maidir le hacmhainneachtaí insteallta agus stórála; | (a) ***mapáil ar*** thionscadail gabhála $CO_2$ atá idir lámha ***ar a chríoch nó i gcomhar le Ballstáit eile*** agus meastachán ar na riachtanais chomhfhreagracha maidir le hacmhainneachtaí insteallta agus stórála***, lena ndéanfar idirdhealú soiléir idir na tionscadail sin a bhfuil astaíochtaí próisis thionsclaíocha dosheachanta á ngabháil acu***; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tionscadail stórála $CO_2$ atá ar siúl ar a chríoch, lena n-áirítear stádas an cheadaithe faoi Threoir 2009/31/CE, dátaí a bhfuil coinne le Cinneadh Críochnaitheach Infheistíochta agus le teacht i ngníomh; | (b) ***mapáil ar*** thionscadail stóráil ***agus iompar*** $CO_2$ atá ar siúl ar a chríoch, lena n-áirítear stádas an cheadaithe faoi Threoir 2009/31/CE, dátaí a bhfuil coinne le Cinneadh Críochnaitheach Infheistíochta agus le teacht i ngníomh; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na bearta náisiúnta tacaíochta náisiúnta ***a d'fhéadfaí*** a ghlacadh chun tionscadail dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a spreagadh***.*** | (c) ***straitéis náisiúnta maidir le gabháil agus, i gcás inarb infheidhme, stóráil agus iompar*** $CO_2$***, lena dtugtar tosaíocht d'astaíochtaí próisis thionsclaíocha dosheachanta a ghabháil, a stóráil agus a iompar, chun rannchuidiú le sprioc bhliantúil an Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta, lena n-áirítear spriocanna náisiúnta, agus*** na bearta náisiúnta tacaíochta ***a glacadh agus a glacfar*** chun na tionscadail dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) a spreagadh***;*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) in éagmais tionscadail stórála*** $CO_2$ ***atá ar siúl nó atá beartaithe ar a chríoch, na bearta tacaíochta le haghaidh conairí malartacha dícharbónaithe d'earnálacha tionscail a ghineann astaíochtaí dosheachanta*** $CO_2$***, amhail tionscadail iompair trasteorann*** $CO_2$ ***chuig láithreáin stórála*** $CO_2$ ***i mBallstáit eile;*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) socruithe, lena n-áirítear comhaontuithe déthaobhacha, chun rochtain neamh-idirdhealaitheach agus chothrom ar bhonneagar iompair trasteorann*** $CO_2$ ***a éascú, más infheidhme.*** |

***Cuirfear na tuarascálacha sin ar fáil go poiblí.***

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach 12 mhí ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún measúnú leordhóthanachta stórála agus acmhainneachta insteallta $CO_2$, agus úsáid á baint go háirithe as an bhfaisnéis arna bailiú de bhun Airteagal 17(2) agus Airteagal 18(6).*** |
| | ***Leis an measúnú leordhóthanachta sin, déanfar an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) anailís mhionsonraithe a sholáthar ar na heasnaimh gheografacha agus ama idir na láithreáin stórála $CO_2$ atá ann cheana agus atá beartaithe agus na tionscadail ghabhála $CO_2$ maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó shuiteálacha tionsclaíocha laistigh den Aontas;*** |
| | ***(b) an príomhbhonneagar is gá chun astaíochtaí $CO_2$ ó shuiteálacha tionsclaíocha a iompar agus a stóráil a shainaithint, ar an mbealach is éifeachtúla ó thaobh an chomhshaoil agus na freagrachta sóisialta de agus ar an mbealach is costéifeachtaí ar fud an Aontais;*** |
| | ***(c) an sprioc shealadach maidir leis an acmhainneacht riachtanach insteallta $CO_2$ atá le forbairt san Aontas a oiriúnú agus sprioc cheangailteach a leagan síos chun buanstóráil astaíochtaí $CO_2$ ó shuiteálacha tionsclaíocha a chumasú faoi 2030.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rannchuidiú ***táirgeoirí údaraithe ola agus gáis*** | Rannchuidiú ***oibreoirí eacnamaíocha a thairgeann táirgí peitriliam, gás nádúrtha nó gual ar mhargadh an Aontais*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh gach ***eintiteas a bhfuil údarú aige mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 3, de Threoir 94/22/CE*** faoi réir rannchuidiú aonair leis an sprioc uile-Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta $CO_2$ atá ar fáil a leagtar amach in Airteagal 16. Déanfar na rannchuidithe sin a ríomh ar bhonn pro rata ar bhonn sciar gach eintitis de ***tháirgeadh amhola agus gáis nádúrtha*** an Aontais ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023 agus is éard a bheidh iontu acmhainneacht insteallta $CO_2$ i láithreán stórála a cheadaítear i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus atá ar fáil don mhargadh faoi 2030. | 1. Beidh gach ***oibreoir eacnamaíoch a thairgeann táirgí peitriliam, gás nádúrtha nó gual ar mhargadh an Aontais*** faoi réir rannchuidiú aonair leis an sprioc uile-Aontais maidir le hacmhainneacht insteallta $CO_2$ atá ar fáil a leagtar amach in Airteagal 16. Déanfar na rannchuidithe sin a ríomh ar bhonn pro rata ar bhonn sciar gach eintitis maidir le h***astaíochtaí gás ceaptha teasa a eascraíonn as dóchan an mhéid táirgí breosla iontaise a thairgtear ar mhargadh an Aontais*** ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023 agus is éard a bheidh iontu acmhainneacht insteallta $CO_2$ i láithreán stórála a cheadaítear i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus atá ar fáil don mhargadh faoi 2030. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Laistigh de 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh na Ballstáit na heintitis dá dtagraítear i mír 1 agus a dtoirteanna ***i dtáirgeadh*** amhola ***agus*** gáis nádúrtha ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023 a shainaithint agus a thuairisciú don Choimisiún Eorpach. | 2. Laistigh de 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh na Ballstáit na heintitis dá dtagraítear i mír 1 agus a dtoirteanna in amhola***,*** gás nádúrtha ***agus gual a chuirtear ar mhargadh an Aontais*** ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2023 a shainaithint agus a thuairisciú don Choimisiún Eorpach. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Beidh eintitis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo in ann a rannchuidiú aonair leis an sprioc uile-Aontais a bhaint amach maidir leis an acmhainneacht insteallta $CO_2$ atá ar fáil freisin tríd an acmhainn insteallta atá ar fáil i láithreáin stórála atá suite i dtír chomharsanachta a chuireann na ceanglais dhlíthiúla chéanna i bhfeidhm agus a chuireann i bhfeidhm na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2009/31/CE, de bhun comhaontú dlíthiúil a daingníodh idir an tríú tír sin agus an tAontas.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tar éis don Choimisiún na tuarascálacha arna gcur isteach de bhun Airteagal 17(2) a fháil agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, sonróidh sé an sciar den rannchuidiú le cuspóir an Aontais mar | 3. Tar éis don Choimisiún na tuarascálacha arna gcur isteach de bhun Airteagal 17(2) a fháil agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, sonróidh sé ***agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí laistigh de*** |

atá an acmhainneacht insteallta CO2 faoi 2030 ó eintitis dá dtagraítear i mír 1.

***6 mhí*** an sciar den rannchuidiú le cuspóir an Aontais mar atá an acmhainneacht insteallta $CO_2$ faoi 2030 ó eintitis dá dtagraítear i mír 1.

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin, cuirfidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 plean faoi bhráid an Choimisiúin ina sonrófar an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu a rannchuidiú le cuspóir an Aontais mar atá an acmhainneacht insteallta CO2 a bhaint amach faoi 2030. Sna pleananna sin: | 4. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin, cuirfidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 plean faoi bhráid an Choimisiúin ***agus cuirfidh siad ar fáil go poiblí é***, ina sonrófar an chaoi a bhfuil sé beartaithe acu a rannchuidiú ***aonair*** le cuspóir an Aontais mar atá an acmhainneacht insteallta $CO_2$ a bhaint amach faoi 2030. Sna pleananna sin: |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) sonrófar na modhanna agus na garspriocanna chun an spriocthoirt a bhaint amach**.** | (b) sonrófar na modhanna agus na garspriocanna chun an spriocthoirt a bhaint amach***, lena n-airítear foinsí gabhála $CO_2$;*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 4 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a n-áirithíonn an t-eintiteas go*** |

***bhfuil na coinníollacha maidir le haon socruithe tráchtála le tríú páirtithe maidir le $CO_2$ a ghabháil, a stóráil agus a iompar cothrom agus neamh-idirdhealaitheach;***

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 –mír 4 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a n-áirithíonn an t-eintiteas go dtabharfar rochtain tosaíochta d'astaíochtaí próisis thionsclaíocha dosheachanta.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 5 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tionscadail stórála CO2 a fhorbairt ina n-aonar nó i gcomhar le chéile; | (a) tionscadail stórála $CO_2$ a fhorbairt ina n-aonar nó i gcomhar le chéile ***nó infheistíocht a dhéanamh iontu***; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 5 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) comhaontuithe a dhéanamh le forbróirí tionscadal stórála tríú páirtí nó le hinfheisteoirí chun a rannchuidiú a chomhlíonadh. | (c) comhaontuithe a dhéanamh le forbróirí tionscadal stórála***, gabhála agus iompair*** tríú páirtí nó le hinfheisteoirí chun a rannchuidiú a chomhlíonadh. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Léireoidh na heintitis sábháilteacht agus buaine a láithreán stórála $CO_2$, lena n-áirítear sábháilteacht iompair $CO_2$ chuig an láithreán, trí fhíorú neamhspleách tríú páirtí agus comhlíonfaidh siad ceanglais slándála airgeadais Threoir 2009/31/CE.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin agus gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ina sonrófar an dul chun cinn atá déanta acu maidir lena rannchuidiú a chomhlíonadh. Déanfaidh an Coimisiún na tuarascálacha sin a fhoilsiú. | 6. 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin agus gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 tuarascáil faoi bhráid ***údarás inniúil na mBallstát agus an*** Choimisiúin ina sonrófar an dul chun cinn atá déanta acu maidir lena rannchuidiú a chomhlíonadh***, lena n-áirítear costais ghaolmhara. Áireofar sa tuarascáil sin mionsonraí maidir leis an acmhainneacht instealltа nua arna coimisiúnú, an méid den acmhainneacht sin atá á húsáid, na foinsí $CO_2$ atá á stóráil agus forléargas ar indéantacht eacnamaíoch na n-acmhainneachtaí instealltа atá beartaithe agus moltaí do na Ballstáit maidir leis na bearta breise is gá chun cuspóir instealltа $CO_2$ a bhaint amach***. Déanfaidh an Coimisiún na tuarascálacha sin a fhoilsiú. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhlíonadh cheanglais na Caibidle sin ag na heintitis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. Sa mheasúnú sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh forbairt na módúlachtaí iompair $CO_2$ a ghabhann leis na láithreacha insteallta chomh maith le forbairt gníomhaíochtaí gabhála carbóin chun an t-éileamh ar instealladh $CO_2$ a sholáthar.*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 7 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) Liosta na n-earnálacha a bhfuil astaíochtaí próisis thionsclaíocha dosheachanta acu ó shuiteálacha tionsclaíocha ar mhórscála, nach bhfuil aon roghanna díreacha laghdaithe astaíochtaí ar fáil ina leith tar éis na teicnící is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm, a dtabharfar tosaíocht dóibh do na tionscadail stórála $CO_2$ sa Chaibidil seo, bunaithe ar mhodheolaíocht shoiléir lena gcuirtear san áireamh fianaise eolaíoch, staid na dteicneolaíochtaí ábhartha reatha, chomh maith le bearta iomchuí chun astaíochtaí a laghdú ó thaobh an éilimh de. Déanfar an liosta a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta gach 5 bliana ar a laghad chun forbairtí ábhartha eolaíocha nó teicneolaíocha a chur san áireamh.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 7 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***7a. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir le pionóis athchomhairleacha is infheidhme maidir leis na heintitis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcás ina sárófar forálacha mhíreanna 1, 4, 5 agus 5a den Airteagal seo agus tabharfaidh siad fógra faoi na rialacha sin don Choimisiún laistigh de thrí mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Airteagal 18a*** |
| | ***Creat rialála don mhargadh le haghaidh iompar agus stóráil $CO_2$*** |
| | ***Laistigh de 1 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, glacfaidh an Coimisiún togra reachtach, de réir na bprionsabal a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr agus lena n-áirítear measúnú tionchair, chun creat rialála a bhunú le haghaidh margadh uile-Aontais um ghabháil, stóráil agus iompar $CO_2$ chun na rialacha a leagtar amach i dTreoir 2009/31/CE a chomhlánú, lena leagtar síos rialacha maidir leis an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) rochtain agus sábháilteacht líonra stórála agus iompair $CO_2$ ar bhealach oscailte, cothrom agus neamh-idirdhealaitheach;*** |
| | ***(b) feidhmiú agus idirnasc líonra iompair $CO_2$ mar aon le bonneagar eile ar fud an Aontais;*** |

***(c) dreasachtaí eacnamaíocha, sásraí cistiúcháin agus cúnaimh airgeadais;***

***(d) caighdeáin sonraíochta maidir le stóráil agus iompar $CO_2$;***

***(e) caighdeáin chomhshaoil;***

***(f) sásraí forfheidhmithe.***

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh na Ballstáit an Rialachán seo san áireamh agus a bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus na nuashonruithe orthu á n-ullmhú acu, pleananna agus nuashonruithe arna gcur isteach de bhun Airteagail 3, 9 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ngné den Aontas Fuinnimh mar atá 'taighde, nuálaíocht agus iomaíochas', agus ina dtuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin. | Cuirfidh na Ballstáit an Rialachán seo san áireamh agus a bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus na nuashonruithe orthu á n-ullmhú acu, pleananna agus nuashonruithe arna gcur isteach de bhun Airteagail 3, 9 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, ***agus áireoidh siad anailís mhionsonraithe ar a ndul chun cinn i dtreo na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán seo agus bearta a dhéanfar amach anseo chun na cuspóirí sin a bhaint amach, lena n-áirítear trí chomhar trasteorann***, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ngné den Aontas Fuinnimh mar atá 'taighde, nuálaíocht agus iomaíochas', agus ina dtuarascálacha débhliantúla ar dhul chun cinn a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin. ***Go háirithe, sainaithneoidh na Ballstáit bearta chun taighde, forbairt agus nuálaíocht a chur chun cinn d'fhonn:*** |
| | ***(a) astaíochtaí dosheachanta $CO_2$ ó earnálacha dianfhuinnimh a íoslaghdú agus a fhrithchothromú;*** |
| | ***(b) feabhas a chur ar ghnéithe inbhuanaitheachta comhshaoil agus ciorclaíochta na n-acmhainneachtaí monaraíochta maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasacha straitéiseacha, go háirithe maidir le breithnithe athúsáide,*** |

***athchúrsála agus éifeachtúlachta acmhainní;***

***(c) feabhas a chur ar fheidhmíocht na dteicneolaíochtaí sin i gcomparáid leis na teicneolaíochtaí urscothacha san Aontas chun ceannaireacht dhomhanda a choinneáil.***

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar an méid seo a leanas: | 1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar thorthaí an fhaireacháin sin ***agus cuirfidh sé ar fáil go poiblí iad*** ar bhonn leanúnach: |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Dul chun cinn an Aontais maidir le cuspóirí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1, agus tionchar gaolmhar an Rialacháin seo; | (a) Dul chun cinn an Aontais maidir le cuspóirí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1, agus tionchar gaolmhar an Rialacháin seo***, lena n-áirítear a chomhsheasmhacht le ceanglais an phrionsabail 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' de réir bhrí Rialachán (AE) 2020/852;*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (b) an dul chun cinn maidir le cuspóir ar leibhéal an Aontais mar atá acmhainneacht insteallta $CO_2$ dá dtagraítear in Airteagal 16. | (b) an dul chun cinn maidir le cuspóir acmhainneacht insteallta $CO_2$ ar leibhéal an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 16***, atá le foilsiú gach dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus lena n-áirítear:*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe b – pointe i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(i) forléargas ar raon geografach na láithreán stórála ar fud an Aontais;*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe b – pointe ii (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii) measúnú leordhóthanachta ar acmhainneacht stórála agus insteallta*** $CO_2$ ***lena soláthraítear anailís mhionsonraithe ar leordhóthanachtaí geografacha agus ama na láithreán stórála*** $CO_2$ ***atá beartaithe agus na gcinn atá ann cheana;*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe b – pointe iii (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii) aitheantas an bhonneagair is gá le haghaidh iompar agus stóráil*** $CO_2$ ***ar fud an Aontais;*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) an dul chun cinn i ndáil leis an measúnú dá dtagraítear in Airteagal 8(2) maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasacha a fhorbairt chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1(2), pointe (a) a bhaint amach;*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 –mír 1 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) dul chun cinn an Aontais maidir le gach teicneolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (a), agus in Iarscríbhinn I, atá le foilsiú gach dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus lena n-áirítear meastóireacht i dtaobh an bhfuil an liosta de theicneolaíochtaí straitéiseacha agus de theicneolaíochtaí glan-nialasacha oiriúnach don fheidhm;*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe b c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bc) leordhóthanacht chumas riaracháin na mBallstát chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh na Ballstáit agus na húdaráis náisiúnta a ainmneoidh siad chun na críche sin sonraí agus fianaise eile is gá de bhun mhír 1, pointí (a) agus (b) a bhailiú agus a sholáthar. Déanfaidh siad sonraí maidir leis na nithe seo a leanas a bhailiú ***agus*** a thuairisciú don Choimisiún gach bliain go háirithe: | 2. Déanfaidh na Ballstáit agus na húdaráis náisiúnta a ainmneoidh siad chun na críche sin sonraí agus fianaise eile is gá de bhun mhír 1, pointí (a) agus (b) a bhailiú agus a sholáthar. Déanfaidh siad sonraí maidir leis na nithe seo a leanas a bhailiú, a thuairisciú don Choimisiún ***agus a chur ar fáil go poiblí*** gach bliain go háirithe: |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) éifeacht tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasacha, tionscadal straitéiseach glan-nialasach agus, i gcás inarb infheidhme, boscaí gainimh rialála glan-nialasacha ar an mbithéagsúlacht, i gcás ina mbeidh fáil uirthi bunaithe ar an bhfaisnéis a bailíodh le linn na measúnuithe comhshaoil a rinneadh sa phróiseas ceadaithe agus sa chás sin amháin.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn – ró 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Teicneolaíochtaí maidir le ***bithghás/bithmheatán*** inbhuanaithe | 6. Teicneolaíochtaí ***breoslaí malartacha*** inbhuanaithe ***a chiallaíonn*** |

| | |
|---|---|
| | ***táirgeadh breosla leictreonaigh le haghaidh eitlíochta agus loingseoireachta ó amóinia shintéiseach, meatánól sintéiseach, leacht H2 sintéiseach agus ceirisín sintéiseach*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn – ró 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Teicneolaíochtaí Gabhála agus Stórála Carbóin (CCS) | 7. Teicneolaíochtaí Gabhála agus Stórála Carbóin (CCS)***, lena n-áirítear teicneolaíochtaí Dírghabhála agus Stórála Aeir (DACS)*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

| ***Comhpháirteanna*** | ***Cóimeálacha / táirgí deiridh*** |
|---|---|
| ***Buanmhaighnéid*** | ***Tuirbíní gaoithe*** |
| ***Lanna*** | |
| ***Cásáil naoisile*** | |
| ***Giarbhosca*** | |
| ***Sloic*** | |
| ***Gineadóir cumhachta*** | |
| ***Imthacaí*** | |
| ***Túr*** | |
| ***Uingí sileacain*** | ***Painéil Gréine PV*** |
| ***Sliseoga sileacain*** | |
| ***Griancheallal*** | |
| ***Modúil*** | |

| | |
|---|---|
| ***Inbhéartóir*** | |
| ***Bosca comhchumair*** | |
| ***Frámaí*** | |
| ***Nascóirí*** | |
| ***Comhbhrúiteoir*** | ***Teaschaidéil*** |
| ***Rialú leictreonach*** | |
| ***Malartóir teasa*** | |
| ***Umair & sorcóirí uisce the*** | |
| ***Comhlaí*** | |
| ***Caidéil*** | |
| ***Gaothráin*** | |
| ***Píobobair*** | |
| ***Anóidí*** | ***Teicneolaíochtaí ceallra ian litiam*** |
| ***Catóidí*** | |
| ***Leictrilítí*** | |
| ***Deighilteoirí*** | |
| ***Anóidí*** | ***Leictrealóirí*** |
| ***Catóidí*** | |
| ***Catalaígh*** | |
| ***Scannáin*** | |
| ***Leictrilítí*** | |
| ***Plátaí dépholacha*** | |
| ***Anóidí*** | ***Breosla-chealla*** |
| ***Catóidí*** | |
| ***Leictrilítí*** | |
| ***Catalaígh*** | |
| ***Plátaí dépholacha*** | |
| ***Séaltáin chille*** | |
| ***Seoltóirí, túir, inslitheoirí*** | ***Teicneolaíochtaí maidir le heangacha leictreachais*** |
| ***Claochladáin*** | |
| ***Lascthrealamh*** | |
| ***Scoradáin chiorcaid*** | |
| ***Bainc toillte, barraí bus*** | |
| ***Painéil*** | ***Grianfhuinneamh teirmeach*** |
| ***Píopaí*** | |
| ***Umair*** | |
| ***Gléasra dírithe grianteasa: scátháin, lionsaí, túr (i gcás salann leáite),*** | |

| | |
|---|---|
| ***malartóir teasa, inneall teasa*** | |
| ***Gineadóir cumhachta*** | |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasach na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasach) |
| **Tagairtí** | COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>8.5.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>8.5.2023 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 15.6.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Tiemo Wölken<br>20.4.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 5.6.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 20.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 54<br>–: 14<br>0: 7 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Catherine Amalric, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Hildegard Bentele, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Maria Angela Danzì, Esther de Lange, Christian Doleschal, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Agnès Evren, Pietro Fiocchi, Heléne Fritzon, Gianna Gancia, Andreas Glueck, Catherine Griset, Teuvo Hakkarainen, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Yannick Jadot, Karin Karlsbro, Peter Liese, Sylvia Limmer, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Marina Mesure, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Ljudmila Novak, Nikos Papandreou, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Erik Poulsen, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Silvia Sardone, Christine Schneider, Ivan Vilibor Sinčić, Maria Spyraki, Nils Torvalds, Achille Variati, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Beatrice Covassi, Anna Deparnay-Grunenberg, Danilo Oscar Lancini, Marisa Matias, Manuela Ripa, Michèle Rivasi, Christel Schaldemose, Grzegorz Tobiszowski, Nikolaj Villumsen, Sarah Wiener, Jadwiga Wiśniewska |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Frances Fitzgerald, Alexandra Geese, Jens Geier, Francisco Guerreiro, Hannes Heide, Erik Marquardt, Johan Nissinen, Thomas Rudner |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 54 | + |
|---|---|
| NI | Maria Angela Danzì |
| PPE | Traian Băsescu, Alexander Bernhuber, Frances Fitzgerald, Esther de Lange, Dolors Montserrat, Ljudmila Novak, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Maria Spyraki, Pernille Weiss |
| Renew | Catherine Amalric, Pascal Canfin, Martin Hojsík, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Erik Poulsen, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Nils Torvalds, Emma Wiesner, Michal Wiezik |
| S&D | Marek Paweł Balt, Delara Burkhardt, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Beatrice Covassi, Cyrus Engerer, Heléne Fritzon, Jens Geier, Hannes Heide, César Luena, Nikos Papandreou, Sándor Rónai, Thomas Rudner, Christel Schaldemose, Achille Variati, Tiemo Wölken |
| The Left | Malin Björk, Marisa Matias, Marina Mesure, Silvia Modig, Nikolaj Villumsen, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Anna Deparnay-Grunenberg, Bas Eickhout, Alexandra Geese, Francisco Guerreiro, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Erik Marquardt, Manuela Ripa, Michèle Rivasi, Sarah Wiener |

| 14 | - |
|---|---|
| ECR | Pietro Fiocchi, Johan Nissinen, Grzegorz Tobiszowski, Alexandr Vondra, Jadwiga Wiśniewska |
| ID | Aurélia Beigneux, Gianna Gancia, Catherine Griset, Danilo Oscar Lancini, Sylvia Limmer, Silvia Sardone |
| NI | Ivan Vilibor Sinčić |
| PPE | Marian-Jean Marinescu |
| Renew | Andreas Glueck |

| 7 | 0 |
|---|---|
| ECR | Teuvo Hakkarainen |
| PPE | Hildegard Bentele, Nathalie Colin-Oesterlé, Christian Doleschal, Agnès Evren, Peter Liese, Christine Schneider |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

20.9.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)
(COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Tom Vandenkendelaere(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE, ceadaítear cheana féin d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis a dhámhann conarthaí trí nósanna imeachta soláthair phoiblí, ***anuas*** ar chúrsaí praghsála nó costais, chun brath ar chritéir bhreise chun an tairiscint is buntáistí ***go heacnamaíoch*** a shainaithint. Baineann critéir ***den sórt*** sin, mar shampla, le cáilíocht na tairisceana lena n-áirítear saintréithe sóisialta, comhshaoil agus nuálacha. Agus conarthaí le haghaidh teicneolaíocht ghlan-nialasachta á ndámhachtain trí sholáthar poiblí, ba cheart d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha measúnú cuí a dhéanamh ar rannchuidiú na dtairiscintí le | (25) Le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE, ceadaítear cheana féin d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis a dhámhann conarthaí trí nósanna imeachta soláthair phoiblí, ***sa bhreis*** ar chúrsaí praghsála nó costais, chun brath ar chritéir ***cháilíochtúla*** bhreise chun an tairiscint is buntáistí ***ar bhonn eacnamaíoch*** a shainaithint. Baineann ***na*** critéir sin, mar shampla, le cáilíocht na tairisceana lena n-áirítear saintréithe sóisialta, comhshaoil agus nuálacha. Agus conarthaí le haghaidh teicneolaíocht ***straitéiseach*** ghlan-nialasachta á ndámhachtain trí sholáthar poiblí, ba cheart d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha measúnú cuí a dhéanamh ar |

| | |
|---|---|
| hinbhuanaitheacht agus athléimneacht i ndáil le sraith critéar a bhaineann le hinbhuanaitheacht ***chomhshaoil***, nuálaíocht, comhtháthú córais agus ***athléimneacht*** na tairisceana. | rannchuidiú na dtairiscintí le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht i ndáil le sraith critéar a bhaineann le hinbhuanaitheacht ***comhshaoil***, nuálaíocht, comhtháthú córais agus ***le hathléimneacht*** na tairisceana***, lena n-áirítear slándáil fuinnimh agus slándáil an tsoláthair***. ***Ní foláir d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha a áirithiú go gcaitear go cothrom le soláthraithe náisiúnta leis na nósanna imeachta a bhunaítear i mBallstáit eile agus chun neamh-idirdhealú a áirithiú agus critéir á mbunú acu.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Is féidir critéir ***inbhuanaitheachta*** shóisialta a chur i bhfeidhm cheana féin faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair agus is féidir dálaí oibre agus cómhargáil a áireamh iontu i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 30(3) de Treoir 2014/23/AE, le hAirteagal 18(2) de Threoir 2014/24/AE agus le hAirteagal 36(2) de Threoir 2014/25/AE. ***Ba cheart do*** na húdaráis chonarthacha rannchuidiú leis an ***inbhuaine*** shóisialta trí na bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha, i bhfeidhmiú conarthaí poiblí dóibh, na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí shóisialta agus saothair arna mbunú le dlí an Aontais, leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna nó ***leis na*** forálacha ***idirnáisiúnta maidir leis*** an dlí comhshaoil, sóisialta agus ***saothair*** a liostaítear in Iarscríbhinn X de Threoir 2014/23/AE, Iarscríbhinn X de Threoir 2014/24/AE agus Iarscríbhinn XIV de | (26) Is féidir critéir ***maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil,*** shóisialta ***agus saothair*** a chur i bhfeidhm cheana féin faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair agus is féidir dálaí oibre agus cómhargáil a áireamh iontu i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 30(3) de Treoir 2014/23/AE, le hAirteagal 18(2) de Threoir 2014/24/AE agus le hAirteagal 36(2) de Threoir 2014/25/AE. ***Tá cur i bhfeidhm*** na ***gcritéar inbhuanaitheachta agus athléimneachta gan dochar don oibleagáid atá ar na*** húdaráis chonarthacha rannchuidiú leis an ***inbhuanaitheacht*** shóisialta trí na bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha, i bhfeidhmiú conarthaí poiblí dóibh, na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí shóisialta agus saothair arna mbunú le dlí an Aontais, leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna nó ***le*** forálacha an dlí ***idirnáisiúnta,*** comhshaoil, sóisialta agus ***dlí an tsaothair*** a liostaítear in Iarscríbhinn |

| | |
|---|---|
| Threoir 2014/25/AE[43]. | X de Threoir 2014/23/AE, Iarscríbhinn X de Threoir 2014/24/AE agus Iarscríbhinn XIV de Threoir 2014/25/AE[43]. ***Tá an rannchuidiú leis an inbhuanaitheacht shóisialta tábhachtach chun díriú ar dhálaí oibre cuibhiúla, ar chláir phrintíseachta cháilithe, ar phá comhionann as obair chomhionann, ar shláinte agus sábháilteacht cheirde láidir agus ar lucht saothair oilte leordhóthanach a áirithiú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon.*** |
| [43] Fógra ón gCoimisiún Buying Social — a guide to taking account of social considerations in public procurement (2nd edition) [Ag ceannach go Sóisialta - treoir maidir le breithnithe sóisialta a chur san áireamh sa soláthar ***poiblí], COM*** (2021) 3573 final. | [43] Fógra ón gCoimisiún ***dar teideal*** Buying Social **-** a guide to taking account of social considerations in public procurement (2nd edition) [Ag ceannach go Sóisialta - treoir maidir le breithnithe sóisialta a chur san áireamh sa soláthar ***poiblí*** (***an dara eagrán)], C(***2021) 3573 final. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Gan dochar do reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le teicneolaíocht shonrach, lena n-áirítear faoin Togra maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos[44] agus faoin Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola[45], agus mura léirítear a mhalairt go sonrach ***inti***, le linn d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht ***chomhshaoil*** na réiteach glan-nialasachta arna soláthar ar bhonn an Rialacháin seo, féadfaidh siad gnéithe | (27) Gan dochar do reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le teicneolaíocht shonrach, lena n-áirítear faoin Togra maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos[44] agus faoin Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola[45], agus mura léirítear a mhalairt go sonrach ***iontu***, le linn d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht ***comhshaoil*** na réiteach glan-nialasachta arna soláthar ar bhonn an Rialacháin seo, féadfaidh siad |

éagsúla a bhfuil tionchar acu ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a chur san áireamh. Féadfar a áireamh ***orthu*** sin, mar shampla, marthanacht agus iontaofacht an réitigh; an éascaíocht maidir le deisiúchán agus cothabháil; an éascaíocht maidir le nuashonrú agus athriochtú; an éascaíocht agus cáilíocht na hathchúrsála; an úsáid a bhaintear as substaintí; ídiú fuinnimh, uisce agus acmhainní eile ag céim amháin nó níos mó de shaolré an táirge; meáchan agus toirt an táirge agus an pacáistiú atá aige; ionchorprú comhpháirteanna úsáidte; cainníocht, saintréithe agus infhaighteacht na ***tomhaltán*** is gá le haghaidh úsáid agus cothabháil chuí; lorg comhshaoil an táirge agus a thionchair ar an gcomhshaol ar feadh a shaolré; lorg carbóin an táirge; an scaoileadh micreaphlaisteach; astaíochtaí san aer, san uisce agus san ithir a scaoiltear in aon chéim ***saolré*** amháin nó níos mó ***den*** táirge; méideanna na dramhaíola a ghintear; na coinníollacha maidir le húsáid.

gnéithe éagsúla a bhfuil tionchar acu ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a chur san áireamh. ***Ba cheart luach saothair a thabhairt do theicneolaíochtaí glan-nialasachta ag a bhfuil tionchar teoranta ar an gcomhshaol a théann thar na híoscheanglais sa reachtaíocht náisiúnta nó i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.*** Féadfar a áireamh ***ar na gnéithe*** sin, mar shampla, marthanacht agus iontaofacht an réitigh; an éascaíocht maidir le deisiúchán agus cothabháil; an éascaíocht maidir le nuashonrú agus athriochtú; an éascaíocht agus cáilíocht na hathchúrsála; an úsáid a bhaintear as substaintí; ídiú fuinnimh, uisce agus acmhainní eile ag céim amháin nó níos mó de shaolré an táirge; meáchan agus toirt an táirge agus an pacáistiú atá aige; ionchorprú comhpháirteanna úsáidte; cainníocht, saintréithe agus infhaighteacht na ***dtomhaltán*** is gá le haghaidh úsáid agus cothabháil chuí; lorg comhshaoil an táirge agus a thionchair ar an gcomhshaol ar feadh a shaolré; lorg carbóin an táirge; an scaoileadh micreaphlaisteach; astaíochtaí san aer, san uisce agus san ithir a scaoiltear in aon chéim amháin nó níos mó ***de shaolré an*** táirge; méideanna na dramhaíola a ghintear; na coinníollacha maidir le húsáid. ***Nuair atá critéir maidir le soláthar poiblí glas á leagan síos ag reachtaíocht ábhartha maidir le táirgí agus ag reachtaíocht thánaisteach, ba cheart na critéir sin a úsáid mar bhonn chun Airteagal 19.2(a) a chur i bhfeidhm.***

---

[44] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE, COM/2022/142 final, 30.3.2022.

[45] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola,

[44] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE, COM/2022/142 final, 30.3.2022.

[45] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola,

lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020, COM/2020/798 final, 10.12.2020.

lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020, COM/2020/798 final, 10.12.2020.

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Chun ***críocha an ghá*** a chur san áireamh atá le foinsí soláthair teicneolaíochtaí glan-nialasachta ***laistigh de nós imeachta soláthair phoiblí*** a éagsúlú ó fhoinsí aonair soláthair de réir bhrí Airteagal 19(2), agus gan dochar do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais, ba cheart a mheas nach bhfuil an soláthar éagsúlaithe go leordhóthanach ar a laghad i gcás ina ndéanfaidh foinse amháin níos mó ná 65 % den éileamh ar theicneolaíocht glan-nialasachta shonrach laistigh den Aontas a sholáthar. | (28) Chun a chur san áireamh***, laistigh de nós imeachta soláthair phoiblí, an gá*** atá le foinsí soláthair teicneolaíochtaí glan-nialasachta a éagsúlú ó fhoinsí aonair soláthair de réir bhrí Airteagal 19(2), ***chun scéimeanna a théann chun tairbhe do theaghlaigh nó do thomhaltóirí a chur ar bun lena ndreasaítear ceannach táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta*** agus ***príomh-chomhpháirteanna, agus*** gan dochar do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais, ba cheart a mheas nach bhfuil an soláthar éagsúlaithe go leordhóthanach ar a laghad i gcás ina ndéanfaidh foinse amháin níos mó ná 65 % den éileamh ar theicneolaíocht glan-nialasachta shonrach ***nó ar na príomh-chomhpháirteanna*** laistigh den Aontas a sholáthar. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28 a) Ní dhéanfaidh údaráis chonarthacha ná eintitis chonarthacha úsáid a bhaint ar bhealach ar bith as rannchuidiú na tairisceana le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht chun tús áite a thabhairt do sholáthraithe*** |

***náisiúnta ar sholáthraithe ó Bhallstáit eile an Aontais. Níor cheart iomaíocht éagórach ná suaitheadh sa mhargadh inmheánach a bheith mar thoradh ar na critéir athléimneachta. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún Eorpach dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh chun cothrom iomaíochta a áirithiú. Má bhaineann údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha mí-úsáid as na critéir sin, ba cheart don Choimisiún na céimeanna uile is gá i gcoinne an Bhallstáit lena mbaineann a bhreithniú chun a áirithiú go mbeidh feidhm chomhionann ag na critéir sin ar fud an Aontais.***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Chun ***críocha scéimeanna a bhunú a théann chun tairbhe do theaghlaigh agus do thomhaltóirí, lena ndéantar ceannach táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a dhreasú, agus gan dochar do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais, ba cheart a mheas nach bhfuil an soláthar éagsúlaithe go leordhóthanach i gcás ina ndéanfaidh foinse aonair níos mó ná 65 % den éileamh iomlán ar theicneolaíocht glan-nialasachta shonrach laistigh den Aontas a sholáthar. Chun*** cur i bhfeidhm comhsheasmhach a áirithiú, ba cheart don Choimisiún liosta bliantúil ***a fhoilsiú*** dar tús dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, maidir le dáileadh thionscnamh na dtáirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a thagann faoin gcatagóir seo, arna mhiondealú de réir an sciar de sholáthar an Aontais de thionscnamh foinsí éagsúla le | (29) Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach ***na gcritéar athléimneachta*** a áirithiú, ba cheart don Choimisiún ***gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena soláthraítear*** liosta bliantúil dar tús dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, maidir le dáileadh thionscnamh na dtáirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a thagann faoin gcatagóir seo, arna mhiondealú de réir an sciar de sholáthar an Aontais de thionscnamh foinsí éagsúla le bliain anuas a bhfuil sonraí ar fáil ina leith. |

bliain anuas a bhfuil sonraí ar fáil ina leith.

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Le Cinneadh 2014/115/AE ón gComhairle, formheasadh go háirithe an leasú ar ***an gComhaontú*** na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Soláthar Rialtais (‘an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais’)[46]. Is é is aidhm don Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais creat iltaobhach de chearta agus d’oibleagáidí cothromaithe a bhunú a bhaineann le conarthaí poiblí d’fhonn léirscaoileadh agus leathnú na trádála domhanda a bhaint amach. I gcás conarthaí a chumhdaítear le ***Foscríbhinn I*** an Aontais Eorpaigh a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais, chomh maith le comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha a bhfuil an tAontas faoi cheangal ***orthu***, lena n-áirítear comhaontuithe saorthrádála agus Airteagal III:8(a) ***den*** Chomhaontú ***Ginearálta 1994*** um Tharaifí agus Trádáil maidir le gníomhaireachtaí rialtais ***do sholáthar táirgí*** a cheannaítear d’fhonn iad a athdhíol ***ó thaobh na*** tráchtála ***de*** nó d’fhonn iad a úsáid i dtáirgeadh earraí le haghaidh díolacháin tráchtála, níor cheart d’údaráis chonarthacha ná d’eintitis chonarthacha ceanglais Airteagal 19(***1***), pointe (d) a chur i bhfeidhm ***maidir le hoibreoirí*** eacnamaíocha foinsí soláthair ar sínitheoirí leis na comhaontuithe iad. | (30) Le Cinneadh 2014/115/AE ón gComhairle, formheasadh go háirithe an leasú ar ***Chomhaontú*** na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Soláthar Rialtais (‘an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais’)[46]. Is é is aidhm don Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais creat iltaobhach de chearta agus d’oibleagáidí cothromaithe a bhunú a bhaineann le conarthaí poiblí d’fhonn léirscaoileadh agus leathnú na trádála domhanda a bhaint amach. I gcás conarthaí a chumhdaítear le ***Foscríbhinn I*** an Aontais Eorpaigh a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais, chomh maith le comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha ***eile*** a bhfuil an tAontas faoi cheangal ***ina leith***, lena n-áirítear comhaontuithe saorthrádála agus Airteagal III:8(a) ***de*** Chomhaontú ***Ginearálta 1994*** um Tharaifí agus Trádáil maidir le ***soláthar táirgí ag*** gníomhaireachtaí rialtais a cheannaítear d’fhonn iad a athdhíol ***ar bhonn*** tráchtála nó d’fhonn iad a úsáid i dtáirgeadh earraí le haghaidh díolacháin tráchtála, níor cheart d’údaráis chonarthacha ná d’eintitis chonarthacha ceanglais Airteagal 19(***2a***), pointe (d) a chur i bhfeidhm ***i leith oibreoirí*** eacnamaíocha foinsí soláthair ar sínitheoirí leis na comhaontuithe iad. ***Ba cheart don Choimisiún a mheas sa ghníomh cur chun feidhme, leis na critéir chun measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú athléimneachta, i dtaobh ar cheart feidhm a bheith ag ceanglais Airteagal 19(2a), pointe (d) i leith oibreoirí eacnamaíocha foinsí áirithe soláthair ar sínithe iad le comhaontú*** |

***Comhpháirtíochta Glan-nialasachta.***

[46] Cinneadh 2014/115/AE ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 maidir leis an bPrótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais a thabhairt i gcrích (IO L 68, 7.3.2014, lch. 1).

[46] Cinneadh 2014/115/AE ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 maidir leis an bPrótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais a thabhairt i gcrích (IO L 68, 7.3.2014, lch. 1).

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le hathléimneacht i nósanna imeachta soláthair phoiblí a leagtar amach in Airteagal 19, ba cheart é a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 25 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47], agus Airteagail 43 agus 85 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48], de réir ***threoir 2019*** ón gCoimisiún[49]. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go leanfadh forálacha soláthair phoiblí d'fheidhm a bheith acu ***maidir le hoibreacha***, soláthairtí agus seirbhísí faoi réir Airteagal 19, lena n-áirítear Airteagal 67(4) de Threoir 2014/24/AE agus aon bheart cur chun feidhme a eascraíonn as an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos. | (31) ***Maidir le*** cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le hathléimneacht i nósanna imeachta soláthair phoiblí a leagtar amach in Airteagal 19 ***den Rialachán seo***, ba cheart é a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 25 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47], agus Airteagail 43 agus 85 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48], de réir ***threoraíocht 2019*** ón gCoimisiún[49]. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go leanfadh forálacha soláthair phoiblí d'fheidhm a bheith acu ***i leith oibreacha***, soláthairtí agus seirbhísí faoi réir Airteagal 19, lena n-áirítear Airteagal 67(4) de Threoir 2014/24/AE agus aon bheart cur chun feidhme a eascraíonn as an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos ***agus as an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiun maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola***. |

[47] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***26 Feabhra 2014*** maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94,

[47] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***26 Feabhra 2014*** maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE

28.3.2014, lch. 65).

[48] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***26 Feabhra 2014*** maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

[49] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Treoir maidir le rannpháirtíocht tairgeoirí agus earraí tríú tír i margadh soláthair an Aontais, an Bhruiséil, 24.7.2019, C(2019) 5494 final.

(IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

[48] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***26 Feabhra 2014*** maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

[49] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Treoir maidir le rannpháirtíocht tairgeoirí agus earraí tríú tír i margadh soláthair an Aontais, an Bhruiséil, 24.7.2019, C(2019) 5494 final.

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Tá ualú na gcritéar maidir le rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana i ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí gan dochar don fhéidearthacht atá ***ag*** údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha tairseach níos airde a leagan síos le haghaidh na gcritéar a bhaineann le hinbhuanaitheacht ***chomhshaoil*** agus le nuálaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 41(3) agus le hAithris 64 de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50], Airteagal 67(5) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 82(5) de Threoir 2014/25/AE. | (32) Tá ualú na gcritéar maidir le rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana i ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí gan dochar don fhéidearthacht atá ***ann d'***údaráis chonarthacha agus ***d'***eintitis chonarthacha tairseach níos airde a leagan síos le haghaidh na gcritéar a bhaineann le hinbhuanaitheacht ***comhshaoil*** agus le nuálaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 41(3) agus le hAithris 64 de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50], Airteagal 67(5) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 82(5) de Threoir 2014/25/AE. ***Ba cheart d'údaráis chonarthacha rannchuidiú na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar athléimneachta a chur san áireamh ar bhealach cothrom gan neamhaird a dhéanamh ar cheann amháin nó ar cheann eile.*** |

[50] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na

[50] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Ba cheart don Choimisiún cúnamh a thabhairt freisin do na Ballstáit i gceapadh scéimeanna ***a bheadh*** dírithe ar theaghlaigh agus ar thomhaltóirí chun sineirgí a chruthú agus chun dea-chleachtais a mhalartú. Ba cheart ***don*** Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa ról tábhachtach a bheith aige freisin maidir le dlús a chur le cur chun feidhme rannchuidiú na mBallstát agus na n-údarás poiblí ***maidir*** le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht ina gcleachtais soláthair phoiblí agus cheantála. Ba cheart ***dó treoir*** a eisiúint agus ***dea-chleachtais a shainaithint maidir*** leis an ***gcaoi an rannchuidiú a shainiú agus a úsáid, agus*** samplaí nithiúla agus sonracha ***á gcur*** ar fáil. | (37) Ba cheart don Choimisiún cúnamh a thabhairt freisin do na Ballstáit i gceapadh scéimeanna ***atá*** dírithe ar theaghlaigh agus ar thomhaltóirí chun sineirgí a chruthú agus chun dea-chleachtais a mhalartú. Ba cheart ***d'***Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa ról tábhachtach a bheith aige freisin maidir le dlús a chur le cur chun feidhme rannchuidiú na mBallstát agus na n-údarás poiblí le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht ina gcleachtais soláthair phoiblí agus cheantála. ***Tá sé tábhachtach tuiscint shoiléir a bheith ag na húdaráis chonarthacha nó ag na heintitis chonarthacha araon agus ag na soláthraithe ar gach ceann de na critéir inbhuanaitheachta agus athléimneachta. Dá bhrí sin, chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gcritéar dámhachtana a áirithiú,*** ba cheart ***don Choimisiún, i ndlúthchomhar le hArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa, gníomh cur chun feidhme*** a ***ghlacadh ina sonraítear na critéir chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú na hathléimneachta agus na hinbhuanaitheachta, agus aird ar leith á tabhairt ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar an gcothrom iomaíochta ar mhargadh inmheánach na hEorpa, ar cheart deis chothrom a bheith acu a bheith rannpháirteach sa mhargadh substaintiúil don soláthar poiblí. Beidh comhleanúnachas leis an reachtaíocht atá*** |

| | |
|---|---|
| | ***ann cheana ríthábhachtach. Thairis sin, ba cheart don ghníomh cur chun feidhme sin soiléiriú a dhéanamh ar na maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 19(4) agus ar an gcaoi ar cheart do na húdaráis chonarthacha nó na heintitis chonarthacha é sin a chur i bhfeidhm go praiticiúil. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún, i ndlúthchomhar le hArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa, treoraíocht a*** eisiúint ***maidir le conas na critéir inbhuanaitheachta*** agus ***athléimneachta a nascadh*** leis an ***reachtaíocht atá beartaithe. Is féidir leis an treoraíocht seo*** samplaí nithiúla agus sonracha ***agus dea-chleachtais a chur*** ar fáil ***tuilleadh***. ***Chun bheith comhleanúnach leis an reachtaíocht uile a bheidh ann sa todhchaí, ba cheart don Choimisiún an treoraíocht sin a thabhairt cothrom le dáta nuair a thagann athrú ar an gcreat bunúsach agus gach 6 mhí ar a laghad.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) I gcás nach bhfuil infheistíocht phríobháideach ***leordhóthanach*** ann féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht phoiblí i bhfoirm Státchabhrach ag teastáil chun tionscadail ***mhonaraíochta ghlan-nialasachta*** a rolladh amach go héifeachtach. Ní mór éifeacht dreasachta a bheith ag an gcabhair sin, ***ní mór gá a bheith leis an gcabhair*** agus ní mór di a bheith iomchuí agus comhréireach. Leis na treoirlínte maidir le Státchabhair atá ann cheana a ***ndearnadh*** athbhreithniú domhain orthu le déanaí i gcomhréir leis na cuspóirí dé-aistrithe, soláthraítear féidearthachtaí iomadúla chun tacú le hinfheistíochtaí le haghaidh tionscadail | (41) ***Ach amháin*** i gcás nach bhfuil infheistíocht phríobháideach ann féin ***leordhóthanach***, d'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht phoiblí i bhfoirm Státchabhrach ag teastáil chun tionscadail ***monaraíochta glan-nialasachta*** a rolladh amach go héifeachtach. Ní mór éifeacht dreasachta a bheith ag an gcabhair sin, agus ní mór di a bheith ***riachtanach,*** iomchuí agus comhréireach. Leis na treoirlínte maidir le Státchabhair atá ann cheana a ***bhfuil*** athbhreithniú domhain ***déanta*** orthu le déanaí i gcomhréir leis na cuspóirí dé-aistrithe, soláthraítear féidearthachtaí iomadúla chun tacú le hinfheistíochtaí le haghaidh tionscadail |

| | |
|---|---|
| faoi raon feidhme an Rialacháin seo faoi réir coinníollacha áirithe. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag na Ballstáit maidir le rochtain ar mhaoiniú a éascú do thionscadail ***mhonaraíochta theicneolaíochtaí*** glan-nialasachta ***trí aghaidh a thabhairt ar theipeanna*** margaidh ***trí thacaíocht spriocdhírithe Státchabhrach***. Is é is aidhm don Chreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe, a glacadh an ***9 Márta 2023***, cothrom iomaíochta a áirithiú laistigh den mhargadh inmheánach, agus é dírithe ar na hearnálacha sin ***inar sainaithníodh*** riosca um dhí-comhchruinnithe tríú tír, agus atá comhréireach ó thaobh méideanna cabhrach de. Chuirfeadh sé ar a gcumas do na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le hinfheistíochtaí nua i saoráidí táirgthe in earnálacha straitéiseacha glan-nialasachta sainithe, ***lena n-áirítear trí shochair chánach***. Féadfar méid na cabhrach atá ceadaithe a mhodhnú le déine cabhrach níos airde agus le huasteorainneacha níos airde ar mhéid na cabhrach má tá an infheistíocht lonnaithe i limistéir fóirithinte, chun rannchuidiú le sprioc an chóineasaithe idir na Ballstáit agus na réigiúin. Tá gá le coinníollacha iomchuí chun na rioscaí nithiúla a bhaineann le hatreorú na hinfheistíochta lasmuigh ***de*** Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a fhíorú ***mar aon le haon*** bhaol ann go n-athlonnófaí í laistigh de LEE. Chun acmhainní náisiúnta a shlógadh chun na críche sin, féadfaidh na Ballstáit sciar d'ioncam CTA a úsáid, ar sciar é nach mór do na Ballstáit a leithdháileadh chun críocha a bhaineann leis an aeráid. | faoi raon feidhme an Rialacháin seo ***atá*** faoi réir coinníollacha áirithe. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag na Ballstáit maidir le rochtain ar mhaoiniú a éascú do thionscadail ***monaraíochta teicneolaíochtaí*** glan-nialasachta***. Mar sin féin, ní mór do na Ballstáit a mheas an bhfuil gá i ndáiríre le Státchabhair agus an bhfuil an tacaíocht phoiblí ag dul i ngleic le teipeanna*** margaidh. Is é is aidhm don Chreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe ***(TCTF)*** , a glacadh an ***9 Márta 2023***, cothrom iomaíochta a áirithiú laistigh den mhargadh inmheánach, agus é dírithe ar na hearnálacha sin ***ina bhfuil*** riosca um dhí-comhchruinnithe tríú tír ***sainaitheanta***, agus atá comhréireach ó thaobh méideanna cabhrach de. Chuirfeadh sé ar a gcumas do na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le hinfheistíochtaí nua i saoráidí táirgthe in earnálacha straitéiseacha glan-nialasachta sainithe, ***atá éagsúil le raon feidhme an Rialacháin seo***. Féadfar méid na cabhrach atá ceadaithe a mhodhnú le déine cabhrach níos airde agus le huasteorainneacha níos airde ar mhéid na cabhrach má tá an infheistíocht lonnaithe i limistéir fóirithinte, chun rannchuidiú le sprioc an chóineasaithe idir na Ballstáit agus na réigiúin. Tá gá le coinníollacha iomchuí chun na rioscaí nithiúla a bhaineann le hatreorú na hinfheistíochta lasmuigh ***den*** Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a fhíorú ***agus nach bhfuil aon*** bhaol ann go n-athlonnófaí í laistigh de LEE. Chun acmhainní náisiúnta a shlógadh chun na críche sin, féadfaidh na Ballstáit sciar d'ioncam CTA a úsáid, ar sciar é nach mór do na Ballstáit a leithdháileadh chun críocha a bhaineann leis an aeráid. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Bunóidh*** údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain na gconarthaí le haghaidh teicneolaíocht glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn i nós imeachta soláthair phoiblí ar an tairiscint is buntáistí ***go heacnamaíoch, a*** n-áireofar inti an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr, lena gcuimseofar, ar a laghad, rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE, nó 2014/25/AE agus leis an reachtaíocht earnála is infheidhme, ***agus*** le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile ***atá ina*** gceangal ar an Aontas. | 1. ***Déanfaidh*** údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain na gconarthaí le haghaidh teicneolaíocht glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn i nós imeachta soláthair phoiblí ***a bhunú*** ar an tairiscint is buntáistí ***ar bhonn eacnamaíoch, lena*** n-áireofar inti an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr, lena gcuimseofar, ar a laghad, rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE, nó 2014/25/AE agus leis an reachtaíocht earnála is infheidhme, ***mar aon*** le gealltanais idirnáisiúnta ***eile*** an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile ***a bhfuil*** gceangal ar an Aontas ***ina leith***. ***Áiritheoidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha go bhfuil an próiseas soláthair oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach, lena lamhálfar d'iomaíocht chóir a bheith ann idir na soláthraithe incháilithe uile.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Bunófar*** rannchuidiú inbhuanaitheachta ***agus athléimneachta*** na tairisceana ***ar*** na critéir ***charnacha*** seo a leanas a bheidh oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach: | 2. ***Déanfaidh*** rannchuidiú inbhuanaitheachta na tairisceana na critéir seo a leanas a ***chur i gcuntas a*** bheidh oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach: |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) inbhuanaitheacht ***chomhshaoil a théann thar*** na híoscheanglais sa reachtaíocht is infheidhme; | (a) inbhuanaitheacht ***comhshaoil, lena gcomhlíonfar ar a laghad*** na híoscheanglais sa reachtaíocht ***náisiúnta nó i reachtaíocht an Aontais*** is infheidhme ***nó a théann níos faide ná sin***; |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás ***inar gá*** réiteach nuálach ***a fhorbairt***, tionchar agus cáilíocht an phlean cur chun feidhme, lena n-áirítear bearta bainistithe riosca; | (b) i gcás ***ina bhfuil*** réiteach nuálach ***forbartha***, tionchar agus cáilíocht an phlean cur chun feidhme, lena n-áirítear bearta bainistithe riosca; |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ***rannchuidiú na tairisceana le hathléimneacht, agus cion na dtáirgí de thionscnamh foinse aonair soláthair á chur san áireamh, arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[72], as a dtagann níos mó ná 65 % den soláthar le haghaidh na teicneolaíochta glan-nialasachta sonraí sin laistigh den Aontas le linn na bliana deireanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith nuair a dhéantar an tairiscint.*** | (d) ***scriosta*** |

[72] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó

[72] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***9 Deireadh Fómhair 2013*** lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***9 Deireadh Fómhair 2013*** lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***2 a. Déanfaidh rannchuidiú inbhuanaitheachta na tairisceana na critéir seo a leanas a chur i gcuntas a bheidh oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach:*** |
| | ***rannchuidiú na tairisceana le hathléimneacht, agus béim ar éagsúlú na slabhraí soláthair comhfhreagracha, ar shlándáil fuinnimh an Aontais agus ar shlándáil an tsoláthair. Measfar nach mbeidh an soláthar athléimneach agus éagsúlaithe go leordhóthanach i gcás ina bhfuil níos mó ná 65 % den éileamh iomlán laistigh den Aontas ar theicneolaíocht ghlan-nialasach shonrach nó ar na príomh-chomhpháirteanna chun na teicneolaíochtaí sin a tháirgeadh, soláthraithe ag foinse aonair ó lasmuigh den Aontas, arna cinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[72], le linn na bliana deiridh a bhfuil na sonraí le fáil ina leith. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena sonrófar cur i bhfeidhm na gcritéar sin i gcomhréir le hAirteagal 22(2).*** |
| | __________________ |
| | ***[72] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais*** |

| | |
|---|---|
| | ***(IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tabharfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ualú idir 15 % agus 30 % de na critéir dhámhachtana do rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 41 (3) de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 67(5) de Threoir 2014/24/AE ná Airteagal 82(5) de Threoir 2014/25/AE maidir le hualú níos airde a thabhairt do na critéir dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b). | 3. Tabharfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ualú idir 15 % agus 30 % de na critéir dhámhachtana do rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, ***lena gcuirfear san áireamh ar bhealach cothrom an rannchuidiú inbhuanaitheachta agus an rannchuidiú athléimneachta araon,*** gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 41(3) de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 67(5) de Threoir 2014/24/AE ná Airteagal 82(5) de Threoir 2014/25/AE maidir le hualú níos airde a thabhairt do na critéir dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b). |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Ní bheidh sé d'oibleagáid*** ar an ***údarás*** conarthach ***ná ar an eintiteas*** conarthach ***na breithnithe a bhaineann le*** rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur i bhfeidhm i gcás ina gcuirfeadh a gcur i bhfeidhm oibleagáid ar an údarás nó ar an eintiteas sin trealamh a fháil lena mbaineann costais dhíréireacha, nó ina bhfuil saintréithe teicniúla atá éagsúil leis na saintréithe atá i dtrealamh atá ann cheana, as a n-eascraíonn neamh- | 4. ***De mhaolú*** ar ***mhír 3, féadfaidh*** an ***t-údarás*** conarthach ***nó an t-eintiteas*** conarthach ***a chinneadh gan*** rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur i bhfeidhm i gcás ina gcuirfeadh a gcur i bhfeidhm oibleagáid ***fhollasach*** ar an údarás nó ar an eintiteas sin trealamh a fháil lena mbaineann costais dhíréireacha, nó ina bhfuil saintréithe teicniúla atá éagsúil leis na saintréithe atá i dtrealamh atá ann cheana, as a n-eascraíonn neamh- |

| | |
|---|---|
| chomhoiriúnacht, deacrachtaí teicniúla ***maidir*** le hoibriú agus cothabháil. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a thoimhdiú go bhfuil difríochtaí costais os cionn 10 % díréireach. Beidh an fhoráil ***seo*** gan dochar don fhéidearthacht tairiscintí thar a bheith íseal a eisiamh faoi ***Airteagal 69*** de Threoir 2014/24/AE agus ***Airteagal 84*** de Threoir 2014/25/AE, agus gan dochar do chritéir dhámhachtana eile i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear gnéithe sóisialta de réir ***Airteagal 30***(3) agus ***Airteagal 36***(1), an dara fleasc de Threoir 2014/23/AE, ***Airteagal 18***(2) agus ***Airteagal 67***(2) de Threoir 2014/24/AE agus ***Airteagal 36***(2) agus ***Airteagal 82***(2) de Threoir 2014/24/AE. | chomhoiriúnacht, deacrachtaí teicniúla ***i dtaca*** le hoibriú agus cothabháil. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a thoimhdiú go bhfuil difríochtaí costais ***atá*** os cionn 10 % díréireach***, i gcomparáid le tairiscint nach bhfuil an rannchuidiú inbhuanaitheachta ná an rannchuidiú athléimneachta i gceist léi***. Beidh an fhoráil ***sin*** gan dochar don fhéidearthacht tairiscintí thar a bheith íseal a eisiamh faoi ***Airteagal 69*** de Threoir 2014/24/AE agus ***Airteagal 84*** de Threoir 2014/25/AE, agus gan dochar do chritéir dhámhachtana ***agus eisiaimh*** eile i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear gnéithe ***cáilíochta agus*** sóisialta de réir ***Airteagal 30***(3) agus ***Airteagal 36***(1), an dara fleasc de Threoir 2014/23/AE, ***Airteagal 18***(2) agus ***Airteagal 67***(2) de Threoir 2014/24/AE agus ***Airteagal 36***(2) agus ***Airteagal 82***(2) de Threoir 2014/24/AE. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Ní dhéanfaidh na Ballstáit idirdhealú ná ní chaithfear go difriúil le soláthraithe ná le táirgí glan-nialasachta ó Bhallstát eile, bunaithe ar chritéir inbhuanaitheachta agus athléimneachta.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I ***gcás inarb ábhartha, soláthróidh*** | 1. ***Faoin [Oifig na bhFoilseachán:*** |

an Coimisiún ***treoir maidir leis*** na critéir chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú ***athléimneachta agus*** inbhuanaitheachta na dtáirgí atá ar fáil a chumhdaítear leis na foirmeacha idirghabhála poiblí a chumhdaítear faoi ***Airteagail 19***, 20 agus 21.

***Cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis dháta theacht*** i ***bhfeidhm*** an ***Rialacháin seo], glacfaidh an*** Coimisiún ***gníomh cur chun feidhme ina sonrófar*** na critéir chun measúnú a dhéanamh ar ***athléimneacht agus*** rannchuidiú inbhuanaitheachta na dtáirgí atá ar fáil a chumhdaítear leis na foirmeacha idirghabhála poiblí a chumhdaítear faoi ***Airteagail 19***, 20 agus 21 ***i gcomhréir le forálacha ábhartha i reachtaíocht eile atá ann cheana, agus ina bhforáiltear do rialacha maidir le conas a bheidh feidhm ag an maolú in Airteagal 19, mír 4***. ***Sa ghníomh cur chun feidhme sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh fiontair bheaga agus mheánmhéide agus prionsabail oscailteachta, trédhearcachta agus neamh-idirdhealaithe an mhargaidh agus na forálacha sin á gcur i bhfeidhm ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis chonarthacha. Agus critéir inbhuanaitheachta comhshaoil á sonrú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé an liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas san áireamh: marthanacht agus iontaofacht an réitigh; éascaíocht agus an iarracht a bhaineann le deisiú, cothabháil, uasghrádú agus athchóiriú; an éascaíocht agus cáilíocht na hathchúrsála; an úsáid a bhaintear as substaintí; lorg comhshaoil an táirge agus a thionchair ar an gcomhshaol ar feadh a shaolré; lorg carbóin an táirge; an scaoileadh micreaphlaisteach; astaíochtaí san aer, san uisce agus san ithir a scaoiltear in aon chéim amháin nó níos mó de shaolré an táirge; méideanna na dramhaíola a ghintear.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. I gcás ina mbeidh coimhlint idir na critéir dhámhachtana agus na critéir inbhuanaitheachta éagsúla a leagtar síos faoi dhlí eile an Aontais, cuirfidh an Coimisiún treoraíocht ar fáil maidir leis an gcaoi a bhfuil na forálacha sin ann i gcomhthráth nó, más gá, cad iad na critéir atá i réim. Deanfaidh an Coimisiún an treoraíocht seo a thabhairt cothrom le dáta gach 6 mhí.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an Coimisiún liosta de gach ceann de na táirgí deiridh glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn a chur ***ar fáil*** agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, arna mhiondealú de réir an sciar de sholáthar an Aontais de thionscnamh tríú tíortha éagsúla le linn na bliana deireanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith. | 2. ***Agus sonrú á dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcritéar athléimneachta i gcomhréir le hAirteagal 19, mír 2a,*** déanfaidh an Coimisiún liosta de gach ceann de na táirgí deiridh glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn a chur ***i dtoll a chéile*** agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, arna mhiondealú de réir an sciar de sholáthar an Aontais de thionscnamh tríú tíortha éagsúla le linn na bliana deireanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Chun críche Airteagal 19, mír 2a, is féidir leis an gCoimisiún a mheas go bhfuil táirgí a tháirgtear i dtríú tíortha, ar sínithe iad le comhaontú*** |

***Comhpháirtíochta Glan-nialasachta, comhionann le táirgí a tháirgtear laistigh den Aontas agus nach gcuirfear na táirgí sin san áireamh, sa chás sin, maidir leis na critéir.***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Pléifidh ***an tArdán*** um ghlan-nialasacht na hEorpa bearta ***a rinne*** na Ballstáit chun ***Airteagail 19*** agus 21 a chur chun feidhme agus ***malartóidh sé*** dea-chleachtais, inter alia, ***maidir le húsáid*** phraiticiúil na ***gcritéar*** lena sainítear an ***ranníocaíocht*** inbhuanaitheachta agus athléimneachta sa soláthar poiblí, nó scéimeanna ***a dhreasaíonn*** ceannach táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta. | 3. Pléifidh ***Ardán*** um Ghlan-nialasacht na hEorpa ***na*** bearta ***atá déanta ag*** na Ballstáit chun ***Airteagail 19*** agus 21 a chur chun feidhme agus dea-chleachtais ***agus eolas***, inter alia, ***a mhalartú, a mhéid a bhaineann leis an úsáid*** phraiticiúil ***a bhaintear as*** na ***critéir*** lena sainítear an ***rannchuidiú*** inbhuanaitheachta agus athléimneachta sa soláthar poiblí, nó scéimeanna ***lena ndreasaítear*** ceannach táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta. ***Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte dea-chleachtais maidir leis na nósanna imeachta éifeachtacha um sholáthar sna Ballstáit.*** |

# NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) |
| **Tagairtí** | COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>8.5.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>8.5.2023 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 15.6.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Tom Vandenkendelaere<br>27.4.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 22.5.2023 28.6.2023 17.7.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 34<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alex Agius Saliba, Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Laura Ballarín Cereza, Alessandra Basso, Brando Benifei, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Anna Cavazzini, Dita Charanzová, Deirdre Clune, David Cormand, Sandro Gozi, Svenja Hahn, Krzysztof Hetman, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Andrey Kovatchev, Jean-Lin Lacapelle, Morten Løkkegaard, Beata Mazurek, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Carlo Fidanza, Malte Gallée |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 34 | + |
|---|---|
| ECR | Carlo Fidanza, Beata Mazurek |
| ID | Alessandra Basso, Virginie Joron, Jean-Lin Lacapelle |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Deirdre Clune, Krzysztof Hetman, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Tom Vandenkendelaere |
| Renew | Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoş, Dita Charanzová, Sandro Gozi, Svenja Hahn, Morten Løkkegaard, Róża Thun und Hohenstein |
| S&D | Alex Agius Saliba, João Albuquerque, Laura Ballarín Cereza, Brando Benifei, Biljana Borzan, Leszek Miller, Christel Schaldemose |
| The Left | Anne-Sophie Pelletier |
| Verts/ALE | Anna Cavazzini, David Cormand, Malte Gallée, Marcel Kolaja, Kim Van Sparrentak |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Eugen Jurzyca |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

26.9.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT RÉIGIÚNACH

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta fuinnimh na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)
(COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Niklas Nienass

## RÉASÚNÚ GEARR

Ba mhaith leis an Rapóirtéir don tuairim, i.e. Niklas Nienass, a rá go bhfuil sé i gcoinne na leasuithe uile nach dtagann faoi inniúlacht dhocht REGI ach a thagann ina ionad sin faoi inniúlachtaí an phríomhchoiste, eadhon an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh.

Mar gheall ar chreat ama an-teoranta na tuarascála seo, leis an gcéad mhalartú tuairimí ag deireadh mhí na Bealtaine, thángthas ar chomhaontú ag tús an nós imeachta go ndéanfaí inniúlachtaí na gcoistí aonair a urramú. D’fhág sé sin níos mó ama a bheith ann don chaibidlíocht, ós rud é nár ullmhaíodh aon dréacht-tuairim agus go ndearnadh leasuithe ar an mbuntéacs a chur síos go díreach. Is oth leis an Rapóirtéir an cinneadh a rinneadh go mbainfí de an ceart atá aige chun dréacht-tuairim a tharraingt suas.

Níor chloígh grúpa polaitiúil amháin leis an gcomhaontú sin, ar grúpa é a rinne leasuithe ar a lán codanna eile den téacs a chur síos, go háirithe an Iarscríbhinn, nach dtagann faoi inniúlacht REGI toisc go sainítear inti na teicneolaíochtaí glan-nialasacha straitéiseacha dá dtagraítear in go leor codanna eile den téacs agus a thagann faoi dhlínse ITRE. Uime sin, cinneadh sna himeachtaí teicniúla nach n-áireofaí sa chaibidlíocht ach na leasuithe a cuireadh síos ar chodanna ábhartha den téacs. Ós rud é gur chloígh na grúpaí eile uile leis an gcomhaontú bunaidh, níor cuireadh síos aon leasuithe eile ar an Iarscríbhinn, rud a d’fhág nach rabhthas in ann teacht ar chomhréiteach, agus gurbh éigean vótáil ar leithligh ar na leasuithe a cuireadh síos.

Ar an drochuair, chinn a lán de na grúpaí polaitiúla eile an comhaontú a shárú freisin, agus chinn siad gan é a urramú le linn na vótála, trí vótáil i bhfabhar na leasuithe neamhspleácha úd.

Is mian leis an Rapóirtéir don tuairim a rá nach raibh sé i bhfách leis an téacs críochnaitheach a glacadh i gCoiste REGI an 20 Meán Fómhair 2023, ós rud é go raibh sé go mór i gcoinne na leasuithe úd a mheasann sé a bheith ina sárú ar inniúlacht ITRE. Mar sin féin, vótáil sé i bhfabhar a thuairime sa vótáil chríochnaitheach, ar mhaithe le guth aontaithe REGI a bheith ann maidir leis an gcomhréiteach ar ar thángthas agus a mheastar a bheith ina chomhréiteach cuiditheach.

## LEASÚ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt Réigiúnach ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Tá an tAontas tiomanta do dhícharbónú luathaithe a gheilleagair agus d'úsáid uaillmhianach foinsí fuinnimh in-athnuaite chun an aeráidneodracht nó astaíochtaí glan-nialasachta (astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) a bhaint amach faoi 2050. Tá an cuspóir sin i gcroílár an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, an Straitéis Eorpach nuashonraithe maidir le Tionsclaíocht, agus i gcomhréir le tiomantas an Aontais do ghníomhú domhanda ar son na haeráide faoi Chomhaontú Pháras. Chun sprioc na haeráidneodrachta a bhaint amach, le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] leagtar síos sprioc cheangailteach de chuid an Aontais maidir leis an aeráid chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990. Is é is aidhm don phacáiste 'Oiriúnach do 55' atá beartaithe sprioc aeráide ***2030*** an Aontais a bhaint amach agus déanann sé athbhreithniú agus nuashonrú ar reachtaíocht an Aontais ina leith sin. | (1) Tá an tAontas tiomanta do dhícharbónú luathaithe a gheilleagair agus d'úsáid uaillmhianach foinsí fuinnimh in-athnuaite chun an aeráidneodracht nó astaíochtaí glan-nialasachta (astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) a bhaint amach faoi 2050. Tá an cuspóir sin i gcroílár an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, an Straitéis Eorpach nuashonraithe maidir le Tionsclaíocht, agus i gcomhréir le tiomantas an Aontais do ghníomhú domhanda ar son na haeráide faoi Chomhaontú Pháras. Chun sprioc na haeráidneodrachta a bhaint amach, le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] leagtar síos sprioc cheangailteach de chuid an Aontais maidir leis an aeráid chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990. Is é is aidhm don phacáiste 'Oiriúnach do 55' atá beartaithe sprioc aeráide an Aontais ***do 2030*** a bhaint amach agus déanann sé athbhreithniú agus nuashonrú ar reachtaíocht an Aontais ina leith sin***, agus fós an prionsabal a leagtar síos sa Sásra um Aistriú Cóir, i.e. a chinntiú nach bhfágfar aon duine ná aon*** |

***réigiún ar lár san aistriú aeráide, a urramú.***

---

[31] Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

[32] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') ( IO L 243, 9.7.2021, lch. 1). Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún.

[33] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: 'Oiriúnach do 55': sprioc aeráide ***2030*** an Aontais a bhaint amach ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta. COM(2021) 550, 14.7.2021.

---

[31] Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide IO L 282, 19.10.2016, lch. 4.

[32] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') ( IO L 243, 9.7.2021, lch. 1). Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún.

[33] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: 'Oiriúnach do 55': sprioc aeráide an Aontais ***do 2030*** a bhaint amach ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta. COM(2021) 550, 14.7.2021.

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Maidir le gnéithe seachtracha, go háirithe ***maidir*** le margaí atá ag teacht chun cinn agus geilleagair atá i mbéal forbartha, féachfaidh an tAontas le comhpháirtíochtaí a rachaidh chun tairbhe do chách a bhaint amach faoi chuimsiú Straitéis Global Gateway an Aontais, lena ***gcuirtear*** le héagsúlú a shlabhra soláthair amhábhar | (3) Maidir le gnéithe seachtracha, go háirithe ***i dtaca*** le margaí atá ag teacht chun cinn agus geilleagair atá i mbéal forbartha, féachfaidh an tAontas le comhpháirtíochtaí a rachaidh chun tairbhe do chách a bhaint amach faoi chuimsiú Straitéis Global Gateway an Aontais, lena ***rannchuidítear*** le héagsúlú a shlabhra |

chomh maith le hiarrachtaí na dtíortha comhpháirtíochta ***an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach*** a shaothrú agus breisiú luacha áitiúil a fhorbairt.

soláthair amhábhar chomh maith le hiarrachtaí na dtíortha comhpháirtíochta ***ar dhá aistriú atá cothrom go sóisialta*** a shaothrú agus breisiú luacha áitiúil a fhorbairt.

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) D'fhéadfadh deiseanna nua a bheith ann mar gheall ar an aistriú glas, go háirithe do réigiúin bheagfhorbartha agus do réigiúin trasdula. I ndáil leis sin, ní mór riachtanais speisialta agus féidearthachtaí a aithint sa bheartas ar an aeráid. Fágann an fuinneamh in-athnuaite, an bhithmhais agus acmhainní nádúrtha réigiúnacha eile mar aon le féidearthachtaí geografacha i ndáil le teicneolaíochtaí glan-nialasacha deiseanna a bheith ann do réigiúin a bheith rannpháirteach i spriocanna aeráide comhchoiteanna a bhaint amach.*** |

*Réasúnú*

*Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá na haistrithe glasa do réigiúin bheagfhorbartha agus do réigiúin trasdula mar dheis chun pobal agus geilleagar inbhuanaithe níos athléimní a thógáil agus chun poist nua agus deiseanna gnó nua a chruthú.*

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Chun na gealltanais sin a chomhlíonadh, ní mór don Aontas dlús a chur le luas an aistrithe chuig fuinneamh glan, go háirithe ***trí*** éifeachtúlacht fuinnimh agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. ***Cuideoidh*** sé sin le spriocanna an Aontais i bPlean | (4) Chun na gealltanais sin a chomhlíonadh, ní mór don Aontas dlús a chur le luas an aistrithe chuig fuinneamh glan, go háirithe ***tríd an gciorclaíocht, an athchúrsáil agus an athúsáid, coigilt agus*** éifeachtúlacht fuinnimh agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. |

| | |
|---|---|
| Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta do 2030 a bhaint amach, is é sin ráta fostaíochta 78 % ar a laghad agus rannpháirtíocht 60 % ar a laghad de dhaoine fásta in gcúrsaí oiliúna. ***Cuideoidh*** sé freisin ***chun a*** áirithiú go mbeidh an t-aistriú glas cóir agus ***cothrom.*** | ***Rannchuideoidh*** sé sin le spriocanna an Aontais i bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta do 2030 a bhaint amach, is é sin ráta fostaíochta 78 % ar a laghad agus rannpháirtíocht 60 % ar a laghad de dhaoine fásta in gcúrsaí oiliúna. ***Rannchuideoidh*** sé freisin ***lena*** áirithiú go mbeidh an t-aistriú glas cóir agus ***cothrom***[34] |
| [34] Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, a glacadh an 16 Meitheamh 2022 mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'. | [34] Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, a glacadh an 16 Meitheamh 2022 mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Tá athruithe tionsclaíocha, eacnamaíocha agus geopholaitiúla ollmhóra ann cheana féin ar fud an domhain mar gheall ar an gclaochlú i dtreo na glan-nialasachta, rud a bheith níos suntasaí ná riamh de réir mar a théann an domhan chun cinn sna hiarrachtaí dícharbónaithe atá á ndéanamh aige. Leis an gconair i dtreo na glan-nialasachta, tugtar deiseanna láidre chun tionscal glan-nialasachta an Aontais a leathnú, agus úsáid á baint as neart an Mhargaidh Aonair, trí infheistíocht a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus téimh, teaschaidéil, teicneolaíochtaí eangaí, teicneolaíochtaí maidir le breoslaí in-athnuaite de theicneolaíochtaí tionscnaimh neamhbhitheolaíocha, leictrealóirí agus na cealla breosla, comhleá, na himoibreoirí beaga modúlacha agus breoslaí gaolmhara den aicme is fearr, teicneolaíochtaí maidir | (6) Tá athruithe tionsclaíocha, eacnamaíocha agus geopholaitiúla ollmhóra ann cheana féin ar fud an domhain mar gheall ar an gclaochlú i dtreo na glan-nialasachta, rud a bheith níos suntasaí ná riamh de réir mar a théann an domhan chun cinn sna hiarrachtaí dícharbónaithe atá á ndéanamh aige. Leis an gconair i dtreo na glan-nialasachta, tugtar deiseanna láidre chun tionscal glan-nialasachta an Aontais a leathnú, agus úsáid á baint as neart an Mhargaidh Aonair, trí infheistíocht a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus téimh, teaschaidéil, teicneolaíochtaí eangaí, teicneolaíochtaí maidir le breoslaí in-athnuaite de theicneolaíochtaí tionscnaimh neamhbhitheolaíocha, leictrealóirí agus na cealla breosla, comhleá, na himoibreoirí beaga modúlacha agus breoslaí gaolmhara den aicme is fearr, teicneolaíochtaí maidir |

| | |
|---|---|
| le gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, agus teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh agus na slabhraí soláthair atá acu, rud a fhágann gur féidir ár n-earnálacha eacnamaíocha a dhícharbónú, ón soláthar fuinnimh go dtí an earnáil iompair, foirgnimh agus tionscal. Is féidir le tionscal glan-nialasachta láidir laistigh den Aontas Eorpach cuidiú go mór le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach go héifeachtach, chomh maith le tacú le cuspóirí eile an Chomhaontaithe Ghlais, agus poist agus fás a spreagadh acu an tráth céanna. | le gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, agus teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh agus na slabhraí soláthair atá acu, ***agus teicneolaíochtaí bithgheilleagair ciorclacha inbhuanaithe,*** rud a fhágann gur féidir ár n-earnálacha eacnamaíocha a dhícharbónú, ón soláthar fuinnimh go dtí an earnáil iompair, foirgnimh agus tionscal. Is féidir le tionscal glan-nialasachta láidir laistigh den Aontas Eorpach cuidiú go mór le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach go héifeachtach, chomh maith le tacú le cuspóirí eile an Chomhaontaithe Ghlais, agus poist agus fás a spreagadh acu an tráth céanna. |

*Réasúnú*

*Tá sé ríthábhachtach dlús a chur leis an mbithgheilleagar ciorclach inbhuanaithe chun acmhainneacht na slabhraí soláthair a mhéadú agus chun úsáid acmhainní iontaise a laghdú. Tá an bithgheilleagar ríthábhachtach do go leor réigiún maidir lena n-acmhainní nádúrtha a úsáid ar bhealach inbhuanaithe chun comhspriocanna aeráide a bhaint amach.*

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) D’fhéadfadh acmhainní fuinnimh in-athnuaite agus bithbhunaithe teacht in ionad acmhainní fuinnimh iontaise agus amhábhar criticiúil. Díorthaítear na hacmhainní sin ó ábhair bhitheolaíocha, is féidir a athshlánú go nádúrtha. Sa bhreis air sin, astaíonn siad níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa, laghdaíonn siad an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe, tacaíonn siad leis an bhforbairt tuaithe agus cruthaíonn siad poist i gceantair thuaithe agus laghdaíonn siad dramhaíl agus truailliú trí úsáid a bhaint as iarmhair talmhaíochta agus foraoiseachta. Ina theannta sin, laghdaíonn acmhainní in-athnuaite ár*** |

| | |
|---|---|
| | ***spleáchas ar amhábhair chriticiúla atá ag éirí gann.*** |

*Réasúnú*

*Tá an bithgheilleagar ríthábhachtach do go leor réigiún maidir lena n-acmhainní nádúrtha a úsáid ar bhealach inbhuanaithe chun comhspriocanna aeráide a bhaint amach. Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá acmhainní in-athnuaite bithbhunaithe i ndáil le hastaíochtaí a laghdú agus an gá atá le hamhábhair chriticiúla a úsáid, rud a mhéadóidh neamhspleáchas straitéiseach an Aontais Eorpaigh. Mar shampla, is féidir an lignin bhithbhunaithe a úsáid chun ceallraí a tháirgeadh.*

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Chun cuspóirí 2030 a bhaint amach, tá gá le fócas ar leith ar roinnt de na teicneolaíochtaí glan-nialasachta, freisin i bhfianaise a rannchuidiú mór i dtreo na conaire i dtreo na glan-nialasachta a bhaint amach faoi 2050. Áirítear ar na teicneolaíochtaí sin teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine agus teicneolaíochtaí teirmeacha gréine, teicneolaíochtaí in-athnuaite ar tír agus amach ón gcósta, teicneolaíochtaí ceallraí/stórála, teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh, leictrealóirí agus breosla-chealla, bithghás/bithmheatán inbhuanaithe, teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin agus teicneolaíochtaí eangaí. Tá ról lárnach ag na teicneolaíochtaí sin in uathriail straitéiseach oscailte an Aontais, rud a áirithíonn go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar fhuinneamh glan, inacmhainne, slán. I bhfianaise an róil atá acu, ba cheart go mbainfeadh na teicneolaíochtaí sin tairbhe as nósanna imeachta ceadaithe níos ***tapúla***, ba cheart an stádas náisiúnta is airde is féidir a fháil a chur ar fáil dóibh faoin dlí náisiúnta agus tairbhe a bhaint as tacaíocht bhreise chun infheistíochtaí a phlódú isteach. | (10) Chun cuspóirí 2030 a bhaint amach, tá gá le fócas ar leith ar roinnt de na teicneolaíochtaí glan-nialasachta, freisin i bhfianaise a rannchuidiú mór i dtreo na conaire i dtreo na glan-nialasachta a bhaint amach faoi 2050. Áirítear ar na teicneolaíochtaí sin teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine agus teicneolaíochtaí teirmeacha gréine, teicneolaíochtaí in-athnuaite ar tír agus amach ón gcósta, teicneolaíochtaí ceallraí/stórála, teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh, leictrealóirí agus breosla-chealla, bithghás/bithmheatán inbhuanaithe, teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin agus teicneolaíochtaí eangaí. Tá ról lárnach ag na teicneolaíochtaí sin in uathriail straitéiseach oscailte an Aontais, rud a áirithíonn go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar fhuinneamh glan, inacmhainne, slán. I bhfianaise an róil atá acu, ba cheart go mbainfeadh na teicneolaíochtaí sin tairbhe as nósanna imeachta ceadaithe níos ***éifeachtúla***, ba cheart an stádas náisiúnta is airde is féidir a fháil a chur ar fáil dóibh faoin dlí náisiúnta agus tairbhe a bhaint as tacaíocht bhreise chun infheistíochtaí a phlódú isteach. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Chun a áirithiú go mbeidh an córas fuinnimh a bheidh ag an Aontas amach anseo athléimneach, ba cheart an t-uas-scálú sin a dhéanamh feadh shlabhra soláthair iomlán na dteicneolaíochtaí atá i gceist, i gcomhlántacht iomlán leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla. | (11) Chun a áirithiú go mbeidh an córas fuinnimh a bheidh ag an Aontas amach anseo athléimneach, ***cóir, cuimsitheach agus inbhuanaithe,*** ba cheart an t-uas-scálú sin a dhéanamh feadh shlabhra soláthair iomlán na dteicneolaíochtaí atá i gceist, i gcomhlántacht iomlán leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla***, leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, leis an dlí comhshaoil idirnáisiúnta agus le prionsabail an díchill chuí mar aon le rannpháirtíocht fhiúntach le pobail áitiúla***. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE, ceadaítear cheana féin d’údaráis chonarthacha agus d’eintitis a dhámhann conarthaí trí nósanna imeachta soláthair phoiblí, anuas ar chúrsaí praghsála nó costais, chun brath ar chritéir bhreise chun an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a shainaithint. Baineann critéir den sórt sin, mar shampla, le cáilíocht na tairisceana lena n-áirítear saintréithe sóisialta, comhshaoil agus nuálacha. Agus conarthaí le haghaidh teicneolaíocht ghlan-nialasachta á ndámhachtain trí sholáthar poiblí, ba cheart d’údaráis chonarthacha agus d’eintitis chonarthacha measúnú cuí a dhéanamh ar rannchuidiú na dtairiscintí le ***hinbhuanaitheacht*** agus ***athléimneacht*** i | (25) Le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE agus 2014/25/AE, ceadaítear cheana féin d’údaráis chonarthacha agus d’eintitis a dhámhann conarthaí trí nósanna imeachta soláthair phoiblí, anuas ar chúrsaí praghsála nó costais, chun brath ar chritéir bhreise chun an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a shainaithint. Baineann critéir den sórt sin, mar shampla, le cáilíocht na tairisceana lena n-áirítear saintréithe sóisialta, comhshaoil agus nuálacha. Agus conarthaí le haghaidh teicneolaíocht ghlan-nialasachta á ndámhachtain trí sholáthar poiblí, ba cheart d’údaráis chonarthacha agus d’eintitis chonarthacha measúnú cuí a dhéanamh ar rannchuidiú na dtairiscintí ***leis an inbhuanaitheacht agus an athléimneacht*** |

| | |
|---|---|
| ndáil le sraith critéar a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, nuálaíocht, comhtháthú córais agus athléimneacht na tairisceana. | ***agus freisin leis an gcomhtháthú críochach,*** le ***deiseanna poist a chruthú do ghrúpaí atá leochaileach go sóisialta*** agus ***leis an gcuimsitheacht*** i ndáil le sraith critéar a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, nuálaíocht, comhtháthú córais***, tionchair shóisialta*** agus athléimneacht na tairisceana. ***Níor cheart aon duine a fhágáil ar lár; ba cheart go mbainfidís siúd atá i ngátar leas as an teicneolaíocht ghlan-nialasach freisin.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Is féidir critéir inbhuanaitheachta shóisialta a chur i bhfeidhm cheana féin faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair agus is féidir dálaí oibre agus cómhargáil a áireamh iontu i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 30(3) de Treoir 2014/23/AE, le hAirteagal 18(2) de Threoir 2014/24/AE agus le hAirteagal 36(2) de Threoir 2014/25/AE. Ba cheart do na húdaráis chonarthacha rannchuidiú leis an inbhuaine shóisialta trí na bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha, i bhfeidhmiú conarthaí poiblí dóibh, na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí shóisialta agus saothair arna mbunú le dlí an Aontais, leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna nó leis na forálacha idirnáisiúnta maidir leis an dlí comhshaoil, sóisialta agus saothair a liostaítear in Iarscríbhinn X de Threoir 2014/23/AE, Iarscríbhinn X de Threoir 2014/24/AE agus Iarscríbhinn XIV de Threoir ***2014/25/AE***. | (26) Is féidir critéir inbhuanaitheachta shóisialta a chur i bhfeidhm cheana féin faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair agus is féidir dálaí oibre agus cómhargáil a áireamh iontu i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 30(3) de Treoir 2014/23/AE, le hAirteagal 18(2) de Threoir 2014/24/AE agus le hAirteagal 36(2) de Threoir 2014/25/AE. Ba cheart do na húdaráis chonarthacha rannchuidiú leis an inbhuaine shóisialta ***agus leis an gcuimsitheacht*** trí na bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha, i bhfeidhmiú conarthaí poiblí dóibh, na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí shóisialta agus saothair arna mbunú le dlí an Aontais, leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna nó leis na forálacha idirnáisiúnta maidir leis an dlí comhshaoil, sóisialta agus saothair a liostaítear in Iarscríbhinn X de Threoir 2014/23/AE, Iarscríbhinn X de Threoir 2014/24/AE agus Iarscríbhinn XIV de Threoir ***2014/25/AE***[43] . |

[43] Fógra ón gCoimisiún Buying Social — a guide to taking account of social considerations in public procurement (2nd edition) [Ag ceannach go Sóisialta - treoir maidir le breithnithe sóisialta a chur san áireamh sa soláthar poiblí], COM (2021) 3573 final.

[43] Fógra ón gCoimisiún Buying Social — a guide to taking account of social considerations in public procurement (2nd edition) [Ag ceannach go Sóisialta - treoir maidir le breithnithe sóisialta a chur san áireamh sa soláthar poiblí], COM (2021) 3573 final.

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Tá ualú na gcritéar maidir le rannchuidiú ***inbhuanaitheachta agus athléimneachta*** na tairisceana i ***ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí*** gan dochar don fhéidearthacht atá ag údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha tairseach níos airde a leagan síos le haghaidh na gcritéar a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus le nuálaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 41(3) agus le hAithris 64 de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***, Airteagal 67(5) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 82(5) de Threoir 2014/25/AE. | (32) ***I ndáil le nósanna imeachta soláthair phoiblí,*** tá ualú na gcritéar maidir le rannchuidiú na tairisceana i ***dtaca leis an inbhuanaitheacht, i dtaca leis an athléimneacht, i dtaca leis an gcomhtháthú críochach agus i dtaca le deiseanna comhionanna a chruthú do chách*** gan dochar don fhéidearthacht atá ag údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha tairseach níos airde a leagan síos le haghaidh na gcritéar a bhaineann le hinbhuanaitheacht chomhshaoil agus le nuálaíocht, i gcomhréir le hAirteagal 41(3) agus le hAithris 64 de Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[50] , Airteagal 67(5) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 82(5) de Threoir 2014/25/AE. |

[50] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

[50] Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

(35) Tá teaghlaigh agus tomhaltóirí deiridh ina gcodanna ríthábhachtacha d'éileamh an Aontais ar tháirgí deiridh teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus is uirlisí tábhachtacha iad scéimeanna tacaíochta poiblí chun ***spreagadh a thabhairt do theaghlaigh*** táirgí den sórt sin a ***cheannach***, go háirithe do theaghlaigh agus do thomhaltóirí leochaileacha ar ioncam íseal agus ar ioncam meánaicmeach íseal, chun dlús a chur leis an aistriú glas. Faoin tionscnamh um dhíonta gréine a fógraíodh i straitéis an Aontais um an ***nGrianfhuinneamh***, ba cheart do na Ballstáit, mar shampla, cláir náisiúnta a bhunú chun tacú le himscaradh ollmhór grianfhuinnimh dín. I bplean REPowerEU, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as bearta tacaíochta a spreagann an t-athrú chuig teaschaidéil. Ba cheart do scéimeanna tacaíochta den sórt sin a bhunaíonn na Ballstáit go náisiúnta nó a bhunaíonn údaráis áitiúla nó réigiúnacha go háitiúil rannchuidiú le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus athléimneacht theicneolaíochtaí glan-nialasachta an Aontais. Ba cheart d'údaráis phoiblí, mar shampla, cúiteamh airgeadais níos airde a sholáthar do thairbhithe as ceannach táirgí deiridh glan-nialasachta lena ndéanfar rannchuidiú níos airde le hathléimneacht san Aontas. Ba cheart d'údaráis phoiblí a áirithiú go mbeadh a scéimeanna oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, ionas go gcuirfidh siad leis an éileamh ar tháirgí teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas. Ba cheart d'údaráis phoiblí freisin teorainn a chur leis an gcúiteamh airgeadais breise do tháirgí den sórt sin ionas nach gcuirfear moill ar imscaradh na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas. Chun éifeachtúlacht scéimeanna den sórt sin a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeadh rochtain éasca ar fhaisnéis ar shuíomh gréasáin saor in aisce ag do tomhaltóirí agus monaróirí teicneolaíochta glan-nialasachta araon. Úsáid na

(35) Tá teaghlaigh agus tomhaltóirí deiridh ina gcodanna ríthábhachtacha d'éileamh an Aontais ar tháirgí deiridh teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus is uirlisí tábhachtacha iad scéimeanna tacaíochta poiblí chun táirgí den sórt sin a ***bheith á gceannach ag teaghlaigh a dhreasú***, go háirithe do theaghlaigh agus do thomhaltóirí leochaileacha ar ioncam íseal agus ar ioncam meánaicmeach íseal, chun dlús a chur leis an aistriú glas. ***I gcás a lán acu, is í an rochtain ar mhaoiniú is tábhachtaí. Chun go mbeadh na grúpaí sin in ann é a dhéanamh níos inrochtana, ba cheart do na Ballstáit sásra atá fabhrach do na saoránaigh a chruthú lena laghdófaí an t-ualach airgeadais agus riaracháin atá orthu. Ba cheart dóibh freisin díriú ar fheasacht a mhúscailt agus ar chumarsáid níos fearr a dhéanamh chun teagmháil a dhéanamh leis na grúpaí sin. Níor cheart na grúpaí atá leochaileach go sóisialta atá i mbaol na bochtaineachta a fhágáil ar lár ach oiread. Ba cheart an cúnamh speisialta a sholáthar laistigh den chur chuige iomlánaíoch trí úsáid a bhaint as na scéimeanna comhpháirteacha lena gcomhcheanglaítear an státchabhair agus cistí an Aontais.*** Faoin tionscnamh um dhíonta gréine a fógraíodh i straitéis an Aontais um an ***nGrianfhuinneamh***[52] , ba cheart do na Ballstáit, mar shampla, cláir náisiúnta a bhunú chun tacú le himscaradh ollmhór grianfhuinnimh dín. I bplean REPowerEU, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as bearta tacaíochta a spreagann an t-athrú chuig teaschaidéil. Ba cheart do scéimeanna tacaíochta den sórt sin a bhunaíonn na Ballstáit go náisiúnta nó a bhunaíonn údaráis áitiúla nó réigiúnacha go háitiúil rannchuidiú le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus athléimneacht theicneolaíochtaí glan-nialasachta an Aontais. Ba cheart d'údaráis phoiblí, mar shampla, cúiteamh airgeadais níos airde a sholáthar do thairbhithe as ceannach táirgí deiridh glan-nialasachta lena ndéanfar

ranníocaíochta inbhuanaitheachta agus athléimneachta ag údaráis phoiblí i scéimeanna dírithe ar thomhaltóirí nó ar theaghlaigh, ba cheart í a bheith gan dochar do rialacha maidir leis an státchabhair nó do rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais.

rannchuidiú níos airde le hathléimneacht san Aontas. Ba cheart d’údaráis phoiblí a áirithiú go mbeadh a scéimeanna oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, ionas go gcuirfidh siad leis an éileamh ar tháirgí teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas. Ba cheart d’údaráis phoiblí freisin teorainn a chur leis an gcúiteamh airgeadais breise do tháirgí den sórt sin ionas nach gcuirfear moill ar imscaradh na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas. Chun éifeachtúlacht scéimeanna den sórt sin a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeadh rochtain éasca ar fhaisnéis ar shuíomh gréasáin saor in aisce ag do tomhaltóirí agus monaróirí teicneolaíochta glan-nialasachta araon. Úsáid na ranníocaíochta inbhuanaitheachta agus athléimneachta ag údaráis phoiblí i scéimeanna dírithe ar thomhaltóirí nó ar theaghlaigh, ba cheart í a bheith gan dochar do rialacha maidir leis an státchabhair nó do rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais.

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, COM(2022) 221 final, 18.5.2022.

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, COM(2022) 221 final, 18.5.2022.

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) ***Féadfaidh*** na Ballstáit tacaíocht a sholáthar ó chláir an bheartais chomhtháthaithe i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoi Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus | (45) ***Ba cheart do*** na Ballstáit tacaíocht a sholáthar ó chláir an bheartais chomhtháthaithe i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoi Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus |

| | |
|---|---|
| ón ***gComhairle*** chun glacadh tionscadal straitéiseach glan-nialasachta a spreagadh i réigiúin bheagfhorbartha ***agus*** i réigiúin trasdula trí phacáistí infheistíochta bonneagair, infheistíocht tháirgiúil sa nuálaíocht, acmhainneacht mhonaraíochta FBManna, seirbhísí, ***beart*** oiliúna agus uas-scilithe, lena n-áirítear tacaíocht ***maidir le tógáil*** acmhainneachta na n-údarás poiblí agus na dtionscnóirí. D'fhéadfadh sé go mbeadh na rátaí cómhaoinithe is infheidhme arna socrú i gcláir suas le 85 % ***maidir le*** réigiúin bheagfhorbartha agus suas le 60 % nó 70 % ***maidir le*** réigiúin trasdula ag brath ar an gciste lena mbaineann agus stádas an réigiúin ach féadfaidh na Ballstáit na huasteorainneacha sin a shárú ar leibhéal an tionscadail lena mbaineann, i gcás inarb indéanta faoi na rialacha maidir le Státchabhair. Leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, is féidir cabhrú leis na Ballstáit agus le réigiúin straitéisí fáis glan-nialasachta a ullmhú, timpeallacht an ghnó a fheabhsú, rómhaorlathas a laghdú agus dlús a chur le ceadú. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun inbhuanaitheacht tionscadal straitéiseach glan-nialasachta a chur chun cinn trí na hinfheistíochtaí sin a leabú i slabhraí luacha Eorpacha, go sonrach trína bheith ag tógáil ar líonraí comhair idir-réigiúnacha agus trasteorann. | ón ***gComhairle***[57] chun glacadh tionscadal straitéiseach glan-nialasachta a spreagadh ***sna réigiúin uile, go háirithe*** i réigiúin bheagfhorbartha***,*** i réigiúin trasdula ***agus i gCríocha an Chiste um Aistriú Cóir,*** trí phacáistí infheistíochta bonneagair, infheistíocht tháirgiúil sa nuálaíocht, acmhainneacht mhonaraíochta FBManna ***agus***, ***i gcás inarb iomchuí, cuideachtaí meánchaipitlithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (6) agus (7) de Rialachán (AE) 2015/1017, mar aon le hinfheistíocht tháirgiúil i*** seirbhísí, ***taighde, cúnamh cuardaigh poist, bearta*** oiliúna agus uas-scilithe, lena n-áirítear tacaíocht ***d'fhothú*** acmhainneachta na n-údarás poiblí agus na dtionscnóirí. ***Chun gur lú baol a bheadh ann go ndéanfaí na cistí comhtháthaithe nár caitheadh a shaoradh, féadfaidh an Coimisiún, aon bhliain amháin roimh dheireadh na tréimhse cistiúcháin, a mholadh do na Ballstáit na cistí sin a atreorú chuig maoiniú tionscadal glan-nialasachta straitéiseach.*** D'fhéadfadh sé go mbeadh na rátaí cómhaoinithe is infheidhme arna socrú i gcláir suas le 85 % ***i gcás*** réigiúin bheagfhorbartha agus suas le 60 % nó 70 % ***i gcás*** réigiúin trasdula ***agus 40% go 50% i gcás réigiúin mhórfhorbartha,*** ag brath ar an gciste lena mbaineann agus stádas an réigiúin ach féadfaidh na Ballstáit na huasteorainneacha sin a shárú ar leibhéal an tionscadail lena mbaineann, i gcás inarb indéanta faoi na rialacha maidir le Státchabhair. Leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, is féidir cabhrú leis na Ballstáit agus le réigiúin straitéisí fáis glan-nialasachta a ullmhú, timpeallacht an ghnó a fheabhsú, rómhaorlathas a laghdú agus dlús a chur le ceadú. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun inbhuanaitheacht tionscadal straitéiseach glan-nialasachta a chur chun cinn trí na hinfheistíochtaí sin a leabú i slabhraí luacha Eorpacha, go sonrach trína bheith ag tógáil ar líonraí comhair idir-réigiúnacha agus trasteorann. |

[57] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorann agus do víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

[57] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorann agus do víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Le Ciste Eorpach Ceannasachta, bheadh freagra struchtúrach ar ***fáil ar*** na riachtanais infheistíochta. Chabhródh sé chun buntáiste Eorpach a chaomhnú maidir le teicneolaíochtaí criticiúla agus le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasachta. Cuirfidh an ionstraim struchtúrach sin leis an taithí a fuarthas ar thionscadail iltíre chomhordaithe faoi IPCEInna agus féachfaidh sí le rochtain na mBallstát uile ar thionscadail den sórt sin a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin déanfar comhtháthú agus an Margadh Aonair a chosaint ar rioscaí a eascraíonn as infhaighteacht éagothrom Státchabhrach. | (47) Le Ciste Eorpach Ceannasachta, bheadh freagra struchtúrach ***ann*** ar na riachtanais infheistíochta. Chabhródh sé chun buntáiste Eorpach a chaomhnú maidir le teicneolaíochtaí criticiúla agus le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasachta. Cuirfidh an ionstraim struchtúrach sin leis an taithí a fuarthas ar thionscadail iltíre chomhordaithe faoi IPCEInna agus féachfaidh sí le rochtain na mBallstát uile ar thionscadail den sórt sin a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin déanfar comhtháthú agus an Margadh Aonair a chosaint ar rioscaí a eascraíonn as infhaighteacht éagothrom Státchabhrach***, lena n-áirítear bearta iomchuí lena maolaítear na rioscaí sin, agus cuid bhunriachtanach den chistiú breise is gá a sholáthar, ar cistiú é atá fíor-riachtanach chun dul i ngleic leis na*** |

***dúshláin a bhaineann leis an dá aistriú***.

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit, chun na srianta a bhaineann leis na hiarrachtaí ilroinnte atá ann faoi láthair maidir le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a shárú, agus chun comhtháthú agus toradh ar infheistíocht a éascú, ba cheart dóibh sineirgí a chruthú idir na cláir chistiúcháin atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chomh maith le comhordú agus comhoibriú níos fearr a áirithiú le lucht tionscail agus le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach. Tá ról lárnach ag an Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa chun léargas cuimsitheach a fhorbairt ar na deiseanna cistiúcháin ábhartha atá ar fáil agus chun plé a dhéanamh ar riachtanais maoinithe aonair na dtionscadal straitéiseach glan-nialasachta. | (48) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit, chun na srianta a bhaineann leis na hiarrachtaí ilroinnte atá ann faoi láthair maidir le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a shárú, agus chun comhtháthú agus toradh ar infheistíocht a éascú, ba cheart dóibh sineirgí a chruthú idir na cláir chistiúcháin atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chomh maith le comhordú agus comhoibriú níos fearr a áirithiú le lucht tionscail agus le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach. Tá ról lárnach ag an Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa chun léargas cuimsitheach a fhorbairt ar na deiseanna cistiúcháin ábhartha atá ar fáil agus chun plé a dhéanamh ar riachtanais maoinithe aonair na dtionscadal straitéiseach glan-nialasachta ***agus chun tacú le réigiúin, bardais agus tionscnóirí tionscadail***. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(48 a) Chun forbairt chríochach straitéiseach agus comhtháthú críochach straitéiseach a áirithiú, féadfaidh bardais a bheith ina scairshealbhóirí de thionscadail ghlan-nialasachta atá lonnaithe ina réigiún riaracháin.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (58) Is féidir le coinbhleachtaí úsáide talún bacainní a chruthú maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur in úsáid. Pleananna atá deartha go maith, lena n-áirítear pleananna spásúla agus criosaithe, lena gcuirtear san áireamh an acmhainneacht chun tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun feidhme agus a ndéantar measúnú ar a dtionchar ar an gcomhshaol, tá an acmhainneacht ag na pleananna sin cabhrú le hearraí agus leasanna poiblí a chothromú, an poitéinseal coinbhleachta a laghdú agus dlús a chur le cur in úsáid inbhuanaithe tionscadal monaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis fhreagracha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla breithniú a dhéanamh ar fhorálacha maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur san áireamh agus pleananna ábhartha á bhforbairt acu. | (58) Is féidir le coinbhleachtaí úsáide talún bacainní a chruthú maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur in úsáid. Pleananna atá deartha go maith, lena n-áirítear pleananna spásúla agus criosaithe, lena gcuirtear san áireamh an acmhainneacht chun tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun feidhme agus a ndéantar measúnú ar a dtionchar ar an gcomhshaol, tá an acmhainneacht ag na pleananna sin cabhrú le hearraí agus leasanna poiblí a chothromú, an poitéinseal coinbhleachta a laghdú agus dlús a chur le cur in úsáid inbhuanaithe tionscadal monaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis fhreagracha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla***, i gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta a shonraítear in Airteagal 8 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (AE) 2021/1060,*** breithniú a dhéanamh ar fhorálacha maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur san áireamh agus pleananna ábhartha á bhforbairt acu. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 69**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (69) Ar leibhéal an Aontais, ba cheart an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa a bhunú, ardán a bheadh comhdhéanta de na Ballstáit agus a mbeadh an Coimisiún ina chathaoirleach air. Féadfaidh an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa comhairle agus | (69) Ar leibhéal an Aontais, ba cheart an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa a bhunú, ardán a bheadh comhdhéanta de na Ballstáit agus a mbeadh an Coimisiún ina chathaoirleach air. Féadfaidh an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa comhairle agus |

| | |
|---|---|
| cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le ceisteanna sonracha agus comhlacht tagartha a sholáthar, ina ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit a ngníomhaíocht a chomhordú agus malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo a éascú. Ba cheart don Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa na cúraimí a leagtar amach in Airteagail éagsúla an Rialacháin seo a dhéanamh tuilleadh, go háirithe i ndáil le cead a thabhairt, lena n-áirítear ionaid ilfhreastail, Tionscadail Teicneolaíochtaí glan-nialasachta, maoiniú a chomhordú, rochtain ar mhargaí agus ar scileanna chomh maith le deiseanna trialacha rialála teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha. I gcás inar gá, féadfaidh an tArdán foghrúpaí buana nó sealadacha a bhunú agus cuireadh a thabhairt do thríú páirtithe, amhail saineolaithe nó ionadaithe ó thionscail glan-nialasachta. | cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le ceisteanna sonracha agus comhlacht tagartha a sholáthar, ina ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit a ngníomhaíocht a chomhordú agus malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo a éascú. Ba cheart don Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa na cúraimí a leagtar amach in Airteagail éagsúla an Rialacháin seo a dhéanamh tuilleadh, go háirithe i ndáil le cead a thabhairt, lena n-áirítear ionaid ilfhreastail, Tionscadail Teicneolaíochtaí glan-nialasachta, maoiniú a chomhordú, rochtain ar mhargaí agus ar scileanna chomh maith le deiseanna trialacha rialála teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha. ***Sa bhreis air sin, ba cheart don Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn réigiún NUTS 2 agus tacú lena bhforbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chríochach chun comhtháthú a áirithiú.*** I gcás inar gá, féadfaidh an tArdán foghrúpaí buana nó sealadacha a bhunú agus cuireadh a thabhairt do ***Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste Eorpach na Réigiún, agus freisin do chomhpháirtithe sóisialta, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus do*** thríú páirtithe, amhail saineolaithe nó ionadaithe ó thionscail glan-nialasachta. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 70**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (70) Mar chuid de Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, d'fhógair an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Teicneolaíochtaí glan-nialasachta a thabhairt i gcrích lena gcumhdaítear teicneolaíochtaí glan- | (70) Mar chuid de Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, d'fhógair an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Teicneolaíochtaí glan-nialasachta a thabhairt i gcrích lena gcumhdaítear teicneolaíochtaí glan- |

| | |
|---|---|
| nialasachta, chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a ghlacadh ar fud an domhain agus chun tacú le ról chumais thionsclaíocha an Aontais chun an bealach a réiteach don aistriú domhanda chuig fuinneamh glan. ***Féadfaidh an Coimisiún*** agus na Ballstáit comhordú a dhéanamh laistigh den Ardán ar na Comhpháirtíochtaí, agus plé á dhéanamh ***acu*** ar chomhpháirtíochtaí agus ar phróisis ábhartha atá ann cheana, amhail comhpháirtíochtaí glasa, idirphlé faoi fhuinneamh agus cineálacha eile socruithe conarthacha déthaobhacha atá ann cheana, chomh maith le sineirgí féideartha le comhaontuithe déthaobhacha ábhartha de chuid na mBallstát le tríú tíortha. | nialasachta, chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a ghlacadh ar fud an domhain agus chun tacú le ról chumais thionsclaíocha an Aontais chun an bealach a réiteach don aistriú domhanda chuig fuinneamh glan. ***Ba cheart don Choimisiún*** agus ***do*** na Ballstáit comhordú a dhéanamh laistigh den Ardán ar na Comhpháirtíochtaí, agus ***féadfaidh siad*** plé á dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí agus ar phróisis ábhartha atá ann cheana, amhail comhpháirtíochtaí glasa, idirphlé faoi fhuinneamh agus cineálacha eile socruithe conarthacha déthaobhacha atá ann cheana, chomh maith le sineirgí féideartha le comhaontuithe déthaobhacha ábhartha de chuid na mBallstát le tríú tíortha. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 71**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (71) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an trádáil idirnáisiúnta agus infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a éagsúlú agus ardchaighdeáin shóisialta agus chomhshaoil a chur chun cinn ar fud an domhain***, agus ba cheart an méid sin a dhéanamh*** i ndlúthchomhar agus i gcomhpháirtíocht le tíortha atá ar aon intinn leo. Ar an gcuma chéanna, ba cheart iarrachtaí níos láidre maidir le taighde agus nuálaíocht a dhéanamh chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt agus a chur in úsáid i ndlúthchomhar le tíortha comhpháirtíochta i gcur chuige oscailte ach teanntásach. | (71) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an trádáil idirnáisiúnta agus infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a éagsúlú agus ardchaighdeáin shóisialta agus chomhshaoil a chur chun cinn ar fud an domhain i ndlúthchomhar agus i gcomhpháirtíocht le tíortha atá ar aon intinn leo. Ar an gcuma chéanna, ba cheart iarrachtaí níos láidre maidir le taighde agus nuálaíocht a dhéanamh chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt agus a chur in úsáid i ndlúthchomhar le tíortha comhpháirtíochta i gcur chuige oscailte ach teanntásach. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leis an Rialachán seo, bunaítear creat beart chun acmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas a nuáil agus a uas-scálú chun tacú le sprioc 2030 an Aontais glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990 agus chun tacú le sprioc 2050 an Aontais maidir le haeráidneodracht, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2021/1119, agus chun rochtain an Aontais a áirithiú ar sholáthar slán inbhuanaithe de theicneolaíochtaí glan-nialasachta atá riachtanach chun athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a chosaint agus chun rannchuidiú le cruthú post ardcháilíochta. | 1. Leis an Rialachán seo, bunaítear creat beart chun acmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas a nuáil agus a uas-scálú chun tacú le sprioc 2030 an Aontais glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990 agus chun tacú le sprioc 2050 an Aontais maidir le haeráidneodracht, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2021/1119, agus chun rochtain an Aontais a áirithiú ar sholáthar slán inbhuanaithe de theicneolaíochtaí glan-nialasachta atá riachtanach chun athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a chosaint agus chun rannchuidiú le cruthú ***agus coinneáil*** post ardcháilíochta. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí glan-nialasachta'teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite[66]; teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus téimh; teaschaidéil; teicneolaíochtaí eangaí; teicneolaíochtaí breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch; teicneolaíochtaí breoslaí malartacha inbhuanaithe[67]; leictrealóirí agus breosla-chealla; ***ardteicneolaíochtaí*** chun fuinneamh a tháirgeadh ó phróisis núicléacha ***lena ngabhann íosmhéid dramhaíola ó thimthriall an bhreosla***, ó imoibreoirí beaga modúlacha, agus ó bhreoslaí 'barr-rogha na haicme' gaolmhara; teicneolaíochtaí gabhála, úsáide agus stórála carbóin, agus teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh**.** Tagraíonn siad do na táirgí deiridh, do na comhpháirteanna sonracha agus don innealra sonrach a | (a) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí glan-nialasachta'teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite[66]; teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus téimh; teaschaidéil; teicneolaíochtaí eangaí; teicneolaíochtaí breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch; teicneolaíochtaí breoslaí malartacha inbhuanaithe[67]; leictrealóirí agus breosla-chealla; ***teicneolaíochtaí*** chun fuinneamh a tháirgeadh ó phróisis núicléacha ***agus a dtimthriall breosla gaolmhar***, ó imoibreoirí beaga modúlacha, agus ó bhreoslaí 'barr-rogha na haicme' gaolmhara; teicneolaíochtaí gabhála, úsáide agus stórála carbóin, agus teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh ***agus bithfhuinnimh in-athnuaite*** a bhaineann le córais fuinnimh Tagraíonn siad do na táirgí deiridh, do na comhpháirteanna sonracha agus don |

| | |
|---|---|
| úsáidtear go príomha chun na táirgí sin a tháirgeadh. Beidh leibhéal ***8*** na hullmhachta teicneolaí ar a laghad bainte amach acu. | innealra sonrach***, lena n-áirítear teicneolaíochtaí don chiorclaíocht,*** a úsáidtear go príomha chun na táirgí sin a tháirgeadh. Beidh leibhéal ***7*** na hullmhachta teicneolaí ar a laghad bainte amach acu. |
| [66] ciallaíonn 'fuinneamh in-athnuaite' 'fuinneamh inathnuaite' mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn | [66] ciallaíonn 'fuinneamh in-athnuaite' 'fuinneamh inathnuaite' mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn |
| [67] ciallaíonn 'breoslaí malartacha inbhuanaithe' breoslaí a chumhdaítear leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe, COM/2021/561 final agus leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar COM/2021/562 final. | [67] ciallaíonn 'breoslaí malartacha inbhuanaithe' breoslaí a chumhdaítear leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe, COM/2021/561 final agus leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar COM/2021/562 final. |

*Réasúnú*

*Tá sé ríthábhachtach dlús a chur leis an mbithgheilleagar ciorclach inbhuanaithe chun acmhainneacht na slabhraí soláthair a mhéadú agus chun úsáid acmhainní iontaise a laghdú. Tá an bithgheilleagar ríthábhachtach do go leor réigiún maidir lena n-acmhainní nádúrtha a úsáid ar bhealach inbhuanaithe chun comhspriocanna aeráide a bhaint amach.*

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ciallaíonn 'comhpháirt' cuid bheag de theicneolaíocht ghlan-nialasachta ***a dhéanann*** cuideachta ***í a mhonarú as*** ábhair phróiseáilte agus ***a thrádáil***; | (b) ciallaíonn 'comhpháirt' cuid bheag de theicneolaíocht ghlan-nialasachta ***arna monarú agus arna trádáil ag*** cuideachta ***ag tosú ó*** ábhair phróiseáilte agus |

| | |
|---|---|
| | ***comhpháirteanna athchúrsáilte***; |

*Réasúnú*

*Tá sé ríthábhachtach dlús a chur leis an ngeilleagar ciorclach chun acmhainneacht na slabhraí soláthair a mhéadú.*

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha' teicneolaíochtaí a chomhlíonann an sainmhíniú ar 'theicneolaíochtaí glan-nialasachta', ach nach bhfuil leibhéal ***8*** na hullmhachta teicneolaí ar a laghad bainte amach acu, agus a bhfuil fíor-nuálaíocht ina cuid acu nach bhfuil ar fáil ar an margadh faoi láthair agus atá forbartha a ndóthain chun tástáil a dhéanamh orthu i dtimpeallacht rialaithe. | (c) ciallaíonn 'teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha' teicneolaíochtaí a chomhlíonann an sainmhíniú ar 'theicneolaíochtaí glan-nialasachta', ach nach bhfuil leibhéal ***7*** na hullmhachta teicneolaí ar a laghad bainte amach acu, agus a bhfuil fíor-nuálaíocht ina cuid acu nach bhfuil ar fáil ar an margadh faoi láthair agus atá forbartha a ndóthain chun tástáil a dhéanamh orthu i dtimpeallacht rialaithe. |

*Réasúnú*

*Íslíonn sé leibhéal na hullmhachta teicneolaí ó 8 go 7. Is gá, sa bheartas nuálaíochta agus fuinnimh, béim a chur ar níos mó forbartha agus luathinfheistíochtaí in ionad státchabhair dhíreach, a bhaineann le táirgeadh.*

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta go mbeidh rochtain éasca ag iarrthóirí ar nósanna imeachta simplí ***agus faisnéis faoi na nósanna imeachta sin*** chun díospóidí a réiteach a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna agus le ceadanna a eisiúint chun tionscadail a | 6. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta go mbeidh rochtain éasca ag iarrthóirí ar ***fhaisnéis agus ar*** nósanna imeachta ***soiléire agus*** simplí chun díospóidí a réiteach a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna agus le ceadanna a eisiúint chun tionscadail a |

| | |
|---|---|
| thógáil nó a mhéadú, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, sásraí réitigh díospóide malartacha. | thógáil nó a mhéadú, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, sásraí réitigh díospóide malartacha. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) seirbhísí tacaíochta gnó, lena n-áirítear dearbhú cánach corparáide, ***dlíthe*** cánach ***áitiúla***, dlí an tsaothair, ach gan bheith teoranta dóibh sin. | (d) seirbhísí tacaíochta gnó, lena n-áirítear dearbhú cánach corparáide, ***reachtaíocht*** cánach ***náisiúnta***, ***réigiúnach, agus áitiúil,*** dlí an tsaothair, ***státchabhair agus reachtaíocht iomaíochta, agus comhchodanna reachtacha ábhartha eile,*** ach gan ***a*** bheith teoranta dóibh sin. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás nach mór measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 5 go 9 de Threoir 2011/92/AE, iarrfaidh an tionscnóir tionscadail lena mbaineann tuairim ar an údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 4 ar raon feidhme agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise atá le háireamh sa tuarascáil maidir leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Airteagal 5(1) den Treoir sin. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta go n-eiseofar an tuairim dá dtagraítear sa chéad fhomhír a luaithe is féidir agus laistigh de thréimhse ama nach faide ná 30 lá ón dáta a chuir an tionscnóir tionscadail a iarraidh isteach. | 1. I gcás nach mór measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 5 go 9 de Threoir 2011/92/AE, iarrfaidh an tionscnóir tionscadail lena mbaineann tuairim ar an údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 4 ar raon feidhme agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise atá le háireamh sa tuarascáil maidir leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Airteagal 5(1) den Treoir sin. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta go n-eiseofar an tuairim dá dtagraítear sa chéad fhomhír a luaithe is féidir agus laistigh de thréimhse ama nach faide ná 30 lá ón dáta a chuir an tionscnóir tionscadail a iarraidh isteach ***agus a chuathas i gcomhairle leis an bpobal lena mbaineann de réir Airteagal 11 de Threoir 2011/92/AE***. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin nós imeachta comhordaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ***comhordóidh an t-údarás*** inniúil náisiúnta na measúnuithe aonair éagsúla ar thionchar comhshaoil tionscadail ***ar leith*** a cheanglaítear le reachtaíocht ***infheidhme*** an Aontais. | Faoin nós imeachta comhordaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ***déanfaidh an t-údarás*** inniúil náisiúnta***, i gcomhréir le prionsabal*** na ***comhpháirtíochta a shonraítear in Airteagal 8 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (AE) 2021/1060, na*** measúnuithe aonair éagsúla ar thionchar comhshaoil tionscadail ***áirithe*** a cheanglaítear le reachtaíocht ***ábhartha*** an Aontais ***a chomhordú***. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta go n-eiseoidh na húdaráis lena mbaineann conclúid réasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (g)(iv) de Threoir 2011/92/AE ***maidir leis*** an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol laistigh de 3 mhí tar éis dóibh an fhaisnéis uile is gá a bailíodh de bhun Airteagail 5, 6 agus 7 den Treoir sin a fháil agus na comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 den Treoir sin a thabhairt i gcrích. | 3. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta go n-eiseoidh na húdaráis lena mbaineann conclúid réasúnaithe ***amhail*** dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (g)(iv) de Threoir 2011/92/AE ***ar*** an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol laistigh de 3 mhí tar éis dóibh an fhaisnéis uile is gá a bailíodh de bhun Airteagail 5, 6 agus 7 den Treoir sin a fháil***, a gcaílíocht a bhailíochtú*** agus na comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 den Treoir sin a thabhairt i gcrích. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Agus pleananna á n-ullmhú, ***lena n-*** | 1. Agus pleananna ***náisiúnta agus*** |

| | |
|---|---|
| ***áirítear criosú, pleananna spásúlachta agus pleananna úsáide talún, áireoidh údaráis*** náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ***sna pleananna sin***, i ***gcás inarb iomchuí, forálacha maidir le*** forbairt tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ***ghlan-nialasachta***. Tabharfar tús áite do dhromchlaí saorga agus tógtha, láithreáin thionsclaíocha, láithreáin athfhorbraíochta, agus, i gcás inarb iomchuí, láithreáin úrnua nach féidir a úsáid le haghaidh na talmhaíochta ***agus*** na foraoiseachta. | ***réigiúnacha*** á n-ullmhú ***acu***, ***mar aon le pleananna gníomhaíochta le haghaidh straitéisí fuinnimh inbhuanaithe agus éifeachtúlachta fuinnimh, áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreofar i gcomhar le húdaráis*** náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, i ***gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta a shonraítear in Airteagal 8 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (AE) 2021/1060, chun*** forbairt tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ***glan-nialasachta, a chur chun cinn***. Tabharfar tús áite do dhromchlaí saorga agus tógtha, láithreáin thionsclaíocha, láithreáin athfhorbraíochta, agus, i gcás inarb iomchuí, láithreáin úrnua nach féidir a úsáid le haghaidh na talmhaíochta ***ná le haghaidh*** na foraoiseachta***, agus nach n-aicmítear mar Natura 2000***. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina n-áireofar i bpleananna forálacha maidir le forbairt tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, atá faoi réir measúnaithe de bhun Threoir 2001/42/CE agus de bhun Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE, déanfar na measúnuithe sin a chomhcheangal. I gcás inarb ábhartha, tabharfar aghaidh sa mheasúnú comhcheangailte sin freisin ar an tionchar ar dhobharlaigh a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh agus fíorófar an bhféadfadh an plean cosc a chur ar dhobharlach stádas maith nó ***poitéinseal maith*** a bhaint amach nó a bheith ina chúis le meathlú stádais nó poitéinsil dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2000/60/CE nó an bhféadfadh an plean bac a chur ar dhobharlach stádas maith nó | 2. I gcás ina n-áireofar i bpleananna forálacha maidir le forbairt tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, atá faoi réir measúnaithe de bhun Threoir 2001/42/CE agus de bhun Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE, déanfar na measúnuithe sin a chomhcheangal. I gcás inarb ábhartha, tabharfar aghaidh sa mheasúnú comhcheangailte sin freisin ar an tionchar ar dhobharlaigh a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh agus fíorófar an bhféadfadh an plean cosc a chur ar dhobharlach stádas maith nó ***acmhainneacht mhaith*** a bhaint amach nó a bheith ina chúis le meathlú stádais nó poitéinsil dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2000/60/CE nó an bhféadfadh an plean bac a chur ar dhobharlach stádas |

| | |
|---|---|
| poitéinseal maith a bhaint amach. I gcás ina gceanglaítear ar na Ballstáit ábhartha measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngníomhaíochtaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo ar an muirthimpeallacht, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí ar muir agus ar tír, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2014/89/AE, cumhdófar na tionchair sin leis an measúnú comhcheangailte freisin. | maith nó poitéinseal maith a bhaint amach. I gcás ina gceanglaítear ar na Ballstáit ábhartha measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngníomhaíochtaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo ar an muirthimpeallacht, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí ar muir agus ar tír, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2014/89/AE, cumhdófar na tionchair sin leis an measúnú comhcheangailte freisin. ***Ní dhéanfaidh an teaglaim de mheasúnuithe de bhun na míre seo cáilíocht ceachtar de na measúnuithe a ísliú ná a chur i mbaol.***<br>***Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte maidir le conas measúnuithe a chomhcheangal de bhun na chéad fhomhíre.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Chun tacú le huathriail straitéiseach a bhaint amach, déanfaidh Coimisiún an Aontais plean gníomhaíochta straitéiseach a fhorbairt maidir le conas is féidir leis an mbithgheilleagar inbhuanaithe rannchuidiú le huaillmhianta NZIA, lena n-áirítear clár oibre straitéiseach d'ábhair bhithbhunaithe san Aontas; ina leagfar amach na hábhair is gá, a bhfoinsí, agus na próisis déantúsaíochta atá ann lena n-aghaidh.***<br>***(Cuirfear isteach í mar mhír nua.)*** |

*Réasúnú*

*Tá sraith éagsúil d'fhoinsí fuinnimh difriúla de dhíth ar an Aontas chun na spriocanna a leagtar síos sa bheartas aeráide a bhaint amach agus chun an neamhspleáchas straitéiseach a neartú. Tá an bithgheilleagar ríthábhachtach do go leor réigiún maidir lena n-acmhainní nádúrtha a úsáid ar bhealach inbhuanaithe chun comhspriocanna aeráide a bhaint amach.*

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a chomhfhreagraíonn do theicneolaíocht a liostaítear san Iarscríbhinn agus atá lonnaithe san Aontas a rannchuidíonn le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán seo agus a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas, déanfaidh na Ballstáit iad a aithint mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta: | 1. Maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a chomhfhreagraíonn do theicneolaíocht a liostaítear san Iarscríbhinn agus atá lonnaithe san Aontas a rannchuidíonn le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán seo agus a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas, déanfaidh na Ballstáit***, i gcomhairle leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla,*** iad a aithint mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta: |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) rannchuidíonn an tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta le hathléimneacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch chóras fuinnimh an Aontais trí acmhainneacht mhonaraíochta comhpháirte nó páirte a mhéadú i slabhra luacha na teicneolaíochta glan-nialasachta ar a bhfuil an tAontas ag brath go mór ar allmhairí a thagann ó thríú tír aonair; | (a) rannchuidíonn an tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta le hathléimneacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch chóras fuinnimh an Aontais trí acmhainneacht mhonaraíochta comhpháirte nó páirte a mhéadú ***go hinbhuanaithe agus go straitéiseach*** i slabhra luacha na teicneolaíochta glan-nialasachta ar a bhfuil an tAontas ag brath go mór ar allmhairí a thagann ó thríú tír aonair; |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) monaraíonn sé teicneolaíochtaí lena ngabhann inbhuanaitheacht agus feidhmíocht ***fheabhsaithe***; | (ii) monaraíonn sé teicneolaíochtaí lena ngabhann inbhuanaitheacht agus feidhmíocht ***mhórfheabhsaithe***; |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe b – pointe iii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) cuireann sé bearta i bhfeidhm chun lucht saothair is gá le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a mhealladh, a uas-sciliú nó a athsciliú, lena n-áirítear trí phrintíseachtaí, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta; | (iii) cuireann sé bearta i bhfeidhm chun lucht saothair is gá le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a mhealladh, a uas-sciliú nó a athsciliú, lena n-áirítear trí phrintíseachtaí, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta; ***tugann sé aird ar an tionchar sóisialta, cuireann sé an chuimsitheacht chun cinn, agus cruthaíonn sé fostaíocht chobhsaí;*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) úsáideann sé cleachtais mhonaraíochta chuimsitheacha ísealcharbóin agus chiorclacha, lena n-áirítear aisghabháil teasa iarmharaigh. | (iv) úsáideann sé cleachtais mhonaraíochta chuimsitheacha ísealcharbóin agus chiorclacha, lena n-áirítear aisghabháil teasa iarmharaigh***, luachshocrú taobhshruthanna agus éifeachtúlacht an uisce***. |

*Réasúnú*

*Tá an aisghabháil dramhaíola tábhachtach ach tá éifeachtúlacht an uisce, luachshocrú taobhshruthanna agus nithe eile nach iad tábhachtach freisin.*

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Aithneoidh na Ballstáit tionscadail stórála CO2 a chomhlíonann na critéir charnacha seo a leanas ***mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta***: | 2. ***I gcomhréir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/1060, ní*** aithneoidh na Ballstáit ***mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta ach na*** tionscadail stórála $CO_2$ ***sin*** a chomhlíonann na critéir charnacha seo a leanas: |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a chomhfhreagraíonn do theicneolaíocht a liostaítear san Iarscríbhinn atá lonnaithe i 'réigiúin bheagfhorbartha agus trasdula' agus i gCríocha an Chiste um Aistriú Cóir agus atá incháilithe do chistiú faoi rialacha an bheartais chomhtháthaithe, aithneoidh na Ballstáit iad mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta faoi Airteagal 11(3) arna iarraidh sin don tionscnóir tionscadail gan é a bheith ar an tionscnóir tionscadail iarratas foirmiúil a chur isteach faoi Airteagal 11(2). | 3. Maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a chomhfhreagraíonn do theicneolaíocht a liostaítear san Iarscríbhinn atá lonnaithe i 'réigiúin bheagfhorbartha agus trasdula' agus i gCríocha an Chiste um Aistriú Cóir agus atá incháilithe do chistiú faoi rialacha an bheartais chomhtháthaithe, ***ní*** aithneoidh na Ballstáit ***ach*** iad mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta faoi Airteagal 11(3) arna iarraidh sin don tionscnóir tionscadail gan é a bheith ar an tionscnóir tionscadail iarratas foirmiúil a chur isteach faoi Airteagal 11(2). ***Mar sin féin, fíoróidh an Coimisiún go bhfuiltear ag cloí leis na teicneolaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***Article10a*** |
| | ***Tairseacha státchabhrach do na Ballstáit le haghaidh infheistíochtaí i dtionscadail ghlan-nialasacha*** |
| | ***1. Chun a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit an státchabhair a eisíoc go comhréireach, sainaithneoidh an Coimisiún tairseach aonair don státchabhair in aghaidh an Bhallstáit a léireoidh an meánmhéid infheistíochta chun tuilleadh éagsúlachta i bhforbairt na réigiún a chosc.*** |
| | ***2. Molfaidh an Coimisiún modh ríomha don tairseach trína gcuirfear san áireamh comharthaí go bhféadfadh an státchabhair a bheith á dáileadh go héagothrom idir na Ballstáit, amhail acmhainní airgeadais, sciar na dtionscal agus sonraí daonra i meán an Aontais.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le hiarratais ar thionscadail teicneolaíochta glan-nialasachta a aithint mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, cuirfidh an tionscnóir tionscadail faoi bhráid an Bhallstáit ábhartha iad. | 1. Maidir le hiarratais ar thionscadail teicneolaíochta glan-nialasachta a aithint mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, cuirfidh an tionscnóir tionscadail faoi bhráid an Bhallstáit ábhartha iad***, a dhéanfaidh, i gcás na dtionscadal stórála carbóin, na tionscadail fhormheasta uile a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena ndeimhniú***. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Féadfaidh*** an Coimisiún ***a thuairim a sholáthar ar na tionscadail*** | 4. ***Tabharfaidh*** an Coimisiún ***tuairim ar thionscadail fhormheasta an Bhallstáit***. |

| | |
|---|---|
| ***arna bhformheas***. I gcás ina ndiúltóidh Ballstát don iarratas, beidh sé de cheart ag an iarratasóir an t-iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an iarratas laistigh de 20 lá oibre. | I gcás ina ndiúltóidh Ballstát don iarratas, beidh sé de cheart ag an iarratasóir an t-iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an iarratas laistigh de 20 lá oibre. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nó Ballstát go ndearnadh athruithe substaintiúla ar thionscadal straitéiseach glan-nialasachta nó nach gcomhlíonann sé a thuilleadh na critéir a leagtar amach in Airteagal 10(1) nó (3), nó i gcás ina raibh a aitheantas bunaithe ar iarratas ina raibh faisnéis mhícheart, cuirfidh sé an tionscnóir tionscadail lena mbaineann ar an eolas faoin méid sin. Tar éis éisteacht leis an tionscnóir tionscadail, féadfaidh an Ballstát an cinneadh lena ndeonaítear stádas tionscadail straitéisigh glan-nialasachta do thionscadal a aisghairm. | 6. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nó Ballstát go ndearnadh athruithe substaintiúla ar thionscadal straitéiseach glan-nialasachta nó nach gcomhlíonann sé a thuilleadh na critéir a leagtar amach in Airteagal 10(1) nó (3), nó i gcás ina raibh a aitheantas bunaithe ar iarratas ina raibh faisnéis mhícheart, ***nó, ag éirí as meastóireacht ex-post an Choimisiúin, nach rannchuidíonn sé go leordhóthanach a thuilleadh leis an nuálaíocht ná le dlús a chur le hacmhainneacht mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasacha,*** cuirfidh sé an tionscnóir tionscadail lena mbaineann ar an eolas faoin méid sin. Tar éis éisteacht leis an tionscnóir tionscadail, féadfaidh an Ballstát an cinneadh lena ndeonaítear stádas tionscadail straitéisigh glan-nialasachta do thionscadal a aisghairm. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Tionscadail nach n-aithnítear a thuilleadh mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, caillfidh siad na cearta uile a bhaineann leis an stádas sin faoin | 7. Tionscadail nach n-aithnítear a thuilleadh mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta ***dá dtagraítear i mír 6***, caillfidh siad na cearta uile a bhaineann leis |

| | |
|---|---|
| Rialachán seo. | an stádas sin faoin Rialachán seo. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Déanfaidh an Coimisiún clárlann tionscadal straitéiseach glan-nialasachta a bheidh ar fáil go hoscailte a bhunú agus a choinneáil ar bun. | 8. ***Bunaithe ar na sonraí arna dtíolacadh ag na Ballstáit,*** déanfaidh an Coimisiún clárlann tionscadal straitéiseach glan-nialasachta a bheidh ar fáil go hoscailte a bhunú agus a choinneáil ar bun. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Gan dochar d’oibleagáidí dá bhforáiltear i ndlí an Aontais, deonóidh na Ballstáit an stádas lena mbaineann an tábhacht náisiúnta is airde is féidir do thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, i gcás inarb ann do stádas den sórt sin sa dlí náisiúnta, agus caithfear leo dá réir sin sna próisis deonaithe ceadanna, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le measúnuithe comhshaoil agus má fhoráiltear amhlaidh sa dlí náisiúnta, leis an bpleanáil spásúlachta. | 2. Gan dochar d’oibleagáidí dá bhforáiltear i ndlí an Aontais, deonóidh na Ballstáit an stádas lena mbaineann an tábhacht náisiúnta is airde is féidir do thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, i gcás inarb ann do stádas den sórt sin sa dlí náisiúnta, agus caithfear leo dá réir sin sna próisis deonaithe ceadanna, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le measúnuithe comhshaoil agus má fhoráiltear amhlaidh sa dlí náisiúnta, leis an bpleanáil spásúlachta. ***Oibreoidh na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i gcomhar le chéile maidir le nósanna imeachta comhshaoil, maidir leis an bpleanáil spásúlachta agus maidir le hoibleagáidí dlíthiúla gaolmhara eile.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tabharfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit faoi ghníomhaíochtaí chun dlús a chur le hinfheistíochtaí príobháideacha i dtionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta agus chun na hinfheistíochtaí a phlódú isteach. Féadfar a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin, gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, tacaíocht a sholáthar do thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a bhfuil deacrachtaí acu maoiniú a fháil, mar aon leis an tacaíocht sin a chomhordú. | 1. Tabharfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit faoi ghníomhaíochtaí chun dlús a chur le hinfheistíochtaí príobháideacha i dtionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta agus chun na hinfheistíochtaí a phlódú isteach. Féadfar a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin, gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 CFAE, tacaíocht ***riaracháin*** a sholáthar do thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a bhfuil deacrachtaí acu maoiniú a fháil, mar aon leis an tacaíocht sin a chomhordú. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht riaracháin a sholáthar do thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta chun cur chun feidhme tapa agus éifeachtach na dtionscadal sin a éascú, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a sholáthar: | 2. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht riaracháin a sholáthar***, trí na húdaráis inniúla,*** do thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta chun cur chun feidhme tapa agus éifeachtach na dtionscadal sin a éascú, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a sholáthar: |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cúnamh do thionscnóirí tionscadail chun glacadh an phobail leis an tionscadal a mhéadú tuilleadh. | (b) cúnamh do thionscnóirí tionscadail chun glacadh an phobail leis an tionscadal a mhéadú tuilleadh. ***Ní mór an tacaíocht a thabhairt do 'réigiúin bheagfhorbartha agus réigiúin trasdula' agus do Chríocha an Chiste um Aistriú Cóir atá incháilithe do chistiú faoi rialacha an bheartais chomhtháthaithe, go háirithe na réigiúin*** |

| | |
|---|---|
| | ***is forimeallaí agus na limistéir thuaisceartacha inar tearc an daonra.*** |

*Réasúnú*

*Ba cheart an tacaíocht a thabhairt do na réigiúin sin is mó a bhfuil gá acu léi.*

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Pléifidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa a bhunaítear in Airteagal 28 riachtanais airgeadais agus scrogaill i ***dtionscadail*** straitéiseacha ghlan-nialasachta, na cleachtais is fearr a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe chun slabhraí soláthair trasteorann an Aontais a fhorbairt, go háirithe ar bhonn malartuithe rialta leis na comhghuaillíochtaí tionsclaíocha ábhartha. | 1. Pléifidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa ***mar*** a bhunaítear in Airteagal 28 riachtanais airgeadais agus scrogaill i ***dteicneolaíochtaí*** straitéiseacha ghlan-nialasachta, na cleachtais is fearr a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe chun slabhraí soláthair trasteorann an Aontais a fhorbairt, go háirithe ar bhonn malartuithe rialta leis na comhghuaillíochtaí tionsclaíocha ábhartha.**.** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Arna iarraidh sin do thionscnóir an tionscadail straitéisigh glan-nialasachta, pléifidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa an bealach is féidir maoiniú a thionscadail a thabhairt i gcrích agus tabharfaidh sé comhairle faoin méid sin, agus an cistiú a fuarthas cheana á chur san áireamh agus na heilimintí seo a leanas ar a laghad á meas: | 2. Arna iarraidh sin do ***réigiúin, do bhardais nó do*** thionscnóir an tionscadail straitéisigh glan-nialasachta, pléifidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa an bealach is féidir maoiniú a thionscadail a thabhairt i gcrích agus tabharfaidh sé comhairle faoin méid sin, agus an cistiú a fuarthas cheana á chur san áireamh agus na heilimintí seo a leanas ar a laghad á meas: |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(d a) foinsí eile cistiúcháin arna n-aithint go dlíthiúil dá bhforáiltear i reachtaíocht na mBallstát.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(2 a) Molfaidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa go gcruthófaí ionstraim chistiúcháin bhreise ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Leis an ionstraim sin, soláthrófar tacaíocht airgeadais uaillmhianach agus luathaithe do mhórthionscadail ghlan-nialasacha, ó thaobh caiteachas caipitil agus caiteachas oibríochtúil do na slabhraí soláthair ina n-iomláine, chun timpeallacht iomaíoch agus tharraingteach a chruthú san Aontas Eorpach mar aon le dálaí iomaíochta córa le tríú tíortha*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Airteagal 15 a*** |
| | ***Sciar na ngnóthachan arna ndéanamh trí thionscadail ghlan-nialasacha*** |
| | ***Féadfaidh bardais a bhfuil tionscadail ghlan-nialasacha straitéiseacha acu atá lonnaithe ina réigiúin riaracháin, a bheith ina scairshealbhóirí ag brath ar an margadhluach agus ar mhéid na n-infheistíochtaí a fhaightear, gan dochar d'fhorálacha an dlí maidir le Státchabhair.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) sonraí a chur ar fáil go poiblí maidir le limistéir inar féidir láithreáin stórála CO2 a cheadú ar a gcríoch. | (a) sonraí a chur ar fáil go poiblí maidir le limistéir inar féidir láithreáin stórála CO2 a cheadú ar a gcríoch. ***Bunaithe ar shonraí arna soláthar ag na Ballstáit, is é an Coimisiún a bhainisteoidh clárlann ar líne de shuíomhanna stórála*** $CO_2$. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rannchuidiú ***inbhuanaitheachta*** agus ***athléimneachta*** i nósanna imeachta soláthair phoiblí | ***An*** rannchuidiú ***leis an inbhuanaitheacht, le cáilíocht na fostaíochta, leis an athléimneacht*** agus ***leis an bhforbairt réigiúnach*** i nósanna imeachta soláthair phoiblí |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunóidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain na gconarthaí le haghaidh teicneolaíocht glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn i nós imeachta soláthair phoiblí ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, a n-áireofar inti an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr, lena gcuimseofar***, ar a laghad,*** rannchuidiú ***inbhuanaitheachta agus athléimneachta*** na tairisceana, i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE, | 1. Bunóidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain na gconarthaí le haghaidh teicneolaíocht glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn i nós imeachta soláthair phoiblí ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, a n-áireofar inti an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr, lena gcuimseofar rannchuidiú na tairisceana ***leis an inbhuanaitheacht***, ***le cáilíocht na fostaíochta, leis an athléimneacht agus*** |

| | |
|---|---|
| 2014/24/AE, nó 2014/25/AE agus leis an reachtaíocht earnála is infheidhme, agus le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas. | ***leis an bhforbairt réigiúnach,*** i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE, nó 2014/25/AE agus leis an reachtaíocht earnála is infheidhme, agus le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Bunófar rannchuidiú ***inbhuanaitheachta agus athléimneachta*** na tairisceana ar na critéir charnacha seo a leanas a bheidh oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach: | 2. Bunófar rannchuidiú na tairisceana ***leis an inbhuanaitheacht, le cáilíocht na fostaíochta, leis an athléimneacht agus leis an bhforbairt réigiúnach*** ar na critéir charnacha seo a leanas a bheidh oibiachtúil, trédhearcach***, cuimsitheach*** agus neamh-idirdhealaitheach: |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) i gcás inarb infheidhme, rannchuidiú na tairisceana le comhtháthú earnáil an fhuinnimh; | (c) i gcás inarb infheidhme, rannchuidiú na tairisceana le comhtháthú earnáil an fhuinnimh***, leis an gcomhtháthú críochach, le cruthú post agus le deiseanna comhionanna***; |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tabharfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ualú idir 15 % | 3. Tabharfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ualú idir 15 % |

| | |
|---|---|
| agus 30 % de na critéir dhámhachtana do rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 41 (3) de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 67(5) de Threoir 2014/24/AE ná Airteagal 82(5) de Threoir 2014/25/AE maidir le hualú níos airde a thabhairt do na critéir dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b). | agus 30 % de na critéir dhámhachtana do rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 41 (3) de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 67(5)***, Airteagal 36*** de Threoir 2014/24/AE ná Airteagal 82(5) de Threoir 2014/25/AE maidir le hualú níos airde a thabhairt do na critéir dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b). |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gan dochar d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2018/2001 agus d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh, ná do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas, déanfaidh na Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí, measúnú ar an rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2) den Rialachán seo agus na critéir á ndearadh a úsáidfear chun tairiscintí a rangú faoi chuimsiú ceantanna, arb é is aidhm dóibh tacú le táirgeadh nó tomhaltas fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2018/2001. | 1. Gan dochar d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2018/2001 agus d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh, ná do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas, déanfaidh na Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí, measúnú ar an rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2) den Rialachán seo agus na critéir á ndearadh a úsáidfear chun tairiscintí a rangú faoi chuimsiú ceantanna, arb é is aidhm dóibh tacú le táirgeadh nó tomhaltas fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2018/2001. ***Féadfaidh na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do chistiú poiblí, lena n-áirítear cistí Eorpacha, eintiteas a rannchuidíonn leis an gcuspóir i dtaobh glanastaíochtaí nialasacha a liostaítear san Iarscríbhinn.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tacóidh an Coimisiún le hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta a bhunú, lena n-áirítear trí shíolchistiú a sholáthar, ***arb é is aidhm dóibh***: | 1. Tacóidh an Coimisiún le hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta a bhunú, lena n-áirítear trí shíolchistiú a sholáthar, ***agus tabharfaidh sé tosaíocht do réigiúin trasdula agus do réigiúin bheagfhorbartha. Beidh de chuspóirí ag na hAcadaimh***: |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cláir foghlama a fhorbairt, ábhar agus ábhair foghlama agus oiliúna a fhorbairt le haghaidh oiliúna agus oideachais maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt, a tháirgeadh, a shuiteáil, a choimisiúnú, a oibriú, a chothabháil agus a athchúrsáil, maidir le hamhábhair, chomh maith le tacú le hacmhainneachtaí na n-údarás poiblí atá inniúil chun ceadanna agus údaruithe dá dtagraítear i gCaibidil II a eisiúint agus leis na húdaráis chonarthacha dá dtagraítear i gCaibidil IV den Rialachán seo; | (a) cláir foghlama a fhorbairt, ábhar agus ábhair foghlama agus oiliúna a fhorbairt le haghaidh oiliúna agus oideachais maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt, a tháirgeadh, a shuiteáil, a choimisiúnú, a oibriú, a chothabháil agus a athchúrsáil, maidir le hamhábhair, chomh maith le tacú le hacmhainneachtaí na n-údarás poiblí atá inniúil chun ceadanna agus údaruithe dá dtagraítear i gCaibidil II a eisiúint agus leis na húdaráis chonarthacha dá dtagraítear i gCaibidil IV den Rialachán seo; ***Tabharfaidh an Coimisiún ról do ghníomhaithe a bhfuil taithí chruthaithe acu ar ábhar oideachais a fhorbairt, agus freisin d'fhiontair nó cuibhreannais fiontar atá ag forbairt tionscadal teicneolaíochta nó tionscadal straitéiseach lena rannchuidítear leis an gcuspóir glan-astaíochtaí nialasacha a bhaint amach.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) úsáid na gclár foghlama, an ábhair agus na n-ábhar ag soláthraithe oideachais agus oiliúna sna Ballstáit a chumasú agus a chur chun cinn, i measc nithe eile, trí oiliúint a chur ar oiliúnóirí agus sásraí a fhorbairt chun ***cáilíocht na hoiliúna a chuireann*** soláthraithe oideachais agus oiliúna ***ar fáil*** sna Ballstáit ***a áirithiú*** ar bhonn na gclár foghlama, an ábhair agus na n-ábhar thuasluaite; | (b) úsáid na gclár foghlama, an ábhair agus na n-ábhar ag soláthraithe oideachais agus oiliúna sna Ballstáit a chumasú agus a chur chun cinn, i measc nithe eile, trí oiliúint a chur ar oiliúnóirí agus sásraí a fhorbairt chun ***a áirithiú go mbeidh an oiliúint arna soláthar ag*** soláthraithe oideachais agus oiliúna sna Ballstáit ar bhonn na gclár foghlama, an ábhair agus na n-ábhar thuasluaite***, ar ardcháilíocht agus go ndéanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta agus réigiúnacha faireachán leormhaith uirthi, trí úsáid a bhaint as na dea-chleachtais atá i bhfeidhm cheana sna Ballstáit***; |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dintiúir a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear micridhintiúir, chun trédhearcacht na scileanna a gheofar a éascú agus chun inaistritheacht idir poist agus soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair a fheabhsú, agus chun meaitseáil le poist ábhartha a chur chun cinn trí uirlisí amhail an Líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta (EURES) agus EURAXESS. | (c) dintiúir a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear micridhintiúir, chun trédhearcacht na scileanna a gheofar a éascú agus chun inaistritheacht idir poist agus soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair a fheabhsú, agus chun ***deiseanna comhionanna agus rannpháirtíocht mhéadaithe daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta mar aon le*** meaitseáil le poist ábhartha a chur chun cinn trí uirlisí amhail an Líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta (EURES) agus EURAXESS. |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Chun na réigiúin sin a dteastaíonn Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta go géar uathu a shainathaint, déanfaidh na Ballstáit meastóireacht ar an líon iarratas agus an líon tionscadal glan-nialasachta straitéiseach arna dtabhairt chun fíoraithe ar leibhéal NUTS 2 agus déanfaidh sé measúnú, i gcomhar leis an Ardán um ghlan-nialasacht na hEorpa de réir Airteagal 28 (4d), ar bhunú a nAcadamh um an Tionscal Glan-nialasachta sna réigiúin sin.*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin 31 Nollaig 2024 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, sainaithneoidh na Ballstáit an bhfuil na cláir foghlama a d'fhorbair na hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta coibhéiseach leis na cáilíochtaí sonracha a theastaíonn ón mBallstát óstach chun rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí rialaithe laistigh de raon feidhme gairme a bhfuil leas ar leith ag baint leo le haghaidh an tionscadail glan-nialasachta. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear torthaí na measúnuithe ar fáil go poiblí agus go mbeidh rochtain éasca orthu ar líne. | 1. Faoin 31 Nollaig 2024 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, sainaithneoidh na Ballstáit***, i gcomhairle le soláthraithe oideachais agus oiliúna, comhpháirtithe sóisialta agus tionscail a rannchuidíonn leis*** an ***gcuspóir glan-astaíochtaí nialasacha a bhaint amach, an*** bhfuil na cláir foghlama a d'fhorbair na hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta coibhéiseach leis na cáilíochtaí sonracha a theastaíonn ón mBallstát óstach chun rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí rialaithe laistigh de raon feidhme gairme a bhfuil leas ar leith ag baint leo le haghaidh an tionscadail glan-nialasachta. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear torthaí na measúnuithe ar fáil go poiblí agus go mbeidh rochtain éasca orthu ar líne ***ag na geallsealbhóirí uile***. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) forbairt próifílí gairmeacha Eorpacha a éascú arb éard a bheidh iontu tacar coiteann eolais, scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh na bpríomhghairmeacha sna teicneolaíochtaí glan-nialasachta, agus leas á bhaint, inter alia, as na cláir foghlama arna bhforbairt ag na hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta, agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid a bhaint as an téarmaíocht a sholáthraítear san Aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO) chun trédhearcacht agus soghluaisteacht idir poist agus thar theorainneacha an mhargaidh inmheánaigh a éascú; | (5) forbairt ***caighdeán Eorpach agus*** próifílí gairmeacha Eorpacha a éascú arb éard a bheidh iontu tacar coiteann eolais, scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh na bpríomhghairmeacha sna teicneolaíochtaí glan-nialasachta, agus leas á bhaint, inter alia, as na cláir foghlama arna bhforbairt ag na hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta, agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid a bhaint as an téarmaíocht a sholáthraítear san Aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO) chun trédhearcacht agus soghluaisteacht idir poist agus thar theorainneacha an mhargaidh inmheánaigh a éascú; |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) dálaí oibre ***leordhóthanacha*** i bpoist i dtionscail teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun cinn, gníomhachtú na hóige, na mban agus seanóirí chuig margadh an tsaothair le haghaidh tionscail teicneolaíochtaí glan-nialasachta, agus oibrithe oilte ó thríú tíortha a mhealladh, agus lucht saothair níos éagsúla a bhaint amach ar an mbealach sin; | (6) dálaí oibre ***leormhaithe*** i bpoist i dtionscail teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun cinn, gníomhachtú na hóige, na mban agus seanóirí***, grúpaí atá leochaileach go sóisialta agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach*** chuig margadh an tsaothair le haghaidh tionscail teicneolaíochtaí glan-nialasachta, agus oibrithe oilte ó thríú tíortha a mhealladh, agus lucht saothair níos éagsúla a bhaint amach ar an mbealach sin; |

**Leasú 70**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gníomhaíochtaí múscailte feasachta a eagrú maidir le rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide sna deiseanna trialacha rialála; | (b) gníomhaíochtaí ***faisnéise agus*** múscailte feasachta a eagrú maidir le rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide sna deiseanna trialacha rialála; |

**Leasú 71**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit comhordú a dhéanamh laistigh den Ardán um na comhpháirtíochtaí tionsclaíocha glan-nialasachta agus freisin le tríú tíortha ábhartha chun cuidiú le glacadh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun cinn ar fud an domhain agus chun tacú le ról chumais thionsclaíocha an Aontais chun an bealach a réiteach le haghaidh an aistrithe dhomhanda chuig fuinneamh glan, i gcomhréir le cuspóirí foriomlána an Rialacháin seo a eascraíonn as Airteagal 1 den Rialachán seo. ***Féadfaidh*** an tArdán na nithe seo a leanas a phlé go tréimhsiúil: | 4. Féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit comhordú a dhéanamh laistigh den Ardán um na comhpháirtíochtaí tionsclaíocha glan-nialasachta agus freisin le tríú tíortha ábhartha chun cuidiú le glacadh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun cinn ar fud an domhain agus chun tacú le ról chumais thionsclaíocha an Aontais chun an bealach a réiteach le haghaidh an aistrithe dhomhanda chuig fuinneamh glan, i gcomhréir le cuspóirí foriomlána an Rialacháin seo a eascraíonn as Airteagal 1 den Rialachán seo. ***Déanfaidh*** an tArdán na nithe seo a leanas a phlé go tréimhsiúil: |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 4 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) conas tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar fhorbairt a réigiún ar leibhéal NUTS 2 trí mheasúnú a dhéanamh ar thionscadail nach meastar a thuilleadh a bheith ina dtionscadail ghlan-nialasachta straitéiseacha de réir Airteagal 11 (7) chun scrogaill agus dúshláin a shainaithint, struchtúir níos athléimní agus níos inbhuanaithe a fhorbairt, agus tionscadail nua a mhealladh chuig an limistéar.*** |

**Leasú 73**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Tabharfaidh an tArdán cuireadh d'ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa freastal ar a chruinnithe mar bhreathnóirí lena n-áirítear cruinnithe na bhfoghrúpaí buana nó sealadacha dá dtagraítear i mír 6. | 7. Tabharfaidh an tArdán cuireadh d'ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa***, ó Choiste Eorpach na Réigiún agus ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*** freastal ar a chruinnithe mar bhreathnóirí lena n-áirítear cruinnithe na bhfoghrúpaí buana nó sealadacha dá dtagraítear i mír 6. ***Déanfaidh an Bord tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a chur faoi bhráid choistí inniúla Pharlaimint na hEorpa.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. ***I gcás inarb iomchuí***, féadfaidh an tArdán nó an Coimisiún cuireadh a thabhairt do shaineolaithe agus do thríú páirtithe eile chuig cruinnithe an Ardáin agus na bhfoghrúpaí nó chun aighneachtaí i scríbhinn a sholáthar. | 8. ***Ar bhonn rialta***, féadfaidh an tArdán nó an Coimisiún cuireadh a thabhairt do ***na comhpháirtithe sóisialta agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus freisin do*** shaineolaithe agus do thríú páirtithe eile chuig cruinnithe an Ardáin agus na bhfoghrúpaí nó chun aighneachtaí i scríbhinn a sholáthar. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin ... [3 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus tíolacfaidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle ***agus*** do Choiste | 1. Faoin ... [3 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus tíolacfaidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle***,*** do Choiste Eacnamaíoch |

| | |
|---|---|
| Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. | agus Sóisialta na hEorpa***, agus do Choiste Eorpach na Réigiún***. |

Leasú 76

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – fo-cheannteideal 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Teicneolaíochtaí ***nialasachta*** straitéiseacha | Teicneolaíochtaí ***glan-nialasachta*** straitéiseacha<br>***Tábla:***<br>***1. Teicneolaíochtaí grianfhuinnimh fótavoltacha agus teicneolaíochtaí teirmeacha gréine***<br>***2. Teicneolaíochtaí gaoithe ar tír agus teicneolaíochtaí in-athnuaite amach ón gcósta***<br>***3. Teicneolaíochtaí ceallraí/stórála***<br>***4. Teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh***<br>***5. Leictrealóirí agus breosla-chealla***<br>***6. Teicneolaíochtaí inbhuanaithe bithgháis/bithmheatáin***<br>***7. Teicneolaíochtaí gabhála carbóin, stórála carbóin (CCS / BECCS) agus úsáide carbóin (CCU)***<br>***8. Teicneolaíochtaí eangaí***<br>***9. Teicneolaíochtaí bithfhuinnimh in-athnuaite***<br>***10. Teicneolaíochtaí núicléacha***<br>***11. Teicneolaíochtaí comhleáite fuinnimh (Comhlánaíonn sé liosta bunaidh na hIarscríbhinne.)*** |

*Réasúnú*

*Leathnaíonn sé liosta na dteicneolaíochtaí straitéiseacha chun saintréithe réigiúnacha an táirgthe fuinnimh, na n-acmhainní fuinnimh agus an bhonneagair fuinnimh a mheas.*

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) |
| **Tagairtí** | COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>8.5.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | REGI<br>8.5.2023 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 15.6.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Niklas Nienass<br>22.3.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 25.5.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 20.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 26<br>–: 2<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Matteo Adinolfi, François Alfonsi, Pascal Arimont, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Benjumea Benjumea, Erik Bergkvist, Franc Bogovič, Vlad-Marius Botoş, Rosa D’Amato, Mircea-Gheorghe Hava, Manolis Kefalogiannis, Ondřej Knotek, Elżbieta Kruk, Cristina Maestre Martín De Almagro, Alin Mituța, Dan-Ştefan Motreanu, Andżelika Anna Możdżanowska, Denis Nesci, Niklas Nienass, Younous Omarjee, Alessandro Panza, Marcos Ros Sempere, André Rougé, Susana Solís Pérez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Daniel Buda, Carlos Coelho, Ciarán Cuffe, Hannes Heide, Rovana Plumb, Peter Pollák, Bronis Ropė |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Krzysztof Hetman, Elsi Katainen |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 26 | + |
|---|---|
| PPE | Pascal Arimont, Isabel Benjumea Benjumea, Franc Bogovič, Daniel Buda, Carlos Coelho, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Manolis Kefalogiannis, Dan-Ştefan Motreanu, Peter Pollák |
| Renew | Vlad-Marius Botoş, Elsi Katainen, Ondřej Knotek, Alin Mituța, Susana Solís Pérez |
| S&D | Adrian-Dragoş Benea, Erik Bergkvist, Hannes Heide, Cristina Maestre Martín De Almagro, Rovana Plumb, Marcos Ros Sempere |
| Verts/ALE | François Alfonsi, Ciarán Cuffe, Rosa D'Amato, Niklas Nienass, Bronis Ropė |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Matteo Adinolfi, Alessandro Panza |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ECR | Elżbieta Kruk, Andżelika Anna Możdżanowska, Denis Nesci |
| ID | André Rougé |
| The Left | Younous Omarjee |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

20.7.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta)
(COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Inma Rodríguez-Piñero

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2 a) Tá an tionscal glan-nialasachta ar fud an domhain ag fás ag ráta méadaitheach, sa mhéid go mbíonn an t-éileamh níos mó ná an soláthar uaireanta. Agus an scála á chur san áireamh ar a bhfuil an margadh domhanda le haghaidh príomhtheicneolaíochtaí fuinnimh ghlain ollmhonaraithe ag leathnú, chomh maith le seasamh an Aontais mar an trádálaí is mó ar domhan d'earraí agus seirbhísí monaraithe, ba cheart forálacha an Ghnímh seo a shaothrú ar bhealach a ligeann do thionscal na hEorpa speisialtóireacht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí, nuálaíochtaí agus seirbhísí glan-nialasachta ina bhfuil buntáiste comparáideach acu agus sciar*** |

| | |
|---|---|
| | ***suntasach den mhargadh domhanda a ghabháil. Ní féidir leis an Aontas rathúnas a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais ach amháin má tá sé iomaíoch ar an margadh domhanda agus oscailte dó.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Maidir le gnéithe seachtracha, go háirithe maidir le margaí atá ag teacht chun cinn agus geilleagair atá i mbéal forbartha, féachfaidh an tAontas le comhpháirtíochtaí a rachaidh chun tairbhe do chách a bhaint amach faoi chuimsiú Straitéis Global Gateway an Aontais, lena gcuirtear le héagsúlú a shlabhra soláthair amhábhar chomh maith le hiarrachtaí na dtíortha comhpháirtíochta an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a shaothrú agus breisiú luacha áitiúil a fhorbairt. | (3) ***Is príomhthoisc é éagsúlú trádála chun athléimneacht an tslabhra soláthair a fheabhsú, ionas go seachnaítear cur isteach ar sholáthar teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain agus a gcomhpháirteanna.*** Maidir le gnéithe seachtracha, ***i bhfianaise chastacht agus chineál trasnáisiúnta na dteicneolaíochtaí ghlan-nialasachta agus a slabhraí soláthair, beidh ról lárnach ag comhaontuithe trádála agus infheistíochta tráthúla agus ábhartha de chuid an Aontais maidir le slabhraí soláthair cobhsaí agus éagsúlaithe a sholáthar chun rannchuidiú le sprioc na teicneolaíochta monaraíochta glan-nialasachta. Chuige sin, beidh slabhraí luacha domhanda oscailte agus feidhmiúla, agus cosaint an chórais trádála dhomhanda atá oscailte agus bunaithe ar rialacha, bunriachtanach don aistriú ón tionscal glan-nialasachta. Ba cheart go gcuideodh beartas trádála an Aontais go hiltaobhach faoi chuimsiú EDT, agus go déthaobhach le comhpháirtithe tríú tíortha an Aontais, le spriocanna comhshaoil a bhaint amach agus leis an athrú aeráide a chomhrac, chomh maith le rannchuidiú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Ba cheart don Aontas freisin caibidlí cuimsitheacha maidir le hamhábhair a áireamh i gcomhaontuithe trádála a bheidh ann amach anseo, arna gcomhlánú le hionstraimí tionsclaíochta*** |

***comhoibritheacha atá tiomanta do phrionsabail na hinbhuanaitheachta.*** Go háirithe, maidir le margaí atá ag teacht chun cinn agus geilleagair atá i mbéal forbartha, féachfaidh an tAontas le comhpháirtíochtaí a rachaidh chun tairbhe do chách a bhaint amach faoi chuimsiú straitéis Thairseach Dhomhanda an Aontais, ***ar cheart go gcuirfeadh sí, faoi ghrinnscrúdú poiblí agus le forálacha á ndéanamh aici do thrédhearcacht iomlán,*** le héagsúlú a shlabhra soláthair amhábhar chomh maith le hiarrachtaí na dtíortha comhpháirtíochta an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a shaothrú agus breisiú luacha áitiúil a fhorbairt. ***D'fhéadfaí na comhpháirtíochtaí sin a chomhlánú le comhaontuithe uaillmhianacha trádála agus infheistíochta, le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a bhaineann le teicneolaíochtaí glan-nialasachta nó leis an gComhghuaillíocht um Theicneolaíocht Ghlan agus d'fhéadfadh siad dlús a chur leis an aistriú glan-nialasachta ar fud na dtionscal.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 a) Go háirithe, maidir le margaí atá ag teacht chun cinn agus geilleagair atá i mbéal forbartha, féachfaidh an tAontas le comhpháirtíochtaí a rachaidh chun tairbhe do chách a bhaint amach faoi chuimsiú straitéis Thairseach Dhomhanda an Aontais, lena gcuirtear le héagsúlú a shlabhra soláthair amhábhar chomh maith le hiarrachtaí na dtíortha comhpháirtíochta an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a shaothrú agus breisiú luacha áitiúil a fhorbairt.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 b) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas feabhas a chur ar an gcomhar maidir le trádáil, taighde agus táirgeadh teicneolaíochtaí glan-nialasachta le comhpháirtithe iontaofa atá ar aon intinn trí chomhar déthaobhach agus trí iarrachtaí comhpháirteacha chun an córas trádála iltaobhach a fheabhsú.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Chun na gealltanais sin a chomhlíonadh, ní mór don Aontas dlús a chur le luas an aistrithe chuig fuinneamh glan, go háirithe trí éifeachtúlacht fuinnimh agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Cuideoidh sé ***sin*** le spriocanna an Aontais i bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta do 2030 a bhaint amach, is é sin ráta fostaíochta 78 % ar a laghad agus rannpháirtíocht 60 % ar a laghad de dhaoine fásta in gcúrsaí oiliúna. Cuideoidh sé freisin chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú glas cóir agus cothrom[34]. | (4) Chun na gealltanais sin a chomhlíonadh, ní mór don Aontas dlús a chur le luas an aistrithe chuig fuinneamh glan, go háirithe trí éifeachtúlacht fuinnimh agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú ***agus é á áirithiú go leanfaidh an t-athrú sin de bheith cuimsitheach agus cothrom. Agus acmhainn an aistrithe glan-nialasachta maidir le fostaíocht a mhéadú san earnáil fuinnimh agus athchóirithe á tabhairt faoi deara, leis an aistriú sin, cuideofar le*** spriocanna an Aontais i bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta do 2030 a bhaint amach, is é sin ráta fostaíochta 78 % ar a laghad agus rannpháirtíocht 60 % ar a laghad de dhaoine fásta in gcúrsaí oiliúna. Cuideoidh sé freisin chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú glas cóir agus cothrom[34]. |
| [34] Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, a glacadh an 16 Meitheamh 2022 mar | [34] Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, a glacadh an 16 Meitheamh 2022 mar |

| | |
|---|---|
| chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'. | chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Leis na praghsanna fuinnimh níos airde mar gheall ar an bhfogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, tugadh spreagadh láidir chun dlús a chur le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus athléimneacht an Aontais Fuinnimh a threisiú trí dhlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glas agus trí dheireadh a chur le haon spleáchas ar bhreoslaí iontaise a onnmhairítear ó ***Chónaidhm na Rúise***. ***Tá ról lárnach ag plean REPowerEU[35] maidir le freagairt a thabhairt ar an gcruatan agus ar an gcur isteach ar an margadh fuinnimh domhanda a tharla mar gheall ar an ionradh a rinne Cónaidhm na Rúise ar an Úcráin. Is é is aidhm don phlean sin dlús a chur leis an aistriú fuinnimh san Aontas Eorpach, chun ídiú gáis agus leictreachais an Aontais a laghdú agus borradh a chur faoi infheistíochtaí maidir le himscaradh réiteach ísealcharbóin fuinneamhéifeachtúil. Leagtar amach sa phlean sin inter alia na spriocanna chun acmhainneacht fhótavoltach gréine a dhúbailt faoi 2025 agus 600 GW d'acmhainneacht fhótavoltach gréine a shuiteáil faoi 2030; an ráta úsáide teaschaidéal a mhéadú faoi dhó; 10 milliún tona de hidrigin in-athnuaite intíre a thairgeadh faoi 2030; agus táirgeadh bithmheatáin a mhéadú go mór. Leagtar amach sa phlean freisin, chun spriocanna REPowerEU a bhaint amach, go mbeidh gá le soláthar an trealaimh fuinnimh ísealcharbóin agus na n-amhábhar criticiúil a éagsúlú, leis na spleáchais earnála a laghdú, le bacainní*** | (5) Leis na praghsanna fuinnimh níos airde mar gheall ar an bhfogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, tugadh spreagadh láidir chun dlús a chur le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus athléimneacht an Aontais Fuinnimh a threisiú trí dhlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glas agus trí dheireadh a chur le haon spleáchas ar bhreoslaí iontaise a onnmhairítear ó ***thríú tíortha***. |

***sa slabhra soláthair a shárú agus le hacmhainneacht monaraíochta teicneolaíochta fuinnimh ghlain an Aontais a leathnú. Mar chuid d’iarrachtaí an Choimisiúin sciar an fhuinnimh in-athnuaite i nginiúint cumhachta, i dtionscail, i bhfoirgnimh agus in iompar a mhéadú, molann sé an sprioc sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite a mhéadú go 45 % faoi 2030 agus an sprioc sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a mhéadú go 13 %. Leis sin, bheadh na hacmhainneachtaí iomlána giniúna fuinnimh in-athnuaite 1 236 GW faoi 2030, i gcomparáid le 1 067 GW faoi 2030 atá beartaithe faoi thogra 2021, agus tiocfaidh méadú ar na riachtanais stórála le ceallraí chun déileáil leis an eadrannacht san eangach leictreachais. Ar an gcuma chéanna, beartais a bhaineann le dícharbónú na hearnála bóithre, amhail Rialachán (AE) 2019/631 agus Rialachán (AE) 2019/1242, beidh siad ina spreagadh láidir chun earnáil an iompair de bhóthar a leictriú a thuilleadh agus, ar an gcaoi sin, an t-éileamh ar cheallraí a mhéadú.***

______________

***[35] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig An Chomhairle Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean REPowerEU, COM/2022/230 final, 18.5.2022.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Tá athruithe tionsclaíocha, eacnamaíocha agus geopholaitiúla ollmhóra ann cheana féin ar fud an | (6) Tá athruithe tionsclaíocha, eacnamaíocha agus geopholaitiúla ollmhóra ann cheana féin ar fud an |

| | |
|---|---|
| domhain mar gheall ar an gclaochlú i dtreo na glan-nialasachta, rud a bheith níos suntasaí ná riamh de réir mar a théann an domhan chun cinn sna hiarrachtaí dícharbónaithe atá á ndéanamh aige. Leis an gconair i dtreo na glan-nialasachta, tugtar deiseanna láidre chun tionscal glan-nialasachta an Aontais a leathnú, agus úsáid á baint as neart an Mhargaidh Aonair, trí infheistíocht a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus téimh, teaschaidéil, teicneolaíochtaí eangaí, teicneolaíochtaí maidir le breoslaí in-athnuaite de theicneolaíochtaí tionscnaimh neamhbhitheolaíocha, leictrealóirí agus na cealla breosla, comhleá, na himoibreoirí beaga modúlacha agus breoslaí gaolmhara den aicme is fearr, teicneolaíochtaí maidir le gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, agus teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh agus na slabhraí soláthair atá acu, rud a fhágann gur féidir ár n-earnálacha eacnamaíocha a dhícharbónú, ón soláthar fuinnimh go dtí an earnáil iompair, foirgnimh agus tionscal. Is féidir le tionscal glan-nialasachta láidir laistigh den Aontas Eorpach cuidiú go mór le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach go héifeachtach, chomh maith le tacú le cuspóirí eile an Chomhaontaithe Ghlais, agus poist agus fás a spreagadh acu an tráth céanna. | domhain mar gheall ar an gclaochlú i dtreo na glan-nialasachta, rud a bheith níos suntasaí ná riamh de réir mar a théann an domhan chun cinn sna hiarrachtaí dícharbónaithe atá á ndéanamh aige. ***Is uirlisí tábhachtacha iad caighdeáin agus tagarmharcanna ceangailteacha a chomhaontaítear go hiltaobhach chun go mbeidh rath ar an gclaochlú sin.*** Leis an gconair i dtreo na glan-nialasachta, tugtar deiseanna láidre chun tionscal glan-nialasachta an Aontais a leathnú, agus úsáid á baint as neart an Mhargaidh Aonair, ***gan dochar do Rialachán (AE) 2019/452,*** trí ***scileanna agus oiliúint don lucht saothair in AE*** a chur chun cinn ***chomh maith le*** hinfheistíocht i dteicneolaíochtaí sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus téimh, teaschaidéil, teicneolaíochtaí eangaí, teicneolaíochtaí maidir le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch, leictrealóirí agus cealla breosla, comhleá, imoibreoirí beaga modúlacha agus breoslaí gaolmhara den aicme is fearr, teicneolaíochtaí maidir le gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, agus teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh agus na slabhraí soláthair atá acu. Leis an dul chun cinn seo, fágfar gur féidir ár n-earnálacha eacnamaíocha a dhícharbónú, idir soláthar fuinnimh agus iompar, foirgnimh agus tionscal. Is féidir le tionscal glan-nialasachta láidir laistigh den Aontas Eorpach cuidiú go mór le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach go héifeachtach, chomh maith le tacú le cuspóirí eile an Chomhaontaithe Ghlais, agus poist agus fás a spreagadh acu an tráth céanna. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Chuidigh an tAontas le córas eacnamaíoch domhanda a ***chruthú*** atá bunaithe ar thrádáil oscailte riailbhunaithe, ***d'éiligh*** sé caighdeáin inbhuanaitheachta shóisialta agus chomhshaoil a urramú agus a chur chun cinn, agus tá sé tiomanta go hiomlán do na luachanna sin. | (16) Chuidigh an tAontas le córas eacnamaíoch domhanda a ***thógáil*** atá bunaithe ar thrádáil oscailte, ***thrédhearcach*** agus rialacha-bhunaithe ***lena soláthraítear poist ardcháilíochta, comhdheiseanna do na gníomhaithe uile lena mbaineann, lena n-éilítear ardchaighdeáin*** inbhuanaitheachta sóisialta***, saothair*** agus comhshaoil a urramú agus a chur chun cinn, tá sé tiomanta go hiomlán do na luachanna sin***, agus ba cheart dó rannchuidiú tuilleadh i leith na tógála sin***. ***Ba cheart don Aontas comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a fhorbairt maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta chun athléimneacht an Aontais a fheabhsú ar an leibhéal domhanda. Le héagsúlú na slabhraí soláthair sna teicneolaíochtaí sin, laghdófar spleáchais agus méadófar an t-iomaíochas. Ar bhealach atá cothrom, trédhearcach agus comhlíontach le EDT, cuireann an tAontas cothrom iomaíochta chun cinn ar fud an domhain trí chomhar le comhpháirtithe trádála, agus trí bheartais spriocdhírithe a chur chun cinn lena dtugtar aghaidh ar chleachtais éagóracha trádála agus ar ró-acmhainneacht táirgeachta, arb é is cuspóir dóibh timpeallacht trádála dhomhanda atá cothrom agus iomaíoch a bhaint amach do thionscal an Aontais, lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí Tionscail Glan-Nialasachta.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun an t-iomaíochas a choinneáil ar bun agus chun na spleáchais straitéiseacha ar allmhairí atá ann faoi | (21) Chun an t-iomaíochas a choinneáil ar bun agus chun na spleáchais straitéiseacha ar allmhairí atá ann faoi |

láthair maidir le táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta agus maidir lena slabhraí soláthair a laghdú, agus cruthú táirgí nua atá ag brath ar allmhairí á seachaint an tráth céanna, ní mór don Aontas leanúint dá bhonn tionsclaíoch glan-nialasach a neartú agus a bheith níos iomaíche agus níos fabhraí don nuálaíocht. Ní mór don Aontas forbairt na hacmhainneachta monaraíochta a chumasú ar bhealach níos tapúla, níos simplí agus níos intuartha.

láthair maidir le príomhtháirgí teicneolaíochta glan-nialasachta agus maidir lena slabhraí soláthair a laghdú, agus cruthú táirgí nua atá ag brath ar allmhairí á seachaint, ní mór don Aontas leanúint dá bhonn tionsclaíoch glan-nialasachta a neartú agus a bheith níos iomaíche agus níos fabhraí don nuálaíocht***, agus a fhoinsí d'allmhairí na dtáirgí sí á n-éagsúlú ag an am céanna***. Ní mór don Aontas forbairt na hacmhainneachta monaraíochta a chumasú ar bhealach níos tapúla, níos simplí agus níos intuartha.

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Anuas air sin, leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach[42] cur chuige cuimsitheach chun tacú le huas-scálú teicneolaíochta fuinnimh ghlain bunaithe ar cheithre cholún. Is é is aidhm don chéad cholún timpeallacht rialála a chruthú lena simplítear agus lena gcuirtear dlús le ceadú láithreáin nua monaraíochta agus cóimeála teicneolaíochta glan-nialasachta agus lena n-éascaítear uas-scálú thionscal glan-nialasachta an Aontais. Is é an dara colún den phlean borradh a chur faoin infheistíocht i dtáirgeadh teicneolaíochta glan-nialasachta agus borradh a chur faoin maoiniú ina leith, tríd an gCreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe athbhreithnithe a glacadh i mí an Mhárta 2023 agus trí Chiste Eorpach Ceannasachta a chruthú chun an buntáiste Eorpach maidir le teicneolaíochtaí criticiúla agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach a chaomhnú. Baineann an tríú colún le forbairt na scileanna is gá chun an t-aistriú a chur i gcrích agus chun líon na n- | (23) Anuas air sin, leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach[42] cur chuige cuimsitheach chun tacú le huas-scálú teicneolaíochta fuinnimh ghlain bunaithe ar cheithre cholún. Is é is aidhm don chéad cholún timpeallacht rialála a chruthú lena simplítear agus lena gcuirtear dlús le ceadú láithreáin nua monaraíochta agus cóimeála teicneolaíochta glan-nialasachta agus lena n-éascaítear uas-scálú thionscal glan-nialasachta an Aontais. Is é an dara colún den phlean borradh a chur faoin infheistíocht i dtáirgeadh teicneolaíochta glan-nialasachta agus borradh a chur faoin maoiniú ina leith, tríd an gCreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe athbhreithnithe a glacadh i mí an Mhárta 2023 agus trí Chiste Eorpach Ceannasachta a chruthú chun an buntáiste Eorpach maidir le teicneolaíochtaí criticiúla agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach a chaomhnú. Baineann an tríú colún le forbairt na scileanna is gá chun an t-aistriú a chur i gcrích agus chun líon na n- |

| | |
|---|---|
| oibrithe oilte in earnáil na teicneolaíochta fuinnimh ghlain a mhéadú. Dírítear sa cheathrú colún ar thrádáil agus ar éagsúlú shlabhra soláthair na n-amhábhar criticiúil. Áirítear leis sin club amhábhar criticiúil a chruthú, lena n-oibrítear le comhpháirtithe atá ar aon intinn chun na slabhraí soláthair a neartú i dteannta a chéile ***agus*** chun éagsúlú a dhéanamh ar shiúl ó sholáthraithe aonair le haghaidh ionchur criticiúil. | oibrithe oilte in earnáil na teicneolaíochta fuinnimh ghlain a mhéadú. Dírítear sa cheathrú colún ar thrádáil agus ar éagsúlú shlabhra soláthair na n-amhábhar criticiúil. Áirítear leis sin club amhábhar criticiúil a chruthú, lena n-oibrítear le comhpháirtithe atá ar aon intinn chun na slabhraí soláthair a neartú i dteannta a chéile ***trí chórais inrianaitheachta agus trédhearcacht chur chun feidhme,*** chun éagsúlú a dhéanamh ar shiúl ó sholáthraithe aonair le haghaidh ionchur criticiúil, ***infheistíocht a spreagadh i ngníomhaíochtaí iartheachtacha, agus tabhairt faoi thaighde margaidh, i gcomhréir iomlán le caighdeáin shóisialta, saothair agus chomhshaoil***. ***Ba cheart don Aontas comhar agus comhpháirtíochtaí a chothú chun slabhraí soláthair slána, inbhuanaithe agus eiticiúla a chur chun cinn i margaí oscailte lena ndéantar an comhéigean eacnamaíoch, srianta ar onnmhairiú agus forchur taraifí gan údar agus éagórach a chomhrac.*** |
| [42] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach, COM/2023/62 final, 1.2.2023. | [42] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach, COM/2023/62 final, 1.2.2023. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29 a) I bhfianaise iarracht an Aontais cothrom iomaíochta agus cómhalartacht a chur chun cinn maidir le rochtain ar an margadh le haghaidh soláthar poiblí idirnáisiúnta, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcuirfear forálacha an ghnímh*** |

*seo chun feidhme i ndáil le gealltanais an Aontais faoi Chomhaontú EDT maidir le Soláthar Rialtais agus caibidlí maidir le soláthar poiblí de CSTanna AE.*

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Le Cinneadh 2014/115/AE ón gComhairle, formheasadh go háirithe an leasú ar an gComhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Soláthar Rialtais ('an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais')[46]. Is é is aidhm don Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais creat iltaobhach de chearta agus d'oibleagáidí cothromaithe a bhunú a bhaineann le conarthaí poiblí d'fhonn léirscaoileadh agus leathnú na trádála domhanda a bhaint amach. I gcás conarthaí a chumhdaítear le Foscríbhinn I an Aontais Eorpaigh a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais, chomh maith le comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha a bhfuil an tAontas faoi cheangal orthu, lena n-áirítear comhaontuithe saorthrádála agus Airteagal III:8(a) den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil maidir le gníomhaireachtaí rialtais do sholáthar táirgí a cheannaítear d'fhonn iad a athdhíol ó thaobh na tráchtála de nó d'fhonn iad a úsáid i dtáirgeadh earraí le haghaidh díolacháin tráchtála, níor cheart d'údaráis chonarthacha ná d'eintitis chonarthacha ceanglais Airteagal 19(1), pointe (d) a chur i bhfeidhm maidir le hoibreoirí eacnamaíocha foinsí soláthair ar sínitheoirí leis na comhaontuithe iad. | (30) Le Cinneadh 2014/115/AE ón gComhairle, formheasadh go háirithe an leasú ar Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Soláthar Rialtais ('an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais')[46]. Is é is aidhm don Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais creat iltaobhach de chearta agus d'oibleagáidí cothromaithe a bhunú a bhaineann le conarthaí poiblí d'fhonn léirscaoileadh agus leathnú na trádála domhanda a bhaint amach ***agus chun a bhallstáit a spreagadh polasaithe soláthair glasa a ghlacadh a thugann tús áite d'earraí agus seirbhísí inbhuanaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol***. I gcás conarthaí a chumhdaítear le Foscríbhinn I an Aontais Eorpaigh a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais, chomh maith le comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha a bhfuil an tAontas faoi cheangal orthu, lena n-áirítear comhaontuithe saorthrádála agus Airteagal III:8(a) den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil maidir le gníomhaireachtaí rialtais do sholáthar táirgí a cheannaítear d'fhonn iad a athdhíol ó thaobh na tráchtála de nó d'fhonn iad a úsáid i dtáirgeadh earraí le haghaidh díolacháin tráchtála, níor cheart d'údaráis chonarthacha ná d'eintitis chonarthacha ceanglais Airteagal 19(1), pointe (d) a chur i bhfeidhm maidir le hoibreoirí eacnamaíocha foinsí soláthair ar sínitheoirí leis na comhaontuithe iad. |

[46] Cinneadh 2014/115/AE ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 maidir leis an bPrótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais a thabhairt i gcrích (IO L 68, 7.3.2014, lch. 1).

[46] Cinneadh 2014/115/AE ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 maidir leis an bPrótacal lena leasaítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais a thabhairt i gcrích (IO L 68, 7.3.2014, lch. 1).

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30 a) D'fhonn cothrom iomaíochta agus cómhalartacht idir eintitis Eorpacha agus tríú tíortha a choimirciú agus i bhfianaise a thábhachtaí atá sé aistriú glas atá éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de a áirithiú, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcuirfear forálacha ábhartha na hIonstraime Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta, Rialachán (AE) 2022/1031, i bhfeidhm agus conarthaí á ndámhachtain ar eintitis tríú tír i nósanna imeachta soláthair phoiblí idirnáisiúnta.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30 b) Cuireann Comhaontú EDT maidir le Soláthar Rialtais úsáid caighdeán agus treoirlínte idirnáisiúnta chun cinn maidir le soláthar rialtais. Trí chleachtais soláthair a ailíniú le caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta, amhail na caighdeáin sin a bhaineann le hastaíochtaí gáis ceaptha teasa nó deimhnithe táirgí inbhuanaithe, d'fhéadfadh rialtais glacadh réiteach glan-nialasachta a spreagadh agus cothrom iomaíochta a chruthú do sholáthróirí.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le hathléimneacht i nósanna imeachta soláthair phoiblí a leagtar amach in Airteagal 19, ba cheart é a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 25 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47], agus Airteagail 43 agus 85 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48], de réir threoir 2019 ón gCoimisiún[49]. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go leanfadh forálacha soláthair phoiblí d'fheidhm a bheith acu maidir le hoibreacha, soláthairtí agus seirbhísí faoi réir Airteagal 19, lena n-áirítear Airteagal 67(4) de Threoir 2014/24/AE agus aon bheart cur chun feidhme a eascraíonn as an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos. | (31) Maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le hathléimneacht i nósanna imeachta soláthair phoiblí a leagtar amach in Airteagal 19, ba cheart é a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm ***Rialachán 2022/1031/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;*** Airteagal 25 de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47], agus Airteagail 43 agus 85 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48], de réir threoir 2019 ón gCoimisiún[49]. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart go leanfadh forálacha soláthair phoiblí d'fheidhm a bheith acu maidir le hoibreacha, soláthairtí agus seirbhísí faoi réir Airteagal 19, lena n-áirítear Airteagal 67(4) de Threoir 2014/24/AE agus aon bheart cur chun feidhme a eascraíonn as an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos. |
| [47] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65). | [47] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65). |
| [48] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243). | [48] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243). |
| [49] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Treoir maidir le rannpháirtíocht tairgeoirí agus earraí tríú tír i margadh soláthair an | [49] Teachtaireacht ón gCoimisiún: Treoir maidir le rannpháirtíocht tairgeoirí agus earraí tríú tír i margadh soláthair an |

Aontais, an Bhruiséil, 24.7.2019, C(2019) 5494 final.

Aontais, an Bhruiséil, 24.7.2019, C(2019) 5494 final.

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Agus scéimeanna á gceapadh a théann chun tairbhe teaghlaigh nó tomhaltóirí lena ndreasaítear ceannach táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn, ba cheart do na Ballstáit, d'údaráis réigiúnacha nó áitiúla, do chomhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó do chomhlachais ina bhfuil údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí, ba cheart dóibh a áirithiú go n-urramófar gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear trína áirithiú nach sroichfidh scéimeanna méid a bheadh ina gcúis le dochar tromchúiseach do leas chomhaltaí na hEagraíochta Domhanda Trádála. | (36) Agus scéimeanna á gceapadh a théann chun tairbhe teaghlach nó tomhaltóirí lena ndreasaítear ceannach táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn, ba cheart do na Ballstáit, d'údaráis réigiúnacha nó áitiúla, do chomhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó do chomhlachais ina bhfuil údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí a áirithiú go n-urramófar gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear trína áirithiú ***go mbíonn scéimeanna comhoiriúnach le gealltanais an Aontais i leith EDT agus*** nach sroichfidh siad méid a bheadh ina gcúis le dochar tromchúiseach do leas chomhaltaí EDT. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Mar a léirítear sa Teachtaireacht maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach, a foilsíodh an 1 Feabhra 2023, tá sciartha margaidh thionscal an Aontais faoi bhrú láidir, mar gheall ar fhóirdheontais i dtríú tíortha lena mbaintear an bonn ó chothrom iomaíochta. Fágann sé sin go bhfuil gá le freagairt thapa agus uaillmhianach ón Aontas maidir lena chreat | (39) Mar a léirítear sa Teachtaireacht maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach, a foilsíodh an 1 Feabhra 2023, tá sciartha margaidh thionscal an Aontais faoi bhrú láidir, mar gheall ar fhóirdheontais i dtríú tíortha lena mbaintear an bonn ó chothrom iomaíochta ***domhanda, lena ngabhann ró-acmhainneacht táirgthe agus lena ndéantar iomaíocht a shaobhadh***. Fágann |

| | |
|---|---|
| dlíthiúil a nuachóiriú. | sé sin go bhfuil gá le freagairt thapa agus uaillmhianach ón Aontas chun a chreat dlíthiúil ***maidir le hionstraimí cosanta trádála a nuachóiriú chun dul san iomaíocht ar fud an domhain chun trádáil oscailte chóir a chosaint trí leas iomlán agus éifeachtúil a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán agus úsáid éifeachtach a rialacháin i leith Ionstraim maidir le Fóirdheontais Eachtracha*. *Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit comhoibriú le comhpháirtithe agus eagraíochtaí iltaobhacha, go háirithe an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, chun an córas iltaobhach trádála atá bunaithe ar rialacha a chur chun cinn go gníomhach agus chun rás fóirdheontais a sheachaint. Ina theannta sin, chun iomaíochas a choimeád ar leibhéal domhanda agus chun ról ceannaireachta a ghlacadh i bhforbairt na teicneolaíochta agus chun an tionscal a dhaingniú go láidir i ré na glan-nialasachta, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an tAontas infheistíocht i dtaighde agus sa nuálaíocht, i mbonneagair éifeachtúla idirnasctha, san uathoibriú, sa digitiú, agus in éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní. Go háirithe, beidh sé ríthábhachtach aird ar leith a thabhairt ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) chun rath a bhaint amach.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 63 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(63 a) Mura ndéantar dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí, d'fhéadfadh sé gur léiriú é sin gur gá bearta breise a ghlacadh. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí sin. Ba cheart don Choimisiún faireachán a*** |

| | |
|---|---|
| | ***dhéanamh freisin ar an gcomhthéacs idirnáisiúnta a imríonn tionchar ar chur chun feidhme an Rialacháin seo dá dtagraítear in Aithris 39.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 70**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (70) Mar chuid de Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, d'fhógair an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Teicneolaíochtaí glan-nialasachta a thabhairt i gcrích lena gcumhdaítear teicneolaíochtaí glan-nialasachta, chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta ***a ghlacadh*** ar fud an domhain ***agus*** chun tacú ***le ról chumais*** thionsclaíocha ***an Aontais chun an bealach a réiteach don aistriú*** domhanda chuig fuinneamh glan. ***Féadfaidh*** an Coimisiún agus na Ballstáit comhordú a dhéanamh laistigh den Ardán ar na Comhpháirtíochtaí, agus plé á dhéanamh acu ar chomhpháirtíochtaí agus ar phróisis ábhartha atá ann cheana, amhail comhpháirtíochtaí glasa, idirphlé faoi fhuinneamh agus cineálacha eile socruithe conarthacha déthaobhacha atá ann cheana, chomh maith le sineirgí féideartha le comhaontuithe déthaobhacha ábhartha de chuid na mBallstát le tríú tíortha. | (70) Mar chuid de Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, d'fhógair an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan-Nialasachta a thabhairt i gcrích lena gcumhdaítear teicneolaíochtaí glan-nialasachta***. Déanfaidh comhar trí na Comhpháirtíochtaí sin glacadh teicneolaíochtaí*** glan-nialasachta ***a chur chun cinn*** ar fud an domhain***,*** chun tacú le ***comhpháirtíochtaí lena dtreisítear an dá thaobh idir an tAontas agus tríú tíortha, lena n-áirítear infheistíochtaí inbhuanaithe agus cúnamh teicniúil. Is féidir le Comhpháirtíochtaí*** Tionsclaíocha ***Glan-Nialais rannchuidiú freisin le héagsúlú agus athléimneacht sholáthar glan-nialasachta an Aontais agus a gcomhpháirteanna, feabhas a chur ar chomhroinnt faisnéise idir an tAontas agus a chomhpháirtithe maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt agus tacú le tionscail ghlan-nialasachta an Aontais maidir le rochtain a fháil ar an margadh*** domhanda fuinnimh ghlain, ***agus tacú le tionscail nuaghinte i réimse na dteicneolaíochtaí fuinnimh ghlain i dtríú tíortha ag a bhfuil buntáistí soiléire comparáideacha. Ba cheart*** don Choimisiún agus do na Ballstáit comhordú a dhéanamh laistigh den Ardán ar na Comhpháirtíochtaí, agus plé á dhéanamh acu ar chomhpháirtíochtaí agus ar phróisis ábhartha atá ann cheana, amhail comhpháirtíochtaí glasa, idirphlé faoi fhuinneamh agus cineálacha eile socruithe |

| | |
|---|---|
| | conarthacha déthaobhacha atá ann cheana, chomh maith le sineirgí féideartha le comhaontuithe déthaobhacha ábhartha de chuid na mBallstát le tríú tíortha. ***Ba cheart go léireodh comhaontuithe le tríú tíortha, lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan-Nialasachta, príomhluachanna agus cuspóirí Eorpacha, go háirithe maidir le caighdeáin saothair agus caighdeáin idirnáisiúnta chomhshaoil a chur chun cinn sna tíortha sin. Thairis sin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan-Nialasacha rannchuidiú leis an gclaochlú tionsclaíoch ar fud shlabhra luacha iomlán ghnóthais Eorpacha agus tríú tíortha agus margaí oscailte agus trádáil chóir á n-áirithiú.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 70 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(70 a) Tá éifeachtúlacht fuinnimh, an geilleagar ciorclach agus measarthacht fuinnimh fós ina bpríomhthosaíochtaí maidir lenár spleáchais straitéiseacha a laghdú agus tacú lenár neamhspleáchas straitéiseach oscailte. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go gcuirfí san áireamh sna straitéisí atá bunaithe ar thionscail arna gcur ar bun sa bhaile an athuair an gá atá ag AE le comhghuaillithe i bhfóraim idirnáisiúnta éagsúla agus níor cheart dóibh tríú tíortha a choimhthiú ná an bealach a réiteach le haghaidh frithbheartaíocht trádála, rás i dtreo fóirdheontas nó doicheall. Agus an Chomhpháirtíocht Thionsclaíoch Ghlan-Nialasachta á hullmhú, ba cheart don Choimisiún measúnú críochnúil a dhéanamh ar leochaileachtaí shlabhra soláthair an Aontais agus ar spleáchais allmhairí. Ba cheart torthaí an*** |

| | |
|---|---|
| | ***mheasúnaithe sin, chomh maith leis an ngá atá le feabhas a chur ar an gcomhar le comhpháirtithe domhanda iontaofa atá ar aon intinn, a bheith mar bhonn eolais do chonclúidí na gComhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan-Nialasachta.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 71**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (71) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an trádáil idirnáisiúnta agus infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a éagsúlú ***agus*** ardchaighdeáin shóisialta agus chomhshaoil ***a chur chun cinn*** ar fud an domhain, agus ba cheart an méid sin a dhéanamh i ndlúthchomhar agus i gcomhpháirtíocht le tíortha atá ar aon intinn leo. Ar an gcuma chéanna, ba cheart iarrachtaí níos láidre maidir le taighde agus nuálaíocht a dhéanamh chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt agus a chur in úsáid i ndlúthchomhar le tíortha comhpháirtíochta i ***gcur chuige*** oscailte ***ach teanntásach***. | (71) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas éagsúlú a dhéanamh ar an trádáil idirnáisiúnta agus ar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta ***lena gcruthaítear comhpháirtíochtaí lena dtreisítear an dá thaobh, ag tógáil ar phleananna forbartha inbhuanaithe na gcomhpháirtithe féin, ar chaighdeáin ábhartha chomhshaoil agus chearta an duine agus*** ardchaighdeáin shóisialta, ***saothair*** agus chomhshaoil ***á gcur chun cinn ar fud an domhain. Ba*** cheart an méid sin a dhéanamh i ndlúthchomhar agus i gcomhpháirtíocht le tíortha atá ar aon intinn leis ***trí chomhaontuithe atá ann cheana nó margaí straitéiseacha nua***. Ar an gcuma chéanna, ba cheart ***comhar idirnáisiúnta ar*** iarrachtaí níos láidre maidir le taighde agus nuálaíocht a dhéanamh chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt agus a chur in úsáid i ndlúthchomhar le tíortha comhpháirtíochta ***ar bhealach*** oscailte ***agus cothromaithe, agus aird chuí á dtabhairt ar leasanna agus riachtanais an Aontais***. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 71 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(71 a) Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do chóras trádála atá oscailte agus iltaobhach agus bunaithe ar rialacha. Agus an méid sin á chur san áireamh, ní mór do bhearta a thugann an tAontas isteach agus a mbíonn tionchar acu ar thrádáil a bheith comhlíontach le EDT, agus ní mór dóibh freagairt fhéideartha chomhpháirtithe trádála an Aontais a chur san áireamh. Ba cheart don Choimisiún Eorpach páirt a ghlacadh go luath i bhfaisnéis agus i gcumarsáid lenár gcomhpháirtithe trádála maidir le cur chun feidhme NZIA chun aghaidh a thabhairt ar aon chaomhnaitheacht a mheastar a bheith ann ar thaobh an Aontais agus chun tacú le huaillmhianta geopholaitiúla an Aontais.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 74 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(74 a) Chun cuspóirí NZIA, a chur chun feidhme, agus an tionchar a bheidh aige ar fud earnálacha agus leibhéil éagsúla an gheilleagair, tá gá le comhar gníomhach i measc institiúidí an Aontais. Tá gá le grinnscrúdú daonlathach chun cuntasacht an Choimisiúin a áirithiú laistigh den Ardán agus ag gach céim de chomhpháirtíochtaí príobháideacha-poiblí NZ agus d'fhorghníomhú an bhuiséid. Chun a ról a áirithiú, ba cheart don Choimisiún tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa ar bhonn rialta, nuair ba cheart an deis a bheith aige, ag an am céanna, faisnéis a iarraidh ón 'Ardán' nuair a mheastar gur gá sin, chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar a díospóireachtaí nó ar a himeachtaí.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 74 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(74 b) Chun borradh a chur faoi tháirgeadh teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain, tá ról ríthábhachtach ag an mbeartas trádála agus infheistíochta maidir le slabhraí luacha oscailte agus inbhuanaithe a chur chun cinn, agus maidir le soláthar amhábhar agus idirmheánach atá ríthábhachtach don aistriú a éagsúlú. Chuige sin, ba cheart don Aontas Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha Tionsclaíocha a chaibidliú le comhpháirtithe iontaofa agus na hionstraimí cosanta trádála ábhartha a chur i bhfeidhm go hiomlán lena gceartaítear agus lena gcuirtear bac ar iompraíocht chosantaíoch fhéideartha soláthróirí agus iomaitheoirí freisin trí athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta riaracháin agus ar agaí próiseála. Chun go gcuirfear an beartas trádála chun feidhme go héifeachtúil, ba cheart don Aontas measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar a nósanna imeachta caibidlíochta chun comhaontuithe trádála agus infheistíochta araon a thabhairt i gcrích, a mheas nó a nuachóiriú.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leis an Rialachán seo, bunaítear creat beart chun acmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas a nuáil agus a uas- | 1. Leis an Rialachán seo, bunaítear creat beart chun acmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a nuáil agus a uas-scálú san |

| | |
|---|---|
| scálú chun tacú le sprioc 2030 an Aontais glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990 agus chun tacú le sprioc 2050 an Aontais maidir le haeráidneodracht, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2021/1119, agus chun rochtain an Aontais a áirithiú ar sholáthar slán inbhuanaithe de theicneolaíochtaí glan-nialasachta atá riachtanach chun athléimneacht ***chóras fuinnimh*** an Aontais a chosaint agus chun rannchuidiú le cruthú post ardcháilíochta. | Aontas ***agus trí chomhpháirtíochtaí le tríú tíortha lena dtreisítear an dá thaobh,*** chun tacú le sprioc an Aontais do 2030 glanastaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990 agus chun tacú le sprioc an Aontais do 2050 maidir le haeráidneodracht, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2021/1119, agus chun rochtain an Aontais a áirithiú ar sholáthar slán inbhuanaithe de theicneolaíochtaí glan-nialasachta atá riachtanach chun athléimneacht ***shlabhraí soláthair comhfhreagracha*** an Aontais a chosaint agus chun rannchuidiú ***leis an aistriú cóir inbhuanaithe domhanda,*** le cruthú post ardcháilíochta ***agus le hinfhaighteacht fuinnimh inacmhainne san Aontas agus thar lear***. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 –mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***b a) an laghdú, bunaithe ar riosca, ar spleáchais straitéiseacha ó fhoinse soláthair aonair, nach gcuireann aon cheann acu níos mó ná 65 % de thomhaltas bliantúil an Aontais ar fáil, agus ag an am céanna éagsúlú a chosaint trí thrádáil oscailte chothrom inbhuanaithe;*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***b b) comhar agus comhpháirtíochtaí a chur ar bun a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh agus a threiseoidh comhar*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus comhpháirtíochtaí le tríú tíortha chun feabhas a chur ar tháirgeadh agus ar imscaradh teicneolaíochtaí glan-nialasachta, lena n-áirítear trí bhíthin comhar iltaobhach lena ndaingneofar a soláthar inbhuanaithe san Aontas agus lena ndéanfar forbairt bhreise thar lear agus comhghuaillíocht ilpháirtí a chur ar bun chun táirgeadh agus imscaradh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chothú trí bhíthin comhpháirtíochtaí.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) seirbhísí tacaíochta gnó, lena n-áirítear dearbhú cánach corparáide, dlíthe cánach áitiúla, dlí an tsaothair, ach gan bheith teoranta dóibh sin. | (d) seirbhísí tacaíochta gnó, lena n-áirítear dearbhú cánach corparáide, dlíthe cánach áitiúla, dlí an tsaothair, ach gan bheith teoranta dóibh sin***, dírítear go háirithe ar FBManna***. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a chomhfhreagraíonn do theicneolaíocht a liostaítear san Iarscríbhinn agus atá lonnaithe san Aontas a rannchuidíonn le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán seo ***agus*** a chomhlíonann ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas, déanfaidh na Ballstáit iad a aithint mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta: | 1. Aithneoidh na Ballstáit mar thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a chomhfhreagraíonn do theicneolaíocht a liostaítear san Iarscríbhinn agus atá lonnaithe san Aontas a rannchuidíonn le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán seo***. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag na tionscadail sin dul chun cinn domhanda na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun cinn agus soláthar inbhuanaithe laistigh den Aontas á áirithiú agus tuilleadh forbartha á cothú*** |

***go hidirnáisiúnta. Thairis sin, ba cheart do na tionscadail mhonaraíochta sin inbhuanaitheacht agus feidhmíocht fheabhsaithe a léiriú, agus iad ag teacht le spriocanna sóisialta agus comhshaoil an Aontais Eorpaigh. Ba cheart dóibh cleachtais inbhuanaithe a spreagadh feadh a slabhra soláthair ar fad, lena n-áirítear comhar le soláthróirí. Ní mór go gcomhlíonfaidh na tionscadail sin*** ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas:

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) rannchuidíonn an tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta le hathléimneacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch chóras fuinnimh an Aontais trí acmhainneacht mhonaraíochta comhpháirte nó páirte a mhéadú i slabhra luacha na teicneolaíochta glan-nialasachta ar a bhfuil an tAontas ag brath go mór ar allmhairí a thagann ó thríú ***tír*** aonair; | (a) rannchuidíonn an tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta le hathléimneacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch chóras fuinnimh an Aontais trí acmhainneacht mhonaraíochta comhpháirte nó páirte a mhéadú i slabhra luacha na teicneolaíochta glan-nialasachta dá bhfuil an tAontas ag brath go mór ar allmhairí a thagann ó thríú tír aonair ***nó níos mó*** tríú ***tíortha***; |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe b – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) cuireann sé go mór le hacmhainneacht mhonaraíochta san Aontas le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta; | (i) cuireann sé go mór le hacmhainneacht mhonaraíochta san Aontas le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasacha ***gan spleáchais straitéiseacha nua a chruthú ó fhoinse soláthair aonair***; |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe b – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(ii) monaraíonn sé teicneolaíochtaí lena ngabhann inbhuanaitheacht agus feidhmíocht fheabhsaithe;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe d – pointe iv a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iv a) áirítear leis critéir amhail foinsiú freagrach amhábhar agus úsáid modhanna iompair inbhuanaithe.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar an iarratas dá dtagraítear i mír 1 laistigh de mhí amháin le próiseas cothrom trédhearcach. Mura ndéanfaidh na Ballstáit cinneadh laistigh den tréimhse sin, is formheas ar an tionscadal a bheidh ann. | 3. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar an iarratas dá dtagraítear i mír 1 laistigh de mhí amháin le próiseas cothrom trédhearcach ***gan dochar do Rialachán (AE) 2019/452***. Mura ndéanfaidh na Ballstáit cinneadh laistigh den tréimhse sin, is formheas ar an tionscadal a bheidh ann. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Measfar go rannchuidíonn tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta | 3. Measfar go rannchuidíonn tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta |

| | |
|---|---|
| le slándáil an tsoláthair theicneolaíochtaí straitéiseacha glan-nialasachta san Aontas agus, dá bhrí sin, gur chun leas an phobail iad. Maidir leis na tionchair ar an gcomhshaol a dtugtar aghaidh orthu in Airteagal 6(4) agus Airteagal 16(1)I de Threoir 92/43/CEE, Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE agus Airteagal 9(1)(a) de Threoir 2009/147/CE, measfar gur chun leas an phobail iad tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta san Aontas agus féadfar a mheas gur chun leas poiblí sáraitheach iad ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leagtar amach sna Treoracha sin. | le slándáil an tsoláthair theicneolaíochtaí straitéiseacha glan-nialasachta san Aontas agus, dá bhrí sin, gur chun leas an phobail iad. Maidir leis na tionchair ar an gcomhshaol a dtugtar aghaidh orthu in Airteagal 6(4) agus Airteagal 16(1)I de Threoir 92/43/CEE, Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE agus Airteagal 9(1)(a) de Threoir 2009/147/CE, measfar gur chun leas an phobail iad tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta san Aontas agus féadfar a mheas gur chun leas poiblí sáraitheach iad ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leagtar amach sna Treoracha sin***, á áirithiú go háirithe go gcomhlíonann an tionscadal an Treoir maidir le Gnáthóga agus cosaint suíomhanna Natura 2000, chomh maith leis na gealltanais a rinneadh faoi Chomhaontú Pháras***. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht riaracháin a sholáthar do thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta chun cur chun feidhme tapa agus éifeachtach na dtionscadal sin a éascú, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a sholáthar: | 2. Féadfaidh ***an Coimisiún agus*** na Ballstáit tacaíocht riaracháin a sholáthar do thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta chun cur chun feidhme tapa agus éifeachtach na dtionscadal sin a éascú, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a sholáthar: |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) cúnamh do thionscnóirí tionscadail an Aontais i dtríú tíortha chun aird a tharraingt ar na tairbhí áitiúla eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil*** |

| | |
|---|---|
| | ***a bhaineann leis na tionscadail, trí fheachtas oideachais phoiblí atá cuimsitheach agus trédhearcach, chun glacadh an phobail leis an tionscadal a mhéadú tuilleadh.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) cláir chistiúcháin agus mhaoiniúcháin ábhartha de chuid an Aontais**.** | (d) cláir chistiúcháin agus mhaoiniúcháin ábhartha de chuid an Aontais ***lena n-áirítear Ciste Nuálaíochta a bhfuil cuspóir nua aige de chuid an Aontais lena dtacaítear le huas-scálú theicneolaíochtaí tionscail nuálacha úrscothacha an Aontais atá ann cheana agus a slabhraí soláthair;*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) cúnamh teicniúil do thionscadail san Aontas agus i dtíortha comhpháirtíochta trí ioncaim SCCT agus Mol Comhairleach InvestEU, i measc nithe eile.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil IV – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| IV Rochtain ar mhargaí | Rochtain ar mhargaí ***agus cothrom iomaíochta domhanda*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunóidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain na gconarthaí le haghaidh teicneolaíocht glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn i nós imeachta soláthair phoiblí ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, a n-áireofar inti an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr, lena gcuimseofar, ar a laghad, rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE, nó 2014/25/AE agus leis an reachtaíocht earnála is infheidhme, agus le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas. | 1. Bunóidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain na gconarthaí le haghaidh teicneolaíocht glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn i nós imeachta soláthair phoiblí ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, a n-áireofar inti an cóimheas praghais-cáilíochta is fearr, lena gcuimseofar, ar a laghad, rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE, nó 2014/25/AE agus leis an reachtaíocht earnála is infheidhme, chomh maith le ***Rialachán (AE) 2022/1031 ón Aontas agus*** le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Bunófar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana ar na critéir ***charnacha*** seo a leanas a bheidh oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach: | 2. Bunófar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana ar na critéir seo a leanas a bheidh oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach: |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) critéir inbhuanaitheachta shóisialta mar a chuirtear i bhfeidhm iad faoin reachtaíocht atá ann cheana agus is féidir dálaí oibre agus cómhargáil a áireamh iontu i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 30(3) de Treoir 2014/23/AE, le hAirteagal 18(2) de Threoir 2014/24/AE agus le hAirteagal 36(2) de Threoir 2014/25/AE;*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) rannchuidiú na tairisceana le hathléimneacht, agus cion na dtáirgí de thionscnamh foinse aonair soláthair á chur san áireamh, arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[72], as a dtagann níos mó ná 65 % den soláthar le haghaidh na teicneolaíochta glan-nialasachta sonraí sin laistigh den Aontas le linn na bliana deireanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith nuair a dhéantar an tairiscint. | (d) rannchuidiú na tairisceana le hathléimneacht ***shlabhraí soláthair na hEorpa a chothú agus a threisiú***, agus cion na dtáirgí de thionscnamh foinse aonair soláthair á chur san áireamh, arna chinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[72], as a dtagann níos mó ná 65 % den soláthar le haghaidh na teicneolaíochta glan-nialasachta áirithe sin laistigh den Aontas le bliain anuas a bhfuil sonraí ar fáil i leith na bliana sin nuair a dhéantar an tairiscint. |
| [72] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1). | [72] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1). |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Aon tairiscint a thíolactar chun conradh soláthair a dhámhachtain i ngach earnáil de na teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 3 pointe 1 (a) agus de na teicneolaíochtaí glan-nialasachta straitéiseacha mar a liostaítear in Iarscríbhinn 1, féadfar tairiscint mar sin a eisiamh má thagann an t-oibreoir eacnamaíoch ó thír a bhfuil a hoibreoirí eacnamaíocha, a hearraí agus a seirbhísí faoi réir beart IPI mar a shainmhínítear i Rialachán 2022/1031/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, go háirithe Airteagail 6 agus 8. D'fhéadfaí í a eisiamh freisin do chuideachtaí nach gcomhlíonann ceanglais infheidhme an Aontais maidir le gnó dlíthiúil agus cearta an duine.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gan dochar d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2018/2001 agus d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh, ná do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas, déanfaidh na Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí, measúnú ar an rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2) den Rialachán seo agus na critéir á ndearadh a úsáidfear chun tairiscintí a rangú faoi | 1. Gan dochar d'Airteagal 4 de Threoir (AE) 2018/2001 agus d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh, ná do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas, ***d'fhéadfadh*** na Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó comhlachais ina bhfuil údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí, ***measúnú a dhéanamh ar an gcibearshlándáil mar chritéar, agus déanfaidh siad*** measúnú ar an rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2) den |

chuimsiú ceantanna, arb é is aidhm dóibh tacú le táirgeadh nó tomhaltas fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2018/2001.

Rialachán seo agus na critéir á ndearadh a úsáidfear chun tairiscintí a rangú faoi chuimsiú ceantanna, arb é is aidhm dóibh tacú le táirgeadh nó tomhaltas fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2018/2001.

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22 a*** |
| | ***Slabhraí luacha domhanda a neartú le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta*** |
| | ***1. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit straitéis dhomhanda tráchtála agus infheistíochta a chur chun feidhme, go hiltaobhach faoi chuimsiú EDT agus go déthaobhach araon, chun slabhraí luacha domhanda a neartú le haghaidh na teicneolaíochta glan-nialasachta ar bhealach a athchothromaíonn caidrimh thrádála, a chothaíonn cosaint Chearta an Duine feadh slabhraí soláthair, a dhaingníonn allmhairí freagracha agus iontaofa, a thugann aghaidh ar ró-acmhainneacht agus ar shaobhadh trádála, agus a fhorbraíonn teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus ardchaighdeáin shóisialta, saothair agus chomhshaoil á gcur chun cinn. Bainfidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, leas iomlán as ionstraimí cosanta trádála chun trádáil chothrom chómhalartach oscailte a chosaint, dul ar aghaidh go cúramach, go trédhearcach, go héifeachtúil agus ar dhóigh go mbeidh sí intuigthe agus sothuigthe do thríú páirtithe.*** |
| | ***2. Ina straitéisí trádála agus infheistíochta, faoi chuimsiú EDT agus trí shocruithe trádála déthaobhacha,*** |

***beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit slabhraí luacha domhanda do theicneolaíochtaí glan-nialasachta a éagsúlú agus a neartú.***

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22 b*** |
| | ***Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan-Nialasacha*** |
| | ***1. Gan dochar do chomhaontuithe trádála agus infheistíochta atá ann cheana idir an tAontas agus tríú tíortha, déanfaidh an Coimisiún Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan-Nialasachta le tríú tíortha.*** |
| | ***2. Agus an Chomhpháirtíocht Thionsclaíoch Ghlan-Nialasachta á hullmhú, ba cheart don Choimisiún measúnú críochnúil a dhéanamh ar leochaileachtaí shlabhra soláthair an Aontais agus ar spleáchais allmhairí, agus tagairt á déanamh do na critéir a leagtar amach in Airteagal 28(4)(c). Ba cheart torthaí an mheasúnaithe sin, chomh maith leis an ngá atá le feabhas a chur ar an gcomhar le comhpháirtithe domhanda iontaofa atá ar aon intinn, a bheith mar bhonn eolais do chonclúidí na gComhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan-Nialasachta.*** |
| | ***3. Beidh na cuspóirí seo a leanas ag Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan-Nialasacha:*** |
| | ***(a) infhaighteacht na n-acmhainní agus na n-amhábhar riachtanach a chosaint chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a tháirgeadh, róspleáchas ar sholáthróirí aonair a sheachaint agus na foinsí a éagsúlú;*** |

***(b) margaí nua onnmhairithe a oscailt do tháirgeoirí teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus earraí monaraithe san Aontas Eorpach agus athléimneacht slabhraí domhanda soláthair agus luacha a fheabhsú, trédhearcacht a chur chun cinn agus breisluach á thabhairt ag an am céanna do gheilleagar áitiúil agus do shochaí na tíre comhpháirtíochta;***

***(c) cothrom iomaíochta a áirithiú idir gnóthais Eorpacha agus gnóthais tríú tír lena n-áirítear le haghaidh nósanna imeachta soláthair phoiblí agus rochtain gnóthas Eorpach ar thairiscintí ó thríú tíortha;***

***(d) an t-ualach riaracháin a laghdú agus nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú;***

***(e) infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha domhanda i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a spreagadh agus tacú le monaraíocht teicneolaíochta glaine i dtríú tíortha;***

***(f) rannchuidiú le claochlú tionsclaíoch na ngnóthas Eorpach agus na ngnóthas tríú tír ar bhealach cothrom agus feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil feadh an tslabhra luacha dhomhanda;***

***(g) comhoibriú le comhpháirtithe chun bacainní taraife agus neamhtharaife ar thrádáil i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta agus a gcomhpháirteanna a shainaithint agus a mhaolú;***

***(h) comhar idirnáisiúnta a spreagadh i leith taighde, nuálaíochta agus malartú eolais i ndáil le forbairt agus imlonnú teicneolaíochtaí glan-nialasachta;***

***(i) tacú le pleananna forbartha inbhuanaithe féin na gcomhpháirtithe agus le caighdeáin ábhartha chomhshaoil agus chearta an duine i gcomhréir le caighdeáin agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta, lena n-áirítear coinbhinsiúin bhunúsacha EIS,***

***Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le hIompar Gnó Freagrach.***

***4. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar Chomhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan-Nialasacha ar bhonn rialta nó arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa agus tuairisceoidh sé chuig na coistí Parlaiminteacha ábhartha maidir leis an dul chun cinn.***

***5. Tacóidh na Ballstáit leis an gCoimisiún agus na bearta comhair a leagtar amach sa chomhpháirtíocht thionsclaíoch ghlan-nialasachta á gcur chun feidhme.***

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh an tArdán comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit i ndáil lena ngníomhaíochtaí chun na cuspóirí a leagtar amach i gCaibidil I den Rialachán seo a bhaint amach, agus pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide na mBallstát arna gcur isteach faoi Rialachán (AE) 2018/1999[75] á gcur san áireamh. | 3. Féadfaidh an tArdán comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit i ndáil lena ngníomhaíochtaí chun na cuspóirí a leagtar amach i gCaibidil I den Rialachán seo a bhaint amach, agus pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide na mBallstát arna gcur isteach faoi Rialachán (AE) 2018/1999 á gcur san áireamh***, agus chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill maidir le glacadh na dteicneolaíochtaí sin, go háirithe i dtionscail dianfhuinnimh ina mbíonn sé deacair astaíochtaí a cheansú***. |
| [75] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, | [75] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, |

| | |
|---|---|
| 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1). | 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1). |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Féadfaidh*** an Coimisiún agus na Ballstáit comhordú a dhéanamh laistigh den Ardán um na comhpháirtíochtaí tionsclaíocha glan-nialasachta agus freisin le tríú tíortha ábhartha chun cuidiú le glacadh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun cinn ar fud an domhain agus chun tacú le ról chumais thionsclaíocha an Aontais chun an bealach a réiteach le haghaidh an aistrithe dhomhanda chuig fuinneamh glan, i gcomhréir le cuspóirí foriomlána ***an Rialacháin seo*** a eascraíonn as Airteagal 1 den Rialachán seo. Féadfaidh an tArdán na nithe seo a leanas a phlé go tréimhsiúil: | 4. ***Déanfaidh*** an Coimisiún agus na Ballstáit comhordú a dhéanamh laistigh den Ardán um na comhpháirtíochtaí tionsclaíocha glan-nialasachta agus freisin le tríú tíortha ábhartha chun cuidiú le glacadh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun cinn ar fud an domhain agus chun tacú le ***comhpháirtíochtaí lena dtreisítear an dá pháirtí idir an tAontas agus tríú tíortha chomh maith le*** ról chumais thionsclaíocha an Aontais***, lena n-áirítear fios gnó agus aistrithe teicneolaíochta, infheistíochtaí inbhuanaithe agus cúnamh teicniúil,*** chun an bealach a réiteach le haghaidh an aistrithe dhomhanda chuig fuinneamh glan, i gcomhréir le cuspóirí foriomlána a eascraíonn as Airteagal 1 den Rialachán seo. Féadfaidh an tArdán na nithe seo a leanas a phlé go tréimhsiúil: |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) conas feabhas a chur ar an gcomhar | (a) conas feabhas a chur ar an gcomhar |

| | |
|---|---|
| idir an tAontas agus tríú tíortha feadh an tslabhra luacha glan-nialasachta; | idir an tAontas agus tríú tíortha feadh an tslabhra luacha glan-nialasachta ***trí, i measc nithe eile, malartú dea-chleachtas, eolais agus aistrithe teicneolaíochta, cúnaimh theicniúil agus tacaíochta airgeadais trí chothromas, iasachtaí, giaráil phríobháideach phoiblí agus ionstraimí amhail gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairithe***; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 4 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) conas tacú le pleananna forbartha inbhuanaithe féin na gcomhpháirtithe, le caighdeáin ábhartha chomhshaoil agus chearta an duine, agus a dhícheall a dhéanamh cuspóirí na gcaighdeán agus na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta a bhaint amach, lena n-áirítear coinbhinsiúin bhunúsacha EIS, Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí maidir le hIompar Gnó Freagrach;*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) conas aghaidh a thabhairt ar bhacainní neamhtharaifí trádála, amhail trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do mheasúnú comhréireachta nó trí ghealltanais a dhéanamh chun srianta ar onnmhairiú a sheachaint; | (b) conas aghaidh a thabhairt ar bhacainní neamhtharaife trádála, amhail trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do mheasúnú comhréireachta nó trí ghealltanais a dhéanamh chun srianta ar onnmhairiú ***de theicneolaíochtaí glan-nialasachta*** a sheachaint; |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 –mír 4 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) conas cothrom iomaíochta a áirithiú do ghnóthais Eorpacha ar sholáthairtí poiblí tríú tíortha a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/1031;*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 4 – pointe c – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| i) an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith ann le ***slándáil*** an tsoláthair, agus ***a*** n-acmhainneacht mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta á cur san áireamh; | i) an fhéidearthacht atá ann ***i gcomhair comhpháirtíochtaí lena dtreisítear an dá pháirtí, feabhas a chur ar an aistriú inbhuanaithe cóir san Aontas agus ar fud an domhain*** , an rannchuidiú le ***hathléimneacht shlabhraí*** soláthair ***an Aontais***, agus acmhainneacht monaraíochta ***na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta*** á cur san áireamh ***agus i gcomhair comhghuaillíochtaí cómhalartacha iontaofa a chruthú agus caighdeáin agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta saothair ábhartha á n-urramú ag an am céanna;*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 4 – pointe c – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ii) an bhfuil comhaontuithe comhair ann cheana idir tríú tír agus an tAontas? | ii) an bhfuil comhaontuithe comhair ann cheana idir tríú tír agus an tAontas***, agus na tíortha sin ina bhfuil forálacha sonracha maidir le fuinneamh agus*** |

***amhábhair á gcur san áireamh.***

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 4 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) forálacha nithiúla chun trádáil in earraí agus i seirbhísí comhshaoil a chothú d'fhonn teacht ar chomhaontú cuimsitheach idirnáisiúnta maidir leis an ábhar sin.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Lorgóidh na Ballstáit agus an Coimisiún sineirgí dearfacha idir na Comhpháirtíochtaí sin agus tionscnaimh atá ann cheana amhail an Global Gateway, Comhpháirtíocht G7 le haghaidh Bonneagar Domhanda agus Infheistíocht Dhomhanda, agus na Comhpháirtíochtaí um Aistriú Fuinnimh Cóir.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh an tArdán comhdhéanta ***de*** na Ballstáit agus an Coimisiún. ***Ionadaí*** ón ***gCoimisiún a bheidh ina chathaoirleach air.*** | 1. Beidh an tArdán comhdhéanta ***d'ionadaithe ó*** na Ballstáit agus an Coimisiún. ***Tabharfar cuireadh d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa freastal ar a chruinnithe, lena n-áirítear cruinnithe na bhfoghrúpaí buana nó sealadacha dá*** |

| | |
|---|---|
| | ***dtagraítear i mír 6.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Tabharfaidh an tArdán cuireadh d'ionadaithe ***ó Pharlaimint na hEorpa*** freastal ar ***a chruinnithe mar bhreathnóirí lena n-áirítear cruinnithe*** na bhfoghrúpaí buana nó sealadacha dá dtagraítear i mír 6. | 7. Tabharfaidh an tArdán cuireadh ***do gheallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear*** ionadaithe ***na sochaí sibhialta agus an tionscail,*** freastal ar chruinnithe na bhfoghrúpaí buana nó sealadacha dá dtagraítear i mír 6***, agus lorgóidh sé comhairle uathu go rialta***. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***8. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tArdán nó an Coimisiún cuireadh a thabhairt do shaineolaithe agus do thríú páirtithe eile chuig cruinnithe an Ardáin agus na bhfoghrúpaí nó chun aighneachtaí i scríbhinn a sholáthar.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar measúnú sa mheastóireacht ar ar baineadh cuspóirí an Rialacháin seo a bhunaítear in Airteagal 1 amach agus ar a thionchar ar úsáideoirí gnó, go háirithe FBManna, agus úsáideoirí deiridh, agus ar chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. | 2. Déanfar measúnú sa mheastóireacht ar ar baineadh cuspóirí an Rialacháin seo a bhunaítear in Airteagal 1 amach***, go háirithe tríd na Comhpháirtíochtaí Tionsclaíocha Glan-Nialasachta,*** agus ar a thionchar ar úsáideoirí gnó, go háirithe FBManna, agus úsáideoirí deiridh, agus ar |

| | |
|---|---|
| | chuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Faoi...[1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú tionchair ar an Rialacháin a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.*** |

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-Nialasachta) |
| **Tagairtí** | COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>8.5.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>8.5.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Inma Rodríguez-Piñero<br>27.4.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 26.6.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.7.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 33<br>–: 1<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Anna-Michelle Asimakopoulou, Tiziana Beghin, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Daniel Caspary, Arnaud Danjean, Roman Haider, Christophe Hansen, Heidi Hautala, Danuta Maria Hübner, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Thierry Mariani, Margarida Marques, Gabriel Mato, Emmanuel Maurel, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Inma Rodríguez-Piñero, Katarína Roth Neveďalová, Helmut Scholz, Joachim Schuster, Sven Simon, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marek Belka, José Manuel García-Margallo y Marfil, Enikő Győri, Javier Moreno Sánchez |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, Francisco Guerreiro, Mikuláš Peksa, Lucia Vuolo |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 33 | + |
|---|---|
| ID | Thierry Mariani |
| NI | Enikő Győri, Carles Puigdemont i Casamajó |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Daniel Caspary, Arnaud Danjean, José Manuel García-Margallo y Marfil, Christophe Hansen, Danuta Maria Hübner, Gabriel Mato, Sven Simon, Lucia Vuolo, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler |
| Renew | Barry Andrews, Jordi Cañas, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Clara Aguilera, Bernd Lange, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Inma Rodríguez-Piñero, Katarína Roth Neveďalová, Joachim Schuster, Kathleen Van Brempt |
| The Left | Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Francisco Guerreiro, Heidi Hautala, Mikuláš Peksa |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Roman Haider |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ID | Danilo Oscar Lancini |
| NI | Tiziana Beghin |
| S&D | Marek Belka |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

20.7.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta fuinnimh na hEorpa a néartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)
(COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Anna Deparnay-GrunenbergPA_Legam

## LEASÚ

Iarrann an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Chun na gealltanais sin a chomhlíonadh, ní mór don Aontas dlús a chur le luas an aistrithe chuig fuinneamh glan, go háirithe trí éifeachtúlacht fuinnimh agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Cuideoidh sé sin le spriocanna an Aontais i bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta do 2030 a bhaint amach, is é sin ráta fostaíochta 78 % ar a laghad agus rannpháirtíocht 60 % ar a laghad de dhaoine fásta in gcúrsaí oiliúna. Cuideoidh sé freisin chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú glas cóir agus cothrom[34]. | (4) Chun na gealltanais sin a chomhlíonadh, ní mór don Aontas dlús a chur le luas an aistrithe chuig fuinneamh glan, go háirithe trí éifeachtúlacht fuinnimh agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Cuideoidh sé sin le spriocanna an Aontais i bPlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta do 2030 a bhaint amach, is é sin ráta fostaíochta 78 % ar a laghad agus rannpháirtíocht 60 % ar a laghad de dhaoine fásta in gcúrsaí oiliúna. Cuideoidh sé freisin chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú glas cóir agus cothrom***, gan aon duine ná aon áit a fhágáil ar lár***[34]. |
| [34] Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, a glacadh an 16 Meitheamh 2022 mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'. | [34] Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, a glacadh an 16 Meitheamh 2022 mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) I gcomhréir leis an mbéim ar thionscail ghlan-nialasachta, tá sé tábhachtach go gcuirfí earnálacha níos lú fiú san áireamh, mar shampla an tionscal rothaíochta i dtéarmaí ganntanas féideartha sa slabhra soláthair le haghaidh comhpháirteanna agus nach mbeidh siad faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar dhifríocht scála;*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Leis na praghsanna fuinnimh níos airde mar gheall ar an bhfogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, tugadh spreagadh láidir chun dlús a chur le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus athléimneacht an Aontais Fuinnimh a threisiú trí dhlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glas agus trí dheireadh a chur le haon spleáchas ar bhreoslaí iontaise a onnmhairítear ó Chónaidhm na Rúise. Tá ról lárnach ag plean REPowerEU[35] maidir le freagairt a thabhairt ar an gcruatan agus ar an gcur isteach ar an margadh fuinnimh domhanda a tharla mar gheall ar an ionradh a rinne Cónaidhm na Rúise ar an Úcráin. Is é is aidhm don phlean sin dlús a chur leis an aistriú fuinnimh san Aontas Eorpach, chun ídiú gáis agus leictreachais an Aontais a laghdú agus borradh a chur faoi infheistíochtaí maidir le himscaradh réiteach ísealcharbóin | (5) Leis na praghsanna fuinnimh níos airde mar gheall ar an bhfogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, tugadh spreagadh láidir chun dlús a chur le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus athléimneacht an Aontais Fuinnimh a threisiú trí dhlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glas agus trí dheireadh a chur le haon spleáchas ar bhreoslaí iontaise a onnmhairítear ó Chónaidhm na Rúise. Tá ról lárnach ag plean REPowerEU[35] maidir le freagairt a thabhairt ar an gcruatan agus ar an gcur isteach ar an margadh fuinnimh domhanda a tharla mar gheall ar an ionradh a rinne Cónaidhm na Rúise ar an Úcráin. Is é is aidhm don phlean sin dlús a chur leis an aistriú fuinnimh san Aontas Eorpach, chun ídiú gáis agus leictreachais an Aontais a laghdú agus borradh a chur faoi infheistíochtaí maidir le himscaradh réiteach ísealcharbóin |

fuinneamhéifeachtúil. Leagtar amach sa phlean sin inter alia na spriocanna chun acmhainneacht fhótavoltach gréine a dhúbailt faoi 2025 agus 600 GW d'acmhainneacht fhótavoltach gréine a shuiteáil faoi 2030; an ráta úsáide teaschaidéal a mhéadú faoi dhó; 10 milliún tona de hidrigin in-athnuaite intíre a thairgeadh faoi 2030; agus táirgeadh bithmheatáin a mhéadú go mór. Leagtar amach sa phlean freisin, chun spriocanna REPowerEU a bhaint amach, go mbeidh gá le soláthar an trealaimh fuinnimh ísealcharbóin agus na n-amhábhar criticiúil a éagsúlú, leis na spleáchais earnála a laghdú, le bacainní sa slabhra soláthair a shárú agus le hacmhainneacht monaraíochta teicneolaíochta fuinnimh ghlain an Aontais a leathnú. Mar chuid d'iarrachtaí an Choimisiúin sciar an fhuinnimh in-athnuaite i nginiúint cumhachta, i dtionscail, i bhfoirgnimh agus in iompar a mhéadú, molann sé an sprioc sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite a mhéadú go 45 % faoi 2030 agus an sprioc sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a mhéadú go 13 %. Leis sin, bheadh na hacmhainneachtaí iomlána giniúna fuinnimh in-athnuaite 1 236 GW faoi 2030, i gcomparáid le 1 067 GW faoi 2030 atá beartaithe faoi thogra 2021, agus tiocfaidh méadú ar na riachtanais stórála le ceallraí chun déileáil leis an eadrannacht san eangach leictreachais. Ar an gcuma chéanna, beartais a bhaineann le dícharbónú na hearnála ***bóithre***, amhail Rialachán (AE) 2019/631 agus Rialachán (AE) ***2019/1242***, beidh siad ina spreagadh láidir chun earnáil an iompair de ***bhóthar*** a leictriú a thuilleadh agus, ar an gcaoi sin, an t-éileamh ar cheallraí a mhéadú.

fuinneamhéifeachtúil. Leagtar amach sa phlean sin inter alia na spriocanna chun acmhainneacht fhótavoltach gréine a dhúbailt faoi 2025 agus 600 GW d'acmhainneacht fhótavoltach gréine a shuiteáil faoi 2030; an ráta úsáide teaschaidéal a mhéadú faoi dhó; 10 milliún tona de hidrigin in-athnuaite intíre a thairgeadh faoi 2030; agus táirgeadh bithmheatáin a mhéadú go mór, ***rud atá riachtanach chun an t-iompar tromshaothair a dhícharbónú agus chun sprioc an Aontais maidir le glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050***. Leagtar amach sa phlean freisin, chun spriocanna REPowerEU a bhaint amach, go mbeidh gá le soláthar an trealaimh fuinnimh ísealcharbóin agus na n-amhábhar criticiúil a éagsúlú, leis na spleáchais earnála a laghdú, le bacainní sa slabhra soláthair a shárú agus le hacmhainneacht monaraíochta teicneolaíochta fuinnimh ghlain an Aontais a leathnú. Mar chuid d'iarrachtaí an Choimisiúin sciar an fhuinnimh in-athnuaite i nginiúint cumhachta, i dtionscail, i bhfoirgnimh agus in iompar a mhéadú, molann sé an sprioc sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite a mhéadú go 45 % faoi 2030 agus an sprioc sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a mhéadú go 13 %. Leis sin, bheadh na hacmhainneachtaí iomlána giniúna fuinnimh in-athnuaite 1 236 GW faoi 2030, i gcomparáid le 1 067 GW faoi 2030 atá beartaithe faoi thogra 2021, agus tiocfaidh méadú ar na riachtanais stórála le ceallraí chun déileáil leis an eadrannacht san eangach leictreachais. ***Ina theannta sin, chun cinnteacht an tsoláthair laistigh den eangach leictreachais a áirithiú, tá gá le mórleathnú ar fhuinneamh núicléach saor ó iontaise atá saor ó bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear nuachóiriú a dhéanamh ar shaoráidí fuinnimh núicléach atá ann cheana agus saoráidí nua fuinnimh núicléach ar mhórscála agus imoibreoirí beaga modúlacha a bhunú.*** Ar an gcaoi chéanna, beidh

beartais a bhaineann le dícharbónú na hearnála ***iompair***, amhail Rialachán (AE) 2019/631***, Rialachán (AE) 2019/1242*** agus Rialachán (AE) ***2021/0210* (*FuelEU Maritime),*** ina spreagadh láidir chun an earnáil iompair a leictriú tuilleadh agus, ar an gcaoi sin, méadófar an t-éileamh ar cheallraí ***agus ar bhonneagar luchtaithe***.

[35] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig An Chomhairle Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean REPowerEU, COM/2022/230 final, 18.5.2022.

[35] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig An Chomhairle Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean REPowerEU, COM/2022/230 final, 18.5.2022.

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Tá athruithe tionsclaíocha, eacnamaíocha agus geopholaitiúla ollmhóra ann cheana féin ar fud an domhain mar gheall ar an gclaochlú i dtreo na glan-nialasachta, rud a bheith níos suntasaí ná riamh de réir mar a théann an domhan chun cinn sna hiarrachtaí dícharbónaithe atá á ndéanamh aige. Leis an gconair i dtreo na glan-nialasachta, tugtar deiseanna láidre chun tionscal glan-nialasachta an Aontais a leathnú, agus úsáid á baint as neart an Mhargaidh Aonair, trí infheistíocht a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus téimh, teaschaidéil, teicneolaíochtaí eangaí, teicneolaíochtaí maidir le breoslaí in-athnuaite de theicneolaíochtaí tionscnaimh neamhbhitheolaíocha, leictrealóirí agus na cealla breosla, comhleá, na ***himoibreoirí beaga modúlacha*** agus ***breoslaí*** | (6) Tá athruithe tionsclaíocha, eacnamaíocha agus geopholaitiúla ollmhóra ann cheana féin ar fud an domhain mar gheall ar an gclaochlú i dtreo na glan-nialasachta, rud a bheith níos suntasaí ná riamh de réir mar a théann an domhan chun cinn sna hiarrachtaí dícharbónaithe atá á ndéanamh aige. Leis an gconair i dtreo na glan-nialasachta, tugtar deiseanna láidre chun tionscal glan-nialasachta an Aontais a leathnú, agus úsáid á baint as neart an Mhargaidh Aonair, trí infheistíocht ***mhear agus leordhóthanach*** a chur chun cinn i dteicneolaíochtaí sna réimsí seo a leanas: teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus téimh, teaschaidéil, teicneolaíochtaí ***solúbthachta agus*** eangaí***, lena n-áirítear teicneolaíochtaí lena gcumasaítear luchtú tapa agus déthreoch feithiclí leictreacha***, ***teicneolaíochtaí eitlíochta agus breosla*** |

| | |
|---|---|
| ***gaolmhara den aicme is fearr***, teicneolaíochtaí maidir le gabháil, úsáid agus stóráil carbóin, agus teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh agus na slabhraí soláthair atá acu, rud a fhágann gur féidir ár n-earnálacha eacnamaíocha a dhícharbónú, ón soláthar fuinnimh go dtí an earnáil iompair, foirgnimh agus tionscal. Is féidir le tionscal glan-nialasachta láidir laistigh den Aontas Eorpach cuidiú go mór le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach go héifeachtach, chomh maith le tacú le cuspóirí eile an Chomhaontaithe Ghlais, agus poist agus fás a spreagadh acu an tráth céanna. | ***mhuirí inbhuanaithe lena n-áirítear*** teicneolaíochtaí breoslaí in-athnuaite de thionscnaimh neamhbhitheolaíocha, leictrealóirí agus na cealla breosla, comhleá, ***teicneolaíochtaí chun fuinneamh a tháirgeadh ó phróisis núicléacha agus a dtimthriall breosla*** gaolmhar, teicneolaíochtaí maidir le gabháil, úsáid agus stóráil carbóin***, teicneolaíochtaí ábhair in-athnuaite*** agus teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh agus na slabhraí soláthair atá acu, rud a fhágann gur féidir ár n-earnálacha eacnamaíocha a dhícharbónú, ón soláthar fuinnimh go dtí an earnáil iompair, foirgnimh agus tionscal. Is féidir le tionscal glan-nialasachta láidir laistigh den Aontas Eorpach cuidiú go mór le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach go héifeachtach, chomh maith le tacú le cuspóirí eile an Chomhaontaithe Ghlais, agus poist agus fás a spreagadh acu an tráth céanna. |

*Réasúnú*

*Tá gá le hacmhainneacht mhonaraíochta leordhóthanach le haghaidh teicneolaíochtaí solúbthachta chun uathriail straitéiseach a áirithiú san aistriú aeráide. Chun spriocanna an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach, beidh gá le méadú suntasach ar an tsolúbthacht. Tá gá le tagairt do 'teicneolaíochtaí chun fuinneamh a tháirgeadh ó phróisis núicléacha' toisc go bhfuil gá le síntí saolré na stáisiún núicléach atá ann cheana agus le cumhacht núicléach nua chun aeráidneodracht a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach. Tá gá le hinfheistíochtaí suntasacha in amhábhair in-athnuaite chun an gealltanas a chomhlíonadh bunábhar carbóin in-athnuaite a chur in ionad 20 % den charbón iontaise sa timthriall ábhair.*

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Táirgeann earnáil an iompair suas leis an gceathrú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais sa lá atá inniu ann agus tá a cuid astaíochtaí fós ag méadú. Chun na cuspóirí a leagtar amach sa Rialachán sin a bhaint amach agus*** |

***chun acmhainneacht an Aontais maidir le tionscal glan-nialasach iomaíoch a bhaint amach, ní mór don Choimisiún agus do na Ballstáit córas éifeachtúil atá neodrach ó thaobh carbóin de, inbhuanaithe, iontaofa agus éifeachtúil a áirithiú chun earraí, comhpháirteanna agus táirgí a iompar, agus an ról a bheidh ag an iompar d'iarnród a mheas[1a]. In ainneoin spriocanna an Aontais an méid lasta iarnróid a dhúbailt go 30 % faoi 2030, tá an cion módach tar éis dul in olcas ó 2010 i leith (cion módach in 2010: 18%, in 2020: 16.8%). Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an rannchuidiú féideartha le tionscal glan-nialasach iomaíoch is féidir a bhaint amach san earnáil trí aistriú ó chóras iompair atá an-dian ar fhuinneamh agus ar an mbonn sin ba cheart dó moltaí a dhéanamh chun an earnáil iompair a dhícharbónú tuilleadh.***

__________________

***[1a] Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh, 2022 [https://www.era.europa.eu/system/files/2022-10/Compelling%20vision%20for%20ú%20target%20rail%20system_0.pdf]***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Maidir le cuspóirí dícharbónaithe an Aontais, slándáil an tsoláthair fuinnimh, digitiú an chórais fuinnimh agus éileamh a leictriú, mar shampla i dtaca le soghluaisteacht agus an gá atá le pointí mearluchtaithe, tá gá le leathnú ollmhór ar eangacha leictreachais san Aontas Eorpaigh ina leith, ar leibhéal an tarchurtha agus ar an leibhéal dáileacháin araon. Ar leibhéal an tarchurtha, tá gá le córais srutha | (8) Maidir le cuspóirí dícharbónaithe an Aontais, slándáil an tsoláthair fuinnimh, digitiú an chórais fuinnimh agus éileamh a leictriú, mar shampla i dtaca le soghluaisteacht agus an gá atá le pointí mearluchtaithe ***agus soláthar cumhachta ar tír***, tá gá le leathnú ollmhór ar eangacha leictreachais san Aontas Eorpaigh ina leith, ar leibhéal an tarchurtha agus ar an leibhéal dáileacháin araon. Ar leibhéal an |

| | |
|---|---|
| dhírigh ardvoltais chun fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a nascadh; ar an leibhéal dáileacháin, trí sholáthraithe leictreachais a nascadh agus solúbthacht ar thaobh an éilimh a bhainistiú, tógtar ar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí eangaí nuálacha, amhail luchtú cliste feithiclí leictreacha, éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus uathoibriú tionscail agus rialuithe cliste, ard-infreastruchtúr méadraithe agus córais bainistíochta fuinnimh sa bhaile. Tá gá ag an eangach leictreachais a bheith ag idirghníomhú le go leor gníomhaithe nó gairis bunaithe ar leibhéal mionsonraithe inbhraiteachta, agus, dá bhrí sin, ar infhaighteacht sonraí, chun solúbthacht, luchtú cliste agus foirgnimh chliste a chumasú le heangacha cliste fuinnimh lena gcumasófar freagairt don éileamh ó thomhaltóirí agus glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh. Chun na teicneolaíochtaí glan-nialasachta a nascadh le líonra an Aontais Eorpaigh, is gá leathnú mór a dhéanamh ar na hacmhainneachtaí monaraíochta le haghaidh eangacha leictreachais i réimsí amhail cáblaí, fostáisiúin agus claochladáin amach ón gcósta agus ar tír. | tarchurtha, tá gá le córais srutha dhírigh ardvoltais chun fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a nascadh; ar an leibhéal dáileacháin, trí sholáthraithe leictreachais a nascadh agus solúbthacht ar thaobh an éilimh a bhainistiú, tógtar ar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí eangaí nuálacha, amhail luchtú cliste feithiclí leictreacha***, soláthar cumhachta ar tír le haghaidh long agus go bhféadfaí feabhas a chur ar chomhtháthú an chórais agus, ag an am céanna, costais d'úsáideoirí a laghdú trí luchtú déthreoch***,éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus uathoibriú tionscail agus rialuithe cliste, ard-infreastruchtúr méadraithe agus córais bainistíochta fuinnimh sa bhaile. Tá gá ag an eangach leictreachais a bheith ag idirghníomhú le go leor gníomhaithe nó gairis bunaithe ar leibhéal mionsonraithe inbhraiteachta, agus, dá bhrí sin, ar infhaighteacht sonraí, chun solúbthacht, luchtú cliste agus foirgnimh chliste a chumasú le heangacha cliste fuinnimh lena gcumasófar freagairt don éileamh ó thomhaltóirí agus glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh. Chun na teicneolaíochtaí glan-nialasachta a nascadh le líonra an Aontais Eorpaigh, is gá leathnú mór a dhéanamh ar na hacmhainneachtaí monaraíochta le haghaidh eangacha leictreachais i réimsí amhail cáblaí, fostáisiúin agus claochladáin amach ón gcósta agus ar tír***, chomh maith le bonneagar nascachta iompair a nuachóiriú agus a oiriúnú go leordhóthanach chuig láithreáin mhonaraíochta agus uathu, chun cur chuige slabhra an tsoláthair a áirithiú***. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Chun cuspóirí 2030 a bhaint amach, tá gá le fócas ar leith ar roinnt de na | (10) Chun cuspóirí 2030 a bhaint amach, tá gá le fócas ar leith ar roinnt de na |

| | |
|---|---|
| teicneolaíochtaí glan-nialasachta, freisin i bhfianaise a rannchuidiú mór i dtreo na conaire i dtreo na glan-nialasachta a bhaint amach faoi 2050. Áirítear ar na teicneolaíochtaí sin teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine agus teicneolaíochtaí teirmeacha gréine, teicneolaíochtaí in-athnuaite ar tír agus amach ón gcósta, teicneolaíochtaí ceallraí/stórála, teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh, leictrealóirí agus breosla-chealla, bithghás/bithmheatán inbhuanaithe, teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin agus teicneolaíochtaí eangaí. Tá ról lárnach ag na teicneolaíochtaí sin in uathriail straitéiseach oscailte an Aontais, rud a áirithíonn go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar fhuinneamh glan, inacmhainne, slán. I bhfianaise an róil atá acu, ba cheart go mbainfeadh na teicneolaíochtaí sin tairbhe as nósanna imeachta ceadaithe níos tapúla, ba cheart an stádas náisiúnta is airde is féidir a fháil a chur ar fáil dóibh faoin dlí náisiúnta agus tairbhe a bhaint as tacaíocht bhreise chun infheistíochtaí a phlódú isteach. | teicneolaíochtaí glan-nialasachta, freisin i bhfianaise a rannchuidiú mór i dtreo na conaire i dtreo na glan-nialasachta a bhaint amach faoi 2050. Áirítear ar na teicneolaíochtaí sin teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine agus teicneolaíochtaí teirmeacha gréine, teicneolaíochtaí in-athnuaite ar tír agus amach ón gcósta, teicneolaíochtaí ceallraí/stórála, teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh, leictrealóirí agus breosla-chealla, bithghás/bithmheatán inbhuanaithe, teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin agus teicneolaíochtaí eangaí ***agus teicneolaíochtaí eitlíochta inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí breosla mhuirí***. Tá ról lárnach ag na teicneolaíochtaí sin in uathriail straitéiseach oscailte an Aontais, rud a áirithíonn go mbeidh rochtain ag saoránaigh ar fhuinneamh glan, inacmhainne, slán. I bhfianaise an róil atá acu, ba cheart go mbainfeadh na teicneolaíochtaí sin***, lena n-áirítear a mbonneagar iompair*** tairbhe as nósanna imeachta ceadaithe níos tapúla, ba cheart an stádas náisiúnta is airde is féidir a fháil a chur ar fáil dóibh faoin dlí náisiúnta agus tairbhe a bhaint as tacaíocht bhreise chun infheistíochtaí a phlódú isteach. ***Chun cur chuige an tslabhra soláthair a áirithiú, i gcás inar gá, ba cheart go rachfadh nósanna imeachta ceadaithe níos tapúla chun tairbhe d'uasghrádú agus d'oiriúnú an bhonneagair nascachta iompair chuig láithreáin mhonaraíochta freisin. Nuair is gá chun cuspóirí an Rialacháin sin a bhaint amach, ba cheart don Choimisiún, más iomchuí, na teicneolaíochtaí straitéiseacha a liostaítear sa Rialachán sin a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) In 2020, ghlac an Coimisiún Eorpach Straitéis an Aontais Eorpaigh um Comhtháthú Córas Fuinnimh. Leagadh amach sa straitéis fís maidir leis an gcaoi dlús a chur leis an aistriú chuig córas fuinnimh níos comhtháite, córas a thacaíonn le geilleagar aeráidneodrach ar an gcostas is ísle ó earnáil go chéile. Cuimsítear leis trí choincheap chomhlántacha a threisíonn a chéile: ar an gcéad dul síos, córas fuinnimh níos ciorclaí, agus an éifeachtúlacht fuinnimh ina chroílár; ar an dara dul síos, leictriú díreach níos mó in earnálacha na n-úsáideoirí deiridh; ar an tríú dul síos, breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin, lena n-áirítear hidrigin, a úsáid le haghaidh feidhmeanna úsáide deiridh i gcás nach bhfuil téamh díreach ná leictriú indéanta, i gcás nach bhfuil siad éifeachtúil nó i gcás ina bhfuil costais níos airde ag baint leo. Tagraíonn breithnithe a bhaineann le comhtháthú an chórais fuinnimh do réitigh chun an leictreachas ar fad arna ghiniúint ag suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú go hiomlán sa chóras fuinnimh níos leithne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, réitigh theicniúla a ghlacadh lenar féidir farasbarr leictreachais arna ghiniúint ag suiteálacha leictreachais in-athnuaite a chomhtháthú, lena n-áirítear trína stóráil sna foirmeacha éagsúla ***agus*** trí bhainistiú ar an éileamh. | (12) In 2020, ghlac an Coimisiún Eorpach Straitéis an Aontais Eorpaigh um Comhtháthú Córas Fuinnimh. Leagadh amach sa straitéis fís maidir leis an gcaoi dlús a chur leis an aistriú chuig córas fuinnimh níos comhtháite, córas a thacaíonn le geilleagar aeráidneodrach ar an gcostas is ísle ó earnáil go chéile. Cuimsítear leis trí choincheap chomhlántacha a threisíonn a chéile: ar an gcéad dul síos, córas fuinnimh níos ciorclaí, agus an éifeachtúlacht fuinnimh ina chroílár; ar an dara dul síos, leictriú díreach níos mó in earnálacha na n-úsáideoirí deiridh; ar an tríú dul síos, breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin, lena n-áirítear hidrigin ***inbhuanaithe***, a úsáid le haghaidh feidhmeanna úsáide deiridh i gcás nach bhfuil téamh díreach ná leictriú indéanta, i gcás nach bhfuil siad éifeachtúil nó i gcás ina bhfuil costais atá ***díréireach*** ard ag baint leo. Tagraíonn breithnithe a bhaineann le comhtháthú an chórais fuinnimh do réitigh chun an leictreachas ar fad arna ghiniúint ag suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú go hiomlán sa chóras fuinnimh níos leithne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, réitigh theicniúla a ghlacadh lenar féidir farasbarr leictreachais arna ghiniúint ag suiteálacha leictreachais in-athnuaite a chomhtháthú, lena n-áirítear trína stóráil sna foirmeacha éagsúla ***,*** bainistiú ar éileamh ***nó táirgeadh ríomhbhreoslaí don earnáil iompair agus don tionscal***. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Chun aghaidh a thabhairt ar | (17) Chun aghaidh a thabhairt ar |

shaincheisteanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair fuinnimh agus chun rannchuidiú le tacú le hathléimneacht chóras fuinnimh an Aontais agus le hiarrachtaí dícharbónaithe agus nuachóirithe, ní mór an acmhainneacht mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta san Aontas a leathnú. Ní mór do mhonaróirí teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine an Aontais a mbuntáiste iomaíoch a mhéadú agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú, trí dhíriú ar 30 gigeavata ar a laghad d'acmhainneacht mhonaraíochta fótavoltaí gréine oibríochtúla a bhaint amach faoi 2030, ar fud an tslabhra luacha iomláin fhótavoltaigh gréine, i gcomhréir leis na spriocanna a leagtar amach i gComhghuaillíocht na hEorpa um an Tionscal Fótavoltach Gréine, a fhaigheann tacaíocht faoi Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh.[38] Ní mór do mhonaróirí teicneolaíochtaí gaoithe agus teaschaidéal an Aontais a mbuntáiste iomaíoch a chomhdhlúthú agus a sciar reatha den mhargadh a choinneáil ar bun nó a leathnú le linn na deacáide seo, i gcomhréir le réamh-mheastacháin imlonnaithe teicneolaíochta an Aontais lena gcomhlíontar spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais. [39] Ciallaíonn sé sin acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais 36 GW ar a laghad maidir le gaoth agus, 31 GW ar a laghad maidir le teaschaidéil, in 2030. Ní mór do mhonaróirí ceallraí agus leictrealóirí an Aontais a gceannaireacht teicneolaíochta a chomhdhlúthú agus rannchuidiú go gníomhach leis na margaí sin a mhúnlú. I gcás teicneolaíochtaí ceallraí, chiallódh sé sin go rannchuideofaí le cuspóirí Chomhghuaillíocht na hEorpa um Cheallraí agus go mbeadh sé d'aidhm aige go bhfreastalódh monaróirí ceallraí an Aontais ar bheagnach 90 % d'éileamh ceallraí an Aontais, rud a d'fhágfadh go mbeadh acmhainneacht mhonaraíochta 550 GWh ar a laghad ag an Aontas in 2030. I gcás monaróirí leictrealóirí an Aontais, tá 10 milliún tona de tháirgeadh

shaincheisteanna a bhaineann le slándáil an tsoláthair fuinnimh agus chun rannchuidiú le tacú le hathléimneacht chóras fuinnimh an Aontais agus le hiarrachtaí dícharbónaithe agus nuachóirithe, ní mór an acmhainneacht mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta san Aontas a leathnú. Ní mór do mhonaróirí teicneolaíochtaí fótavoltacha gréine an Aontais a mbuntáiste iomaíoch a mhéadú agus slándáil an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú, trí dhíriú ar 30 gigeavata ar a laghad d'acmhainneacht mhonaraíochta fótavoltaí gréine oibríochtúla a bhaint amach faoi 2030, ar fud an tslabhra luacha iomláin fhótavoltaigh gréine, i gcomhréir leis na spriocanna a leagtar amach i gComhghuaillíocht na hEorpa um an Tionscal Fótavoltach Gréine, a fhaigheann tacaíocht faoi Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh.[38] Ní mór do mhonaróirí teicneolaíochtaí gaoithe agus teaschaidéal an Aontais a mbuntáiste iomaíoch a chomhdhlúthú agus a sciar reatha den mhargadh a choinneáil ar bun nó a leathnú le linn na deacáide seo, i gcomhréir le réamh-mheastacháin imlonnaithe teicneolaíochta an Aontais lena gcomhlíontar spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais. [39] Ciallaíonn sé sin acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais 36 GW ar a laghad maidir le gaoth agus, 31 GW ar a laghad maidir le teaschaidéil, in 2030. Ní mór do mhonaróirí ceallraí agus leictrealóirí an Aontais a gceannaireacht teicneolaíochta a chomhdhlúthú agus rannchuidiú go gníomhach leis na margaí sin a mhúnlú. I gcás teicneolaíochtaí ceallraí, chiallódh sé sin go rannchuideofaí le cuspóirí Chomhghuaillíocht na hEorpa um Cheallraí agus go mbeadh sé d'aidhm aige go bhfreastalódh monaróirí ceallraí an Aontais ar bheagnach 90 % d'éileamh ceallraí an Aontais, rud a d'fhágfadh go mbeadh acmhainneacht mhonaraíochta 550 GWh ar a laghad ag an Aontas in 2030. I gcás monaróirí leictrealóirí an Aontais, tá 10 milliún tona de tháirgeadh

hidrigine in-athnuaite intíre agus suas le 10 milliún tona breise d'allmhairí hidrigine in-athnuaite faoi 2030 á dtuar ag REPowerEU. Chun a áirithiú go dtiocfaidh ceannaireacht tráchtála as ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais, arna tacú faoin Dearbhú Comhpháirteach ón gCoimisiún agus ón gComhghuaillíocht Eorpach don Hidrigin Ghlan, ba cheart do mhonaróirí leictrealóirí an Aontais borradh breise a chur faoina n-acmhainneacht, ionas go sroichfeadh an acmhainneacht fhoriomlán suiteáilte leictrealóirí atá á húsáid 100 GW de hidrigin faoi 2030.

hidrigine in-athnuaite intíre agus suas le 10 milliún tona breise d'allmhairí hidrigine in-athnuaite faoi 2030 á dtuar ag REPowerEU. Chun a áirithiú go dtiocfaidh ceannaireacht tráchtála as ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais, arna tacú faoin Dearbhú Comhpháirteach ón gCoimisiún agus ón gComhghuaillíocht Eorpach don Hidrigin Ghlan, ba cheart do mhonaróirí leictrealóirí an Aontais borradh breise a chur faoina n-acmhainneacht, ionas go sroichfeadh an acmhainneacht fhoriomlán suiteáilte leictrealóirí atá á húsáid 100 GW de hidrigin faoi 2030. ***Ní mór do mhonaróirí breoslaí eitlíochta agus muirí an Aontais breoslaí inbhuanaithe a fhorbairt, a mhéadú agus a tháirgeadh tuilleadh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) na hearnála iompair a laghdú 90 % in 2050.***

[38] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, SWD(2022) 148 final, 18.5.2022.

[39] De réir chuspóirí REPowerEU a leagtar amach i bPlean REPowerEU, COM/2022/230 final, agus de réir dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin lena gcuirtear chun feidhme Plean Gníomhaíochta REPowerEU an Aontais a ghabhann leis: Riachtanais Infheistíochta, Luasaire Hidrigine agus na spriocanna bithmheatáin a ghabhann leis an doiciméad a bhaint amach: Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig An Chomhairle Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean REPowerEU, SWD/2022/230 final, 18.5.2022

[38] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, SWD(2022) 148 final, 18.5.2022.

[39] De réir chuspóirí REPowerEU a leagtar amach i bPlean REPowerEU, COM/2022/230 final, agus de réir dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin lena gcuirtear chun feidhme Plean Gníomhaíochta REPowerEU an Aontais a ghabhann leis: Riachtanais Infheistíochta, Luasaire Hidrigine agus na spriocanna bithmheatáin a ghabhann leis an doiciméad a bhaint amach: Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig An Chomhairle Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean REPowerEU, SWD/2022/230 final, 18.5.2022

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Agus na cuspóirí sin á gcur san áireamh le chéile, agus é á chur san áireamh an tráth céanna go bhfuil acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais íseal i gcás gnéithe áirithe den slabhra soláthair (amhail inbhéartóirí, chomh maith le grianchealla, sliseoga, agus uingí le haghaidh fuinneamh fótavoltach gréine nó catóidí agus anóidí le haghaidh ceallraí), ba cheart d'acmhainneacht bhliantúil teicneolaíochtaí glan-nialasachta an Aontais díriú ar dhul i ngleic le cuspóir monaraíochta foriomlán bliantúil 40 % ar a laghad de na riachtanais maidir le himscaradh bliantúil le haghaidh na dteicneolaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn faoi 2030 a bhaint amach nó a shárú. | (18) Agus na cuspóirí sin á gcur san áireamh le chéile, agus é á chur san áireamh an tráth céanna go bhfuil acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais íseal i gcás gnéithe áirithe den slabhra soláthair (amhail inbhéartóirí, chomh maith le grianchealla, sliseoga, agus uingí le haghaidh fuinneamh fótavoltach gréine nó catóidí agus anóidí le haghaidh ceallraí), ba cheart d'acmhainneacht bhliantúil teicneolaíochtaí glan-nialasachta an Aontais díriú ar dhul i ngleic le cuspóir monaraíochta foriomlán bliantúil 40 % ar a laghad de na riachtanais maidir le himscaradh bliantúil le haghaidh na dteicneolaíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn faoi 2030 a bhaint amach nó a shárú***, fiú i gcás tionscail ina bhfuil an cur i bhfeidhm níos teoranta ó thaobh méide de, gan aon earnáil a fhágáil ar lár***. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) Beidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta ríthábhachtach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tAontas a chuspóir faoin gComhaontú Glas don Eoraip maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil iompair a laghdú 90 faoin gcéad faoi 2050. Ina theannta sin, beidh tairbhí suntasacha ann freisin do shláinte an duine agus don chomhshaol mar thoradh ar dhícharbónú na n-iompar a bhaintear amach trí theicneolaíochtaí glan-nialasachta agus trí bhreoslaí iontaise a chéimniú amach go tapa ó*** |

***thaobh truailliú breoslaí iontaise laghdaithe san aer, san ithir agus san uisce.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun an t-iomaíochas a choinneáil ar bun agus chun na spleáchais straitéiseacha ar allmhairí atá ann faoi láthair maidir le táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta agus maidir lena slabhraí soláthair a laghdú, agus cruthú táirgí nua atá ag brath ar allmhairí á seachaint an tráth céanna, ní mór don Aontas leanúint dá bhonn tionsclaíoch glan-nialasach a neartú agus a bheith níos iomaíche agus níos fabhraí don nuálaíocht. Ní mór don Aontas forbairt na hacmhainneachta monaraíochta a chumasú ar bhealach níos tapúla, níos simplí agus níos intuartha. | (21) Chun an t-iomaíochas a choinneáil ar bun agus chun na spleáchais straitéiseacha ar allmhairí atá ann faoi láthair maidir le táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta agus maidir lena slabhraí soláthair a laghdú, agus cruthú táirgí nua atá ag brath ar allmhairí á seachaint an tráth céanna, ní mór don Aontas leanúint dá bhonn tionsclaíoch glan-nialasach a neartú agus a bheith níos iomaíche agus níos fabhraí don nuálaíocht. Ní mór don Aontas forbairt na hacmhainneachta monaraíochta a chumasú ar bhealach níos tapúla, níos simplí agus níos intuartha. ***Tugtar le tuiscint leis sin freisin go mbeidh nascacht éifeachtúil ann idir láithreáin mhonaraíochta an Aontais agus margaí uile an Aontais chun cur chuige an tslabhra soláthair a áirithiú.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(21a) Chun spriocanna aeráide an Aontais do 2030 a bhaint amach agus chun cobhsaíocht agus iontaoibh a chruthú sna tairbhí fadtéarmacha a bhaineann le hinfheistíochtaí i bhfuinneamh glan agus i mbreoslaí glana, ba cheart loingseoireacht ísealcharbóin agus saor ó charbón a éascú trí theicneolaíochtaí breoslaí*** |

***malartacha inbhuanaithe, lena n-áirítear breoslaí eitlíochta inbhuanaithe agus breoslaí muirí, a chur san áireamh mar theicneolaíocht straitéiseach glan-nialasachta.***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Gan dochar do reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le teicneolaíocht shonrach, lena n-áirítear faoin Togra maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos[44] agus faoin Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola[45], agus mura léirítear a mhalairt go sonrach inti, le linn d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht chomhshaoil na réiteach glan-nialasachta arna soláthar ar bhonn an Rialacháin sin, féadfaidh siad gnéithe éagsúla a bhfuil tionchar acu ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a chur san áireamh. Féadfar a áireamh orthu sin, mar shampla, marthanacht agus iontaofacht an réitigh; an éascaíocht maidir le deisiúchán agus cothabháil; an éascaíocht maidir le nuashonrú agus athriochtú; an éascaíocht maidir le cáilíocht agus athchúrsáil; substaintí a úsáid; ídiú fuinnimh, uisce agus acmhainní eile ag céim amháin nó níos mó de shaolré an táirge; meáchan agus toirt an táirge agus an pacáistiú atá aige; ionchorprú comhpháirteanna úsáidte; cainníocht, saintréithe agus infhaighteacht na tomhaltán is gá le haghaidh úsáid agus cothabháil chuí; lorg comhshaoil an táirge agus a thionchair ar an gcomhshaol ar feadh a shaolré; lorg carbóin an táirge; an | (27) Gan dochar do reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir le teicneolaíocht shonrach, lena n-áirítear faoin Togra maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos[44] agus faoin Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola[45], agus mura léirítear a mhalairt go sonrach inti, le linn d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht chomhshaoil na réiteach glan-nialasachta arna soláthar ar bhonn an Rialacháin sin, féadfaidh siad gnéithe éagsúla a bhfuil tionchar acu ar an aeráid agus ar an gcomhshaol a chur san áireamh. Féadfar a áireamh orthu sin, mar shampla, marthanacht agus iontaofacht an réitigh; an éascaíocht maidir le deisiúchán agus cothabháil; an éascaíocht maidir le nuashonrú agus athriochtú; an éascaíocht maidir le cáilíocht agus athchúrsáil; substaintí a úsáid; ídiú fuinnimh, uisce agus acmhainní eile ag céim amháin nó níos mó de shaolré an táirge; meáchan agus toirt an táirge agus an pacáistiú atá aige; ***ábhair in-athnuaite nó*** comhpháirteanna athláimhe a ionchorprú; cainníocht, saintréithe agus infhaighteacht na tomhaltán is gá le haghaidh úsáid agus cothabháil chuí; lorg comhshaoil an táirge agus a thionchair ar an gcomhshaol ar |

scaoileadh micreaphlaisteach; astaíochtaí san aer, san uisce agus san ithir a scaoiltear in aon chéim saolré amháin nó níos mó den táirge; méideanna na dramhaíola a ghintear; na coinníollacha maidir le húsáid.

feadh a shaolré; lorg carbóin an táirge; an scaoileadh micreaphlaisteach; astaíochtaí san aer, san uisce agus san ithir a scaoiltear in aon chéim saolré amháin nó níos mó den táirge; méideanna na dramhaíola a ghintear; na coinníollacha maidir le húsáid.

[44] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE, COM/2022/142 final, 30.3.2022.

[45] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020, COM/2020/798 final, 10.12.2020.

[44] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a leagan síos agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE, COM/2022/142 final, 30.3.2022.

[45] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020, COM/2020/798 final, 10.12.2020.

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Tá teaghlaigh agus tomhaltóirí deiridh ina gcodanna ríthábhachtacha d'éileamh an Aontais ar tháirgí deiridh teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus is uirlisí tábhachtacha iad scéimeanna tacaíochta poiblí chun spreagadh a thabhairt do theaghlaigh na táirgí sin a cheannach, go háirithe do theaghlaigh agus do thomhaltóirí leochaileacha ar ioncam íseal agus ar ioncam meánaicmeach íseal, chun dlús a chur leis an aistriú glas. Faoin tionscnamh um dhíonta gréine a fógraíodh i straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh[52], ba cheart do na Ballstáit, mar shampla, cláir náisiúnta a bhunú chun tacú le himscaradh ollmhór grianfhuinnimh dín. I bplean REPowerEU, | (35) Tá teaghlaigh agus tomhaltóirí deiridh ina gcodanna ríthábhachtacha d'éileamh an Aontais ar tháirgí deiridh teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus is uirlisí tábhachtacha iad scéimeanna tacaíochta poiblí chun spreagadh a thabhairt do theaghlaigh na táirgí sin a cheannach, go háirithe do theaghlaigh agus do thomhaltóirí leochaileacha ar ioncam íseal agus ar ioncam íseal-mheánaicmeach íseal***, lena n-áirítear iad siúd atá thíos le bochtaineacht iompair*** chun dlús a chur leis an aistriú glas. Faoin tionscnamh um dhíonta gréine a fógraíodh i straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh[52], ba cheart do na Ballstáit, mar shampla, cláir náisiúnta a bhunú chun tacú le himscaradh |



GA

d’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as bearta tacaíochta a spreagann an t-athrú chuig teaschaidéil. Ba cheart do na scéimeanna tacaíochta sin a bhunaíonn na Ballstáit go náisiúnta nó a bhunaíonn údaráis áitiúla nó réigiúnacha go háitiúil rannchuidiú le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus athléimneacht theicneolaíochtaí glan-nialasachta an Aontais. Ba cheart d’údaráis phoiblí, mar shampla, cúiteamh airgeadais níos airde a sholáthar do thairbhithe as ceannach táirgí deiridh glan-nialasachta lena ndéanfar rannchuidiú níos airde le hathléimneacht san Aontas. Ba cheart d’údaráis phoiblí a áirithiú go mbeadh a scéimeanna oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, ionas go gcuirfidh siad leis an éileamh ar tháirgí teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas. Ba cheart d’údaráis phoiblí freisin teorainn a chur leis an gcúiteamh airgeadais breise do na táirgí sin ionas nach gcuirfear moill ar imscaradh na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas. Chun éifeachtúlacht na scéimeanna sin a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeadh rochtain éasca ar fhaisnéis ar shuíomh gréasáin saor in aisce ag do tomhaltóirí agus monaróirí teicneolaíochta glan-nialasachta araon. Úsáid na ranníocaíochta inbhuanaitheachta agus athléimneachta ag údaráis phoiblí i scéimeanna dírithe ar thomhaltóirí nó ar theaghlaigh, ba cheart í a bheith gan dochar do rialacha maidir leis an státchabhair nó do rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais.

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, COM(2022) 221 final, 18.5.2022.

ollmhór grianfhuinnimh dín. I bplean REPowerEU, d’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as bearta tacaíochta a spreagann an t-athrú chuig teaschaidéil. Ba cheart do na scéimeanna tacaíochta sin a bhunaíonn na Ballstáit go náisiúnta nó a bhunaíonn údaráis áitiúla nó réigiúnacha go háitiúil rannchuidiú le feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus athléimneacht theicneolaíochtaí glan-nialasachta an Aontais. Ba cheart d’údaráis phoiblí, mar shampla, cúiteamh airgeadais níos airde a sholáthar do thairbhithe as ceannach táirgí deiridh glan-nialasachta lena ndéanfar rannchuidiú níos airde le hathléimneacht san Aontas. Ba cheart d’údaráis phoiblí a áirithiú go mbeadh a scéimeanna oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, ionas go gcuirfidh siad leis an éileamh ar tháirgí teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas. Ba cheart d’údaráis phoiblí freisin teorainn a chur leis an gcúiteamh airgeadais breise do na táirgí sin ionas nach gcuirfear moill ar imscaradh na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas. Chun éifeachtúlacht na scéimeanna sin a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeadh rochtain éasca ar fhaisnéis ar shuíomh gréasáin saor in aisce ag do tomhaltóirí agus monaróirí teicneolaíochta glan-nialasachta araon. Úsáid na ranníocaíochta inbhuanaitheachta agus athléimneachta ag údaráis phoiblí i scéimeanna dírithe ar thomhaltóirí nó ar theaghlaigh, ba cheart í a bheith gan dochar do rialacha maidir leis an státchabhair nó do rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir le Fóirdheontais.

[52] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh, COM(2022) 221 final, 18.5.2022.

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) I gcás nach bhfuil infheistíocht phríobháideach leordhóthanach ann féin, d’fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht phoiblí i bhfoirm Státchabhrach ag teastáil chun tionscadail mhonaraíochta ghlan-nialasachta a rolladh amach go héifeachtach. Ní mór éifeacht dreasachta a bheith ag an gcabhair sin, ní mór gá a bheith leis an gcabhair agus ní mór di a bheith iomchuí agus comhréireach. Leis na treoirlínte maidir le Státchabhair atá ann cheana a ndearnadh athbhreithniú domhain orthu le déanaí i gcomhréir leis na cuspóirí dé-aistrithe, soláthraítear féidearthachtaí iomadúla chun tacú le hinfheistíochtaí le haghaidh tionscadail faoi raon feidhme an Rialacháin sin faoi réir coinníollacha áirithe. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag na Ballstáit maidir le rochtain ar mhaoiniú a éascú do thionscadail mhonaraíochta theicneolaíochtaí glan-nialasachta trí aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh trí thacaíocht spriocdhírithe Státchabhrach. ***Is é is aidhm leis*** an gCreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe, a glacadh an 9 Márta 2023, cothrom iomaíochta a áirithiú laistigh den mhargadh inmheánach, agus é dírithe ar na hearnálacha sin inar sainaithníodh riosca um dhí-comhchruinnithe tríú tír, agus atá comhréireach ó thaobh méideanna cabhrach de. Chuirfeadh sé ar a gcumas do na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le hinfheistíochtaí nua i saoráidí táirgthe in earnálacha straitéiseacha glan-nialasachta sainithe, lena n-áirítear trí shochair chánach. Féadfar méid na cabhrach atá ceadaithe a mhodhnú le déine cabhrach níos airde agus le huasteorainneacha níos airde ar mhéid na | (41) I gcás nach bhfuil infheistíocht phríobháideach leordhóthanach ann féin, d’fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht phoiblí i bhfoirm Státchabhrach ag teastáil chun tionscadail mhonaraíochta ghlan-nialasachta a rolladh amach go héifeachtach. Ní mór éifeacht dreasachta a bheith ag an gcabhair sin, ní mór gá a bheith leis an gcabhair agus ní mór di a bheith iomchuí agus comhréireach. Leis na treoirlínte maidir le Státchabhair atá ann cheana a ndearnadh athbhreithniú domhain orthu le déanaí i gcomhréir leis na cuspóirí dé-aistrithe, soláthraítear féidearthachtaí iomadúla chun tacú le hinfheistíochtaí le haghaidh tionscadail faoi raon feidhme an Rialacháin sin faoi réir coinníollacha áirithe. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag na Ballstáit maidir le rochtain ar mhaoiniú a éascú do thionscadail mhonaraíochta theicneolaíochtaí glan-nialasachta trí aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh trí thacaíocht spriocdhírithe Státchabhrach. ***Ba cheart go n-áiritheofaí*** leis an gCreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe, a glacadh an 9 Márta 2023, cothrom iomaíochta a áirithiú laistigh den mhargadh inmheánach, agus é dírithe ar na hearnálacha sin inar sainaithníodh riosca um dhí-comhchruinnithe tríú tír, agus atá comhréireach ó thaobh méideanna cabhrach de. Chuirfeadh sé ar a gcumas do na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le hinfheistíochtaí nua i saoráidí táirgthe in earnálacha straitéiseacha glan-nialasachta sainithe, lena n-áirítear trí shochair chánach. Féadfar méid na cabhrach atá ceadaithe a mhodhnú le déine cabhrach níos airde agus le huasteorainneacha níos airde ar mhéid na |

cabhrach má tá an infheistíocht lonnaithe i limistéir fóirithinte, chun rannchuidiú le sprioc an chóineasaithe idir na Ballstáit agus na réigiúin. Tá gá le coinníollacha iomchuí chun na rioscaí nithiúla a bhaineann le hatreorú na hinfheistíochta lasmuigh de Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a fhíorú mar aon le haon bhaol ann go n-athlonnófaí í laistigh de LEE. Chun acmhainní náisiúnta a shlógadh chun na críche sin, féadfaidh na Ballstáit sciar d'ioncam CTA a úsáid, ar sciar é nach mór do na Ballstáit a leithdháileadh chun críocha a bhaineann leis an aeráid.

cabhrach má tá an infheistíocht lonnaithe i limistéir fóirithinte, chun rannchuidiú le sprioc an chóineasaithe idir na Ballstáit agus na réigiúin. Tá gá le coinníollacha iomchuí chun na rioscaí nithiúla a bhaineann le hatreorú na hinfheistíochta lasmuigh de Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a fhíorú mar aon le haon bhaol ann go n-athlonnófaí í laistigh de LEE. Chun acmhainní náisiúnta a shlógadh chun na críche sin, féadfaidh na Ballstáit sciar d'ioncam CTA a úsáid, ar sciar é nach mór do na Ballstáit a leithdháileadh chun críocha a bhaineann leis an aeráid.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Tá roinnt clár cistiúcháin de chuid an Aontais ar fáil freisin, amhail an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, InvestEU, cláir bheartais chomhtháthaithe nó an Ciste don Nuálaíocht chun infheistíochtaí a chistiú i dtionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta. | (42) Tá roinnt clár cistiúcháin de chuid an Aontais, amhail an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, InvestEU, cláir bheartais chomhtháthaithe***, Saoráidí um Chónascadh na hEorpa*** nó an Ciste don Nuálaíocht ar fáil freisin chun infheistíochtaí a chistiú i dtionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta***, ar cheart iad a úsáid in éineacht le hionstraimí cistiúcháin eile chun cur chuige slabhra luacha a thacaíonn le teicneolaíochtaí glan-nialasachta a áirithiú*****.** ***Thairis sin, tá sé mar aidhm leis an mBanc Hidrigine a bheidh ann amach anseo tacú le táirgeadh hidrigine agus ba cheart don Choimisiún Eorpach faireachán a dhéanamh ar a éifeachtacht agus measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht raon feidhme an Bhainc a leathnú chuig teicneolaíochtaí glan-nialasachta eile, amhail grianchumhacht agus táirgeadh ceallraí. Ba cheart ionstraim chuimsitheach tacaíochta airgeadais de chuid an Aontais a bheith*** |

***mar thoradh air sin ina gcomhcheanglófaí na hionstraimí cistiúcháin fuinnimh éagsúla agus, ar an gcaoi sin, forléargas níos fearr a chruthú ar an gcúnamh airgeadais a thacaíonn le teicneolaíochtaí glan-nialasachta. I gcás inar féidir, ba cheart rochtain éasca a bheith ar fhaisnéis faoi na foinsí cistiúcháin náisiúnta ábhartha chomh maith le faisnéis maidir le cláir chistiúcháin de chuid an Aontais a mheascadh le tacaíocht airgeadais ón mBanc Eorpach Infheistíochta.***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Leis an Rialachán leasaithe maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[54], cuireadh EUR 20 billiún breise de thacaíocht neamh-inaisíoctha ar fáil do na Ballstáit chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus chun breoslaí iontaise a ionadú, trí thionscadail tionsclaíochta glan-nialasachta an Aontais, i measc nithe eile. Mar a luadh sa Treoraíocht ón gCoimisiún maidir le caibidlí REPowerEU[55], moltar do na Ballstáit bearta a chur san áireamh i gcaibidil REPowerEU dá bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, bearta lena dtacaítear le hinfheistíochtaí i monaraíocht teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus i nuálaíocht thionsclaíoch, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56]. | (43) Leis an Rialachán leasaithe maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[54], cuireadh EUR 20 billiún breise de thacaíocht neamh-inaisíoctha ar fáil do na Ballstáit chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus chun breoslaí iontaise a ionadú, trí thionscadail tionsclaíochta glan-nialasachta an Aontais, i measc nithe eile. Mar a luadh sa Treoraíocht ón gCoimisiún maidir le caibidlí REPowerEU[55], moltar do na Ballstáit bearta a chur san áireamh i gcaibidil REPowerEU dá bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, bearta lena dtacaítear le hinfheistíochtaí i monaraíocht teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus i nuálaíocht thionsclaíoch, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56]. ***Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun feidhme go pras agus go gcuirfear bearta RePowerEU i bhfeidhm go tapa agus go n-urramófar na creataí ama a comhaontaíodh le haghaidh infheistíochtaí i slabhra luacha iomlán na*** |

| | |
|---|---|
| | ***dteicneolaíochtaí glan-nialasachta.*** |

[54] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

[55]Fógra ón gCoimisiún 'Treoraíocht maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhthéacs REPowerEU' 2023/C 80/01, (IO C 80, 3.3.2023, lch. 1).

[56]Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

[54] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

[55]Fógra ón gCoimisiún 'Treoraíocht maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhthéacs REPowerEU' 2023/C 80/01, (IO C 80, 3.3.2023, lch. 1).

[56]Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a sholáthar ó chláir an bheartais chomhtháthaithe i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoi Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57] chun glacadh tionscadal ***straitéiseach*** glan-nialasachta a spreagadh i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin trasdula trí phacáistí infheistíochta bonneagair, infheistíocht tháirgiúil sa nuálaíocht, acmhainneacht mhonaraíochta FBManna, seirbhísí, beart oiliúna agus uas-scilithe, lena n-áirítear tacaíocht maidir le tógáil acmhainneachta na n-údarás poiblí agus na dtionscnóirí. D'fhéadfadh sé go mbeadh na rátaí cómhaoinithe is | (45) Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a sholáthar ó chláir an bheartais chomhtháthaithe i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme faoi Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57] chun glacadh tionscadal ***teicneolaíochtaí*** glan-nialasachta a spreagadh i réigiúin bheagfhorbartha agus i réigiúin trasdula trí phacáistí infheistíochta bonneagair, infheistíocht tháirgiúil sa nuálaíocht, acmhainneacht mhonaraíochta FBManna, seirbhísí, beart oiliúna agus uas-scilithe, lena n-áirítear tacaíocht maidir le tógáil acmhainneachta na n-údarás poiblí agus na dtionscnóirí. D'fhéadfadh sé go mbeadh na rátaí cómhaoinithe is |

| | |
|---|---|
| infheidhme arna socrú i gcláir suas le 85 % maidir le réigiúin bheagfhorbartha agus suas le 60 % nó 70 % maidir le réigiúin trasdula ag brath ar an gciste lena mbaineann agus stádas an réigiúin ach féadfaidh na Ballstáit na huasteorainneacha sin a shárú ar leibhéal an tionscadail lena mbaineann, i gcás inarb indéanta faoi na rialacha maidir le Státchabhair. Leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, is féidir cabhrú leis na Ballstáit agus le réigiúin straitéisí fáis glan-nialasachta a ullmhú, timpeallacht an ghnó a fheabhsú, rómhaorlathas a laghdú agus dlús a chur le ceadú. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun inbhuanaitheacht tionscadal ***straitéiseach*** glan-nialasachta a chur chun cinn trí na hinfheistíochtaí sin a leabú i slabhraí luacha Eorpacha, go sonrach trína bheith ag tógáil ar líonraí comhair idir-réigiúnacha agus trasteorann. | infheidhme arna socrú i gcláir suas le 85 % maidir le réigiúin bheagfhorbartha agus suas le 60 % nó 70 % maidir le réigiúin trasdula ag brath ar an gciste lena mbaineann agus stádas an réigiúin ach féadfaidh na Ballstáit na huasteorainneacha sin a shárú ar leibhéal an tionscadail lena mbaineann, i gcás inarb indéanta faoi na rialacha maidir le Státchabhair. Leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, is féidir cabhrú leis na Ballstáit agus le réigiúin straitéisí fáis glan-nialasachta a ullmhú, timpeallacht an ghnó a fheabhsú, rómhaorlathas a laghdú agus dlús a chur le ceadú. Ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun inbhuanaitheacht tionscadal ***teicneolaíochta*** glan-nialasachta a chur chun cinn trí na hinfheistíochtaí sin a leabú i slabhraí luacha Eorpacha, go sonrach trína bheith ag tógáil ar líonraí comhair idir-réigiúnacha agus trasteorann. |
| ________________ | ________________ |
| [57] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lgh. 159–706) | [57] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lgh. 159–706) |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit, chun na srianta a bhaineann leis na hiarrachtaí ilroinnte atá ann faoi láthair maidir le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a shárú, agus chun comhtháthú agus toradh ar infheistíocht a éascú, ba cheart dóibh sineirgí a chruthú idir na cláir chistiúcháin atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chomh maith le comhordú agus comhoibriú níos fearr a áirithiú le lucht tionscail agus le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach. Tá ról lárnach ag an Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa chun léargas cuimsitheach a fhorbairt ar na deiseanna cistiúcháin ábhartha atá ar fáil agus chun plé a dhéanamh ar riachtanais maoinithe aonair na dtionscadal straitéiseach glan-nialasachta. | (48) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit, chun na srianta a bhaineann leis na hiarrachtaí ilroinnte atá ann faoi láthair maidir le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a shárú, agus chun comhtháthú agus toradh ar infheistíocht a éascú, ba cheart dóibh sineirgí a chruthú idir na cláir chistiúcháin atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chomh maith le comhordú agus comhoibriú níos fearr a áirithiú le lucht tionscail agus le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach. Tá ról lárnach ag an Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa chun léargas cuimsitheach a fhorbairt ar na deiseanna cistiúcháin ábhartha atá ar fáil agus chun plé a dhéanamh ar riachtanais maoinithe aonair na dtionscadal straitéiseach glan-nialasachta. ***Ba cheart don Ardán freisin athbhreithniú a dhéanamh ar na hionstraimí éagsúla le haghaidh tacaíocht airgeadais do theicneolaíochtaí glan-nialasachta, aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú agus a áirithiú gur féidir leis na tionscail ábhartha cistí an Aontais agus cistí náisiúnta a ionsú go tapa. Ba cheart don Ardán sineirgí a fhorbairt, i gcás inarb ábhartha, leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, chun cistiú atá ann cheana a dhíriú ar thionscadail STEP agus chun dlús a chur le cur chun feidhme in earnálacha digiteacha agus doimhne na teicneolaíochta, na teicneolaíochta glaine agus na biteicneolaíochta atá ríthábhachtach do cheannaireacht na hEorpa.*** |

**Leasú 21**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (50) An tráth céanna, de dheasca dhothuarthacht, chastacht agus, anois agus arís, fhad iomarcach na bpróiseas deonaithe ceadanna náisiúnta, déantar dochar don tslándáil infheistíochta is gá chun tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt go héifeachtach. Dá bhrí sin, chun a gcur chun feidhme éifeachtach a áirithiú agus dlús a chur leis, ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta ceadúcháin a chur i bhfeidhm atá cuíchóirithe agus intuartha. Ina theannta sin, ba cheart stádas tosaíochta a thabhairt do Thionscadail Straitéiseacha Glan-nialasachta ar an leibhéal náisiúnta chun cóir riaracháin thapa agus cóir phráinneach a áirithiú sna nósanna imeachta breithiúnacha agus réitigh díospóidí uile a bhaineann leo gan cosc a chur ar údaráis inniúla ceadú a chuíchóiriú le haghaidh tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta eile nach Tionscadail Straitéiseacha Glan-nialasachta iad nó ar bhonn níos ginearálta. | (50) An tráth céanna, de dheasca dhothuarthacht, chastacht agus, anois agus arís, fhad iomarcach na bpróiseas deonaithe ceadanna náisiúnta, déantar dochar don tslándáil infheistíochta is gá chun tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt go héifeachtach. Dá bhrí sin, chun a gcur chun feidhme éifeachtach a áirithiú agus dlús a chur leis, ba cheart do na Ballstáit nósanna imeachta ceadúcháin a chur i bhfeidhm atá cuíchóirithe agus intuartha. Ina theannta sin, ba cheart stádas tosaíochta a thabhairt do Thionscadail Straitéiseacha Glan-nialasachta ar an leibhéal náisiúnta chun cóir riaracháin thapa agus cóir phráinneach a áirithiú sna nósanna imeachta breithiúnacha agus réitigh díospóidí uile a bhaineann leo gan cosc a chur ar údaráis inniúla ceadú a chuíchóiriú le haghaidh tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta eile nach Tionscadail Straitéiseacha Glan-nialasachta iad nó ar bhonn níos ginearálta. ***Ina theannta sin, ba cheart gníomhartha dlí atá ann cheana agus atá ábhartha d'aon ghné den phróiseas údaraithe do thionscadail ghlan-nialasachta a scagadh chun a áirithiú nach gcuirfidh siad bac ná cosc ar bhaint amach chuspóirí an Rialacháin sin.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 55 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(55a) Tá ról ríthábhachtach ag inrochtaineacht agus nascacht raon iomlán na módúlachtaí iompair dé-ocsaíde carbóin (CO2) maidir le tionscadail CCS agus iompar trasteorann a imscaradh. Cumhdaítear leis na módúlachtaí long, báirse, traein agus*** |

***trucail chomh maith le saoráidí seasta chun nascadh agus duga a dhéanamh, le haghaidh leachtú, stóráil maolánach agus tiontairí CO2 i bhfianaise a n-iompair tuilleadh trí phíblínte agus i modhanna tiomnaithe iompair.***

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 56**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (56) Thairis sin, i bhfianaise na tábhachta a bhaineann le Tionscadail Straitéiseacha Ghlan-nialasachta maidir le soláthar fuinnimh an Aontais, ba cheart ***deireadh a chur go páirteach le sraith srianta riaracháin nó*** iad a shimpliú chun dlús a chur lena gcur chun feidhme. | (56) Thairis sin, i bhfianaise na tábhachta a bhaineann le Tionscadail Straitéiseacha Ghlan-nialasachta maidir le soláthar fuinnimh ***agus athléimneacht thionsclaíoch*** an Aontais, ba cheart srianta riaracháin áirithe a shimpliú chun dlús a chur lena gcur chun feidhme***, agus ag an am céanna measúnuithe comhshaoil ionchasacha ar ardchaighdeán a áirithiú***. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 57**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (57) Na measúnuithe agus na húdaruithe comhshaoil a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear i ndáil le huisce, aer, éiceachórais, gnáthóga, bithéagsúlacht agus éin, is cuid lárnach iad den nós imeachta deonaithe ceadanna maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus is coimirce riachtanach iad chun a áirithiú go ndéanfar tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a chosc nó a íoslaghdú. Mar sin féin, chun a áirithiú go mbeidh na nósanna imeachta deonaithe ceadanna maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta intuartha agus tráthúil, ba cheart aon acmhainneacht chun na | (57) Na measúnuithe agus na húdaruithe comhshaoil a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear i ndáil le huisce, aer, éiceachórais, gnáthóga, bithéagsúlacht agus éin, is cuid lárnach iad den nós imeachta deonaithe ceadanna maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus is coimirce riachtanach iad chun a áirithiú go ndéanfar tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a chosc nó a íoslaghdú ***i gcomhréir leis an bprionsabal 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh'***. Mar sin féin, chun a áirithiú go mbeidh na nósanna imeachta deonaithe ceadanna maidir le tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochtaí glan- |

measúnuithe agus na húdaruithe is gá a chuíchóiriú, agus sin gan leibhéal na cosanta comhshaoil a ísliú an tráth céanna, a bhaint amach. I ndáil leis sin, ba cheart a áirithiú go mbeidh na measúnuithe is gá cuachta chun forluí neamhriachtanach a chosc agus ba cheart a áirithiú go dtiocfaidh tionscnóirí tionscadail agus údaráis fhreagracha ar chomhaontú go sainráite maidir le raon feidhme an mheasúnaithe chuachta sula ndéanfar an measúnú ionas nach ndéanfar beart leantach nach bhfuil gá leis.

nialasachta intuartha agus tráthúil, ba cheart aon acmhainneacht chun na measúnuithe agus na húdaruithe is gá a chuíchóiriú, agus sin gan leibhéal na cosanta comhshaoil a ísliú an tráth céanna, a bhaint amach. I ndáil leis sin, ba cheart a áirithiú go mbeidh na measúnuithe is gá cuachta chun forluí neamhriachtanach a chosc agus ba cheart a áirithiú go dtiocfaidh tionscnóirí tionscadail agus údaráis fhreagracha ar chomhaontú go sainráite maidir le raon feidhme an mheasúnaithe chuachta sula ndéanfar an measúnú ionas nach ndéanfar beart leantach nach bhfuil gá leis.

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 65**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (65) Ós rud é nach féidir cumas monaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta ríthábhachtacha a neartú san Aontas gan lucht saothair oilte mór, is iomchuí bearta a thabhairt isteach chun dlús a chur le gníomhachtú níos mó daoine sa mhargadh saothair, go háirithe mná agus daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna, lena n-áirítear trí chur chuige ‘scileanna chun tosaigh’ mar chomhlánú ar earcaíocht ar bhonn cáilíochtaí. Anuas air sin, i gcomhréir le cuspóirí an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, tá tábhacht le tacaíocht shonrach d’aistriú ó phost go post d’oibrithe in earnálacha iomarcacha agus in earnálacha atá ag meath. Ciallaíonn sé sin ***infheistíocht*** a dhéanamh i scileanna agus i gcruthú post ardcháilíochta atá riachtanach le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas. Ag cur leis na tionscnaimh atá ann cheana, amhail an Comhshocrú AE do Scileanna, gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais | (65) Ós rud é nach féidir cumas monaraíochta teicneolaíochtaí glan-nialasachta ríthábhachtacha a neartú san Aontas gan lucht saothair oilte mór, is iomchuí bearta a thabhairt isteach ***chun rochtain lucht saothair oilte ó thríú tíortha ar mhargadh saothair an Aontais a éascú agus*** chun dlús a chur le gníomhachtú níos mó daoine sa mhargadh saothair, go háirithe mná agus daoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna), lena n-áirítear trí chur chuige ‘scileanna chun tosaigh’ mar chomhlánú ar earcaíocht ar bhonn cáilíochtaí. Anuas air sin, i gcomhréir le cuspóirí an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, tá tábhacht le tacaíocht shonrach d’aistriú ó phost go post d’oibrithe in earnálacha iomarcacha agus in earnálacha atá ag meath. Ciallaíonn sé sin ***go méadófar na hinfheistíochtaí*** i scileanna agus i gcruthú post ardcháilíochta atá riachtanach le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta san |

maidir le faisnéis agus réamhaisnéis scileanna, amhail an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna agus an tÚdarás Eorpach Saothair, agus na Treoirphleananna um chomhar earnála maidir le scileanna, is é an cuspóir atá ann na gníomhaithe uile a shlógadh: Údaráis na mBallstát, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, soláthraithe oideachais agus oiliúna, comhpháirtithe sóisialta agus lucht tionscail, go háirithe FBManna, chun riachtanais scileanna a shainaithint, cláir oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus iad a chur in úsáid ar mhórscála ar bhealach tapa agus oibríochtúil. Tá ról lárnach ag tionscadail straitéiseacha teicneolaíochtaí glan-nialasachta i ndáil leis sin. ***Féadfaidh*** na Ballstáit agus an Coimisiún tacaíocht airgeadais a áirithiú lena n-áirítear trí leas a bhaint as féidearthachtaí bhuiséad an Aontais trí ionstraimí amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste um Aistriú Cóir, Cistí Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Ciste don Nuachóiriú, REPowerEU agus Clár an Mhargaidh Aonair.

Aontas. Ag cur leis na tionscnaimh atá ann cheana, amhail an Comhshocrú AE do Scileanna, gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais maidir le faisnéis agus réamhaisnéis scileanna, amhail an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna agus an tÚdarás Eorpach Saothair, agus na Treoirphleananna um chomhar earnála maidir le scileanna, is é an cuspóir atá ann na gníomhaithe uile a shlógadh: Údaráis na mBallstát, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil, soláthraithe oideachais agus oiliúna, comhpháirtithe sóisialta agus lucht tionscail, go háirithe FBManna, chun riachtanais scileanna a shainaithint, cláir oideachais agus oiliúna a fhorbairt agus iad a chur in úsáid ar mhórscála ar bhealach tapa agus oibríochtúil. Tá ról lárnach ag tionscadail straitéiseacha teicneolaíochtaí glan-nialasachta i ndáil leis sin. ***Ba cheart*** do na Ballstáit agus an Coimisiún tacaíocht airgeadais a áirithiú lena n-áirítear trí leas a bhaint as féidearthachtaí bhuiséad an Aontais trí ionstraimí amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste um Aistriú Cóir, Cistí Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Ciste don Nuachóiriú, REPowerEU agus Clár an Mhargaidh Aonair.

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 69**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (69) Ar leibhéal an Aontais, ba cheart an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa a bhunú, ardán a bheadh comhdhéanta de na Ballstáit agus a mbeadh an Coimisiún ina chathaoirleach air. Féadfaidh an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le ceisteanna | (69) Ar leibhéal an Aontais, ba cheart an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa a bhunú, ardán a bheadh comhdhéanta de na Ballstáit agus a mbeadh an Coimisiún ina chathaoirleach air. Féadfaidh an tArdán um Ghlan-nialasacht na hEorpa comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit maidir le ceisteanna |

| | |
|---|---|
| sonracha agus comhlacht tagartha a sholáthar, ina ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit a ngníomhaíocht a chomhordú agus malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán sin a éascú. Ba cheart don Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa na cúraimí a leagtar amach in Airteagail éagsúla an Rialacháin sin a dhéanamh tuilleadh, go háirithe i ndáil le cead a thabhairt, lena n-áirítear ionaid ilfhreastail, Tionscadail Teicneolaíochtaí glan-nialasachta, maoiniú a chomhordú, rochtain ar mhargaí agus ar scileanna chomh maith le deiseanna trialacha rialála teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha. I gcás inar gá, féadfaidh an tArdán foghrúpaí buana nó sealadacha a bhunú ***agus*** cuireadh a thabhairt do thríú páirtithe, amhail saineolaithe nó ionadaithe ó thionscail glan-nialasachta. | sonracha agus comhlacht tagartha a sholáthar, ina ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit a ngníomhaíocht a chomhordú agus malartú faisnéise maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán sin a éascú. Ba cheart don Ardán um Ghlan-nialasacht na hEorpa na cúraimí a leagtar amach in Airteagail éagsúla an Rialacháin sin a dhéanamh tuilleadh, go háirithe i ndáil le cead a thabhairt, lena n-áirítear ionaid ilfhreastail, Tionscadail Teicneolaíochtaí glan-nialasachta, maoiniú a chomhordú, rochtain ar mhargaí agus ar scileanna chomh maith le deiseanna trialacha rialála teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha. I gcás inar gá, féadfaidh an tArdán foghrúpaí buana nó sealadacha a bhunú***, a bheidh comhdhéanta freisin de gheallsealbhóirí ó na hearnálacha lena mbaineann, agus ba cheart*** cuireadh a thabhairt do thríú páirtithe, amhail saineolaithe nó ionadaithe ó thionscail glan-nialasachta. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 71**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (71) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an trádáil idirnáisiúnta agus infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a éagsúlú ***agus*** ardchaighdeáin shóisialta agus chomhshaoil a chur chun cinn ar fud an domhain, agus ***ba cheart an méid sin a dhéanamh*** i ndlúthchomhar agus i gcomhpháirtíocht le tíortha atá ar aon intinn leo. Ar an gcuma chéanna, ba cheart iarrachtaí níos láidre maidir le taighde agus nuálaíocht a dhéanamh chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt agus a chur in úsáid i ndlúthchomhar le tíortha comhpháirtíochta i gcur chuige oscailte ach teanntásach. | (71) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas ***raon feidhme na trádála idirnáisiúnta agus na n-infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a éagsúlú agus a leathnú, d'fhonn an riosca go gcuirfí isteach ar mhórshlabhraí soláthair a íoslaghdú, chomh maith le*** hardchaighdeáin shóisialta agus chomhshaoil a chur chun cinn ar fud an domhain i ndlúthchomhar agus i gcomhpháirtíocht le tíortha atá ar aon intinn leo. Ar an gcuma chéanna, ba cheart iarrachtaí níos láidre maidir le taighde agus nuálaíocht a dhéanamh chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a fhorbairt agus a chur in úsáid i ndlúthchomhar le tíortha comhpháirtíochta |

| | |
|---|---|
| | i gcur chuige oscailte ach teanntásach. |

**Leasú 28**
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leis an Rialachán sin, bunaítear creat beart chun acmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas a nuáil agus a uas-scálú chun tacú le sprioc 2030 an Aontais glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990 agus chun tacú le sprioc 2050 an Aontais maidir le haeráidneodracht, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2021/1119, agus chun rochtain an Aontais a áirithiú ar sholáthar slán inbhuanaithe de theicneolaíochtaí glan-nialasachta atá riachtanach chun athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a chosaint agus chun rannchuidiú le cruthú post ardcháilíochta. | 1. Leis an Rialachán sin, bunaítear creat beart chun acmhainneacht ***imscartha agus*** mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta san Aontas a nuáil agus a uas-scálú, ***lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an slabhra soláthair agus an bonneagar nascachta,*** chun tacú le sprioc 2030 an Aontais glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 55 % ar a laghad i gcomparáid le leibhéil 1990 agus chun tacú le sprioc 2050 an Aontais maidir le haeráidneodracht, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2021/1119***, chun iomaíochas tionsclaíoch agus eacnamaíoch an Aontais a mhéadú,***agus chun rochtain an Aontais a áirithiú ar sholáthar slán inbhuanaithe de theicneolaíochtaí glan-nialasachta atá riachtanach chun athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a chosaint agus chun rannchuidiú le cruthú post ardcháilíochta. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| a) maidir le hacmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí straitéiseacha glan-nialasachta san Aontas a liostaítear san Iarscríbhinn, go mbeidh sí, faoi 2030, ag teannadh le tagarmharc mar atá 40 % ar a laghad de riachtanais cur chun feidhme bhliantúla an Aontais le haghaidh na dteicneolaíochtaí comhfhreagracha is gá chun spriocanna | a) maidir le hacmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí straitéiseacha glan-nialasachta san Aontas a liostaítear san Iarscríbhinn, go mbeidh sí, faoi 2030, ag teannadh le tagarmharc mar atá 40 % ar a laghad de riachtanais cur chun feidhme bhliantúla an Aontais le haghaidh na dteicneolaíochtaí comhfhreagracha is gá chun spriocanna |

| | |
|---|---|
| 2030 aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach, nó go mbainfidh sí an tagarmharc sin amach; | 2030 aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach, nó go mbainfidh sí an tagarmharc sin amach; ***tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin, soláthróidh an Coimisiún, bunaithe ar cheanglais reachtaíocht an AE, leibhéil tháscacha maidir le hacmhainn mhonaraíochta gach teicneolaíocht glan-nialasachta.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***b a) uasghrádú agus oiriúnú comhfhreagrach an tslabhra soláthair agus an bhonneagair nascachta iompair chomh maith le naisc mhuirí agus chúlchríche, d'fhonn na sreafaí trádála chuig na láithreáin mhonaraíochta chuig margaí an Aontais agus uathu a áirithiú.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear in Airteagal 35, nach dócha go mbainfidh an tAontas na cuspóirí a leagtar amach i mír 1 amach, déanfaidh sé measúnú ar indéantacht agus comhréireacht beart a mholadh nó a chumhachtaí a fheidhmiú ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbainfear na cuspóirí sin amach. | 3. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear in Airteagal 35, nach dócha go mbainfidh an tAontas na cuspóirí a leagtar amach i mír 1 amach, déanfaidh sé measúnú ar indéantacht agus comhréireacht beart a mholadh nó a chumhachtaí a fheidhmiú ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbainfear na cuspóirí sin amach ***agus molfaidh sé bearta chun acmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a dhreasú***. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá feidhm ag an Rialachán sin maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta, cé is moite d'Airteagail 26 agus 27 den Rialachán sin, a bhfuil feidhm acu maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha. Déanfar amhábhair, ábhair phróiseáilte nó comhpháirteanna a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE).../... [cuir isteach fonóta ina bhfuil tagairtí foilseacháin an Rialacháin maidir le hAmhábhair Chriticiúla] a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin sin. | Tá feidhm ag an Rialachán sin maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta***, comhpháirteanna ríthábhachtacha díobh agus, i gcás inarb ábhartha, an slabhra soláthair agus an bonneagar nascachta***, cé is moite d'Airteagail 26 agus 27 den Rialachán sin, a bhfuil feidhm acu maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta nuálacha. Déanfar amhábhair, ábhair phróiseáilte nó comhpháirteanna a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE).../... [cuir isteach fonóta ina bhfuil tagairtí foilseacháin an Rialacháin maidir le hAmhábhair Chriticiúla] a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin sin. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ciallaíonn "teicneolaíochtaí glan-nialasachta" teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite[66]; teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus téimh; teaschaidéil; teicneolaíochtaí eangaí; teicneolaíochtaí breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch; teicneolaíochtaí maidir le breoslaí ***malartacha*** inbhuanaithe***[67]***; leictrealóirí agus breosla-chealla; ardteicneolaíochtaí chun fuinneamh a tháirgeadh ó phróisis núicléacha lena ngabhann íosmhéid dramhaíola ó thimthriall an bhreosla, ó imoibreoirí beaga modúlacha, agus ó bhreoslaí 'barr-rogha na haicme' gaolmhara; teicneolaíochtaí gabhála, úsáide agus stórála carbóin, agus | (a) ciallaíonn "teicneolaíochtaí glan-nialasachta" teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite[66]; teicneolaíochtaí stórála leictreachais agus téimh; teaschaidéil; teicneolaíochtaí eangaí; teicneolaíochtaí breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch; teicneolaíochtaí ***eitlíochta inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí breosla mhuirí***; leictrealóirí agus breosla-chealla ***agus teicneolaíochtaí hidrigine leachtaí***; ardteicneolaíochtaí chun fuinneamh a tháirgeadh ó phróisis núicléacha lena ngabhann íosmhéid dramhaíola ó thimthriall an bhreosla, ó imoibreoirí beaga modúlacha, agus ó bhreoslaí 'barr-rogha na haicme' gaolmhara; teicneolaíochtaí |

teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh. Tagraíonn siad do na táirgí deiridh, do na comhpháirteanna sonracha agus don innealra sonrach a úsáidtear go príomha chun na táirgí sin a tháirgeadh. Beidh leibhéal 8 na hullmhachta teicneolaí ar a laghad bainte amach acu.

gabhála, úsáide agus stórála carbóin, ***gach cineál teicneolaíocht chun carbón a bhaint chomh maith le bonneagar iompair CO2 gaolmhar;*** agus teicneolaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le córais fuinnimh. Tagraíonn siad do na táirgí deiridh, do na comhpháirteanna sonracha agus don innealra sonrach a úsáidtear go príomha chun na táirgí sin a tháirgeadh ***feadh an tslabhra luacha***. Beidh leibhéal 8 na hullmhachta teicneolaí ar a laghad bainte amach acu.

---

[66]ciallaíonn 'fuinneamh in-athnuaite' 'fuinneamh inathnuaite' mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn

***[67]ciallaíonn 'breoslaí malartacha inbhuanaithe' breoslaí a chumhdaítear leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe, COM/2021/561 final agus leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar COM/2021/562 deiridh.***

[66]ciallaíonn 'fuinneamh in-athnuaite' 'fuinneamh inathnuaite' mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) ciallaíonn 'teicneolaíocht eitlíochta agus breosla mhuirí inbhuanaithe ' breoslaí incháilithe faoi Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***ón gComhairle maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú d'aeriompar inbhuanaithe, [XXXX] agus le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar [XXXX]. Ní mheastar gur teicneolaíochtaí eitlíochta inbhuanaithe agus breosla muirí faoin Rialachán sin iad 'breosla eitlíochta traidisiúnta' mar a shainmhínítear in COM/2021/561 deiridh, agus gnáthbhreoslaí iontaise a úsáidtear in iompar muirí.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ciallaíonn 'comhpháirt' ***cuid bheag*** de theicneolaíocht ghlan-nialasachta a ***dhéanann cuideachta í a mhonarú as ábhair phróiseáilte agus a thrádáil***; | (b) ciallaíonn 'comhpháirt' ***eilimintí monaraithe*** de theicneolaíocht glan-nialasachta; |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ciallaíonn 'tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta' saoráid nó síneadh tionsclaíoch atá beartaithe nó cuspóir saoráide atá ann cheana lena monaraítear teicneolaíochtaí glan-nialasachta a athrú; | (d) ciallaíonn 'tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta' saoráid nó síneadh tionsclaíoch atá beartaithe nó leathnú nó cuspóir saoráide atá ann cheana lena monaraítear teicneolaíochtaí glan-nialasachta atá ***in-imscartha, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an slabhra soláthair agus an bonneagar nascachta iompair a uasghrádú agus a oiriúnú***; |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin... [3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin], ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta amháin a bheidh freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna a éascú ***agus*** a chomhordú le haghaidh tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, agus chun comhairle a sholáthar maidir leis an ualach riaracháin a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 5. | 1. Faoin... [3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin], ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta amháin a bheidh freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna a éascú***,*** a chomhordú ***agus a chuíchóiriú*** le haghaidh tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, agus chun comhairle a sholáthar maidir leis an ualach riaracháin a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 5. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní bheidh an próiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta níos faide ná ***aon cheann de na teorainneacha ama seo a leanas:*** | 1. Ní rachaidh an próiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta***, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, uasghrádú agus oiriúnú an tslabhra soláthair agus an bhonneagair nascachta iompair*** thar ***9 mí.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe a**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***(a) 12 mhí i gcás tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a thógáil ar lú a n-acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil ná 1 GW;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe b**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***(b) 18 mhí i gcás tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a thógáil ar mó a n-acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil ná 1 GW.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 2. I gcás tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta nach ndéantar a n-acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil a thomhas in GW, ní bheidh an próiseas deonaithe ceadanna níos faide ná teorainn ama ***18*** mí. | 2. I gcás tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta nach ndéantar a n-acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil a thomhas in GW, ní bheidh an próiseas deonaithe ceadanna níos faide ná teorainn ama ***9*** mí. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 9 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***9 a. Glacfaidh an Coimisiún treoirlínte chun na ceanglais deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a shainiú.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta go n-eiseoidh na húdaráis lena mbaineann conclúid réasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (g)(iv) de Threoir 2011/92/AE maidir leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol laistigh de ***3*** mhí tar éis dóibh an fhaisnéis uile is gá a bailíodh de bhun Airteagail 5, 6 agus 7 den Treoir sin a fháil agus na comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 den Treoir sin a thabhairt i gcrích. | 3. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta go n-eiseoidh na húdaráis lena mbaineann conclúid réasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (g)(iv) de Threoir 2011/92/AE maidir leis an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol laistigh de ***2*** mhí tar éis dóibh an fhaisnéis uile is gá a bailíodh de bhun Airteagail 5, 6 agus 7 den Treoir sin a fháil agus na comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 den Treoir sin a thabhairt i gcrích. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 4. Ní bheidh na tréimhsí chun dul i gcomhairle leis an bpobal lena mbaineann maidir leis an tuarascáil chomhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Threoir 2011/92/AE níos faide ná 45 lá***. I gcásanna a thagann faoi Airteagal 6(4), an dara fomhír***, ***cuirfear síneadh leis an*** | 4. Ní bheidh na tréimhsí chun dul i gcomhairle leis an bpobal lena mbaineann maidir leis an tuarascáil chomhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Threoir 2011/92/AE níos faide ná 45 lá ***agus ní bheidh siad níos faide ná 30 lá i gcás tionscadal straitéiseach glan-nialasachta*** |

| | |
|---|---|
| ***tréimhse sin go dtí 90 lá*.** | ***a aithnítear i gcomhréir le*** hAirteagal ***11*.** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Agus pleananna á n-ullmhú, lena n-áirítear criosú, pleananna spásúlachta agus pleananna úsáide talún, áireoidh údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sna pleananna sin, i gcás inarb iomchuí, forálacha maidir le forbairt tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta. Tabharfar tús áite do dhromchlaí saorga agus tógtha, láithreáin thionsclaíocha, láithreáin athfhorbraíochta, agus, i gcás inarb iomchuí, láithreáin úrnua nach féidir a úsáid le haghaidh na talmhaíochta agus na foraoiseachta. | 1. Agus pleananna á n-ullmhú, lena n-áirítear criosú, pleananna spásúlachta agus pleananna úsáide talún, áireoidh údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sna pleananna sin, i gcás inarb iomchuí, forálacha maidir le forbairt tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta ***agus an bonneagar ábhartha***. Tabharfar tús áite do dhromchlaí saorga agus tógtha, láithreáin thionsclaíocha, láithreáin athfhorbraíochta, agus, i gcás inarb iomchuí, láithreáin úrnua nach féidir a úsáid le haghaidh na talmhaíochta agus na foraoiseachta. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar gach cinneadh a ghlacfar de bhun na Roinne sin agus Airteagail 12 ***agus 13*** a chur ar fáil go poiblí. | 2. Déanfar gach cinneadh a ghlacfar de bhun na Roinne sin agus Airteagail 12***, 13, 14 agus 21*** a chur ar fáil go poiblí. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) rannchuidíonn an tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta le hathléimneacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch chóras fuinnimh an Aontais trí acmhainneacht mhonaraíochta comhpháirte nó páirte a mhéadú i slabhra luacha na teicneolaíochta glan-nialasachta ***ar a bhfuil an tAontas ag brath go mór ar allmhairí a thagann ó thríú tír aonair***; | (a) rannchuidíonn an tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta le hathléimneacht theicneolaíoch agus thionsclaíoch chóras fuinnimh an Aontais trí acmhainneacht mhonaraíochta comhpháirte nó páirte a mhéadú i slabhra luacha na teicneolaíochta glan-nialasachta; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tá tionchar dearfach ag an tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta ar shlabhra soláthair thionscal glan-nialasachta an Aontais nó ar earnálacha iartheachtacha spáis an Aontais, lasmuigh den tionscnóir tionscadail agus na Ballstáit lena mbaineann, rud a chuireann le hiomaíochas agus cruthú post ardcháilíochta shlabhra soláthair thionscal glan-nialasachta an Aontais, de réir trí cinn ar a laghad de na critéir seo a leanas: | (b) tá tionchar dearfach ag an tionscadal monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta ar shlabhra soláthair thionscal glan-nialasachta an Aontais nó ar earnálacha iartheachtacha spáis an Aontais, lasmuigh den tionscnóir tionscadail agus na Ballstáit lena mbaineann, rud a chuireann le hiomaíochas agus cruthú post ardcháilíochta shlabhra soláthair thionscal glan-nialasachta an Aontais, ***lena n-áirítear FBManna,*** de réir trí cinn ar a laghad de na critéir seo a leanas: |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní bheidh an próiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta níos faide ná ***aon cheann de na teorainneacha ama seo a leanas:*** | 1. Ní bheidh an próiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta níos faide ná ***9 mí.*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) 9 mí i gcás tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a thógáil ar lú a n-acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil ná 1 GW;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) 12 mhí i gcás tionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a thógáil ar mó a n-acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil ná 1 GW;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) 18 mí le haghaidh na gceadanna uile is gá chun láithreán stórála a oibriú i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás tionscadail straitéiseacha | 2. I gcás tionscadail straitéiseacha |

| | |
|---|---|
| ghlan-nialasachta nach ndéantar a n-acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil a thomhas in GW, ní bheidh an próiseas deonaithe ceadanna níos faide ná teorainn ama ***12*** mhí. | ghlan-nialasachta nach ndéantar a n-acmhainneacht mhonaraíochta bhliantúil a thomhas in GW, ní bheidh an próiseas deonaithe ceadanna níos faide ná teorainn ama ***9*** mhí. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na húdaráis inniúla náisiúnta gurb é an toradh a bheidh ar an easpa freagartha ó na comhlachtaí riaracháin ábhartha laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme dá dtagraítear san Airteagal sin go measfar go bhfuil ***na céimeanna idirmheánacha sonracha*** formheasta***, ach amháin*** i gcás ina bhfuil an tionscadal sonrach faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Threoir 92/43/CEE ón gComhairle nó Threoir 2000/60/CE, Threoir 2008/98/CE, Threoir 2009/147/CE, Threoir 2010/75/AE, 2011/92/AE nó Threoir 2012/18/AE nó cinneadh i dtaobh an bhfuil gá leis an measúnú sin ar an tionchar ar an gcomhshaol agus nach ndearnadh na measúnuithe ábhartha lena mbaineann go fóill, ***nó i gcás nach ann do phrionsabal*** an fhormheasa intuigthe riaracháin ***sa chóras dlí náisiúnta. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil sin maidir le cinntí críochnaitheacha i dtaca le toradh an phróisis, ar cinntí iad atá le bheith sainráite.*** Cuirfear na cinntí uile ar fáil go poiblí. | 4. Áiritheoidh na húdaráis inniúla náisiúnta gurb é an toradh a bheidh ar an easpa freagartha ó na comhlachtaí riaracháin ábhartha laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme dá dtagraítear san Airteagal sin go measfar go bhfuil an ***t-iarratas ábhartha deonaithe ceadanna*** formheasta***. I gcásanna*** ina bhfuil an tionscadal sonrach faoi réir measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol de bhun Threoir 92/43/CEE ón gComhairle nó Threoir 2000/60/CE, Threoir 2008/98/CE, Threoir 2009/147/CE, Threoir 2010/75/AE, 2011/92/AE nó Threoir 2012/18/AE nó cinneadh i dtaobh an bhfuil gá leis an measúnú sin ar an tionchar ar an gcomhshaol agus nach ndearnadh na measúnuithe ábhartha lena mbaineann go fóill, ***cuirfear síneadh nach faide ná dhá mhí leis an tréimhse*** formheasa riaracháin intuigthe. Cuirfear na cinntí uile ar fáil go poiblí. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Dlús a chur leis an gcur chun feidhme | Dlús a chur le cur chun feidhme ***agus maoiniú*** an chur chun feidhme |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tabharfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit faoi ghníomhaíochtaí chun dlús a chur le hinfheistíochtaí príobháideacha i dtionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta agus chun na hinfheistíochtaí a phlódú isteach. Féadfar a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin, gan dochar d’Airteagail 107 agus 108 CFAE, tacaíocht a sholáthar do ***thionscadail*** straitéiseacha ghlan-nialasachta a bhfuil deacrachtaí acu maoiniú a fháil, mar aon leis an tacaíocht sin a chomhordú. | 1. Tabharfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit faoi ghníomhaíochtaí chun dlús a chur le hinfheistíochtaí príobháideacha ***agus poiblí*** i dtionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta agus chun na hinfheistíochtaí a phlódú isteach. Féadfar a áireamh ar na gníomhaíochtaí sin, gan dochar d’Airteagail 107 agus 108 CFAE, tacaíocht a sholáthar do thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta a bhfuil deacrachtaí acu maoiniú a fháil, mar aon leis an tacaíocht sin a chomhordú***, amhail: (a) forálacha an Chreata Shealadaigh Géarchéime agus Aistrithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear sochair chánach do tháirgeoirí agus do dháileoirí; (b) tionscadail a chumhdaítear leis an Rialachán sin a mheas mar thosaíochtaí chun maoiniú a dhéanamh trí CSIE; (c) rochtain a fháil ar acmhainní dá bhforáiltear le mír 1(b) d’Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/241, Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh; (d) breithniú a dhéanamh ar thionscadail a chumhdaítear leis an Rialachán sin atá incháilithe lena maoiniú le hioncam náisiúnta a eascraíonn as liúntais faoin Scéim Trádála Astaíochtaí agus 25 % ar a laghad den ioncam sin a leithdháileadh ar na tionscadail sin; (e) éascú a dhéanamh ar aontachas na dtionscadal a chumhdaítear leis an Rialachán sin le maoiniú arna sholáthar ag CEIS***. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh*** na Ballstáit tacaíocht riaracháin a sholáthar do thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta chun cur chun feidhme tapa agus éifeachtach na dtionscadal sin a éascú, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a sholáthar: | 2. ***Cuirfidh an Coimisiún agus na*** Ballstáit tacaíocht riaracháin ar fáil do thionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta chun cur chun feidhme tapa agus éifeachtach na dtionscadal sin a éascú, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a sholáthar: |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Pléifidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa a bhunaítear in Airteagal 28 riachtanais airgeadais agus scrogaill i dtionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, na cleachtais is fearr a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe chun slabhraí soláthair trasteorann an Aontais a fhorbairt, go háirithe ar bhonn malartuithe rialta leis na comhghuaillíochtaí tionsclaíocha ábhartha. | 1. Pléifidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa a bhunaítear in Airteagal 28 riachtanais airgeadais agus scrogaill i dtionscadail straitéiseacha ghlan-nialasachta, na cleachtais is fearr a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe chun slabhraí soláthair trasteorann an Aontais a fhorbairt, go háirithe ar bhonn malartuithe rialta leis na comhghuaillíochtaí tionsclaíocha ábhartha***, lena n-áirítear FBManna***. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Arna iarraidh sin do thionscnóir an tionscadail ***straitéisigh*** glan-nialasachta, | 2. Arna iarraidh sin do thionscnóir an tionscadail maidir le ***teicneolaíochtaí*** glan- |

| | |
|---|---|
| pléifidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa an bealach is féidir maoiniú a thionscadail a thabhairt i gcrích agus tabharfaidh sé comhairle faoin méid sin, agus an cistiú a fuarthas cheana á chur san áireamh agus na heilimintí seo a leanas ar a laghad á meas: | nialasachta, pléifidh an tArdán um ghlan-nialasacht na hEorpa an bealach is féidir maoiniú a thionscadail a thabhairt i gcrích agus tabharfaidh sé comhairle faoin méid sin, agus an cistiú a fuarthas cheana á chur san áireamh agus na heilimintí seo a leanas ar a laghad á meas: |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) oibleagáid a chur ar eintitis a bhfuil údarú acu mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 3, de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[71] ar a gcríoch na sonraí geolaíocha go léir a bhaineann le láithreáin táirgthe a díchoimisiúnaíodh nó ar tugadh fógra faoina dhíchoimisiúnú don údarás inniúil a chur ar fáil go poiblí | (b) oibleagáid a chur ar eintitis a bhfuil údarú acu mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 3, de Threoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***71*** ar a gcríoch na sonraí geolaíocha go léir a bhaineann le láithreáin táirgthe a díchoimisiúnaíodh nó ar tugadh fógra faoina dhíchoimisiúnú don údarás inniúil a chur ar fáil go poiblí***, chomh maith le sonraí i dtaobh an bhfuil bonneagar iompair atá oiriúnach do CO2 chun an suíomh a shroicheadh ar fáil nó an féidir é a thógáil***. |

[71] ***Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha chun údaruithe a dheonú agus a úsáid i ndáil le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón (IO L 164, 30.6.1994, lch. 3).***

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 18 a*** |
| | ***Rialáil a dhéanamh ar an margadh chun CO2 a iompar*** |
| | ***Laistigh de 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin, breithneoidh an Coimisiún, más iomchuí, tionscnamh reachtach a thíolacadh nó tionscnamh atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta maidir le caighdeáin sábháilteachta chun CO2 a iompar.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunóidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain na gconarthaí le haghaidh teicneolaíocht glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn i nós imeachta soláthair phoiblí ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, a n-áireofar inti an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr, lena gcuimseofar, ar a laghad, rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE, ***nó*** 2014/25/AE agus leis an reachtaíocht earnála is infheidhme, agus le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas. | 1. Bunóidh údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha dámhachtain na gconarthaí le haghaidh teicneolaíocht glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn i nós imeachta soláthair phoiblí ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, a n-áireofar inti an cóimheas praghas-cáilíochta is fearr, lena gcuimseofar, ar a laghad, rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na tairisceana, i gcomhréir le Treoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE, 2014/25/AE***, 2022/1031 nó 2022/2555*** agus leis an reachtaíocht earnála is infheidhme, agus le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, lena n-áirítear an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile atá ina gceangal ar an Aontas. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás inar gá réiteach nuálach a fhorbairt, tionchar agus cáilíocht an phlean cur chun feidhme, lena n-áirítear bearta bainistithe riosca; | (b) i gcás inar gá réiteach nuálach a fhorbairt, tionchar agus cáilíocht an phlean cur chun feidhme, lena n-áirítear bearta bainistithe riosca ***agus an dearbhú cibearshlándála is airde á choinneáil ag an am céanna bunaithe ar chur chuige uile-ghuaiseacha i gcomhréir le hAirteagal 7(2) agus 21(2) de NIS2 d'fhonn tionchar teagmhas ar fhaighteoirí a seirbhísí agus ar sheirbhísí eile a chosc nó a íoslaghdú bunaithe ar thosca riosca teicniúla agus neamhtheicniúla***; |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an údarás conarthach ná ar an eintiteas conarthach na breithnithe a bhaineann le rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur i bhfeidhm i gcás ina gcuirfeadh a gcur i bhfeidhm oibleagáid ar an údarás nó ar an eintiteas sin trealamh a fháil lena mbaineann costais dhíréireacha, nó ina bhfuil saintréithe teicniúla atá éagsúil leis na saintréithe atá i dtrealamh atá ann cheana, as a n-eascraíonn neamh-chomhoiriúnacht, deacrachtaí teicniúla maidir le hoibriú agus cothabháil. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a thoimhdiú go bhfuil difríochtaí costais os cionn 10 % díréireach. Beidh an fhoráil sin gan dochar don fhéidearthacht tairiscintí thar a bheith íseal a eisiamh faoi Airteagal 69 de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 84 de Threoir 2014/25/AE,*** | ***scriosta*** |

***agus gan dochar do chritéir dhámhachtana eile i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear gnéithe sóisialta de réir Airteagal 30(3) agus Airteagal 36(1), an dara fleasc de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 18(2) agus Airteagal 67(2) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 36(2) agus Airteagal 82(2) de Threoir 2014/24/AE.***

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit, údaráis réigiúnacha ná áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí ná comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin ná comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí na breithnithe a bhaineann le rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur i bhfeidhm i gcás ina gcuirfeadh a gcur i bhfeidhm oibleagáid ar na heintitis sin trealamh a fháil lena mbaineann costais dhíréireacha, nó ina bhfuil saintréithe teicniúla atá éagsúil leis na saintréithe atá i dtrealamh atá ann cheana, as a n-eascraíonn neamh-chomhoiriúnacht, deacrachtaí teicniúla maidir le hoibriú agus cothabháil. Féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a thoimhdiú go bhfuil difríochtaí costais os cionn 10 % díréireach.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ná d'Airteagal 4 de Threoir 2018/2001[73] agus i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh scéimeanna a bhunú a rachaidh chun tairbhe do theaghlaigh nó do thomhaltóirí a dhreasaíonn ceannach na dtáirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn, déanfaidh na Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí iad a dhearadh ar bhealach a chuirfidh chun cinn go gceannóidh tairbhithe táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta lena mbaineann rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2), trí chúiteamh airgeadais comhréireach breise a sholáthar. | 1. Gan dochar d'Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ná d'Airteagal 4 de Threoir 2018/2001[73] agus i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh scéimeanna a bhunú a rachaidh chun tairbhe do theaghlaigh nó do thomhaltóirí a dhreasaíonn ceannach na dtáirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a liostaítear san Iarscríbhinn, déanfaidh na Ballstáit, údaráis réigiúnacha nó áitiúla, comhlachtaí arna rialú ag an dlí poiblí nó comhlachais arna bhfoirmiú ag údarás amháin nó níos mó den sórt sin nó comhlacht amháin nó níos mó den sórt sin arna rialú ag an dlí poiblí iad a dhearadh ar bhealach a chuirfidh chun cinn go gceannóidh tairbhithe táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta lena mbaineann rannchuidiú ard inbhuanaitheachta agus athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 19(2), trí chúiteamh airgeadais comhréireach breise***, agus creidmheasanna cánach*** a sholáthar. |
| [73]Treoir 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn | [73]Treoir 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dintiúir a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear micridhintiúir, chun trédhearcacht na scileanna a gheofar a éascú agus chun inaistritheacht idir poist agus soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair a fheabhsú, agus chun meaitseáil | (c) dintiúir a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n-áirítear micridhintiúir, chun trédhearcacht na scileanna a gheofar a éascú agus ***chun rochtain lucht saothair oilte ó thríú tíortha ar mhargadh saothair AE*** agus inaistritheacht idir poist agus |

| | |
|---|---|
| le poist ábhartha a chur chun cinn trí uirlisí amhail an Líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta (EURES) agus EURAXESS. | soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair a fheabhsú, agus chun meaitseáil le poist ábhartha a chur chun cinn trí uirlisí amhail an Líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta (EURES) agus EURAXESS. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta steiréitíopaí inscne a chomhrac agus aird ar leith a thabhairt ar an ngá atá le níos mó ban agus daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna a ghníomhachtú le haghaidh mhargadh an tsaothair. | 2. Déanfaidh Acadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan-nialasachta steiréitíopaí inscne a chomhrac agus aird ar leith a thabhairt ar an ngá atá le ***rochtain lucht saothair oilte ó thríú tíortha ar mhargadh saothair an Aontais a éascú agus*** níos mó ban agus daoine óga a ghníomhachtú, ar mná agus daoine óga iad nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna le haghaidh margadh an tsaothair. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) dálaí oibre ***leormhaithe*** i bpoist i dtionscail teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun cinn, gníomhachtú na hóige, na mban agus seanóirí chuig margadh an tsaothair le haghaidh tionscail teicneolaíochtaí glan-nialasachta, agus oibrithe oilte ó thríú tíortha a mhealladh, agus lucht saothair níos éagsúla a bhaint amach ar an mbealach sin; | (6) dálaí oibre ***maithe*** i bpoist i dtionscail teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chur chun cinn, gníomhachtú na hóige, na mban agus seanóirí chuig margadh an tsaothair le haghaidh tionscail teicneolaíochtaí glan-nialasachta, agus oibrithe oilte ó thríú tíortha a mhealladh, agus lucht saothair níos éagsúla a bhaint amach ar an mbealach sin; |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 4 – pointe c – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ia) Acmhainní insteallta agus stórála C02 laistigh dá gcríocha;*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Féadfaidh an tArdán foghrúpaí buana nó sealadacha a bhunú chun díriú ar cheisteanna agus cúraimí sonracha. | 6. Féadfaidh an tArdán foghrúpaí buana nó sealadacha a bhunú chun díriú ar cheisteanna agus cúraimí sonracha. ***Áireofar ar na foghrúpaí na geallsealbhóirí ábhartha ó na hearnálacha lena mbaineann.*** |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Bunóidh an tArdán Sainghrúpa Tionscail maidir leis an nGlan-Nialasacht. Beidh an Sainghrúpa Tionscail maidir leis an nGlan-Nialasacht comhdhéanta d'ionadaithe ó earnálacha tionsclaíocha laistigh de raon feidhme an Rialacháin sin. Beidh an Sainghrúpa Tionscail maidir leis an nGlan-Nialasacht freagrach as critéir theicniúla oibiachtúla a bhunú chun teicneolaíochtaí glan-nialasachta a roghnú faoin [3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin]. Feidhmeoidh na critéir mar bhonn don Ardán um Ghlan-Nialasacht na hEorpa, agus moladh á eisiúint acu maidir le liosta de theicneolaíochtaí glan-nialasachta. Ina theannta sin, soláthróidh an Sainghrúpa Tionscail maidir leis an*** |

| | |
|---|---|
| | ***nGlan-Nialasacht moltaí don Ardán maidir le bearta a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag an Ardán. Éascóidh an Sainghrúpa Tionscail maidir leis an nGlan-Nialasacht idirghníomhaíocht idir an tArdán agus comhlachtaí comhairleacha arna mbunú faoi chuimsiú bheartas tionsclaíoch an Aontais.*** |

*Réasúnú*

*Chun freastal ar an gcuspóir infheistíochtaí a mhealladh, ba cheart an sainmhíniú ar theicneolaíochtaí glan-nialasachta a bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus ba cheart é a bheith bunaithe ar chritéir thrédhearcacha agus oibiachtúla. Ba cheart go spreagfadh an sainmhíniú an nuálaíocht agus an fhorbairt theicneolaíoch trí fhéidearthacht a chur san áireamh athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar liosta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta.*

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) comhsheasmhacht na spriocanna le haghaidh táirgeadh intíre ceallraí leis na spriocanna a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/851 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 a neartú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, lena n-áirítear soláthar na n-amhábhar agus na n-ábhar ardfhorbartha is gá le haghaidh táirgeadh ceallraí.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh na Ballstáit agus na | 2. Déanfaidh na Ballstáit agus na |

| | |
|---|---|
| húdaráis náisiúnta a ainmneoidh siad chun na críche sin sonraí agus fianaise eile is gá de bhun mhír 1, pointí (a) ***agus (b)*** a bhailiú agus a sholáthar. Déanfaidh siad sonraí maidir leis na nithe seo a leanas a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún gach bliain go háirithe: | húdaráis náisiúnta a ainmneoidh siad chun na críche sin sonraí agus fianaise eile is gá de bhun mhír 1, pointí (a)***, (b) agus (ba)*** a bhailiú agus a sholáthar. Déanfaidh siad sonraí maidir leis na nithe seo a leanas a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún gach bliain go háirithe: |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) athléimneacht slabhraí luacha na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta lena n-áirítear acmhainneacht táirgeachta an Aontais maidir le (príomh) chomhpháirteanna le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta, agus iomaíochas na n-earnálacha gaolmhara;*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(h a) rannpháirtíocht FBManna i dtionscadail straitéiseacha glan-nialasachta agus i monarú teicneolaíochta glan-nialasachta.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tugtar de chumhacht don Choimisiún | Tugtar de chumhacht don Choimisiún |

gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33 chun leasú a dhéanamh ar na módúlachtaí ina gcuirtear comhaontuithe idir eintitis dá dtagraítear in Airteagal 18(1) agus infheistíochtaí in acmhainneacht stórála atá i seilbh tríú páirtithe san áireamh chun a rannchuidiú aonair a leagtar amach in Airteagal 18(5) a chomhlíonadh, ***chomh maith le*** hábhar na dtuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 18(6).

gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 33 chun leasú a dhéanamh ar na módúlachtaí ina gcuirtear comhaontuithe idir eintitis dá dtagraítear in Airteagal 18(1) agus infheistíochtaí in acmhainneacht stórála atá i seilbh tríú páirtithe san áireamh chun a rannchuidiú aonair a leagtar amach in Airteagal 18(5) a chomhlíonadh, chun ábhar na dtuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 18(6) ***a leasú agus chun na teicneolaíochtaí glan-nialasachta straitéiseacha san Iarscríbhinn a fhorlíonadh, más gá sin chun a áirithiú go mbainfear amach an cuspóir ginearálta a leagtar síos in Airteagal 1(1)***.

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Faoin ... [dhá bhliain tar éis dháta feidhme an Rialacháin sin], agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus, más gá, déanfaidh sé an liosta de theicneolaíochtaí glan-nialasachta agus de theicneolaíochtaí glan-nialasachta straitéiseacha a nuashonrú.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Déanfar scrúdú sa mheastóireacht ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn an Rialachán sin le gníomhartha dlí eile atá ábhartha maidir le cur chun feidhme tionscadal glan-nialasachta agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***sainaithneofar inti aon rialachán dúbailte nó aon fhorálacha neamhéifeachtacha eile a chuireann bac nó cosc ar bhaint amach chuspóirí an Rialacháin sin.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Mar chuid den mheastóireacht sin, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn fhorbairt na n-astaíochtaí ón earnáil iompair agus ar an gcaoi a gcomhlíontar na cuspóirí a leagtar amach sa rialachán sin, meastóireacht ar an rannchuidiú féideartha le tionscal glan-nialasach iomaíoch is féidir a bhaint amach fós san earnáil trí aistriú ó chóras iompair atá thar a bheith dian ar fhuinneamh agus ar an mbonn sin déanfaidh sé tograí chun an earnáil iompair a dhícharbónú tuilleadh, go háirithe chun an méid seo a leanas a áirithiú:*** |
| | ***- cur chun feidhme iomlán reachtaíocht AE atá ann cheana*** |
| | ***- oibleagáidí i Reachtaíocht AE a chomhlíonadh go tráthúil*** |
| | ***- obair leantach phras le tuilleadh tograí, lena n-áirítear maidir le maoiniú leordhóthanach*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I**

| |
|---|
| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* |
| Teicneolaíochtaí glan-nialasachta straitéiseacha |

| | |
|---|---|
| 1 | Teicneolaíochtaí grianfhuinnimh fótavoltacha agus teicneolaíochtaí teirmeacha gréine |
| 2 | Teicneolaíochtaí gaoithe ar tír agus teicneolaíochtaí in-athnuaite amach ón gcósta |
| 3 | Teicneolaíochtaí ceallraí/stórála |
| 4 | Teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh |
| 5 | Leictrealóirí agus breosla-chealla |
| 6 | Teicneolaíochtaí inbhuanaithe bithgháis/bithmheatáin |
| 7 | Teicneolaíochtaí Gabhála agus Stórála Carbóin (CCS) |
| 8 | Teicneolaíochtaí eangaí |

*Leasú*

| Teicneolaíochtaí nialasachta straitéiseacha | |
|---|---|
| 1 | Teicneolaíochtaí grianfhuinnimh fótavoltacha agus teicneolaíochtaí teirmeacha gréine |
| 2 | Gaoth ar tír***, soláthar cumhachta ar tír/leictreachas ar an gcósta*** agus teicneolaíochtaí in-athnuaite amach ón gcósta |
| 3 | Teicneolaíochtaí ceallraí/stórála ***agus luchtaithe, lena n-áirítear cealla ceallra LMT agus ceallraí feithiclí leictreacha*** |
| 4 | Teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh |
| 5 | Leictrealóirí, cealla breosla***, teicneolaíochtaí iompair agus stórála hidrigine agus teicneolaíochtaí eile le haghaidh hidrigin inbhuanaithe*** |
| 6 | Bithghás/bithmheatán inbhuanaithe, ***RFNBO agus teicneolaíochtaí eitlíochta inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí breosla mhuirí*** |
| 7 | Teicneolaíochtaí Gabhála agus Stórála Carbóin (CCS) ***lena n-áirítear teicneolaíochtaí iompair chomh maith le gach cineál teicneolaíochtaí chun carbón a bhaint, lena n-áirítear teicneolaíochtaí gabhála carbóin ar bord*** |
| 8 | ***Solúbthacht agus*** teicneolaíochtaí eangaí ***agus teicneolaíochtaí mearluchtaithe agus déthreocha*** |
| ***8 a*** | ***Teicneolaíochtaí le haghaidh ERTMS, córais chúplála uathoibrithe dhigiteacha, traenacha ardluais, agus innill féinghluaiste idir-inoibritheacha ilchórais*** |
| ***8b.*** | ***Córais tiomána inbhuanaithe amhail mótair leictreacha, tiomáint faoi chúnamh gaoithe do longa, innill le haghaidh eitlíochta inbhuanaithe agus iompar ar uisce*** |
| ***8c*** | ***Teicneolaíochtaí amhábhar in-athnuaite*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) |
| **Tagairtí** | COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>8.5.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>8.5.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Anna Deparnay-Grunenberg<br>25.5.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 26.6.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.7.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 30<br>–: 5<br>0: 8 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Izaskun Bilbao Barandica, Karolin Braunsberger-Reinhold, Marco Campomenosi, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Gheorghe Falcă, Carlo Fidanza, Jens Gieseke, Elsi Katainen, Kateřina Konečná, Bogusław Liberadzki, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Tilly Metz, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Rovana Plumb, Bergur Løkke Rasmussen, Dominique Riquet, Thomas Rudner, Vera Tax, Barbara Thaler, István Ujhelyi, Achille Variati, Petar Vitanov, Lucia Vuolo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Sara Cerdas, Josianne Cutajar, Michael Gahler, Maria Grapini, Georg Mayer, Ljudmila Novak, Annalisa Tardino |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Patricia Chagnon, Lena Düpont, Mario Furore, Svenja Hahn, Denis Nesci, Christine Schneider |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 30 | + |
|---|---|
| PPE | Magdalena Adamowicz, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Gheorghe Falcă, Michael Gahler, Jens Gieseke, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Cláudia Monteiro de Aguiar, Ljudmila Novak, Christine Schneider, Barbara Thaler, Lucia Vuolo |
| Renew | Izaskun Bilbao Barandica, Svenja Hahn, Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Bergur Løkke Rasmussen, Dominique Riquet |
| S&D | Sara Cerdas, Josianne Cutajar, Maria Grapini, Bogusław Liberadzki, Rovana Plumb, Thomas Rudner, Vera Tax, István Ujhelyi, Achille Variati, Petar Vitanov |

| 5 | - |
|---|---|
| ID | Marco Campomenosi, Patricia Chagnon, Georg Mayer, Annalisa Tardino |
| Verts/ALE | Tilly Metz |

| 8 | 0 |
|---|---|
| ECR | Carlo Fidanza, Denis Nesci |
| NI | Mario Furore |
| The Left | Kateřina Konečná |
| Verts/ALE | Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

# AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal** | Creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta tháirgí teicneolaíochta glan-nialasacha an Aontais a neartú (An Gníomh um Thionscal Glan-nialasach) | | | |
| **Tagairtí** | COM(2023)0161 – C9-0062/2023 – 2023/0081(COD) | | | |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 17.3.2023 | | | |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>8.5.2023 | | | |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>8.5.2023 | BUDG<br>8.5.2023 | ECON<br>8.5.2023 | EMPL<br>8.5.2023 |
| | ENVI<br>8.5.2023 | IMCO<br>8.5.2023 | TRAN<br>8.5.2023 | REGI<br>8.5.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | BUDG<br>26.4.2023 | | | |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>15.6.2023 | EMPL<br>15.6.2023 | ECON<br>15.6.2023 | IMCO<br>15.6.2023 |
| | REGI<br>15.6.2023 | | | |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Christian Ehler<br>30.3.2023 | | | |
| **Pléite sa choiste** | 12.6.2023 | | | |
| **Dáta an ghlactha** | 25.10.2023 | | | |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: | 43<br>12<br>3 | | |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Matteo Adinolfi, Nicola Beer, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Michael Bloss, Paolo Borchia, Marc Botenga, Markus Buchheit, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Beatrice Covassi, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Marie Dauchy, Pilar del Castillo Vera, Martina Dlabajová, Christian Ehler, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Henrike Hahn, Ivo Hristov, Miapetra Kumpula-Natri, Thierry Mariani, Marina Mesure, Dan Nica, Niklas Nienass, Ville Niinistö, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Markus Pieper, Clara Ponsatí Obiols, Manuela Ripa, Sara Skyttedal, Riho Terras, Patrizia Toia, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho | | | |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pascal Arimont, Tiziana Beghin, Franc Bogovič, Damien Carême, Francesca Donato, Matthias Ecke, Ladislav Ilčić, Romana Jerković, Luděk Niedermayer, Henna Virkkunen, Emma Wiesner | | | |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Aušra Maldeikienė, Irène Tolleret | | | |
| **Dáta don chur síos** | 7.11.2023 | | | |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 43 | + |
|---|---|
| ID | Matteo Adinolfi, Paolo Borchia, Marie Dauchy, Thierry Mariani |
| PPE | Asim Ademov, Pascal Arimont, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Franc Bogovič, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Aušra Maldeikienė, Luděk Niedermayer, Markus Pieper, Sara Skyttedal, Riho Terras, Henna Virkkunen, Pernille Weiss |
| Renew | Nicola Beer, Nicola Danti, Martina Dlabajová, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen, Irène Tolleret, Emma Wiesner |
| S&D | Beatrice Covassi, Josianne Cutajar, Matthias Ecke, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Ivo Hristov, Romana Jerković, Miapetra Kumpula-Natri, Dan Nica, Tsvetelina Penkova, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |

| 12 | - |
|---|---|
| ID | Markus Buchheit |
| NI | Tiziana Beghin, Francesca Donato |
| The Left | Marc Botenga, Marina Mesure |
| Verts/ALE | Michael Bloss, Damien Carême, Ciarán Cuffe, Henrike Hahn, Niklas Nienass, Ville Niinistö, Manuela Ripa |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ECR | Ladislav Ilčić, Johan Nissinen |
| NI | Clara Ponsatí Obiols |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh